



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2016
(OR. en)

14775/16

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0360 (COD)**

**EF 351
ECOFIN 1096
CCG 12**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Samhain 2016
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2016) 850 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i dtaca leis an gcóimheas gearála, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an riosca creidmheasa contrapháirtí, leis an riosca marcaí, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomh- infheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 850 final.

Faoi iamh: COM(2016) 850 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2016
COM(2016) 850 final

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i dtaca leis an gcóimheas giarála, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an riosca creidmheasa contrapháirtí, leis an riosca marcaí, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomh-infheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012

{SWD(2016) 377 final}
{SWD(2016) 378 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is cuid de phacáiste reachtaíochta an leasú atá sé beartaithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRR), pacáiste lena n-áirítear freisin leasuithe ar Threoir 2013/36/AE (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRD), ar Threoir 2014/59/AE (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó TTRB), agus ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 (an Rialachán maidir le Sásra Réitigh Aonair nó SRMR).

Treoir 2013/36/AE (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRD) maidir le Ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí agus maidir le maoirseacht a dhéanamh orthu, Treoir 2014/59/AE³ (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó TTRB), maidir le téarnamh agus réiteach institiúidí agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014⁴ maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRM).

Rinneadh na bearta sin mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais a thosaigh in 2007-2008 agus léiríonn siad caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta. Cé go bhfuil an córas airgeadais níos cobhsaí agus níos athléimní i gcoinne go leor cineálacha suaite agus géarchéime a d'fhéadfadh bheith ann sa todhchaí a bhuí leis na hathchóirithe, ní théann na hathchóirithe sin i ngleic go cuimsitheach go fóill leis na fadhbanna sainaitheanta ar fad. Is é is aidhm do na tograí seo, dá bhrí sin, an clár oibre don athchóiriú a chur i gcrích trí dhul i ngleic leis na laigí atá fós ann agus trí chur chun feidhme gnéithe neamhréitithe den athchóiriú atá ríthábhachtach chun athléimneacht na n-institiúidí a áirithiú ach gur le déanaí a chuir ceannródaithe caighdeán domhanda (i.e. Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) agus an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB)) bailchríoch orthu.

- cóimheas gearála ceangailteach lena gcuirfear cosc ar institiúidí an gh iarail a mhéadú go hiomarcach, e.g. chun brabúsacht íseal a chúiteamh;
- cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí (NSFR) ceangailteach a chuirfidh le próifíl mhaoiniúcháin fheabhsaithe na n-institiúidí agus a bhunóidh caighdeán comhchuibhithe maidir leis an méid foinsí maoiniúcháin cobhsaí fadtéarmacha is gá

¹ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 321, 26.6.2013, lch. 6).

² Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

³ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190)

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

le teacht slán ó thréimhsí ina bhfuil strus sa mhargadh agus deacrachtaí cistiúcháin ann.

- níos mó ceanglas cistí dílse (i.e. caipiteal) riosca-íogair d'institiúidí a bhíonn ag trádáil go mór in urrúis agus i ndíorthaigh, rud a chuirfidh cosc ar an iomarca dibhéirseachta maidir leis na ceanglais sin nach bhfuil bunaithe ar phróifíl riosca na n-institiúidí;
- an meall is mó ar deireadh, caighdeán nua maidir le cumas iomlán ionsúcháin caillteanas (TLAC) na n-institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIIanna), rud a cheanglóidh ar na h-institiúidí sin acmhainn ionsúcháin caillteanas agus acmhainn athchaipitlithe níos mó a bheith acu, aghaidh a thabhairt ar idirnáisc sna margaí airgeadais domhanda agus treisiú athuair le cumas an Aontais Eorpaigh réiteach a fháil do G-SIIanna a bhfuil ag teip orthu agus rioscaí do cháiniocóirí a íoslaghdú ag an am céanna.

D'aithin an Coimisiún sa Teachtaireacht uaidh an 24 Samhain 2015⁵ go raibh gá le rioscaí a laghdú a thuilleadh agus thug sé gealltanas togra reachtach a thabhairt chun cinn ina ndéantar forbairt ar na comhaontuithe idirnáisiúnta atá luaite thuas. Ní amháin go neartóidh na bearta laghdúcháin riosca sin athléimneacht an chórais baincéireachta Eorpaigh agus muinín na margaí as, ach beidh siad ina mbonn le tuilleadh dul chun cinn maidir leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Aithníodh freisin sna Conclúidí ón gComhairle (ECOFIN) an 17 Meitheamh 2016⁶ an gá atá le bearta nithiúla reachtacha a ghlacadh maidir le rioscaí san earnáil airgeadais a laghdú. Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2016 ar an Aontas Baincéireachta – Tuarascáil Bhliantúil 2015, cuirtear in iúl freisin réimsí áirithe sa chreat rialála atá ann faoi láthair a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu an athuair.

Ag an am céanna, ba ghá don Choimisiún aird a thabhairt ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair agus ar na forbairtí rialála nua ar an leibhéal idirnáisiúnta agus freagairt a thabhairt ar na dúshláin a bhfuil tionchar acu ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh, go háirithe an gá atá ann le fás agus poist a chur chun cinn tráth atá an t-ionchas eacnamaíochta neamhchinnte. Seoladh mórthionscnaimh bheartais éagsúla, amhail an Plean Infheistíochta don Eoraip (CEIS) agus Aontas na Margaí Caipitil d'fhonn geilleagar an Aontais a neartú. Is gá cur le cumas na n-institiúidí an geilleagar a mhaoiniú gan cur isteach ar chobhsaíocht an chreata rialála. D'fhonn a áirithiú go rachaidh na athchóirithe a rinneadh le déanaí san earnáil airgeadais i bhfeidhm go rianúil ar a chéile agus ar na tionscnaimh bheartais nua, agus ar athchóirithe níos leithne san earnáil airgeadais a rinneadh le déanaí, rinne an Coimisiún measúnú iomlánaíoch críochnúil ar bhonn glao ar fhianaise ar an gcreat le haghaidh seirbhísí airgeadais (lena n-áirítear an CRR, an CRD, an TTRB agus an SRMR). Rinneadh measúnú freisin ó thaobh tionchar eacnamaíoch níos leithne de ar an athbhreithniú ar chaighdeán dhomhanda atá le teacht.

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún, "I dtreo an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche", 24.11.2015, COM(2015) 587 final

⁶ Conclúidí ón gComhairle maidir le treochlár chun an tAontas Baincéireachta a chomhlánú, 17.06.2016

Is é atá i gceist le leasuithe arna mbunú ar fhorbairtí idirnáisiúnta cur chun feidhme dílis na gcaighdeán idirnáisiúnta i ndlí an Aontais, faoi réir coigeartuithe spriocdhírithe chun sainiúlachtaí agus saincheisteanna beartais níos leithne de chuid an Aontais a léiriú. Cuir i gcás, spreagann spleáchas fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) an Aontais Eorpaigh ar mhaoiniú banc nó spleáchas do thionscadail bonneagair, spreagann sé coigeartuithe rialála sonracha lena n-áirithítear go mbeidh institiúidí in ann iad a chistiú ós rud é gurb iad cnámh droma an mhargaidh aonair iad. Tá gá freisin le hidirghníomhú rianúil leis na ceanglais atá ann cheana, mar shampla imréiteach lárnach agus soláthar urrúis chomhthaobhaigh lárnach ar neamhchosaintí díorthach, nó athrú go cuid de na ceanglais nua de réir a chéile. Ní chuireann na coigeartuithe sin, atá teoranta ó thaobh raon feidhme agus ama de, isteach ar fhóntacht fhoriomlán na dtograí, atá ag teacht le bunleibhéal uailmhéine na gcaighdeán domhanda.

Ina theannta sin, is é is aidhm do na tograí, bunaithe ar an nglao ar fhianaise, na rialacha atá ann faoi láthair a fheabhsú. Léirigh an anailís a rinne an Coimisiún gur féidir an creat atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhréirí, ag cur san áireamh go háirithe staid na n-institiúidí nach bhfuil chomh mór ná chomh casta sin, nuair nach bhfuil údar maith ó thaobh dálaí stuamachta de, is cosúil, le cuid de na ceanglais sna h-institiúidí sin maidir le nochtadh agus tuairisciú agus le cuid dá gceanglais chasta maidir le leabhar trádála. Ina theannta sin, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an riosca a bhaineann le hiasachtaí do FBManna agus le tionscadail bonneagair a chistiú agus chinn sé go mbeadh údar ann le ceanglais cistí dílse níos ísle a chur i bhfeidhm i gcás cuid de na hiasachtaí sin ná mar a chuirtear i bhfeidhm faoi láthair. Dá réir sin, déanfaidh na tograí seo na ceanglais sin a cheartú agus feabhsóidh siad comhréireacht an chreata stuamachta d'institiúidí. Ar an gcaoi sin, cuirfear le cumas na n-institiúidí an gilleagar a mhaoiniú gan cur isteach ar chobhsaíocht an chreata rialála.

Ar deireadh, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis an Sainghrúpa maidir le hÍocaíochtaí Baincéireachta agus Árachas, ar chur i bhfeidhm na roghanna agus na ndiscréidí atá ann faoi láthair sa CRD agus sa CRR. Bunaithe ar an anailís sin, beartaítear leis an togra reatha fáil réidh le cuid de na roghanna agus na discrédí a bhaineann leis na forálacha ar an gcóimheas gearála, ar neamhchosaintí móra agus ar chistí dílse. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an bhféidearthacht sócmhainní cánach iarchurtha Stát-urraithe nua a chruthú nach mbeadh ag brath ar bhrabúsacht todhchaí, a bheadh díolmhaithe ó asbhaint ó chaipiteal rialála.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Freagraíonn roinnt gnéithe de thograí an CRD agus an CRR d'athbhreithnithe bunúsacha, agus ag an am céanna tá gá le hoiriúnuithe eile ar an gcreat rialála airgeadais i bhfianaise forbairtí ina dhiaidh sin, mar shampla glacadh an TTRB, bunú an tSásra Maoirseachta Aonair agus an obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Leis an togra tugtar isteach leasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana agus fágann go bhfuil sí go hiomlán comhsheasmhach le forálacha beartais atá ann cheana i réimse na gceanglais stuamachta d'institiúidí, dá maoirseacht agus dá gcreat maidir le téarnamh agus le réiteach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ceithre bliana i ndiaidh do Cheannairí Stáit agus do Rialtais na mBallstát teacht ar chomhaontú maidir le hAontas Baincéireachta a chruthú, tá dhá cholún den Aontas Baincéireachta i bhfeidhm – maoirseacht aonair agus réiteach aonair – agus an leabhar rialacha aonair d'institiúidí uile an Aontais Eorpaigh ina bhunchloch leo. Cé go ndearnadh dul chun cinn tábhachtach, tá gá le céimeanna breise chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear bunú scéim amháin ráthaíochta taiscí.

An t-athbhreithniú ar CRR agus CRD, is cuid de bhearta laghdúcháin riosca é atá ag teastáil le hathléimneacht na hearnála baincéireachta a neartú a thuilleadh agus atá i gcomhthreo le Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SÉAT) a thabhairt isteach céim ar chéim. Ag an am céanna, is é is aidhm don athbhreithniú a áirithiú gurb ann do leabhar rialacha aonair leanúnach d'institiúidí uile an Aontais Eorpaigh, bídís san Aontas Baincéireachta nó ná bíodh. Tá cuspóirí foriomlána an tionscnaimh seo, mar a mhínítear thuas, comhsheasmhach agus comhleanúnach le bunchuspóirí an Aontais Eorpaigh, is iad sin cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn, dóchúlacht agus méid na tacaíochta ó cháiniocóirí i gcás ina réitítear institiúid chomh maith le rannchuidiú le maoiniú comhchuí inbhuanaithe na gníomhaíochta geilleagraí, rud a chothóidh leibhéal ard iomaíochais agus cosanta tomhaltóirí.

Ina theannta sin, tá na cuspóirí foriomlána sin ag teacht leis na cuspóirí a leag síos tionscnaimh mhóra eile de chuid an Aontais, mar a mhínítear thuas.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Na leasuithe atá sé beartaithe a dhéanamh, tá siad bunaithe ar an mbunús dlí céanna agus atá ag na gníomhartha reachtacha atá á leasú, i.e. Airteagal 114 CFAE don togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear CRR agus Airteagal 53(1) CFAE don togra le haghaidh Treoir lena leasaítear CRD IV.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é go bhfuil cuspóirí na mbeart atá molta dírithe ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá ann cheana a fhorlíonadh, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta éagsúla. Na bearta náisiúnta sin a bhfuil sé d'aidhm acu, mar shampla, gearáil institiúidí a laghdú, agus ceanglais na n-institiúidí maidir le cistiú cobhsaí nó a leabhar trádála a neartú, ní bheadh na bearta sin chomh héifeachtach le rialacha ón Aontas Eorpach chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, nuair a chuirtear san áireamh an tsaoirse atá ag institiúidí seirbhísí a bhunú agus a sholáthar i mBallstáit eile agus an soláthar seirbhíse trasteorann, na sreabha caipitil agus comhtháthú an mhargaidh a bheidh mar thoradh air. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh bearta náisiúnta an iomaíocht a shaobhadh agus d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do shreabha caipitil. Ina theannta sin, b'fhéidir agóid dhlíthiúil a bheith ann de thoradh bearta náisiúnta a ghlacadh, ós rud é go rialaíonn an CRR cúrsaí baincéireachta cheana, lena n-áirítear ceanglais ghíarála (tuairisciú), leachtacht (go sonrach an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht nó LCR) agus ceanglais maidir leis an leabhar trádála.

Meastar mar sin gurb é an rogha is fearr leasú a dhéanamh ar an CRR agus ar an CRD. Leis sin bheadh an chothromaíocht cheart ann idir rialacha a chomhchuibhiú agus solúbthacht náisiúnta a choimeád de réir mar atá riachtanach, gan cur isteach ar an leabhar rialacha aonair. De thoradh na leasuithe sin dhéanfaí cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas stuamachta agus cóineasú na geleachtas maoirseachta a chur chun cinn a thuilleadh, agus dhéanfaí cothrom iomaíochta do sheirbhísí baincéireachta a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair. Ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí seo a bhaint amach, go leordhóthanach, ar a gconlán féin. Tá tábhacht ar leith leis sin san earnáil bhaincéireachta, áit a mbíonn go leor institiúidí creidmheasa ag feidhmiú ar fud mhargadh aonair an Aontais Eorpaigh. An comhar iomlán agus an mhuinín iomlán laistigh den sásra maoirseachta aonair (SSM) agus laistigh de choláistí na maoirseoirí agus d'údaráis inniúla lasmuigh den SSM, tá siad fíor-riachtanach chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa ar bhonn comhdhlúite. Ní bhainfí amach na cuspóirí sin le rialacha náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Bhí an chomhréireacht ina dlúthchuid den mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra. Ní amháin go ndearnadh na roghanna go léir a moladh i réimsí rialála éagsúla a mheasúnú ar bhonn aonair i gcomparáid le cuspóir na comhréireachta, ach freisin cuireadh an easpa comhréireachta i láthair mar fhadhb faoi leith agus rinneadh anailís ar roghanna sonracha d'fhonn costais riaracháin agus costais chomhlíonta ar institiúidí níos lú a laghdú (féach roinn 2.9 agus roinn 4.9 den mheasúnú tionchair).

- **An rogha ionstraime**

Moltar go gcuirfear na bearta chun feidhme trí leasú a dhéanamh ar an CRR agus an CRD le Rialachán agus le Treoir faoi seach. Leis na bearta atá molta déantar tagairt do na forálacha atá ann cheana atá fite fuaite sna hionstraimí dlíthiúla sin (leachtacht, gearáil, luach saothair, comhréireacht) nó déantar tuilleadh forbartha ar na forálacha sin .

Maidir leis an gcaighdeán comhaontaithe nua de chuid FSB maidir le TLAC, moltar go ndéanfaí formhór an chaighdeáin a ionchorprú sa CRR, ós rud é gur le rialachán, agus leis sin amháin, is féidir an cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a theastaíonn a bhaint amach, faoi mar atá, a bheag nó a mhór, leis na ceanglais riosca-bhunaithe maidir le cistí dílse atá ann cheana. Dá ndéanfaí ceanglais stuamachta a mhúnlú i bhfoirm leasaithe ar CRR d'áiritheofaí, dá bharr sin, go mbeadh na ceanglais sin infheidhme go díreach maidir leis na G-SIIanna. Chuirfeadh sé sin cosc ar na Ballstáit ceanglais éagsúla náisiúnta a chur chun feidhme i réimse inarbh fhearr an comhchuibhiú iomlán d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú. Os a choinne sin, beidh gá le mionchoigeartú a dhéanamh ar na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair laistigh den TTRB chun a áirithiú go bhfuil an ceanglas TLAC agus an t-íoscheanglas do chistí dílse agus do dhliteanais incháilithe (ICDI) iomlán comhleanúnach agus comhsheasmhach le chéile.

De thoradh roinnt de na leasuithe ar CRD a ghabhann le comhréireacht bheadh solúbthacht áirithe ag Ballstáit rialacha éagsúla a bheith acu nuair a bheadh na leasuithe sin á dtrasuí sa dlí náisiúnta. Thabharfaí de rogha do na Ballstáit rialacha níos daingne a fhorchur i dtaca le cúrsaí áirithe.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Rinne an Coimisiún tionscnaimh áirithe d'fhonn a mheas arbh iad an creat stuamachta atá ann faoi láthair agus na hathbhreithnithe ar chaighdeán dhomhanda atá le teacht na hionstraimí ba leordhóthanaí chun cuspóirí stuamachta a áirithiú d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus d'fhonn a mheas an leanfaidís de bheith ag cur an mhaoiniúcháin ba ghá ar fáil do gheilleagar an Aontais amach anseo.

In Iúil 2015, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí faoin tionchar a d'fhéadfadh bheith ag CRR agus CRD ar an maoiniú a dhéanann bainc ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh agus béim ar leith á leagan ann ar mhaoiniú na FBManna agus an bhonneagair agus i Meán Fhómhair 2015 sheol an Coimisiún Glao ar Fianaise⁷ a chumhdaíonn reachtaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh ina hiomláine. Ba é aidhm an dá thionscnamh fianaise eimpíreach agus aiseolas nithiúil a fháil ar i) rialacha a dhéanann difear do chumas an gheilleagair é féin a mhaoiniú agus fás a mhaoiniú, ii) ualaí rialála nach bhfuil gá leo, iii) idirghníomhaíochtaí, neamhréireachtaí agus bearnaí sna rialacha, agus iv) rialacha is cúis le hiarmhairtí neamhbheartaithe. Ina theannta sin, bhailigh an Coimisiún tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le hanailísí sonracha a rinneadh ar fhorálacha lena rialaítear luach saothair⁸ agus ar chomhréireacht na rialacha atá i CRR agus i CRD. Ar deireadh, seoladh comhairliúchán poiblí i gcomhthéacs an staidéir a chuir an Coimisiún amach ar conradh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar CRR ar an maoiniú a dhéanann na bainc ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh⁹.

Tá fianaise shoiléir ann de thoradh na dtionscnamh thuasluaite uile gur gá nuashonrú agus iomlánú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair d'fhonn i) na rioscaí in earnáil na baincéireachta a laghdú a thuilleadh agus, ar an gcaoi sin, an spleáchas ar státchabhair agus ar airgead na gcáiníocóirí i gcás géarchéime a laghdú, agus ii) cur le cumas na n-institiúidí maoiniú leordhóthanach a sheoladh chuig an ngeilleagar.

Tá achoimre ar na comhairliúcháin, na hathbhreithnithe agus na tuarascálacha le fáil in Iarscríbhinn 1 agus in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an measúnú tionchair.

⁷ Féach http://ec.europa.eu/finance/consultations/2015/long-term-finance/docs/consultation-document_en.pdf agus http://ec.europa.eu/finance/consultations/2015/financial-regulatory-framework-review/docs/consultation-document_en.pdf. Ba é aidhm an Ghlaio ar Fhianaise speictream iomlán an rialacháin maidir le seirbhísí airgeadais a chuimsiú. Dirítear sa mheasúnú tionchair ar shaincheisteanna a ghabhann le réimse na baincéireachta agus leis sin amháin. Déileálfar ar leithligh le saincheisteanna a ghabhann le deighleoga eile de reachtaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh.

⁸ Tuarascáil ón gCoimisiún COM(2016)510 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 28 Iúil 2016 – Measúnú ar na rialacha maidir le luach saothair faoi Threoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

⁹ Tá an comhairliúchán poiblí le fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/finance/consultations/2015/long-term-finance/index_en.htm.

- **Measúnú tionchair**

Pléadh an measúnú tionchair¹⁰ leis an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála agus diúltaíodh dó ar an 7 Meán Fómhair 2016. I ndiaidh an diúltaithe, rinneadh an measúnú tionchair a neartú trí na nithe seo a leanas a chur leis i) míniú níos fearr ar chomhthéacs beartais an togra (i.e. an bhaint atá aige le forbairtí beartais idirnáisiúnta agus forbairtí beartais an Aontais Eorpaigh), ii) tuilleadh sonraí ar dhearcadh na bpáirtithe leasmhara agus iii) tuilleadh fianaise maidir le tionchair (i dtéarmaí tairbhí agus costas) na roghanna beartais éagsúla a ndearnadh iniúchadh orthu sa mheasúnú tionchair. Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach uaidh¹¹ an 27 Meán Fómhair 2016 ar an measúnú tionchair a atfolacadh. Tá an measúnú tionchair ag gabháil leis an togra. Tá an measúnú tionchair comhoiriúnach leis an togra.

Mar atá léirithe ag an anailís ionsamhlaithe agus an samhaltú maicreacnamaíoch a forbraíodh sa mheasúnú tionchair, táthar ag súil leis go ndéanfar costais theoranta le tabhairt isteach na gceanglas nua, go háirithe na caighdeáin Basel nua amhail an cóimheas gearála agus an leabhar trádála. Tá an tionchar a mheastar a bheidh ar an olltáirgeacht intíre (OTI) go fadtéarmach idir -0.03% agus -0.06%, agus meastar go mbeidh an méadú ar chostais chistiúcháin don earnáil bhaincéireachta faoi 3 bhonnphointe sa chás is measa. Ar thaobh na sochar, léiríodh sa chleachtadh ionsamhlúcháin go dtiocfadh ísliú 32% ar mhéid na n-acmhainní poiblí a bheadh ag teastáil chun tacú leis an gcóras baincéireachta i gcás géarchéim airgeadais a bheadh ar aon dul le géarchéim 2007-2008 – is é sin, laghdú ó EUR 51 billiún go EUR 34 billiún.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Má leantar le cineálacha cur chuige simplithe chun ceanglais cistí dílse a ríomh, meastar go n-áiritheoidh sin comhréireacht leanúnach na rialacha le haghaidh na n-institiúidí atá níos lú. Ina theannta sin, ba cheart go dtiocfadh laghdú ar ualach riaracháin na n-institiúidí sin agus ar an ualach maidir le comhlíonadh atá orthu de thoradh na mbeart breise atá dírithe ar chomhréireacht roinnt ceanglas (maidir le tuairisciú, nochtadh agus luach saothair) a mhéadú.

Maidir leis na FBManna, meastar go mbeidh tionchar dearfach ar an maoiniú a dhéanann bainc ar na FBManna ag an athchalabhrú atá molta ar cheanglais cistí dílse maidir le neamhchosaintí banc ar FBManna. Is iad na FBManna sin a bhfuil neamhchosaint níos mó ná EUR 1.5 milliún acu i láthair na huaire is mó a bheadh thíos leis sin mar ní bhaineann na neamhchosaintí sin tairbhe as an bhfachtóir tacaíochta FBM faoi na rialacha atá ann faoi láthair.

Meastar go gcuirfidh gnéithe eile den togra le hinbhuanaitheacht iasachtaithe do FBManna, go háirithe na gnéithe a bhfuil sé d'aidhm acu athléimneacht na n-institiúidí i leith géarchéimeanna eile amach anseo a threisiú.

Ar deireadh, maidir leis na bearta a bhfuil sé d'aidhm acu costais chomhlíonta atá ar institiúidí a laghdú, go háirithe ar institiúidí nach bhfuil chomh mór ná chomh casta sin, meastar go laghdóidh na bearta sin na costais iasachtaíochta atá ar na FBManna.

¹⁰ Insert link to impact assessment.

¹¹ Insert link to opinion.

Maidir le tríú tíortha de, cuirfear feabhas ar chobhsaíocht mhargaí airgeadais an Aontais Eorpaigh de thoradh an togra, agus leis sin laghdófar dóchúlacht agus costais na n-iarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh bheith ann do mhargaí airgeadais dhomhanda. Ina theannta sin, de thoradh na leasuithe atá molta déanfar tuilleadh comhchuibhithe ar an gcreat rialála ar fud an Aontais, rud a laghdóidh go mór na costais riaracháin ar institiúidí tríú tír atá ag feidhmiú san Aontas Eorpach.

I bhfianaise an athbhreithnithe leanúnaigh ar na gnólachtaí infheistíochta faoi CRR agus i bhfianaise na tuarascála tosaigh a chuir ÚBE ar fáil¹², meastar go luíonn sé le réasún nach mbeadh feidhm ag na ceanglais nua ach amháin maidir le gnólachtaí infheistíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo, agus go marthanófaí gnólachtaí infheistíochta eile go dtaga deireadh leis an athbhreithniú.

Tá an togra seo comhsheasmhach le tosaíocht an Choimisiúin maidir leis an Margadh Aonair Digiteach.

- **Ceartha bunúsacha**

Tá an tAontas tiomanta d'ardchaighdeáin i dtaca le cosaint na gceart bunúsach agus tá raon leathan de choinbhinsiúin maidir le ceartha an duine sínithe aige. Sa chomhthéacs seo, ní dócha go mbeidh tionchar díreach ag an togra ar na ceartha seo, a liostaítear i bpríomhchoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le ceartha an duine, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá mar dhlúthchuid de Chonarthaí an Aontais, agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní dhéanfaidh an togra difear do bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Táthar ag súil leis go dtiocfaidh na leasuithe atá molta i bhfeidhm in 2019 ar a luaithe. Tá dlúthbhaint ag na leasuithe le forálacha eile CRR agus CRD atá i bhfeidhm cheana féin agus a bhfuil faireachán á dhéanamh orthu ó 2014.

Leanfaidh an CBMB leis na sonraí is gá a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar an gcóimheas gearála agus ar na bearta leachtachta nua chun go bhféadfaí measúnú tionchair a dhéanamh amach anseo ar na huirlisí beartais nua. Beidh Próisis rialta Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta (SREPanna) agus bearta tástála struis ina gcuidiú le faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbearta nua atá molta ar na hinstiúidí lena mbaineann agus beidh siad ina gcuidiú freisin le leordhóthanacht na solúbthachta agus na comhréireachta a fhoráil le freastal a dhéanamh ar shainiúlachtaí na n-institiúidí beaga. Ina theannta sin, leanfaidh seirbhísí an Choimisiúin de bheith rannpháirteach i ngrúpaí oibre an CBMB agus sa chomh-

¹² Tuilleadh eolas: <https://www.eba.europa.eu/-/eba-issues-recommendations-for-sound-prudential-regime-for-investment-firms>

thascfhórsa a bhunaigh an Banc Ceannais Eorpach agus ÚBE, a dhéanann faireachán ar dhinimic chistí dílse na n-institiúidí agus a staideanna leachtacha ar fud an domhain agus san Aontas Eorpach faoi seach.

Tá na gnéithe éagsúla seo a leanas sa tacar táscairí atá ceaptha faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtorthaí a thagann as cur chun feidhme na roghanna tosaíochta:

Maidir le Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (NSFR):

Táscaire	NSFR d'institiúidí an Aontais Eorpaigh
Sprioc	Ón dáta cur i bhfeidhm, comhlíonfaidh 99% de na h-institiúidí a bheidh ag glacadh páirt i gcleachtadh faireacháin Basel III de chuid ÚBE an NSFR ag Leibhéal 100% (chomhlíon 65% d'institiúidí creidmheasa ghrúpa 1 agus 89% d'institiúidí ghrúpa 2 an NSFR ag deireadh mhí Nollag 2015)
Foinse na sonraí	Tuarascálacha faireacháin leathbhliantúla Basel III ó ÚBE

Maidir le cóimheas gearála:

Táscaire	Cóimheas gearála d'institiúidí an Aontais Eorpaigh
Sprioc	Ón dáta cur i bhfeidhm beidh cóimheas gearála 3% ar a laghad ag 99% d'institiúidí creidmheasa ghrúpa 1 agus ghrúpa 2 (bhain 93.4% d'institiúidí ghrúpa 1 an sprioc amach i Meitheamh 2015)
Foinse na sonraí	Tuarascálacha faireacháin leathbhliantúla Basel III ó ÚBE

Maidir le FBManna

Táscaire	Bearna maoiniúcháin a chuirtear ar fáil do FBManna san Aontas, i.e. an difríocht idir an gá atá le maoiniú seachtrach agus infhaighteacht na gcistí
Sprioc	Faoi dhá bhliain i ndiaidh an dáta cur i bhfeidhm, < 13% (an figiúr is deireanaí dá bhfuil ar fáil – 13% faoi dheireadh 2014)
Foinse na sonraí	Suirbhé SAFE de chuid an Choimisiúin agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (tá raon na sonraí teoranta don limistéar euro)

Maidir le TLAC:

Táscaire	TLAC in G-SIIanna
-----------------	-------------------

Sprioc	Comhlíonfaidh Baine uile an Aontais Eorpaigh a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo an sprioc (>16% de shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca (RWA)/6% de thomhas neamhchosaintí an chóimheasa gearála (LREM) faoi 2019, >18% Sócmhainní ualaithe ó thaobh riosca (RWA)/6.75% LREM faoi 2022)
Foinse na sonraí	Tuarascálacha faireacháin leathbhliantúla Basel III ó ÚBE

Maidir le leabhar trádála:

Táscaire	RWA i gcomhair rioscaí margaidh d'institiúidí an Aontais Eorpaigh Inathraitheacht bhreathnaithe shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca na bpunann comhiomlánaithe trí chur chuige na samhlacha inmheánacha a chur i bhfeidhm.
Sprioc	- Faoi 2023, comhlíonfaidh institiúidí uile an Aontais Eorpaigh na ceanglais cistí dílse do rioscaí margaidh faoin gcalabhrú críochnaitheach a ghlacfar san Aontas Eorpach. - Faoi 2021, beidh inathraitheacht thorthaí na samhlacha inmheánacha ar fud institiúidí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil cúis léi (i.e. inathraitheacht nach dtagann ó dhifriochtaí i rioscaí foluiteacha) níos lú ná inathraitheacht reatha * na samhlacha inmheánacha ar fud institiúidí an Aontais Eorpaigh. *Ba cheart go mbeadh na luachanna tagartha do “inathraitheacht reatha” cheanglais luacha faoi riosca (VAR) agus cheanglais muirear i leith riosca incriminteach (IRC) mar an gcéanna leis na luachanna tagartha arna meas sa tuarascáil is déanaí ó ÚBE ar inathraitheacht Shócmhainní Ualaithe ó thaobh Riosca maidir le Punanna Riosca Margaidh, arna ríomh do phunanna comhiomlánaithe, a foilsíodh roimh theacht i bhfeidhm an chreata nua riosca margaidh.
Foinse na sonraí	Tuarascálacha faireacháin leathbhliantúla Basel III ó ÚBE Tuarascáil ó ÚBE maidir le hinathraitheacht shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca maidir le Punanna Riosca Margaidh. Ba cheart go ríomhfaí luachanna nua de réir an mhodha chéanna.

Maidir le luach saothair:

Táscaire	Úsáid an iarchurtha agus na híocaíochtaí lig amach in ionstraimí ag institiúidí
Sprioc	Cuirfidh 99% d'institiúidí nach institiúidí beaga agus neamhchasta iad, i gcomhréir le ceanglais CRD, ar a laghad 40% den luach saothair inathraithe siar thar 3 go 5 bliana agus go ligfidh siad amach ar a laghad 50% den luach saothair inathraithe in ionstraimí i ndáil lena bhfoireann shonraithe ag a bhfuil leibhéil ábhartha luacha saothair inathraithe.
Foinse na sonraí	Tuarascálacha tagarmharcála luacha saothair ó ÚBE

Maidir le comhréireacht

Táscaire	Ualach laghdaithe ó tuairisciú agus ó nochtadh maoirseachta
Sprioc	Tuairisceofar ualach laghdaithe in 80% d'institiúidí beaga nach bhfuil chomh casta sin
Foinse na sonraí	Suirbhé le forbairt agus le déanamh ag ÚBE faoi 2022-2023

Déanfar measúnú ar thionchair an togra seo cúig bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm na mbearta atá molta ar bhonn an mhodha a bheidh comhaontaithe ag ÚBE go luath tar éis an ghlactha. Tabharfar údarás do ÚBE na sonraí is gá le faireachán a dhéanamh ar na táscairí thuasluaite agus ar tháscairí eile a bhfuil gá leo chun measúnú a dhéanamh ar CRR agus CRD na leasuithe, tabharfar údarás dó na sonraí sin a shainiú agus a bhailiú. D'fhéadfaí an modh a fhorbairt do roghanna ar leith nó do ghrúpa roghanna idirnasctha ag brath ar na himthosca a bheidh ann sula seolfar an measúnú agus ag brath ar aschur tháirgeacht na dtáscairí monatóireachta.

Áiritheofar comhlíonadh agus forghníomhú ar bhonn leanúnach nuair is gá sin trí imeachtaí um shárú a sheolfaidh an Coimisiún i gcás nach ndéanfar na bearta reachtacha a thrasú nó a chur i bhfeidhm mar is ceart. Féadfaidh tuairisciú ar sháruithe ar dhlí an Aontais a stiúradh tríd an gCóras Eorpach Maoirseoirí Airgeadais (CEMA), lena n-áirítear na húdaráis rialála inniúla agus ÚBE agus déanfar an tuairisciú sin a stiúradh trí BCE freisin. Leanfaidh ÚBE dá dtuarascálacha rialta ar chleachtadh faireacháin Basel III i dtaca le córas baincéireachta an Aontais Eorpaigh a fhoilsiú. Déantar faireachán sa chleachtadh seo ar thionchar cheanglais Basel III (mar a chuirtear chun feidhme iad trí CRR agus CRD) ar institiúidí an Aontais Eorpaigh go háirithe mar a bhaineann sin lena gcóimheasa caipitil (atá bunaithe ar riosca nó nach bhfuil) agus lena gcóimheasa leachtachta (LCR, NSFR). Reáchtáiltear an cleachtadh sin i gcomhthreo leis an gcleachtadh atá á reáchtáil ag an CBMB.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

TARSCAOILTÍ Ó CHEANGLAIS CHAIPITIL AGUS LEACHTACHTA (CRR)

Dá mbeadh ar fhochuideachtaí ceanglais cistí dílse agus leachtachta a chomhlíonadh ar bhonn aonair, d'fhéadfadh sin cosc a chur ar institiúidí na hacmhainní sin a bhainistiú go héifeachtach ar leibhéal an ghrúpa. Tá sé sin ábhartha go háirithe sa chomhthéacs reatha ina n-éascaíonn forbairtí teicneolaíochta lárú bainistithe chaipitil agus leachtachta i ngrúpa níos mó ná riamh.

Faoin reachtaíocht atá ann cheana bronnadh an fhéidearthacht ar údaráis inniúla cur i bhfeidhm ceanglas ar bhonn aonair a tharscaoileadh i gcás fochuideachtaí nó máthairghnóthas atá laistigh de Bhallstát nó atá mar chuid d'fhoghrúpa leachtachta scaipthe ar fud roinnt Ballstát, faoi réir coimircí lena n-áirithítear go ndáiltear caipiteal agus leachtacht go leordhóthanach ar an máthairghnóthas agus ar na fochuideachtaí. Le bunú an tSásra Maoirseachta Aonair (SSM), rinneadh an mhaoirseacht ar ghrúpaí a atreisiú go substaintiúil go háirithe i gcás ina bhfuil grúpeintitis lonnaithe sna Ballstáit sin atá rannpháirteach i SSM, agus eolas níos fearr agus cumhachtaí díreacha ag SSM ar ghrúpeintitis atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla. Os a choinne sin, go dtí go dtabharfar an tAontas Baincéireachta chun críche, is ábhar imní fós ag na Ballstáit sin ina bhfuil na fochuideachtaí lonnaithe, go mbeidh iarmhairtí fíoscacha ag leachtacht nó caipitil neamhleordhóthanach ar leibhéal na bhfochuideachtaí ar Bhallstáit ("óstacha") den chineál sin. Tugadh aghaidh sa togra seo ar na hábhair imní sin trí na bearta coimirce seo a leanas: forlíontar na coinníollacha atá i CRR cheana le hoibleagáid don mháthairghnóthas atá sainmhínithe go soiléir chun tacaíocht a thabhairt do na fochuideachtaí. Is gá ceanglas an mháthairghnóthais a ráthú i gcomhair mhéid iomlán an cheanglais tharscaoilte agus is gá an ráthaíocht a chomhthaobhú i gcomhair leath an mhéid atá faoi ráthaíocht ar a laghad. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go cúramach ar chur chun feidhme na bhforálacha ábhartha.

Meastar ag an gcéim seo den Aontas Baincéireachta, go mba cheart go mbeadh ar chumas na n-údarás inniúil a dhéanann maoirseacht ar mháthairghnóthais agus ar fochuideachtaí atá bunaithe i mBallstáit laistigh den Aontas Baincéireachta, go mbeadh ar a gcumas cur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse agus leachtachta a tharscaoileadh i gcás fochuideachtaí atá lonnaithe i mBallstát nach é áit lonnaithe an mháthairghnóthais é, ar choinníoll go ndéantar gealltanais an mháthairghnóthais tacú le fochuideachtaí den sórt sin a ráthú i gcomhair mhéid iomlán an cheanglais tharscaoilte agus ar choinníoll go ndéantar an ráthaíocht a chomhthaobhú i gcomhair leath an mhéid atá faoi ráthaíocht ar a laghad. Leasaítear Airteagal 7 agus Airteagal 8 de CRR dá réir. Cuirtear na tarscaoiltí céanna ar fáil, mar rogha, d'údaráis inniúla na mBallstát sin atá lasmuigh den Aontas Baincéireachta, faoi réir a gcomhaontaithe fhollasaigh.

CUR CHUN FEIDHME CAIGHDEÁN FSB MAIDIR LE CUMAS IOMLÁN IONSÚCHÁIN CAILLTEANAS (CRR, BRRD, SRM)

D'fhoilsigh FSB Bileog Téarmaí maidir le Cumas Iomlán Ionsúcháin Caillteanas ('caighdeán TLAC') an 9 Samhain 2015 a glacadh seachtain ina dhiaidh sin ag cruinniú mullaigh G20 sa

Tuirc¹³. De réir chaighdeán TLAC, ní mór do na Bainc a bhfuil Tábhacht Shistéamach Dhomhanda leo (G-SIBanna), dá ngairtear G-SIIanna i reachtaíocht an Aontais, ní mór dóibh méid leordhóthanach de dhliteanais ardionsúcháin caillteanas ("intarrthála") a bheith acu chun a áirithiú go n-ionsófar na caillteanais go rianúil agus go tapa agus go ndéanfar athchaipitliú i gcás réitigh. Déantar cur síos níos mionsonraithe ar idirghníomhú chaighdeán TLAC le reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair agus a bhfuil na cuspóirí rialála céanna aici sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis na tograí maidir le leasuithe ar BRRD agus SRMR.

Comhsheasmhacht le BRRD

Cuirtear caighdeán TLAC chun feidhme ar fud an Aontais trí leasuithe ar CRR, ag cur le creat BRRD atá ann cheana. D'fhonn an dá chreat a bhfuil na cuspóirí beartais céanna acu a chomhtháthú, ní foláir sainmhíniú nua a thabhairt isteach, amhail eintitis réitigh, grúpa réitigh etc. (Airteagal 4 de CRR) agus ní foláir gá a bheith le comhar idir údaráis inniúla agus údaráis réitigh (Airteagal 2 de CRR).

Bunaithe ar an athbhreithniú a cheanglaítear le hAirteagal 518 de CRR agus i gcomhréir leis na ceanglais in Airteagal 59 den BRRD, leasaítear na critéir d'ionstraimí Breise Leibhéal 1 (Airteagal 52 de CRR) agus ionstraimí Leibhéal 2 (Airteagal 63 de CRR) chun go ndíluachálfar na hionstraimí sin nó go gcomhshóitear iad in ionstraimí Gnáthscaireanna Leibhéal 1 tráth nach mbeidh inmharthanacht ann. Ní athróidh sin staid na n-ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag institiúidí an Aontais Eorpach, ach áiritheoidh ag an am céanna i gcás ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí tríú tír de chuid institiúidí an Aontais a chomhlíonann an ceanglas breise seo, áiritheoidh sin nach féidir le máthairghnóthais an Aontais ach na hionstraimí sin amháin a mheas mar ionstraimí Breise Leibhéal 1 nó Leibhéal 2, agus ceanglais cistí dílse comhdhlúite á ríomh acu.

An ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

Cuirtear caighdeán TLAC chun feidhme san Aontas Eorpach trí cheanglas cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá comhdhéanta de chóimheas riosca-bhunaithe agus de chóimheas nach cóimheas riosca-bhunaithe é (Airteagal 92a nua de CRR) a thabhairt isteach. Ní bhíonn feidhm ag ceanglas den sórt sin ach amháin i gcás G-SIIanna, a bhféadfadh grúpa institiúidí nó institiúidí aonair bheith i gceist leo (Airteagal 131(1) de CRD). Leasaítear Airteagal 6 de CRR lena cheangal ar G-SIIanna aonair ar eintitis réitigh iad an ceanglas cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh ar bhonn aonair, agus leasaítear Airteagal 11 lena cheangal ar eintitis réitigh ar cuid de ghrúpaí atá ainmnithe mar G-SIIanna iad, lena cheangal orthu an ceanglas cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite.

Tá ceanglas i gcaighdeán TLAC freisin do TLAC inmheánach (i.e. ceanglas chun cumas ionsúcháin caillteanas agus cumas athchaipitlithe a réamh-shuí ar leibhéal na bhfochuideachtaí laistigh de ghrúpa réitigh), ceanglas a thrasuitear san Aontas Eorpach trí cheanglas nua a thabhairt isteach maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (Airteagal 92b nua de CRR) is infheidhme maidir le G-SIIanna neamh-AE (tá riail chomhchosúil do G-

¹³ FSB, Prionsabail maidir le Cumas Ionsúcháin Caillteanas agus Cumas Athchaipitlithe na mBanc Domhanda a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo (G-SIBanna) atá á réiteach, Bileog Téarmaí an Chumais Iomlán Ionsúcháin Caillteanas (TLAC), 9.11.2015

SIIanna i BRRD cheana). Is ionann an ceanglas sin agus 90% den cheanglas is infheidhme maidir le G-SIIanna i gcomhréir le hAirteagal 92a nua. Tá feidhm ag an gceanglas G-SII neamh-AE maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe ar fhochuideachtaí suntasacha de G-SIIanna neamh-AE ar bhonn aonair i gcás nach eintitis réitigh ná máthairinstitiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad, agus ar bhonn comhdhlúite más máthairghnóthais de chuid an Aontais Eorpaigh iad ach nach eintitis réitigh iad.

Dliteanais incháilithe

Cuirtear Caibidil 5a nua ar dhliteanais incháilithe isteach i CRR i ndiaidh na gcaibidlí lena rialaítear cistí dílse. Le hAirteagal 72a nua, liostaítear dliteanais eisiata nach féidir a chur san áireamh agus an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe á chomhlíonadh. In Airteagal 72b leagtar síos critéir incháilitheachta i leith ionstraimí dliteanas incháilithe, i mír 2 leagtar síos critéir incháilitheachta i leith fodhliteanas, agus i mír 3 agus i mír 4 leagtar síos critéir incháilitheachta i leith dliteanais atá ar chéim *pari passu* le dliteanais eisiata. Sonraítear in Airteagal 72c nach bhféadtar ionstraimí a chur san áireamh le haghaidh na ndliteanas incháilithe ach amháin i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair bliana ar a laghad acu. Leis na critéir incháilitheachta, eisiatar dliteanais arna n-eisiúint ag eintitis shainchuspóireacha i gcomhréir le bileog téarmaí TLAC.

Foráiltear le Mír 2 de Chaibidil 5a nua (Airteagal 72e go hAirteagal 72j) do na rialacha asbhainte is infheidhme chun glanmhéid na ndliteanas is féidir a chur san áireamh don cheanglas maidir le cistí dílse agus le dliteanais incháilithe a chinneadh. Tá sé d'oibleagáid ar institiúidí sealúchais ionstraimí dliteanas incháilithe a asbhaint (Airteagal 72f) agus sealúchais dliteanais incháilithe G-SIIanna eile a asbhaint (Airteagal 72h agus Airteagal 72i). Sonraítear in Airteagal 72e(3) asbhaint chomhréireach do shealúchais dliteanais atá ar chéim *pari passu* le dliteanais eisiata agus nach bhféadfar ach méid teoranta a chur san áireamh mar dhliteanais incháilithe. Déantar na hasbhaintí ó dhliteanais incháilithe agus ó chistí dílse ar bhonn cur chuige asbhainte comhfhreagrach (Airteagal 66(e) de CRR). In Airteagal 72j leagtar síos eisceacht ó asbhaintí i gcomhair ítimí leabhair trádála. Sainítear i Mír 3 de Chaibidil 5a nua coincheap na ndliteanas incháilithe (Airteagal 72k) agus coincheap na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe (Airteagal 72l).

Iarrfaidh an Coimisiún comhairle ar ÚBE i leith roghanna malartacha maidir le sealúchais ionstraimí TLAC arna n-eisiúint ag G-SIIanna a láimhseáil agus i leith thionchar na roghanna sin. Ar na roghanna a mbeidh comhairle á hiarraidh ag an gCoimisiún ina leith tá cur chun feidhme an chur chuige maidir le láimhseáil sealúchas TLAC, cur chuige a d'fhoilsigh CBMB le déanaí. Bunaithe ar an gcomhairle sin, measfaidh an Coimisiún an bhfuil gá le hathruithe ar an réiteach a moladh sa togra seo.

Coigeartuithe ar na ceanglais ghinearálta maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

Déantar athrú ar Chaibidil 6 de Theideal 1 de Chuid II de CRR (Airteagal 73 go hAirteagal 80) chun tabhairt isteach chatagóir na ndliteanas incháilithe a léiriú. Cuirtear síneadh le hAirteagal 77 agus le hAirteagal 78 chun réamhchead maoirseachta maidir le luathfhuascailt ionstraimí caipitil agus dliteanas incháilithe a chumhdach. In Airteagal 78 cuirtear an deis ar fáil réamhchead ginearálta a thabhairt d'institiúidí luathfhuascailtí a chur i gcrích, faoi réir critéir a áirithíonn comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le cead

maoirseachta den sórt sin a thabhairt. Faoi Airteagal 80, cuirtear de chúram ar ÚTE faireachán a dhéanamh ar eisiúintí cistí dílse agus dliteanas incháilithe. Chun critéir incháilitheachta cistí dílse a chur i gcomhréim le critéir maidir le dliteanais incháilithe, féadfaidh ionstraimí Breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 arna n-eisiúint ag eintiteas sainchuspóireach a chur san áireamh chun críocha cistí dílse go dtí an 31 Nollaig 2021 agus go dtí an dáta sin amháin.

INFHEISTÍOCHTAÍ GNÁTHSCAIREANNA I GCISTÍ (CRR)

I Nollaig 2013, d'fhoilsigh CBMB caighdeán nua maidir le láimhseáil infheistíochtaí gnáthscaireanna i gcistí. Ba é an aidhm a bhí leis an gcaighdeán nua an láimhseáil a dhéantar ar chistí faoi láthair a shoiléiriú agus láimhseáil neamhchosaintí den sórt sin atá níos comhsheasmhaí ar an leibhéal idirnáisiúnta agus níos íogaire ó thaobh riosca de a bhaint amach (i.e. láimhseáil a léiríonn riosca agus gearáil infheistíochtaí foluiteacha an chiste). Chun an caighdeán nua a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, rinneadh roinnt athruithe ar CRR.

Leasaítear Airteagal 128 lena áirithiú nach dtagann neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna i ngnóthais chomhinfeistíochta (GCanna) faoi shainmhíniú ítimí a bhaineann le riosca atá fíor-ard.

Leasaítear Airteagal 132 d'fhonn léiriú a thabhairt ar na prionsabail agus ceanglais ghinearálta a fhorluíonn ríomh na gceanglas cistí dílse maidir le neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna i GCanna i gcás institiúidí a chuireann i bhfeidhm an Cur Chuige Caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa.

Tugtar Airteagal 132a nua isteach chun mionsonrú a dhéanamh ar dhá chur chuige dá bhforáiltear faoi Airteagal 132, eadhon cur chuige na trédhearcachta agus an cur chuige bunaithe ar shainordú.

Leasaítear Airteagal 152 d'fhonn léiriú a thabhairt ar na prionsabail agus ceanglais athbhreithnithe maidir le ríomh na gceanglas cistí dílse do neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna i GCanna i gcás institiúidí a chuireann i bhfeidhm an Cur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha maidir le riosca creidmheasa.

CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE LE HAGHAIDH RIOSCA CREIDMHEASA CONTRAPHÁIRTÍ (CCC-RCC) (CRR)

I Márta 2014, chun dul i ngleic le heasnamh na modhanna caighdeánaithe atá ann faoi láthair, d'fhoilsigh CBMB cur chuige nua caighdeánaithe chun luach neamhchosanta neamhchosaintí díorthach a ríomh, cur chuige darb ainm an Cur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CCC-RCC). D'fhonn an cur chuige nua a thabhairt isteach i ndlí an Aontais, agus d'fhonn a áirithiú go leanfaidh na rialacha nua de bheith comhréireach, rinneadh roinnt athruithe ar CRR.

Le hAirteagal 273, rinneadh roinnt sainmhínithe a mhodhnú agus cuireadh isteach roinnt sainmhínithe nua chun na modhanna nua a tugadh isteach a léiriú. Cuireadh CCC-RCC isteach in ionad an Mhodha um Marcáil ón Margadh (Airteagal 274 go hAirteagal 280f). Baineadh na rialacha maidir leis an Modh Caighdeánaithe. Tugadh isteach rialacha nua maidir le CCC-RCC simplithe (Airteagal 281). Rinneadh modhnú ar na rialacha atá ann faoi láthair

maidir leis an Modh Neamhchosanta Tosaigh (MNT) (Airteagal 282). Rinneadh modhnú ar na critéir incháilithe maidir le MNT agus tugadh isteach critéir incháilithe maidir le húsáid CCC-RCC shimplithe (Airteagal 273a agus Airteagal 273b). Rinneadh Airteagal 298 agus Airteagal 299 a mhodhnú le tabhairt isteach CCC-RCC a léiriú.

NEAMHCHOSAINTÍ AR CHONTRAPHÁIRTITHE LÁRNACHA (CRR AGUS EMIR)

In Aibreán 2014, d'fhoilsigh CBMB caighdeán deiridh maidir le láimhseáil neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha. Tugadh aghaidh sa chaighdeán deiridh ar easnaimh an chaighdeáin eatramhaigh a foilsíodh dhá bhliain roimhe sin. D'fhoill an caighdeán deiridh a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, rinneadh roinnt athruithe ar CRR agus ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach nó EMIR).

Leasuithe ar Airteagal 300 go hAirteagal 310 agus ar Airteagal 497 de CRR

Cuireadh roinnt sainmhínithe le hAirteagal 300 lena gcuimhdaítear téarmaí a úsáidtear sna rialacha leasuithe maidir le ceanglais cistí dílse do neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha. Rinneadh Airteagal 301 a mhodhnú le láimhseáil shonrach a thabhairt isteach maidir le neamhchosaintí institiúidí ar chontrapháirtí lárnach i ngeall ar idirbhearta airgid, le láimhseáil an chorrlaigh thosaigh a shonrú a thuilleadh agus lena léiriú go mbeadh aon mhodh amháin infheidhme maidir le ceanglais cistí dílse a ríomh do neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha cáilitheacha. Rinneadh Airteagal 304 a mhodhnú d'fhoill athruithe ar mhodhanna ríofa luach neamhchosanta díorthach a léiriú agus d'fhoill láimhseáil idirbheart maoinithe urrús agus láimhseáil comhthaobhachta atá curtha ar fáil ag cliant dá gcomhaltaí imréitigh a shoiléiriú. Rinneadh Airteagal 305 a mhodhnú d'fhoill láimhseáil idirbheart maoinithe urrús a shoiléiriú agus d'fhoill na critéir incháilithe maidir le láimhseáil fhabhrach neamhchosaintí cliant a choigeartú. Cuireadh isteach in Airteagal 306 soiléiriú ar láimhseáil ráthaíochtaí na gcomhaltaí imréitigh dá gcliaint chomh maith le soiléiriú ar láimhseáil idirbheart maoinithe urrús. Le hAirteagal 308 tugadh isteach cur chuige nua maidir le ceanglais cistí dílse a ríomh i gcás ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana ar chontrapháirtí lárnach cáilitheach. Rinneadh modhnú ar an bhfoirmle chun an ceanglas cistí dílse maidir le neamhchosaintí ar chontrapháirtí lárnach neamhcháilitheach in Airteagal 309 a ríomh. Le hAirteagal 310, baineadh an cur chuige malartach maidir le ceanglais cistí dílse do neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha a ríomh agus cuireadh isteach láimhseáil nua do ranníocaíochtaí neamhchistithe le ciste mainneachtana ina ionad. Ar deireadh, rinneadh modhnú ar na forálacha idirthréimhseacha in Airteagal 497.

Leasuithe ar Airteagal 50a go hAirteagal 50d agus ar Airteagal 89 d'EMIR.

Rinneadh Airteagal 50a go hAirteagal 50d a mhodhnú d'fhoill cur chuige nua maidir le ríomh caipitil hipitéisigh contrapháirtí lárnaigh a ionchorprú, cur chuige atá ag teastáil ó institiúidí chun a gcuid ceanglas cistí dílse do ranníocaíochtaí ciste mainneachtana leis an gcontrapháirtí lárnach sin a ríomh. Rinneadh Airteagal 89(5a) a mhodhnú d'fhoill na forálacha idirthréimhseacha a bhaineann leis an ríomh sin a thabhairt cothrom le dáta.

LEABHAR TRÁDÁLA/RIOSCA MARGAIDH (CRR)

In Eanáir 2016, chríochnaigh CBMB an obair a bhí ar bun aige maidir le hathbhreithniú ó bhonn ar an leabhar trádála agus d'fhoilsigh sé caighdeán nua maidir le láimhseáil riosca margaidh. Tugadh aghaidh sa chaighdeán ar lochtanna deartha an chreata riosca margaidh atá ann faoi láthair, lena n-áirítear gabháil neamhleordhóthanach raon iomlán na rioscaí ar a raibh institiúidí neamhchosanta, agus neamhchinnteacht faoin teorainn idir an leabhar trádála agus an leabhar neamhthrádála (i.e. leabhar baincéireachta), rud a chruthaigh deiseanna arbatráiste rialála a dhéanamh. Sa chaighdeán nua tá rialacha athbhreithnithe maidir le samhlacha inmheánacha a úsáid chun cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh, mar aon le cur chuige caighdeánaithe nua a chuirtear in áit an chur chuige reatha. D'fhonn an caighdeán nua a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, agus d'fhonn a áirithiú go leanfaidh na rialacha de bheith comhréireach, rinneadh roinnt modhnuithe athruithe ar CRR.

I dTeideal I – Ceanglais ghinearálta, luacháil agus tuairisciú

In Airteagal 94 leagtar síos na coinníollacha athbhreithnithe faoin bhféadfaidh institiúid tairbhe a bhaint as an maolú le haghaidh institiúidí ag a bhfuil gnó beag leabhair trádála, agus faoin maolú sin féadfar na ceanglais cistí dílse do riosca creidmheasa na suíomhanna leabhair baincéireachta a chur in ionad na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh. In Airteagal 102 agus Airteagal 103 déantar na ceanglais ghinearálta do shuíomhanna leabhair trádála a shoiléiriú. In Airteagal 104 agus Airteagal 104a soiléirítear na critéir lena ndéantar suíomhanna sa leabhar trádála a shannadh agus na coinníollacha faoina ndéantar suíomh leabhair trádála a athaicmiú mar shuíomh leabhair baincéireachta, nó a mhalairt. In Airteagal 104b sainmhínítear coincheap nua na deisce trádála. In Airteagal 105 leagtar síos na rialacha nach mór a urramú chun suíomhanna leabhair trádála a luacháil go stuama. In Airteagal 106 tá cur síos ar aithint agus ar láimhseáil suíomhanna leabhair trádála a mheastar ina bhfáluithe inmheánacha ar shuíomhanna leabhair baincéireachta.

I dTeideal IV Caibidil 1 – Forálacha ginearálta

Le hAirteagal 325 déantar cur síos ar na cineálacha cur chuige ar féidir le hinstitiúidí a úsáid chun ceanglais cistí dílse do riosca margaidh a ríomh mar aon le coinníollacha a n-úsáide agus conas is féidir a n-úsáid a chomhcheangal. In Airteagal 325a mionsonraítear na critéir incháilithe maidir le húsáid an chur chuige chaighdeánaithe shimplithe d'institiúidí ag a bhfuil gnó meánmhéide leabhair trádála. In Airteagal 325b leagtar síos na coinníollacha faoinar féidir neamhchosaintí riosca margaidh a ghlanluacháil idir eintitis éagsúla dlíthiúla laistigh de ghrúpa chun críocha ceanglais cistí dílse comhdhlúite do riosca margaidh a ríomh. In Airteagal 325c mionsonraítear na coinníollacha faoina bhféadtar suíomhanna atá ag institiúid d'fhonn fálú i gcoinne éifeacht dhíobhálach athruithe rátaí malairte ar chóimheasa cistí dílse na hinstitiúide a dhíolmhú ó na ceanglais riosca margaidh.

Caibidil 1a – An cur chuige caighdeánaithe

I Roinn 1 (Airteagal 325d) déantar cur síos ar chomhpháirteanna éagsúla an chur chuige chaighdeánaithe. I Roinn 2 (Airteagal 325e go hAirteagal 325l) déantar cur síos ar fheidhmiú na chéad chomhpháirte, an modh fogaireacht-bhunaithe. Leagtar amach inti na prionsabail ghinearálta maidir le ríomh agus comhiomlánú na rioscaí deilte, vega agus cuaire. I

bhforoinn 1 de Roinn 3 (Airteagal 325m go hAirteagal 325r) sonraítear na fachtóirí riosca is gá a bhreithniú chun íogaireachtaí na suíomhanna leabhair trádála i leith aicmí éagsúla riosca a ríomh. I bhforoinn 2 de Roinn 3 (Airteagal 325s go hAirteagal 325u) mínítear conas is cóir na híogaireachtaí sin a ríomh. I Roinn 4 (Airteagal 325v) déantar cur síos ar fheidhmiú an dara comhpháirt den chur chuige caighdeánaithe, an forlíontán riosca iarmharaigh. Le Roinn 5 déantar cur síos ar fheidhmiú an tríú comhpháirt den chur chuige caighdeánaithe, an muirear um riosca mainneachtana. In Airteagal 325 tugtar na príomhshainmhínithe. I bhForoinn 1 (Airteagal 325x go hAirteagal 325z) déantar cur síos ar ríomh an mhuirir um riosca mainneachtana maidir le suíomhanna neamhurrúsúcháin, agus i bhForoinn 2 (Airteagal 325aa agus Airteagal 325ab) agus Foroinn 3 (Airteagal 325ac go hAirteagal 325ae) déantar cur síos ar an ríomh céanna maidir le hurrúsúcháin. I Roinn 6 (Airteagal 325af go hAirteagal 325az) tugtar na hualaithe riosca agus na comhghaolta nach mór a úsáid i gcás gach aicme riosca in éineacht leis na híogaireachtaí chun ceanglais cistí dílse do rioscaí margaidh faoin gcur chuige caighdeánaithe a chinneadh. Áirítear neamhchosaintí ar fhlaithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chéad bhuicéad riosca, dár sannadh an t-uailú riosca is ísle (Airteagal 325ai agus Airteagal 325al). Tá an láimhseáil sin i gcomhréir leis an láimhseáil nach bhfuil ag brath ar rátáil, atá ar fáil faoi láthair do na cineálacha neamhchosaintí sin a áirítear sa leabhar neamhthrádála. Laghdáíodh na hualuithe riosca is infheidhme maidir le bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh (Airteagal 325ai agus Airteagal 325al). Chuirfeadh an láimhseáil sin cosc ar mhéadú suntasach a d'fhéadfadh a theacht ar cheanglais chaipitil do neamhchosaintí ar bhannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh, rud a d'fhágfadh costais chistiúcháin níos lú ann i gcónaí i gcás iasachtaí morgáiste do thithíocht agus do mhaoin neamhchónaithe.

Caibidil 1b – Cur chuige na samhlacha inmheánacha

I Roinn 1 (Airteagal 325ba agus Airteagal 325bb) mionsonraítear na coinníollacha faoinar féidir le hinstitiúidí samhlacha inmheánacha a úsáid agus an chaoi ar gá ceanglais cistí dílse do riosca margaidh a ríomh do dheasca trádála a thairbhíonn den chead sin. Le Roinn 2 (Airteagal 325bc agus Airteagal 325bl) déantar cur síos ar an gcaoi nach foláir na heasnaimh ionchasacha agus na tréimhsí leachtacha a úsáid i ríomh na gceanglas cistí dílse do riosca margaidh, na ceanglais nach foláir samhlacha inmheánacha a chomhlíonadh ó thaobh cúltástála, aitreabúideacht brabúis agus cailleanais, bailíocht inmheánach mar aon le ceanglais cháilíochtúla agus thomhais riosca agus an beart riosca maidir le cas struis nach foláir a ríomh do na fachtóirí riosca neamh-insamhlaithe. Faoi mar a tharla i gcás an chur chuige chaighdeánaithe, tugadh isteach láimhseáil thairbhiúil faoi chur chuige na samhlacha inmheánacha trí thréimhsí leachtacha do neamhchosaintí ar fhlaithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ar bhannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí an Aontais Eorpaigh (Airteagal 325be). I Roinn 3 (Airteagal 325bm go hAirteagal 325bq) déantar cur síos ar an gcaoi nach foláir an muirear um riosca mainneachtana a ríomh maidir le deasca trádála faoi réir riosca mainneachtana ag úsáid chur chuige na samhlacha inmheánacha.

Caibidil 2, Caibidil 3 agus Caibidil 4 – an cur chuige caighdeánaithe simplithe

I gCaibidil 2, Caibidil 3 agus Caibidil 4 – ina sonraítear ceanglais cistí dílse do riosca an tsuímh, rioscaí malairte eachtraí agus rioscaí tráchtearraí faoi seach – tugtar léiriú ar an gcur chuige caighdeánaithe simplithe faoin gcreat riosca margaidh athbhreithnithe. Bhí na rialacha

sin sa chreat riosca margaidh atá ann faoi láthair agus ní dhearnadh aon athrú orthu. Féadfaidh institiúidí an cur chuige seo a úsáid go dtí an [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tar éis an dáta sin, is iad na hinstitiúidí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 325a, agus na hinstitiúidí sin amháin, a bheidh in ann an cur chuige caighdeánaithe simplithe a úsáid.

Caibidil 5 – an cur chuige inmheánach simplithe

Is é atá i gCaibidil 5 an cur chuige samhla inmheánaí simplithe faoin gcreat riosca margaidh athbhreithnithe. Bhí na rialacha sin sa chreat riosca margaidh atá ann faoi láthair agus ní dhearnadh aon athrú orthu. Féadfaidh institiúidí an cur chuige seo a úsáid go dtí an [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tar éis an dáta sin, ní bheidh institiúidí in ann an cur chuige samhla inmheánaí simplithe a úsáid a thuilleadh chun na ceanglais cistí dílse do riosca margaidh a ríomh. Os a choinne sin, leanfaidh Caibidil 5 d'fheidhm a bheith aici maidir le ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí Coigeartú Luachála Creidmheasa a ríomh faoin ardmhodh mar a leagtar amach in Airteagal 383.

Cuid 10 – Forálacha Idirthréimhseacha, Tuarascálacha, Athbhreithnithe agus Leasuithe,

In Airteagal 501b déantar cur síos ar chéimniú isteach ceanglas cistí dílse do riosca margaidh, mar a ríomhadh iad faoi Chaibidil 1a agus Caibidil 1b. Le hAirteagal 519a sonraítear roinnt gnéithe teicniúla den chreat riosca margaidh athbhreithnithe a bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo nuair a chuirfear an creat chun feidhme. Tá sainordú ag ÚBE athbhreithniú a dhéanamh ar na gnéithe teicniúla sin tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus féadfaidh an Coimisiún tograí a dhéanamh na rialacha gaolmhara a athrú i bhfianaise chonclúidí ÚBE.

NEAMHCHOSAINTÍ MÓRA (CRR)

Ní chumhdaíonn an bonn caipitil atá ann faoi láthair (an 'caipiteal incháilithe') ach cuid bheag de na neamhchosaintí móra foriomlána atá ag institiúidí agus ar an ábhar nach leor a stuamacht, dá réir sin, i gcás ina dtabhóidh institiúid an cailteanas is mó is féidir de thoradh teip tobann ar chontrapháirtí aonair nó ar ghrúpa contrapháirtithe, nach leor í le go dtiocfadh institiúid slán mar ghnóthas leantach dá thoradh sin. Ar a bharr sin, ní chuireann an teorainn atá ann faoi láthair san áireamh na rioscaí níos airde a leanann na neamhchosaintí atá ag G-SIIanna ar chontrapháirtithe aonair nó ar ghrúpaí de chliaint nasctha agus, go háirithe, mar a bhaineann sin le neamhchosaintí ar G-SIIanna eile. Léirigh an ghéarchéim airgeadais go bhféadfadh na cailteanais ábhartha in G-SII amháin a bheith ina n-ábhar imní chomh fada le sócmhainneacht G-SIIanna eile de agus d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith acu ar chobhsaíocht airgeadais. Ar deireadh, braitheann an creat neamhchosaintí móra atá ann faoi láthair ar mhodhanna nach bhfuil chomh cruinn céanna le modhanna an chur chuige nua (i.e. Cur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh Riosca Creidmheasa Contrapháirtí, CCC-RCC) a d'fhorbair CBMB d'fhonn neamhchosaintí díorthacha na mbanc (i.e. díorthaigh thar an gcuntar) a ríomh. Leasaítear an creat neamhchosaintí móra chun dul i ngleic leis na bealaí éalaithe a sainaithníodh. Go háirithe, tá an caipiteal is féidir a chur san áireamh chun teorainn na neamhchosaintí móra a ríomh teoranta do chaipiteal Leibhéal 1 (ní chuirtear caipiteal Leibhéal 2 san áireamh a thuilleadh); Leasaítear Airteagal 395(1) chun íosteorainn 15% i gcás neamhchosaintí G-SIBanna ar G-SIBanna eile a thabhairt isteach, agus le hAirteagal 390

leasaithe forchuirtear úsáid na modhanna CCC-RCC d'fhonn neamhchosaintí ar idirbhearta díorthach thar an gcuntar a ríomh, fiú i gcás baine a bhfuil cead tugtha dóibh samhlacha inmheánacha a úsáid. A bhuí leis na modhnuithe a tugadh isteach faoin gcreat reatha méadófar íogaireacht ó thaobh riosca chóras na neamhchosaintí móra agus déanfar an córas Eorpach a chur i gcomhréim níos fearr le caighdeán CBMB ar neamhchosaintí móra a eisíodh in 2014.

Le hAirteagal 507 de CRR ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme Airteagal 400(1)(j) agus Airteagal 400(2). Ós rud é nárbh fhéidir sonraí cainníochtúla leordhóthanacha a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh bheith ann dá mbainfí na díolúintí a liostaítear sna forálacha sin nó dá ndéanfaí éigeantach iad, foráiltear le hAirteagal 507 do shainordú nua do ÚBE tuairisc a chur chuig an gCoimisiún faoi úsáid na ndíolúintí a leagtar amach in Airteagal 400(1) agus Airteagal 400(2) agus Airteagal 390(6).

CÓIMHEAS GIARÁLA (CRR)

Tugtar forálacha nua isteach agus déantar coigeartuithe ar roinnt Airteagal i CRR d'fhonn ceanglas cóimheasa gearála ceangailteach a thabhairt isteach do na hinstiúidí uile faoi réir CRD. Comhlánaíonn an ceanglas cóimheasa gearála na ceanglais reatha maidir le faireachán maoirseachta ar riosca na gearála iomarcaí i CRD mar aon le ceanglais CRR maidir le cóimheas gearála a ríomh, a thuairisciú do mhaoirseoirí, agus, ó Eanáir 2015 i leith, é a nochtadh don phobal.

An ceanglas cóimheasa gearála

Cuirtear ceanglas cóimheasa gearála 3% de chaipiteal Leibhéal 1 – mar a comhaontaíodh ar an leibhéal náisiúnta – leis na ceanglais cistí dílse in Airteagal 92 de CRR nach foláir d'instiúidí a chomhlíonadh mar aon lena gceanglais riosca-bhunaithe. Ar an gcaoi sin, tugtar ceanglas ceangailteach isteach ar fud an Aontais a bheidh mar thacaíocht d'instiúidí. Ina theannta sin, is iad na húdaráis inniúla a leanfaidh de bheith freagrach as faireachán a dhéanamh ar bheartais agus ar phróisis ghíarála na n-instiúidí aonair agus féadfaidh na húdaráis sin bearta breise a thabhairt isteach chun dul i ngleic le rioscaí na gearála iomarcaí, má tá údar lena leithéid.

Coigeartuithe ar thomhas neamhchosanta an chóimheasa gearála

Tugadh anonn na coigeartuithe ar thomhas neamhchosanta an chóimheasa gearála a bhí san áireamh i CRR reatha cheana. Ós rud é gur mo an srian a chuirfeadh cóimheas gearála 3% srian le samhlacha agus línte gnó áirithe ná a chéile, tá gá le tuilleadh coigeartuithe. Féadfaidh instiúidí tomhas neamhchosanta an chóimheasa gearála a laghdú d'iasachtú poiblí a dhéantar ó bhainc forbartha phoiblí (Airteagal 429a(1)(d)), iasachtaí faoi bhealach (Airteagal 429a(1)(e)) agus do chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna ráthú go hoifigiúil (Airteagal 429a(1)(f)). Chun nach ndéantar imréiteach cliant a dhéanann na hinstiúidí a dhídhreasú, ceadaítear d'instiúidí timhas neamhchosanta a laghdú faoin gcorrlach tosaigh a fhaightear ó chliant i gcás díorthaigh a imréitítear trí chontrapráirtithe lárnacha cáilitheacha (Airteagal 429c(4)).

Maolán cóimheasa gearála do G-SIBanna

Tá plé idirnáisiúnta á dhéanamh faoi láthair faoi mhaolán cóimheasa gearála do G-SIBanna a d'fhéadfadh bheith ann. A luaithe a bheidh comhaontú idirnáisiúnta deiridh ann maidir leis an maolán cóimheasa gearála ba cheart go gcuirfí san áireamh é lena chur le CRR.

TUAIRISCIÚ RIALÁLA (CRR)

Tugadh isteach nó rinneadh leasuithe ar fhorálacha éagsúla i CRR agus CRD chun comhréireacht a fheabhsú agus chun na costais atá ar institiúidí de thoradh an chreata tuairiscithe rialála foriomlán a laghdú.

Déantar Airteagal 99(5) a leasú le go n-áireofaí ann sainordú d'ÚTE tuairisc a chur chuig an gCoimisiún faoi chostas an tuairiscithe rialála faoin 31 Nollaig 2019. Leis an sainordú sin leagtar amach modheolaíocht an-bheacht d'ÚBE le costais thuairiscithe ar institiúidí a chainníochtú agus foráiltear d'oibleagáid moltaí a dhéanamh faoi bhealaí leis an tuairisciú a laghdú d'institiúidí beaga trí leasuithe a dhéanamh ar theimpléid thuairiscithe ÚBE atá ann cheana.

Ní bheidh ar institiúidí beaga mar a shainmhínítear in Airteagal 430a iad tuarascálacha rialála a chur isteach ach ar bhonn bliantúil seachas faoi dhó sa bhliain nó níos minice ná sin i gcás na n-institiúidí uile eile (Airteagail 99(4), 100, 101, 394 agus 430).

Déanfar tuairisciú ar neamhchosaintí móra a shimpliú trí mhír amháin a bhaint agus soiléiriú a dhéanamh ar mhír eile a bhfuil ceanglas ann faoi láthair faoi Airteagal 394 maidir lena thuairisciú.

NOCHTADH (CRR)

Comhréireacht fheabhsaithe i gceanglais maidir le nochtadh

Cuirtear forálacha nua i gCuid a hOcht d'fhonn foráil a dhéanamh maidir le córas nochta atá níos comhréirí a chuireann san áireamh méid choibhneasta agus castacht choibhneasta na n-institiúidí. Déantar iad a aicmiú i dtrí chatagóir: suntasach (Airteagal 433a), beag (Airteagal 433b) agus eile (Airteagal 433c), agus déantar idirdhealú breise idir institiúidí atá liostaithe agus nach bhfuil. Beidh feidhm ag ceanglais maidir le nochtadh maidir le gach catagóir institiúidí ar bhonn scála aistrithigh, agus idirdhealú ann maidir le substaint agus minicíocht na nochtuithe.

Ag taobh uachtarach an scála aistrithigh, beidh ar institiúidí ag a bhfuil urrúis liostaithe nochtadh bliantúil a chur ar fáil i leith na sonraí uile a theastaíonn faoi Chuid a hOcht, mar aon le nochtadh sonraí ar leith ar bhonn leathbhliantúil nó ráithiúil, lena n-áirítear, sa chás deiridh, tábla príomh-mhéadrachtaí stuamachta (Airteagal 447). Ag taobh íochtarach an scála aistrithigh, ní bheidh ar institiúidí beaga neamh-liostaithe ach nochtuithe ar leith a dhéanamh ar shonraí maidir le rialachas, luach saothair, agus bainistiú riosca agus ar an tábla príomh-mhéadrachtaí ar bhonn bhliantúil.

Leasuithe spriocdhíithe de ghrá na comhsheasmhachta le caighdeáin idirnáisiúnta agus ceanglais nua nó leasuithe Cholún 1.

Rinneadh roinnt leasuithe ar Theideal II agus Theideal II de Chuid a hOcht (Airteagal 435 go hAirteagal 455) d'fhonn ceanglais maidir le nochtadh a chur i gcomhréim níos fearr le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le nochtuithe. Go háirithe, cuireadh ceanglas nua isteach maidir le heolas a nochtadh faoi infheistíochtaí suntasacha i ngnóthais árachais a bhfuil údarú tugtha ag údarás inniúil ina leith gan iad a asbhaint ó cheanglais cistí dílse bhreise ilchuideachtaí airgeadais (Airteagal 438(e) agus Airteagal 438(f)).

Tá sé i gceist go léireoidh leasuithe eile ar na Teidil sin ceanglais nua nó leasuithe Cholún 1 atá le tabhairt isteach mar chuid den togra reachtach seo. Áireofar leo siúd nochtuithe maidir le TLAC (Airteagal 437a), riosca creidmheasa contrapháirtí (Airteagal 439), riosca margaidh (Airteagal 445) agus ceanglais leachtachta (Airteagal 451a). Ar deireadh, déantar soiléiriú áirithe ar na nochtuithe aisíocaíochta agus tugtar isteach ceanglas nochtaithe maidir le maoluithe ó na rialacha aisíocaíochta faoi Threoir 2013/36/AE (Airteagal 450) a úsáid.

Cumhachtuithe d'ÚBE agus don Choimisiún

Cuimsíonn an togra cumhachtú d'ÚBE d'fhonn formáidí aonfhoirmeacha don nochtadh a fhorbairt, formáidí ba cheart a chur i gcomhréim a oiread is féidir le formáidí idirnáisiúnta don nochtadh chun an inchomparáideacht a éascú (Airteagal 434a).

Chun na críche céanna sin, cuimsíonn an togra cumhachtú don Choimisiún na ceanglais maidir le nochtadh i gCuid a hOcht a leasú chun forbairtí nó leasuithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le nochtuithe a léiriú.

NSFR (CRR)

Cuirtear Teideal nua le Cuid a Sé, agus rinneadh coigeartuithe ar fhorálacha atá ann faoi láthair chun cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí ceangailteach (NSFR) a thabhairt isteach d'institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha.

Forálacha ginearálta

Rinneadh coigeartuithe ar na forálacha ginearálta i gCuid a hAon. Rinneadh leasuithe ar Airteagal 8 d'fhonn na coinníollacha a choigeartú faoinar féidir le hinstitiúidí tairbhe a bhaint as tarscaoiltí ó cheanglais leachtachta ar an leibhéal aonair, agus chun Airteagal 11 agus Airteagal 18 maidir le rialacha comhdhlúthaithe a choigeartú freisin.

Forálacha leachtachta atá ann faoi láthair

Tugtar isteach leasuithe i dTeideal I agus i dTeideal II de Chuid a Sé chun sainmhínithe agus ceanglais maidir le tuairisciú a choigeartú. Déantar coigeartú ar shainmhínithe in Airteagal 411, agus déantar tuilleadh sonraíthe ar cheanglais maidir le tuairisciú in Airteagail 412, 413, 415, 416 agus in Airteagal 422 go hAirteagal 425. Déantar modhnú ar Airteagal 414 d'fhonn an ceanglas nua NSFR a chomhtháthú agus d'fhonn na hiarmhairtí is infheidhme a shonrú i gcás ina sáraítear é.

Teideal IV nua de Chuid a Sé: An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí

Caibidil 1 An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí (Airteagal 428a agus Airteagal 428b)

In Airteagal 428a sonraítear rialacha d'fhochuideachtaí i dtríú tíortha maidir le NSFR a ríomh ar bhonn comhdhlúite.

In Airteagal 428b sainmhínítear dearadh ginearálta NSFR a ríomhtar mar chóimheas idir méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil ag institiúid agus méid an chistiúcháin chobhsaí atá de dhíth.

Caibidil 2 Rialacha ginearálta chun an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh (Airteagal 428c go hAirteagal 428h)

Le hAirteagal 428c déantar rialacha ginearálta maidir le ríomh NSFR a shoiléiriú.

Le hAirteagal 428d sonraítear an chaoi a gcuirfear conarthaí díorthacha san áireamh i ríomh NSFR, agus le hAirteagal 428e sonraítear glanluacháil na n-idirbheart iasachta urraithe agus na n-idirbheart caipitil faoi thionchar an mhargaidh.

Le hAirteagal 428f sainítear na coinníollacha faoinar féidir a mheas go bhfuil sócmhainní agus dliteanais áirithe idirspleách agus déantar liosta de na táirgí a measfar a sócmhainní agus a ndliteanais a bheith idirspleách: coigilteas rialáilte láraithe, iasachtaí spreagtha, eisiúint bannaí faoi chumhdach gan riosca cistiúcháin ar feadh thréimhse aon bhliana agus idirbhearta imréitigh díorthach cliant. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmlichte a ghlacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta sin (mír 3 nua d'Airteagal 460).

In Airteagal 428g sonraítear láimhseáil taiscí i líonraí comharchumann nó scéimeanna cosanta institiúideacha agus le hAirteagal 428h tugtar isteach rogha d'údaráis inniúla láimhseáil fhabhrach a thabhairt d'idirbhearta laistigh de ghrúpa ar choinníollacha áirithe.

Caibidil 3 Cistiú cobhsaí atá ar fáil (Airteagal 428i go hAirteagal 428o)

Le Roinn 1 (Airteagal 428i agus Airteagal 428j) den Chaibidil seo sainítear na rialacha ginearálta maidir le ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil arb é uimhreoir an NSFR é.

Le Roinn 2 (Airteagal 428k go hAirteagal 428o) sainítear fachtóirí an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a bhaineann leis an gcaipiteal rialála agus le dliteanais éagsúla de réir a saintréithe, go háirithe a n-aibíocht agus nádúr an chontrapháirtí.

Caibidil 4 Cistiú Cobhsaí Ceangailteach (Airteagal 428p go hAirteagal 428ag)

Le Roinn 1 (Airteagal 428p agus Airteagal 428q) den Chaibidil seo sainítear na rialacha ginearálta maidir le ríomh mhéid an Chistiúcháin Chobhsaí Cheangailtigh arb é ainmneoir an NSFR é.

Le Roinn 2 (Airteagal 428r go hAirteagal 428ag) sainítear fachtóirí an chistiúcháin chobhsaí atá de dhíth a bhaineann le sócmhainní éagsúla agus le neamhchosaintí lasmuigh den chlár

comhardaithe de réir a saintréithe, go háirithe a n-aibíocht, a leachtacht agus nádúr an chontrapháirtí.

Léiríonn na sainmhínithe agus fachtóirí an chistiúcháin chobhsaí atá de dhíth a cuireadh i bhfeidhm chun an NSFR a ríomh, léiríonn siad na sainmhínithe agus na caolchorráligh a cuireadh i bhfeidhm chun LCR an Aontais Eorpaigh a ríomh. Go háirithe, sócmhainní atá incháilithe mar shócmhainní leachtachta ardcháilíochta (SLAL) ar Leibhéal 1, seachas bannaí faoi chumhdach an-ardcháilíochta, tá na sócmhainní sin faoi réir fachtóir CCC 0% chun iarmhairtí diúltacha ar leachtacht i mbannaí margaidh ceannasacha a sheachaint.

Tá sócmhainní a thagann as idirbhearta le custaiméirí airgeadais a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí acu agus atá urraithe ag SLAL Leibhéal 1, seachas bannaí faoi chumhdach an-ardcháilíochta, tá na sócmhainní sin faoi réir fachtóir CCC 5% (Airteagal 428s). Má tá na hidirbhearta neamhurráithe nó urraithe le sócmhainní eile, tá na hidirbhearta sin faoi réir fachtóir CCC 10% (Airteagal 428u). Tá sé d'aidhm leis na coigeartuithe sin ar na fachtóirí CCC Basel (10% agus 15% faoi seach) an tionchar láithreach a bheidh ar leachtacht na margáí cistiúcháin idirbhainc, ar leachtacht na n-urrús agus ar ghníomhaíochtaí cruthaithe margaidh a mhaolú. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun athbhreithniú níos leithne a dhéanamh ar an láimhseáil sin agus ar láimhseáil idirbheart urraithe, agus conclúidí na tuarascála a d'ullmhaigh ÚBE á gcur san áireamh. Mura ndéantar cinneadh laistigh de 3 bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm an NSFR, ardófar na fachtóirí CCC sin go 10% agus 15% faoi seach (mír 7 d'Airteagal 510 i gCuid a Deich).

Maidir le conarthaí díorthacha, má tá na sócmhainní díorthach (fritháirithe ag corrlaigh athrúcháin a fhaightear i bhfoirm airgid agus SLAL Leibhéal 1, seachas bannaí faoi chumhdach an-ardcháilíochta) níos mó ná na dliteanais díorthach (fritháirithe ag na corrlaigh athrúcháin go léir a bhreactar), tá an difríocht faoi réir fachtóir CCC 100% (Airteagal 428ag). Ina theannta sin, sócmhainní arna mbreacadh mar chorrlach tosaigh nó mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh, tá siad faoi réir fachtóir CCC 85% (Airteagal 428af). Ar a bharr sin, tugtar isteach cur chuige atá íogair ó thaobh riosca de a ndearnadh coigeartú air i gcomparáid le NSFR Basel d'fhonn riosca cistiúcháin todhchaíoch i gcás díorthach a ghabháil. I gcás conarthaí díorthacha gan cumhdach corrlaigh, cuirtear fachtóir CCC 10% i bhfeidhm ar a ndliteanais díorthach comhlána (Airteagal 428u) agus, i gcás conarthaí díorthacha faoi chumhdach corrlaigh, tugtar isteach rogha fachtóir CCC 20% a chur i bhfeidhm ar dhliteanais díorthach comhlána nó a neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch (NFT) arna ríomh faoi Chur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh Riosca Creidmheasa Contrapháirtí - CCC-RCC (Airteagal 428x). Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an láimhseáil sin, agus conclúidí na tuarascála a d'ullmhaigh ÚBE á gcur san áireamh. Mura ndéantar cinneadh laistigh de 3 bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm an NSFR, cuirfear fachtóir CCC 20% i bhfeidhm ar dhliteanais díorthach comhlána maidir leis na conarthaí díorthacha uile agus na hinstiúidí uile (mír 5 nua d'Airteagal 510).

NA CAIGHDEÁIN IDIRNÁISIÚNTA UM THUAIRISCIÚ AIRGEADAIS 9 (CRR)

Cuirtear isteach Airteagal 473a d'fhonn na ceanglais soláthair incriminteacha nua maidir le riosca creidmheasa faoi IFRS a thabhairt isteach le linn tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2019 agus dar críoch an 31 Nollaig 2023 chun an tionchar airgeadais ar instiúidí a mhaolú.

FACHTÓIR TACAÍOCHTA FBM (CRR)

Áirítear sa togra athruithe ar cheanglais chaipitil do neamhchosaintí ar FBManna (Airteagal 501). Ní thiocfaidh aon athrú ar an laghdú caipitil reatha 23,81% do neamhchosaint ar FBM, mura mó é ná EUR 1,5 milliún. Maidir le neamhchosaint FBM ar mó ná EUR 1,5 milliún é, moltar laghdú caipitil 23,81% ar an gcéad EUR 1,5 milliún den neamhchosaint agus laghdú 15% ar an gcuid eile den neamhchosaint atá os cionn EUR 1,5 milliún. Féadfaidh institiúidí leanúint de bheith ag cur an laghdaithe chun feidhme trí mhéid na neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca do FBM faoi leith a choigeartú.

LÁIMHSEÁIL NEAMHCHOSAINTÍ BONNEAGAIR (CRR)

Is rud ríthábhachtach d'fhás eacnamaíoch an Aontais é tionscadail bonneagair atá inmharthana a chur chun cinn i réimsí amhail an t-iompar, an fuinneamh, an nuálaíocht, an t-oidéachas, agus an taighde. I gcomhar le tionscnaimh eile de chuid an Choimisiúin amhail Aontas na Margaí Caipitil agus an Plean Infheistíochta don Eoraip, tá sé d'aidhm ag an togra maoiniú príobháideach a úsáid do thionscadail ardcháilíochta bonneagair. Ag cur le forbairtí a rinneadh le déanaí ar an gcreat rialála do ghnóthais árachais agus leis an obair leanúnach a rinneadh le haghaidh an athchóirithe a dhéanfaidh CBMB ar an gCur Chuige Caighdeánaithe, moltar, faoin gCur Chuige Caighdeánaithe agus faoin gCur Chuige maidir le riosca creidmheasa ar bhonn inmheánach, moltar láimhseáil fhabhrach a thabhairt do neamhchosaintí iasachtaithe speisialaithe a bhfuil sé d'aidhm acu tionscadail bonneagair atá sábháilte agus slán a chistiú. Sainítear iad sin trí thacar critéar atá in ann próifil riosca na neamhchosanta a laghdú agus cur le cumas na n-institiúidí an riosca sin a bhainistiú. Tá na critéir comhsheasmhach leis na critéir lena sainaitheann na tionscadail bonneagair cáilitheacha a dtugtar láimhseáil fhabhrach dóibh faoin gCreat um Shócmhainneacht II. Tá an láimhseáil atá beartaithe faoi réir ag clásal athbhreithniúcháin d'fhonn mionchoigeartú a dhéanamh ar an bhforáil, más gá, i bhfianaise an tionchair a bheidh aici ar infheistíochtaí bonneagair san Aontas Eorpach agus d'fhonn aon fhorbairt ábhartha ar an leibhéal domhanda a chur san áireamh. Ina theannta sin, leis an togra, beidh sé de chead an fhoráil a leasú ar mhaithe le níos mó solúbthachta maidir le struchtúr maoiniúcháin tionscadal bonneagair, i.e. chun an láimhseáil a leathnú chuig corparáidí bonneagair. Tar éis dul i gcomhairle le hÚBE, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil faoi threochtaí margaidh maidir le hinfeistíochtaí bonneagair agus faoi phróifil riosca iarmhír na n-infeistíochtaí sin agus cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar aon le haon togra iomchuí.

ATHBHREITHNIÚ GHNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA (CRR)

Tá an t-athbhreithniú faoi Airteagal 508(3) ar ghnólachtaí infheistíochta ag an dara céim anois. Sa chéad tuarascáil a foilsíodh i Nollaig 2015, d'aithin ÚBE nach raibh na rialacha faoi CRR a raibh cosúlacht na baincéireacht orthu oiriúnach dá bhfeidhm i gcás fhormhór na ngnólachtaí infheistíochta, cé is moite de na cinn atá níos sistéamaí a bhfuil rioscaí ag baint leo atá cosúil leis na rioscaí a bhaineann le hinstiúidí creidmheasa. Ar iarratas ón gCoimisiún, tá obair anailíse eile agus beart bailithe sonraí ar siúl ag ÚBE d'fhonn láimhseáil caipitil atá níos iomchuí agus níos comhréirí a chur in iúl do ghnólachtaí infheistíochta a chumhdóidh gach paraiméadar de chóras nua a d'fhéadfadh bheith ann. Táthar ag súil go dtabharfaidh ÚBE a ionchur deireanach uaidh don Choimisiún i Meitheamh 2017. Tá sé

d'aidhm ag an gCoimisiún tograí reachtacha lena dtionscnófar creat stuamachta ar leith maidir le gnólachtaí infheistíochta neamhshistéamacha a thíolacadh faoi dheireadh 2017.

Go dtí go nglacfar na tograí sin, meastar gurb iomchuí cead a thabhairt do ghnólachtaí infheistíochta neamhshistéamacha CRR a chur i bhfeidhm, mar a bhí sé, sula dtagann na leasuithe i bhfeidhm. Beidh gnólachtaí infheistíochta neamhshistéamacha faoi réir an leagain leasaithe de CRR. Áiríteoidh sin go gcaithfear le gnólachtaí sistéamacha ar mhodh iomchuí agus go laghdófar an t-ualach rialála ar ghnólachtaí neamhshistéamacha a mbeadh orthu, murach sin, tacar nua rialacha atá ceaptha d'institiúidí creidmheasa agus do ghnólachtaí infheistíochta sistéamacha a chur i bhfeidhm go sealadach i rith na tréimhse sula ndéanfar creat stuamachta na ngnólachtaí infheistíochta a leagfar amach in 2017 a ghlacadh go críochnaitheach.

CREAT LEASAITHE MAIDIR LE RIOSCA RÁTA ÚIS A THABHAIRT ISTEACH (CRR AGUS CRD)

De bharr forbairtí ar leibhéal CBMB maidir le rioscaí ráta úis a thomhas, déantar leasú ar Airteagal 84 agus Airteagal 98 de CRD agus ar Airteagal 448 de CRR d'fhonn creat leasaithe maidir le gabháil rioscaí ráta úis do shuíomhanna leabhair baincéireachta a thabhairt isteach. Áirítear ar na leasuithe sin cur chuige comhchoiteann caighdeánaithe a thabhairt isteach a bhféadfadh institiúidí úsáid a bhaint as chun na rioscaí sin a ghabháil nó a bhféadfadh údaráis inniúla a cheangal ar an institiúid a úsáid nuair nach bhfuil na córais atá forbartha ag an institiúid chun na rioscaí a ghabháil sásúil, agus áirítear ar na leasuithe freisin ceanglais fheabhsaithe tástála asluití agus ceanglais fheabhsaithe maidir le nochtheadh. Ina theannta sin, tugtar sainordú d'ÚBE, in Airteagal 84 de CRD, mionsaothrú a dhéanamh ar shonraí an chur chuige chaighdeánaithe, ar na critéir agus na coinníollacha ar cheart d'institiúidí a leanúint chun rioscaí ráta úis a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú, agus, in Airteagal 98 de CRD, tugtar sainordú dó sainmhíniú a thabhairt ar na sé chás maoirseachta suaite a chuirtear i bhfeidhm ar rátaí úis agus ar an toimhde choiteann nach foláir d'institiúidí a chur chun feidhme don tástáil asluiteach.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i dtaca leis an gcóimheas gearála, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an riosca creidmheasa contrapháirtí, leis an riosca marcaí, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomh-infheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tar éis na géarchéime airgeadais a tháinig chun cinn le linn na mblianta 2007-2008, chuir an tAontas athchóiriú mór chun feidhme ar chreat rialála na seirbhísí airgeadais chun athléimneacht a chuid institiúidí airgeadais a fheabhsú. Bhí an t-athchóiriú sin bunaithe den chuid is mó ar chaighdeán a bhí comhaontaithe go hidirnáisiúnta. Ar na bearta iomadúla a bhí sa phacáiste athchóiriúcháin bhí glacadh Rialachán(AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ agus

¹⁴ IO C , , lch. .

¹⁵ IO C , , lch. .

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷, Rialacháin lenar daingníodh na ceanglais stuamachta maidir le hinstiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta.

- (2) Cé go bhfuil an córas airgeadais níos cobhsaí agus níos athléimní i gcoinne cuid mhór cineálacha suaite agus géarchéime a d'fhéadfadh bheith ann sa todhchaí a bhuí leis an athchóiriú, ní dheachaigh sé sin i ngleic go cuimsitheach fós leis na fadhbanna sainaitheanta ar fad. Cúis thábhachtach leis sin nach raibh a gcuid oibre ar réitigh a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin an tráth sin críochnaithe ag lucht socraithe na gcaighdeán idirnáisiúnta, amhail Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (Coiste Basel) agus an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB). Ós rud é go bhfuil an obair ar athchóirithe tábhachtacha breise críochnaithe anois, ba cheart dul i ngleic leis na fadhbanna atá ann fós.
- (3) I dteachtairacht an 24 Samhain 2015, d'aithin an Coimisiún go raibh gá ann le tuilleadh laghdaithe riosca agus gheall sé go gcuirfeadh sé togra reachtach chun cinn a bheadh bunaithe ar chaighdeán a bhí comhaontaithe go hidirnáisiúnta. Lena chois sin, d'aithin an Chomhairle sna Conclúidí uaithe an 17 Meitheamh 2016 agus d'aithin Parlaimint na hEorpa sa rún uaithi an 10 Márta 2016¹⁸ go raibh gá ann tuilleadh céimeanna reachtacha a thabhairt ó thaobh rioscaí a laghdú.
- (4) Ní hamháin gur cheart go neartódh na bearta laghdaithe riosca athléimneacht an chórais baincéireachta Eorpaigh agus muinín na margaí sa chóras, ach is ar a mbonnsa a dhéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Lena chois sin, ba cheart dearcadh ar na bearta sin ar chúlra na ndúshlán níos leithne atá roimh gheilleagar an Aontais, go háirithe an gá atá ann fás agus poist a chur chun cinn nuair nach mbíonn cinnteacht ó thaobh thochaí an gheilleagair ann. Ina fhianaise sin, seoladh mórthionscnaimh bheartais éagsúla, amhail an Plean Infheistíochta don Eoraip agus Aontas na Margaí Caipitil d'fhonn geilleagar an Aontais a neartú. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go n-idiroibreoidh na bearta laghdaithe riosca ar fad go réidh leis na tionscnaimh bheartais sin uile agus le hathchóirithe níos leithne a rinneadh le déanaí san earnáil airgeadais chomh maith.
- (5) Ba cheart bearta an Rialacháin leasúcháin seo a bheith coibhéiseach le caighdeáin idirnáisiúnta atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta agus ba cheart a áirithiú leis go leanfar den choibhéis idir, ar thaobh amháin, an Rialachán seo agus Treoir 2013/36/CE agus, ar an taobh eile, Creat Basel III. Ba cheart teorainn réime agus ama a bheith leis na coigeartaithe spriocdhírithe a dhéanfar chun bheith ag teacht le sonraíochtaí an Aontais agus le ceistanna beartais níos leithne sa chaoi nach gcuirfear isteach ar fhóntacht fhoriomlán an chreata stuamachta.

¹⁷ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

¹⁸ Féach rún an 10 Márta ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Aontas Baincéireachta – Tuarascáil Bhliantúil 2015, le fáil ag <http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?pubRef=-//EP//TEXT+TA+P8-TA-2016-0093+0+DOC+XML+V0//EN>.

- (6) Ba cheart bearta laghdaithe a riosca atá ann cheana a fheabhsú freisin chun a áirithiú gur féidir iad a chur i bhfeidhm ar chaoi níos comhréirí agus nach gcruthóidh siad ualach comhlíonta rómhór, go háirithe i gcás institiúidí atá níos lú agus nach bhfuil a oiread castachta ag baint leo.
- (7) Cuidíonn cóimheasa gearála cobhsaíocht airgeadais a choimeád trí bheith ina dtacaíocht ag ceanglais chaipitil atá bunaithe ar riosca agus trí srian a chur le gearáil rómhór le linn cora chun feabhais sa gheilleagar. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglas cóimheasa gearála a thabhairt isteach chun córas tuairiscithe agus nochta an chóimheasa gearála a chomhlánú.
- (8) Chun nach gcuirfear srian nach bhfuil gá leis le hiasachtú ó institiúidí do chorpáidí agus do theaghlaigh phríobháideacha agus chun drochthionchar ar leachtacht margaidh nach bhfuil gá leis, ba cheart an ceanglas cóimheasa gearála a shocrú ar leibhéal ar a ngníomhóidh sé mar thacaíocht inchreidte ag an riosca go mbeidh gearáil rómhór ann gan bac a chur ar fhás eacnamaíoch.
- (9) Is é an chonclúid a bhí ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) sa tuarascáil uaidh chuig an gCoimisiún¹⁹ gur feidhm tacaíochta inchreidte a bheadh i gcóimheas gearála caipitil ar Leibhéal 1 arna chalabhrú ag 3% le haghaidh aon chineál institiúide. Lena chois sin, chomhaontaigh Coiste Basel ar leibhéal idirnáisiúnta go mbeadh ceanglas cóimheasa ag 3% ann. Dá bhrí sin, ba cheart an ceanglas cóimheasa gearála a chalabhrú ag 3%.
- (10) Mar sin féin, dá mbeadh ceanglas cóimheasa gearála ag 3% ann, is mó an tsrian a chuirfeadh sin le samhlacha gnó áirithe ná leis an gcuid eile. Go háirithe, d'imreofaí tionchar míréireach ar an iasachtú poiblí a dhéantar ó bhainc forbartha poiblí agus le creidmheasanna onnmhairiúcháin a ráthaítear go hoifigiúil. Dá bhrí sin, ba cheart an cóimheas gearála a choigeartú le haghaidh na gcineálacha sin neamhchosaintí.
- (11) Níor cheart go mbainfí d'éifeacht soláthair seirbhísí imréitigh lárnacha a chuireann na hinstitiúidí ar fáil do chliaint mar gheall ar chóimheas gearála. Dá bhrí sin, níor cheart go mbainfeadh na corrlaigh thosaigh ar idirbhearta arna n-imréiteach go lárnach a fhaigheann institiúidí óna gcliaint agus a chuireann siad ar aghaidh chuig contrapháirtithe lárnacha, níor cheart an beart a eisiamh as an mbeart
- (12) D'athbhreithnigh Coiste Basel an caighdeán idirnáisiúnta an caighdeán idirnáisiúnta maidir leis an gcóimheas gearála chun gnéithe áirithe eile de dhearadh an chóimheasa sin a shonrú. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a ailíniú leis an gcaighdeán athbhreithnithe chun an cothrom iomaíochta idirnáisiúnta le haghaidh institiúidí de chuid an Aontais Eorpach a oibríonn lasmuigh den Aontas a fheabhsú, agus chun a áirithiú go leanfaidh an cóimheas gearála de bheidh ina chomhlánú éifeachtach ag ceanglais riosca-bhunaithe maidir le cistí dílse.

¹⁹ Tuarascáil an 3 Lúnasa 2016 ar an gceanglas cóimheasa gearála [https://www.eba.europa.eu/documents/10180/1360107/EBA-Op-2016-13+\(Leverage+ratio+report\).pdf](https://www.eba.europa.eu/documents/10180/1360107/EBA-Op-2016-13+(Leverage+ratio+report).pdf)

- (13) Tá Coiste Basel ag smaoineamh faoi láthair ar fhorhnuirear cóimheasa gearála a thabhairt isteach le haghaidh bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (G-SIBanna). Ba cheart go dtiocfadh plé ar an gcalabhrú iomchuí ar an gcóimheas gearála le haghaidh institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil tábhacht shistéamach leo as toradh deiridh obair calabraithe Choiste Basel.
- (14) D'fhoilsigh FSB Bileog Téarmaí (caighdeán TLAC) an chumais iomlán ionsúcháin caillteanas (TLAC) agus d'fhorhnuigh G-20 é ag cruinniú mullaigh Shamhain 2015 sa Tuirc. De réir chaighdeán TLAC, ní mór do na bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (G-SIBanna) méid leordhóthanach de dhliteanais ardionsúcháin caillteanais (intarrthála) chun a áirithiú go n-ionsófar na caillteanais agus go ndéanfar athchaipitliú go mín agus go tapúil. Sa teachtaireacht uaidh an 24 Samhain 2015, gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé togra reachtach chun cinn faoi dheireadh 2016, togra lena a bhféadfaí caighdeán TLAC a chur chun feidhme faoin sprioc-am a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, mar atá 2019.
- (15) Nuair a bheifear ag cur TLAC chun feidhme san Aontas, ní mór an t-íoscheanglas atá ann cheana le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICI) a chur san áireamh, íoscheanglas a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰. Ós rud é go bhfuil an t-aon chuspóir amháin ag TLAC agus ICI, mar atá a áirithiú go mbeidh cumas leordhóthanach ionsúcháin caillteanais ag na hinstitiúidí, is gnéithe comhlánaitheacha de chomhchreataid an dá cheanglas. Ó thaobh na hoibríochta, ba cheart íosleibhéal comhchuibhithe TLAC a thabhairt isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le ceanglas nua go mbeidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ann, agus ba cheart an forlíontán gnólacht-sonrach maidir le hinstitiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIIanna) agus an ceanglas gnólacht-sonrach maidir le heintitis nach G-SIIanna iad a thabhairt isteach le leasuithe spriocdhírithé ar Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹. Ba cheart na forálacha ábhartha lena dtugtar isteach caighdeán TLAC sa Rialachán (AE) seo a léamh in éineacht leis na forálacha sa reachtaíochta thuasluaite agus le Treoir 2013/36/AE.
- (16) I gcomhréir le caighdeán TLAC, caighdeán nach gcumhdaíonn ach G-SIBanna, níor cheart feidhm a bheith ag an t-íoscheanglas maidir le méid leordhóthanach de chistí dílse agus de dhliteanais ardionsúcháin caillteanais a thugtar isteach sa Rialachán seo, níor cheart feidhm a bheith aige ach i gcás G-SIIanna. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le dliteanais incháilithe a thugtar isteach sa Rialachán seo

²⁰ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

²¹ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, IO L 225, 30.7.2014, lch. 1.

maidir leis na hinstiúidí uile, i gcomhréir leis na coigeartuithe agus na ceanglais chomhlánaitheacha i dTreoir 2014/59/AE.

- (17) I gcomhréir le caighdeán TLAC, ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe maidir le heintitis réitigh ar G-SII iad féin nó ar cuid de ghrúpa a sainaithníodh mar G-SII iad. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite, ag brath ar cé acu instiúidí neamhspleácha gan aon fhochuideachtaín nó máthairghnóthais iad na heintitis réitigh sin.
- (18) Tá cead tugtha i dTreoir 2014/59/AE uirlisí réitigh a úsáid, ní hamháin i gcás instiúidí ach i gcás cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha. Dá bhrí sin, ba cheart cumas ionsúcháin caillteanais leordhóthanach a bheith ag máthairchuideachtaí sealabhaíochta airgeadais agus máthairuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha ar nós máthairinstiúidí.
- (19) Chun a áirithiú go mbeidh an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe éifeachtach, tá sé rithábachtach go mbeidh ardchumas ionsúcháin caillteanais ag na hionstraimí a shealbhófar chun an ceanglas sin a chomhlíonadh. Níl an cumas sin ag dliteanais atá eisiata ón uirlis tarrthála dá dtagraítear i dTreoir 2014/59/AE agus ní mó na sin atá an cumas sin ag dliteanais eile arbh fhéidir go mbeadh deacrachtaí praiticiúla lena dtarrtháil cé go bhfuil siad intarrthála i bprionsabal. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil na dliteanais sin incháilithe don cheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe. Ar an taobh eile, tá ardchumas ionsúcháin caillteanais ag ionstraimí caipitil, agus ag fodhliteanais chomh maith. Lena chois sin, ba cheart an poitéinseal ionsúcháin caillteanais atá ag dliteanais atá ar an leibhéal *pari passu* le dliteanais eisiata áirithe, ba cheart é a aithint go pointe áirithe, i gcomhréir le caighdeán TLAC.
- (20) Chun nach gcomhairfear dliteanais faoi dhó chun críocha an cheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, ba cheart rialacha a thabhairt isteach le haghaidh asbhaint sealúchas ítimí dliteanas incháilithe amhail an chur chuige asbhainte a forbraíodh cheana i Rialacha (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh ionstraimí caipitil. Faoin gcur chuige sin, ba cheart sealúchais ionstraimí dliteanas incháilithe a asbhaint ar dtús as dliteanais incháilithe agus, a mhéid nach bhfuil aon dliteanais leordhóthanacha ann, ba cheart iad a bhaint as ionstraimí caipitil Leibhéal 2.
- (21) I gcaighdeán TLAC tá roinnt critéir incháilitheachta i leith dliteanas agus tá siad níos déine ná na critéir incháilitheachta i leith iontraimí caipitil atá ann faoi láthair. Chun a áirithiú go mbeidh siad comhsheasmach, ba cheart critéir incháilitheachta i leith ionstraimí caipitil a ailíniú ó thaobh neamh-incháilitheachta ionstraimí arna n-eisiúint le heintitis sainchuspóireacha ón 1 Eanáir 2022 amach.
- (22) Ó glacadh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, rinneadh leasú ar an gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le láimhseáil stuamachta neamhchosaintí instiúidí ar chontrapháirtithe lárnacha chun feabhas a chur ar láimhseáil neamhchosaintí instiúidí ar chontrapháirtithe lárnacha incháilithe. Ar na hathbhreithnithe suntasacha a rinneadh ar an gcaighdeán sin tá úsáid aon mhodha amháin chun an ceanglas cistí dílse maidir

le neamhchosaintí atá dlite de dheasca ranníocaíoctaí cist maineachtana, uasteorainn fhollasach ar na ceanglais cistí dílse foriomlána a chuirtear i bhfeidhm ar neamhchosaintaí ar chontrapháirtithe lárnacha cáilitheacha, agus cur chuige níos íogaire ó thaobh riosca de chun luach díorthach a ghabháil i ríomh acmhainní hipitéiseacha contrapháirtigh lárnaigh cháilithe. San am céanna, fágadh gan athrú láimhseáil neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha neamhcháilitheacha. Ós rud é gur thug na caighdeáin idirnáisiúnta athbhreithnithe isteach láimhseáil a oireann níos fearr don timpeallacht imréitigh lárnach, ba cheart dlí an Aontais a leasú chun na caighdeáin sin a ionchorprú.

- (23) Chun a áirithiú go mbainisteadh na hinstitiúidí a neamhchosaintí go leordhóthanach i bhfoirm aonad nó scaireanna i ngnóthais comh-infheistíochta, ba cheart na rialacha lena leagtar síos láimhseáil na neamhchosaintí sin a bheith íogair ó thaobh riosca de agus ba cheart iad trédhearcacht a chur chun cinn i lithe neamhchosaintí foluiteacha gnótha comh-infheistíochta. Dá bhrí sin, ghlac Coiste Basel caighdeán athbhreithnithe lenar socraíodh ord tosaíochta soiléir de chineálacha cur chuige chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh i gcás na neamhchosaintí sin. Tá an leibhéal trédhearcachta thar na neamhchosaintí foluiteacha léirithe san ord tosaíochta sin. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a ailíniú leis na rialacha sin atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta.
- (24) Agus iad ag ríomh luach neamhchosanta idirbheart díorthach faoin gcreat riosca creidmheasa tá rogha ag na hinstitiúidí idir trí chur chuige chaighdeánaithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: an Modh Caighdeánaithe ('MC'), an Modh um Marcáil ón Margadh ('MMM') agus an Modh Neamhchosanta Bunaidh ('MNB').
- (25) Mar sin féin, ní aithnítear sna trí chur chuige sin go laghdaíonn comhthaobhacht riosca sna neamhchosaintí. Tá a gcalabruithe as dáta agus ní léiríonn siad an t-ardleibhéal luaineachta a braitheadh le linn na géarchéime airgeadais. Ní aithnítear go hiomchuí iontu sochar na glanluachála ach oiread. Chun dul i ngleic leis na heasnamh sin, chinn Coiste Basel cur chuige nua caighdeánaithe chun luach neamhchosanta neamhchosaintí díorthach a ríomh a chur in ionad MC agus MMM, cur chuige darb ainm an Cur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh Riosca Creidmheasa Contrapháirtí ('CCC-RCC'). Ós rud é gur thug na caighdeáin idirnáisiúnta athbhreithnithe isteach cur chuige caighdeánaithe nua a oireann níos fearr don timpeallacht imréitigh lárnach, ba cheart dlí an Aontais a leasú chun na caighdeáin sin a ionchorprú.
- (26) Tá CCC-RCC níos íogaire ó thaobh riosca de ná MC agus MMM agus ba cheart, dá bhrí sin, go dtiocfadh ceanglais cistí dílse as is fearr a léireoidh na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta díorthach na n-institiúidí. San am céanna, tá CCC-RCC níos casta agus na hinstitiúidí á chur chun feidhme. I gcás roinnt de na hinstitiúidí a úsáideann MM faoi láthair, is féidir go mbeidh CC-RCC róchasta agus ródhian ó thaobh na hoibre de chun a chur chun feidhme. Ba cheart leagan simplithe de CCC-RCC a thabhairt isteach do na hinstitiúidí sin. Ós rud é gur lú an íogaireacht ó thaobh riosca de a bheidh ag an leagan simplithe sin ná atá ag CCC-RCC, ba cheart é a chalabhrú chun a áirithiú nach ndéanfar gannmheastachán ar luach neamhchosanta idirbheart díorthach leis.

- (27) I gcás institiúidí ar beag na cosaintí díorthach atá acu agus a úsáideann MNB faoi láthair, is féidir go mbeidh CCC-RCC agus CCC-RCC simplithe araon róchasta chun a gcur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart MNB a choinneáil do na hinstitiúidí sin, ach ba cheart é a athbhreithniú chun dul i ngleic lena phríomheasnamh.
- (28) Chun treoir a thabhairt d'institiúid ar cheann de na cineálacha cur chuige atá ceadaithe a roghnú, ba cheart critéir shoiléire a thabhairt isteach. Ba cheart na critéir sin a bhunú ar an méid gníomhaíochtaí díorthach a dhéanann institiúid, rud a léiríonn an leibhéal soifisticiúlachta ar cheart d'institiúid a bhaint amach chun luach neamhchosanta a ríomh.
- (29) Le linn na géarchéime airgeadais, ba mhór na caillteanais leabhair trádála i gcás roinnt institiúidí a bhí bunaithe san Aontas. I gcás cuid acu, níor leor an leibhéal caipitil a raibh sé de cheangal acu a bheith acu chun na caillteanais sin a fhritháireamh. Ar na cúiseanna sin, chuir Coiste Basel deireadh le roinnt laigí sa láimhseáil stuamachta le haghaidh suíomhanna leabhair trádála, mar atá na ceanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh.
- (30) In 2009, tugadh an chéad tacar athchóirithe chun críche ar an leibhéal idirnáisiúnta agus trasúidh iad isteach i ndlí an Aontais le Treoir 2010/76/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²².
- (31) Mar sin féin, ní dheachaigh athchóiriú 2009 i ngleic leis na laigí struchtúracha sna ceanglais cistí dílse maidir le caighdeán riosca margaidh. Mar gheall ar an easpa soiléir ó thaobh na teorann idir na leabhair thrádála agus na leabhair bhaincéireachta, bhí deiseanna ann arbatráiste rialála a dhéanamh, ach, mar gheall ar easpa íogaireachta na ceanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh, níorbh fhéidir raon iomlán na rioscaí ar a bhfuil institiúidí neamhchosanta a ghabháil.
- (32) Dá bhrí sin, thionscain Coiste Basel An Bun-athbhreithniú ar an leabhar trádála (BLT) chun dul i ngleic leis na laigí sin. Críochnaíodh an obair sin in Eanáir 2016. Cuireann caighdeán BLT leis an íogaireacht ó thaobh riosca de atá ag an gcreat riosca margaidh trí mhéid de cheanglais cistí dílse a shocrú atá níos comhréirí le rioscaí suíomhanna leabhair trádála agus soiléiríonn siad an sainmhíniú ar an teorainn idir leabhair bhaincéireachta agus leabhair thrádála.
- (33) Ní mór dea-fheidhmiú na margaí airgeadais san Aontas a choimeád agus caighdeán BLT á gcur chun feidhme. Léiríonn staidéir tionchair a rinneadh le déanaí ar chaighdeán BLT go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh ardú gear sa cheanglas cistí dílse foriomlán maidir le rioscaí margaidh as cur chun feidhme chaighdeán BLT. Dá bhrí sin, chun nach mbeidh cúngú tobann ar chuideachtaí trádála san Aontas, ba cheart tréimhse céimniúcháin a thabhairt isteach sa chaoi gur féidir leis na hinstitiúidí an leibhéal foriomlán ceanglas cistí dílse maidir le rioscaí margaidh a ghinfidh trasuí

²² Treoir 2010/76/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leasaítear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE i dtaca le ceanglais chaipitil maidir leis an leabhar trádála agus athrúisuithe agus i dtaca leis an athbhreithniú maoirseachta ar bheartais aisíocaíochta (IO L 329, 14.12.2010, lch 3).

caighdeáin BLT san Aontas a aithint. Lena chois sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar sonraíochtaí trádála Eorpacha agus ar choigeartuithe ar cheanglais cistí dílse maidir le bannaí ceannasacha agus bannaí faoi chumhdach, agus urrúsuithe simplí trédhearcacha caighdeánaithe.

- (34) Ba cheart láimhseáil chomhréireach le haghaidh rioscaí margaidh a bheith i bhfeidhm freisin maidir le hinstitiúidí ag a bhfuil gníomhaíochtaí leabhair trádála teoranta, sa chaoi gur féidir le tuilleadh institiúidí ag a bhfuil gníomhaíochtaí beaga trádála an creat riosca creidmheasa a chur i bhfeidhm i gcás suíomhanna leabhair baincéireachta mar a leagtar amach faoi leagan athbhreithnithe den mhaolú le haghaidh gnó beag leabhair trádála. Ina theannta sin, ba cheart cead a thabhairt d'institiúidí ag a bhfuil leabhar trádála meánmhéide úsáid a bhaint as cur chuige caighdeánaithe simplithe chun na ceanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige atá in úsáis faoi láthair faoi Rialachán (AE) 575/2013).
- (35) Ba cheart an creat neamhchosaintí móra a dhaingniú chun gur fearr a bheidh institiúidí in ann caillteanais a ionsú agus caighdeáin idir náisiúnta a chomhlíonadh níos fearr. Chun na críche sin, ba cheart cáilíocht níos fearr caipitil a úsáid mar bhonn caipitil chun an teorainn le neamhchosaintí móra agus ar neamhchosaintí ar dhíorthaigh creidmheasa a ríomh le CCC-RCC. Ar a bharr sin, ba cheart an teorainn le neamhchosaintí a fhéadfaidh G-SIBanna a bheidh acue ar G-SIBanna eile a íslíú chun rioscaí sistéamacha a laghdú a bhaineann le hidirnáisc idir institiúidí móra agus leis an tionchar a fhéadfaidh contrapháirtí G-SIBanna ar an gcobhsaíocht airgeadais.
- (36) Cé go n-áirithíonn an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht (LCR) go mbeidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamaí in ann strus dian a sheasamh go gearrthéarmach, ní áirithíonn sé go mbeidh struchtúr maoinithe cobhsaí ag na hinstitiúidí sin agus na gnólachtaí infheistíochta sin nuair a bheidh tréimhse níos faide i gceist. D'éirigh sé soiléir ansin gur cheart ceanglas maoiniúcháin chobhsaí ceangailtí mionsonraithe a fhorbairt ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus gur cheart é a chomhlíonadh i gcónaí chun nach mbeidh mímhéaitseálacha aibíochta ró-thromchúiseacha idir sócmhainní agus dliteanais agus chun nach mbeifear ag brath go rómhór ar mhaoiniú mórdhiola gearrthéarmach.
- (37) Chun bheith comhsheasmhach le caighdeáin mhaoinithe Choiste Basel, ba cheart, mar sin, rialacha a ghlacadh chun an ceanglas maoiniúcháin chobhsaí a shainmhíniú mar chóimheas idir an méid maoiniúcháin chobhsaí atá ar fáil ag institiúid agus an méid maoiniúcháin chobhsaí de réir an cheanglais atá aici ar feadh bliana. Is é sin an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí ceangailteach ('CGC'). Ba cheart méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a ríomh trí dhliteanais agus caipiteal rialála na hinstitiúide a iolrú faoi fhachtóirí iomchuí a léiríonn a leibhéal iontaofachta le linn tréimhse aon bhliana CGC. Ba cheart méid an chistiúcháin cheangailteach atá ar fáil a ríomh trí shócmhainní agus neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe na hinstitiúide a iolrú faoi fhachtóirí iomchuí a léiríonn a dtréithe leachtachta agus a n-aibíochtaí iarmhair le linn tréimhse aon bhliana CGC.
- (38) Ba cheart CGC a shloinneadh mar chéatadán agus a shocrú ar íosleibhéal 100%, rud a thugann le fios go sealbhaíonn institiúid maoiniú cobhsaí leordhóthanach chun a

riachtanais maoiniúcháin a riar le linn tréimhse aon bhliana faoi ghnáthdhálaí agus faoi strus. Má thiteann a CGC faoi bhun 100%, ba cheart don institiúid na ceanglais shonracha a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 414 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun go dtabharfar a CGC ar ais go dtí an t-íosleibhéal go tráthúil. Níor cheart na bearta maoirseachta i gcás neamh-chomhlíonadh a bheith uathoibríoch; ina ionad sin, ba cheart d'údaráis inniúla na cúiseanna atá le an neamh-chomhlíonadh cheanglas CGC a mheas sula saineoidh siad bearta maoirseachta.

- (39) I gcomhréir leis na moltaí a rinne ÚBE sa tuarascáil a chuir sé uaidh an 15 Nollaig 2015 agus a ullmhaíodh de bhun mhír 1 agus mhír 2 d'Airteagal 510 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart na rialacha maidir le CGC a ríomh a ailíniú go dlúth le caighdeáin Choiste Basel, lena n-áirítear forbairtí sna caighdeáin sin i ndáil le láimhseáil idirbheart díorthach. Ós rud é gur gá roinnt sonraíochtaí Eorpacha a chur san áireamh chun a áirithiú nach mbeidh CGC ina chonstaic roimh mhaoiniú fhíorgheilleagar na hEorpa, áfach, tá údar maith ann roinnt coigeartaithe ar CGC Basel a ghlacadh chun CGC na hEorpa a shainiú. Tá na coigeartuithe sin a thagann as an gcomhthéacs Eorpach molta sa tuarascáil ar CGC a d'ullmhaigh ÚBE agus baineann siad den chuid is mó le láimhseáil shonrach le haghaidh i) samhlacha faoi bhealach go ginearálta agus eisiúint bannaí cumhdaithe go háirithe; ii) gníomhaíochtaí maoinithe trádála; iii) coigilteas rialáilte lárnach iv) iascachtaí ráthaithe iarmhair agus v) comhair chreidmheasa. Léiríonn an láimhseáil shonrach sin atá molta an láimhseáil a thugtar do na gníomhaíochtaí sin i LCR na hEorpa, láimhseáil atá fabhrach i dtaca le láimhseáil LCR Basel. Ós rud é go gcomhlánaíonn CGC an LCR, ba cheart go deimhin an dá chóimheas sin a bheith comhsheasmhach le chéile ó thaobh sainiú agus calabrú de. Is fíor sin go háirithe i gcás fachtóirí cistiúcháin chobhsaí a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní leachtachta ardcháilíochta LCR chun CGC a ríomh a léireoidh na sainithe agus na caolchorráligh atá i LCR na hEorpa, beag beann ar chomhlíonadh na ceanglais ghinearálta agus oibríochtúla sin atá leagtha amach do ríomh an LCR agus nach bhfuil iomchuí i dteorainn ama aon bhliana ríomh CGC.
- (40) Lasmuigh de na sonraíochtaí Eorpacha, b'fhéidir go mbeadh tionchar mór ag láimhseáil dhian idirbheart díorthach i CGC Basel ar ghníomhaíochtaí díorthach institiúidí agus, mar gheall air sin, ar mhargaí airgeadais na heorpa agus ar rochtain ar roinnt oibríochtaí d'úsáideoirí deiridh. B'fhéidir go mbeadh tionchar míchuí míréireach ag tabhairt isteach CGC Basel idirbhearta díorthach agus ar roinnt idirbheart idirnasctha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí imréitigh mura ndéanfaí staidéir thionchair chainníochtúla leitheadacha agus comhairliúchán poiblí maidir leis an tabhairt isteach sin. Meastar go hanleiththeadach gur beart garbh é an ceanglas breise gur gá 20 de mhaoiniú cobhsaí a shealbhú i gcoinne dliteanais díorthach comhlána agus go bhfuil sé bunaithe ar rómheastachán ar na rioscaí maoiniúcháin breise a bhaineann leis an méadú is féidir a bheidh ann ar dhliteanais díorthach le linn aon bhliana. Dá bhrí sin, is cosúil go mbeadh sé réasúnta beart malartach a bheadh ní b'íogaire ó thaobh riosca de a ghlacadh sa chaoi nach gcuirfí constaic roimh dhea-fheidhmiú mhargaí airgeadais na hEorpa agus roimh sholáthar uirlisí fálaith riosca d'institiúidí agus d'úsáideoirí deiridh, corparáidí san áireamh, chun a maoiniú a áirithiú mar chuspóir de chuid Aontas na Margaí Caipitil.

I gcás idirbhearta díorthach nach bhfuil faoi chumhdach corrlaigh, a bhfuil na rioscaí cistiúchain tochaíocha ag brath ar roinnt tarluithe dothuartha, amhail eachtraí thucaide rátála nuair is gá comhthaobhacht a bhreacadh, agus ar fearr is féidir iad a neasú lena luach margaidh arb é an méid cistiúcháin ba ghá i gcás ceann de na tarluithe sin, ba cheart fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh ('CCC') 10% a bheith i bhfeidhm ar a ndliteanais díorthach comhlána. Is cosúil go deimhin go bhfuil fachtóir CCC 20% an-choimeádach. I gcás idirbhearta díorthach faoi chumhdach, tugtar isteach rogha d'institiúidí a úsáideann CCC-RCC, mar atá, an fachtóir CCC 20% mar atá luaite i gcaighdeán Basel a chur i bhfeidhm nó a neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch ('NFT') arna ríomh faoi CCC-RCC. Tá punanna díorthach an-bheag ag institiúidí nach n-úsáideann CCC-RCC agus ba cheart iad a dhíolmhú ón gceanglas sin. Tá an cur chuige sin níos íogaire ó thaobh riosca de agus, ós rud é go bhfuil sé ceaptha le haghaidh riosca creidmheasa contrapháirtí agus lchun an cóimheas giarála a ríomh, níor cheart go mbeadh an ríomh sin ina ualach breise ar institiúidí.

- (41) Láimhseáil Basel, atá neamhshiméadrach idir cistiú gearrthéarmach, amhail *repos* (nach dtugann aitheantas do chistiú cobhsaí) agus iasachtú gearrthéarmach, amhail *repos* droim ar ais (roinnt cistiúcháin chobhsaí ceangailteach – 10% má chomhthaobhaítear é le sócmhainní leachtachta archáilíochta ar Leibhéal 1 - (SLAL) - de réir an tsainmhíneithe sa LCR agus 15% i gcás idirbhearta eile) le cliaint airgeadais, tá an láimhseáil sin dírithe ar naisc chistiúcháin ghearrthéarmaigh fhairsinge a dhíspreagadh idir cliaint airgeadais ar foinse idirnasctha iad agus déanann sí níos deacra é institiúid áirithe a réiteach gan tógáil riosca a bheith ar an gcuid eile din chóras airgeadais má bhíonn cliseadh ann. Mar sin féin, tá calabhrú na neamhshiméadrachta róchoimeádach agus is féidir go ndéanfaidh sé difear do leachtacht urrús a úsáidtear de ghnáth mar chomhthaobhacht in idirbhearta gearrthéarmacha, i mbannaí ceannasacha áirithe, mar gur dócha go laghdóidh institiúidí méid a n-oibríochtaí ar mhargaí *repos*. Is féidir freisin go mbainfidh sé d'éifeacht gníomhaíochtaí déanta margaidh, mar go n-éascaíonn margaí *repos* bainistiú an fhardail is gá, rud a thiocfadh salach ar chuspóirí Aontas na Margaí Caipitil. Lena chois sin, ba dheacra, mar gheall air sin, na hurrúis sin a athrú ina n-airgead tirim go tapúil ar phraghas maith, rud a chuirfeadh éifeachtacht an LCR i gcontúirt arb é an loighic atá leis maolán a bheith aige de shócmhainní leachtacha a bheith aige ar furasta iad a athrú ina n-áirgead tirim i gcás strus leachtachta. Sa deireadh, is féidir go ndéanfaidh calabhrú na neamhshiméadrachta sin leachtacht na margaí cistiúcháin idir bainc, go háirithe chun críocha bainistithe leachtachta, mar go n-éireoidh sé níos daoire do bhainc iascachtaí a thabhairt dá chéile go gearrthéarmach. Ba cheart an láimhseáil neamhshiméadrach a choinneáil ar bun ach fachtóirí CCC a laghdú go 5% agus 10% faoi seach (in ionad 10% agus 15%).
- (42) Le cois chalabhrú fhachtóir CCC Basel atá i bhfeidhm ar idirbhearta gearrthéarmacha *repos* droim ar ais le cliaint airgeadais a urrúsaítear le bannaí ceannasach (fachtóir CCC%% in ionad 10%), léiríodh gur gá roinnt coigeartuithe eile a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfidh tabhairt isteach CGC Basel ar leachtacht margaí bannaí ceannasacha. Fachtóir CCC Basel 5% atá i bhfeidhm ar Leibhéal 1 SLAL, lena n-airítear bannaí ceannasacha, ba ghá d'institiúidí chun a úsáid cistiú fadtéarmach neamhurrúsaithe a bheidh ar fáil gan mhoill ag an gcéatadán sin a shealbhú, is cuma

cén fad a bhfuil siad ag súil na bannaí ceannasacha a shealbhú lena linn. B'fhéidir gur dreasú breise a bheidh ansin d'institiúidí airgead tirim a thaisceadh i mbainc lárnacha seachas gníomhú mar phrímhhdhéalálaithe agus leachtacht a sholáthar i mbannaí margaidh ceannasacha. Lena chois sin, níl sé comhsheasmhach leis an LCR a aithníonn leachtacht iomlán na sócmhainní sin, fiú nuair a bhíonn dianstrus leachtachta ann (caolchorrlach 0%). Ba cheart, mar sin fachtóir CCC SLAL Leibhéal 1 de réir an tsainmhínthe i LCR an Aontais Eorpaigh, lasmuigh de bhannaí cumhdaithe an-ardcháilíochta, a laghdú ó 5% go 0%

- (43) Ar a bharr sin, ba cheart CCC SLAL Leibhéal 1 uile, de réir an tsainmhínthe i LCR an Aontais Eorpaigh, lasmuigh de bhannaí cumhdaithe an-ardcháilíochta, a fhaightear mar chorrlaigh athrúcháin i gconarthaí díorthach, sócmhainní díorthach a fhritháireamh cé nach nglacann Basel airgead tirim ach má comhlíonann sé conníollacha an chreata gearála chun sócmhainní díorthach a fhritháireamh. Cuirfidh an aithint níos leithne sin ar shócmhainní a fhaightear mar chorrlaigh athrúcháin le leachtach margaí bannaí ceannasacha, seachnófar léi pionósú úsáideoirí deiridh a shealbhaíonn méideanna móra de bhannaí ceannasacha ach beagán bannaí airgid tirim (ar nós cistí pinsin) agus seachnófar leis teannas breise sa éileamh ar airgead tirim i margaí *repos*.
- (44) Ba cheart CGC a bheith i bhfeidhm ar institiúidí ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhúite araon, mura dtarscaoilfidh údaráis inniúla cur i bhfeidhm CGC ar bhonn aonair. Is dúbláil é sin ar raon feidhme an LCR a chomhlánaíonn CGC. Murar tarscaoileadh cur i bhfeidhm CGC ar bhonn aonair, ba cheart, i bprionsabal, idirbhearta idir dhá institiúid in aon ghrúpa amháin nó atá san aon scéim cosanta institiúidí amháin fachtóirí siméadracha ceangailteach atá ar fáil a fháil chun nach mbeidh caillteanas cistiúcháin ann sa mhargadh aonair agus nach gcuirfear bac ar bhainistiú éifeachtach leachtachta i ngrúpaí Eorpacha ina mbainistítear leachtacht go lárnach. Níor cheart an láimhseáil shiméadrach fhabhrach sin a thabhairt ach i gcás idirbhearta laistigh de ghrúpa nuair a bheidh na cosaintí uile is gá ar bun, ar bhonn critéir bhreise i gcás idirbhearta trasteorann, agus níor cheart sin a dhéanamh ach má d'fhaomhaigh na húdaráis inniúla lena mbaineann é mar nach féidir glacadh leis go bhfaighidh institiúidí ar deacair dóibh a n-oibleagáidí íocaíochta a chomhlíonadh tacaíocht chistiúcháin i gcónaí ó ghnóthais eile sa ghrúpa céanna leo nó sa scéim cosanta institiúidí céanna leo.
- (45) Ba cheart na ceaglais cistiúcháin chobhsaí is infheidhme i dtríú tíortha a bheith san áireamh i gcomhdhlúthú fochuideachtaí sna tíortha sin. Dá réir sin, níor cheart láimhseáil a thabhairt isteach le haghaidh cistiú ar fáil agus riachtanach i bhfochuideachtaí tríú tír le rialacha comhdhlúthaithe san Aontas a bheadh ní b'fhabhraí ná an láimhseáil atá le fáil faoi dhlí náisiúnta na dtríú tíortha sin.
- (46) I gomhréir le hAirteagal 08(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tá an Coimisiún le tuairisciú ar chóras iomchuí le haghaidh maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus togra reachtach a chur isteach más iomchuí. Go dtí go dtiocfaidh an fhoráil sin i bhfeidhm, ba cheart gnólachtaí infheistíochta seachas gnólachtaí infheistíochta sistéamaí a bheith faoi réir dlí náisiúnta Ballstát maidir leis an gceanglas

ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí. Mar sin féin, ba cheart gnólachtaí infheistíochta seachas gnólachtaí infheistíochta sistéamaí a bheidh faoi réir CGC atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn comhdhlúite, má tá siad ina gcuid de ghrúpaí baincéireachta, chun gur féidir CGC a ríomh ar leibhéal comhdhlúite.

- (47) Ba cheart é a bheith de cheangal ar na hinstitiúidí tuairisciú chuig a n-údaráis inniúla san airgeadra tuairisciúcháin faoin CGC ceangailteach le haghaidh na n-ítimí uile agus, ar leithligh, le haghaidh itimí arna n-ainmniú i ngach airgeadra suntasacha chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht iomchuí ar mhímheaitseálacha féideartha airgeadraí. Níor cheart an CGC aon cheanglais tuairisciúcháin dhúbailte aon cheanglais nach bhfuil i gcomhréir leis na rialacha i bhfeidhm a chur ar na hinstitiúidí agus ba cheart go leor ama a thabhairt do na hinstitiúidí chun iad féin a ullmhú le haghaidh teacht i bhfeidhm ceanglais tuairiscithe nua.
- (48) Ós rud é gur bunphrionsabal aon chórais baincéireachta fhóna é soláthar faisnéise fiúntaí inchomparáide ar chomhmhéadracht phríomhriosca, tá sé ríthábhachtach an neamhshiméadracht faisnéise a laghdú a mhéid is féidir agus in inchomparáideacht idir próifílí riosca institiúidí creidmheasa laistigh de dhlínse agus ó dhlínse go dlínse; d'foilsigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht caighdeáin athbhreithnithe Cholún 3 ar nochtadh in Eanáir 2015 chun inchomparáideacht, cáilíocht agus comhsheasmhacht nochtadh rialála na n-institiúidí don mhargadh. Dá bhrí sin, is iomchuí na ceanglais nochtata atá ann faoi láthair a leasú chun na caighdeáin nua sin a chur chun feidhme.
- (49) Dar le freagrachtaí ar Ghlaó an Choimisiún ar Fhianaise ar chreat rialála seirbhísí airgeadais an Aontais Eorpaigh, tá na ceanglais nochtata atá ann faoi láthair míréireach agus tá siad ródhiaid ó thaobh na hoibre de d'institiúidí níos lú. Gan dochar do nochtadh a ailíniú níos dlúithe le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart é a bheith de cheangal ar institiúidí níos lú nach bhfuil chomh casta sin nochtadh a dhéanamh níos annaimhe agus gan oiread sin mionsonraí a bheith sa nochtadh ná i gcás a gcomhaltáí atá níos mó, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin atá orthu.
- (50) Ba cheart roinnt soiléirithe a dhéanamh maidir le nochtadh aisíocaíochta. Ar a bharr sin, na hinstitiúidí a fuair maolú ar rialacha aisíocaíochta áirithe, ba cheart é a bheith de cheanglas orthu faisnéis a nochtadh ar an maolú sin.
- (51) Is féidir go dtiocfaidh méadú mór ar chóimheasa caipitil institiúidí as cur i bhfeidhm an chaillteanais soláthair creidmheasa ionchasaigh arna thabhairt isteach leis na caighdeáin cuntasáíochta idirnáisiúnta athbhreithnithe maidir le hionstraimí airgeadais. Ba cheart an soláthar carnach le haghaidh riosca creidmheasa atá sna caighdeáin cuntasáíochta idirnáisiúnta athbhreithnithe maidir le hionstraimí airgeadais a thabhairt isteach de réir a chéile le linn an phlé ar láimhseáil stuamachta iomchuí an tionchair a bheidh ag méadú ar chaillteanais creidmheasa ionchasacha agus nach n-imreofar drochthionchar nach bhfuil gá leis ar iasachtú ó institiúidí creidmheasa.
- (52) Is ceann amháin de cholúin taca gheilleagar an Aontais iad fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) mar gheall ar an ról bunúsach atá acu i leith fás eacnamaíoch a chruthú agus fostaíocht a sholáthar. Ós rud é go n-iompraíonn

FBManna riosca sistéamach níos lú ná corparáidí eile, ba cheart ceanglais chaipitil ar FBManna níos lú ná ceanglais chaipitil ar chorparáidí móra chun a áirithiú go gcisteofar na bainc na FBManna chomh mór agus is féidir. Faoi láthair, tá neamhchosaintí FBManna suas le EUR 1,5 milliún faoi réir laghdú 23,81% i méid atá ualaithe de réir riosca. Ós rud é nach léiríonn an tairseach sin EUR 1,5 milliún do neamhchosaint FBManna athrú ar an riosca a bhaineann le FBM, ba cheart an laghdú ar cheanglais chaipitil a leathnú go gcumhdóidh sé neamhchosaintí FBManna os cionn EUR 1,5 milliún agus ba cheart laghdú 15% ar mhéid neamhchosanta ualaithe de réir riosca a bheith sa mhéid os cionn na tairsí sin.

- (53) Tá infheistíochtaí sa bhonneagar rithábhachtach chun iomaíocht na hEorpa a neartú agus chun cruthú post a spreagadh. Tá téarnamh gheilleagar an Aontais agus an fás a thiochfaidh air amach anseo ag brath cuid mhór ar chaipiteal a bheith ar fáil le haghaidh infheistíochtaí straitéiseach ar an mbonneagar atá suntasach ar scála Eorpach, lena n-áirítear líonraí leathanbhanda agus fuinnimh chomh maith leis an mbonneagar iompair, go háirithe i láir thionscaíochta. oideachas, taighde agus nuálaíocht; fuinneamh in-athnuaite agus tíosacht ar fhuinneamh. Tá an Plean Infheistíochta don Eoraip dírithe ar chistiú breise a spreagadh le haghaidh tionscadail bonneagair atá inmharthana trí, inter alia, foinsí príobháideacha cistiúcháin breise a chur i gcúrsaíocht. Is an t-ábhar imní atá ag roinnt infheisteoirí ionchasacha go síltear nach bhfuil tionscadail inmharthana ann agus gur beag an cumas atá ann riosca a mheas mar is ceart mar gheall ar iad a bheith casta ó nádúr.
- (54) Dá bhrí sin, chun infheistíochtaí príobháideach i dtionscadail bonneagair a spreagadh, ta se rithábhachtach timpeallacht rialála a leagan síos lenar féidir tionscadail bonneagair ardcháilíochta a chur chun cinn agus rioscaí d'infheisteoirí a laghdú. Go háirithe, ba cheart na muirir chaipitil ar neamhchosaintí ar thionscadail bhonneagair a laghdú ar choinníoll go gcomhlíonann siad tacar critéar lenar féidir a bpróifil riosca a laghdú agus intuarthacht na sreabh airgid thirim a fheabhsú. Ba cheart don Choimisiún an fhoráil a athbhreithniú faoin [trí bliana i ndiaidh an teacht i bhfeidhm] chun measúnú a dhéanamh ar a) tionchar na forála ar an méid infheistíochtaí bonneagair a rinne institiúidí agus cáilíocht na n-infheistíochtaí i dtaca leis gcuspóir atá ag an Aontas Eorpach athrú go gilleagar ísealcharbóin a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide de agus ciorclach. agus b) a leordhóthanaí atá an fhoráil ó thaobh stuamachta de. Lena chois sin, ba cheart don Choimisiún a fhiafraí de féin ar cheart an raon a leathnú go gcumhdóidh sé infheistíochtaí bonneagair a dhéanann corparáidí.
- (55) Tá ceanglas in Airteagal 508(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² nach mór don Choimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le córas iomchuí le haghaidh maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus ar ghnólachtaí dá dtagraítear i bpointí (2)(b) agus(c) d'Airteagal 4(1) den Rialachán sin, agus, ina dhiaidh sin, más iomchuí, togra reachtach a chur chun cinn. Féadfar ceanglais nua ar na gnólachtaí sin a thabhairt isteach leis an Rialachán sin. Chun comhréireacht a áirithiú agus chun nach ndéanfar athruithe rialála na bhfuil gá leo agus a dhéanann an rud céanna arís agus a rís, ba cheart, mar sin, an dualgas a bhaint de ghnólachtaí infheistíochta nach bhfuil sistéamach na forálacha nua a chomhlíonadh atá sa leasú ar Rialachán (AE)

Uimh. 575/2013. Mar sin féin, ba cheart na ceanglais chéanna a chur ar ghnólachtaí infheistíochta lena mbaineann an riosca sistéamach céanna a bhaineann le hinstiúidí creidmheasa agus atá ar instiúidí creidmheasa.

- (56) Ós rud é go dtiocfaidh neartú ar an maoirseacht ar ghrúpaí as daingniú an chreata rialála stuamachta agus as bunú an Aontais Baincéireachta, ba mhaith an rud é dá leanfaí de mhéadú ar an sochar a bhaineann instiúidí as tairbhí an mhargaidh aonair, lena n-áirítear tairbhí a bhaineann lena áirithiú go mbainisteofar acmhainní caipitil agus leachtachta go héifeachtúil ar fud an ghrúpa. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a thabhairt do ghrúpaí trasteorann cur i bhfeidhm ceanglas a tharscaoileadh ar bhonn aonair i gcás fochuideachtaí nó máthairchuideachtaí, ar choinníoll go mbeidh cosaintí leordhóthanacha ann chun a áirithiú gur leor an caipiteal agus an leachtacht a bheidh ar fáil ag eintiteas faoi réir an tarscaoilte. Má bhaintear na cosaintí uile amach, is faoin údarás inniúil a bheidh sé a chinneadh an dtabharfaidh sé an tarscaoileadh sin. Ba cheart údar iomchuí a bheith le cinntí na n-údarás inniúil.
- (57) Chun gur fusa do na hinstiúidí na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoir 36/2013/AE, agus leis na caighdeáin rialála teicniúil, na rialacha teicniúla cur chun feidhme, na treoirlínte agus na teimpléid arna nglacadh chun na rialacha sin a chur chun feidhme chomh maith, ba cheart d'ÚTE uirlis TF a fhorbairt a bheidh dírithe ar instiúidí a stiúradh trí na forálacha ábhartha, na caighdeáin agus na teimpléid de réir a mhéad atá siad agus de réir a samhla gnó.
- (58) Chun gur fusa nochtheadh a chur i gcomparáid le nochtheadh eile, ba cheart sainordú a thabhairt d'ÚBE teimpléid chaighdeánaithe nochta a fhorbairt lena gcumhdófaí na ceanglais nochta shubstaintiúla uile a leagtar amach i Rialachán (AE) 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Agus é ag forbairt na gcaighdeán sin, ba cheart d'ÚBE méid agus castacht na n-instiúidí chomh maith le nádúr agus leibhéal an riosca a bhaineann lena ngníomhaíochtaí.
- (59) Chun a áirithiú go sainmhíneofar go hiomchuí roinnt forálacha sonracha de Rialachán (AE) 575/2013 agus chun go gcuirfear san áireamh forbairtí féideartha áirithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún i leith an liosta de na táirgí nó na seirbhísí ar féidir a mheas go bhfuil a sóchmhainní agus a ndlíteanais idirspiléach agus i leith na sainmhínithe ar láimhseáil dlíteanas, ar iasachtú urrúsaithe agus idirbheart faoi thionchar an mhargaidh agus ar idirbhearta neamhurrúsaithe a mhaireann níos lú ná sé mhí le cliaint airteadais chun an CGC a ríomh.
- (60) Ba cheart don Choimisiún caighdeáin rialála teicniúla a ghlacadh a d'fhorbair ÚBE i réimsí a cheanglas cistí dílse maidir le riosca margaidh le haghaidh suíomhanna leabhair neamhthrádála, ionstraimí atá cosanta ar rioscaí seachtracha iarmhair, na léime go ríomh mainneachtana, an cheada samhlaacha inmheánacha a úsáid le haghaidh fachtóirí riosca neamh-insamhlaithe agus an riosca mainneachtana sa chur chuige samhla inmheánaí le haghaidh riosca margaidh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go dtí 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010. Tá sé ríthábhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun

comhairliúchán iomchuí le linn a chuid ullmhúchán, comhairliúcháin le saineolaithe san áireamh. Ba cheart don Choimisiún agus d'ÚBE a áirithiú go bhféadfaidh na hinstiúidí go léir lena mbaineann na caighdeáin agus na ceanglais sin a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht na n-instiúidí sin agus a ngníomhaíochtaí.

- (61) Chun críocha rialacha maidir le neamhchosaintí móra a chur i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún a shonrú, trí ghníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cé hiad na cásanna ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir le grúpa de chliaint nasctha a bheith ann agus conas luach na neamhchosaintí a thagann as conarthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus luach dliteanas creidmheasa nach ndeachthas go díreach le cliaint ach a fhorluíonn ionstraim fiach nó gnáthscaireanna arna eisiúint ag an gcliant a ríomh agus na cásanna agus an teorainn ama ina bhféadfaí údarais inniúla sárú ar an teorainn neamhchosanta a cheadú. Lena chois sin, ba cheart don Choimisiún caighdeán rialála teicniúil a eisiúint chun formáid agus minicíocht na tuairiscithe a bhaineann le neamhchosaintí móra a shonrú, chomh maith leis na critéir lena shainaithneofar scáthbhainc dá dtagraíonn oibleagáidí maidir le neamhchosaintí móra.
- (62) Maidir le riosca creidmheasa contrapháirtí, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún i dtaca le sainmhíniú gnéithe a bhaineann le príomhspreagaí riosca idirbheart, leis an deilte mhaoirseachta agus le forlíontán chatagóir an riosca tráchtearraí.
- (63) Sula nglacfar gníomhartha i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sé ríbhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú in ullmhú gníomhartha tarmligthe, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile san am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus tá rochtain ag a saineolaithe go córasach ar chruinnithe de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a dhéileálann le hullmhú gníomhartha tarmligthe.
- (64) Chun dul i ngleic níos éifeachtaí le forbairtí a thiocfaidh le himeacht ama i gcaighdeáin nochta ar leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ba cheart sainordú a bheith ag an gCoimisiún na ceanglais nochta a leagtar amach i Rialachán (AE) 575/2013 trí bhíthin gníomh tarmligthe.
- (65) Ba cheart d'ÚBE tuairisciú ar cén áit is féidir feabhas a chur ar chomhréireacht phacaíste tuairisciúcháin an Aontais ó thaobh raoin, gráinneachta nó minicíochta de.
- (66) Chun críocha ceanglais cistí dílse a chur i bhfeidhm le haghaidh neamhchosaintí i bhfoirm aonaid nó scaireanna i CIUanna, ba cheart don Choimisiún a shonrú, trí chaighdeán rialála teicniúil a ghlacadh, conas a ríomhfaidh instiúidí an méid

neamhchosanta atá ualathe de réir riosca faoin gcur chuige bunaithe ar shainordú i gcás nach mbeidh fáil ar aon cheann de na hiochuir is gá don ríomh.

- (67) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana a dhaingniú agus a athscagadh lena n-áirithítear ceanglais stuamachta atá i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ar fud an Aontais, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur féidir, mar gheall ar a fhairsinge agus ar a éifeachtaí, na cuspóirí sin a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (68) I bhfianaise na leasuithe ar láimhseáil neamhchosaintí ar contraphairtithe lárnacha cáilitheacha, go sonrach na leasuithe ar láimhseáil ranníocaíochtaí institiúidí le cistí mainneachtana contraphairtithe lárnacha cáilitheacha, ba cheart leasú a dhéanamh freisin ar na forálacha ábhartha i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a tugadh isteach sa Rialachán sin le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ina leagtar amach go mionsonraithe ríomh caipitil hipitéisigh contraphairtithe lárnacha cáilitheacha a úsáideann na hinstiúidí ansin chun a gceanglais cistí dílse a ríomh.
- (69) Ba cheart forálacha áirithe maidir le ceanglais nua ar chistí dílse agus ar dhliteanais incháilithe lena gcuirtear chun feidhme caighdeán TLAC a theacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019, mar a comhaontaíodh ar an leibhéal náisiúnta.
- (70) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*"Airteagal 1
Raon feidhme*

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha aonfhoirmeacha maidir le ceanglais stuamachta ghinearálta nach mór d'institiúidí, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha atá faoi mhaoirsiú Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) ceanglais cistí dílse a bhaineann le gnéithe de riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca oibriúcháin, agus de riosca socraíochta atá go hiomlán inchainníochtaithe, aonfhoirmeach agus caighdeánaithe;
- (a) ceanglais a chuireann teorainneacha le neamhchosaintí móra;

- (b) ceanglais leachtachta a bhaineann le riosca leachtachta atá go hiomlán inchainníochtaithe, aonfhoirmeach agus caighdeánaithe;
- (c) ceanglais tuairiscithe a bhaineann le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) agus le gearáil;
- (d) ceanglais maidir le nochtadh poiblí.

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha aonfhoirmeacha maidir leis na ceanglais cistí dílse agus dliteanas incháilithe a chomhlíonfaidh eintitis réitigh ar institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIIanna) iad nó cuid de G-SIIanna agus fochuideachtaí suntasacha de G-SIIanna neamh-AE.

Ní rialaíonn an Rialachán seo na ceanglais atá ar údaráis inniúla maidir le nochtadh i réimse na rialála stuamachta agus na maoirseachta institiúidí mar atá leagtha amach i dTreoir 2013/36/AE (AE).

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*"Airteagal 2
Cumhachtaí maoirseachta*

- 1. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, beidh na cumhachtaí ag na húdaráis inniúla a leagtar amach i dTreoir (2013/36/AE agus leanfaidh siad na nósanna imeachta atá inti agus sa Rialachán seo.
- 2. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, beidh na cumhachtaí ag na húdaráis inniúla a leagtar amach i dTreoir (2014/59/AE agus leanfaidh siad na nósanna imeachta atá inti agus sa Rialachán seo
- 3. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanas incháilithe, oibreoidh údaráis inniúla agus údaráis réitigh i gcomhar le chéile."

- (3) Leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (7):

"(7) ciallaíonn "gnóthas comh-infheistíochta" nó "(GC)" Gnóthas le haghaidh Comh-infheistíochta in Urrúis Inaistrithe (GCU) mar atá sainmhínithe in Airteagal 1 de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³ nó CIM mar a shainmhínítear é i bpointe (a) d'Airteagal 4 (1) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴,";

²³ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe (GCU) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

²⁴ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (20):

"(20) ciallaíonn "cuideachta sealbhaíochta airgeadais" institiúid airgeadais ar institiúidí airgeadais a fochuideachtaí uile nó an chuid is mó díobh agus nach bhfuil ina cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha.

Is éard is fochuideachtaí de chuid institiúide airgeadais ann, den chuid is mó, institiúidí nó institiúidí airgeadais a bhfuil ceann amháin díobh ar a laghad ina hinstitiúid agus i gcás ina bhfuil níos mó ná 50% den chothromas, de na sócmhainní chomhdhlúite, den ioncam, den phearsanra nó de tháscaire eile a measann údarás inniúil na hinstitiúide airgeadais go bhfuil sé ábhartha, go mbaineann 50% de nó díobh le fochuideachtaí ar institiúidí nó institiúidí airgeadais iad."

(c) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (26):

"(26) ciallaíonn "institiúid airgeadais" gnóthas seachas institiúid agus seachas cuideachta sealbhaíochta airgeadais, arb é a phríomhghníomhaíocht sealúchais a fháil nó ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe 2 go pointe 12 agus i bpointe 15 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE a shaothrú, lena n-áirítear cuideachta sealbhaíochta airgeadais, cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha, institiúid íocaíochta de réir bhrí Threoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵, agus cuideachta bainistíochta sócmhainní, ach ní áirítear leis cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha mar a shainmhínítear iad i bpointe (g) d'Airteagal 212(1) de Threoir 2009/138/CE;"

(d) i bpointe (39) de mhír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Ní mheastar gur grúpa de chliaint nasctha iad beirt nó triúr daoine nádúrtha nó dlítheanacha a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) agus pointe (b) mar go bhfuil siad neamhchosanta go díreach ar aon chontrapháirtí lárnach amháin chun críocha gníomhaíochtaí imréitigh";

(e) i bpointe (71) de mhír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití i bpointe (b):

"(b) chun críocha Airteagal 97, ciallaíonn sé suim na méideanna seo a leanas:"

(f) i bpointe (72) de mhír 1, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) is margadh rialáilte nó margadh tríú tír é a mheastar a bheith coibhéiseach le margadh rialáilte i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 25(4)(a) de Threoir 2014/65/AE;"

(g) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (86):

²⁵

Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoracha 97/7/CE, 2002/65/CE, 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE (IO L 319, 5.12.2007, lch. 1).

"(86) ciallaíonn "leabhar trádála" gach suíomh in ionstraimí airgeadais agus i dtráchtearraí arna sealbhú ag institiúid le hintinn trádála, d'fhonn suíomhanna arna sealbhú le hintinn trádála a fhálú nó suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 104(2), ach ní áirítear leis suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 104(3);".

(h) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (91):

"(91) ciallaíonn "neamhchosaint trádála" neamhchosaint reatha, lena n-áirítear corrlach athrúcháin atá dlite don chomhalta imréitigh ach nach bhfuarthas fós agus aon neamhchosaint a d'fhéadfadh bheith ann amach anseo de chuid comhalta imréitigh nó de chuid cliaint ar chontrapháirtí lárnach a eascraíonn as conarthaí agus idirbhearta a liostaítear in Airteagal 301(1), pointe (a), pointe (b) agus pointe (c), mar aon le corrlach tosaigh;"

(i) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (96):

"(96) ciallaíonn "fálú inmheánach" suíomh lena bhfritháirítear na n-eilimintí riosca comhpháirtí idir suíomh sa leabhar trádála agus suíomh amháin nó níos mó sa leabhar neamhthrádála nó idir dhá dheasca trádála;

(j) i mír 1, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

(129) ciallaíonn "údarás réitigh" údarás réitigh mar a shainmhínítear é i bpointe (18) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;

(130) ciallaíonn "eintiteas réitigh" eintiteas réitigh mar a shainmhínítear é i bpointe (83a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;

(131) ciallaíonn "grúpa réitigh" grúpa réitigh mar a shainmhínítear é i bpointe (83b) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;

(132) ciallaíonn "institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéimeach léi" G-SII a sainathnódh i gcomhréir le hAirteagal 131(1) agus (2) de Threoir 2013/36/AE;

(133) ciallaíonn "institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéimeach léi agus nach institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh í" (G-SII neamh-Eorpach) banc nó grúpa bancanna (G-SIBanna) nach G-SIIanna é agus atá i liosta na G-SIBanna a fhoilsíonn an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, liosta a thugtar cothrom le dáta go rialta;

(134) ciallaíonn "fochuideachta ábhartha" fochuideachta a chomhlíonann, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite, aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) sealbhaíonn an fochuideachta níos mó ná 5% de shócmhainní comhdhlúite atá ualaithe ó thaobh riosca a máthairghnóthais bunaidh;
- (b) gineann an fochuideachta níos mó ná 5% d'ioncam oibriúcháin iomlán a máthairghnóthais bunaidh;

- (c) is mó tomhas iomlán na neamhchosaintí ar ghiaráil atá ag an bhfochuideachta ná 5% de thomhas iomlán na neamhchosaintí ar ghiaráil atá ag a máthairghnóthas bunaidh;

(135) ciallaíonn "eintiteas G-SII" eintiteas ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach agus ar G-SII nó cuid de G-SII nó de G-SII neamh-Eorpach é;

(136) ciallaíonn "uirlis díluachála fiachais" an uirlis díluachála fiachais mar a shainmhínítear í i bpointe (57) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/(AE);

(137) ciallaíonn "grúpa" grúpa de ghnóthais a bhfuil gnóthas amháin acu ar a laghad ina institiúid agus atá déanta de mháthairghnóthas agus dá fochuideachtaí atá nasctha le chéile i gcaidreamh mar a leagtar síos ina Airteagal 22 de Threoir 2013/34/AE de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle²⁶;

(138) ciallaíonn "idirbheart maoinithe urrús" nó "IMU" idirbheart athcheannaigh, idirbheart lena dtugtar nó lena bhfaightear urrúis nó tráchtearraí ar iasacht, nó idirbheart lena dtugtar corrlach ar iasacht;

(139) ciallaíonn "gnólacht infheistíochta sistéamaí" gnólacht infheistíochta arna shainaithint mar G-SII nó O-SII i gcomhréir le hAirteagal 131(1), (2) nó (3) de Threoir 2013/36/AE";

(140) "corrlach tosaigh" nó "CT" aon chomhthaobhacht, seachas an corrlach athrúcháin, a bailíodh ó eintiteas nó a postáladh chuige chun an neamhchosaint atá ann faoi láthair agus an neamhchosaint is féidir a bheidh ann de dheasca idirbhirt nó punann idirbheart le linn na tréimhse is gá chun na hidirbhearta sin a leachtú nó chun a rioscaí margaidh a athfhálú, tar éis mhainneachtain an chontrapháirtí san idirbheart nó i bpunann na n-idirbheart;

(141) ciallaíonn "riosca margaidh" an riosca go dtiocfaidh caillteanais as athruithe ar phraghsanna margaidh;

(142) ciallaíonn "riosca malairte eachtraigh" an riosca go dtiocfaidh caillteanais as athruithe ar rátaí malartaithe sheachtraigh;

(143) ciallaíonn "riosca tráchtearraí" an riosca go dtiocfaidh caillteanais as athruithe ar phraghsanna tráchtearraí;

(144) ciallaíonn "deasc trádála", grúpa déileálaithe léir-shainaitheanta arna chur ar bun ag an institiúid chun comhbhainistiú a dhéanamh ar phunann suíomhanna leabhair trádála i gcomhréir le straitéis ghnó chomhsheasmhach a saineáil go soiléir faoin aon struchtúr bainistithe riosca amháin."

²⁶

Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n — aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

(k) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

"4. Déanfaidh ÚBE caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrófar cé hiad na cásanna ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) nó pointe (b) den chéad fhomhír de phointe (39).

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010."

(4) Leasaítear Airteagal 6 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

Comhlíonfaidh institiúidí na hoibleagáidí a leagtar síos i gCuid a Dó go Cuid a Céig agus Cuid a hOcht i gCuid a Seacht agus i gCuid a hOcht ar bhonn aonair.";

(b) Cuirtear isteach mír 1a seo a leanas:

"1 a. De mhaolú ar mhír 1, is institiúidí a sainaithníodh mar eintitis réitigh, ar G-SIIanna iad nó codann de G-SII agus nach bhfuil fochuideachtaí acu agus na hinstitiúidí sin amháin a chomhlíonfaidh an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 92a ar bhonn aonair.

Is fochuideachtaí de G-SII neamh-AE nach fochuideachtaí iad de mháthairinstitiúid de chuid an Aontais Eorpaigh, nach eintitis réitigh iad agus nach bhfuil fochuideachtaí acu, agus na fochuideachtaí sin amháin a chomhlíonfaidh Airteagal 92b ar bhonn aonair.

(5) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Féadfaidh na húdaráis inniúla cur chun feidhme Airteagal 6(1) a tharscaoileadh i leith aon fhochuideachta, i gcás ina bhfuil ceannoifig na fochuideachta agus an mháthairghnóthas suite ina aon Bhallstát amháin agus ina bhfuil an fhochuideachta san áireamh sa mhaoirseacht ar bhonn comhdhlúite ar an institiúid arb í an mháthairghnóthas í, agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir, d'fhonn a áirithiú go ndáiltear cistí dílse go leordhóthanach idir an máthairghnóthas agus na fochuideachta:

(a) níl aon bhac dlíthiúil, praiticiúil ná ábhartha ann, ná súil le bac den sórt sin, le máthairghnóthas na fochuideachta cistí dílse a aistriú agus dliteanais a aisíoc go pras;

(b) sásaíonn an máthairghnóthas an t-údarás inniúil maidir le bainistíocht stuamachta na fochuideachta agus tá sé fógartha aige, le cead ón údarás inniúil, go ráthaíonn sé na gealltanais arna ndéanamh ag an bhfochuideachta, nó

neachtar acu tá rioscaí na fochuideachta diomaibhseach;

- (c) cuimsíonn nósanna imeachta rialaithe, tomhais agus meastóireachta riosca an mháthairghnóthais an fhochuideachta freisin;
- (d) tá os cionn 50 % de na cearta vótála a bhaineann le scaireanna i gcaipiteal na fochuideachta i seilbh an mháthairghnóthais nó tá sé de cheart ag an máthairghnóthas formhór chomhaltaí chomhlacht bainistíochta na fochuideachta a cheapadh nó a chur as oifig.

2. Tar éis dó dul i gcomhairle leis an maoirseoir comhdhlúthaithe, féadfaidh an t-údarás inniúil cur i bhfeidhm Airteagal 6(1) ar fhochuideachta a bhfuil a ceannoifig suite i mBallstát nach ionann é agus ceannoifig a mháthairghnóthais agus ina chuid den mhaoirseacht ar bhonn comhdhlúite ar an máthairghnóthas ar institiúid, cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha, ar choinníoll gur comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas uile:

- (e) na coinníollacha a leagtar síos i bpointí (a) go (d) de mhír 1;
- (f) tugann an institiúid ráthaíocht dá fochuideachta, ráthaíocht a chomhlíonann i gcónaí na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) tugtar an ráthaíocht le haghaidh méid atá, ar a laghad, cothrom le méid cheanglas cistí dílse na fochuideachta a tarscaoileadh;
 - (ii) dúisítear an ráthaíocht nuair nach féidir leis an bhfochuideachta a fiacha nó dliteanais eile a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite nó rinneadh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 59(3) de Threoir 2014/59/AE maidir leis an bhfochuideachta, cibé acu is luaithe;
 - (iii) tá an ráthaíocht comhthaobhaithe go hiomlán le haghaidh 50% ar a laghad dá mhéid faoi shocrú comhthaobhachta airgeadais de réir an tsainmhínithe i bpointe (a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷;
 - (iv) tá an ráthaíocht agus an socrú comhthaobhachta airgeadais faoi réir dhlíthe an Bhallstáit ina bhfuil an ceannoifig suite, mura bhfuil a mhalairt sonraithe ag údarás inniúil na fochuideachta;
 - (v) is comhthaobhacht incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 197 í an chomhthaobhacht atá ina tacaíocht ag an ráthaíocht agus, tar éis caolchorrlaigh ar leor a gcoimeádachas, is leor í chun an méid dá dtagraítear i bpointe (II) a chumhdach go hiomlán;

²⁷

Treoir 2002/47/CÉ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socrúithe comhthaobhachta airgeadais (IO L 168, 27.6.2002, lch. 43).

- (vi) tá an chomhthaobhacht atá ina tacaíocht ag an ráthaíocht neamhualaithe agus ní úsáidtear í mar chomhthaobhacht chun tacú le haon ráthaíocht eile;
 - (vii) níl aon bhacainní dlíthiúil, rialála ná oibríochtúla roimh aistriú na comhthaobhachta ón máthairghnóthas go dí an fhochuideachta ábhartha".
- (6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"Airteagal 8

Tarscaoileadh ó chur chun feidhme cheanglais leachtachta ar bhonn aonair

1. Féadfaidh údaráis inniúla tarscaoileadh ó chur chun feidhme Chuid a Sé ar institiúid agus ar a fochuideachtaí uile nó ar chuid díobh a bhfuil a gceannoifig suite sa Bhallstát céanna le ceannoifig na hinstitiúide agus iad a mhaoirsiú mar fhoghrúpa leachtachta aonair, má bhíonn na coinníollacha seo uile a leanas comhlíonta:
 - (a) déanann an mháthairinstitiúid ar bhonn comhdhlúite nó fochuideachta ar bhonn fo-chomhdhlúite na rialacha Chuid a Sé a chomhlíonadh;
 - (b) déanann an mháthairinstitiúid ar bhonn comhdhlúite nó an fho-institiúid ar bhonn fo-chomhdhlúite faireachán i gcónaí ar shuíomhanna leachtachta gach institiúide atá laistigh den ghrúpa nó den fhoghrúpa, atá faoi réir an tarscaoilte i gcomhreir leis an mír seo agus áirithíonn sí go mbíonn leibhéal leordhóthanach leachtachta ann do na hinstitiúidí sin uile;
 - (c) shínigh na hinstitiúidí laistigh den fhochuideachta leachtachta conarthaí atá chun sástacht na n-údarás inniúil ina ndéantar foráil maidir le saorghluaiseacht maoine eatarthu chun cur ar a gcumas a n-oibleagáidí aonair agus comhpháirteacha a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlíte;
 - (d) níl aon bhac dlíthiúil, praiticiúil ná ábharach ann, ná súil le bac den sórt sin, maidir le comhlíonadh na gconarthaí dá dtagraítear i bpointe (c).
2. Féadfaidh údaráis inniúla tarscaoileadh ó chur chun feidhme Chuid a Sé ar institiúid agus ar a fochuideachtaí uile nó ar chuid díobh a bhfuil a gceannoifig suite i mBallstáit nach ionann iad agus an Ballstát ina bhfuil ceannoifig na hinstitiúide agus iad a mhaoirsiú mar fhoghrúpa leachtachta aonair, i gcás inar lean siad an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 21 agus sa chás sin amháin agus chuig na hinstitiúidí sin amháin a n-aontaíonn a n-údaráis inniúla faoi na heilimintí seo a leanas:
 - (a) a measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 1;
 - (b) a measúnú a mhéid a chomhlíonann eagrú agus láimhseáil an riosca leachtachta na critéir a a leagtar síos in Airteagal 86 de Threoir (AE)201336 ar fud an fhoghrúpa leachtachta aonair;

- (c) dáileadh méideanna, láthair agus úinéireacht na sócmhainní leachtacha arna gceangal atá le sealbhú laistigh den bhfoghrúpa leachtachta aonair;
 - (d) cinneadh íosmhéideanna sócmhainní leachtacha atá le sealbhú ag institiúidí a a dtarscaoilfear cur chun feidhme Chuid a Sé ina leith;
 - (e) an gá atá le paraiméadair níos déine ná iad sin a leagtar amach i gCuid a Sé;
 - (f) roinnt neamhshrianta faisnéise iomláine idir na húdaráis inniúla;
 - (g) tuiscint iomlán ar impleachtaí an tarscaoilte sin.
3. Féadfaidh údarás atá inniúil i leith maoirseacht a dhéanamh ar bhonn aonair ar institiúid agus ar a fochuideachtaí uile nó ar chuid díobh a bhfuil a gceannoifig suite i mBallstáit nach ionann iad agus an Ballstát ina bhfuil ceannoifig na hinstitiúide, féadfaidh sé cur i bhfeidhm Chuid a Sé ar an institiúid sin agus ar a fochuideachtaí uile nó ar chuid díobh go hiomlán nó i bpáirt agus iad a mhaoirsiú mar fhoghrúpa leachtacha aonair, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas uile:
- (a) an t-iarratas dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2;
 - (b) tugann an mháthairinstitiúid ar bhonn comhdhlúite nó fo-institiúid ar bhonn fo-chomhdhlúite ráthaíocht don institiúid nó don ghrúpa institiúidí a bhfuil a gceannoifig suite i mBallstát eile agus comhlíonann an ráthaíocht sin na coinníollacha seo a leanas uile:
 - (i) tugtar an ráthaíocht le haghaidh méid atá, ar a laghad, cothrom le méid na nglan-eis-sreabh leachtachta a ríomhtar i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61²⁸ ar bhonn aonair i gcás na hinstitiúide nó ar bhonn fo-chomhdhlúite i gcás an ghrúpa institiúidí atá faoi réir an tarscaoilte agus faoin ráthaíocht, gan aon láimhseáil fhabhrach a chur san áireamh;
 - (ii) dúisítear an ráthaíocht nuair nach féidir leis an institiúid ná leis an ngrúpa institiúidí atá faoi réir an tarscaoilte agus faoin ráthaíocht a fhiacha nó dliteanais eile a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite nó rinneadh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 59(3) de Threoir 2014/59/AE maidir leis an bhfochuideachta, cibé acu is luaithe;
 - (iii) tá an ráthaíocht comhthaobhaithe go hiomlán faoi shocrú comhthaobhachta airgeadais de réir an tsainmhínithe i bpointe (a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2002/47/CE;

²⁸

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1).

- (iv) tá an ráthaíocht agus an socrú comhthaobhachta airgeadais faoi réir dhlíthe an Bhallstáit ina bhfuil ceannoifig na hinstitiúide nó an ghrúpa institiúidí atá faoi réir an tarscaoilte agus faoin ráthaíocht suite, mura bhfuil a mhalairt sonraithe ag údarás inniúil na n-institiúidí sin;
 - (v) tá an chomhthaobhacht atá ag tacú leis an ráthaíocht incháilithe mar shócmhainn leachtachta ardcháilíochta de réir na sainmhínte in Airteagal 10, Airteagal 13 agus Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus, tar éis cur i bhfeidhm na gcaolchorrach dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Theideal II den Rialachán sin, cumhdaíonn sí 50% ar a laghad de mhéid na nglan-eis-sreabh leachtachta arna ríomhadh i gcomhréir leis an Rialachán sin ar bhonn aonair i gcás na hinstitiúide nó ar bhonn fo-chomhdhlúite i gcás an ghrúpa institiúidí atá faoi réir an tarscaoilte agus faoin ráthaíocht, gan aon láimhseáil fhabhrach a chur san áireamh
 - (vi) tá an chomhthaobhacht atá ina tacaíocht ag an ráthaíocht neamhualaithe agus ní úsáidtear í mar chomhthaobhacht chun tacú le haon idirbheart eile;
 - (vii) níl aon bhac dlíthiúil, praiticiúil ná ábhartha roimh aistriú na comhthaobhachta ón institiúid atá ag tabhairt na ráthaíochta don institiúid nó don ghrúpa institiúidí atá faoi réir an tarscaoilte agus faoin ráthaíocht.
4. Lena chois sin, féadfaidh údarais inniúla mír 1, mír 2 agus mír 3 a chur i bhfeidhm ar cheann amháin nó roinnt d'fhochuideachtaí cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais nó ar an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha agus ar na fochuideachtaí atá faoi réir tarscaoileadh nó ar na fochuideachtaí atá faoi réir tarscaoileadh amháin. Tuigfear go ndéanann na tagairtí don mháthairinstitiúid i mír 1, mír 2 agus mír 3 an chuideachta sealbhaíochta airgeadais nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha.
5. Féadfaidh údarais inniúla mír 1, mír 2 agus mír 3 a chur i bhfeidhm freisin maidir le hinstitiúidí atá ina mbaill den scéim chosanta institiúideach chéanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7), ar an gcoinníoll go gcomhlíonann na hinstitiúidí sin na coinníollacha go léir a leagtar síos ann, agus maidir le hinstitiúidí eile atá nasctha trí chaidreamh dá dtagraítear in Airteagal 113(6) ar an gcoinníoll go gcomhlíonann sna hinstitiúidí sin na coinníollacha go léir a leagtar síos ann. Sa chás sin, cinnfidh na húdarais inniúla go bhfuil ceann amháin de na hinstitiúidí faoi réir an tarscaoilte ó Chuid a Sé a chomhlíonadh ar bhonn chás comhdhlúite na n-institiúidí go léir sa ghrúpa leachtachta aonair.

6. I gcás ina bhfuil tarscaoileadh tugtha faoi mhíreanna 1 go dtí 5, féadfaidh na húdaráis inniúla Airteagal 86 de Threoir 2013/36/AE, nó codanna de, a chur i bhfeidhm freisin, ar leibhéal an fhoghrúpa leachtachta aonair agus féadfaidh siad cur i bhfeidhm Airteagal 86 de Threoir 2013/36/AE, nó codanna de, ar bhonn aonair, a tharscaoileadh.

I gcás ina bhfuil tarscaoileadh tugtha faoi mhíreanna 1 go dtí 5, le haghaidh na gcodanna de Chuid Sé atá tarscaoilte, cuirfidh na húdaráis inniúla na hoibleagáidí tuairisciúcháin i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 415 den Rialachán seo ar leibhéal an fhoghrúpa leachtachta aonair agus tarscaoilfidh siad cur i bhfeidhm Airteagal 415 ar bhonn aonair.

7. Mura bhfuil tarscaoileadh tugtha faoi mhíreanna 1 go dtí 5 d'institiúidí dár tugadh tarscaoileadh roimhe sin ar bhonn aonair, cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh an t-am atá de dhíth ar na hinstiúidí sin chun iad fain a ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm Chuid a Sé nó cuid di agus foralfaidh siad maidir le hidirthréimhse iomchuí sula gcuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ar na hinstiúidí sin.

- (7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*"Airteagal 11
Láimhseáil ghinearálta*

1. Chun ceanglais an Rialachain seo a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite, déanfaidh na téarmaí 'institiúidí, máthairinstitiúidí i mBallstát', 'máthairinstitiúid de chuid an Aontais Eorpaigh' agus 'máthairghnóthas', de réir an cháis, tagairt freisin do chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus do chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha arna n-údarú i gcomhréir le hAirteagal 21a de Threoir 2013/36/AE.
2. Comhlíonfaidh máthairinstitiúidí i mBallstát, go dtí an pointe agus ar an modh a leagtar síos in Airteagal 18, na hoibleagáidí a leagtar síos i gCuid a Dó go Cuid a Ceathair agus i gCuid a Seacht ar bhonn a gcáis chomhdhlúite. Bunóidh na máthairghnóthais agus a bhfochuideachtaí atá faoi réir an Rialacháin seo struchtúr eagraíochtúil iomchuí agus sásraí rialaithe inmheánaigh is iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí is gá chun an comhdhlúthú a phróiseáil go hiomchuí agus a chur ar aghaidh. Go háirithe, áiritheoidh siad go ndéanfaidh na fochuideachtaí sin nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo socruithe, próisis agus sásraí a chur chun feidhme chun comhdhlúthú iomchuí a áirithiú.
3. De mhaolú ar mhír 1, is institiúidí a sainaithníodh mar eintitis réitigh ar G-SIIanna iad nó codanna de G-SII nó codanna de G-SII neamh-AE agus iad sin amháin a chomhlíonfaidh Airteagal 92a ar bhonn comhdhlúite, go dtí an pointe agus sa mhodh a leagtar síos in Airteagal 18.

Is máthairghnóthais de chuid an Aontais Eorpaigh ar fochuideachtaí iad de G-SII neamh-AE agus nach eintitis réitigh iad, agus iad amháin, a chomhlíonfaidh Airteagal 92b ar bhonn comhdhlúite go dtí an pointe agus sa mhodh a leagtar síos in Airteagal 18.

4. Comhlíonfaidh máthairghnóthais de chuid an Aontais Eorpaigh Cuid a Sé ar bhonn a gcáis chomhdhlúite má tá aon cheann nó níos mó d'institiúidí creidmheasa nó de ghnólachtaí infheistíochta sa ghrúpa atá údaraithe na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí infheistíochta a liostaítear i bpointe (3) agus i bpointe (6) de Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/39/CE. Go dtí go dtíolfacfaidh an Coimisiún an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 508(2) den Rialachan seo, agus mura mbeidh ach gnólachtaí infheistíochta sa ghrúpa, féadfaidh údaráis inniúla máthairghnóthais de chuid an Aontais Eorpaigh a dhíolmhúchomhlíonadh Cuid a Sé a ar bhonn comhdhlúite, agus cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí na gnólachta infheistíochta á gcur san áireamh.

Má tugadh tarscaoileadh faoi mhíreanna 1 go dtí 5 d'Airteagal 8 déanfaidh na hinstiúidí agus, más infheidhme, na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais nó na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha atá ina gcuid d'fhoghrúpa leachtachta Cuid a Sé a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn fo-chomhdhlúite leachtacht an fhoghrúpa."

5. I gcás ina gcuirtear Airteagal 10 i bhfeidhm, comhlíonfaidh an comhlacht lárnach dá dtagraítear san Airteagal sin ceanglais Chuid a Dó go Cuid a hOcht ar bhonn chás comhdhlúite an iomláin arb éard atá ann an comhlacht lárnach i dteannta a institiúidí chleamhnaithe.
6. De bhreis ar na ceanglais i mír 1 go dtí 4, agus gan dochar d'fhorálacha eile an Rialacháin seo agus Threoir 2013/36/AE nuair a bheidh bonn cirt ann chun críocha maoirseachta de bharr shonraíochtaí riosca nó struchtúir chaipitil institiúide, nó i gcás ina nglacfaidh na Ballstáit dlíthe náisiúnta lena gceanglófar go ndéanfar gníomhaíochtaí laistigh de ghrúpa baincéireachta a scaradh go struchtúrach, féadfaidh na húdaráis inniúla cur ar an institiúid na hoibleagáidí a leagtar síos i gCuid a Dó go Cuid a Ceathair agus i gCuid a Sé go Cuid a hOcht den Rialachán seo agus i dTeideal VII de chuid Threoir 2013/36/ (AE)2013 a chomhlíonadh ar bhonn fo-chomhdhlúite.

Beidh cur i bhfeidhm an chur chuige a leagtar amach sa chéad fhomhír gan dochar do mhaoirseacht éifeachtach ar bhonn comhdhlúite agus ní bheidh éifeachtaí díobhálacha díréireacha i gceist don chóras airgeadais i bpáirt nó ina iomláine i mBallstáit eile nó san Aontas ina iomláine ná ní fhoirmeoidh sé ná ní chruthóidh sé constaic i gcoinne fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. "

- (8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"Airteagal 12

Ríomh comhdhlúite le haghaidh G-SIIanna ag a bhfuil il-eintitis réitigh

Más eintiteas réitigh níos mó ná eintiteas G-SII amháin ar leis an aon G-SII iad, ríomhfaidh máthairinstitiúid an Aontais Eorpaigh an G-SII sin an méid cistí dílse agus dliteanas incháilithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 92a(1). Deanfar an ríomh sin ar bhonn cás comhdhlúite mháthairinstitiúid an Aontais Eorpaigh amháin dá mba é an t-aon eintiteas réitigh amháin de chuid an GSII é.

Má bhíonn an méid a ríomhadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír níos lú ná suim na méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 92a(1)(a) atá ag na heintitis uile ear leis an G-SII sin iad, gníomhóidh na húdaráis réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45d(3) agus Airteagal 45h(2) de Threoir 2014/59/AE.

Má bhíonn an méid a ríomhadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír níos mó ná suim na méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 92a(1)(a) atá ag na heintitis uile ear leis an G-SII sin iad, féadfaidh na húdaráis réitigh gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 45d(3) agus Airteagal 45h(2) de Threoir 2014/59/AE.

- (9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

"Airteagal 13

Cur i bhfeidhm ceanglas nochta ar bhonn comhdhlúite

1. Comhlíonfaidh máthairinstitiúidí an AE rialacha Chuid a hOcht ar bhonn a gcáis comhdhlúite.

Nochtfaidh fochuideachtaí móra máthairinstitiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis a shonraítear in Airteagail 437, 438, 440, 442, 450, 451, 451a, 451d agus 453 ar bhonn aonair nó, más infheidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir 2013/36/AE, ar bhonn fo-chomhdhlúite.

2. Déanfaidh institiúidí a sainaithníodh mar eintitis réitigh ar G-SIIanna iad nó cuid de G-SII Cuid a hOcht a chomhlíonadh ar bhonn a gcáis airgeadais chomhdhlúite.

3. Ní bheidh an chéad fhomhír de mhír 1 infheidhme maidir le máthairinstitiúidí an Aontais Eorpaigh, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais an Aontais Eorpaigh, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha an Aontais Eorpaigh, nó eintitis réitigh má áirítear iad laistigh de nochtuithe coibhéiseacha ar bhonn comhdhlúite ag máthairghnóthas atá bunaithe i dtríú tír.

Beidh feidhm ag an dara fhomhír de mhír 1 maidir le fochuideachtaí máthairghnóthas atá suite i dtríú tír ina bhfuil na fochuideachtaí sin cáilithe mar fhochuideachtaí móra.

4. Má chuirtear Airteagal 10 i bhfeidhm, comhlíonfaidh an comhlacht lárnach dá dtagraítear san Airteagal sin rialacha Chuid a hOcht ar bhonn chás comhdhlúite

an chomhlachta lárnaigh. Beidh feidhm ag Airteagal 18(1) maidir leis an gcomhlacht lárnach agus láimhseálfar na hinstitiúidí cleamhnaithe mar fhochuideachtaí de chuid an chomhlachta lárnaigh.

- (10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

Airteagal 18
Modhanna comhdhlúthaithe stuamachta

1. Na hinstitiúidí, na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha nach mór dóibh na ceanglais dá dtagraítear i Roinn 1 a chomhlíonadh, ar bhonn a stádas comhdhlúite, déanfaidh siad comhdhlúthú iomlán ar gach institiúid agus institiúid airgeadais atá ina bhfochuideachtaí aige, nó, nuair is ábhartha, ina bhfochuideachtaí ag an mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais chéanna nó ag máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha. Ní bheidh feidhm ag mír 3 agus mír 7 den Airteagal seo i gcás ina mbeidh feidhm ag Cuid a Sé ar bhonn chás comhdhlúite institiúide, cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha.

Na hinstitiúidí nach mór dóibh na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 92a nó 92b ar bhonn comhdhlúite, déanfaidh siad comhdhlúthú ar na hinstitiúidí agus na hinstitiúidí airgeadais uile arb iad a fochuideachtaí iad sna grúpaí réitigh ábhartha.
2. Má bhíonn gá le maoirseacht comhdhlúite de bhun Airteagal 111 de Threoir 2013/36/AE, áireofar gnóthais seirbhísí coimhdeachta i gcomhdhlúthuithe sna cásanna a leagtar síos san Airteagal seo agus de réir na modhanna atá leagtha síos san Airteagal seo.
3. I gcás ina bhfuil gnóthais nasctha trí ghaol de réir bhrí Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/CE, socróidh na húdaráis inniúla conas a dhéanfar comhdhlúthú.
4. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe de cheangal go ndéanfar an comhdhlúthú comhréireach de réir na scaire caipitil a shealbhaíonn rannpháirtíochtaí in institiúidí agus in institiúidí airgeadais a bhainistíonn gnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú mar aon le gnóthas amháin nó níos mó nach n-áirítear sa chomhdhlúthú, i gcás ina mbeidh dliteanas na ngnóthas sin teoranta don scair den chaipiteal atá ina seilbh.
5. I gcás rannpháirtíochtaí nó naisc chaipitiúla seachas iad sin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 4, cinntfidh na húdaráis inniúla an bhfuil comhdhlúthú le déanamh agus conas a dhéanfar é. Go háirithe, féadfaidh siad úsáid an mhodha cothromais a cheadú nó a cheangal. Mar sin féin, ní hionann an modh sin a úsáid agus na gnóthais lena mbaineann a bheith ar áireamh faoin maoirseacht ar bhonn comhdhlúite.

6. Cinnfidh na húdaráis inniúla an bhfuil comhdhlúthú le déanamh agus conas a dhéanfar é sna cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás ina bhfuil, i dtuairim na n-údarás inniúil, tionchar suntasach ag institiúid ar institiúid amháin nó ar institiúid airgeadais amháin nó níos mó, ach gan seilbh a bheith aici ar rannpháirtíocht ná naisc chaipitiúla eile sna hinstitiúidí sin; agus
 - (b) i gcás ina bhfuil dhá institiúid nó dhá institiúid airgeadais nó níos mó curtha faoi bhainistíocht aonair ach amháin más tá de bhun conartha é nó ar bhonn clásail atá ina meabhráin nó ina n-airteagail chomhlachais.

Go háirithe, féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid an mhodha a ndéantar foráil dó in Airteagal 22(7) go dtí (9) de Threoir 2013/34/CEE a cheadú, nó a éileamh. Ní hionann an modh sin a úsáid agus na gnóthais lena mbaineann a bheith ar áireamh faoin maoirseacht ar bhonn comhdhlúite.

7. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha a shonrú a gcuirfear an comhdhlúthú i bhfeidhm dá réir sna cásanna dá dtagraítear i mír 2 go dtí 6 den Airteagal seo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2016.

Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

- (11) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas in ionad Airteagal 22

*"Airteagal 22
Fo-chomhdhlúthú i gcás eintitis i dtríú tíortha*

- 1. Déanfaidh fo-institiúidí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 89 go dtí 91 de Chuid a Trí agus i gCuid a Ceathair a chur i bhfeidhm ar bhonn a suímh fho-chomhdhlúite má tá institiúid nó institiúid airgeadais mar fhochuideachta i dtríú tír acu nó má tá rannpháirtíocht i ngnóthas den chineál sin ina seilbh.
- 2. De mhaolú ar mhír 1, ní fhéadfaidh fo-institiúidí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 89 go dtí 91 de Chuid a Trí agus i gCuid a Ceathair a chur i bhfeidhm ar bhonn a suímh fho-chomhdhlúite más lú ná 10% de mhéid iomlán na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag an bhfo-institiúid na sócmhainní iomlána atá ag a bhfochuideachta.

- (12) I gCuid a Dó, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE".

- (13) In Airteagal 33(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
- "(c) gnóthachain agus caillteanais ar luach cóir ar dhliteanais díorthach de chuid na hinstitiúide as a dtagann athruithe ar riosca creidmheasa dhílis na hinstitiúide sin."
- (14) In Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):
- "(j) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de bhun Airteagal 56 a sháraíonn ítimí Leibhéal 1 Breise na hinstitiúide;
- (15) Cuirtear pointe (c) seo a leanas isteach in Airteagal 37:
- "(c) bainfear méid na hathluachála cuntasaíochta ar shócmhainní doláimhsithe na gcuideachtaí arna dhíorthú ó chomhdhlúthú fochuideachtaí is inchurtha i leith daoine seachas na gnóthais atá sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon, bainfear an méid sin den mhéid atá le hasbhaint".
- (16) Sa chéad fhomhír d'Airteagal 39(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhléirithigh: "1.
- "Beidh na sócmhainní cánach iarchurtha nach bhfuil ag brath ar bhrabúsacht todhchaí teoranta do shócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha a cruthaíodh roimh an [dáta a ghlac an Coláiste an Rialachán leasúcháin], i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:".
- (17) In Airteagal 45(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9 (i) de phointe (a):
- "(i) dáta aibíochta an tsuímh ghearr, is ionann é agus dáta aibíochta an tsuímh fhada nó is déanaí é ná an dáta sin, nó is é 365 lá, ar a laghad, aibíocht iarmhair an tsuímh fhada;"
- (18) Cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach ag deireadh mhír 2 d'Airteagal 49:
- "Ní bheidh feidhm ag an mír seo nuair a bheifear ag ríomh cistí dílse chun críocha na gceanglas in Airteagal 92a agus Airteagal 92b."
- (19) Leasaítear Airteagal 52(1) mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- "(a) eisiúinn institiúid na hionstraimí go díreach agus tá siad íoctha go hiomlán";
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (p):
- "(p) de réir an dlí nó de réir forálacha conartha maidir leis na hionstraimí ní mór, ar chinneadh ón údarás réitigh an chumhacht a fheidhmiú dá dtagraítear in Airteagal 59 de Threoir 2014/59/AE, príomhshuim na n-ionstraimí a dhíluacháil

ar bhonn buan nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí de chuid Gnáthscaireanna Leibhéal 1;"

- (c) i mír 1, cuirtear isteach pointe (q) agus pointe (r) seo a leanas:

"(q) is i gcás ina bhfuil feidhmiú na cumhachta díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 59 de Threoir 2014/59/AE de réir dlíthe tríú tír, ina bhfuil an feidhmiú sin éifeachtach agus infheidhmithe ar bhonn forálacha reachtacha nó forálacha conartha a aithníonn gníomhartha réitigh nó gníomhartha díluachála nó comhshó eile, agus sa chás sin amháin, a fhéadfar ionstraimí a eisiúint faoi dhlíthe tríú tír nó a chur faoi réir na ndlíthe sin ar dhóigh eile;

(r) níl na hionstraimí faoi réir aon socruithe fritháireamh nó cearta glanluachála a chuirfeadh isteach ar a n-acmhainn ionsúite caillteanas."

- (20) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e) d'Airteagal 56:

"(e) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí Leibhéal 2 de bhun Airteagal 66 a sháraíonn Caipiteal Leibhéal 2 na hinstitiúide;"

- (21) In Airteagal 59(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9 (i) de phointe (a):

"(i) dáta aibíochta an tsuímh ghearr, is ionann é agus dáta aibíochta an tsuímh fhada nó is déanaí é ná an dáta sin, nó is é 365 lá, ar a laghad, aibíocht iarmhair an tsuímh fhada;"

- (22) in Airteagal 62, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) ionstraimí caipitil agus iasachtaí fo-ordaithe, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 63, agus go dtí an pointe a shonraítear in Airteagal 64;

- (23) Leasaítear Airteagal 63 mar seo a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) eisiúint institiúid na hionstraimí go díreach nó faigheann institiúid iasachtaí fo-ordaithe go díreach, de réir mar is infheidhme, agus tá siad íoctha go hiomlán;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) tá tús áite ag aon éileamh ó ionstraimí dliteanas incháilithe ar an éileamh ar mhéid phríomhshuim na n-ionstraimí faoi na forálacha lena rialaítear na hionstraimí nó an t-éileamh ar mhéid phríomhshuim na n-iasachtaí fo-ordaithe faoi na forálacha lena rialaítear na hiasachtaí fo-ordaithe, de réir mar is infheidhme;"

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (n):

"(n) de réir an dlí nó de réir forálacha conartha maidir leis na hionstraimí ní mór, ar chinneadh ón údarás réitigh an chumhacht a fheidhmiú dá dtagraítear in Airteagal 59 de Threoir 2014/59/AE, príomhshuíom na n-ionstraimí a dhíluacháil ar bhonn buan nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí de chuid Gnáthscaireanna Leibhéal 1;"

(d) cuirtear pointí (h) agus (i) isteach mar seo a leanas:

"(o) is i gcás ina bhfuil feidhmiú na cumhachta díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 59 de Threoir 2014/59/AE de réir dlíthe tríú tír, ina bhfuil an feidhmiú sin éifeachtach agus infheidhmithe ar bhonn forálacha reachtach nó forálacha conartha a aithníonn gníomhartha réitigh nó gníomhartha díluachála nó comhshó eile, agus sa chás sin amháin, a fhéadfar ionstraimí a eisiúint faoi dhlíthe tríú tír nó a chur faoi réir na ndlíthe sin ar dhóigh eile;

(p) níl na hionstraimí faoi réir aon socruithe fritháireamh nó cearta glanluachála a chuirfeadh isteach ar a n-acmhainn ionsúite caillteanas."

(24) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 64:

*"Airteagal 64
Amúchadh ar ionstraimí Leibhéal 2*

1. Measfar gur ítimí Leibhéal 2 méid iomlán ionstraimí Leibhéal 2 ag a bhfuil aibíocht iarmhair os cionn cúig bliana.
2. Déantar an méid a cháilíonn ionstraimí Leibhéal 2 mar ítimí Leibhéal 2 sna cúig bliana deireanacha d'aibíocht na n-ionstraimí a ríomh tríd an toradh a dhíorthaítear ón ríomh i bpointe (a) a iolrú faoin méid dá dtagraítear i bpointe (b) mar seo a leanas:
 - (a) roinntear suim ainmniúil na n-ionstraimí nó na n-iasachtaí fo-ordaithe ar an gcéad lá den tréimhse deiridh cúig bliana dá n-aibíocht conartha ar líon na laethanta féilire sa tréimhse sin;
 - (b) líon na laethanta féilire d ' aibíocht chonarthach atá fágtha maidir leis na hionstraimí nó leis na hiasachtaí fo-ordaithe."

(25) Cuirtear pointe (e) isteach in Airteagal 66 mar a leanas:

"(e) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72e a sháraíonn dliteanais incháilithe na hinstitiúide;"

(26) In Airteagal 69(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9 (i) de phointe (a):

"(i) dáta aibíochta an tsuímh ghearr, is ionann é agus dáta aibíochta an tsuímh fhada nó is déanaí é ná an dáta sin, nó is é 365 lá, ar a laghad, aibíocht iarmhair an tsuímh fhada;"

(27) Cuirtear Caibidil 5a mar a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 72:

"CAIBIDIL 5a Dliteanais incháilithe

ROINN 1

ÍTIMÍ AGUS IONSTRAIMÍ DLITEANAS INCHÁILITHE

Airteagal 72a

Ítimí dliteanais incháilithe

1. Is iad na nithe seo a leanas a bheidh ina n-ítimí dliteanais incháilithe, mura bhfuil siad in aon cheann de na catagóirí de dhliteanais eisiata a leagtar síos i mír 2:
 - (a) ionstraimí dliteanais incháilithe má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 72b, a mhéid nach gcáilíonn siad mar ítimí Gnáthscaireanna Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise agus Leibhéal 2;
 - (b) Ionstraimí Leibhéal 2 ag a bhfuil aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad, a mhéad nach gcáilíonn siad mar ítimí Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 64.
2. De mhaolú ar mhír 1, eisiafar na dliteanais seo a leanas ó ítimí dliteanais incháilithe:
 - (a) taiscí cumhdaithe;
 - (b) taiscí ar amharc agus taiscí gearrthéarma a bhfuil a n-aibíocht bunaidh faoi bhun bliain amháin;
 - (c) an chuid sin de thaiscí incháilithe ó dhaoine nadúrtha agus ó mhicreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide a sháraíonn an leibhéal cumhdaigh dá dtagaraíTMear in Airteagal 6 de Threoir 2014/49/AE;
 - (d) taiscí a bheadh ina dtaiscí incháilithe ó dhaoine nadúrtha agus ó mhicreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide murach gur taisceadh iad trí bhraintí a bhí suite lasmuigh den Aontas ó institiúidí atá suite laistigh den Aontas;
 - (e) dliteanais urraithe lena n-áirítear bannaí cumhdaithe agus dliteanais i bhfoirm ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun críocha fálaithe agus atá ina gcuid lárnach den chomhthiomsú cumhdaigh agus a ndéantar iad a urrú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar bhealach comhchosúil le bannaí cumhdaithe, ar choinníoll nach ndéanfar difear d'aon sócmhainní urraithe a bhaineann le comhthiomsú cumhdaigh agus go leanfar dá ndóthain cistiúcháin a thabhairt dóibh agus seachas aon chuid de dhliteanais urraithe nó de dhliteanais a mbeidh

comhthaobhacht geallta ina leith ar mó é ná luach na sócmhainní, an ghealltáin, an liain nó na comhthaobhachta lena bhfuil sé urraithe;

- (f) aon dliteanas a thagann chun cinn mar gheall ar shócmhainní cliaint nó airgead cliaint i seilbh lena n-áirítear sócmhainní cliaint agus airgead cliaint atá i seilbh ar son gnóthais comh-infheistíochta, ar choinníoll ar choinníoll go mbeidh an cliant sin faoi chosaint an dlí dócmhainneachta is infheidhme;
- (g) aon dliteanais a eascraíonn de bhua caidrimh mhuinínigh idir an t-eintiteas réitigh nó aon cheann dá fhochuideachtaí (mar mhuiníneach) agus duine eile (mar thairbhí), ar choinníoll go mbeidh an tairbhí sin faoi chosaint an dlí dócmhainneachta nó sibhialta is infheidhme;
- (h) dliteanais i leith institiúidí, gan dliteanais i leith eintitis atá mar chuid den ghrúpa céanna a áireamh, a bhfuil aibíocht tosaigh níos lú ná seacht lá acu;
- (i) dliteanais a bhfuil aibíocht níos lú ná seacht lá fágtha iontu, atá dlite do chórais nó d'oibreoirí córas atá ainmnithe i gcomhréir le Treoir 98/26/CE nó dá rannpháirtithe agus a eascraíonn as rannpháirtíocht i gcóras den sórt sin.
- (j) dliteanas i leith aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) fostaí, maidir le tuarastal fabhráithe, sochair phinsin nó luach saothair socraithe eile, seachas comhpháirt athraitheach an luacha saothair nach bhfuil rialáilte le comhaontú cómhargála agus seachas an chomhchuid inathraithe de luachsaothair ghlacadóirí riosca ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 92(2) de Threoir 2013/36/AE;
 - (ii) creidiúnaí tráchtála nó trádála, má thagann an dliteanas as soláthar, don institiúid nó don mháthairghnóthas, earraí nó seirbhísí a bhfuil gá leo chun go bhfeidhmeoidh oibríochtaí na hinstitiúide nó an mháthairghnóthais, lena n-áirítear seirbhísí TF, fónais agus cíos, seirbhísíú agus cothabháil an áitribh;
 - (iii) údaráis chánach agus údaráis slándála sóisialta, ar choinníoll go mbeidh tosaíocht ag na dliteanais sin faoin dlí is infheidhme.
 - (iv) scéimeanna ráthaithe taiscí, má thagann an dliteanas as ranníocaíochtaí atá dlite i gcomhréir le Treoir 2014/59/AE.
- (k) dliteanais a thagann as díorthaigh;
- (l) dliteanais a thagann as ionstraimí fiachais ag a bhfuil díorthaigh leabaithe.

Airteagal 72b
Ionstraimí dliteanais incháilithe

1. Cáileoidh dliteanais mar ionstraimí dliteanas incháilithe ar choinníoll go

gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus ní mó ná an méid a shonraítear san Airteagal seo.

2. Cáileoidh dliteanais mar ionstraimí dliteanas incháilithe ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas uile:

- (a) eisíonn institiúid go díreach nó faigheann institiúid na dliteanais, de réir mar is infheidhme, agus tá siad íoctha go hiomlán;
- (b) nach gceannaíonn aon cheann díobh seo a leanas na dliteanais:
 - (i) institiúid nó eintiteas atá sa ghrúpa réitigh céanna;
 - (ii) gnóthas ina bhfuil rannpháirtíocht dhíreach nó indíreach ag an institiúid ann i bhfoirm úinéireachta dhíreach ar 20% nó níos mó de na ceartha vótála nó de chaipiteal an ghnóthais sin, nó i bhfoirm úinéireachta trí na nithe sin a rialú;
- (c) níl ceannach na ndliteanas cistithe go díreach nó go hindíreach ag an eintiteas réitigh;
- (d) tá tús áite iomlán ag éilimh a thagann as na dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) ar ar an éileamh ar mhéid phríomhshuim na ndliteanas faoi na forálacha maidir leis na hionstraimí. Measfar gur comhlíonadh an ceanglas fo-ordúcháin sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (i) sonraíonn na forálacha conartha maidir leis na dliteanais go mbeidh, i gcás gnáthimeachtaí dócmhainneachta mar a shainmhínítear iad i bpointe 47 d'Airteagal 47 de Threoir 2014/59/AE, tús áite ag éilimh a thagann as aon cheann de na dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) ar an éileamh ar phríomhshuim na n-ionstraimí;
 - (ii) sonraíonn an dlí maidir leis na dliteanais go mbeidh, i gcás gnáthimeachtaí dócmhainneachta mar a shainmhínítear iad i bpointe 47 d'Airteagal 47 de Threoir 2014/59/AE, tús áite ag éilimh a thagann as aon cheann de na dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) ar an éileamh ar phríomhshuim na n-ionstraimí;
- (e) is eintiteas réitigh nach bhfuil aon dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) a bhfuil a n-áit pari passu le hionstraimí dliteanas incháilithe nó níos sóisearaí ná iad ar a chlár comhordaithe a eisíonn na hionstraimí;
- (f) níl na dliteanais urraithe, ná faoi réir ráthaíochta ná aon socrú eile lena gcuirtear le sinsearach na an éilimh, ag aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) institiúid nó a fochuideachtaí;
 - (ii) máthairghnóthas na hinstitiúide nó fochuideachtaí na hinstitiúide;

- (iii) aon ghnóthas a bhfuil dlúthnaisc aige le haonáin dá dtagraítear i bpointe (i) agus i bpointe (ii);
 - (g) níl na dliteanais faoi réir aon socruithe fritháireamh nó cearta glanluachála a chuirfeadh isteach ar a n-acmhainn ionsúite caillteanas le linn réitigh;
 - (h) sna forálachamaidir leis na dliteanais, de réir mar is infheidhme, níl aon dreasacht don institiúid chun a méid príomhshuime a fhuascailt nó a aisíoc, de réir mar is infheidhme roimh thráth a n-aibíochta;
 - (i) faoi réir Airteagal 72c(2), níl na dliteanais infhuascailte ag sealbhóirí na n-ionstraimí roimh thráth a n-aibíochta;
 - (j) i gcás ina n-áirítear leis na dliteanais céadrogha amháin ar cheannach nó ar aisíoc, nó níos mó, de réir mar is infheidhme, féadfar na roghanna a fheidhmiú de réir lánrogha iomlán an eistheora;
 - (k) ní fhéadfar na dliteanais a cheannach, a fhuascailt, a athcheannach nó a aisíoc go luath ach má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 77 agus Airteagal 78;
 - (l) ní thugtar le fios go sainráite ná go hintuigthe sna forálacha maidir leis na dliteanais go ndéanfaidh ná go bhféadfaidh an t-eintiteas réitigh dliteanais a cheannach, a fhuascailt, a athcheannach nó a aisíoc go luath, de réir mar is infheidhme, ach i gcás dhócmhainneacht nó leachtacht na hinstitiúide agus ní thugann an institiúid an méid sin le fios ar aon tslí eile;
 - (m) ní thugann na forálacha maidir leis na dliteanais an ceart don sealbhóir dlús a chur faoi íocaíocht sceidealta an úis nó na príomhshuime amach anseo, ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú an eintitis réitigh;
 - (n) ní leasófar an leibhéal úis nó na híocaíochtaí díbhinne, de réir mar is infheidhme, a bheidh dlite ar na dliteanais, de réir mar is infheidhme, ar bhonn sheasamh creidmheasa an eintitis réitigh nó a mháthairghnóthas;
 - (o) de réir de réir na bhforálacha conartha maidir leis na dliteanais ní mór, má fheidhmíonn an t-údarás réitigh cumhachtaí díluachála agus comhshó i gcomhréir le hAirteagal 48 de Threoir 2014/59/AE, príomhshuim na ndliteanas a dhíluacháil ar bhonn buan nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí de chuid Gnáthscaireanna Leibhéal 1.
3. Le cois na ndliteanas dá dtagraítear i mír 2, cáileoidh dliteanais mar ionstraimí dliteanas incháilithe go dtí méid comhiomlán nach mó ná 3.5% de de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le mír 3 agus mír 4 d'Airteagal 92, ar choinníoll:
- (a) go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos i mír 2 seachas an choinníoll i bpointe (d);

- (b) go bhfuil áit na ndliteanas pari passu leis na dliteanais eisiata is ísle áit dá dtagraítear in Airteagal 92a(2); agus
- (c) ní dhéanann cuimsiú na ndliteanas sin in ítimí dliteanas incháilithe dochar ábhartha d'inréititheacht na hinstitiúide, mar a dhearbhaigh an t-údarás réitigh tar éis dó na heilimintí dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 43b(3) de Threoir 2014/59/AE.

Féadfaidh institiúid a chinneadh gan na dliteanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír sna dliteanais incháilithe a áireamh.

4. Má dhéanann institiúid cinneadh dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 3, cáileoidh dliteanais mar dhliteanais incháilithe le cois na ndliteanas dá dtagraítear i mír 2, ar choinníoll:

- (a) tá an cinneadh a rinne an institiúid gan dliteanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3, tá sé éifeachtach, i gcomhréir le mír 5;
- (b) go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos i mír 2 seachas an choinníoll i bpointe (d) den mhír sin;
- (c) go bhfuil áit na ndliteanas pari passu leis na dliteanais eisiata is ísle áit dá dtagraítear in Airteagal 92a(2), nó tá siad níos sinsearaí ná iad;
- (d) ar chlár comhordaithe na hinstitiúide, ní mó ná 5% de mhéid cistí dílse agus dliteanas incháilithe na hinstitiúide an méid dliteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) a bhfuil a n-áit pari passu leis na dliteanais sin i ndócmhainneacht nó níos ísle ná iad;
- (e) ní dhéanann cuimsiú na ndliteanas sin in ítimí dliteanas incháilithe dochar ábhartha d'inréititheacht na hinstitiúide, mar a dhearbhaigh an t-údarás réitigh tar éis dó na heilimintí dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 43b(3) de Threoir 2014/59/AE.

5. Sa chinneadh dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 3, sonrófar an bhfuil rún ag an institiúid na dliteanais dá dtagraítear i mír 4 in ítimí dliteanas incháilithe nó gan aon cheann de na dliteanais dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 a áireamh. Ní fhéadfaidh institiúid dliteanais dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 araon a áireamh in ítimí dliteanas incháilithe.

Foilseofar an cinneadh sa tuarascáil bhliantúil agus tiocfaidh sé i bhfeidhm 6 mhí tar éis fhoisliú na tuarascála sin. Beidh feidhm ag an gcinneadh ar feadh bliana amháin ar a laghad.

6. Rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle leis an údarás réitigh agus é ag déanamh scrúdú féachaint an bhfuil coinníollacha an Airteagail seo comhlíonta.

Airteagal 72c
Amúchadh ionstraimí dliteanas incháilithe

1. Ionstraimí dliteanas incháilithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad, cáileoidh siad go hiomlán mar ítimí dliteanas incháilithe.
Ionstraimí dliteanas incháilithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair faoi bhun bliain amháin, ní cháileoidh siad go mar ítimí dliteanas incháilithe.
2. Chun críocha mhír 1, má chuimsíonn ionstraim dliteanas incháilithe rogha fuascailte don sealbhóir is infheidhmithe roimh thráth aibíochta na hionstraime mar a sonraíodh é ar dtús, saineofar tráth aibíochta na hionstraime mar an dáta is luaithe is féidir leis an sealbhóir an rogha fuascailte a fheidhmiú agus fuascailt nó aisíoc na hionstraime a iarraidh.

Airteagal 72d
N hiarmhairtí le deireadh a bheith le comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta

Más rud é, i gcás ionstraim dliteanas incháilithe, gur stadadh de chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 72b, stadfaidh na dliteanas láithreach de cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe.

Féadfar glacadh le dliteanas dá dtagraítear in Airteagal 72b(2) mar ionstraimí dliteanas incháilithe ar choinníoll go gcáilíonn siad mar ionstraimí dliteanas incháilithe faoi Airteagal 72b(3) nó Airteagal 72b(4).

ROINN 2
AS BHAINTÍ AS ÍTIMÍ DLITEANAS INCHÁILITHE

Airteagal 72e
as bhaintí as ítimí dliteanas incháilithe

1. As bhainfidh institiúidí atá faoi réir Airteagal 92a an méid seo a leanas as ítimí dliteanas incháilithe:
 - (a) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí dílse atá ag an institiúid, lena n-áirítear dliteanas dílse ar féidir go mbeidh sé d'oibleagáid ar an institiúid iad a cheannach mar thoradh ar oibleagáidí conarthacha atá ann cheana;
 - (b) sealúchais, bíodh siad díreach, indíreach nó sintéiseach, atá ag an institiúid ar ionstraimí de chuid eintitis G-SII agus ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag an institiúid leis na heintitis sin agus a mheasann an t-údarás inniúil gur ceapadh iad chun cumas ionsúcháin caillteanas agus cumas athchaipitlithe na hinstitiúide a mhéadú go saorga;

- (c) méid infheidhme, a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 72, sealúchas díreach, indíreach agus shintéiseach d'ionstraimí dliteanas incháilithe de chuid eintitis G-SII, i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin;
 - (d) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá ag an institiúid ar ionstraimí de chuid eintitis G-SII i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin, cé is moite de shuímh frithgheallta arna sealbhú ar feadh tréimhse níos giorra ná cúig lá oibre.
2. Chun críocha na Roinne seo, glactar leis na hionstraimí uile a bhfuil a n-áit *pari passu* le hionstraimí dliteanas incháilithe mar ionstraimí dliteanas incháilithe, ach amháin ionstraimí a bhfuil a n-áit *pari passu* le hionstraimí a aithnítear mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(3) agus (4).
 3. Chun críocha na Roinne seo, féadfaidh institiúidí méid sealúchas na n-ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(3) a ríomh mar a leanas:

$$h = \sum_i (H_i \cdot \frac{l_i}{L_i})$$

i gcás

h = méid sealúchas na n-ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(3)

i = an t-innéacs lena gcuirtear institiúid eisiúna in iúl;

H_i = méid sealúchas dhliteanas incháilithe na h-institiúide eisiúna dá dtagraítear in Airteagal 72b(3)

l_i = méid na sealúchas a áiríonn an institiúid eisiúna i in ítimí dliteanas incháilithe laistigh de na teorainneacha a shonraítear in Airteagal 72b(3) de réir an nochta is déanaí ón institiúid eisiúna;

L_i = méid iomlán dhliteanas gan íoc na h-institiúide eisiúna i dá dtagraítear in Airteagal 72b(3) de réir an nochta is déanaí ón institiúid eisiúna.

4. I gcás ina bhfuil sealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha ar ionstraimí cistí dílse nó ar ionstraimí dliteanas incháilithe ó fhochuideachta amháin nó níos mó nach bhfuil in aon ghrúpa réitigh amháin léi ag máthairinstitiúid de chuid an Aontais Eorpaigh nó máthairinstitiúid i mBallstát atá faoi réir Airteagal 92a, féadfaidh sí, tar éis di dul i gcomhairle le húdaráis réitigh aon fhochuideachtaí lena mbaineann, cead a thabhairt don mháthairchuideachta imeacht ó mhír 1(c), mír 1(d) agus mír 2, mar

mhaolú, trí mhéid níos lú arna shonrú ag an údarás réitigh baile asbhaint. Ní mór an méid is ísle sin a bheith ar a laghad cothrom leis an méid (m) a ríomhtar mar a leanas:

$$m_i = O_i + P_i - \max \{0; [(O_i + P_i) - r_{RG} \times R_i]\}$$

I gcás

i = an t-innéacs lena gcuirtear an fochuideachta in iúl;

O_i = an méid ionstraimí cistí dílse a d'eisigh fochuideachta i a aithníonn an mháthairinstitiúid i gcistí dílse comhdhlúite;

P_i = an méid dliteanas incháilithe a d'eisigh fochuideachta i a aithníonn agus atá i seilbh na máthairinstitiúide;

r_{RG} = an cóimheas is infheidhme ar an grúpa réitigh lena mbaineann i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 92a(1) agus Airteagal 45d de Threoir 2014/59/AE;

R_i = méid iomlán neamhchosanta ar riosca an eintitis G-SIIa ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) agus (4);

I gcás ina bhfuil cean ag an máthairinstitiúid an méid is ísle a asbhaint i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, asbhainfidh an fochuideachta an difríocht idir an méid a ríomhtar i gcomhréir le mír 1(c), mír 1(d) agus mír 2 agus an méid is ísle sin as eilimint chomhfhreagrach na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe.

Airteagal 72f

Ionstraimí dílse dliteanas dílse incháilithe a asbhaint

Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 72e(1), ríomhfaidh institiúidí sealúchais ar bhonn ollsuíomhanna fada faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas:

- (a) féadfaidh institiúidí méid na sealúchais sa leabhar trádála a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:
 - (i) tá an neamhchosaint fholuiteach chéanna ag na suímh fhada agus na suímh ghearra agus níl aon riosca contrapháirtí ag baint leis na suíomhanna gearra;
 - (ii) coimeádtar na suíomhanna gearra agus na suíomhanna fada araon sa leabhar neamhthrádála nó coimeádtar iad araon sa leabhar neamhthrádála;
- (e) déanfaidh institiúidí an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá mar shealúchais d'urrúis innéacsanna a chinneadh tríd an neamhchosaint fholuiteach ar ionstraimí dliteanas dílis incháilithe sna hinnéacsanna sin a ríomh;

(f) féadfaidh institiúidí ollsuíomhanna fada in ionstraimí dílse dliteanas incháilithe a thagann as sealúchais d'urrúis innéacsanna a ghlanluacháil i gcoinne suíomhanna gearra in ionstraimí dílse 72e(1) a thagann as suíomhanna gearra sna hinnéacsanna foluiteacha, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil riosca contrapháirtí ag baint leis na suíomhanna gearra sin. ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

- (i) tá an suíomh gearr agus an suíomh fada sna hinnéacsanna foluiteacha céanna;
- (ii) coimeádtar na suíomhanna gearra agus na suíomhanna fada araon sa leabhar neamhthrádála nó coimeádtar iad araon sa leabhar neamhthrádála;

Airteagal 72g

Bunachar asbhainte le haghaidh ítimí dliteanas incháilithe

Chun críocha phointe (b), phointe (c) agus phointe (d) d'Airteagal 723(1), asbhainfidh institiúidí na hollsuíomhanna fada faoi réir na n-eisceachtaí a leagtar síos in Airteagal 72h agus Airteagal 72i.

Airteagal 72h

Sealúchais de dhliteanais incháilithe de chuid eintitis GS-II eile a asbhaint

Institiúidí nach bhfuil ag úsáid an eisceacht a leagtar síos in Airteagal 72j, déanfaidh siad na hasbhaintí dá dtagraítear i bpointe (c) agus pointe (d) d'Airteagal 72e(1) i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- (a) féadfaidh siad sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha ionstraimí dliteanas incháilithe a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada atá sa neamhchosaint bhunúsach chéanna ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:
 - (i) is ionann aibíocht an tsuímh ghearr agus aibíocht an tsuímh fhada nó tá aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad acu;
 - (ii) coimeádtar suíomhanna gearra agus fada araon sa leabhar neamhthrádála nó sa leabhar trádála;
- (g) déanfaidh siad an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá mar shealúchais d'urrúis innéacsanna a chinneadh trí dhearcadh ar an neamhchosaint fholuiteach ar ionstraimí dliteanas incháilithe sna hinnéacsanna sin.

Airteagal 72i

Dliteanais incháilithe a asbhaint i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid in eintitis G-SII

1. Chun críocha phointe (c) d'Airteagal 72e(1), ríomhfaidh institiúidí an méid is infheidhme a asbhainfear tríd an méid dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a iolrú faoin bhfachtóir a díorthaíodh ón ríomh dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír

seo:

- (o) an méid comhiomlán a sháraíonn na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais agus eintitis, ionstraimí dliteanas de chuid eintiteas G_SII nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid in aon cheann acu, a sháraíonn 10% de na hítimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1 atá ag an institiúid agus ríomhfar an méid comhiomlán sin tar éis iad seo a leanas a chur i bhfeidhm:
 - (i) Airteagail 32 go 35;
 - (ii) pointí (a) go (g), pointe k(ii) go (v) agus (l) d'Airteagal 36(1), cé is moite den mhéid a bheidh le hasbhaint i dtaca le sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha;
 - (iii) Airteagal 44 agus Airteagal 45;
 - (p) an méid comhiomlán sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach ar ionstraimí dliteanas incháilithe atá ag eintitis G-II nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu arna roinnt ar mhéid foriomlán na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach atá ag an institiúid d'ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, Leibhéal 1 breise agus Leibhéal 2 de chuid eintiteas san earnáil airgeadais agus ionstraimí dliteanas de chuid eintitis G-SII nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an eintiteas réitigh in aon cheann acu.
2. Déanfaidh institiúidí suímh frithgheallta arna sealbhú ar feadh chúig lá oibre nó níos lú a eisiámh ón méid dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus ó ríomh an fhachtóra dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1.
3. Dáilfear an méid atá le hasbhaint de bhun mhír 1 ar gach ionstraim dliteanas incháilithe de chuid eintiteas G-SII. Déanfaidh institiúidí méid gach ionstraime dliteanas incháilithe a asbhaintear de bhun mhír 1 a chinneadh tríd an méid atá sonraithe i bpointe (a) a mhéadú faoin gcion atá sonraithe i bpointe (b) den mhír seo:
- (q) méid na sealúchas is gá a asbhaint de bhun mhír 1;
 - (r) an méid comhiomlán de na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá i seilbh na hinstitiúide d'ionstraimí dliteanas incháilithe de chuid eintitis G-III nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu arna léiriú ag gach ionstraim dliteanas incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide.
4. Ní asbhainfear méid na sealúchas dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 72e(56) atá cothrom le nó níos lú ná 10% d'ítimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1 atá ag an institiúid tar éis na forálacha leagtar síos i bpointí (a)(i), (ii) agus (iii) de mhír 1 a chur i bhfeidhm agus beidh siad faoi réir na n-ualaí riosca is infheidhme i gcomhréir le

Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus na gceanglas atá leagtha síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

5. Déanfaidh institiúidí méid gach ionstraim dliteanas incháilithe atá riosca-ualaithe de bhun mhír 1 a chinneadh tríd an méid sealúchas a cheanglaítear a bheith riosca-ualaithe i bpointe (a) a mhéadú faoin gcion a thiocfaidh as an ríomh i bpointe (b) de mhír 3.

Airteagal 72j

Díolmhú leabhair trádála ó asbhaintí as ítimí dliteanas incháilithe

1. Féadfaidh institiúidí cinneadh a dhéanamh gan cuid ainmnithe dá sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha ar ionstraimí dliteanas incháilithe, atá, ina méid comhiolán agus arna thomhas ar bhonn comhlán fada, cothrom le nó níos lú ná 5% d'ítimí Ghnáthscaireanna Leibhéal de chuid na hinstitiúide tar éis dóibh Airteagail 32 go 36, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:
 - (s) tá na sealúchais sa leabhar trádála;
 - (t) nach gcoinnítear na hionstraimí dliteanas incháilithe níos faide ná 30 lá gnó.
2. Beidh na méideanna de na hítimí nár asbaineadh de bhun mhír 1 faoi réir ceanglais cistí dílse maidir le hítimí sa leabhar trádála.
3. Más rud é, i gcás sealúchais arna n-asbhaint i gcomhréir le mír 1, nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa mhír sin a thuilleadh, asbhainfear na sealúchais i gcomhréir le hAirteagal 72g gan na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 72h agus Airteagal 72i a chur i bhfeidhm.

ROINN 3

CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE.

Airteagal 72k

Dliteanais incháilithe

Is éard a bheidh i ndliteanais incháilithe institiúide, ítimí dliteanais incháilithe na hinstitiúide tar éis na n-asbhaintí dá dtagraítear in Airteagal 72e.

Airteagal 72l

Cistí dílse agus dliteanais incháilithe

Is éard a bheidh i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe, suim a cistí dílse agus a dliteanais incháilithe".

- (28) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid a Dó, Teideal I, Caibidil 6:

"Ceanglais ghinearálta maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe"

(29) Leasaítear Airteagal 73 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

" Dáileacháin ar ionstraimí";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2, 3 agus 4:

"1. Maidir le hionstraimí caipitil agus dliteanais a bhfuil lánrogha iomlán ag institiúid a chinneadh ina leith dáileacháin a íoc in aon fhoirm seachas mar airgead tirim nó ionstraimí cistí dílse, ní bheidh sé de chumas acu cáiliú mar ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 nó ionstraimí dliteanas incháilithe ach amháin i gcás ina bhfuil cead faighte ag an institiúid roimh ré ó na húdaráis inniúla.

2. Ní thabharfaidh na húdaráis inniúla an cead dá dtagraítear i mír 1 ach amháin i gcás ina measann siad go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) nach ndéanfaidh an rogha dá dtagraítear i mír 1, nó an fhoirm ina bhféadfaí dáileacháin a dhéanamh, dochar do chumas na hinstitiúide íocaíochtaí a chur ar ceal faoin ionstraim;
- (b) nach ndéanfaidh an rogha dá dtagraítear i mír 1, nó an fhoirm ina bhféadfaí dáileacháin a dhéanamh, dochar do chumas na hionstraime nó an dliteanais caillteanais a sheasamh;
- (c) nach laghdódh an rogha dá dtagraítear i mír 1 nó an fhoirm ina bhféadfaí na dáileacháin a dhéanamh cáilíocht na hionstraime caipitil an dliteanais ar aon slí eile.

Rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle leis an údarás réitigh maidir leis an gceist an gcomhlíonann an institiúid leis na coinníollacha sin sula dtabharfaidh sé an cead dá dtagraítear i mír 1.

3. Maidir le hionstraimí caipitil agus dliteanais a bhfuil sé de rogha ag duine dlítheanach seachas an institiúid a eisíonn iad a chinneadh nó a cheangal ina leith go ndéanfar na dáileacháin faoi na hionstraimí sin a íoc in aon fhoirm seachas mar airgead tirim nó ionstraimí cistí dílse, ní bheidh sé de chumas acu cáiliú mar ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 nó ionstraimí dliteanas incháilithe.

4. Féadfaidh institiúidí in innéacs leathan an mhargaidh a úsáid mar cheann amháin de na boinn lena gcinntear leibhéal na ndáileachán ar ionstraimí Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 agus ionstraimí dliteanas incháilithe.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Tuairisceoidh agus nochtfaidh institiúidí na hinnéacsanna margaidh leathana ar a mbraitheann a gcaipiteal agus a n-ionstraimí dliteanas incháilithe.

(30) In Airteagal 75 cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh:

"Measfar go gcomhlíontar na ceanglais aibíochta i ndáil le suímh ghearra dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45(a), pointe (a) d'Airteagal 59, pointe (a) d'Airteagal 69, pointe (a) d'Airteagal 69 agus pointe (a) d'Airteagal 72h maidir le suímh a thógtar nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir:".

(31) In Airteagal 76, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1, mhír 2 agus mhír 3:

"1. Chun críocha phointe (a) d'Airteagail 45(a), pointe (a) d'Airteagal 59, pointe (a), pointe (a) d'Airteagal 69 agus pointe (a) d'Airteagal 72h, féadfaidh institiúidí méid suímh fhada in ionstraim chaipitil a laghdú le cion innéacs atá comhdhéanta den neamhchosaint fholuiteach chéanna atá á fálú, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) sealbhaítear an suíomh fada atá á fhálú, agus coimeádtar an suíomh gearr arna úsáid in innéacs chun an suíomh fada sin a fhálú araon sa leabhar trádála nó sealbhaítear iad araon sna leabhair neamhthrádála.

(b) sealbhaítear na suímh dá dtagraítear i bpointe (a) ar luach cóir ar chlár comhordaithe na hinstitiúide;

2. Féadfaidh institiúid, i gcás inar thug an t-údarás inniúil cead roimh ré, meastachán coimeádach a úsáid ar neamhchosaint fholuiteach na hinstitiúide ar ionstraimí a áirítear sna hinnéacsanna mar rogha eile ar institiúid a bheith ag ríomh na neamhchosanta atá aici ar na hítimí dá dtagraítear i gceann amháin de na pointí seo a leanas nó i roinnt díobh:

(a) ionstraimí dílse Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 agus ionstraimí dliteanas incháilithe, a áirítear sna hinnéacsanna;

(b) ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise agus Leibhéal 2 de chuid eintiteas san earnáil airgeadais, a áirítear sna hinnéacsanna;

(c) ionstraimí dliteanas incháilithe, a áirítear sna hinnéacsanna.

3. Ní thabharfaidh údaráis inniúla an cead dá dtagraítear i mír 2 ach amháin nuair atá sé léirithe ag an institiúid chun sástachta na n-údarás inniúil go mbeadh sé ródhian ó thaobh na hoibre de ar an institiúid faireachán a dhéanamh ar a risíocht fholuiteach ar na hítimí dá dtagraítear i gceann de phointí mhír 2 nó i roinnt díobh, de réir mar is infheidhme."

(32) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 77:

*"Airteagal 77
Coinníollacha maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a laghdú*

Gheobhaidh institiúid cead ón údarás inniúil roimh ré ceann amháin díobh seo a leanas nó an dá cheann a dhéanamh:

- (a) ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1 arna n-eisiúint ag an institiúid ar shlí a cheadaítear faoin dlí náisiúnta is infheidhme a laghdú, a fhuascailt nó a athcheannach;
 - (b) ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach ionstraimí Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 nó dliteanas incháilithe de réir mar is infheidhme, a chur i gcrích roimh dháta a n-aibíochta conarthaí."
- (33) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 78:

*"Airteagal 78
Cead maoirseachta cistí dílse agus dliteanais incháilithe a laghdú*

1. Tabharfaidh an t-údarás inniúil cead d'institiúid ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 nó dliteanas incháilithe a laghdú, a athcheannach, a cheannach nó a fhuascailt i gcás ina gcomhlíontar aon cheann den dá choinníoll seo a leanas:
 - (a) tráth níos luaithe ná an beart nó an tráth céanna leis an mbeart dá dtagraítear in Airteagal 77, déanfaidh an institiúid na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 77 a ionadú le hionstraimí cistí dílse nó dliteanais incháilithe ar an gcáilíocht chéanna nó ar cháilíocht níos airde faoi théarmaí atá inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide;
 - (b) léirigh an institiúid chun sástacht an údaráis inniúil go sáródh cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide, tar éis an bhirt lena mbaineann, na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán se, i dTreoir 2013/36/AE agus i dTreoir 2014/59/AE a shárú de chorrach a mheasann an t-údarás inniúil a bheith riachtanach.

Rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle leis an údarás réitigh sula dtabharfaidh sé an cead sin.

Má thugann institiúid ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir lena chumas oibriú le cistí dílse os cionn mhéid na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo, i dTreoir 2013/36/AE agus i dTreoir 2014/59/AE, féadfaidh an t-údarás réitigh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás inniúil, réamhchead ginearálta a thabhairt don institiúid sin ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach ionstraimí dliteanas incháilithe a dhéanamh, faoi réir critéir lena n-áiríteofar go mbeidh aon ghníomhartha den sórt sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo. Ní thabharfar an réamhchead ginearálta sin ach le haghaidh tréimhse áirithe nach mó ná bliain amháin, agus féadfar é a

athnuachan tar a éis sin. Ní thabharfar an réamhchead ginearálta ach le haghaidh méid áirithe réamhchinnte a shocróidh an t-údarás réitigh. Cuirfidh na húdaráis réitigh na húdaráis inniúla ar an eolas faoi aon réamhchead ginearálta a tugadh.

Má thugann institiúid ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir lena chumas oibriú le cistí dílse os cionn mhéid na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo, i dTreoir 2013/36/AE agus i dTreoir 2014/59/AE, féadfaidh an t-údarás inniúil, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás réitigh, réamhchead ginearálta a thabhairt don institiúid sin ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach ionstraimí dliteanas incháilithe a dhéanamh, faoi réir critéir lena n-áiríteofar go mbeidh aon ghníomhartha den sórt sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo. Ní thabharfar an réamhchead ginearálta sin ach le haghaidh tréimhse áirithe nach mó ná bliain amháin, agus féadfar é a athnuachan tar a éis sin. Tabharfar an réamhchead ginearálta le haghaidh méid áirithe réamhchinnte a shocróidh an t-údarás inniúil. I gcás ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, ní sháróidh an méid réamhchinnte sin 3% den achur ábhartha agus ní sháróidh sé 10% den mhéid a sháraíonn caipiteal Ghnáthscaireanna Leibhéal 1 suim cheanglais Ghnáthscaireanna Leibhéal 1 a leagtar amach sa Rialachán seo, i dTreoir 2013/36/AE agus i dTreoir 2014/59/AE le corrlach a mheasann an t-údarás inniúil atá riachtanach. I gcás ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó ionstraimí Leibhéal 2, ní sháróidh an méid réamhchinnte sin 10% den aschur ábhartha agus ní sháróidh sé 3% de mhéid iomlán ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó ionstraimí Leibhéal 2 gan íoc, de réir mar is infheidhme. I gcás ionstraimí dliteanas incháilithe, socróidh an t-údarás réitigh an méid réamhchinnte tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás inniúil.

Astarraingeoidh na húdaráis inniúla an réamhchead ginearálta má sháraíonn institiúid aon cheann de na critéir a tugadh chun críocha an cheada sin.

2. Agus inbhuanaitheacht na n-ionstraimí athsholáthair á measúnú faoi phointe (a) de mhír 1 d'acmhainn ioncaim na hinstitiúide, measfaidh na húdaráis inniúla cá mhéad a bheadh na hionstraimí caipitil agus na dliteanais sin níos costasaí don institiúid ná na hionstraimí a mbeadh siad ag teacht ina n-ionad.
3. I gcás ina ndéanfaidh institiúid beart dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 77 agus go dtoirmiscfear de réir an dlí náisiúnta is infheidhme diúltú d'ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 27 a fhuascailt, féadfaidh an t-údarás inniúil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a tharscaoileadh ar an gcoinníoll go gceanglóidh an t-údarás inniúil ar an institiúid teorainn a chur le fuascailt na n-ionstraimí sin ar bhonn iomchuí.
4. Féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2 a cheannach, a fhuascailt, a athcheannach nó a aisíoc le linn na gcúig bliana tar éis a ndáta eisiúna-má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 agus aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tháinig athrú ar aicmiú rialála na n-ionstraimí sin ar dóchúil go mbeadh

mar thoradh air eisiámh na n-ionstraimí ó chistí dílse nó athaicmiú mar chineál cáilíochta níos ísle de chistí dílse, agus comhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (i) measann an t-údarás inniúil gur leor an chinnteacht a bhaineann leis an athrú sin;
 - (ii) léiríonn an institiúid chun sástacht na n-údarás inniúil nach raibh athaicmiú rialála na n-ionstraimí sin intuartha go réasúnach tráth a n-eisiúint;
- (b) tháinig athrú ar an láimhseáil cánach is infheidhme i ndáil leis na h-ionstraimí sin a léiríonn an institiúid chun sástachta na n-údarás inniúil gur athrú ábharach é agus nach raibh sé intuartha go réasúnach tráth a n-eisiúna;
 - (c) marthanaíodh na hionstraimí faoi Airteagal 484 de CRR;
 - (d) tráth níos luaithe ná an beart nó an tráth céanna leis an mbeart dá dtagraítear in Airteagal 77, déanfaidh an institiúid na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 77 a ionadú le hionstraimí cistí dílse nó dliteanais incháilithe ar an gcáilíocht chéanna nó ar cháilíocht níos airde faoi théarmaí atá inbhuanaithe maidir le hacmhainn ioncaim na h-institiúide agus cheadaigh an t-údarás inniúil an gníomh sin ar bhonn an chinnidh go mbainfeadh sochar leis ó thaobh na stuamachta de agus go mbeadh údar leis de bharr cás eisceachtúil a bheith ann;
 - (e) athcheannaítear ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2 chun críocha déanamh margaidh.

Rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle leis an údarás réitigh i leith na gcoinníollacha sin sula dtabharfaidh sé an cead sin.

5. Forbróidh ÚBE dréacht-chaighdeán theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú:

- (a) an bhrí atá le 'hinbhuanaithe d'acmhainn ioncaim na h-institiúide';
- (b) na bunúis iomchuí le teorannú na fuascailte dá dtagraítear i mír 3;
- (c) an próiseas, lena n-áirítear na teorainneacha agus na nósanna imeachta maidir leis na húdaráis inniúil an faomhadh a thabhairt roimh ré i gcás bearta atá liostaithe in Airteagal 77, agus na ceanglais sonraí a theastóidh nuair a dhéanfaidh institiúid iarratas ar chead an údaráis inniúil chun beart atá liostaithe in Airteagal 77 a dhéanamh, lena n-áirítear an próiseas atá le cur i bhfeidhm i gcás fhuascailt na scaireanna arna n-eisiúint do chomhaltai comharchumann, agus an teorainn ama atá leis an iarratas sin a phróiseáil.
- (d) na cásanna eisceachtúla dá dtagraítear i mír 4.
- (e) an chiall leis an téarma 'déanamh margai' dá dtagraítear i mír 4.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [naoi mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

(34) Leasaítear Airteagal 79 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Tarscaoileadh sealadach ó asbhaint ó chistí dílse agus ó dhliteanais incháilithe";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. I gcás ina sealbhaíonn institiúid ionstraimí caipitil nó dliteanais nó ina bhfuil iasachtaí fo-ordaithe tugtha aici, de réir mar is infheidhme, a cháilíonn go sealadach mar ionstraimí Ghnáthscaireanna Leibhéal 1, de Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2 in eintiteas san earnáil airgeadais nó mar dhliteanais incháilithe in institiúid agus ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil na sealúchais sin ann chun críocha oibríochta cúnamh airgeadais a ceapadh chun an t-eintiteas nó an institiúid sin sin a atheagrú agus a shábháil, féadfaidh an t-údarás inniúil na forálacha maidir le hasbhaint a bhainfeadh leis na hionstraimí sin mura ndéanfaí sin a tharscaoileadh ar bhonn sealadach.".

(35) Leasaítear Airteagal 80 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Athbreithniú leantach ar cháilíocht cistí dílse agus dliteanas incháilithe";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfaidh ÚBE monatóireacht ar chaighdeán na n-ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag institiúidí ar fud an Aontais agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún láithreach i gcás ina bhfuil fianaise shuntasach ann nach gcomhlíonann na hionstraimí sin na critéir incháilitheachta lena mbaineann a leagtar amach sa Rialachán seo.

Ar iarratas ó ÚBE agus gan aon mhoill, cuirfidh údaráis inniúla gach faisnéis ar aghaidh chuig ÚBE a mheasann ÚBE go mbaineann sí le hábhar i ndáil le hionstraimí nua caipitil nó cineálacha nua dliteanas a eisíodh chun é a chur ar chumas ÚBE faireachán a dhéanamh ar cháilíocht ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag institiúidí ar fud an Aontais.";

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"3. Tabharfaidh ÚBE comhairle theicniúil don Choimisiún maidir le haon athruithe suntasacha a mheasann sé a theastaíonn don sainmhíniú ar chistí dílse mar thoradh ar aon cheann díobh seo a leanas:

(36) In Airteagal 81, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Is éard a bheidh i leasanna mionlaigh, suim chaipiteal Ghnáthscaireanna Leibhéal 1 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is ceann díobh seo a leanas í an fhochuideachta:

(i) institiúid;

(ii) gnóthas atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo agus Threoir (AE)2013/36/AE, de bhua an dlí náisiúnta is infheidhme;

(iii) cuideachta inmheánach sealbhaíochta airgeadais i dtríú tír atá faoi réir na rialacha céanna atá institiúidí creidmheasa an tríú tír sin agus má chinn an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 107(4) go bhfuil na rialacha sin coibhéiseach, ar a laghad, le rialacha an Rialacháin seo;

(b) tá an fhochuideachta áirithe go hiomlán sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;

(c) tá caipiteal Ghnáthscaireanna Leibhéal 1 dá dtagraítear sa chuid réamhraiteach den mhír seo faoi úinéireacht daoine seachas na gnóthais a áirítear sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon."

(37) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 82:

"Airteagal 82

Caipiteal incháilithe Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus cistí dílse incháilithe

Is é a bheidh i gcaipiteal incháilithe Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus i gcistí dílse incháilithe, an leas mionlaigh, ionstraimí Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 1 nó Leibhéal 2, de réir mar is infheidhme, móide an tuilleamh coimeádta gaolmhar agus cuntais scairbhisigh fochuideachta, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is ceachtar díobh seo a leanas í an fhochuideachta:

(i) institiúid;

(ii) gnóthas atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo agus Threoir (AE)2013/36/AE, de bhua an dlí náisiúnta is infheidhme;

(iii) cuideachta inmheánach sealbhaíochta airgeadais i dtríú tír atá faoi réir na rialacha céanna atá institiúidí creidmheasa an tríú tír sin agus má chinn an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 107(4) go bhfuil na rialacha sin coibhéiseach, ar a laghad, le rialacha an Rialacháin seo;

- (b) tá an fhochuideachta áirithe go hiomlán faoin raon feidhme comhdhlúthaithe de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;
- (c) is le daoine seachas na gnóthais a áirítear sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon na hionstraimí sin."

(38) In Airteagal 83, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh i mír 1:

"1. Go dtí an 31 Nollaig 2021, níl ionstraimí Leibhéal 1 Breise agus Leibhéal 2 arna n-eisiúint ag eintiteas sainchuspóireach, agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara ar áireamh i gcaipiteal incháilithe Leibhéal 1 Breise nó i Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 nó i gcistí dílse incháilithe, de réir mar is infheidhme, ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(39) Leasaítear Airteagal 92 mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

"(d) cóimheas gearála 3%."

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b), phointe (c) agus phointe (d):

"(b) na ceanglais cistí dílse do ghnó institiúide a bhaineann leis an leabhar trádála, i gcás an méid seo a leanas:

(iv) rioscaí margaidh arna gcinneadh i gcomhréir le Teideal IV den Chuid seo;

(v) neamhchosaintí móra ar mó iad ná na teorainneacha a shonraítear in Airteagail 395 go dtí 401, a mhéid is ceadmhach d'institiúid na teorainneacha sin a sháru, arna gcinneadh i gcomhréir le cuid a Ceathair.

(c) na ceanglais cistí dílse do rioscaí margaidh arna gcinneadh i dTeideal IV den Chuid seo do gach gníomhaíocht ghnó a ghineann rioscaí malairte eachtraí nó rioscaí tráchtarraí:

(d) na ceanglais cistí dílse arna gcinneadh i gcomhréir le Teideal V, cé is moite d'Airteagal 379 le haghaidh riosca socraíochta."

(40) Cuirtear isteach Airteagal 92a agus Airteagal 92b mar seo a leanas:

"Airteagal 92a
Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

1. Faoi réir Airteagal 93 agus Airteagal 94 agus na n-eisceachtaí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, comhlíonfaidh na hinstiúidí a shainaithnítear mar eintitis réitigh

agus ar G-SII iad nó ar cuid de G-SII iad na ceanglais seo a leanas i gcónaí maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe:

- (a) cóimheas rioscabhunaithe 18%, a bhaineann le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le mír 3 agus mír 4 d'Airteagal 92(3) agus (4);
- (b) cóimheas 6,75% nach cóimheas rioscabhunaithe é, a bhaineann le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán den tomhas iomlán neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 49(4).

2. Ní bheidh feidhm leis an gceanglas a leagtar síos i mír 1 sna cásanna seo a leanas:

- (c) laistigh de thrí bliana i ndiaidh an dáta a sainithníodh an institiúid nó an grúpa ar cuid den institiúid é mar G-SII ;
- (d) laistigh de dhá bhliain tar éis an dáta a chuir an t-údarás réitigh an uirlis díluachála fiachais i bhfeidhm i gcomhréir le Treoir 2014/59/EU;
- (e) laistigh den dá bhliain tar éis an dáta a chuir an t-eintiteas réitigh beart malartach ón earnáil phríobháideach i bhfeidhm dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 32(1) de Threoir 2014/59/EU lena ndearnadh ionstraimí caipitil agus dliteanais eile a dhíluacháil nó a chomhshó ina nGnáthchothromas Leibhéal 1 chun an t-eintiteas réitigh a athchaipitliú gan uirlisí réitigh a chur i bhfeidhm.

3. I gcás ina sáraíonn an comhiomlán a thagann as cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos i bpointe (a) de mhír 1 ar gach eintiteas réitigh den G-SII céanna an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 12, féadfaidh údarás réitigh mháthairinstitiúid an Aontais Eorpaigh, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis réitigh ábhartha eile, gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 45d(3) nó Airteagal 45h(1) de Threoir 2014/59/EU.

“Airteagal 92b

Ceanglas G-SII nach bhfuil san Aontas Eorpach maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

Comhlíonfaidh institiúidí ar fochuideachtaí ábhartha de G-SIIanna nach bhfuil san Aontas Eorpach iad agus nach eintitis réitigh iad ceanglas i gcónaí maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe ar comhionann iad agus 90% de na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a.

Ar mhaithe le mír 1 a chomhlíonadh, ní áireofar ionstraimí breise Leibhéal 1, Leibhéal 2 agus ionstraimí dliteanas incháilithe ach i gcás ina bhfuil siad á sealbhú ag máthairghnóthas na hinstitiúide i dtríú tír.”.

(41) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 94:

"Airteagal 94
Maolú do ghnó beag a bhaineann leis an leabhar trádála

1. De mhaolú ar phointe (b) d'Airteagal 92(3), féadfaidh institiúidí an ceanglas maidir le cistí dílse a chomhlíonadh sa ghnó a bhaineann leis an leabhar trádála i gcomhréir le mír 2 ar choinníoll gur lú méid ghnó leabhar trádála na n-institiúidí laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ná na tairseacha seo a leanas, nó go bhfuil siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéantar orthu go míosúil:
 - (a) 5% de shócmhainní iomlána na h-institiúide;
 - (b) EUR 50 milliún.
2. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, féadfaidh institiúidí an ceanglas maidir le cistí dílse ina ghnó a bhaineann leis an leabhar trádála a ríomh mar seo a leanas:
 - (a) maidir leis na conarthaí a liostaítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II, ar conarthaí iad a bhaineann le cothromais dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa, féadfaidh institiúidí na suíomhanna sin a dhíolmhú ón gceanglas maidir le cistí dílse dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 92(3);
 - (b) maidir le suíomhanna leabhair trádála, seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (a), féadfaidh institiúidí an ceanglas a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 92(3) a chur in ionad an cheanglais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 92(3).
3. Déanfaidh institiúidí méid an ghnó leabhair trádála atá acu laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe a ríomh ar dháta áirithe chun críocha mhír 1 i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:
 - (a) beidh na suíomhanna uile a shanntar don leabhar trádála i gcomhréir le hAirteagal 104 ar áireamh sa ríomh seachas sna cásanna seo a leanas:
 - (i) suíomhanna a bhaineann le malairt eachtrach agus tráchtarraí;
 - (ii) díorthaigh chreidmheasa a aithnítear mar fhálú inmheánach ar neamhchosaintí leabhair neamhthrádála ar riosca creidmheasa nó neamhchosaintí ar riosca contrapháirtí;
 - (b) déanfar gach suíomh a luacháil de réir a phraghais ar an margadh ar an dáta áirithe sin; mura mbeidh praghas suímh ar an margadh ar fáil ar an dáta sin, déanfaidh institiúidí an praghas is déanaí ar an margadh a ghlacadh don suíomh sin.
 - (c) déanfar suimiú ar luach absalóideach suíomhanna fada agus ar luach absalóideach suíomhanna gearra.

4. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla nuair a ríomhfaidh siad na ceanglais cistí dílse i gcomhair an ghnó leabhair trádála atá acu i gcomhréir leis an mír 2 seo.
 5. Institiúid nach gcomhlíonann aon cheann de choinníollacha mhír 1 a thuilleadh, tabharfaidh sí fógra láithreach ina leith don údarás inniúil.
 6. Scoirfidh institiúid de cheanglais cistí dílse i gcomhair an ghnó leabhair trádála atá aici a chinneadh i gcomhréir le mír 2 laistigh de thrí mhí i gceann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) ní chomhlíonann an institiúid aon cheann de choinníollacha mhír 1 ar feadh trí mhí as a chéile;
 - (b) ní chomhlíonann an institiúid aon cheann de choinníollacha mhír 1 ar feadh níos mó ná sé mhí de na 12 mhí dheireanacha;
 7. I gcás ina scoirfidh institiúid de na ceanglais cistí dílse i gcomhair an ghnó leabhair trádála atá aici a ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo, ní cheadófar di ceanglais cistí dílse i gcomhair an ghnó leabhair trádála atá aici a ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo, ach amháin i gcás ina léireoidh sí don údarás inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha go léir a leagtar amach i mír 1 ar feadh bliain iomlán gan bhriseadh.
 8. Ní thiocfaidh institiúidí i suíomh leabhair trádála nach mbeidh de chríoch acu ach aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh i rith an mheasúnaithe mhíosúil."
- (42) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 99:

"Airteagal 99

Tuairisciú ar cheanglais cistí dílse agus ar fhaisnéis airgeadais

1. Tabharfaidh institiúidí tuarascáil do na húdaráis inniúla atá acu maidir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 92 i gcomhréir leis an Airteagal seo.
Tabharfaidh na heintitis réitigh tuarascálacha do na hinstitiúidí inniúla maidir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 92a agus in Airteagal 92b ar bhonn leathbhliantúil ar a laghad.
2. De bhreis ar thuairisciú maidir le cistí dílse dá dtagraítear i mír 1, tuairisceoidh institiúidí faisnéis airgeadais do na húdaráis inniúla atá acu nuair is ceann de na hinstitiúidí seo a leanas í:
 - (a) institiúid faoi réir Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002;
 - (b) institiúid chreidmheasa a ullmhaíonn na cuntais chomhdhlúite atá aici i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta chuntasaíochta de bhun Airteagal 5(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

3. Féadfaidh údaráis inniúla a chur de cheangal ar institiúidí creidmheasa a dhéanann na cistí dílse atá acu a chinneadh ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta chuntasaíochta de bhun Airteagal 24(2) den Rialachán seo, faisnéis airgeadais a tuairisciú i gcomhréir leis an Airteagal seo.
4. Cuirfidh institiúidí beaga na tuarascálacha isteach gach bliain a cheanglaítear le míreanna 1 go dtí 3 mar a shainmhínítear in Airteagal 430a agus, faoi réir mhír 6, cuirfidh gach institiúid eile tuarascálacha isteach faoi dhó sa bhliain nó níos minice ná sin.
5. Is í amháin a bheidh sa tuairisciú ar fhaisnéis airgeadais dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 an fhaisnéis sin is gá chun léargas cuimsitheach a fháil ar phróifil riosca na h-institiúide agus na rioscaí sistéamacha a chuirfidh institiúidí ar an earnáil airgeadais nó ar an bhfíorgheilleagar mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1093/2010.
6. Ullmhóidh ÚBE dréachtchaighdeán theicniúla cur chun feidhme chun na formáidí aonfhoirmeacha, na minicíochtaí, na dátaí tuairiscithe, na sainmhínithe agus na réitigh TF le haghaidh an tuairiscithe a shonrú dá dtagraítear i míreanna 1 go dtí 3 agus in Airteagal 100.

Cuirfear na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar síos san Airteagal seo i bhfeidhm maidir le h-institiúidí ar bhealach comhréireach, ag féachaint do mhéid na n-institiúidí, do chastacht agus do chineál agus do leibhéal riosca na ngníomhaíochtaí atá acu.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeán theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

7. Measúnóidh ÚBE an tionchar airgeadais a bheidh ag Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 680/2014²⁹ ón gCoimisiún ar insitiúidí maidir le costais comhlíonta agus tuairisceoidh sé na torthaí atá aige chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an [31 Mí na Nollag 2019]. Déanfar scrúdú sa tuarascáil sin go háirithe ar cé acu a cuireadh ceanglais maidir le tuairisciú i bhfeidhm ar bhealach sách comhréireach nó nár cuireadh. Chun na gcríoch sin, déanfar an méid seo a leanas sa tuarascáil sin:
 - (a) rangófar institiúidí faoi chatagóirí atá bunaithe ar a méid, ar chastacht agus ar chineál agus ar leibhéal riosca na ngníomhaíochtaí atá acu. Áireofar go háirithe sa tuarascáil catagóir institiúidí beaga mar a shainmhínítear in Airteagal 430a;
 - (b) tomhaisfear an t-ualach tuairiscithe nach mór do gach catagóir institiúide a chur de sa tréimhse ábhartha chun na ceanglais maidir le tuairisciú a

²⁹ Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos caighdeán theicniúla maidir le tuairisciú maoirseachta ar institiúidí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 28.6.2014, lch 1).

chomhlíonadh a leagtar amach sa Rialachán (CE) Uimh. 680/2014 agus na prionsabail seo a leanas á gcur san áireamh:

- (i) tomhaisfear an t-ualach tuairiscithe mar chóimheas idir na costais comhlíonta agus glanioncam na n-institiúidí le linn na tréimhse ábhartha;
 - (ii) is éard a bheidh sna costais chomhlíonta gach caiteachas a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis na córais tuairiscithe a chur chun feidhme nó a oibriú ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear caiteachas ar fhoireann, ar chórais FT, ar sheirbhísí dlí, cuntasáíochta, iniúchóireachta agus comhairliúcháin;
 - (iii) tagróidh an tréimse ábhartha do gach tréimhse bhliantúil ina raibh costais comhlíonta ar institiúidí chun ullmhú do na ceanglais maidir le tuairisciú a chur chun feidhme a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 680 agus leanúint ar aghaidh ag oibriú na gcóras tuairiscithe ar bhonn leanúnach;
- (c) measúnófar ar chuir na costais comhlíonta cosc substaintiúil ar institiúidí nua-ionchorpraithe teacht isteach sa mhargadh nó a mhéid a chuir na costais comhlíonta cosc substaintiúil air sin;
- (d) measúnófar an tionchar a bheidh ag na costais comhlíonta, dá dtagraítear i bpointe (b)(ii), ar gach catagóir institiúide ó thaobh deischostas de; agus
- (e) molfar leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 680/2014 chun an t-ualach tuairiscithe ar institiúidí nó ar chatagóirí sonraithe a laghdú nuair is iomchuí sin ag féachaint do na cuspóirí atá sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/CE. Déanfar sa tuarascáil, ar a laghad, moltaí maidir le leibhéal na gráinneachta a laghdú i gceanglais an tuairiscithe le haghaidh institiúidí beaga mar a shainmhínítear in Airteagal 430a.
8. Chun críocha phointe (d) de mhír 7, ciallóidh 'deischostais' an luach a chaillfidh institiúidí maidir le seirbhísí nach gcuirfear ar fáil do chustaiméirí mar gheall ar chostais comhlíonta.
9. Rachaidh údaráis inniúla i gcomhairle le hÚBE chun a shocrú ar cheart d'institiúidí, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, tuairisciú ar fhaisnéis airgeadais ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le mír 2, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) níl na hInstitiúidí ábhartha ag tuairisciú cheana féin ar bhonn comhdhlúite;
 - (b) tá an hInstitiúidí ábhartha faoi réir creat cuntasáíochta i gcomhréir le Treoir 86/635/CEE;
 - (c) meastar go bhfuil an tuairisciú airgeadais riachtanach chun léargas

cuimsitheach a thabhairt ar phróifíl riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí an n-institiúidí sin agus ar na rioscaí sistémacha a chuirfidh siad ar an earnáil airgeadais nó ar an bhfíorgheilleagar mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1093/2010.

Ullmhóidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na formáidí a shonrú a mbainfidh na hinstiúidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír úsáid astu chun na gcríoch sin a leagtar amach san fhomhír sin.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

10. I gcás ina measann údarás inniúil gur gá faisnéis nach gcumhdaítear le caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 chun na gcríoch a leagtar amach i bhfomhír 5, cuirfidh sé ÚBE agus BERS ar an eolas faoin bhfaisnéis bhreise a mheasann sé is gá a áireamh sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear san fhomhír sin.
11. Féadfaidh na húdaráis inniúla na ceanglais a tharscaoileadh maidir le míreanna sonraí a thuairisciú a shonraítear sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagal 100, in Airteagal 101, in Airteagal 394, in Airteagal 415 agus in Airteagal 430 nuair atá na míreanna sonraí sin ar fáil do na húdaráis inniúla trí mhodh eile seachas na modhanna sin a shonraítear sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme thuasluaite, lena n-áirítear an áit a bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis inniúla i bhformáidí éagsula nó leibhéil gráinneachta éagsula."

(43) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 100:

"Airteagal 100
Ceanglais maidir le tuairisciú ar ualú sócmhainní

1. Tuairisceoidh na hinstiúidí do na húdaráis inniúla ar leibhéal an ualaithe sócmhainní atá acu.
2. Tabharfar sa tuarascáil dá dtagraítear i bhfomhír 1 miondealú de réir cineáil ar ualú sócmhainní, amhail comhaontuithe athcheannaigh, iasachtú urrús, neamhchosaintí urrúsaithe nó iasachtaí a ghabhann leis mar chomhthaobhacht le bannaí faoi chumhdach. "

(44) In Airteagal 101(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh:

"1. Tabharfaidh instiúidí tuairisc do na húdaráis inniúla ar bhonn leathbhliantúil ar na mionsonraí comhiomlána seo a leanas maidir le gach margadh maoine dochorraithe náisiúnta ar a bhfuil siad neamhchosanta:

(45) In Airteagal 101, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus mhír 5:

“4. Ullmhóidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na formáidí aonfhoirmeacha, na sainmhínithe agus na minicíochtaí agus na dátaí tuairiscithe a shonrú a bheidh ag na sonraí comhiomlána dá dtagraítear i bhfomhír 1, chomh maith leis na réitigh TF.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

5. De mhaolú ar mhír 1, tuairisceoidh institiúidí beaga mar a shainmhínítear in Airteagal 430a an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfomhír 1 ar bhonn bliantúil.”.

(46) Leasaítear Airteagal 102 mar seo a leanas

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, mhír 3 agus mhír 4:

“2. Beidh fianaise ann ar intinn trádála ar bhonn na straitéisí, na mbeartas agus na nósanna imeachta arna mbunú ag an institiúid chun an suíomh nó an phunann a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 104.

3. Bunóidh agus cothabhálfaidh institiúidí córais agus rialuithe chun a leabhar trádála a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 103.

4. Sannfar suíomhanna leabhair trádála le haghaidh deasca trádála arna mbunú ag an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 104b, ach amháin i gcás ina bhfuil an institiúid incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 94 nó i gcás inar tugadh an tarscaoileadh don institiúid dá dtagraítear in Airteagal 104b(3).”

(b) Cuirtear isteach an mhír 5 agus an mhír 6 seo a leanas:

“5. Beidh suíomhanna sa leabhar trádála faoi réir na gceanglas maidir le luacháil stuama a shonraítear in Airteagal 105.

6. Déanfaidh institiúidí fálú inmheánach a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 106.”.

(47) Leasaítear Airteagal 103 mar seo a leanas

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag institiúidí maidir le bainistíocht fhoriomlán an leabhair trádála. Rachaidh na beartais agus na nósanna imeachta sin i ngleic leis na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) na gníomhaíochtaí a measann an institiúid gur gníomhaíochtaí trádála iad agus go bhfuil siad ina gcuid den leabhar trádála chun críocha ceanglas cistí dílse;

- (b) a mhéid is féidir suíomh a mharcáil go laethúil ón margadh trí thagairt a dhéanamh do mhargadh dhá threo leachtach, gníomhach;
- (c) maidir le suíomhanna atá marcáilte de réir samhla, an méid is féidir leis an institiúid:
 - (i) rioscaí ábhartha an tsuímh ar fad a shainaithint;
 - (ii) gach riosca ábhartha den suíomh a fhálú le hionstraimí a bhfuil margadh dhá threo leachtach, gníomhach ann ina leith;
 - (iii) meastacháin iontaofa a dhíorthú do na príomhthoimhdí agus do na paraiméadair a úsáidtear sa tsamhail;
- (d) a mhéid is féidir leis an institiúid, agus a mhéid a cheanglaítear uirthi, luachálacha a ghiniúint don suíomh, luachálacha is féidir a bhailíochtú go seachtrach agus go comhleanúnach;
- (e) a mhéid a chuirfeadh srianta dlí nó ceanglais oibriúcháin eile bac ar chumas na hinstitiúide an suíomh a leachtú nó a fhálú go gearrthéarmach;
- (f) a mhéid is féidir leis an institiúid, agus a mhéid a cheanglaítear uirthi, rioscaí na suíomhanna laistigh dá hoibríocht trádála a bhainistiú;
- (g) a mhéid a fhéadfaidh an institiúid riosca nó suíomhanna a aistriú idir na leabhair neamhthrádála agus na leabhair trádála agus na critéir maidir leis na haistrithe sin dá dtagraítear in Airteagal 104b.";

(b) I mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:

"2. Agus í ag bainistiú a cuid suíomhanna nó a punanna suíomhanna sa leabhar trádála, comhlíonfaidh an institiúid na ceanglais seo a leanas ar fad:";

(c) I mír 2, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) beidh straitéis trádála a bheidh doiciméadaithe go soiléir, agus faofa ag an lucht bainistíochta sinsearaí, i bhfeidhm ag an institiúid don suíomh nó do na punanna sa leabhar trádála, agus áireofar an tréimhse shealbhaíochta ionchasach ann;

(d) I mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh de phointe (a):

"(b) beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag an institiúid d'fhonn bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar shuíomhanna nó ar phunanna sa leabhar trádála. Áireofar na nithe seo a leanas sna beartais agus sna nósanna imeachta sin:";

(e) I mír 2, leasaítear pointe (b) mar seo a leanas:

"(i) cé na suíomhanna nó na punanna ar féidir le gach deasc trádála nó, de réir mar a bheidh, le déileáilaithe ainmnithe dul isteach iontu;"

(48) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 104:

*"Airteagal 104
Áireamh sa leabhar trádála*

1. Beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag institiúidí chun cinneadh a dhéanamh cén suíomh a áireofar sa leabhar trádála ar mhaithe lena gceanglais chaipitil a ríomh, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 102, leis an sainmhíniú ar leabhar trádála a thugtar i bpointe (86) d'Airteagal 4(1)) agus le forálacha an Airteagail seo, agus inniúlachtaí agus cleachtais bhainistíochta rioscaí na hinstitiúide á gcur san áireamh. Tabharfaidh an institiúid doiciméadú iomlán ar cén chaoi a bhfuil sí ag comhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta sin, déanfaidh sí iniúchadh inmheánach tréimhsiúil orthu ar a laghad ar bhonn bliantúil agus cuirfidh sí torthaí na hiniúcháireachta sin ar fáil do na húdaráis inniúla.
2. Sannfar suíomhanna sna hionstraimí seo a leanas don leabhar trádála:
 - (a) ionstraimí a chomhlíonann na critéir maidir lena gcur isteach sa phunann trádála chomhghaoil, dá dtagraítear i míreanna 6 go dtí 9;
 - (b) ionstraimí airgeadais a dhéantar a bhainistiú ar dheasc trádála arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 104b;
 - (c) ionstraimí airgeadais a chruthaíonn glansuíomh gearr cothromais nó creidmheasa;
 - (d) ionstraimí a éireoidh as ceangaltais fhrithgheallta;
 - (e) sócmhainní nó dliteanais airgeadais arna dtomhas ag luach cóir;
 - (f) ionstraimí a éireoidh as gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh;
 - (g) gnóthais chomhinfheistíochta, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a shonraítear i mír 10 den Airteagal seo;
 - (h) cothromais liostaithe;
 - (i) IMUanna a bhaineann leis an trádáil;
 - (j) roghanna, lena n-áirítear díorthaigh leabaithe ghabhlaithe ó ionstraimí sa leabhar neamhthrádála a bhaineann le creidmheas nó riosca cothromais.

Chun críocha phointe (c) den mhír seo, beidh glansuíomh cothromais ghearr ag institiúid i gcás inar brabús le haghaidh institiúide é an toradh ar bheidh ar laghdú ar phraghas cothromais. Dá réir sin, beidh glansuíomh creidmheasa ghearr ag institiúid i gcás inar brabús don institiúid é an toradh a bheidh ar mhéadú ar raon difríochta creidmheasa eisitheora nó grúpa eisitheoirí nó meathlúchán ar acmhainn creidmheasa eisitheora nó grúpa eisitheoirí.

3. Ní shannfar suíomhanna sna hionstraimí seo a leanas don leabhar trádála:
 - (a) ionstraimí atá ainmnithe le haghaidh trádastóráil urrúsachán;
 - (b) sealúchais réadmhaoine;
 - (c) miondíol agus creidhmeas FBManna;
 - (d) gnóthais comhinfheistíochta eile seachas iad siúd a shonraítear i bpointe (g) de mhír 2 i gcás nach féidir leis an institiúid breathnú ar an gciste ar bhonn laethúil nó i gcás nach féidir leis an institiúid fíorphraghsanna a fháil ar infheistíocht chothromais sa chiste ar bhonn laethúil;
 - (e) conarthaí díorthacha ag a bhfuil ionstraimí foluiteacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d);
 - (f) ionstraimí arna sealbhú chun críche riosca ar leith suímh in ionstraim a fhálú dá dtagraítear i bpointí (a) go (e).
4. D'ainneoin mhír 2, ní cheadófar d'institiúid suíomh in ionstraim a shannadh dá dtagraítear i bpointí (e) go (i) de mhír 2 don leabhar trádála i gcás inar féidir leis an institiúid a léiriú do na húdaráis inniúla nach bhfuil an suíomh sealbhaithe le hintinn é a thrádáil nó nach bhfálaíonn siad suíomhanna atá sealbhaithe le hintinn iad a thrádáil.
5. Féadfaidh údaráis inniúla a chur de cheangal ar institiúid fianaise a sholáthar go sannfar suíomh nach dtagraítear dó i mír 3 don leabhar trádála. De cheal fianaise oiriúnach, féadfaidh údaráis a chur de cheangal ar institiúid an suíomh sin a ath-leithdháileadh ar an leabhar neamhthrádála, seachas ar na suíomhanna dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) de mhír 2.
6. Féadfaidh údaráis inniúla a chur de cheangal ar institiúid fianaise a sholáthar go sannfar suíomh nach dtagraítear dó i bpointí (a) go (d) de mhír 2 don leabhar neamhthrádála. De cheal fianaise oiriúnach, féadfaidh údaráis inniúla a chur de cheangal ar institiúid an suíomh sin a ath-leithdháileadh ar an leabhar neamhthrádála, mura dtagraítear don suíomh sin i mír 3.
7. Maidir le suíomhanna urrúsachán punanna trádála chomhghaoil agus díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a

leanas, sannfar don phunann trádála chomhghaoil iad.

- (a) ní suíomhanna athurrúsúchán iad, ná roghanna ar thráinse urrúsúchán, ná aon díorthaigh eile ó neamhchosaintí ar urrúsú nach soláthraíonn sciar *pro-rata* sna fáлтаis ó thráinse urrúsúchán;
- (b) is ionstraimí de na cinn seo a leanas iad na hionstraimí foluiteacha:
 - (i) ionstraimí aonainm, lena n-áirítear díorthaigh chreidmheasa aonainm, a bhfuil margadh leachtach dhá threo ann ina leith;
 - (ii) innéacsanna a thrádáiltear de ghnáth bunaithe ar na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (i).

Meastar go bhfuil margadh dhá threo ann má dhéantar tairiscintí neamhspleácha *bona fide* chun earraí a cheannach agus a dhíol ionas gur féidir praghas a bhaineann go réasúnta leis an bpraghas díola deireanach nó le tairiscint iomaíoch *bona fide* agus luachanna tairisceana reatha a chinneadh laistigh de lá amháin agus a shocrú ar an bpraghas sin laistigh de thréimhse measartha gearr ag teacht le gnás trádála.

- 8. Ní áireofar sa phunann trádála chomhghaoil aon suíomhanna ina bhfuil aon chinn de na hionstraimí seo a leanas:
 - (a) ionstraimí foluiteacha a bhaineann leis na haicmí neamhchosaintí dá dtagraítear i bpointe (h) nó i bpointe (i) d'Airteagal 112;
 - (b) éileamh ar eintiteas sainchuspóireach, arna chomhthaobhú, go díreach nó go hindíreach, le suíomh nach mbeadh incháilithe é féin le cur isteach sa phunann trádála chomhghaoil i gcomhréir le mír 6.
- 9. Féadfaidh institiúidí suíomhanna a chur sa phunann trádála chomhghaoil nach suíomhanna urrúsúchán ná díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain iad ach a fhálaíonn suíomhanna eile den phunann sin, ar choinníoll go bhfuil margadh leachtach dhá threo, de réir na tuairisce san fhomhír dheireanach de mhír 7, ann don ionstraim sin nó dá ionstraimí foluiteacha.
- 10. Sannfaidh institiúid suíomh i ngnóthas comhinfheistíochta don leabhar trádála i gcás ina gcomhlíonann sé aon cheann de na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:
 - (a) féadfaidh an institiúid breathnú ar an ngnóthas comhinfheistíochta ar bhonn laethúil;
 - (b) féadfaidh an institiúid pragsanna a fháil ar an ngnóthas comhinfheistíochta ar bhonn laethúil."
- (49) Cuirtear isteach Airteagal 104a agus Airteagal 104b mar seo a leanas:

*“Airteagal 104 a
Suíomh a athaicmiú*

1. Beidh beartais a bheidh sainmhínithe go soiléir curtha i bhfeidhm ag institiúidí chun na himthosca eisceachtúla sin a shainaithint a bhfuil údar cuí leo suíomh leabhar trádála a athaicmiú mar shuíomh leabhar neamhthrádála nó, os a choinne sin, leabhar neamhthrádála a athaicmiú ina shuíomh leabhar trádála chun na ceanglais cistí dílse a chinneadh chun sástacht na n-údarás inniúil. Déanfaidh na hinstitiúidí athbhreithniú ar na beartais sin ar bhonn bliantúil ar a laghad.
Déanfaidh ÚBE treoirlínte a ullmhú faoin dáta [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] faoin mbrí atá le himthosca eisceachtúla chun críche an Airteagail seo.
2. Tabharfaidh údaráis inniúla a gcead suíomh leabhar trádála a athaicmiú ina shuíomh leabhar trádála nó, os a choinne sin, suíomh leabhar neamhthrádála a athaicmiú ina shuíomh leabhar trádála chun críche ceanglais cistí dílse a chinneadh ach amháin i gcás inar sholáthair an institiúid fianaise i scríbhinn go bhfuil a cinneadh chun an suíomh sin a athaicmiú bunaithe ar imthoisc eisceachtúil atá comsheasmhach leis na beartais a leagfaidh an institiúid amach i gcomhréir le mír 1. Chun na críche sin, soláthróidh an institiúid fianaise leordhothánach nach gcomhlíonann an suíomh an choinníoll gur cheart an suíomh a aicmiú mar shuíomh leabhair trádála nó mar shuíomh leabhair neamhthrádála de bhun Airteagal 104.
Déanfaidh comhlacht bainistithe na hinstitiúide an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhorghnó.
3. I gcás inar thug na húdaráis inniúla a gcead i gcomhréir le mír 2, déanfaidh an institiúid na nithe seo a leanas:
 - (a) an t-eolas a nochtadh go poiblí ar an dáta tuairiscithe is luaithe go ndearnadh a shuíomh a athaicmiú;
 - (b) faoi réir na láimhseála a leagtar amach i mír 4, ceanglais cistí dílse an tsuímh athaicmithe i gcomhréir Airteagal 92 a chinneadh ón dáta tuairiscithe is luaithe;
4. I gcás inarb é glanlaghdú ar cheanglais cistí dílse, ar an dáta tuairiscithe is luaithe, an toradh a bheidh ar ghlanathrú ar mhéid ceanglais cistí dílse na hinstitiúide de bharr an suíomh a athaicmiú, sealbhóidh institiúid cistí dílse breise is comhionann agus an glanathrú seo agus noctfaidh sí go poiblí méid na gcistí dílse breise sin. Ní thiocfaidh aon athrú ar na cistí dílse breise sin go dtí go n-aibéoidh an suíomh mura gceadóidh na húdaráis inniúla don institiúid an méid sin a chéimniú amach ar dháta níos luaithe. Ní thiocfaidh aon athrú ar na cistí dílse breise sin go dtí go n-aibéoidh

an suíomh mura gceadóidh na húdaráis inniúla don institiúid an méid sin a chéimniú amach ar dháta níos luaithe.

5. Ní fhéadfar athaicimiú suímh a rinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a chúlghairm.

Airteagal 104b
Ceanglais le haghaidh na deisce trádála

1. Bunóidh institiúidí deasca trádála agus sannfaidh siad gach suíomh leabhair tráchtála acu do cheann de na deasca trádála sin. Ní shannfar suíomhanna leabhair tráchtála don deasc trádála chéanna ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad an straitéis ghnó a comhaontaíodh le haghaidh na deisce trádála agus i gcás ina ndéantar bainistiú agus faireachán go comhsheasmhach orthu i gcomhréir le mír 2.
2. Comhlíonfaidh deasca trádála na n-institiúidí na ceanglais seo a leanas i gcónaí:
 - (a) beidh ag gach deasc trádála straitéis ghnó atá soiléir sainiúil agus struchtúr bainistíochta riosca atá oiriúnach dá straitéis ghnó;
 - (b) beidh ag gach deasc trádála struchtúr soiléir eagrúcháin; déanfaidh déileálaithe ainmnithe de chuid na hinstitiúide na suíomhanna in aon deasc trádála ar leith a bhainistiú; beidh a shainfheidhmeanna féin ag gach déileálaí i dtaca leis an deasc trádála; ní shannfar d'aon deasc trádála ar leith ach an t-aon déileálaí amháin; glacfaidh déileálaí amháin in aghaidh na deisce trádála príomhról air féin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar dhéileálaithe eile na deisce trádála sin;
 - (c) socrófar teorainneacha suímh laistigh de gach deasc trádála de réir straitéis gnó na deisce trádála sin;
 - (d) déanfar tuarascálacha ar na gníomhaíochtaí, ar an mbrabúsacht, ar an mbainistíocht riosca agus ar na ceanglais rialála ar leibhéal na deisce trádála a sholáthar ar bhonn seachtainiúil ar a laghad agus cuirfear iad in iúl do bhord bainistíochta na hinstitiúide ar bhonn rialta;
 - (e) beidh ag gach deasc trádála plan gnó bliantúil atá soiléir, lena n-áireofar beartas dea-shainithe luacha saothair bunaithe ar chritéir fhónta a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas.
3. Tabharfaidh na hinstitiúidí fógra do na húdaráis inniúla faoin gcaoi a mbeidh comhlíonadh á dhéanamh acu ar mhír 2. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chur de cheangal ar institiúid struchtúr nó eagrú a deasc trádála a athrú chun go mbeidh siad i gcomhréir leis an Airteagal seo.
4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí a úsáideann na cineálacha cur chuige a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (c) d'Airteagal 325(1) chun a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a chinneadh, féadfaidh siad iarratas a

dhéanamh chun cuid de na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo, nó chun na ceanglais sin ar fad, a tharscaoileadh. Féadfaidh na húdaráis inniúla an tarscaoileadh a dheonú i gcás ina léiríonn an institiúid an méid seo a leanas:

- (a) nach mbeadh tionchar díobhálach ábhartha ag an neamh-chomhlíonadh faoi mhír 2 ar chumas na hinstitiúide bainistiú agus faireachán a dhéanamh go héifeachtach ar rioscaí margaidh a suíomhanna leabhair tráchtála;
- (b) go gcomhlíonann an institiúid na ceanglais bhainistíochta ghinearálta i leith an leabhair tráchtála a leagtar amach in Airteagal 103."

(50) Leasaítear Airteagal 105 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Beidh gach suíomh leabhair trádála agus gach suíomh leabhair neamhthráchtála arna dtomhas ar luach cóir faoi réir na gcaighdeán maidir le luacháil stuama a shonraítear san Airteagal seo. Áiritheoidh institiúidí go háirithe go mbainfidh an luacháil stuama a dhéanfar ar a gcuid suíomhanna leabhair trádála leibhéal cinnteachta iomchuí amach ag féachaint don mhianach dinimiciúil a bhaineann le suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthráchtála arna dtomhas ar luach cóir, na héilimh a bhaineann le fíontacht stuamachta agus an modh oibríochta agus cuspóir na riachtanas caipitil maidir le suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthráchtála arna dtomhas ar luach cóir.";

- (b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

"3. Déanfaidh institiúidí athluacháil ar shuíomhanna leabhair trádála ar luach cóir ar bhonn laethúil ar a laghad. Déanfar athruithe ar luach na suíomhanna sin a thuairisciú mar chuid de chuntas brabúis agus caillteanais na hinstitiúide.

4. Marcálfaidh institiúidí a gcuid suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthráchtála arna dtomhas ar luach cóir, nuair is féidir sin, lena n-áirítear nuair a bheidh an láimhseáil caipitil ábhartha á cur i bhfeidhm acu ar na suíomhanna sin.";

- (c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

"6. Nuair nach féidir marcáil chun margaidh, déanfaidh institiúidí marcáil choimeádach chun samhail a fháil dá suíomhanna agus dá bpunanna, lena n-áirítear nuair a bheidh ceanglais cistí dílse á ríomh le haghaidh suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthráchtála arna dtomhas ar luach cóir.";

- (d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 7:

"Chun críocha phointe (d), forbrófar nó faomhfar an tsamhail go neamhspleách ar na deasca trádála agus déanfar tástáil neamhspleách uirthi, lena n-áirítear bailíochtú ar an matamaitic, ar na toimhdí agus ar chur chun feidhme na mbogearraí.";

(e) I mír 11, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) an méid breise ama a thógfadh sé an suíomh nó na rioscaí laistigh den suíomh sin a fhálú amach i ndiaidh na dtréimhsí leachtachta a sannadh d'fhachtóirí riosca an tsuímh i gcomhréir le hAirteagal 325be;"

(51) Leasaítear Airteagal 106 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

"2. Beidh feidhm ag ceanglais mhír 1 gan dochar do na ceanglais is infheidhme maidir leis an suíomh fálaíthe sa leabhar neamhthrádála nó sa leabhar trádála, nuair is ábhartha.

3. I gcás ina ndéanann institiúid fálú ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca creidmheasa nó ar neamhchosaint ar riosca an chontrapháirtí ag úsáid díorthach creidmheasa atá cláraithe ina leabhar trádála, aithneofar an suíomh díorthaigh creidmheasa sin mar fhálú inmheánach ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca creidmheasa nó ar neamhchosaint ar riosca an chontrapháirtí chun críche na méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca dá dtagraítear in Airteagal 92(3)(a) a ríomh i gcás ina ndéanann an institiúid idirbheart díorthaigh creidmheasa eile le soláthraí cosanta tríú páirtí incháilithe a chomhlíonann na ceanglais maidir le cosaint neamhchistithe creidmheasa sa leabhar neamhthrádála agus a fhritháiríonn go hiomlán riosca margaidh an fhálúcháin inmheánaigh.

Áireofar fálú inmheánach a aithnítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus an díorthach creidmheasa atá déanta le tríú páirtí, áireofar iad araon sa leabhar trádála chun críocha na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a ríomh.";

(b) Cuirtear isteach mír 4, mír 5 agus mír 6 seo a leanas:

"4. I gcás ina ndéanann institiúid fálú ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca gnáthscaireanna ag úsáid díorthach gnáthscaireanna atá cláraithe ina leabhar trádála, aithneofar an suíomh díorthaigh gnáthscaireanna sin mar fhálú inmheánach ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca gnáthscaireanna chun críche na méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca dá dtagraítear in Airteagal 92(3)(a) a ríomh i gcás ina ndéanann an institiúid idirbheart díorthaigh gnáthscaireanna eile le soláthraí cosanta tríú páirtí incháilithe a chomhlíonann na ceanglais maidir le cosaint neamhchistithe creidmheasa sa leabhar neamhthrádála agus a fhritháiríonn go hiomlán riosca margaidh an fhálúcháin inmheánaigh.

Áireofar fálú inmheánach a aithnítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus an díorthach gnáthscaireanna atá déanta le tríú páirtí, áireofar iad araon sa leabhar trádála chun críche na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a ríomh.

5. I gcás ina ndéanann institiúid fálú ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca ráta úis ag úsáid suíomh riosca ráta úis atá cláraithe ina leabhar trádála, measfar gur fálú inmheánach é an suíomh sin chun críocha rioscaí ráta úis a thagann

as suíomhanna neamhthrádála a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 84 agus le hAirteagal 98 de Threoir 2013/36/AE más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (c) sannadh an suíomh do dheasc trádála a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 104b arb é is straitéis ghnó di bainistiú agus maolú a dhéanamh ar an riosca margaidh a bhaineann le fáluithe inmheánacha ar neamhchosaint ar riosca ráta úis, agus an méid sin amháin. Chun na críche sin, féadfaidh an deasc trádála sin suíomhanna eile riosca ráta úis a bheith acu le tríú páirtithe nó le deasca trádála eile de chuid na hinstitiúide, ar choinníoll go bhfritháiríonn na deasca trádála eile sin go hiomlán riosca margaidh na suíomhanna eile riosca ráta úis sin trí shuíomhanna riosca ráta úis dá malairt a bheith acu le tríú páirtithe;
- (d) rinne an institiúid doiciméadú iomlán ar an gcaoi a maolaíonn an suíomh na rioscaí ráta úis a bhaineann le suíomhanna leabhair neamhthráchtála chun críocha na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 84 agus in Airteagal 98 de Threoir 2013/36/AE;

6. Déanfar na ceanglais cistí dílse do rioscaí margaidh na suíomhanna uile a sannadh don deasc trádála dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 nó atá aici, déanfar iad a ríomh ar bhonn aonair mar phunann ar leithligh agus beidh siad sa bhreis ar na ceanglais cistí dílse do na suíomhanna leabhair trádála eile."

(52) In Airteagal 107, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Chun críocha an Rialacháin seo, láimhseálfar neamhchosaintí ar ghnólacht infheistíochta tríú tír, neamhchosaintí ar institiúid chreidmheasa tríú tír agus neamhchosaintí ar mhalartán tríú tír mar neamhchosaintí ar institiúid i gcás ina gcuireann an tríú tír ceanglais stuamachta agus mhaoirseachta i bhfeidhm maidir leis an eintiteas sin, ar ceanglais iad atá ar a laghad coibhéiseach leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, agus sa chás sin amháin."

(53) In Airteagal 128, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Sannfaidh institiúidí ualú riosca 150% ar neamhchosaintí a mbaineann riosca fíor-ard leo.

2. Chun críocha an Airteagail seo, láimhseálfadh institiúidí maoiniú amhantrach réadmhaoine mar neamhchosaintí a mbaineann riosca fíor-ard leo."

(54) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 132:

"Airteagal 132

Ceanglais cistí dílse do neamhchosaintí atá i bhfoirm aonad nó scaireanna i GCanna

1. Ríomhfaidh institiúidí méid neamhchosanta a neamhchosaintí féin atá ualaithe ó thaobh riosca i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC trí mhéid neamhchosanta

neamhchosaintí an GC atá ualaithe ó thaobh riosca, arna thomhas sin i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2, a iolrú faoi chéatadán na n-aonad nó na scaireanna atá ag na hinstitiúidí sin.

2. I gcás ina mbeidh na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 comhlíonta, féadfaidh institiúidí an cur chuige trébhreathnaitheach a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 132a(1) nó an cur chuige bunaithe ar shainordú a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 132a(2).

Faoi réir Airteagal 132b(2), na hinstitiúidí sin nach gcuireann an cur chuige trébhreathnaitheach ná an cur chuige bunaithe ar shainordú i bhfeidhm, sannfaidh siad ualú riosca 1,250% (“cur chuige cúltaca”) ar na neamhchosaintí sin dá gcuid atá i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC.

Féadfaidh institiúidí méid neamhchosanta a neamhchosaintí féin atá ualaithe ó thaobh riosca i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC a ríomh trí na cineálacha cur chuige dá dtagraítear sa mhír seo a chomhcheangal, ar chuntar go gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis na cineálacha cur chuige sin a úsáid.

3. Féadfaidh institiúidí méid neamhchosanta neamhchosaintí GC atá ualaithe ó thaobh riosca a chinneadh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) is ceann díobh seo a leanas an GC:

- (i) gnóthas le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) atá faoi rialú ag Treoir 2009/65/CE;
- (ii) ciste infheistíochta malartach de chuid an Aontais Eorpaigh (CIM AE) faoi bhainistiú bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha de chuid an Aontais Eorpaigh (BCIM AE) atá cláraithe faoi Airteagal 3(3) de Threoir 2011/61/AE;
- (iii) CIM faoi bhainistiú BCIM AE atá údaraithe faoi Airteagal 6 de Threoir 2011/61/AE;
- (iv) CIM faoi bhainistiú BCIM neamh-AE atá údaraithe faoi Airteagal 37 de Threoir 2011/61/AE;
- (v) CIM neamh-AE faoi bhainistiú BCIM neamh-AE atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 42 de Threoir 2011/61/AE;

(b) áirítear an méid seo a leanas i réamheolaire an GC nó ina choibhéis de dhoiciméad:

- (i) na catagóirí sócmhainní a bhfuil údarú ag an GC infheistiú iontu;

- (ii) na teorainneacha coibhneasta agus na modheolaíochtaí chun iad a ríomh, más rud é go bhfuil feidhm ag teorainneacha infheistíochta;
 - (c) tá nósanna tuairiscithe an GC don institiúid i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:
 - (i) déanfar gnó an GC a thuairisciú chomh minic céanna, ar a laghad, le gnó na hinstitiúide;
 - (ii) is leor gráinneacht na faisnéise airgeadais le gur féidir leis an institiúid méid neamhchosanta an GC atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a roghnóidh an institiúid;
 - (iii) déanfaidh tríú páirtí neamhspleách faisnéis faoi na neamhchosaintí foluiteacha a fhíorú i gcás ina gcuireann an institiúid an cur chuige trébhreathnaitheach i bhfeidhm.
4. Féadfaidh institiúidí nach bhfuil leordhóthain sonraí nó faisnéise acu chun méid neamhchosanta neamhchosaintí GC atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a, féadfaidh siad brath ar ríomhanna atá déanta ag tríú páirtí, ar chuntar go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:
- (a) is ceann díobh seo a leanas an tríú páirtí:
 - (i) institiúid taisclainne nó institiúid taisclainne airgeadais an GC ar choinníoll go ndéanfaidh an GC infheistíocht eisiach in urrúis agus go ndéanfaidh sé gach urrús a chur i dtaisce san institiúid taisclainne sin nó san institiúid taisclainne airgeadais sin;
 - (ii) maidir le GCanna nach gcumhdaítear le pointe (i), an chuideachta bhainistíochta GC, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an GC an coinníoll a leagtar amach i bpointe (a) de mhír 3.
 - (b) déanfaidh an tríú páirtí an ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i mír 1, mír 2 agus mír 3 d'Airteagal 132a, de réir mar is infheidhme;
 - (c) deimhneoidh iniúchóir seachtrach cruinneas an ríomha a rinne an tríú páirtí.

Institiúidí a bheidh ag brath ar ríomhanna atá déanta ag tríú páirtí, déanfaidh siad méid neamhchosanta neamhchosaintí GC atá ualaithe ó thaobh riosca agus a thagann as na ríomhanna sin, déanfaidh siad iad a iolrú faoi fhachtóir 1,2.

1. I gcás ina gcuireann institiúid na cineálacha cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 132(a) i bhfeidhm chun críche méid neamhchosanta neamhchosaintí GC atá ualaithe ó thaobh riosca (“GC Leibhéal 1”) a ríomh, agus i gcás inar

neamhchosaint i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC eile (“GC Leibhéal 2”) é aon cheann de neamhchosaintí foluiteacha an GC Leibhéal 1, féadfar méid neamhchosanta neamhchosaintí an GC Leibhéal 2 atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh trí úsáid a bhaint as aon cheann de na trí chineál cur chuige ar a bhfuil tuairisc i mír 2. Féadfaidh an institiúid an cur chuige trébhreathnaitheach a úsáid chun méideanna neamhchosanta neamhchosaintí an GC Leibhéal 3 atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh agus neamhchosaintí ar aon leibhéal ina dhiaidh sin i gcás inar úsáideadh an cur chuige sin chun an leibhéal roimhe sin a ríomh. In aon chás eile, bainfidh sí úsáid as an gcur chuige cúltaca.

6. Maidir le méid neamhchosanta neamhchosaintí GC atá ualaithe ó thaobh riosca arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige trébhreathnaitheach agus leis an gcur chuige bunaithe ar shainordú, beidh uasteorainn leis arb ionann í agus méid neamhchosanta neamhchosaintí an GC sin atá ualaithe ó thaobh riosca arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige cúltaca.”.

(55) Cuirtear isteach Airteagal 132a seo a leanas:

“Airteagal 132a

Cineálacha cur chuige chun méideanna neamhchosanta GCanna atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh

1. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha faoi Airteagal 132(3), déanfaidh institiúidí a bhfuil leordhóthain faisnéise acu faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair GC, déanfaidh siad na neamhchosaintí sin a thrébhreathnú chun méid neamhchosanta an GC sin atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh, agus ualú riosca á dhéanamh acu ar gach neamhchosaint fholuiteach de chuid an GC amhail agus dá mba leis na hinstitiúidí féin iad.
2. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha faoi Airteagal 132(3), féadfaidh institiúidí nach bhfuil leordhóthain faisnéise acu faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair GC chun an cur chuige trébhreathnaitheach a úsáid, féadfaidh siad méid neamhchosanta na neamhchosaintí sin atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh faoi na teorainneacha a socraíodh sa reachtaíocht ábhartha agus i sainordú an GC.

Chun críocha na chéad fhomhíre, déanfaidh na hinstitiúidí na ríomhanna, á ghlacadh leis go dtabhóidh an GC ar dtús neamhchosaintí go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear dó faoina shainordú nó faoin reachtaíocht ábhartha sna neamhchosaintí a mbaineann an ceanglas cistí dílse is airde leo agus go leanfaidh siad de bheith ag tabhú neamhchosaintí in ord íslitheach go dtí go sroichfear an uasteorainn neamhchosanta iomlán.

Déanfaidh institiúidí an ríomh dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach sa Chaibidil seo, i gCaibidil 5 den Teideal seo, agus i Roinn 3, i Roinn 4 nó i Roinn 5 de Chaibidil 6 den Teideal seo.

3. De mhaolú ar phointe (d) d’Airteagal 92(3), féadfaidh institiúidí a ríomhfaidh méid neamhchosanta neamhchosaintí GC atá ualaithe ó thaobh riosca i gcomhréir le mír 1 nó le mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh siad méid is ionann agus 50% de luach neamhchosanta neamhchosaintí díorthach an GC sin a úsáid in ionad an cheanglais cistí díisle do riosca coigeartaithe luachála creidmheasa a neamhchosaintí díorthach arna ríomh i gcomhréir le Roinn 3, le Roinn 4 nó le Roinn 5 de Chaibidil 6 den Teideal seo, de réir mar is infheidhme.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, agus an ceanglas cistí díisle do dhíorthaigh riosca ó choigeartú luachála creidmheasa á ríomh aici, féadfaidh institiúid neamhchosaintí a eisiamh ón ríomh sin nach mbeadh faoi réir an cheanglais sin toisc gur thabhaigh an institiúid go díreach iad.

4. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú a dhéanamh ar an gcaoi a ríomhfaidh institiúidí an méid neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca dá dtagraítear i mír 2 i gcás nach bhfuil fáil ar aon cheann de na hionchuir is gá le haghaidh an ríomha sin.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [naoi mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

- (56) Cuirtear isteach an tAirteagal 132b seo a leanas:

“Airteagal 132b

Eisiaimh ó na cineálacha cur chuige chun méideanna neamhchosanta GCanna atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh

5. Maidir leis na ríomhanna dá dtagraítear in Airteagal 132, déanfaidh institiúidí ionstraimí Comh-ghnáthscaireanna Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Breise Leibhéal 2, atá ag GC agus nach mór a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1), le hAirteagal 56 agus le hAirteagal 66 faoi seach, déanfaidh siad na hionstraimí sin a eisiamh ó na ríomhanna thuasluaite.
6. Maidir leis na ríomhanna dá dtagraítear in Airteagal 132, féadfaidh institiúidí neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna i GCanna de réir bhrí phointe (g) agus phointe (h) d’Airteagal 150(1) a eisiamh ó na ríomhanna sin agus féadfaidh siad an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 133 a chur i bhfeidhm ar na neamhchosaintí sin.”.

- (57) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 152:

“Airteagal 152

Neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna i GCanna a láimhseáil

1. Ríomhfaidh institiúidí méid neamhchosanta a neamhchosaintí féin atá ualaithe ó thaobh riosca agus i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC trí mhéid neamhchosanta an GC atá ualaithe ó thaobh riosca, arna thomhas sin i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach san Airteagal seo, a iolrú faoi chéatadán na n-aonad nó na scaireanna atá ag na hinstitiúidí sin.
2. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha faoi Airteagal 132(3), déanfaidh institiúidí a bhfuil leordhóthain faisnéise acu faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair GC, déanfaidh siad na neamhchosaintí foluiteacha sin a thrébhreathnú chun méid neamhchosanta an GC sin atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh, agus ualú riosca á dhéanamh acu ar gach neamhchosaint fholuiteach de chuid an GC amhail agus dá mba leis na hinstitiúidí féin iad.
3. De mhaolú ar phointe (d) d’Airteagal 92(3), féadfaidh institiúidí a ríomhfaidh méid neamhchosanta an GC atá ualaithe ó thaobh riosca i gcomhréir le mír 1 nó le mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh siad méid is ionann agus 50% de luach neamhchosanta neamhchosaintí díorthach an GC sin a úsáid in ionad an cheanglais cistí díse do riosca coigeartaithe luachála creidmheasa a neamhchosaintí díorthach i gcomhréir le Roinn 3, le Roinn 4 nó le Roinn 5 de Chaibidil 6 den Teideal seo, de réir mar is infheidhme.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, agus an ceanglas cistí díse do dhíorthaigh riosca ó choigeartú luachála creidmheasa á ríomh aici, féadfaidh institiúid neamhchosaintí a eisiamh ón ríomh sin nach mbeadh faoi réir an cheanglais toisc gur thabhaigh an institiúid go díreach iad.
4. Maidir le hinstitiúidí a chuireann an cur chuige trébhreathnaitheach i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2 agus le mír 3 agus a chomhlíonann na coinníollacha maidir le páirtúsáid bhuan i gcomhréir le hAirteagal 150, nó nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir leis na modhanna a leagtar amach sa Chaibidil seo a úsáid do neamhchosaintí foluiteacha uile an GC nó do chodanna díobh, ríomhfaidh na hinstitiúidí sin méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:
 - (a) maidir le neamhchosaintí atá in aicme na neamhchosanta ar ghnáthscaireanna dá dtagraítear i bpointe (e) d’Airteagal 147(2)(e), cuirfidh institiúidí an cur chuige simplí maidir le hualú riosca i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 155(2);
 - (b) maidir le neamhchosaintí atá in aicme na neamhchosanta ar urrúsú, cuirfidh institiúidí an modh bunaithe ar rátálacha i bhfeidhm a leagtar amach in

Airteagal 261;

- (c) maidir le gach neamhchosaint fhorluiteach eile, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm an cur chuige caighdeánaithe a leagtar síos i gCaibidil 2 den Teideal seo.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, i gcás nach bhfuil an institiúid in ann idirdhealú a dhéanamh ar neamhchosaintí gnáthscaireanna príobháideacha, neamhchosaintí a thrádáiltear ar an malartán agus neamhchosaintí gnáthscaireanna eile, láimhseálfaidh sí na neamhchosaintí lena mbaineann mar neamhchosaintí gnáthscaireanna eile.

5. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha faoi Airteagal 132(3), féadfaidh institiúidí nach bhfuil leordhóthain faisnéise acu faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair GC, féadfaidh siad méid neamhchosanta na neamhchosaintí sin atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige bunaithe ar shainordú a leagtar amach in Airteagal 132a(2). Os a choinne sin, i gcás na neamhchosaintí a liostaítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 4 den Airteagal seo, cuirfidh institiúidí na cineálacha cur chuige i bhfeidhm a leagtar amach ann.
6. Faoi réir Airteagal 132b(2), na hinstitiúidí sin nach gcuireann an cur chuige trébhreathnaitheach i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2 agus le mír 3 den Airteagal seo nó nach gcuireann an cur chuige bunaithe ar shainordú i bhfeidhm i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, cuirfidh siad an cur chuige cúltaca dá dtagraítear in Airteagal 132(2) i bhfeidhm.
7. Féadfaidh institiúidí nach bhfuil leordhóthain sonraí nó faisnéise acu chun méid neamhchosanta GC atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i míreanna 2, 3, 4 agus 5, féadfaidh siad brath ar ríomhanna atá déanta ag tríú páirtí, ar chuntar go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:
 - (a) is ceann díobh seo a leanas an tríú páirtí:
 - (i) institiúid taisclainne nó institiúid taisclainne airgeadais an GC ar choinníoll go ndéanfaidh an GC infheistíocht eisiach in urrúis agus go ndéanfaidh sí gach urrús a chur i dtaisce san institiúid taisclainne sin nó san institiúid taisclainne airgeadais sin;
 - (ii) maidir le GCanna nach gcumhdaítear le pointe (i), an chuideachta bhainistíochta GC, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an GC na critéir a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 132(3);
 - (b) maidir le neamhchosaintí seachas iad sin a liostaítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 4, déanfaidh an tríú páirtí an ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a(1);

(c) maidir leis na neamhchosaintí a liostaítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 4, déanfaidh an tríú páirtí an ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach inti;

(d) deimhneoidh iniúchóir seachtrach cruinneas an ríomha a rinne an tríú páirtí.

Institiúidí a bheidh ag brath ar ríomhanna atá déanta ag tríú páirtí, déanfaidh siad méideanna neamhchosanta neamhchosaintí GC atá ualaithe ó thaobh riosca agus a thagann as na ríomhanna sin, déanfaidh siad iad a iolrú faoi fhachtóir 1,2.

8. Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag na forálacha atá in Airteagal 132(5) agus (6) agus in Airteagal 132b.”.

(58) In Airteagal 201(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

“(h) contrapháirtithe lárnacha cáilitheacha.”.

(59) Cuirtear isteach Airteagal 204a seo a leanas:

*“Airteagal 204a
Cineálacha incháilitheacha díorthach gnáthscaireanna*

1. Ní fhéadfaidh institiúidí díorthaigh gnáthscaireanna, ar babhtálacha an toraidh iomláin iad nó cinn a bhfuil éifeacht eacnamaíoch chomhchosúil acu, a úsáid mar chosaint creidmheasa incháilithe ach amháin chun críocha fáluithe inmheánacha a dhéanamh.

I gcás ina gceannaíonn institiúid cosaint creidmheasa trí bhabhtáil an toraidh iomláin agus go ndéanann sí taifead ar na glaníocaíochtaí arna bhfáil ar an mbabhtáil mar ghlanioncam, ach nach ndéanann sí taifead ar an meath fritháirimh i luach na sócmhainne atá cosanta faoi laghduithe i luach cóir nó trí mhéid breise a bheith curtha le cúlchistí, ní cháilíonn an chosaint creidmheasa sin mar chosaint creidmheasa incháilithe.

2. I gcás ina ndéanann institiúid fálú inmheánach ag baint úsáid as díorthach gnáthscaireanna, ionas go gcáileoidh an fálú inmheánach mar chosaint creidmheasa incháilithe chun críocha na Caibidle seo, déanfar an riosca creidmheasa a aistríodh chuig an leabhar trádála a aistriú chuig tríú páirtí nó páirtithe.

I gcás ina ndearnadh fálú inmheánach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus inar comhlíonadh na ceanglais sa Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí na rialacha a leagtar amach i Roinn 4 go Roinn 6 den Chaibidil seo i bhfeidhm maidir le méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh i gcás ina bhfaigheann siad cosaint neamhchistithe creidmheasa.

(60) Leasaítear Airteagal 223 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 3:

"I gcás idirbheart díorthach thar an gcuntar ríomhfaidh institiúidí E_{VA} mar leanas ag úsáid an mhodha a leagtar síos i Roinn 6 de Chaibidil 6:

$$E_{VA} = E$$

."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 5:

"I gcás idirbheart díorthach thar an gcuntar, cuirfidh na hinstitiúidí sin a bheidh ag baint úsáid as na modhanna a leagtar síos i Roinn 3, i Roinn 4 agus i Roinn 5 de Chaibidil 6 den Teideal seo, cuirfidh siad san áireamh éifeachtaí maolaithe riosca na comhthaobhachta i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sna Ranna sin, de réir mar is infheidhme."

(61) In Airteagal 272, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (6) agus phointe (12):

"(6) ciallaíonn ‘tacar fálúcháin’ grúpa idirbheart laistigh de thacar glanluachála aonair dá gceadaítear fritháireamh iomlán nó páirteach chun an neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch a chinneadh de réir na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 nó i Roinn 4 den Chaibidil seo;

(12) ciallaíonn ‘Margadhluach Reatha’, nó ‘CMV’, chun críocha Roinn 3 go Roinn 5 den Chaibidil seo, margadhluach glan na n-idirbheart uile laistigh de thacar glanluachála, agus aon chomhthaobhacht san áireamh atá á sealbhú nó atá breactha, i gcás ina ríomhtar i bhfoirm ghlan na margadhluachanna dearfacha agus diúltacha, agus an CMV á ríomh;"

(62) In Airteagal 272, cuirtear an pointe (7a) agus an pointe (12a) seo a leanas isteach:

"(7a) ciallaíonn ‘comhaontú corrlaigh aontreo’ comhaontú corrlaigh faoina n-éileofar ar an institiúid corrlaigh athrúcháin a bhreacadh chuig contrapháirtí ach nach bhfuil sí i dteideal corrlach athrúcháin a fháil ón gcontrapháirtí sin nó a mhalairt;"

"(12a) ciallaíonn ‘glanmhéid na comhthaobhachta neamhspleáiche’ nó ‘NICA’ suim luach na glanchomhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, de réir mar is infheidhme, chuig an tacar glanluachála seachas an corrlach athrúcháin;"

(63) Leasaítear Airteagal 273 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ríomhfaidh institiúidí luach neamhchosanta na gconarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II ar bhonn ceann de na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 den Chaibidil seo i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Ní úsáidfí institiúid nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 273a (2) an modh a leagtar amach i Roinn 4 den Chaibidil seo. Ní

úsáidfídh institiúid nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 273a (3) an modh a leagtar amach i Roinn 5 den Chaibidil seo.

Ní úsáidfídh institiúid an modh a leagtar amach i Roinn 5 den Chaibidil seo chun luach neamhchosanta na gconarthaí a liostaítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn II a chinneadh.

Féadfaidh institiúidí na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 den Chaibidil seo a úsáid i dteaghlaim ar bhonn buan laistigh de ghrúpa. Ní dhéanfaidh institiúid aonair na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 den Chaibidil seo a úsáid i dteaghlaim ar bhonn buan."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6, 7, 8 agus 9:

"6. Faoi gach modh a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 den Chaibidil seo, beidh luach na neamhchosanta le haghaidh contrapháirtí áirithe cothrom le suim na luachanna neamhchosanta arna ríomh do gach tacar glanluachála leis an gcontrapháirtí sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás ina bhfuil feidhm ag comhaontú corrlaigh amháin maidir le tacair ghlanluachála iomadúla leis an gcontrapháirtí sin agus i gcás ina bhfuil an institiúid ag baint úsáid as ceann de na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 agus i Roinn 6 den Chaibidil seo chun luach neamhchosanta na dtacar glanluachála sin a ríomh, déanfar luach na neamhchosanta a ríomh i gcomhréir leis an Roinn sin.

Le haghaidh contrapháirtí faoi leith, beidh luach na neamhchosanta le haghaidh tacar glanluachála áirithe d'ionstraimí díorthacha thar an gcuntar a liostaítear in Iarscríbhinn II arna ríomh i gcomhréir leis an gCaibidil seo cothrom leis an gceann is mó idir nialas agus an difríocht idir suim na luachanna neamhchosanta thar gach tacar glanluachála leis an gcontrapháirtí agus suim CVA don chontrapháirtí sin arna aithint ag an institiúid mar dhíluacháil thabhairthe. Déanfar na coigeartuithe luachála creidmheasa a ríomh gan aon choigeartuithe luachála dochair fhritháirimh a chur san áireamh a thugtar do riosca creidmheasa na gnólachta airgeadais féin atá eisiata cheana ó chistí dílse i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 33(1).

7. Agus luach na neamhchosanta á ríomh acu i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 5 den Chaibidil seo, féadfaidh institiúidí dhá chonradh dhíorthacha thar an gcuntar ar lánmheaitseálacha iad agus a áirítear sa chomhaontú glanluachála céanna a láimhseáil mar chonradh singil ag a bhfuil príomhshuim bharúlach atá cothrom le nialas.

Chun críocha na chéad fhomhíre, meastar gur lánmheaitseálacha dhá chonradh dhíorthacha thar an gcuntar nuair a chomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil a suíomhanna riosca urchomhaireach i leith a chéile;

(b) gur comhionann na gnéithe atá acu cé is moite den dáta trádála;

(c) go bhfritháiríonn a sreabha airgid a chéile.

8. Déanfaidh institiúidí luach neamhchosanta na neamhchosaintí a thagann as idirbhearta socraíochta iarchurtha a chinneadh trí aon cheann de na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6, beag beann ar an modh atá roghnaithe ag an institiúid chun díorthaigh thar an gcuntar agus idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí agus idirbhearta iasachta corrlaigh a láimhseáil. Agus ceanglais cistí dílse á ríomh le haghaidh idirbhearta socraíochta iarchurtha, féadfaidh institiúid a úsáideann an cur chuige a leagtar amach i gCaibidil 3 ualuithe riosca a shannadh faoin gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 2 ar bhonn buan agus beag beann ar ábharthacht na suíomhanna sin.

9. Maidir leis na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 den Chaibidil seo, láimhseálfad institiúidí idirbhearta ar aithníodh sainriosca comhghaolmhaireachta iontu i gcomhréir le hAirteagal 291."

(64) Cuirtear isteach Airteagal 273a agus Airteagal 273b seo a leanas:

"Airteagal 273a

Coinníollacha maidir le modhanna simplithe a úsáid chun luach na neamhchosanta a ríomh

1. Féadfaidh institiúid luach neamhchosanta suíomhanna díorthach a ríomh i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i Roinn 4 ar choinníoll gur lú gnó díorthach na hinstitiúide laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ná na tairseacha seo a leanas, nó go bhfuil siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéantar go míosúil:

(a) 10% de shócmhainní iomlána na hinstitiúide;

(b) EUR 150 milliún;

Chun críocha na míre seo, déanfaidh institiúidí méid a ngnó díorthach laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ar dháta áirithe a chinneadh trína suíomhanna díorthach uile a áireamh ann seachas díorthaigh creidmheasa a aithnítear mar fháluithe inmheánacha ar neamhchosaintí leabhair neamhthrádála ar riosca creidmheasa.

2. Féadfaidh institiúid luach neamhchosanta suíomhanna maidir le riosca an ráta úis, suíomhanna maidir le malairt eachtrach agus suíomhanna i ndíorthaigh óir a ríomh i gcomhréir le Roinn 5, ar choinníoll gur lú gnó díorthach na hinstitiúide laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ná na tairseacha seo a leanas, nó go bhfuil siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéantar go míosúil:

(a) 5% de shócmhainní iomlána na hinstitiúide;

(b) EUR 20 milliún;

Chun críocha na míre seo, déanfaidh institiúidí méid a ngnó díorthach laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ar dháta áirithe a chinneadh trína suíomhanna díorthach uile a áireamh ann dá dtagraítear mar chonarthaí i mír 1 agus i mír 2 d'Iarscríbhinn II;

3. Chun críocha mhír 1 agus mhír 2, déanfaidh institiúidí méid a ngnó díorthach laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ar dháta áirithe a ríomh i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:
 - (a) déanfar gach suíomh díorthach a luacháil ag a gcuid praghsanna ar an margadh ar an dáta áirithe sin. Mura bhfuil margadhluach suímh ar fáil ar dháta áirithe, roghnóidh institiúidí an margadhluach is déanaí don suíomh sin.
 - (b) déanfar suimiú ar luach absalóideach suíomhanna fada agus ar luach absalóideach suíomhanna gearra.
4. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla i leith na modhanna a leagtar amach i Roinn 4 nó i Roinn 5 den Chaibidil seo as a mbaineann siad úsáid, nó a scoireann siad de bheith á n-úsáid, de réir mar is infheidhme, chun luach neamhchosanta a suíomhanna díorthach a ríomh.
5. Ní dhéanfaidh institiúid idirbheart díorthach mura bhfuil de chuspóir acu ach aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 a chomhlíonadh i rith an mheasúnaithe mhíosúil.

Airteagal 273b

Neamh-chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le modhanna simplithe a úsáid chun luach neamhchosanta díorthach a ríomh

1. Institiúid nach gcomhlíonann a thuilleadh aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 273a(1) nó (2), tabharfaidh an institiúid sin fógra ina leith don údarás inniúil.
2. Scoirfidh institiúid d'Airteagal 273a(1) nó (2) a chur i bhfeidhm laistigh de thrí mhí ón uair a tharlóidh ceann amháin de na cásanna seo a leanas:
 - (a) ní chomhlíonann an institiúid aon cheann de choinníollacha Airteagal 273a(1) nó (2) ar feadh trí mhí as a chéile;
 - (b) ní chomhlíonann an institiúid aon cheann de choinníollacha Airteagal 273a(1) nó (2), de réir mar is infheidhme, i rith breis agus 6 cinn den 12 mhí dheireanacha.
3. I gcás ina scoireann institiúid d'Airteagal 273a(1) nó (2) a chur i bhfeidhm, ní cheadófar di luach neamhchosanta a suíomhanna díorthach a chinneadh trí úsáid a bhaint as na modhanna a leagtar amach i Roinn 4 nó i Roinn 5 den Chaibidil seo, de réir mar is infheidhme, ach amháin i gcás ina léiríonn sí don údarás inniúil gur

comhlíonadh na coinníollacha go léir a leagtar amach in Airteagal 273a(1) nó (2) ar feadh tréimhse bliana gan bhriseadh.

(65) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Roinn 3:

"ROINN 3

CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE LE HAGHAIDH RIOSCA CREIDMHEASA CONTRAPHÁIRTÍ

Airteagal 274

Luach na neamhchosanta

1. Féadfaidh institiúid luach neamhchosanta aonair a ríomh ar leibhéal an tacair glanluachála le haghaidh na n-idirbheart uile a chumhdaítear le comhaontú glanluachála conarthach i gcás ina gcomhlíontar an méid seo a leanas:
 - (a) is le ceann de na comhaontuithe glanluachála conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 295 a bhaineann an comhaontú glanluachála;
 - (b) tá an comhaontú glanluachála aitheanta ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 296;
 - (c) tá na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 297 comhlíonta ag an institiúid i ndáil leis an gcomhaontú glanluachála.

I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha sin, déanfaidh an institiúid gach idirbheart a láimhseáil amhail agus dá mba é a thacar glanluachála féin é.

2. Déanfaidh institiúidí luach neamhchosanta tacair glanluachála a ríomh faoin gCur Chuige Caighdeánaithe maidir le Modh an Riosca Creidmheasa Contrapháirtí mar leanas:

$$\text{Luach na neamhchosanta} = \alpha \cdot (\text{RC} + \text{PFE})$$

nuair atá:

RC = an costas athsholáthair arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 275;

PFE = an neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 278;

α = 1,4.

3. Maidir leis an luach neamhchosanta tacair glanluachála atá faoi réir comhaontú corrlaigh conarthach beidh uasteorainn leis is ionann agus luach neamhchosanta an tacair glanluachála chéanna nach bhfuil faoi réir aon chomhaontaithe corrlaigh.
4. I gcás ina bhfuil feidhm ag comhaontuithe corrlaigh iolracha maidir leis an tacar

glanluachála céanna, déanfaidh institiúidí gach comhaontú corrlaigh a leithdháileadh ar ghrúpa idirbheart sa tacar glanluachála a bhfuil feidhm chonarthaigh ag an gcomhaontú corrlaigh maidir leis agus déanfaidh siad luach neamhchosanta a ríomh ar leithligh le haghaidh gach ceann de na hidirbhearta grúpáilte sin.

5. Féadfaidh institiúidí luach neamhchosanta tacair glanluachála a shocrú ag nialas i gcás ina gcomhlíonann an tacar sin na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) gur céadroghanna díolta amháin atá sa tacar glanluachála;
 - (b) go mbíonn margadhluach reatha an tacair glanluachála diúltach i gcónaí;
 - (c) go bhfuair an institiúid roimh ré préimh na gcéadroghanna uile a áirítear sa tacar glanluachála chun comhlíonadh na gconarthaí a ráthú;
 - (d) nach bhfuil an tacar glanluachála faoi réir aon chomhaontaithe corrlaigh.
6. Maidir le tacar glanluachála, is é a chuirfidh institiúid in ionad idirbheart ar comhcheangal líneach é de chéadroghanna ar cheannach nó ar dhíol atá ceannaithe nó díolta na céadroghanna aonair uile atá sa chomhcheangal líneach sin, arna dtógáil mar idirbheart aonair, chun críocha luach neamhchosanta an tacair glanluachála a ríomh i gcomhréir leis an roinn seo.

Airteagal 275
Costas athsholáthair

1. Déanfaidh institiúidí costas athsholáthair ('RC') na dtacar glanluachála nach bhfuil faoi réir comhaontú corrlaigh a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RC = \max\{CMV - NICA, 0\}$$

2. Déanfaidh institiúidí costas athsholáthair na dtacar glanluachála aonair nach bhfuil faoi réir comhaontú corrlaigh a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RC = \max\{CMV - VM - NICA, TH + MTA - NICA, 0\}$$

nuair atá:

VM = luach an ghlanchorrlaigh athrúcháin arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, de réir mar is infheidhme, chuig an tacar glanluachála ar bhonn rialta chun athruithe ar CMV an tacair glanluachála a mhaolú;

TH = an tairseach corrlaigh is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh, ar tairseach í faoina mbeadh cosc ar an institiúid glao a dhéanamh ar chomhthaobhacht;

MTA = íosmhéid an aistrithe is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh.

3. Déanfaidh institiúidí an costas athsholáthair le haghaidh tacair ghlanluachála iolracha nach bhfuil faoi réir comhaontú corrlaigh a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RC = \max \left\{ \sum_i \max\{CMV_i, 0\} - \max\{VM_{MA} + NICA_{MA}, 0\}, 0 \right\} \\ + \max \left\{ \sum_i \min\{CMV_i, 0\} - \min\{VM_{MA} + NICA_{MA}, 0\}, 0 \right\}$$

nuair atá:

i = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair ghlanluachála atá faoi réir an chomhaontaithe corrlaigh aonair;

CMV_i = CMV thacar glanluachála 'i';

VM_{MA} = suim luach na comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, de réir mar is infheidhme, chuig tacair ghlanluachála iolracha ar bhonn rialta chun athruithe ar a CMV a mhaolú;

NICA_{MA} = suim luach na comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, de réir mar is infheidhme, chuig tacair ghlanluachála iolracha cé is moite de VM_{MA}.

Chun críocha na chéad fhomhíre, féadfar NICA_{MA} a ríomh ar an leibhéal trádála, ar leibhéal an tacair glanluachála nó ar leibhéal na dtacar glanluachála uile a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú corrlaigh maidir leo ag brath ar an leibhéal a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú corrlaigh maidir leis.

Airteagal 276

Comhthaobhacht a aithint agus a láimhseáil

1. Chun críocha na Roinne seo, déanfaidh institiúidí méideanna comhthaobhachta VM, VM_{MA}, NICA agus NICA_{MA} a ríomh trí na ceanglais uile seo a leanas a chur i bhfeidhm:
 - (a) i gcás ina mbaineann na hidirbhearta uile a áirítear i dtacar glanluachála leis an leabhar trádála, ní aithneofar ach amháin comhthaobhacht atá incháilithe faoi Airteagal 299;
 - (b) i gcás ina bhfuil idirbheart amháin ar a laghad a bhaineann le leabhar neamhthrádála i dtacar glanluachála, ní aithneofar ach amháin comhthaobhacht atá incháilithe faoi Airteagal 197;
 - (c) is trí chomhartha deimhneach a aithneofar comhthaobhacht a fhaightear ó

chontrapháirtí agus is trí chomhartha diúltach a aithneofar comhthaobhacht a bhreactar i leith contrapháirtí.

- (d) déanfar luach aon chineáil comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 223. Chun críche an ríomha sin, ní úsáidfídh institiúidí an modh a leagtar amach in Airteagal 225.
 - (e) ní áireofar an itím chomhthaobhachta chéanna i VM agus i NICA araon ag an am céanna;
 - (f) ní áireofar an itím chomhthaobhachta chéanna i VM_{MA} agus i $NICA_{MA}$ araon ag an am céanna;
 - (g) ní aithneofar aon chomhthaobhacht a bhreactar i leith an chontrapháirtí atá leithscartha ó shócmhainní an chontrapháirtí sin, agus, mar gheall ar an leithscaradh sin, nach bhfuil baint aici le féimheacht i gcás mhainneachtain nó dhócmhainneacht an chontrapháirtí sin, ní aithneofar í agus NICA agus $NICA_{MA}$ á ríomh.
2. Maidir le luach comhthaobhachta breactha arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 a ríomh, cuirfidh institiúidí an fhoirmle seo a leanas in ionad na foirmle in Airteagal 223(2):

$$C_{VA} = C \cdot (1 + H_C + H_{fx})$$

3. Chun críche phointe (d) de mhír 1, socróidh institiúidí an tréimhse leachtaithe is ábhartha do ríomh an luacha comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, i gcomhréir le ceann amháin de na tréimhsí ionchasacha seo a leanas:
- (a) maidir leis na tacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 276(1), aon bhliain amháin a bheidh sa tréimhse ionchasach;
 - (b) maidir leis na tacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 276(2) agus (3), is éard a bheidh sa tréimhse ionchasach an tréimhse corrlaigh faoi riosca arna cinneadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 279d(1).

Airteagal 277

Idirbhearta a mhapáil ar chatagóirí riosca

1. Mapálfaidh institiúidí gach idirbheart de chuid tacar glanluachála ar cheann amháin de na sé chatagóirí riosca seo a leanas chun an neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch a chinneadh don tacar glanluachála dá dtagraítear in Airteagal 278:
- (a) riosca ráta úis;
 - (b) riosca malairte eachtraí;

- (c) riosca creidmheasa;
 - (d) riosca gnáthscaireanna;
 - (e) riosca tráchtearraí;
 - (f) rioscaí eile.
2. Déanfaidh institiúidí an mhapáil dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn phríomhspreagaí riosca an idirbhirt. Maidir le hidirbhearta seachas iad sin dá dtagraítear i mír 3, ní bheidh de spreagaí ábhartha riosca ag suíomh díorthach ach an príomhspreagaí riosca.
 3. Ó [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás idirbheart díorthach arna leithdháileadh ar an leabhar trádála a n-úsáideann institiúid na cineálacha cur chuige ina chomhair a leagtar síos i gceachtar de Chaibidil 1a nó 1b chun ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a chinneadh, is éard a bheidh sa phríomhspreagaí riosca an fachtóir riosca a bhaineann leis an íogaireacht absalóideach is airde ar íogaireachtaí an idirbhirt sin arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 1b de Theideal IV.
 4. In ainneoin mhír 1 agus mhír 2, nuair a bheidh idirbhearta á mapáil acu ar na catagóirí riosca a liostaítear i mír 1, cuirfidh institiúidí na ceanglais seo a leanas i bhfeidhm:
 - (a) más athróg boilsciúcháin atá i bpríomhspreagaí riosca idirbhirt, mapálfaidh institiúidí an t-idirbheart sin ar an gcatagóir riosca ráta úis;
 - (b) más athróg dálaí aeráide atá i bpríomhspreagaí riosca idirbhirt, mapálfaidh institiúidí an t-idirbheart sin ar an gcatagóir riosca tráchtearraí.
 5. De mhaolú ar mhír 2, mapálfaidh institiúidí idirbhearta díorthach ag a bhfuil níos mó ná aon spreagaí ábhartha riosca amháin ar níos mó ná aon chatagóir riosca amháin. I gcás ina mbaineann gach spreagaí ábhartha riosca de chuid aon idirbhirt amháin díobh sin leis an gcatagóir chéanna riosca, ní cheanglófar ar institiúidí an t-idirbheart sin a mhapáil ar an gcatagóir riosca sin ach an t-aon uair amháin bunaithe ar na spreagaithe riosca is ábhartha dá mbeidh ann díobh sin. I gcás ina mbaineann spreagaithe ábhartha riosca de chuid aon idirbhirt amháin díobh sin le catagóirí riosca éagsúla, déanfaidh institiúidí an t-idirbheart sin a mhapáil aon uair amháin ar gach catagóir riosca díobh sin a bhfuil aon spreagaí ábhartha riosca amháin ar a laghad acu, bunaithe ar na spreagaithe riosca is ábhartha dá mbeidh sa chatagóir riosca sin.
 6. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú níos mionsonraithe:

- (a) modh chun an t-aon spreagaí ábhartha riosca atá ag idirbhearta a aithint seachas iad sin dá dtagraítear i mír 3;
- (b) modh chun idirbhearta a aithint ag a bhfuil níos mó ná spreagaí ábhartha riosca amháin agus chun an spreagaí riosca is ábhartha díobh sin a aithint chun críocha mhír 3;

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [6 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 277a
Tacair fálúcháin

1. Bunóidh institiúidí na tacair fálúcháin is ábhartha do gach catagóir riosca a ghabhann le tacar glanluachála agus sannfaidh siad gach idirbheart do na tacair fálúcháin sin mar leanas:
 - (a) ní shannfar don tacar fálúcháin céanna idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis ach amháin i gcás ina mbeidh a bpríomhspreagaí riosca ainmnithe san airgeadra céanna.
 - (b) ní shannfar don tacar fálúcháin céanna idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir riosca malairte eachtraí ach amháin i gcás ina mbeidh a bpríomhspreagaí riosca bunaithe ar an bpéire airgeadra céanna;
 - (c) sannfar don tacar fálúcháin céanna gach idirbheart arna mhapáil ar an gcatagóir riosca creidmheasa;
 - (d) sannfar don tacar fálúcháin céanna gach idirbheart arna mhapáil ar an gcatagóir riosca gnáthscaireanna;
 - (e) sannfar do cheann amháin de na cúig thacar fálúcháin seo a leanas idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir riosca tráchtearraí de réir nádúr a bpríomhspreagaí riosca:
 - (i) fuinneamh;
 - (ii) miotail;
 - (iii) earraí talmhaíochta;
 - (iv) dálaí aeráide;
 - (v) tráchtearraí eile.

- (f) ní shannfar don tacar fálúcháin céanna idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir rioscaí eile ach amháin i gcás inarb ionann príomhspreagaí riosca dóibh.

Chun críocha phointe (a), sannfar do thacair fálúcháin ar leithligh idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis ar athróg boilsciúcháin é an príomhspreagaí riosca atá acu, cé is moite de na tacair fálúcháin sin a bunaíodh le haghaidh idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis ar athróg boilsciúcháin é an príomhspreagaí riosca atá acu. Ní shannfar na hidirbhearta sin don tacar fálúcháin céanna ach amháin i gcás ina mbeidh a bpríomhspreagaí riosca ainmnithe san airgeadra céanna.

2. De mhaolú ar mhír 1, bunóidh institiúidí tacair fálúcháin aonair ar leithligh i ngach catagóir riosca le haghaidh na n-idirbheart seo a leanas:
- (a) idirbhearta arb é an príomhspreagaí riosca atá acu luaineacht spreagaí riosca, cé acu luaineacht intuigthe an mhargaidh í sin nó luaineacht réadaithe, nó an comhchoibhneas idir dhá spreagaí riosca;
- (b) idirbhearta arb é an príomhspreagaí riosca atá acu an difríocht idir dhá spreagaí riosca arna mapáil ar an gcatagóir chéanna riosca nó idirbhearta arb é atá iontu dhá chuid d'íocaíocht ainmnithe san airgeadra céanna agus a bhfuil spreagaí riosca ó chatagóir chéanna riosca an bpríomhspreagaí riosca le fáil sa chuid d'íocaíocht eile nach í an chuid d'íocaíocht a bhfuil an príomhspreagaí riosca inti í.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, ní shannfaidh institiúidí idirbhearta don tacar fálúcháin céanna de chuid na catagóire riosca lena mbainfidh ach amháin i gcás inarb ionann príomhspreagaí riosca dóibh.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, ní shannfaidh institiúidí idirbhearta don tacar fálúcháin céanna de chuid na catagóire riosca lena mbainfidh ach amháin i gcás inarb ionann an péire spreagaithe riosca sna hidirbhearta sin dá dtagraítear i bpointe (b) agus go mbeidh an dá spreagaí riosca sa phéire sin curtha i gcomhchoibhneas deimhneach. Seachas sin, sannfaidh institiúidí idirbhearta dá dtagraítear i bpointe (b) do cheann amháin de na tacair fálúcháin sin arna mbunú i gcomhréir le mír 1, ar bhonn ceann den dá spreagaí riosca dá dtagraítear i bpointe (b).

3. Ar iarraidh ó údarás inniúil, cuirfidh na hinstitiúidí ar fáil líon na dtacar fálúcháin arna mbunú i gcomhréir le mír 2 do gach catagóir riosca, mar aon leis an bpríomhspreagaí riosca nó an péire spreagaithe riosca do gach ceann de na tacair fálúcháin sin, mar aon le líon na n-idirbheart i ngach ceann de na tacair fálúcháin sin.

Airteagal 278

Neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch

1. Ríomhfaidh institiúidí an neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch ('PRE') a bhaineann le tacar glanluachála mar leanas:

$$PFE = \text{iolraitheoir} * \sum_a \text{ForLíontán}^{(a)}$$

nuair atá:

a = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na catagóirí riosca a áireofar i ríomh neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch an tacair glanluachála;

$\text{ForLíontán}^{(a)}$ = an forlíontán do chatagóir riosca 'a' arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 280a go hAirteagal 280f, de réir mar is infheidhme;

iolraitheoir = fachtóir an iolraitheora arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle dá dtagraítear i mír 3.

Chun críocha an ríomha sin, áireoidh institiúidí forlíontán catagóire riosca áirithe i ríomh neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch an tacair glanluachála i gcás inar mapáladh idirbheart amháin ar a laghad de chuid an tacair glanluachála ar an gcatagóir riosca sin.

2. Déanfar neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch de chuid tacair ghlanluachála iolracha atá faoi réir comhaontú corrlaigh amháin, dá dtagraítear in Airteagal 275(3), a ríomh mar shuim na dtacar glanluachála aonair uile arna meas amhail agus nach raibh siad faoi réir comhaontú corrlaigh d'aon tsórt.
3. Chun críche mhír 1, ríomhfar an t-iolraitheoir mar leanas:

$$\text{iolraitheoir} = \begin{cases} 1 & \text{má tá } z \geq 0 \\ \min \left\{ 1, \text{Íosráta}_m + (1 - \text{Íosráta}_m) \cdot \exp\left(\frac{z}{y}\right) \right\} & \text{in aon chás eile} \end{cases}$$

nuair atá:

$$\text{Íosráta}_m = 5\%;$$

$$2 * (1 - \text{Íosráta}_m) * \sum_a \text{ForLíontán}^{(a)}$$

$$y =$$

$$z =$$

$$\begin{cases} CMV - NICA & \text{le haghaidh na dtacar fálúcháin dá dtagraítear in Airteagal 275(1)} \\ CMV - VM - NICA & \text{le haghaidh na dtacar fálúcháin dá dtagraítear in Airteagal 275(2)} \\ CMV_i - NICA_i & \text{le haghaidh na dtacar fálúcháin dá dtagraítear in Airteagal 275(3)} \end{cases}$$

$NICA_i$ = glanmhéid na comhthaobhachta neamhspleáiche arna ríomh d'idirbhearta a áirítear i dtacar glanluachála 'i', agus do na hidirbhearta sin amháin. Déanfar $NICA_i$ a ríomh ar an leibhéal trádála nó ar leibhéal an tacair glanluachála ag brath ar an gcomhaontú corrlaigh.

Airteagal 279
Suíomh riosca a ríomh

Chun críocha na forlíontáin catagóire riosca dá dtagraítear in Airteagal 280a go hAirteagal 280f a ríomh, déanfaidh institiúidí suíomh riosca gach idirbhirt de chuid tacar glanluachála a ríomh mar leanas:

$$SuíomhRiosca = \delta \cdot AdjNot \cdot MF$$

nuair atá:

δ = deilte mhaoirseachta an idirbhirt a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 279a;

$AdjNot$ = méid barúlach coigeartaithe an idirbhirt arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 279b;

MF = fachtóir aibíochta an idirbhirt a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 279c;

Airteagal 279a
Deilte mhaoirseachta

1. Ríomhfaidh institiúidí an deilte mhaoirseachta (δ) mar leanas:

(a) maidir le céadroghanna ar dhíol nó ar cheannach lena dtugtar cead do cheannaitheoir na céadrogha bunionstraim a cheannach nó a dhíol ar phraghas deimhneach ar aon dáta amháin san am atá amach romhainn, cé is moite de chásanna inar mapáladh na céadroghanna sin ar an gcatagóir riosca ráta úis, úsáidfídh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:

$$\delta = comhartha * N \left(cineál * \frac{\ln(P/K) + 0.5 * \sigma^2 * T}{\sigma * \sqrt{T}} \right)$$

nuair atá:

$comhartha$ = $\begin{cases} -1 & \text{nuair is céadrogha ar dhíol é an t-idirbheart} \\ +1 & \text{nuair is céadrogha ar cheannach é an t-idirbheart} \end{cases}$

$cineál$ = $\begin{cases} -1 & \text{nuair is céadrogha cheannaithe é an t-idirbheart} \\ +1 & \text{nuair is céadrogha dhíolta é an t-idirbheart} \end{cases}$

$N(x)$ = an fheidhm dáileacháin charnaigh d'athróg randamach normálta chaighdeánach, i.e. an dóchúlacht go bhfuil athróg randamach normálta le meán de nialas agus athraitheas d'aon níos lú ná, nó cothrom le, 'x';

P = spotphraghas nó réamhphraghas bhunionstraim na céadrogha;

K = praghas ceangail na céadrogha;

T = dáta éaga na céadrogha arb é an t-aon dáta amach anseo ar a bhféadfaí an chéadrogha sin a fheidhmiú. Sloinnfear an dáta éaga sin i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre.

σ = luaineacht mhaoirseachta na céadrogha arna cinneadh i gcomhréir le Tábla 1 ar bhonn chatagóir riosca an idirbhirt agus nádúr bhunionstraim na céadrogha.

Tábla 1

Catagóir riosca	Bunionstraim	Luaineacht mhaoirseachta
Malairt eachtrach	Uile	15%
Creidmheas	Ionstraim aonainm	100%
	Ionstraim il-ainmneacha	80%
Gnáthscaireanna	Ionstraim aonainm	120%
	Ionstraim il-ainmneacha	75%
Tráchtearra	Leictreachas	150%
	Tráchtearraí eile (seachas leictreachas)	70%
Eile	Uile	150%

Institiúidí a bheidh ag úsáid réamhphraghas bhunionstraim na céadrogha, áiritheoidh siad na nithe seo a leanas:

- (i) go bhfuil an réamhphraghas comhsheasmhach le tréithe na céadrogha;
 - (ii) go ríomhtar an réamhphraghas ag úsáid pé ráta úis ábhartha atá i réim ar an dáta tuairiscithe;
 - (iii) go gcomhtháthaítear sa réamhphraghas sreabha airgid ionchasacha na bunionstraime roimh dháta éaga na céadrogha.
- (b) Maidir le tráinsí urrúsúcháin shintéisigh, úsáidfídh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:

$$\delta = \text{comhartha} * \frac{15}{(1 + 14 * A) * (1 + 14 * D)}$$

nuair atá:

$$\text{comhartha} = \begin{cases} +1 \text{ nuair a fuarthas cosaint creidmheasa de thoradh an idirbhirt} \\ -1 \text{ nuair a cuireadh cosaint creidmheasa ar fáil de thoradh an idirbhirt} \end{cases}$$

A = pointe astaithe an tráinse;

D = pointe dí-astaithe an tráinse.

(c) maidir le hidirbhearta nach dtagraítear dóibh i bpointe (a) ná i bpointe (b), úsáidfídh institiúidí an deilte mhaoirseachta seo a leanas:

$$\delta = \begin{cases} +1 \text{ nuair issuíomh fada sa phríomhspreagaí riosca é an t-idirbheart} \\ -1 \text{ nuair issuíomh gearr sa phríomhspreagaí riosca é an t-idirbheart} \end{cases}$$

2. Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn suíomh fada sa phríomhspreagaí riosca go dtagann méadú ar mhargadhluach an idirbhirt nuair a thagann méadú ar luach an phríomhspreagaí riosca agus ciallaíonn suíomh gearr sa phríomhspreagaí riosca go dtagann laghdú ar mhargadhluach an idirbhirt nuair a thagann laghdú ar luach an phríomhspreagaí riosca.

Maidir leis na hidirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 277(3), is éard is suíomh fada ann idirbheart a bhfuil comhartha deimhneach ag íogaireacht phríomhspreagaí riosca an idirbhirt sin agus is éard is suíomh fada ann idirbheart a bhfuil comhartha diúltach ag íogaireacht phríomhspreagaí riosca an idirbhirt sin. Maidir le hidirbhearta seachas iad sin dá dtagraítear in Airteagal 277(3), cinntídh institiúidí an suíomhanna fada nó gearra sa phríomhspreagaí riosca atá sna hidirbhearta sin, bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil faoi struchtúr na n-idirbheart sin nó faoina n-intinn.

3. Maidir le hidirbheart ag a bhfuil breis agus aon phríomhspreagaí riosca amháin, cinntídh institiúidí cé acu suíomh fada nó gearr an t-idirbheart sin i gcás gach ceann de na príomhspreagaithe riosca i gcomhréir leis an gcur chuige a úsáidtear faoi mhír 2 le haghaidh an phríomhspreagaí riosca.
4. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeán theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

- (a) an fhoirmle a úsáidfídh institiúidí chun ríomh a dhéanamh ar dheilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis atá comhoiriúnach le dálaí margaidh faoina bhféadfadh rátaí úis bheith diúltach agus faoina bhféadfadh luaineacht mhaoirseacht atá oiriúnach don fhoirmle sin bheith diúltach freisin;
- (b) cibé faisnéis oibiachtúil a bhaineann le struchtúr agus intinn idirbhirt a úsáidfídh institiúidí chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó gearr ina phríomhspreagaí riosca é idirbheart nach dtagraítear dó in Airteagal 277(2);

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [6 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 279b
Méid barúlach coigeartaithe

1. Ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe mar leanas:

- (a) maidir le hidirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis nó an catagóir riosca creidmheasa, ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe mar thoradh méid barúlach an chonartha dhíorthaigh arna iolrú faoi fhachtóir na marthanachta maoirseachta, a ríomhfar mar leanas:

$$\text{fachtóir na marthanachta maoirseachta} = \frac{\exp(-R \cdot S) - \exp(-R \cdot E)}{R}$$

nuair atá:

R = an ráta lascaine maoirseachta; R = 5%;

S = an dáta tosaigh arb é atá ann an dáta ar a dtosaítear ar íocaíochtaí a shocrú nó a dhéanamh le hidirbheart, seachas íocaíochtaí a bhaineann le malartú comhthaobhachta i gcomhaontú corrlaigh. I gcás ina raibh íocaíochtaí á socrú nó á ndéanamh leis an idirbheart ar an dáta tuairiscithe cheana féin, beidh an dáta tosaigh cothrom le 0. Sloinnfear an dáta tosaigh i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre.

I gcás idirbheart ag a bhfuil aon dáta sa todhchaí nó níos mó ar a bhféadfaidh an institiúid nó an contrapháirtí a chinneadh idirbheart a fhoirceannadh níos luaithe ná dáta a aibíochta conarthaí, beidh an dáta tosaigh cothrom leis an gceann is luaithe díobh seo a leanas:

- (i) an dáta nó an ceann is luaithe de dhátaí éagsúla sa todhchaí ar a bhféadfaidh an institiúid nó an contrapháirtí a chinneadh idirbheart a fhoirceannadh níos luaithe ná dáta a aibíochta conarthaí;
- (ii) an dáta ar a dtosaítear ar íocaíochtaí a shocrú nó a dhéanamh le hidirbheart, seachas íocaíochtaí a bhaineann le malartú comhthaobhachta i gcomhaontú corrlaigh.

I gcás ina bhfuil ionstraim airgeadais ag idirbheart mar an bhunionstraim a d'fhéadfadh bheith ina cúis le hoibleagáidí conarthacha sa bhreis ar oibleagáidí conarthacha sin an idirbhirt, cinnfear dáta tosaigh an idirbhirt ar bhonn an dáta is luaithe ar a dtosaítear ar íocaíochtaí a shocrú nó a dhéanamh leis an mbunionstraim.

E = an dáta deiridh arb é atá ann an dáta ar a malartaítear idir an institiúid agus an contrapháirtí luach na híocaíochta conarthaí deireanaí a dhéanfar i leith idirbhirt. Sloinnfear an dáta deiridh i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre.

I gcás ina bhfuil ionstraim airgeadais ag idirbheart mar an bhunionstraim a d'fhéadfadh bheith ina cúis le hoibleagáidí conarthacha sa bhreis ar oibleagáidí conarthacha sin an idirbhirt, cinnfear dáta deiridh an idirbhirt ar bhonn na híocaíochta conarthaí deireanaí a dhéanfar i leith bhunionstraim an idirbhirt;

(b) maidir le hidirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir riosca malairte eachtraí, ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe mar leanas:

(i) nuair is aon chuid d'íocaíocht amháin a bheidh i gceist leis an idirbheart, is éard a bheidh sa mhéid barúlach coigeartaithe méid barúlach an chonartha dhíorthaigh;

(ii) nuair is dhá chuid d'íocaíocht a bheidh i gceist leis an idirbheart agus méid barúlach cuid d'íocaíocht amháin díobh sin ainmnithe in airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide, is éard a bheidh sa mhéid barúlach coigeartaithe méid barúlach na coda d'íocaíocht eile.

(iii) nuair is dhá chuid d'íocaíocht a bheidh i gceist leis an idirbheart agus méid barúlach an dá chuid d'íocaíocht ainmnithe in airgeadra eile seachas airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide, is éard a bheidh sa mhéid barúlach coigeartaithe an ceann is mó de mhéideanna barúlacha an dá chuid d'íocaíocht tar éis na méideanna sin a thiontú go hairgeadra tuairiscithe na hinstitiúide de réir an spotráta malairte atá i réim.

(c) maidir le hidirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir riosca gnáthscaireanna nó an catagóir riosca tráchtearraí, ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe mar thoradh an mhargadhphraghais atá ar aon aonad amháin de bhunionstraim an idirbhirt arna iolrú faoi líon na n-aonad sa bhunionstraim atá faoi thagairt ag an idirbheart.

(d) Úsáidfí institiúidí an méid barúlach mar an méid barúlach coigeartaithe i gcás ina ndéantar idirbheart arna mhapáil ar an gcatagóir riosca gnáthscaireanna nó an catagóir riosca tráchtearraí a shloinneadh, de réir conartha, mar mhéid barúlach seachas mar líon na n-aonad sa bhunionstraim.

2. Cinnfidh institiúidí méid barúlach nó líon aonad na bhunionstraime chun críche méid barúlach coigeartaithe idirbhirt dá dtagraítear i mír 1 a ríomh mar leanas:

(a) i gcás nach socraítear méid barúlach nó líon aonad bhunionstraim an idirbhirt go dtí a aibíocht chonartha:

(i) maidir le méideanna barúlacha cinnteachaíocha agus líon aonad cinnteachaíoch na bhunionstraime, beidh an méid barúlach cothrom le meán ualaithe luachanna cinnteachaíocha mhéideanna barúlacha

cinnteachaíocha agus líon aonad cinnteachaíoch na bunionstraime, de réir mar is infheidhme, go dtí aibíocht chonarhach an idirbhirt, nuair is ionann na hualuithe agus an cion den tréimhse ama a bhfuil feidhm ag gach luach méid bharúlaigh lena linn;

(ii) maidir le méideanna barúlacha stocastacha agus líon aonad stocastach na bunionstraime, beidh an méid barúlach cothrom leis an méid a chinntear trí mhargadhluachanna reatha a shocrú laistigh den fhoirmle lena ríomhtar margadhluachanna na todhchaí.

(b) maidir le céadroghanna dénártha agus digiteacha, beidh an méid barúlach cothrom leis an luach is mó de staideanna féideartha na céadrogha dea-thoraidh nuair a rachaidh an chéadrogha sin in éag.

Gan dochar don chéad fhomhír, i gcás ina bhfuil staid fhéideartha na céadrogha dea-thoraidh stocastach, úsáidfídh institiúidí an modh a leagtar amach i bpointe (ii) de phointe (a) chun luach an mhéid bharúlaigh a chinneadh;

(c) maidir le conarthaí le malartuithe iolracha an mhéid bharúlaigh, déanfar an méid barúlach a iolrú faoi líon na n-íocaíochtaí atá fágtha a bheidh fós le déanamh i gcomhréir leis na conarthaí;

(d) I gcás conarthaí ina ndéantar foráil maidir le hiolrú íocaíochtaí na sreabh airgid nó maidir le hiolrú bhunionstraim an chonartha, coigeartóidh institiúid an méid barúlach chun iarmhairtí an iolrúcháin ar struchtúr riosca na gconarthaí sin a chur san áireamh.

3. Tiontóidh institiúidí méid barúlach coigeartaithe idirbhirt go dtí a n-airgeadra tuairiscithe de réir an spotráta malairte atá i réim i gcás ina ríomhtar an méid barúlach coigeartaithe faoin Airteagal seo ar bhonn méid barúlach conarhach nó mhargadhluach líon aonad na bunionstraime ainmnithe in airgeadra eile.

Airteagal 279c
Fachtóir Aibíochta

1. Ríomhfaidh institiúidí an fachtóir aibíochta ('MF') mar leanas:

(a) maidir le hidirbhearta a áirítear i dtacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(1), úsáidfídh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:

$$MF = \sqrt{\min\{\max\{M, 10/AonBhliainGhnó\}, 1\}}$$

nuair atá:

M = aibíocht iarmhair an idirbhirt atá cothrom leis an tréimhse is gá chun oibleagáidí conarthacha uile an idirbhirt a fhoirceannadh. Chun na críche sin, measfar gur oibleagáid chonarhach í aon roghnaíocht a ghabhann le

conradh díorthach. Sloinnfear an aibíocht iarmhair i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre.

I gcás ina bhfuil conradh díorthach eile ag idirbheart mar bhunionstraim a d'fhéadfadh bheith ina cúis le hoibleagáidí conarthacha sa bhreis ar oibleagáidí conarthacha an idirbhirt, beidh aibíocht iarmhair an idirbhirt cothrom leis an tréimhse is gá chun oibleagáidí conarthacha uile na bunionstraime a fhoirceannadh.

$AonBhliainGhnó$ = bliain amháin arna sloinneadh i laethanta oibre ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre.

(b) maidir le hidirbhearta a áirítear sna tacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(2) agus (3), sainmhínítear an fachtóir aibíochta mar leanas:

$$MF = \frac{3}{2} \sqrt{\frac{MPOR}{AonBhliainGhnó}}$$

nuair atá:

$MPOR$ = an tréimhse corrlaigh faoi riosca a ghabhann le tacar glanluachála arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 285(2) go (5).

Agus an tréimhse corrlaigh faoi rioscaí d'idirbhearta idir cliant agus comhalta imréitigh á cinneadh aici, cuirfidh an institiúid ag gníomhú di mar an cliant nó mar an comhalta imréitigh, cuirfidh sí 5 lá oibre in ionad na híostréimhse a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 285(2).

2. Chun críche mhír 1, beidh an aibíocht iarmhair cothrom leis an tréimhse go dtí an chéad dáta athshocraithe eile d'idirbhearta a bhfuil struchtúr acu chun neamhchosaint gan íoc a shocrú tar éis dátaí íocaíochta sonraithe agus i gcás ina n-athshocraítear na téarmaí le go mbeidh margadhluach nialasach ag an gconradh ar na dátaí sonraithe sin.

Airteagal 280 *Comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin*

Chun críocha an forlíontán tacair fálúcháin dá dtagraítear in Airteagal 280a go hAirteagal 280f a ríomh, is éard a bheidh i gcomhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin 'ε':

$$\epsilon = \begin{cases} 1 & \text{le haghaidh na dtacar fálúcháin arna mbunú i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 275} \\ 5 & \text{le haghaidh na dtacar fálúcháin arna mbunú i gcomhréir le mír 2(a) d'Airteagal 275} \\ 0.5 & \text{le haghaidh na dtacar fálúcháin arna mbunú i gcomhréir le mír 2(b) d'Airteagal 275} \end{cases}$$

Airteagal 280a
Forlíontán na catagóire riosca ráta úis

1. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire riosca ráta úis le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$AddOn^{IR} = \sum_j AddOn_j^{IR}$$

nuair atá:

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin riosca ráta úis uile arna socrú i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála;

$ForLíontán_j^{IR} (AddOn_j^{IR})$ = forlíontán thacar fálúcháin 'j' de chuid na catagóire riosca ráta úis arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Déanfar forlíontán thacar fálúcháin 'j' de chuid na catagóire riosca ráta úis a ríomh mar leanas:

$$AddOn_j^{IR} = \epsilon_j * SF^{IR} * EffNot_j^{IR}$$

nuair atá:

ϵ_j = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin 'j' arna cinneadh i gcomhréir leis na luachanna is infheidhme a shonraítear in Airteagal 280;

SF^{IR} = fachtóir maoirseachta na catagóire riosca ráta úis ag a bhfuil luach atá cothrom le 0,5%;

$EffNot_j^{IR}$ = méid barúlach iarbhir thacar fálúcháin 'j' arna ríomh i gcomhréir le mír 3 agus le mír 4.

3. Chun críche méid barúlach iarbhir thacar fálúcháin 'j' a ríomh, déanfaidh institiúidí gach idirbheart den tacar fálúcháin a leithdháileadh ar an mbuicéad iomchuí i dTábla 2. Déanfaidh siad amhlaidh ar bhonn dháta deiridh gach idirbhirt arna chinneadh faoi phointe (a) d’Airteagal 279b(1):

Tábla 2

Buicéad	Dáta deiridh (blianta)
1	>0 agus <=1
2	>1 agus <=5

3	> 5
---	-----

Déanfaidh institiúidí méid barúlach iarbhir thacar fálúcháin 'j' a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$EffNot_j^{IR} = \sqrt{[(D_{j,1})^2 + (D_{j,2})^2 + (D_{j,3})^2 + 1.4 \cdot D_{j,1} \cdot D_{j,2} + 1.4 \cdot D_{j,2} \cdot D_{j,3} + 0.6 \cdot D_{j,1} \cdot D_{j,3}]}$$

nuair atá:

l = an t-innéacs lena gcuirtear an suíomh riosca in iúl;

$D_{j,k}$ = méid barúlach iarbhir bhuicéad 'k' de chuid thacar fálúcháin 'j' arna ríomh mar leanas:

$$D_{j,k} = \sum_{l \in \text{Buicéad } k} \text{SuíomhRiosca}_l$$

Airteagal 280b

Forlíontán na catagóire riosca malairte eachtraí

1. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire riosca malairte eachtraí le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$AddOn^{FX} = \sum_j AddOn_j^{FX}$$

nuair atá:

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin riosca malairte eachtraí arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 277a(1)(b) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála;

$\text{ForLíontán}_j^{FX}(\text{AddOn}_j^{FX})$ = forlíontán thacar fálúcháin 'j' de chuid na catagóire riosca malairte eachtraí arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Déanfar forlíontán thacar fálúcháin 'j' de chuid na catagóire riosca malairte eachtraí a ríomh mar leanas:

$$AddOn_j^{FX} = \epsilon_j \cdot SF^{FX} \cdot |EffNot_j^{FX}|$$

nuair atá:

ϵ_j = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin 'j' arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 280;

SF^{FX} = fachtóir maoirseachta na catagóire riosca malairte eachtraí ag a bhfuil luach atá cothrom le 4%;

$EffNot_j^{IR}$ = méid barúlach iarbhir thacar fálúcháin 'j' arna ríomh mar leanas:

$$EffNot_j^{FX} = \sum_{l \in Tacar \text{ fálúcháin } j} SuíomhRiosca_l$$

Airteagal 280c

Forlíontán na catagóire riosca creidmheasa

1. Chun críocha mhír 2, bunóidh institiúidí eintitis tagartha chreidmheasa ábhartha an tacair glanluachála i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) Beidh aon eintiteas tagartha creidmheasa ann do gach eistheoir ionstraimé fiachais tagartha a fholuionn idirbheart aonainm arna leithdháileadh ar an gcatagóir riosca creidmheasa. Sannfar idirbhearta aonainm don eintiteas tagartha creidmheasa céanna i gcás ina n-eisíonn an t-eistheoir céanna bunionstraim fiachais tagartha na n-idirbheart sin, agus sa chás sin amháin;

(b) Beidh aon eintiteas tagartha creidmheasa ann do gach grúpa d'ionstraimí fiachais tagartha nó díorthaigh creidmheasa aonainm a fholuionn idirbheart il-ainmneacha arna leithdháileadh ar an gcatagóir riosca creidmheasa. Sannfar idirbhearta il-ainmneacha don eintiteas tagartha creidmheasa céanna i gcás ina bhfuil na comhpháirteanna céanna i ngach grúpa de bhunionstraimí fiachais tagartha nó i ndíorthaigh creidmheasa aonainm na n-idirbheart sin, agus sa chás sin amháin.

2. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúid forlíontán na catagóire riosca creidmheasa le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$AddOn^{Credit} = \sum_j AddOn_j^{Credit}$$

nuair atá:

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin riosca creidmheasa uile arna socrú i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála;

$ForLíontán^{Creidmheas}_j (AddOn^{Credit}_j)$ = forlíontán na catagóire riosca creidmheasa le haghaidh thacar fálúcháin 'j' arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

3. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire riosca creidmheasa le haghaidh thacar fálúcháin 'j' mar leanas:

$$ForLíontán_j^{Creidmheas} = \epsilon_j * \sqrt{\left(\sum_j \rho_j^{Creidmheas} * ForLíontán(Eintiteas_j)\right)^2 + \sum_j \left(1 - (\rho_j^{Creidmheas})^2\right) * (ForLíontán(Eintiteas_j))^2}$$

nuair atá:

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl eintitis tagartha chreidmheasa an tacair glanluachála arna mbunú i gcomhréir le mír 1;

ϵ_j = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin 'j' arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 280(3);

$ForLíontán(Eintiteas_j)$ = forlíontán eintiteas tagartha creidmheasa 'j' arna chinneadh i gcomhréir le mír 4;

$\rho_j^{Creidmheas}$ = fachtóir comhghaolúcháin eintiteas 'j'. I gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha creidmheasa 'j' i gcomhréir le mír 1(a), $\rho_j^{Creidmheas} = 50\%$. I gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha creidmheasa 'j' i gcomhréir le mír 1(b), $\rho_j^{Creidmheas} = 80\%$

4. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán eintiteas tagartha creidmheasa 'j' mar leanas:

$$AddOn(Entity_j) = EffNot_j^{Credit}$$

nuair atá:

$EffNot_j^{Creidmheas} (EffNot_j^{Credit})$ = méid barúlach iarbhír eintiteas tagartha creidmheasa 'j' arna ríomh mar leanas:

$$EffNot_j^{Creidmheas} = \sum_{l \in Eintiteas \text{ tagartha creidmheasa } j} SF_{j,l}^{Creidmheas} * SuíomhRiosca_l$$

nuair atá:

l = an t-innéacs lena gcuirtear an suíomh riosca in iúl;

$SF_{j,l}^{Creidmheas}$ = an fachtóir maoirseachta is infheidhme maidir le heintiteas tagartha creidmheasa 'j' arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.

5. Chun críocha mhír 4, ríomhfaidh institiúidí an fachtóir maoirseachta is infheidhme maidir le heintiteas tagartha creidmheasa 'j' mar leanas:

- (a) maidir le heintiteas tagartha creidmheasa 'j' arna bhunú i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1, déanfar $SF_{j,l}^{Creidmheas}$ a mhapáil ar cheann amháin de shé fhachtóir maoirseachta a leagtar amach i dTábla 3 den Airteagal seo bunaithe ar mheasúnú creidmheasa seachtrach a dhéanfaidh IMCS ainmnithe de chuid an eisitheora aonair chomhfhreagraigh. Maidir le heisitheoir aonair nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith:

- (i) institiúid a úsáideann an cur chuige dá dtagraítear i gCaibidil 3 de Theideal II, déanfaidh sí rátáil inmheánach an eistheora aonair a mhapáil ar cheann de na measúnuithe creidmheasa seachtracha;
- (ii) institiúid a úsáideann an cur chuige dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Theideal II, déanfaidh sí $SF_{j,l}^{Creidmheas} = 0,54\%$ a shannadh don eintiteas tagartha creidmheasa sin. I gcás ina gcuireann institiúid Airteagal 128 i bhfeidhm, áfach, chun neamhchosaintí riosca creidmheasa contrapháirtithe ar an eistheoir aonair sin a ualú ó thaobh riosca, déanfar $SF_{j,l}^{Creidmheas} = 1,6\%$ a shannadh;
- (b) maidir le heintitis tagartha chreidmheasa 'j' arna mbunú i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1:
- (i) I gcás inarb innéacs creidmheasa a liostaítear ar mhalartán aitheanta é an suíomh 'l' arna shannadh d'eintiteas tagartha creidmheasa 'j', déanfar $SF_{j,l}^{Creidmheas}$ a mhapáil ar cheann den dá fhachtóir maoirseachta a leagtar amach i dTábla 4 den Airteagal seo bunaithe ar fhormhór de cháilíocht chreidmheasa a chomhpháirteanna aonair;
- (ii) I gcás nach dtagraítear i bpointe (i) den phointe seo do shuíomh 'l' arna shannadh d'eintiteas tagartha creidmheasa 'j', is éard a bheidh in $SF_{j,l}^{Creidmheas}$ meán ualaithe na bhfachtóirí maoirseachta arna mapáil ar gach comhpháirt i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo, nuair a shainmhínítear na hualuithe de réir an chion de mhéid bharúlach na gcomhpháirteanna sa suíomh sin.

Tábla 3

Beart cáilíochta creidmheasa	Fachtóir maoirseachta d'idirbhearta aonainm
1	0,38%
2	0,42%
3	0,54%
4	1,06%
5	1,6%
6	6,0%

Tábla 4

Cáilíocht chreidmheasa cheannasach	Fachtóir maoirseachta d'innéacsann a luaite
Grád infheistíochta	0,38%
Grád neamhinfheis tíochta	1,06%

*Airteagal 280d**Forlíontán na catagóire riosca gnáthscaireanna*

1. Chun críocha mhír 2, bunóidh institiúidí eintitis tagartha ghnáthscaireanna ábhartha an tacair glanluachála i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) beidh aon eintiteas tagartha gnáthscaireanna ann do gach eistheoir ionstraim tagartha gnáthscaireanna a fholuionn idirbheart aonainm arna leithdháileadh ar an gcatagóir riosca gnáthscaireanna. Sannfar idirbhearta aonainm don eintiteas tagartha gnáthscaireanna céanna i gcás ina n-eisíonn an t-eistheoir céanna bunionstraim tagartha gnáthscaireanna na n-idirbheart sin, agus sa chás sin amháin;
 - (b) beidh aon eintiteas tagartha gnáthscaireanna ann do gach grúpa d'ionstraimí tagartha gnáthscaireanna nó díorthaigh gnáthscaireanna aonainm a fholuionn idirbheart il-ainmneacha arna leithdháileadh ar an gcatagóir riosca gnáthscaireanna. Sannfar idirbhearta il-ainmneacha don eintiteas tagartha gnáthscaireanna céanna i gcás ina bhfuil na comhpháirteanna céanna i ngrúpa bunionstraimí tagartha gnáthscaireanna nó i ngrúpa díorthach creidmheasa aonainm foluiteach na n-idirbheart sin, de réir mar is infheidhme, agus sa chás sin amháin.
2. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúid forlíontán na catagóire riosca gnáthscaireanna le haghaidh tacair glanluachála áirithe mar leanas:

$$ForLíontán^{Gnáthscaireanna} = \sum_j ForLíontán_j^{Gnáthscaireanna}$$

nuair atá:

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin riosca creidmheasa uile arna socrú i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála;

$ForLíontán^{Gnáthscaireanna}_j =$ forlíontán thacar fálúcháin 'j' a ghabhann leis an gcatagóir riosca creidmheasa arna chinneadh i gcomhréir le mír 3.

3. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire riosca gnáthscaireanna le haghaidh thacar fálúcháin 'j' mar leanas:

$$\begin{aligned} ForLíontán_j^{Gnáthscaireanna} &= \epsilon_j \\ & * \left[\left(\sum_j \rho_j^{Gnáthscaireanna} * ForLíontán(Eintiteas_j) \right)^2 \right. \\ & \left. + \sum_j \left(1 - \left(\rho_j^{Gnáthscaireanna} \right)^2 \right) * \left(ForLíontán(Eintiteas_j) \right)^2 \right]^{\frac{1}{2}} \end{aligned}$$

nuair atá:

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl eintitis tagartha ghnáthscaireanna an tacair glanluachála arna mbunú i gcomhréir le mír 1;

ϵ_j = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin 'j' arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 280;

$ForLíontán(Eintiteas_j) =$ forlíontán eintiteas tagartha gnáthscaireanna 'j' arna chinneadh i gcomhréir le mír 4;

$\rho_j^{Gnáthscaireanna} =$ fachtóir comhghaolúcháin eintiteas 'j'. I gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha gnáthscaireanna j i gcomhréir le mír 1(a), $\rho_j^{Gnáthscaireanna} = 50\%$. I gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha gnáthscaireanna j i gcomhréir le mír 1(b), $\rho_j^{Gnáthscaireanna} = 80\%$.

4. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán eintiteas tagartha gnáthscaireanna 'j' mar leanas:

$$ForLíontán(Eintiteas_j) = SF_j^{Gnáthscaireanna} * EffNot_j^{Gnáthscaireanna}$$

nuair atá:

$SF_j^{Gnáthscaireanna} =$ an fachtóir maoirseachta is infheidhme maidir le heintiteas tagartha gnáthscaireanna 'j'. I gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha gnáthscaireanna 'j' i gcomhréir le mír 1(a), $SF_j^{Gnáthscaireanna} = 32\%$; I gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha gnáthscaireanna 'j' i gcomhréir le mír 1(b), $SF_j^{Gnáthscaireanna} = 20\%$;

$EffNot_j^{Gnáthscaireanna} =$ méid barúlach iarbhír eintiteas tagartha gnáthscaireanna 'j' arna ríomh mar leanas:

$$EffNot_j^{Gn\acute{a}thscaireanna} = \sum_{l \in \text{Eintiteas tagart h\acute{a} gn\acute{a}thscaireanna } j} Su\acute{íomhRiosca}_l$$

Airteagal 280e

Forlíontán na catagóire riosca tráchtearraí

1. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire riosca tráchtearraí le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$ForLíontán^{Com} = \sum_j ForLíontán_j^{Com}$$

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin tráchtearraí arna socrú i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála;

$ForLíontán_j^{Com}$ = forlíontán na catagóire riosca tráchtearraí le haghaidh thacar fálúcháin 'j' arna chinneadh i gcomhréir le mír 4.

2. Chun críche forlíontán tacair fálúcháin tráchtearraí a ghabhann le tacar glanluachála áirithe a ríomh i gcomhréir le mír 4, bunóidh institiúidí na cineálacha tagartha tráchtearraí do gach tacar fálúcháin. Sannfar idirbhearta díorthach tráchtearraí don chineál tagartha tráchtearraí céanna i gcás inarb ionann nádúr do bhunionstraim tráchtearraí na n-idirbheart sin, agus sa chás sin amháin.
3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a chur de cheangal ar institiúid ag a bhfuil punanna díorthach tráchtearraí atá mór agus comhdhlúite tréithe breise seachas nádúr na bunionstraime tráchtearraí a chur san áireamh chun na cineálacha tagartha tráchtearraí do thacar fálúcháin tráchtearraí a bhunú i gcomhréir le mír 2.

Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar ar bhonn níos mionsonraithe a bhfuil i gceist leis an bpunann díorthach tráchtearraí mór agus comhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [15 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

4. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire riosca tráchtearraí le haghaidh thacar fálúcháin 'j' mar leanas:

$$\begin{aligned}
ForLíontán_j^{Com} &= \epsilon_j \\
&\quad * \left[\left(\rho^{Com} * \sum_k ForLíontán(Cineál_k^j) \right)^2 \right. \\
&\quad \left. + (1 - (\rho^{Com})^2) \sum_k \left(ForLíontán(Cineál_k^j) \right)^2 \right]^{\frac{1}{2}}
\end{aligned}$$

nuair atá:

k = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl cineálacha tagartha tráchtearraí an tacair glanluachála arna mbunú i gcomhréir le mír 2;

ϵ_j = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin 'j' arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 280;

$ForLíontán(Cineál_k^j)$ = forlíontán chineál tagartha tráchtearraí 'k' arna ríomh i gcomhréir le mír 5;

ρ^{Com} = fachtóir comhghaolúcháin na catagóire riosca tráchtearraí ag a bhfuil luach atá cothrom le 40%.

5. Ríomhfaidh institiúid forlíontán chineál tagartha tráchtearraí 'k' mar leanas:

$$ForLíontán(Cineál_k^j) = SF_k^{Com} * EffNot_k^{Com}$$

nuair atá:

SF_k^{Com} = an fachtóir maoirseachta is infheidhme maidir le cineál tagartha tráchtearraí 'k'.

I gcás ina gcomhfhreagraíonn cineál tagartha tráchtearraí 'k' d'idirbhearta arna leithdháileadh ar an tacar fálúcháin dá dtagraítear i bpointe (i) de phointe (e) d'Airteagal 277b(1), $SF_k^{Com} = 40\%$; in aon chás eile, $SF_k^{Com} = 18\%$.

$EffNot_k^{Com}$ = méid barúlach iarbhir chineál tagartha tráchtearraí 'k' arna ríomh mar leanas:

$$EffNot_k^{Com} = \sum_{l \in \text{Cineál tagart ha tráchtearra í k}} SuíomhRiosca_l$$

Airteagal 280f
Forlíontán na catagóire rioscaí eile

1. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire rioscaí eile le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$ForLíontán^{Eile} = \sum_j ForLíontán_j^{Eile}$$

nuair atá:

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin rioscaí eile arna socrú i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála;

$ForLíontán_j^{Eile}$ = forlíontán na catagóire rioscaí eile le haghaidh thacar fálúcháin 'j' arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire rioscaí eile le haghaidh thacar fálúcháin 'j' mar leanas:

$$[ForLíontán]_j^{Eile} = \epsilon_j * [SF]^{Eile} * [EffNot]_j^{Eile}$$

nuair atá:

ϵ_j = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin 'j' arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 280;

SF^{Eile} = fachtóir maoirseachta na catagóire rioscaí eile ag a bhfuil luach atá cothrom le 8%;

$EffNot_j^{Eile}$ = méid barúlach iarbhir thacar fálúcháin 'j' arna ríomh mar leanas:

$$[EffNot]_j^{Eile} = \sum_l (l \in \text{Tacar fálúcháin } j) [SuíomhRiosca]_l$$

- (66) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Roinn 4:

"ROINN 4

CUR CHUIGE CAIGHDEÁNAITHE SIMPLITHE LE HAGHAIDH MODH RIOSCA CREIDMHEASA CONTRAPHÁIRTÍ

Airteagal 281

Luach na neamhchosanta a ríomh

1. Ríomhfaidh institiúidí luach neamhchosanta aonair ar leibhéal an tacair glanluachála i gcomhréir le Roinn 3 den Chaibidil seo, faoi réir mhír 2.
2. Ríomhfar luach neamhchosanta tacair glanluachála i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:
 - (a) ní chuirfidh institiúidí an láimhseáil dá dtagraítear in Airteagal 274(6) i bhfeidhm;
 - (b) de mhaolú ar Airteagal 275(1), cuirfidh institiúidí an méid seo a leanas i bhfeidhm:

Maidir le tacair ghlanluachála nach dtagraítear dóibh in Airteagal 275(2), ríomhfaidh institiúidí an costas athsholáthair i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RC = \max\{CMV, 0\} ,$$

- (c) de mhaolú ar Airteagal 275(2), cuirfidh institiúidí an méid seo a leanas i bhfeidhm:

Maidir le tacair ghlanluachála na n-idirbheart a thrádáiltear ar mhalartán aitheanta, maidir le tacair ghlanluachála na n-idirbheart a imréitíonn contrapháirtí lárnach ar bhonn lárnach, ar contrapháirtí é a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó maidir le tacair ghlanluachála na n-idirbheart a malartaítear comhthaobhacht ina leith ar bhonn déthaobhach leis an gcontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir leo sin ar fad ríomhfaidh institiúidí an costas athsholáthair i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RC = TH + MTA$$

nuair atá:

TH = an tairseach corrlaigh is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh, ar tairseach í faoina mbeadh cosc ar an institiúid glao a dhéanamh ar chomhthaobhacht;

MTA = íosmhéid an aistrithe is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh;

- (d) de mhaolú ar Airteagal 275(3), cuirfidh institiúidí an méid seo a leanas i bhfeidhm:

Maidir le tacair ghlanluachála faoi réir comhaontú corrlaigh, nuair atá feidhm ag an gcomhaontú corrlaigh maidir le tacair ghlanluachála iolracha, ríomhfaidh institiúidí an costas athsholáthair mar shuim chostas athsholáthair gach tacair glanluachála aonair arna ríomh sin i gcomhréir le mír 1 amhail agus nach raibh siad faoi chumhdach corrlaigh.

- (e) bunófar gach tacar fálúcháin i gcomhréir le hAirteagal 277a(1).

- (f) socróidh institiúidí ag 1 an t-iolraitheoir san fhoirmle arna úsáid chun an neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch in Airteagal 278(1) a ríomh, mar leanas:

$$PFE = \sum_a ForLíontán^{(a)}$$

- (g) De mhaolú ar Airteagal 279a(1), cuirfidh institiúidí an méid seo a leanas i

bhfeidhm:

Maidir leis na hidirbhearta uile, ríomhfaidh institiúidí an deilte mhaoirseachta mar leanas:

$$\delta = \begin{cases} +1 \text{ nuair issuíomh fada sa phríomhspreagaí riosca é an t-idirbheart} \\ -1 \text{ nuair issuíomh gearr sa phríomhspreagaí riosca é an t-idirbheart} \end{cases} ;$$

- (h) Mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle arna húsáid chun fachtóir na marthanachta maoirseachta i bpointe (a) d'Airteagal 279b(1) a ríomh:

$$fachtóir \text{ na marthanachta maoirseachta} = E - S ;$$

- (i) Déanfar an fachtóir aibíochta dá dtagraítear in Airteagal 279c(1) a ríomh mar leanas:

- (iii) (a) maidir le hidirbhearta a áirítear sna tacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(1), MF = 1;

- (b) maidir le hidirbhearta a áirítear sna tacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(2) agus (3), MF = 0,42;

- (j) Mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle arna húsáid chun méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin 'j' in Airteagal 280a(3) a ríomh:

$$EffNot_j^{IR} = |D_{j,1}| + |D_{j,2}| + |D_{j,3}|$$

- (k) Mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle arna húsáid chun forlíontán na catagóire riosca creidmheasa le haghaidh thacar fálúcháin 'j' de chuid na catagóire riosca creidmheasa in Airteagal 280c(3) a ríomh:

$$ForLíontán_j^{Creidmheas} = \sum_j |ForLíontán(Eintiteas_j)|$$

- (l) Mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle arna húsáid chun forlíontán na catagóire riosca gnáthscaireanna le haghaidh thacar fálúcháin 'j' de chuid na catagóire riosca gnáthscaireanna in Airteagal 280d(3) a ríomh:

$$ForLíontán_j^{Gnáthscaireanna} = \sum_j |ForLíontán(Eintiteas_j)|$$

- (m) Mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle arna húsáid chun forlíontán na catagóire riosca tráchtearraí le haghaidh thacar fálúcháin 'j' de chuid na catagóire riosca tráchtearraí in Airteagal 280e(3) a ríomh:

$$ForLíontán_j^{Com} = \sum_j |ForLíontán(Cineál_k^j)|$$

"

- (67) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Roinn 5:

"ROINN 5 AN MODH NEAMHCHOSANTA BUNAIDH

Airteagal 282

Luach na neamhchosanta a ríomh

1. Féadfaidh institiúidí luach neamhchosanta aonair a ríomh le haghaidh na n-idirbheart uile atá mar chuid de chomhaontú glanluachála conarthach i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 274(1). In aon chás eile, ríomhfaidh institiúidí luach neamhchosanta go leithleach le haghaidh gach idirbhirt arna láimhseáil mar a thacar glanluachála féin.
2. Is éard a bheidh i luach neamhchosanta tacair glanluachála nó idirbhirt toradh ar 1,4 uair shuim an chostais reatha athsholáthair agus na neamhchosanta féideartha todhchaíche.
3. Déanfar an costas reatha athsholáthair dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh mar leanas:
 - (a) maidir le tacair ghlanluachála na n-idirbheart a thrádáiltear ar mhalartán aitheanta, nó maidir le tacair ghlanluachála na n-idirbheart a imréitíonn contrapháirtí lárnach ar bhonn lárnach, ar contrapháirtí é a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó maidir le tacair ghlanluachála na n-idirbheart a malartaítear comhthaobhacht ina leith ar bhonn déthaobhach leis an gcontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir leo sin ar fad ríomhfaidh institiúidí an costas reatha athsholáthair dá dtagraítear i mír 2 mar leanas:

$$RC = TH + MTA$$

nuair atá:

TH = an tairseach corrlaigh is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh, ar tairseach í faoina mbeadh cosc ar an institiúid glao a dhéanamh ar chomhthaobhacht;

MTA = íosmhéid an aistrithe is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh

- (b) maidir leis na tacair ghlanluachála eile nó na hidirbhearta aonair eile, déanfaidh institiúidí an costas reatha athsholáthair dá dtagraítear i mír 2 a ríomh mar leanas:

$$RC = \max\{CMV, 0\}$$

D'fhonn an costas reatha athsholáthair a ríomh, tabharfaidh institiúidí na margadhluachanna reatha cothrom le dáta ar bhonn míosúil ar a laghad.

4. Déanfaidh institiúidí an neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch dá dtagraítear i

mír 2 a ríomh mar leanas:

- (a) is éard is neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch tacair glanluachála ann suim neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch na n-idirbheart uile a áirítear sa tacar glanluachála, arna ríomh sin i gcomhréir le pointe (b);
- (b) is éard is neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch idirbhirt aonair ann a mhéid barúlach arna iolrú faoin méid seo a leanas:
 - (i) toradh 0,5% arna iolrú faoi aibíocht iarmhair an idirbhirt le haghaidh conarthaí ráta úis;
 - (ii) 4% le haghaidh conarthaí a bhaineann le conarthaí ráta malairte eachtraí;
 - (iii) 18% le haghaidh conarthaí a bhaineann le conarthaí maidir le hór;
- (c) déanfar an méid barúlach dá dtagraítear i bpointe (b) a chinneadh i gcomhréir le pointe (a) agus le pointe (b) d'Airteagal 279b(1) agus le hAirteagal 279b(2) agus (3), de réir mar is infheidhme;
- (d) déanfar neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch na dtacar glanluachála dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 a iolrú faoi 0,42.

Chun neamhchosaint fhéideartha conarthaí ráta úis a ríomh i gcomhréir le pointe (b)(ii), féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh an aibíocht bhunaidh a úsáid in áit aibíocht iarmhair na gconarthaí."

- (68) In Airteagal 283, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Maidir le gach idirbheart díorthach thar an gcuntar agus idirbhearta socraíochta iarchurtha nach bhfuil cead faighte faoi mhír 1 ag institiúid an IMM a úsáid ina leith, bainfidh an institiúid úsáid as na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 nó i Roinn 5. Féadfar na modhanna sin a úsáid i dteaghlaim ar bhonn buan laistigh de ghrúpa." .

- (69) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 298:

"Airteagal 298

Na héifeachtaí a bhaineann le glanluacháil mar rud a laghdaíonn riosca a aithint

Déanfar glanluacháil chun críocha Roinn 3 go Roinn 6 a aithint mar a leagtar amach sna Ranna sin."

- (70) Scriostar pointe (a) de mhír 2 d'Airteagal 299.

- (71) Leasaítear Airteagal 300 mar leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

“Chun críocha na Roinne seo agus Chuid a Seacht, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:”;

(b) cuirtear pointe (5) go pointe (11) isteach:

“(5) ciallaíonn ‘idirbhearta airgid’ idirbhearta in airgead tirim, ionstraimí fiachais agus gnáthscaireanna mar aon le spot-idirbhearta malairte eachtraí agus spot-idirbhearta tráchtearraí; ní idirbhearta airgid iad idirbhearta athcheannaigh agus idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí;

(6) ciallaíonn ‘socrú imréitigh indíreach’ socrú a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa dara fomhír d’Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(7) ciallaíonn ‘struchtúr cliant il-leibhéil’ socrú imréitigh indíreach faoina gcuireann eintiteas nach comhalta imréitigh é ach ar cliant de chuid comhalta imréitigh nó de chuid cliant ar leibhéal níos airde é, faoin gcuireann sé seirbhísí imréitigh ar fáil d’institiúid;

(8) ciallaíonn ‘cliant ar leibhéal níos airde’ an t-eintiteas a chuireann seirbhísí imréitigh ar fáil do chliant ar leibhéal níos ísle;

(9) ciallaíonn ‘cliant ar leibhéal níos ísle’ an t-eintiteas a bhfuil rochtain ar sheirbhísí contrapháirtí lárnaigh á fáil aige trí bhíthin cliant ar leibhéal níos airde;

(10) ciallaíonn ‘ranníocaíocht neamhchistithe le ciste mainneachtana’ ranníocaíocht a gheallann institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh go conarthach a sholáthar do chontrapháirtí lárnach tar éis don chontrapháirtí lárnach a chiste mainneachtana a ídiú chun caillteanais a chumhdach a thabhaigh sé tar éis mainneachtain ceann amháin nó níos mó dá chomhaltaí imréitigh;

(11) ciallaíonn ‘idirbheart iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith taiscí lánráthaithe’ idirbheart margaidh i leith airgead lánchomhthaobhaithe ina malartaíonn beirt chontrapháirtithe taiscí le chéile agus ina n-idirchuireann contrapháirtí é féin eatarthu chun comhlíonadh oibleagáidí íocaíochta na gcontrapháirtithe sin a áirithiú.”;

(72) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 301:

*“Airteagal 301
Raon feidhme ábhartha*

1. Baineann an Roinn seo leis na conarthaí agus na hidirbhearta seo a leanas fad agus atá siad gan réiteach le contrapháirtí lárnach:
 - (a) na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh creidmheasa;
 - (b) IMUanna agus idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith taiscí lánráthaithe;
 - (c) idirbhearta socraíochta iarchurtha.

Níl aon fheidhm ag an Roinn seo maidir le neamhchosaintí a thagann as socraíocht idirbheart airgid. Cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar síos i dTeideal V den Chuid seo i bhfeidhm ar neamhchosaintí trádála a thagann as na hidirbhearta sin agus cuirfidh siad ualú riosca 0% i bhfeidhm ar na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana a chumhdaíonn na hidirbhearta réamhráite agus iad sin amháin. Cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar síos in Airteagal 307 i bhfeidhm ar na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana a chumhdaíonn aon cheann de na conarthaí a liostaítear sa chéad fhomhír sa bhreis ar idirbhearta airgid.

2. Chun críocha na Roinne seo, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) ní áireofar sa chorrlach tosaigh ranníocaíochtaí le contrapháirtí lárnach le haghaidh socruithe roinnte caillteanas atá frithpháirtithe;
- (b) áireofar sa chorrlach tosaigh comhthaobhacht arna taisceadh ag institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh nó ag cliant sa bhreis ar an íosmhéid a theastaíonn ón gcontrapháirtí lárnach nó ón institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh faoi seach, ar choinníoll go bhféadfaidh an contrapháirtí lárnach sin nó an institiúid sin, nuair is iomchuí, cosc a chur ar an institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh nó ar an gcliant an chomhthaobhacht bhreise sin a aistarraingt;
- (c) i gcás ina n-úsáideann contrapháirtí lárnach corrlach tosaigh chun caillteanais a fhrithpháirtiú i measc a chomhaltaí imréitigh, féadfaidh institiúidí atá ag gníomhú mar chomhaltaí imréitigh an corrlach tosaigh sin a láimhseáil mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana.”.

(73) In Airteagal 302, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Maidir le leibhéal na gcistí dílse atá á sealbhú i gcoinne neamhchosaintí ar chontrapháirtí lárnach, lena n-áirítear neamhchosaintí féideartha todhchaíocha nó neamhchosaintí creidmheasa teagmhasacha, neamhchosaintí ar ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana agus, nuair atá an institiúid ag gníomhú mar chomhalta imréitigh, neamhchosaintí ar toradh iad ar shocruithe conarthacha a leagtar síos in Airteagal 304, déanfaidh institiúidí a mheas, trí anailís iomchuí ar chnámha an scéil a dhéanamh agus trí bhearta tástála struis, an leor iad le cois na rioscaí is gné dhílis de na neamhchosaintí sin.

(74) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 303:

“Airteagal 303

Neamhchosaintí na gcomhaltaí imréitigh ar chontrapháirtithe lárnacha a láimhseáil

- 1. I gcás ina bhfuil institiúid ag gníomhú mar chomhalta imréitigh, chun a críocha féin nó mar idirghabhálaí airgeadais idir cliant agus contrapháirtí lárnach, ríomhfaidh sí na ceanglais cistí dílse dá neamhchosaintí ar chontrapháirtí lárnach mar leanas:
 - (a) cuirfidh sí an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 306 i bhfeidhm ar a neamhchosaintí trádála ar an gcontrapháirtí lárnach;

- (b) cuirfidh sí an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 307 i bhfeidhm ar a ranníocaíochtaí ciste mainneachtana leis an gcontrapháirtí lárnach.
2. Chun críocha mhír 1, beidh suim ceanglas cistí dílse institiúide le haghaidh a neamhchosaintí ar chontrapháirtí lárnach cáilitheach i ngeall ar neamhchosaintí trádála agus ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana, beidh sí faoi réir uasteorainn atá cothrom le suim na gceanglas cistí dílse a chuirfí i bhfeidhm ar na neamhchosaintí céanna sin dá mba chontrapháirtí lárnach neamhcháilitheach é an contrapháirtí lárnach.”.
- (75) Leasaítear Airteagal 304 mar leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- “1. I gcás ina bhfuil institiúid ag gníomhú mar chomhalta imréitigh, agus sa chás sin, go bhfuil sí ag gníomhú mar idirghabhálaí airgeadais idir cliant agus contrapháirtí lárnach, déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse a ríomh do na hidirbhearta sin dá chuid a bhaineann le contrapháirtí lárnach leis an gcliant i gcomhréir le Roinn 1 go Roinn 8 den Chaibidil seo, le Roinn 4 de Chaibidil 4 den Teideal seo agus le Teideal VI den Chuid seo, de réir mar is infheidhme.”;
- (b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3, mhír 4 agus mhír 5:
- “3. I gcás ina n-úsáideann institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 nó i Roinn 6 den Chaibidil seo chun a ceanglais cistí dílse le haghaidh a neamhchosaintí a ríomh, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
- (a) de mhaolú ar Airteagal 285(2), féadfaidh an institiúid leas a bhaint as tréimhse corrlaigh faoi riosca a mhairfidh cúig lá oibre ar a laghad le haghaidh a neamhchosaintí ar chliant;
- (b) cuirfidh an institiúid tréimhse corrlaigh faoi riosca i bhfeidhm a mhairfidh 10 lá oibre ar a laghad le haghaidh a neamhchosaintí ar chontrapháirtí lárnach;
- (c) de mhaolú ar Airteagal 285(3), i gcás ina gcomhlíonann tacar glanluachála atá ar áireamh sa ríomh na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) den mhír sin, féadfaidh an institiúid neamhaird a thabhairt ar an teorainn a leagtar amach sa phointe sin ar choinníoll nach gcomhlíonann an tacar glanluachála an coinníoll i bpointe (b) den mhír sin agus nach bhfuil aon trádálacha iontu ar ábhar díospóide iad;
- (d) i gcás ina gcoimeádann contrapháirtí lárnach corrlach athrúcháin i gcoinne idirbhirt agus nach ndéantar comhthaobhacht na hinstitiúide a chosaint ar dhócmhainneacht an chontrapháirtí lárnaigh, cuirfidh an institiúid tréimhse corrlaigh faoi riosca i bhfeidhm ar lú ná bliain í mar aon le haibíocht iarmhair an idirbhirt, ag a bhfuil íosráta 10 lá gnó.

4. De mhaolú ar phointe (h) d’Airteagal 281(2), i gcás ina n-úsáideann institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh na modhanna a leagtar amach i Roinn 4 den Chaibidil seo chun a ceanglais cistí dílse le haghaidh a neamhchosaintí a ríomh, féadfaidh an institiúid fachtóir aibíochta atá cothrom le 0,21 a úsáid le haghaidh a ríomha.

5. De mhaolú ar phointe (d) d’Airteagal 282(4), i gcás ina n-úsáideann institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh na modhanna a leagtar amach i Roinn 5 den Chaibidil seo chun a ceanglais cistí dílse le haghaidh a neamhchosaintí a ríomh, féadfaidh sí fachtóir aibíochta atá cothrom le 0,21 a úsáid le haghaidh a ríomha.”;

(c) the following paragraphs 6 and 7 are added:

“6. Féadfaidh institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh úsáid a dhéanamh den neamhchosaint laghdaithe tráth na mainneachtana a thagann as na ríomhanna i mír 3, i mír 4 agus i mír 5 chun críocha a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh i gcomhréir le Teideal VI.

7. Institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh a bhailíonn comhthaobhacht ó chliant d’idirbheart a bhaineann le contrapháirtí lárnach agus a chuireann an comhthaobhacht ar aghaidh chuig an gcontrapháirtí lárnach, féadfaidh sí an comhthaobhacht sin a aithint chun a neamhchosaint ar an gcliant a laghdú i dtaca leis an idirbheart sin a bhaineann le contrapháirtí lárnach.

I gcás struchtúr cliant il-leibhéil féadfar an láimhseáil a leagtar amach sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal den struchtúr sin.”.

(76) Leasaítear Airteagal 305 mar leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ríomhfaidh institiúid ar cliant í na ceanglais cistí dílse do na hidirbhearta dá cuid a bhaineann le contrapháirtí lárnach lena comhalta imréitigh i gcomhréir le Roinn 1 go Roinn 8 den Chaibidil seo, le Roinn 4 de Chaibidil 4 den Teideal seo agus le Teideal VI den Chuid seo, de réir mar is infheidhme.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) tá athbhreithniú dlíthiúil leordhóthanach déanta ag an gcliant, ar athbhreithniú é atá cothrom le dáta, a chruthaíonn go bhfuil na socruithe lena n-áirithítear comhlíonadh an choinníll i bpointe (b), go bhfuil siad dlíthiúil, bailí, ceangailteach agus infhorfheidhmithe faoi dhlíthe ábhartha na dlínse nó na ndlíní ábhartha.”;

(c) cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 2:

“Féadfaidh institiúid aon fhasaigh shoiléire i ndáil le haistrithe suíomhanna cliant agus le comhthaobhacht chomhfhreagrach chuig contrapháirtí lárnach a chur san áireamh, maille le haon rún sa tionscal leanúint den chleachtas seo, i gcás ina

ndéanann an institiúid measúnú ar an gcaoi a bhfuil an coinníoll i bpointe (b) den chéad fhomhír á chomhlíonadh aici.”;

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

“3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, i gcás nach gcomhlíonann institiúid ar cliant í an coinníoll a leagtar amach i bpointe (a) den mhír sin toisc nach gcosnaítear an institiúid sin ar chaillteanas i gcás ina gcomh-mhainneachtaíonn an comhalta imréitigh agus cliant eile de chuid an chomhalta imréitigh, ach go bhfuil na coinníollacha uile eile a leagtar amach i bpointe (a) den mhír sin agus i bpointí eile den mhír sin á gcomhlíonadh, féadfaidh an institiúid na ceanglais cistí dílse dá neamhchosaintí trádála ar idirbhearta a bhaineann le contrapháirtí lárnach lena comhalta imréitigh a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 306, faoi réir ualú riosca 4% a chur in ionad an ualaithe riosca 2% i bpointe (a) d’Airteagal 306(1).

4. I gcás struchtúr cliant il-leibhéil, ní fhéadfaidh institiúid ar cliant ar leibhéal níos ísle í a bhfuil rochtain ar sheirbhísí contrapháirtí lárnaigh á fáil aici trí bhíthin cliant ar leibhéal níos airde, ní fhéadfaidh sí an láimhseáil a leagtar amach i mír 2 nó i mír 3 a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha sna míreanna sin ar gach leibhéal den struchtúr sin.”.

(77) Leasaítear Airteagal 306 mar leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) i gcás ina bhfuil institiúid ag gníomhú mar idirghabhálaí airgeadais idir cliant agus contrapháirtí lárnach agus go bhforálann téarmaí an idirbhirt a bhaineann leis an gcontrapháirtí lárnach nach bhfuil sé de cheangal ar an institiúid an cliant a aisíoc as aon chaillteanas a bhain dó de thoradh athruithe ar luach an idirbhirt sin má mhainníonn an contrapháirtí lárnach, féadfaidh sí luach neamhchosanta na neamhchosanta trádála ar an gcontrapháirtí lárnach a chomhfhreagraíonn don idirbheart sin a bhaineann le contrapháirtí lárnach, féadfaidh sí an luach sin a shocrú ag nialas;”;

(b) i mír 1, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

“(d) i gcás ina bhfuil institiúid ag gníomhú mar idirghabhálaí airgeadais idir cliant agus contrapháirtí lárnach agus go bhforálann téarmaí an idirbhirt a bhaineann leis an gcontrapháirtí lárnach go bhfuil sé de cheangal ar an institiúid an cliant a aisíoc as aon chaillteanas a bhain dó de thoradh athruithe ar luach an idirbhirt sin má mhainníonn an contrapháirtí lárnach, féadfaidh sí an láimhseáil i bpointe (a) nó i bpointe (b), de réir mar is infheidhme, a chur i bhfeidhm ar an neamhchosaint trádála ar an gcontrapháirtí lárnach a chomhfhreagraíonn don idirbheart sin a bhaineann le contrapháirtí lárnach.”;

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

“2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil sócmhainní a bhreactar mar chomhthaobhacht do chontrapháirtí lárnach nó do chomhalta imréitigh neamhbhainteach le féimheacht i gcás ina n-éireoidh an contrapháirtí lárnach, an comhalta imréitigh nó duine amháin nó níos mó de na cliaint eile dócmhainneach, féadfaidh institiúid luach neamhchosanta nialais a shannadh do neamhchosaintí riosca creidmheasa contrapháirtithe maidir leis na sócmhainní sin.

3. Ríomhfaidh institiúid luachanna neamhchosanta a neamhchosaintí trádála ar chontrapháirtí lárnach i gcomhréir le Roinn 1 go Roinn 8 den Chaibidil seo, agus le Roinn 4 de Chaibidil 4 den Teideal seo, de réir mar is infheidhme.”.

(78) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 307:

“Airteagal 307

Ceanglais cistí dílse maidir le ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh

Cuirfidh institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh an láimhseáil seo a leanas i bhfeidhm ar a neamhchosaintí a thagann as a ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh:

- (a) ríomhfaidh sí an ceanglas cistí dílse dá ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 308;
- (b) ríomhfaidh sí an ceanglas cistí dílse dá ranníocaíochtaí réamhchistithe agus neamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 309;
- (c) ríomhfaidh sí an ceanglas cistí dílse dá ranníocaíochtaí neamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh i gcomhréir leis an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 310.”.

(79) Leasaítear Airteagal 308 mar leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

“2. Is mar seo a leanas a ríomhfaidh institiúid an ceanglas cistí dílse (K_i) chun an neamhchosaint a thagann as a ranníocaíocht réamhchistithe (DF_i) a chumhdach:

$$K_i = \max \left\{ K_{CCP} \cdot \frac{DF_i}{DF_{CCP} + DF_{CM}}, 8\% \cdot 2\% \cdot DF_i \right\}$$

nuair atá:

i = an t-innéacs lena gcuirtear an comhalta imréitigh in iúl;

K_{CCP} = caipiteal hipitéiseach an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh a chuireann an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

DF_{CM} = suim ranníocaíochtaí réamhchistithe chomhaltaí imréitigh uile an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh a chuireann an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

DF_{CCP} = acmhainní airgeadais réamhchistithe an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh a chuireann an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

3. Déanfaidh institiúid méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh maidir le neamhchosaintí a thagann as ranníocaíocht réamhchistithe na hinstitiúide sin le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh chun críocha Airteagal 92(3) mar an ceanglas cistí dílse (K_{CMi}), arna chinneadh i gcomhréir le mír 2 arna iolrú faoi 12,5.”;

(b) scriostar mír 4 agus mír 5.

(80) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 309:

“Airteagal 309

Ceanglais cistí dílse maidir le ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh agus le ranníocaíochtaí neamhchistithe le contrapháirtí lárnach neamhcháilitheach

1. Cuirfidh institiúid an fhoirmle seo a leanas i bhfeidhm chun an ceanglas cistí dílse (K) a ríomh maidir leis na neamhchosaintí a thagann as a ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh (DF) agus as ranníocaíochtaí neamhchistithe (UC) le contrapháirtí lárnach den sórt sin:

$$K = DF + UC.$$

2. Déanfaidh institiúid méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh maidir le neamhchosaintí a thagann as ranníocaíocht na hinstitiúide sin le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh chun críocha Airteagal 92(3) mar an ceanglas cistí dílse (K), arna chinneadh i gcomhréir le mír 1, arna iolrú faoi 12,5.”.

(81) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 310:

“Airteagal 310
Ceanglais cistí dílse maidir le ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana
contrapháirtí lárnaigh cháilithigh”

Cuirfidh institiúid ualú riosca 0% i bhfeidhm ar a ranníocaíochtaí neamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh.”.

(82) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 311:

“Airteagal 311
Ceanglais cistí dílse do neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha nach gcomhlíonann
coinníollacha áirithe a thuilleadh”

3. Cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach san Airteagal seo i bhfeidhm i gcás inar tháinig siad de bheith ar an eolas, tar éis fógra poiblí nó fógra ó údarás inniúil contrapháirtí lárnaigh a úsáideann na hinstitiúidí nó ón gcontrapháirtí lárnach féin, nach gcomhlíonfaidh an contrapháirtí lárnach na coinníollacha maidir le húdarú nó le haitheantas, de réir mar is infheidhme, a thuilleadh.
4. I gcás ina gcomhlíontar an coinníoll i mír 1, déanfaidh institiúidí, laistigh de thrí mhí d'fheidhm a bheith ag na himthosca a leagtar amach sa mhír sin nó níos luaithe i gcás ina n-éilíonn údarais inniúla na n-institiúidí sin é, déanfaidh siad an méid seo a leanas i ndáil lena neamhchosaintí ar an gcontrapháirtí lárnach sin:
 - (a) cuirfidh siad an láimhseáil a leagtar amach i bpointe (b) d’Airteagal 306(1) i bhfeidhm ar a neamhchosaintí trádála ar an gcontrapháirtí lárnach sin;
 - (b) cuirfidh siad an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 309 i bhfeidhm ar a ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana an chontrapháirtí lárnaigh sin agus ar a ranníocaíochtaí neamhchistithe leis an gcontrapháirtí lárnach sin;
 - (c) déanfaidh siad a neamhchosaintí ar an gcontrapháirtí lárnach sin seachas iad sin a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír sin a láimhseáil mar neamhchosaintí ar eintiteas corparáideach i gcomhréir leis an gCur Chuige Caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa i gCaibidil 2 den Teideal seo.”.

(83) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1:

Caibidil 1

Forálacha Ginearálta

Airteagal 325
Cur chuige chun críche ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhair rioscaí margaidh

1. Déanfaidh gach institiúid a cheanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh gach suímh sa leabhar trádála agus gach suímh leabhar neamhthrádála faoi réir riosca

malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige seo a leanas:

- (a) ón [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo], an cur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a den Teideal seo;
- (b) ón [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo], an cur chuige samhla inmheánaí a leagtar amach i gCaibidil 1b den Teideal seo do na suíomhanna sin, agus do na suíomhanna sin amháin, a sannadh do dheasca trádála ar tugadh cead d'institiúid ina leith ag údarás inniúil an cur chuige sin a úsáid mar a leagtar amach in Airteagal 352ba;
- (c) ón [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo], ceadófar do na hinstitiúidí a chomhlíonann na coinníollacha a shainmhínítear in Airteagal 325a(1), agus do na hinstitiúidí sin amháin, an cur chuige caighdeánaithe simplithe dá dtagraítear i mír 4 a úsáid chun a gcistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a chinneadh;
- (d) go dtí an [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo], an cur chuige samhla inmheánaí simplithe a leagtar amach i gCaibidil 5 den Teideal seo do na catagóirí riosca ar tugadh cead don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 363 an cur chuige sin a úsáid ina leith. Ón [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ní úsáidfí institiúidí an cur chuige samhla inmheánaí simplithe a leagtar amach i gCaibidil 5 chun a gceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a chinneadh.

2. Ciallaíonn na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomhtar leis an gcur chuige caighdeánaithe simplithe dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 suim na gceanglais cistí dílse, mar is infheidhme:

- (a) na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí suímh dá dtagraítear i gCaibidil 2 den Teideal seo;
- (b) na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí malairte eachtraí dá dtagraítear i gCaibidil 3 den Teideal seo;
- (c) na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí tráchtearra dá dtagraítear i gCaibidil 4 den Teideal seo;

3. Féadfaidh institiúid na cineálacha cur chuige a leagtar amach i bpointe (a) agus pointe (b) de mhír 1 a úsáid i gcomhcheangal ar bhonn buan laistigh de ghrúpa ar choinníoll nach sáraíonn na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh faoin gcur chuige a leagtar síos i bpointe (a) 90% de mhéid iomlán na gceanglas cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh. Ar shlí eile, úsáidfí an institiúid an cur chuige a leagtar amach i bpointe (a) de mhír 1 do na suíomhanna go léir faoi réir a gceanglas cistí dílse féin i gcomhair rioscaí margaidh.

4. Féadfaidh institiúid na cineálacha cur chuige a leagtar amach i bpointe (c) agus pointe (d) de mhír 1 a úsáid i gcomhcheangal ar bhonn buan laistigh de ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 363.
5. Ní úsáidfí institiúid aon chur chuige a leagtar amach i bpointe (a) ná pointe (b) de mhír 1 i gcomhcheangal leis an gcur chuige a leagtar amach i bpointe (c).
6. Ní úsáidfí institiúid an cur chuige a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 1 d'ionstraimí sa leabhar trádála ar suíomhanna urrúisithe iad nó suíomhanna a áirítear i soláthraí téipe comhdhlúite (CTP) mar a shainmhínítear i míreanna 7 go 9 d'Airteagal 104.
7. Chun críocha ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí Coigeartú Luachála Creidmheasa a ríomh tríd an ardmhodh a leagtar amach in Airteagal 383, féadfaidh institiúidí leanúint den chur chuige samhla inmheánaí simplithe a leagtar amach i gCaibidil 5 den Teideal seo a úsáid tar éis [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo] tráth a scoirfidh na hinstitiúidí den chur chuige sin a úsáid chun críocha na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh.
8. Déanfaidh ÚBE caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt d'fhonn sonrú níos mine a thabhairt ar an dóigh ina gcinnfidh na hinstitiúidí ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh do shuíomhanna leabhar neamhthrádála faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin[laistigh de shé mí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 325 a

Coinníollacha maidir leis an gCur Chuige Caighdeánaithe Simplithe a úsáid

1. Féadfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh leis an gcur chuige dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 325(1) ar choinníoll gur lú gnó na hinstitiúide laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe faoi réir riosca margaidh ná na tairseacha seo a leanas, nó go bhfuil siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéantar go míosúil.
 - (a) 10% de shócmhainní iomlána na hinstitiúide;
 - (b) EUR 300 milliún
2. Déanfaidh institiúidí méid a ngnó laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe faoi

réir rioscaí margaidh ar dháta áirithe i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

- (a) cuirfear na suíomhanna go léir a shannfar don leabhar trádála san áireamh, seachas díorthaigh creidmheasa a aithneofar mar fháluithe inmheánacha ar neamhchosaintí leabhair neamhthrádála ar riosca creidmheasa;
 - (b) cuirfear gach suíomh leabhar neamhthrádála lena ngintear rioscaí malairte eachtraí agus tráchtearraí san áireamh;
 - (c) déanfar gach suíomh a luacháil ag praghsanna ar an margadh an dáta sin, seachas na suíomhanna dá dtagraítear i bpointe (b). Mura bhfuil praghas suímh ar an margadh ar fáil ar dháta áirithe, déanfaidh institiúidí an luach is déanaí ar an margadh a thógáil don suíomh sin;
 - (d) Déanfar gach suíomh leabhar neamhthrádála lena ngintear riosca tráchtearra a mheas mar ghlansuíomh foriomlán in airgeadra eachtrach agus a luacháil i gcomhréir le hAirteagal 352.
 - (e) déanfar gach suíomh leabhar neamhthrádála lena ngintear rioscaí tráchtearra a mheas trí úsáid a bhaint as Airteagail 357 agus Airteagal 358;
 - (f) déanfar suimiú ar luach absalóideach suíomhanna fada agus ar luach absalóideach suíomhanna gearra.
3. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla nuair a ríomhfaidh siad a gceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh i gcomhréir leis an Airteagal seo, nó nuair a scoirfidh siad de na ceanglais sin a ríomh.
4. Institiúid nach gcomhlíonann aon cheann de choinníollacha fhomhír 1 a thuilleadh, tabharfaidh an institiúid sin fógra don údarás inniúil.
5. Scoirfidh institiúidí de cheanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh i gcomhréir le mír 1 laistigh de thrí mhí ón uair a tharlóidh ceann de na cásanna seo a leanas:
- (a) ní chomhlíonann an institiúid ceann ar bith de choinníollacha mhír 1 ar feadh trí mhí;
 - (b) ní chomhlíonann an institiúid ceann ar bith de choinníollacha mhír 1 i rith níos mó ná sé cinn de na 12 mhí dheireanacha;
6. I gcás ina scoireann institiúid de na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh i gcomhréir le mír 1, ní cheadófar di ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh i gcomhréir le mír 1, ach amháin i gcás ina léiríonn sí don údarás inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha go léir a leagtar amach i mír 1 ar feadh tréimhse bliana iomlán.
7. Ní thiocfaidh institiúid i suíomh d'aon ghnó chun ceann ar bith de na coinníollacha a

leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh i rith an mheasúnaithe mhíosúil.

Airteagal 325b
Lamhálaí i leith ceanglais chomhdhlúite

1. Faoi réir mhír 2 agus ar mhaithe le glansuíomhanna agus ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir leis an Teideal seo ar bhonn comhdhlúite, agus ar mhaithe leis sin amháin, féadfaidh institiúidí suímh in institiúid nó i ngnóthas amháin a úsáid chun suímh in institiúid nó i ngnóthas eile a fhritháireamh.
2. Ní fhéadfaidh institiúidí mír 1 a chur i bhfeidhm ach amháin le cead ó na húdaráis inniúla, cead a thabharfar má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá cistí dílse leithdháilte go sásúil laistigh den ghrúpa;
 - (b) ráthaítear leis an gcreat rialúcháin, dlíthiúil nó conarthach ina bhfeidhmíonn na h-institiúidí go bhfuil tacaíocht airgeadais fhrithpháirteach laistigh den ghrúpa.
3. I gcás ina bhfuil na gnóthais suite i dtríú tíortha, comhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas i dteannta na gcoinníollacha i mír 2:
 - (a) tá na gnóthais sin údaraithe i dtríú tír agus comhlíonann siad an sainmhíniú ar institiúid chreidmheasa nó is gnólachtaí infheistíochta aitheanta tríú tír iad;
 - (b) comhlíonann na gnóthais sin, ar bhonn aonair, ceanglais cistí dílse atá coibhéiseach leis na cinn sin a leagtar síos sa Rialachán seo;
 - (c) níl aon rialacháin sna tríú tíortha atá i gceist a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh d'aistriú cistí laistigh den ghrúpa.

Airteagal 325c
Fáluithe struchtúracha ar riosca malairte eachtraí

1. Féadfar aon suíomh arna nglacadh d'aon ghnó ag institiúid d'fhonn fálú i gcoinne éifeacht dhíobhálach rátaí malairte eachtraí ar a gcóimheasa dá dtagraítear in Airteagal 92(1), faoi réir chead na n-údarás inniúil, a eisiamh nuair a dhéantar ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) beidh an eisiamh seo teoranta don mhéid is mó de na méideanna seo a leanas:
 - (i) méid na hinfheistíochta in eintitis chleamhnaithe atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha nach bhfuil comhdhlúite leis an institiúid;
 - (ii) méid na hinfheistíochta i bhfochuideachtaí comhdhlúite atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha;

- (b) déanfar an t-eisiamh ó na ceanglais maidir le cistí dílse a ríomh ar feadh sé mhí ar a laghad;
 - (c) chuir an institiúid mionsonraí an tsuímh ar fáil do na húdaráis inniúla, thug sí bunús go bhfuil an suíomh aici d'fhonn fálú i gcoinne éifeacht dhíobhálach rátaí malairte ar a gcóimheasa dá dtagraítear in Airteagal 92(1) agus ar na méideanna de chuid an tsuímh sin atá eisiata ó na ceanglais cistí dílse do riosca margaidh dá dtagraítear i bpointe (a).
2. Déanfar aon eisiamh ó na ceanglais cistí dílse do riosca margaidh i gcomhréir le mír 1 a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm ar feadh shaolré na sócmhainní nó ítimí eile.
3. Déanfaidh údaráis inniúla formheas ar aon athruithe a dhéanfaidh an institiúid ina dhiaidh sin ar na méideanna a eisiafar ó ná ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh i gcomhréir le mír 1".
- (84) I gCuid 3, Teideal IV, cuirtear Caibidil 1a agus Caibidil 1b a leanas isteach:

Caibidil 1a

An cur chuige caighdeánaithe

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 325d
Raon feidhme agus struchtúr an chur chuige caighdeánaithe

Déanfaidh institiúid a ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh a ríomh leis an gcur chuige caighdeánaithe maidir le punann de shuíomhanna sa leabhar trádála agus de shuíomhanna leabhar neamhthrádála lena ngintear rioscaí malairte eachtraí agus tráchtearraí mar shuim na dtrí chomhpháirteanna seo a leanas:

- (a) an ceanglas cistí dílse de réir an mhodha íogaireacht-bhunaithe a leagtar amach i Roinn 2 den Chaibidil seo;
- (b) na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5 den Chaibidil seo a bhfuil feidhm aige leis na suíomhanna leabhar trádála dá dtagraítear sa Roinn sin agus leis na suíomhanna sin amháin,
- (c) na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí iarmharacha a leagtar amach i Roinn 4 den Chaibidil seo a bhfuil feidhm aige maidir leis na suíomhanna leabhar trádála dá dtagraítear sa Roinn sin agus leis na suíomhanna sin amháin,

ROINN 2

CEANGLAS ÍOGAIREACHT-BHUNAITHE MAIDIR LE CISTÍ DÍLSE

Airteagal 325e *Sainmhínte*

Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'aicme riosca' aon cheann de na catagóirí seo a leanas: (i) riosca ráta úis ghinearálta; (ii) riosca um raon difríochta creidmheasa i gcomhair neamhurrúsúcháin; (iii) riosca raon difríochta urrúsaithe (neamh-CTP) (iv) riosca raon difríochta urrúsaithe (CTP) (v) riosca gnáthscaireanna (vi) riosca tráchtearraí; agus (vii) riosca malairte eachtraí

(2) ciallaíonn 'íogaireacht' an t-athrú cóimheasa ar luach suímh, a ríomhadh le samhail praghsála na hinstitiúide, mar thoradh ar athrú ar luach aon cheann d'fhachtóirí riosca ábhartha an tsuímh.

(3) ciallaíonn 'buicéad' fochatagóir suíomhanna laistigh d'aicme riosca amháin a bhfuil próifíl riosca aige a bhfuil riosca-ualú sannta di mar a shainmhínítear i bhforoinn 1 de Roinn 3 den Chaibidil seo.

Airteagal 325f *Comhpháirteanna an mhodha íogaireacht-bhunaithe*

1. Déanfaidh institiúidí a gceanglais cistí dílse féin i gcomhair riosca margaidh a ríomh de réir an mhodha íogaireacht-bhunaithe trí na trí cheanglas cistí dílse a chomhiomlánú i gcomhréir le hAirteagal 325i:
 - (a) ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca deilte lena ngabhtar an riosca go dtiocfaidh athruithe ar luach na hionstraime mar gheall ar ghluaiseachtaí sna fachtóirí riosca neamhluaineachta agus ag glacadh leis gur feidhm praghsála líneach a bheidh ann;
 - (b) ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca vega lena ngabhtar an riosca go dtiocfaidh athruithe ar luach na hionstraime mar gheall ar ghluaiseachtaí sna fachtóirí riosca neamhluaineachta;
 - (c) ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca cuaire lena ngabhtar an riosca go dtiocfaidh athruithe ar luach na hionstraime mar gheall ar ghluaiseachtaí sna príomhfachtóirí riosca neamhluaineachta a bhaineann le fachtóirí riosca gaolmhara nach ngabhtar le riosca deilte.
2. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) beidh suíomhanna uile ionstraimí ina bhfuil roghnaíocht faoi réir na gceanglas cistí dílse dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1.
 - (b) beidh suíomhanna uile ionstraimí gan roghnaíocht faoi réir na gceanglas cistí

dílse dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1.

Chun críche na Caibidle seo, ar na hionstraimí ina bhfuil roghnaíocht tá, i measc ionstraimí eile: glaonna, céadroghanna, caidhpeanna, íosrátaí, roghtálacha, céadroghanna bacainneacha agus céadroghanna coimhthíocha. Déanfar roghanna leabaithe, amhail roghanna réamhíocaíochta nó iompraíochta, a mheas mar shuíomhanna ar leithligh i roghanna chun críche ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh.

Chun críocha na Caibidle seo, déanfar ionstraimí ar féidir a sreafaí airgid thirim a scríobh mar fheidhm líneach de luach barúlach an fholluitigh a mheas mar ionstraimí gan roghnaíocht.

Airteagal 325g

Ceanglais cistí dílse maidir le rioscaí deilte agus vega

1. Cuirfidh institiúidí na fachtóirí riosca deilte agus vega i bhfeidhm mar a thuairiscítear i bhforoinn 1 de Roinn 3 den Chaibidil seo chun ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca deilte agus vega a ríomh.
2. Cuirfidh institiúidí an próiseas i bhfeidhm mar a leagtar amach i míreanna 3 go 8 chun ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca deilte agus vega a ríomh.
3. Maidir le gach aicme riosca, déanfar íogaireacht na n-ionstraimí uile faoi raon feidhme na gceanglas cistí dílse i gcomhair rioscaí deilte nó vega ar gach fachtóir riosca deilte nó vega is infheidhme atá san áireamh san aicme riosca sin, déanfar sin a ríomh trí na foirmlí comhfhreagracha i bhforoinn 2 de Roinn 3 den Chaibidil seo a úsáid. Má bhíonn luach ionstraime ag brath ar an iliomad fachtóirí riosca, déanfar an íogaireacht a chinneadh ar leithligh maidir le gach fachtóir riosca.
4. Déanfar íogaireachtaí a shannadh do cheann amháin de na buicéid 'b' laistigh de gach aicme riosca.
5. Laistigh de gach buicéad 'b', déanfar na híogaireachtaí deimhneacha agus diúltacha a ghlanluacháil, as a dtagann glaníogaireachtaí (s_k) ar gach fachtóir riosca k laistigh de bhuicéad.
6. Déanfar na glaníogaireachtaí ar gach fachtóir riosca (s_k) laistigh de gach buicéad a iolrú faoi na hualuithe riosca chomhfhreagracha (RW_k) mar a leagtar síos i Roinn 6, as a dtiocfaidh íogaireachtaí ualaithe (WS_k) ar gach fachtóir riosca laistigh den bhuicéad sin i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$WS_k = RW_k \cdot s_k$$

7. Déanfar na híogaireachtaí ualaithe ar na fachtóirí riosca difriúla laistigh de gach buicéad a chomhiomlánú i gcomhréir leis an bhfoirmle thíos, mar a socraítear íostearainn an mhéid laistigh den fheidhm fréimhe cearnaí ag nialas, as a dtagann an

íogaireacht bhuicéad-shonrach (K_b). Úsáidfear na comhghaolta comhfhreagracha maidir le híogaireachtaí ualaithe laistigh den bhuicéad céanna (ρ_{kl}), mar a leagtar i Roinn 6.

$$K_b = \sqrt{\sum_k WS_k^2 + \sum_k \sum_{k \neq l} \rho_{kl} WS_k WS_l}$$

8. Déanfar an íogaireacht bhuicéad-shonrach (K_b) a ríomh maidir le gach buicéad atá laistigh d'aicme riosca i gcomhréir le míreanna 5 go 7. Nuair a ríomhfar an íogaireacht bhuicéad-shonrach i leith na mbuicéad go léir, déanfar íogaireachtaí ualaithe ar gach fachtóir riosca a chomhiomlánú i gcomhréir leis an bhfoirmle thíos, trí na comhghaolta comhfhreagracha γ_{bc} maidir le híogaireachtaí ualaithe i mbuicéad difriúla mar a leagtar síos i Roinn 6, as a dtagann an ceanglas cistí dílse deilte nó vega a bhaineann go sonrach le haicme riosca.

$$\text{Riosca} - \text{ceanglas cistí dílse deilte nó vega aicme-shonrach} = \sqrt{\sum_b K_b^2 + \sum_b \sum_{c \neq b} \gamma_{bc} S_b S_c}$$

nuair atá $S_b = \sum_k WS_k$ maidir le gach fachtóir riosca i mbuicéad b agus $S_c = \sum_k WS_k$ i mbuicéad c . I gcás ina ngineann suim luachanna S_b agus S_c uimhir dhiúltach mar shuim fhoriomlán $\sum_b K_b^2 + \sum_b \sum_{c \neq b} \gamma_{bc} S_b S_c$, déanfaidh an institiúid ceanglais cistí dílse deilte nó vega a bhaineann go sonrach le haicme riosca ar leith a ríomh trí úsáid a bhaint as sonrú malartach i gcás ina bhfuil $S_b = \max [\min (\sum_k WS_k, K_b), -K_b]$ maidir leis na fachtóirí riosca go léir i mbuicéad b agus $S_c = \max [\min (\sum_k WS_k, K_c), -K_c]$ maidir leis na fachtóirí go léir i mbuicéad c .

Déanfar na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí deilte nó vega a bhaineann go sonrach le haicme riosca ar leith a ríomh maidir le gach aicme riosca i gcomhréir le míreanna 1 go 8.

Airteagal 325h

Ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí cuair

1. Cuirfidh institiúidí an próiseas i bhfeidhm a leagtar amach i míreanna 2 go 6 chun ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca cuaire a ríomh.
2. Trí na híogaireachtaí a ríomhadh i gcomhréir le le hAirteagal 325g(4), maidir le gach aicme riosca, déanfar ceanglas glanriosca cuaire CVR_k maidir le gach fachtóir riosca (k) a áirítear san aicme riosca sin a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle thíos.

$$CVR_k = -\min \left\{ \sum_i \left[V_i \left(x_k^{(RW^{(cuair)}+)} \right) - V_i(x_k) - RW_k^{(cuair)} \cdot s_{ik} \right], \sum_i \left[V_i \left(x_k^{(RW^{(cuair)}-)} \right) - V_i(x_k) + RW_k^{(cuair)} \cdot s_{ik} \right] \right\}$$

nuair a:

atá i = leis an innéacs a chuireann ionstraim in iúl faoi réir rioscaí cuaire a bhaineann leis an bhfachtóir riosca k ;

x_k = leibhéal reatha fachtóra riosca k ;

$V_i(x_k)$ = luach ionstraime i mar a mheastar le samhail praghsála na hinstitiúide trí luach reatha fachtóra riosca k a úsáid;

$V_i(x_k^{(RW^{(cuair)}+)})$ agus $V_i(x_k^{(RW^{(cuair)}-)})$ = luach ionstraim i tar éis x_k a athrú suas nó síos faoi seach i gcomhréir le leis na hualuithe riosca comhfhreagracha;

$RW_k^{(cuair)}$ = ualach riosca d'fhachtóir riosca cuaire k maidir le hionstraim i a chinnfear i gcomhréir le Roinn 6.

s_{ik} = íogaireacht deilte ionstraim i i dtaca leis an bhfachtóir riosca deilte a chomhfhreagraíonn d'fhachtóir riosca cuaire k .

3. Maidir le gach aicme riosca, déanfar na ceanglais riosca cuaire CVR_k a ríomhtar i gcomhréir le mír 2 a shannadh do cheann amháin de na buicéid (b) laistigh den aicme riosca sin.
4. Déanfar na glancheanglais riosca cuaire CVR_k laistigh de gach buicéad (b) a chomhiomlánú i gcomhréir leis an bhfoirmle thíos, i gcás ina n-úsáidfear na comhghaolta comhfhreagracha ρ_{kl} a leagtar síos ar phéirí fachtóirí riosca k, l laistigh de gach buicéad, as a dtiocfaidh na ceanglais cistí dílse riosca cuaire buicéad-sonrach

$$K_b = \sqrt{\max\left(0, \sum_k \max(CVR_k, 0)^2 + \sum_k \sum_{k \neq l} \rho_{kl} CVR_k CVR_l \psi(CVR_k, CVR_l)\right)}$$

nuair a:

$\psi(CVR_k, CVR_l)$ = feidhm arb é nialas a luach más comhartha diúltach a bhíonn ag CVR_k agus CVR_l araon. I ngach cás eile, is é 1 an luach a bheidh ag $\psi(CVR_k, CVR_l)$.

5. Déanfar glancheanglais cistí dílse riosca cuaire a chomhiomlánú thar bhuicéid laistigh de gach aicme riosca i gcomhréir leis an bhfoirmle thíos, i gcás ina n-úsáidfear na comhghaolta comhfhreagracha a leagtar síos γ_{bc} i dtaca le tacair ceanglas riosca cuaire a bhaineann le buicéid dhifriúla. As sin a thagann na ceanglais cistí dílse riosca cuaire a bhaineann go sonrach le haicme riosca ar leith.

Ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca cuaire a bhaineann go sonrach le haicme riosca

$$= \sqrt{\sum_b K_b^2 + \sum_b \sum_{c \neq b} \gamma_{bc} S_b S_c \psi(S_b, S_c)}$$

nuair

$S_b = \sum_k CVR_k$ maidir le gach fachtóir riosca i mbuicéad b , agus $S_c = \sum_k CVR_k$ i mbuicéad c ;

$\psi(S_b, S_c)$ ar feidhm é arb é 0 a luach más comhartha diúltach a bhíonn ag S_b agus S_c araon. I ngach cás eile, is é 1 an luach a bhíonn ag $\psi(S_b, S_c)$.

I gcás ina ngineann na luachanna sin do S_b agus S_c uimhir dhiúltach mar shuim fhoriomlán $\sum_b K_b^2 + \sum_b \sum_{c \neq b} \gamma_{bc} S_b S_c \psi(S_b, S_c)$

déanfaidh an institiúid muirear an riosca cuaire a ríomh trí úsáid a bhaint as sonrú malartach i gcás ina bhfuil $S_b = \max[\min(\sum_k CVR_k, K_b), -K_b]$ maidir leis na fachtóirí riosca go léir i mbuicéad b agus i gcás ina bhfuil $S_c = \max[\min(\sum_k CVR_k, K_c), -K_c]$ maidir leis na fachtóirí go léir i mbuicéad c .

6. Déanfar na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca cuaire a bhaineann go sonrach le haicme riosca ar leith a ríomh maidir le gach aicme riosca i gcomhréir le míreanna 2 go 5.

Airteagal 325i

Ceanglais cistí dílse a chomhiomlánú a bhaineann go díreach le haicme riosca le haghaidh rioscaí deilte, vega agus cuaire

1. Comhiomlánóidh institiúidí ceanglais cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicme riosca ar leith le haghaidh na rioscaí deilte, vega agus cuaire i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach i míreanna 2 go 5.
2. An próiseas chun ceanglais cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicmí riosca deilte, vega agus cuaire ar leith a ríomh mar a thuairiscítear in Airteagal 325g agus Airteagal 325h, déanfar an próiseas sin trí uaire le haghaidh gach aicme riosca, trí thacar paraiméadar comhghaoil difriúil ρ_{kl} gach uair (an comhghaoil idir fachtóirí riosca laistigh de bhuicéad) agus γ_{bc} (an comhghaoil idir buicéid agus aicme riosca. Beidh gach ceann de na trí thacar sin comhfhreagrach le cás difriúil, mar a leanas:
 - (a) cás 'na meán-chomhghaoilta', trína bhfágfar nach mbíonn aon difríocht idir na paraiméadair comhghaoil ρ_{kl} agus γ_{bc} agus na comhghaoilta a shonraítear i Roinn 6.
 - (b) 'cás na gcomhghaoilta arda', trína ndéanfar na paraiméadair comhghaoil ρ_{kl} agus γ_{bc} a shonraítear in Roinn 6 a iolrú go haonfhoirmeach faoi 1.25, agus beidh ρ_{kl} agus γ_{bc} faoi réir uasteorainn 100%.

- (c) 'cás na gcomhghaolta ísle', trína ndéanfar na comhghaolta comhfhreagracha a leagtar síos a shonraítear i Roinn 6 , a iolrú faoi 0.75.
3. Na ceanglais cistí dílse go léir a bhaineann go sonrach le haicme riosca ar leith a thagann as gach cás, déanfar iad a chomhiomlánú ar leithligh maidir le rioscaí deilte, vega agus cuaire, as a dtiocfaidh trí cheanglas cistí dílse cás-sonracha difriúla le haghaidh rioscaí deilte, vega agus cuaire.
 4. Is éard a bheidh sna ceanglais cistí dílse deilte, vega nó cuaire an ceann is mó de na ceanglais cistí dílse cás-sonracha i gcomhair rioscaí deilte, vega nó cuaire a ríomhfar i gcomhréir le mír 3.
 5. Is éard a bheidh sa cheanglas cistí dílse íogaireacht-bhunaithe suim na dtrí cheanglas cistí dílse deilte, vega agus cuaire.

Airteagal 325j

Ionstraimí innéacs a láimhseáil, céadroghanna il-fholuiteacha

1. Déanfaidh institiúidí cur chuige trébhreathnaithe a úsáid maidir le hionstraimí innéacs nó céadroghanna il-fholuiteacha i gcás ina bhfuil íogaireachtaí deilte den chomhartha céanna ag comhábhair an innéacs nó na céadrogha. Féadtar íogaireachtaí ar fhachtóirí riosca bunaithe a thagann as ionstraimí innéacs agus céadroghanna il-fholuiteacha a ghlanluacháil le híogaireachtaí ar ionstraimí aonainm gan srianta, ach amháin maidir le suíomhanna soláthraí téipe comhdhlúite (CTP).
2. Beidh díolúine ag céadroghanna il-fholuiteacha a bhfuil íogaireachtaí deilte agus comhartha difriúla orthu ó rioscaí deilte agus vega ach beidh siad faoi réir ag an bhforlíontán riosca iarmharaigh dá dtagraítear i Roinn 4 den Chaibidil seo.

Airteagal 325k

Ghnóthais comhinfheistíochta a láimhseáil

1. Déanfaidh institiúidí a gceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh suímh i ngnóthais comhinfheistíochta a ríomh trí úsáid a bhaint as ceann amháin de na cineálacha cur chuige seo a leanas:
 - (a) Institiúid ar féidir léi infheistíochtaí foluiteacha an ghnóthais comhinfheistíochta an ionstraim innéacs a shainaithint ar bhonn laethúil, déanfaidh sí trédhearcadh chuig na hinfeistíochtaí foluiteacha sin agus déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh don suíomh sin a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar in Airteagal 325j(1);
 - (b) I gcás inar féidir praghsanna laethúla an ghnóthais comhinfheistíochta a fháil agus ina bhfuil an institiúid ar an eolas faoi shainordú an ghnóthais comhinfheistíochta, déanfaidh an institiúid sin suíomh an ghnóthais comhinfheistíochta a mheas mar ionstraim gnáthscaireanna chun críocha an mhodha íogaireacht-bhunaithe.

- (c) I gcás inar féidir praghsanna laethúla an ghnóthais comhinfheistíochta a fháil agus ina bhfuil an institiúid ar an eolas faoi shainordú an ghnóthais comhinfheistíochta, déanfaidh an institiúid sin suíomh an ghnóthais comhinfheistíochta a mheas mar ionstraim scaireanna chun críocha an mhodha íogaireacht-bhunaithe agus ualú riosca bhuicéad riosca gnáthscaireanna "earnála eile" a shannadh ar shuíomh an ghnóthais chomhinfheistíochta sin.
2. Féadfaidh institiúidí dul i muinín na dtríú páirtithe seo a leanas chun ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna i ghnóthais comhinfheistíochta a ríomh agus a thuairisciú, i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach sa Chaibidil seo:
- (a) taisclann an ghnóthais comhinfheistíochta ar choinníoll go n-infheistíonn an gnóthas comhinfheistíochta go heisiach in urrúis agus go gcuireann sé gach urrús i dtaisce sa taisclann sin;
- (b) i gcás gnóthais comhinfheistíochta eile, cuideachta bhainistíochta an ghnóthais comhinfheistíochta, ar choinníoll go gcomhlíonann cuideachta bhainistíochta an ghnóthais comhinfheistíochta na critéir a leagtar amach i bpointe (a) d' Airteagal 132 (3).
3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú níos mine a thabhairt ar na hualuithe riosca a shannfar do shuíomhanna sa ghnóthas comhinfheistíochta dá dtagraítear i bpointe de mhír 1.
- Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de [cúig mhí dhéag tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm].
- Tarmilgítear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 325 l
Suíomhanna frithgheallta

1. Féadfaidh institiúidí an próiseas a leagtar amach san Airteagal seo chun ceanglas cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh maidir le suíomhanna frithgheallta ionstraimí fiachais nó gnáthscaireanna.
2. Déanfaidh institiúidí ceann amháin de na fachtóirí iolraithe iomchuí arna liostú i dTábla 1 a chur i bhfeidhm ar ghlaníogaireachtaí na suíomhanna frithgheallta i ngach eisiitheoir aonair, seachas na suíomhanna frithgheallta a ndéantar a shuibscríobh nó a fho-fhrithghealladh ag tríú páirtithe ar bhonn comhaontuithe foirmiúla, agus déanfaidh siad na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach sa Chaibidil seo ar bhonn na nglaníogaireachtaí coigeartaithe.

Tábla 1

lá oibre 0:	100%
lá oibre 1:	90%
laethanta oibre 2 go 3:	75%
lá oibre 4:	50%
lá oibre 5:	25%
i ndiaidh lá oibre 5:	0%

Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn "lá oibre a náid" an lá oibre ar a dtabharfaidh an institiúid gealltanais gan choinníoll glacadh le líon áirithe urrús ar phraghas comhaontaithe.

3. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla maidir le cur i bhfeidhm an phróisis a leagtar amach san Airteagal seo.

ROINN 3

SAINMHÍNITHE AR FHACHTÓIRÍ RIOSCA AGUS ÍOGAIREACHT

FOROINN 1

SAINMHÍNITHE AR FHACHTÓIRÍ RIOSCA

Airteagal 325 m

Fachtóirí riosca ginearálta i dtaca le ráta úis

1. Maidir leis na fachtóirí riosca i dtaca le ráta úis ginearálta, lena n-áirítear riosca bolscaireachta agus riosca trasairgeadra-bhunaithe, beidh buicéad amháin in aghaidh an airgeadra a bhfuil cineálacha difriúla fachtóir riosca i ngach ceann acu.

Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca deilte i dtaca le rátaí úis ginearálta mar is infheidhme maidir le hionstraimí atá íogair ar rátaí úis na rátaí ábhartha saor ó riosca in aghaidh an airgeadra agus in aghaidh gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 0,25 bliain, 0,5 bliain, 1 bhliain, 2 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana, 15 bliana, 20 bliain, 30 bliain. Déanfaidh institiúidí fachtóirí riosca a shannadh do na reanna a shonraítear trí idirshuíomh líneach nó trí mhodh a úsáid is mó atá comhsheasmhach leis na feidhmeanna praghsála a úsáidtear le feidhm rialaithe riosca neamhspleách na hinstitiúide chun rioscaí margaidh nó brabúis agus caillteanais a thuairisciú chun na bainistíochta sinsearaí.

2. Gheobhaidh na hinstitiúidí na rátaí saor ó riosca in aghaidh an airgeadra ó ionstraimí margaidh airgid atá i leabhar trádála na hinstitiúide ag a bhfuil an riosca creidmheasa

is ísle, amhail babhtálacha innéacsanna thar oíche.

3. I gcás nach bhféadann institiúid an cur chuige dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm, bunófar na rátaí saor ó riosca ar chuar babhtála intuigthe ón margadh amháin nó níos mó ná sin chun suíomhanna ar an margadh a mharcáil, amhail cuar babhtála ráta a thairgtear idir bainc.

I gcás nach leordhóthanach na sonraí maidir le cuara babhtála intuigthe ón margadh ar a bhfuil tuairisc i mír 2 agus sa chéad fhomhír den mhír sin, féadfar na rátaí saor ó riosca a dhíorthú ón gcuar banna ceannais is oiriúnaí maidir le hairgeadra ar leith.

I gcás ina n-úsáideann institiúidí fachtóirí riosca a dhíorthaítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sa dara fhomhír den mhír sin maidir le hionstraimí fiachais cheannasaigh, ní bheidh díolúine ag an bhfiachas ceannasach ó cheanglais cistí dílse i dtaca le riosca um raon difríochta. Sna cásanna sin, nuair nach féidir an ráta saor ó riosca a scaradh ó chomhpháirt an raoin difríochta, déanfar an íogaireacht ar an bhfachtóir riosca sin a leithdháileadh ar riosca ráta úis ghinearálta agus ar aicmí riosca um raon difríochta.

4. I gcás fachtóirí riosca i dtaca le ráta úis ginearálta, is buicéad ar leithligh a bheidh i ngach airgeadra. Sannfaidh institiúidí fachtóirí riosca laistigh den bhuicéad céanna, ach beidh aibíochtaí difriúla ag gabháil leo, ualú riosca difriúil, i gcomhréir le Roinn 6.

Cuirfidh institiúidí fachtóirí riosca breise i gcomhair riosca boilscithe i bhfeidhm ar ionstraimí fiachais a bhfuil a sreafaí airgid thirim ag brath go feidhmeach ar rátaí boilscithe. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca breise sin veicteoir amháin de rátaí boilscithe intuigthe ón margadh a bhfuil aibíochtaí difriúla acu in aghaidh an airgeadra. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil de rátaí boilscithe ann a úsáidtear mar athróga le samhail praghsála na hinstitiúide don ionstraim sin.

5. Déanfaidh institiúidí íogaireacht na hionstraime ar an bhfachtóir riosca breise i gcomhair riosca boilscithe dá dtagraítear i mír 4 a ríomh mar athrú ar luach na hionstraime, i gcomhréir lena samhail praghsála, mar thoradh ar athrú 1 phointe boinn amháin i ngach ceann de chomhpháirteanna an veicteora. Buicéad ar leith a bheidh i ngach airgeadra. Laistigh de gach buicéad, déanfaidh institiúidí an boilsciú a láimhseáil mar fhachtóir riosca aonair, gan beann ar an líon comhpháirteanna i ngach veicteoir. Déanfaidh institiúidí gach íogaireacht ar bhoilsciú a fhritháireamh laistigh de bhuicéad, arna ríomh mar a thuairiscítear thuas, chun críche glaníogaireacht amháin in aghaidh an bhuicéid a chur faoi deara.
6. Beidh ionstraimí fiachais a bhaineann le híocaíochtaí in airgeadraí difriúla faoi réir freisin ag riosca trasairgeadra-bhunaithe idir na hairgeadraí sin. Chun críocha an mhodha íogaireacht-bhunaithe, is éard a bheidh sna fachtóirí riosca a bheidh le cur i

bhfeidhm ag na hinstitiúidí na rioscaí trasairgeadra-bhunaithe i ndollar Stát Aontaithe Mheiriceá nó in EUR. Déanfaidh institiúidí boinn thrasairgeadra nach mbaineann le bonn de réir USD nó bonn de réir EURO a ríomh 'ar bhonn de réir dollar Stát Aontaithe Mheiriceá nó 'ar bhonn de réir EURO'.

Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca breise sin veicteoir amháin de rátaí boillsaithe intuigthe ón margadh ag a bhfuil aibíochtaí difriúla acu in aghaidh an airgeadra. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil de bhoinn thrasairgeadra ann a athúsáidtear mar athróa le samhail praghsála na hinstitiúide don ionstraim sin. Buicéad difriúil a bheidh i ngach airgeadra.

Déanfaidh institiúidí íogaireacht na hionstraime ar an bhfachtóir riosca sin a ríomh mar athrú ar luach na hionstraime, i gcomhréir lena samhail praghsála, mar thoradh ar athrú 1 phointe boinn amháin i ngach ceann de chomhpháirteanna an veicteora. Buicéad ar leith a bheidh i ngach airgeadra. Laistigh de gach buicéad beidh dhá fhachtóir riosca fhéideartha éagsúla: bonn de réir Euro agus bonn de réir USD, gan beann ar an líon comhpháirteanna a bhíonn i ngach veicteoir lean bhfuil bonn trasairgeadra. Ní bheidh níos mó ná dhá ghlaníogaireacht i ngach buicéad.

7. Na fachtóirí riosca vega i dtaca le ráta úis ginearálta is infheidhme maidir le céadroghanna lena mbaineann ionstraimí foluiteacha atá íogair ar ráta úis ginearálta, is éard a bheidh sna fachtóirí sin luaineachtaí intuigthe na rátaí úis saor ó riosca lena mbaineann mar a thuairiscítear i mír 2 agus mír 3, a ndéanfar a shannadh do bhuicéid ag brath ar an airgeadra agus arna mapáil ar na haibíochtaí seo a leanas laistigh de gach buicéad: 0.5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Buicéad amháin in aghaidh an airgeadra a bheidh ann.

Chun críocha mapála, measfaidh gach institiúid gur san fhachtóir riosca céanna a bheidh luaineachtaí intuigthe arna nascadh leis na rátaí céanna saor ó cháin agus arna mapáil ar na haibíochtaí céanna.

I gás ina mapálann institiúidí luaineachtaí intuigthe leis na haibíochtaí dá dtagraítear sa mhír seo, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) i gcás ina ndéantar an chéadrogha a ailíniú le haibíocht na hionstraime foluití, déanfar riosca aonair a mheas, a ndéanfar a mhapáil i gcomhréir leis an aibíocht sin.
- (b) inar giorra aibíocht na céadrogha ná aibíocht na hionstraime foluití, déanfar na fachtóirí riosca seo a leanas a mheas mar a leanas:
 - (i) déanfar an chéad fhachtóir riosca a mhapáil i gcomhréir le haibíocht na céadrogha;
 - (ii) déanfar an dara fachtóir riosca a mhapáil i gcomhréir le haibíocht iarmharach na hionstraime foluití dáta éaga na céadrogha.

8. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca maidir le rátaí ginearálta úis cuaire a bheidh le cur i bhfeidhm ag na hinstitiúidí veicteoir amháin de rátaí saor ó riosca, arb éard a bheidh ann aon chuar toraidh shonrach amháin, in aghaidh an airgeadra. Buicéad difriúil a bheidh i ngach airgeadra. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil d'aibíochtaí difriúla rátaí saor ó riosca ann arna n-úsáid mar athróga le samhail praghsála na hinstitiúide don ionstraim sin.
9. Déanfaidh na hinstitiúidí íogaireacht gach ionstraime ar gach fachtóir riosca arna úsáid san fhoirmle riosca cuaire s_{ik} a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325h. Chun críocha riosca cuaire, measfaidh institiúidí gurb é an fachtóir riosca céanna veicteoirí atá comhfhreagrach le cuara toradh difriúla agus a bhfuil líon comhpháirteanna difriúil acu, ar choinníoll go bhfuil na veicteoirí sin comhfhreagrach leis an airgeadra céanna. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí ar an bhfachtóir riosca céanna a fhritháireamh. Ní bheidh ach aon ghlaníogaireacht amháin le haghaidh gach buicéid. Ní bheidh aon mhuirear riosca cuaire i gcomhair boillsciú agus rioscaí trasairgeadra-bhunaithe.

Airteagal 325n

Fachtóirí riosca um raon difríochta i gcomhair neamhurrúsúcháin

1. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca um raon difríochta deilte a bheidh le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí neamhurrúsúcháin a bhíonn íogair ar raonta difríochta ná a rátaí um raon difríochta eistheora, arna mbunú ar na hionstraimí fiachais ábhartha agus ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa, agus arna mapáil ar gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 0,25 bliain, 0,5 bliain, 1 bhliain, 2 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana, 15 bliana, 20 bliain, 30 bliain. Cuirfidh institiúidí fachtóir riosca amháin i bhfeidhm maidir le gach eistheoir agus aibíocht, gan beann ar a bhfuil na rátaí um raon difríochta eistheora sin bunaithe ar ionstraimí fiachais nó babhtálacha mainneachtana creidmheasa. Is éard a bheidh sna buicéid buicéid earnála, dá dtagraítear i Roinn 6, agus beidh na fachtóirí riosca arna leithdháileadh ar na fachtóirí riosca a shanntar don earnáil ábhartha.
2. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca vega um raon difríochta creidmheasa a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo a bhíonn íogair ar raon difríochta creidmheasa ná luaineachtaí intuigthe rátaí um raon difríochta creidmheasa eistheora na hionstraime foluití mar a leagtar síos i mír 1, a ndéanfar a mhapáil ar na haibíochtaí seo a leanas i gcomhréir le haibíocht na céadrogha faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0.5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Bainfear úsáid as na buicéid chéanna a úsáideadh don

riosca um raon difríochta creidmheasa deilte i ndáil le hurrúsúchán.

3. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca um raon difríochta cuaire a bheidh le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí neamhurrúsúcháin veicteoir amháin rátaí um raon difríochta, arb éard a bheidh ann cuar um raon difríochta creidmheasa eisitheora shonrach. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil d'aibíochtaí difriúla rátaí um raon difríochta creidmheasa ann arna n-úsáid mar athróga i samhail praghsála na hinstitiúide don ionstraim sin. Bainfear úsáid as na buicéid chéanna a úsáideadh don riosca um raon difríochta creidmheasa deilte i ndáil le neamhurrúsúchán.
4. Déanfaidh na hinstitiúidí íogaireacht gach ionstraime ar gach fachtóir riosca arna úsáid san fhoirmle riosca cuaire s_{ik} a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325h. Chun críocha riosca cuaire, measfaidh institiúidí gurb é an fachtóir riosca céanna veicteoirí atá bunaithe ar ionstraimí fiachais ábhartha nó babhtálacha mainneachtana creidmheasa agus a bhfuil líon comhpháirteanna difriúil acu, ar choinníoll go bhfuil na veicteoirí sin comhfhreagrach leis an eisitheoir céanna.

Airteagal 325o

Fachtóirí riosca um raon difríochta i gcomhair úrrúsúcháin

1. Cuirfidh institiúidí na fachtóirí riosca um raon difríochta creidmheasa a bhaineann le hurrúsúchán CTP dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm ar shuíomhanna úrrúsúcháin a chumhdaítear le CTP, dá dtagraítear in Airteagal 104(7) go 9.
Cuirfidh institiúidí na fachtóirí riosca um raon difríochta creidmheasa nach mbaineann le hurrúsúchán CTP dá dtagraítear i mír 5 i bhfeidhm ar shuíomhanna úrrúsúcháin nach gcumhdaítear le CTP, dá dtagraítear in Airteagal 104(7) go 9.
2. Is ionann na buicéid is infheidhme le riosca um raon difríocht creidmheasa na n-urrúsúchán a chumhdaítear le CTP agus na buicéid is infheidhme le riosca um raon difríochta creidmheasa neamhurrúsúcháin, dá dtagraítear i Roinn 6.
Bainfidh na buicéid is infheidhme le riosca um raon difríocht creidmheasa na n-urrúsúchán nach gcumhdaítear le CTP go sonrach leis an gcatagóir aicme riosca sin, dá dtagraítear i Roinn 6.
3. Is iad seo a leanas na fachtóirí riosca um raon difríochta creidmheasa ag institiúidí ar shuíomhanna úrrúsúcháin a chumhdaítear le CTP:
 - (a) is é a bheidh sna fachtóirí riosca rátaí um raon difríochta creidmheasa ábhartha uile eisitheoirí neamhchosaintí ionstraimí foluiteacha an tsuímh úrrúsúcháin, a bhunaítear ar na hionstraimí fiachais agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa, agus maidir le gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 0.5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.

- (b) is éard a bheidh sna fachtóirí riosca vega a bhíonn le cur i bhfeidhm maidir le céadroghanna a chumhdaítear le CTP mar ionstraimí foluiteacha nó luaineachtaí intuigthe um raon difríochta eistheoirí neamhchosaintí foluiteacha an tsuímh urrúsúcháin, atá intuigthe mar a thuairiscítear i bpointe a den mhír seo, a ndéanfar a mhapáil ar na hurrúsúcháin seo a leanas i gcomhréir le haibíocht na céadrogha comhfhreagraí faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0.5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.
 - (c) is éard a bheidh sna fachtóirí riosca cuaire cuara toraidh ábhartha um raon difríochta creidmheasa eistheoirí neamhchosaintí foluiteacha an tsuímh urrúsúcháin arna shloinneadh mar veicteoir rátaí um raon difríochta creidmheasa maidir le haibíochtaí difriúla, atá intuigthe ó mhí a den mhír seo. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil d'aibíochtaí difriúla rátaí um raon difríochta creidmheasa ann a úsáidtear mar athróga le samhail praghsála na hinstitiúide don ionstraim sin.
4. Déanfaidh na hinstitiúidí íogaireacht gach urrúsúcháin ar gach fachtóir riosca arna úsáid san fhoirmle riosca cuaires_{ik} a ríomh mar a leagtar amach in Airteagal 325h. Chun críocha riosca cuaire, measfaidh institiúidí gurb é an fachtóir riosca céanna veicteoirí atá bunaithe ar ionstraimí fiachais ábhartha nó babhtálacha mainneachtana creidmheasa agus a bhfuil líon comhpháirteanna difriúil acu, ar choinníoll go bhfuil na veicteoirí sin comhfhreagrach leis an eistheoir céanna.
5. Déanfaidh na fachtóirí riosca um raon difríochta creidmheasa a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí ar shuíomhanna urrúsúcháin nach gcumhdaítear le CTP, déanfaidh siad tagairt do raon difríochta an tráinse seachas raon difríochta na n-ionstraimí foluiteacha agus is éard a bheidh iontu an méid seo a leanas:
- (a) is éard a bheidh sna fachtóirí riosca deilte na rátaí um raon difríochta creidmheasa arna mapáil ar na haibíochtaí seo a leanas, i gcomhréir le haibíocht an tráinse: 0.5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.
 - (b) is éard a bheidh sna fachtóirí riosca vega a bhíonn le cur i bhfeidhm maidir le céadroghanna nach gcumhdaítear le CTP mar ionstraimí foluiteacha ná luaineachtaí intuigthe raonta difríochta creidmheas na dtráinsí, atá intuigthe mar a thuairiscítear i bpointe a den mhír seo, a ndéanfar a mhapáil ar na hurrúsúcháin seo a leanas i gcomhréir le haibíocht na céadrogha comhfhreagraí faoi réir an cheanglais cistí dílse. 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.
 - (c) is ionann na fachtóirí riosca cuaire agus na fachtóirí a thuairiscítear i bpointe (a) den mhír seo. Cuirfear ualú riosca coiteann i bhfeidhm ar na fachtóirí riosca sin uile, dá dtagraítear i Roinn 6.

Airteagal 325p
Fachtóirí riosca gnáthscaireanna

1. Is éard a bheidh sna buicéid maidir le gach fachtóir riosca gnáthscaireanna na buicéid eárnála, dá dtagraítear i Roinn 6,
2. Is éard ata sna fachtóirí riosca gnáthscaireanna a bhíonn le cur i bhfeidhm ag na hinstitiúidí na spotphraghsanna gnáthscaireanna uile agus na rátaí comhaontuithe athcheannaigh gnáthscaireanna nó rátaí *repo* mar a ghlaoitear orthu.

Chun críocha riosca gnáthscaireanna, is éard a bheidh i bhfachtóir riosca aonair cuar *repo* gnáthscaireanna sonrach, arna shloinneadh mar veicteoir rátaí *repo* d'aibíochtaí difriúla. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéad comhpháirteanna agus arb ann d'aibíochtaí rátaí *repo* difriúla a úsáidtear mar athróa le samhail praghsála na hinstitiúide don ionstraim sin.

Déanfaidh institiúidí íogaireacht na hionstraime ar an bhfachtóir riosca sin a ríomh mar athrú ar luach na hionstraime, i gcomhréir lena samhail praghsála, mar thoradh ar athrú 1 phointe boinn amháin i ngach ceann de chomhpháirteanna an veicteora. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí ar fhachtóir riosca ráta *repo* an urrúis gnáthscaireanna chéanna a fhritháireamh, gan beann ar an líon comhpháirteanna i ngach veicteoir.

3. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca gnáthscaireanna a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo a bhíonn íogair ar ghnáthscaireanna ná luaineachtaí intuigthe spotphraghsanna gnáthscaireanna, a ndéanfar a mhapáil ar na haibíochtaí seo a leanas i gcomhréir le haibíocht na gcéadroghanna comhfhreagracha faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Ní ghearrfar aon mhuirear caipitil riosca vega ar rátaí athcheannaigh gnáthscaireanna.
4. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca cuaire a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a mbíonn ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo atá íogair ar ghnáthscaireanna ná na spotphraghsanna gnáthscaireanna uile, gan beann ar aibíocht na gcéadroghanna comhfhreagracha. Ní ghearrfar aon mhuirear caipitil riosca cuaire ar rátaí athcheannaigh gnáthscaireanna.

Airteagal 325q
Fachtóirí riosca tráchtearraí

1. Is éard a bheidh sna buicéid maidir le gach fachtóir riosca tráchtearraí na buicéid eárnála, dá dtagraítear i Roinn 6,
2. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca deilte a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí atá íogair ar thráchtearraí na spotphraghsanna tráchtearraí uile in aghaidh an chineáil tráchtearra agus in aghaidh gach ceann den dá ghrád conartha:

bunghrád nó parghrád. Ní dhéanfaidh institiúidí ach dhá phraghas tráchtearraí maidir leis an gcineál tráchtearra céanna, a bhfuil an aibíocht chéanna agus an cineál conartha céanna aige a mheas mar an fachtóir riosca céanna i gcás inarb ionann an tacar téarmaí dlíthiúla maidir le suíomh a seachadta.

3. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca vega a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha atá íogair ar thráchtearra luaineachtaí intuigthe na bpraghsanna tráchtearraí de réir cineál tráchtearra, a ndéanfar a mhapáil ar na céimeanna aibíochta seo a leanas i gcomhréir le haibíochtaí na gcéadroghanna comhfhreagracha faoi réir an cheanglais cistí dílse. 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí ar an gcineál céanna tráchtearra agus a leithdháiltear ar an aibíocht chéanna a mheas mar fhachtóir riosca aonair, a ndéanfaidh institiúidí a fhritháireamh ansin.
4. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca cuaire a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha atá íogair ar phraghsanna tráchtearraí ná tacar amháin de phraghsanna tráchtearraí ag a bhfuil aibíochtaí difriúla de réir cineál tráchtearra, arna shloinneadh mar veicteoir. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéad comhpháirteanna agus arb ann do phraghsanna tráchtearraí a úsáidtear mar athróga le samhail praghsála na hinstitiúide don ionstraim sin. Ní dhéanfaidh institiúidí idirdhealú idir praghsanna tráchtearraí de réir gráid nó de réir suíomh seachadta.

Déanfar íogaireacht na hionstraime ar gach fachtóir riosca arna úsáid san fhoirmle riosca cuaire s_{ik} a ríomh mar a leagtar amach in Airteagal 325h. Chun críche riosca cuaire, measfaidh institiúidí gurb é an fachtóir riosca céanna veicteoirí a bhfuil líon comhpháirteanna difriúil acu, ar choinníoll go bhfuil na veicteoirí sin comhfhreagrach leis an gcineál tráchtearra céanna.

Airteagal 325r

Fachtóirí riosca um riosca malairte eachtraí

1. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca malairte eachtraí deilte a bhíonn le cur i bhfeidhm ar ionstraimí atá íogair ar mhalartú eachtrach na rátaí malairte eachtraí spota go léir idir an airgeadra ina bhfuil an ionstraim ainmnithe agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide. Buicéad amháin a bheidh ann in aghaidh gach péire airgeadraí, ina mbeidh fachtóir riosca aonair agus glaníogaireacht aonair.
2. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca vega um malairt eachtrach a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo a bhíonn íogair ar mhalairt eachtrach ná luaineachtaí atá intuigthe ó rátaí malairt idir na péirí airgeadra dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na luaineachtaí intuigthe

rátaí malartuithe sin a mhapáil ar na haibíochtaí seo a leanas i gcomhréir le haibíochtaí na gcéadroghanna faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.

3. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca cuaire um malairt eachtrach a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo a bhíonn íogair ar mhalartú eachtrach na fachtóirí riosca dá dtagraítear i mír 1.
4. Ní bheidh de cheanglas ar institiúidí idirdhealú a dhéanamh idir athróga intíre agus easchósta airgeadra i gcomhair fachtóirí riosca cuaire, vega, deilte agus malairt eachtrach.

FOROINN 2 SAINMHÍNITHE ÍOGAIREACHTA

Airteagal 325s Íogaireachtaí riosca deilte

1. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí GIRR deilte a ríomh mar a leanas:
 - (a) déanfar na híogaireachtaí ar fhachtóirí riosca lena n-áirítear rátaí saor ó riosca a ríomh mar a leanas:

$$s_{r_{kt}} = \frac{V_i(r_{kt} + 0.0001, x, y \dots) - V_i(r_{kt}, x, y \dots)}{0.0001}$$

nuair atá:

r_{kt} = ráta cuaire saor ó riosca k ag a bhfuil an aibíocht t;

$V_i(\cdot)$ = feidhm praghsála na hionstraime i;

x,y = athróga eile san fheidhm praghsála.

- (b) déanfar na híogaireachtaí ar fhachtóirí riosca lena n-áirítear riosca boilscithe agus bonn trasairgeadra (s_{x_j}) a ríomh mar a leanas:

$$s_{x_j} = \frac{V_i(\bar{x}_{ji} + 0.0001 \bar{l}_m, y, z \dots) - V_i(\bar{x}_{ji}, y, z \dots)}{0.0001}$$

nuair atá:

$\bar{x}_{ji}$ = veicteoir de chomhpháirteanna m lena léirítear an chuar boilscithe intuigthe nó an chuar ar bhonn trasairgeadra maidir le hairgeadra ar leith j nuair a bhíonn m cothrom leis an líon athróg boilscithe nó trasairgeadra arna úsáid i samhail praghsála na hionstraime i;

$\overline{I_m}$ = maitrís aontachta ghné (1 x m)

$V_i(.)$ = feidhm praghsála na hionstraime i ;

x, y = athróga eile san fheidhm praghsála.

2. Déanfaidh institiúidí íogaireachta riosca deilte um raon difríochta creidmheasa i gcomhair gach suíomh úrrúsúcháin agus neamhurrúsúcháin ($s_{cs_{kt}}$) a ríomh mar a leanas:

$$s_{cs_{kt}} = \frac{V_i(cs_{kt} + 0.0001, x, y, \dots) - V_i(cs_{kt}, x, y, \dots)}{0.0001}$$

nuair atá:

cs_{kt} = luach ráta um raon difríochta creidmheasa eistheora j ag aibíocht t ;

$V_i(.)$ = feidhm praghsála na hionstraime i ;

x, y = athróga eile san fheidhm praghsála.

3. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí deilte deilte a ríomh mar a leanas:

- (a) déanfar na híogaireachtaí ar fhachtóirí riosca k (s_k) lena n-áirítear rátaí spotphraghsanna gnáthscaireanna a ríomh mar a leanas:

$$s_k = \frac{V_i(1.01 EQ_k, x, y, \dots) - V_i(EQ_k, x, y, \dots)}{0.01}$$

nuair atá:

inar urrús gnáthscaireanna sonrach k ;

inarb é EQ_k luach spotphraghais an urrúis gnáthscaireanna sin; agus

inarb é $V_i(.)$ feidhm praghsála na hionstraime i ;

inarb athróga eile san fheidhm praghsála x, y

- (b) ina ndéanfar na híogaireachtaí ar fhachtóirí riosca ar rátaí athcheannaigh gnáthscaireanna iad a ríomh mar a leanas:

$$s_{x_k} = \frac{V_i(\bar{x}_{ki} + 0.0001 \overline{I_m}, y, z, \dots) - V_i(\bar{x}_{ji}, y, z, \dots)}{0.0001}$$

nuair atá:

k = leis an innéacs a chuireann na gnáthscaireanna in iúl;

$\bar{x}_{ki}$ = veicteoir de chomhpháirteanna lena léirítear an t-athstruchtúrú téarma athcheannaigh i gcomhair gnáthscaireanna ar leith k nuair a bhíonn m cothrom le líon na rátaí athcheannaigh atá comhfhreagrach leis na haibíochtaí a úsáidtear i samhail praghsála ionstraime i ;

$\overline{I_m}$ = maitrís aontachta ghné (1 x m)

$V_i(.)$ = feidhm praghsála na hionstraime i ;

x, y = athróga eile i bhfeidhm praghsála ionstraime 1..

4. Déanfaidh institiúidí na híogaireachtaí tráchtearraí deilte a ríomh ar gach fachtóir riosca k (s_k) mar a leanas:

$$s_k = \frac{V_i(1.01 CTY_k) - V_i(CTY_k)}{0.01}$$

nuair atá:

k = a fachtóir riosca tráchtearraí ar leith;

CTY_k = luach fachtóir riosca k ;

$V_i(.)$ = luach na hionstraime i ar an margadh mar fheidhm d'fhachtóir riosca k .

5. Déanfaidh institiúidí na íogaireachtaí malairte airgid deilte a ríomh ar gach fachtóir riosca k (s_k) mar a leanas:

$$s_k = \frac{V_i(1.01 FX_k) - V_i(FX_k)}{0.01}$$

nuair atá:

k = fachtóir riosca malairte eachtraí ar leith;

FX_k = luach an fhachtóra riosca;

$V_i(.)$ = luach na hionstraime i ar an margadh mar fheidhm den fhachtóir riosca k .

Airteagal 325 t
Íogaireachtaí riosca vega

1. Déanfaidh institiúidí íogaireacht riosca vega céadrogha ar fhachtóir riosca k (s_k) a ríomh mar a leanas:

$$s_k = \frac{V_i(0.01 + vol_{k,x,y}) - V_i(vol_{k,x,y})}{0.01}$$

nuair atá:

k = fachtóir riosca vega ar leith, ina bhfuil luaineacht intuigthe;

vol_k = luach an fhachtóra riosca sin, ar cheart é a shloinneadh mar chéatadán;

x, y = athróga eile san fheidhm praghsála.

2. I gcás aicmí riosca ina mbíonn gné aibíochta ag fachtóirí riosca vega, ach nach infheidhme na rialacha faoina mapáiltear na fachtóirí riosca toisc nach bhfuil aibíocht ag na céadroghanna, déanfaidh institiúidí na fachtóirí sin a mhapáil ar an aibíocht is faide a leagtar síos. Beidh na céadroghanna sin faoi réir na rioscaí forlíontáin iarmharacha.
3. I gcás céadroghanna nach bhfuil ceangal nó bacainn acu agus céadroghanna a bhfuil an iliomad ceangal agus bacainneacha acu, déanfaidh institiúidí an mhapáil a chur i bhfeidhm ar cheangail agus ar aibíocht a úsáidtear go himmheánach ag institiúid chun an chéadrogha a phraghsáil. Beidh na céadroghanna sin faoi réir na rioscaí forlíontáin iarmharacha chomh maith.
4. Ní dhéanfaidh institiúidí an riosca vega i gcomhair tráinsí úrrúsúcháin a chumhdaítear le CTP dá dtagraítear in Airteagal 104(7) go (9) nach bhfuil luaineacht intuigthe acu Déanfar muirir deilte agus cuaire a ríomh do na tráinsí úrrúsúcháin.

Airteagal 325u

Ceanglais maidir le ríomhaireachtaí íogaireachta

1. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí a dhíorthú ó shamhail praghsálana hínstitiúide arna húsáid ina tuairiscithe brabúis agus caillteanais.
2. Glacfaidh institiúidí leis go leanfaidh an luaineacht intuigthe de bheith seasta nuair a bheidh na híogaireachtaí deilte á ríomh i gcomhair ionstraimí atá faoi réir roghnaíochta.
3. Glacfaidh institiúidí leis go leanfaidh ionstraim fholuiteach roghnaíochta dáileadh normalach nó lognormalach sna samhlacha praghsála óna ndíorthaítear íogaireachtaí agus riosca ráta úis ghinearálta nó íogaireacht riosca um raon difríochta creidmheasa á ríomh. Glacfaidh institiúidí leis go leanfaidh ionstraim fholuiteach dáileadh normalach nó lognormalach sna samhlacha praghsála óna ndíorthaítear íogaireachtaí agus íogaireacht vega riosca gnáthscaireanna, tráchtearraí nó malairte eachtraí á ríomh.
4. Déanfaidh institiúidí na híogaireachtaí uile seachas coigeartuithe luachála creidmheasa a ríomh.

ROINN 4

AN FORLÍONTÁN RIOSCA IARMHAIR

Airteagal 325v *Ceanglais cistí dílse le haghaidh Rioscaí Iarmharacha*

1. I dteannta leis na ceanglais cistí dílse maidir le riosca margaidh a leagtar amach i Roinn 2 den Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí ceanglais cistí dílse breise i bhfeidhm i gcomhréir leis an Airteagal seo maidir le hionstraimí atá neamhchosantach ar rioscaí iarmharacha.
2. Bíonn ionstraimí neamhchosantach ar rioscaí iarmharacha nuair a chomhlíonann siad aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tagraíonn an ionstraim d'ionstraim fholuiteach choimhthíoch;
 - (b) iompraíonn an ionstraim rioscaí iarmharacha eile;
3. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse breise dá dtagraítear i mír 1 a ríomh mar shuim ollmhéideanna barúlacha na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 2 iolraithe faoi na hualuithe riosca seo a leanas:
 - (a) 1% i gcás na hionstraime dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2;
 - (b) 0.1% i gcás na hionstraime dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2;
4. De mhaolú ar mhír 1, ní dhéanfaidh institiúid an ceanglas cistí dílse a chur i bhfeidhm maidir le rioscaí iarmharacha ar ionstraim a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá an ionstraim liostaithe ar mhalartán aitheanta;
 - (b) tá an ionstraim i dteideal Imréiteach lárnach i gcomhréir le Rialachán (EU) 648/2013;
 - (c) déanann an ionstraim rioscaí margaidh suímh eile sa leabhar trádála a fhritháireamh, agus sa chás sin beidh díolúine ag an dá shuíomh leabhar trádála lánmhaitseála ón gceanglas cistí dílse i gcomhair rioscaí iarmharacha.
5. Déanfaidh ÚBE caighdeáin theicniúla a fhorbairt le sonrú go sonrach cad is ionstraim fholuiteach choimhthíoch ann agus na hionstraimí a bheidh neamhchosantach ar rioscaí iarmharacha eile chun críche mhír 2.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt aige, cuirfidh ÚBE na gnéithe seo a leanas san áireamh:

 - (a) Is éard a bheidh sna hionstraimí foluiteacha coimhthíocha neamhchosaintí nach dtagann faoi raon feidhme láimhseáil na rioscaí cuaire, vega agus deilte faoin

modh íogaireacht-bhunaithe a leagtar amach i Roinn 2 nó faoin muirear um riosca mainneachtana a leagtar síos i Roinn 5. Déanfaidh ÚBE scrúdú ar a laghad ar cheart riosca fadsaolaí, an aimsir, tubaistí nádúrtha agus luaineacht a réadófar sa todhchaí a mheas mar neamhchosaintí foluiteacha coimhthíocha.

- (b) Agus na hionstraimí atá neamhchosantach ar rioscaí iarmharacha á sainmhíniú, déanfaidh ÚBE scrúdú ar a laghad ar na hionstraimí a chomhlíonann aon cheann de na critéir seo a leanas:
 - (i) Bíonn ionstraim faoi réir ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí cuaire agus vega faoin modh íogaireacht-bhunaithe a leagtar síos i Roinn 2 agus tagann dea-thorthaí as nach féidir aithris a dhéanamh orthu mar chomhcheangal líneach finideach de chéadroghanna loma;
 - (ii) Is éard a bheidh in ionstraim suíomh urrúsúcháin a chumhdaítear le CTP, dá dtagraítear in Airteagal 104(7) go (9). Ní chuirfear fáluithe neamhurrúsúcháin a chumhdaítear le CTP san áireamh

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de [chúig mhí dhéag tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

ROINN 5

AN MUIREAR UM RIOSCA MAINNEACHTANA

Airteagal 325w *Sainmhínithe agus forálacha ginearálta*

1. Beidh feidhm ag ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca mainneachtana ar ionstraimí fiachais agus gnáthscaireanna, ar ionstraimí díorthacha a bhfuil na hionstraimí a bhí ann cheana mar ionstraimí foluiteacha acu agus ar dhíorthaigh a bhfuil éifeacht ar a ndea-thorthaí nó luachanna córa ag mainneachtain féichiúnaí nach í contrapháirtí na hionstraime díorthaí í. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse a ríomh go leithleach maidir le gach ceann de na cineálacha ionstraime seo a leanas: neamhurrúsúcháin, urrúsúcháin nach gcumhdaítear le CTP agus urrúsúcháin a chumhdaítear le CTP. Is éard a bheidh sna ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca mainneachtana deiridh institiúide suimiú na dtrí comhpháirteanna sin.
2. Chun críocha na Roinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn 'neamhchosaint ghearrthéarmach' gur gnóthachan don institiúid is toradh le mainneachtain eisitheora nó grúpa eisitheoirí, gan beann ar ar an gcineál ionstraime nó idirbhearta lena gcruthaítear an neamhchosaint.

- (b) ciallaíonn 'neamhchosaint fhadtéarmach' gur caillteanas don institiúid is toradh le mainneachtain eisitheora nó grúpa eisitheoirí, gan beann ar ar an gcineál ionstraime nó idirbhirt lena gcruthaítear an neamhchosaint.
- (c) ciallaíonn ollmhéid na mainneachtana gan choinne (JTD) méid measta an ghnóthachain nó an chaillteanais a thioctadh as mainneachtain féichiúnaí ar neamhchosaint ar leith.
- (d) ciallaíonn glanmhéid na mainneachtana gan choinne (JTD) méid measta an ghnóthachain nó an chaillteanais a thioctadh as mainneachtain féichiúnaí ar neamhchosaint ar leith, tar éis fritháireamh a dhéanamh ar ollmhéideanna JTD.
- (e) Is éard atá in LGD caillteanas i gcás mainneachtana an fhéichiúnaí maidir le hionstraim arna heisiúint ag an bhféichiúnaí sin arna shloinneadh mar sciar de shuim bharúlach na hionstraime.
- (f) ciallaíonn ualuithe riosca mainneachtana an céatadán lena léirítear dóchúlachtaí mainneachtana measta gach féichiúnaí, i gcomhréir le hacmhainneacht creidmheasa an fhéichiúnaí sin.

FOROINN 1

MUIREAR RIOSCA UM MAINNEACHTANA MAIDIR LE NEAMHURRÚSÚCHÁIN

Airteagal 325x

Ollmhéideanna na mainneachtana gan choinne

1. Déanfaidh institiúidí ollmhéideanna na mainneachtana gan choinne a ríomh maidir le gach neamhchosaint fhadtéarmach ar fhoirmlí ionstraime fiachais mar a leanas:

$$JTD_{\text{fadtéarmach}} = \max \{LGD \cdot V_{\text{barúlach}} + P\&L_{\text{fadtéarmach}} + \text{Coigeartú}_{\text{fadtéarmach}}\}$$

i gcás:

$V_{\text{barúlach}}$ = luach barúlach na hionstraime;

$P\&L_{\text{fadtéarmach}}$ = téarma a oiriúnaíonn do ghnóthachain nó caillteanais arna gcur san áireamh cheana ag an institiúid de bharr athruithe ar luach cóir na hionstraime lena gcruthaítear an neamhchosaint fhadtéarmach. Iontrálfar gnóthachain san fhoirmle le comhartha deimhneach agus caillteanais le comhartha diúltach

$\text{Coigeartú}_{\text{fadtéarmach}}$ = an méid a mhéadófaí nó a laghdófaí, de bharr struchtúr na hionstraime díorthaí, caillteanas na hinstitiúide i gcás mainneachtana i gcoibhneas le caillteanas iomlán na hionstraime foluití. Iontrálfar méaduithe sa Choigeartú agus comhartha deimhneach leo agus caillteanais le comhartha diúltach leo.

2. Déanfaidh institiúidí ollmhéideanna mainneachtana gan choinne a ríomh maidir le gach neamhchosaint ghearrthéarmach ar fhoirmlí ionstraime fiachais mar a leanas:

$$JTD_{\text{gearrthéarmach}} = \max \{LGD \cdot V_{\text{barúlach}} + P\&L_{\text{gearrthéarmach}} + \text{Coigeartú}_{\text{gearrthéarmach}}\}$$

i gcás:

$V_{\text{barúlach}}$ = luach barúlach na hionstraime a iontrálfar san fhoirmle agus comhartha diúltach leis;

$P\&L_{\text{gearrthéarmach}}$ = téarma a oiriúnaíonn do ghnóthachain nó caillteanais arna gcur san áireamh cheana ag an institiúid de bharr athruithe ar luach cóir na hionstraime lena gcruthaítear an neamhchosaint ghearrthéarmach. Iontrálfar gnóthachain san fhoirmle le comhartha deimhneach agus caillteanais le comhartha diúltach.

$\text{Coigeartú}_{\text{gearrthéarmach}}$ = an méid a mhéadófaí nó a laghdófaí, de bharr struchtúr na hionstraime díorthaí, gnóthachan na hinstitiúide i gcás mainneachtana i gcoibhneas le caillteanas iomlán na hionstraime foluití. Iontrálfar laghduithe sa Choigeartú gearrthéarmach agus comhartha deimhneach leo agus caillteanais agus comhartha diúltach leo.

3. Beidh an méid seo a leanas sa chaillteanas i gcás mainneachtana (LGD) i gcomhair ionstraimí fiachais a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí chun críche an ríomha a leagtar amach i mír 1 agus mír 2:
 - (a) sannfar LGD 100% do neamhchosaintí ar ionstraimí fiachais neamhshinsearaigh;
 - (b) Sannfar LGD 75% d'ionstraimí fiachais sinsearaigh.
 - (c) sannfar LGD 25% do neamhchosaintí ar bhannaí faoi chumhdach, dá dtagraítear in Airteagal 129.
4. Chun críche an ríomha a leagtar amach i mír 1 agus mír 2, is éard a bheidh sna luachanna barúlacha i gcás ionstraimí fiachais luach ainmniúil na hionstraime fiachais. Chun críche an ríomha a leagtar amach i mír 1 agus mír 2, is éard a bheidh sna luachanna barúlacha i gcás ionstraimí díorthacha fiachais fholuitigh luach ainmniúil na hionstraime fiachais foluití.
5. Maidir le neamhchosaintí ar ionstraimí gnáthscaireanna, déanfaidh institiúidí na hollmhéideanna JTD a ríomh mar a leanas, seachas na méideanna dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2:

$$JTD_{\text{fadtéarmach}} = \max \{LGD \cdot V + P\&L_{\text{fadtéarmach}} + \text{Coigeartú}_{\text{fadtéarmach}}\}$$

$$JTD_{\text{gearrthéarmach}} = \max \{LGD \cdot V + P\&L_{\text{gearrthéarmach}} + \text{Coigeartú}_{\text{gearrthéarmach}}\}$$

nuair atá:

V = luach cóir na ngnáthscaireanna, nó i gcás ionstraimí díorthacha ar ghnáthscaireanna, luach cóir ghnáthscaireanna foluiteacha na hionstraime díorthaí.

6. Sannfaidh institiúidí LGD 100% d'ionstraimí gnáthscaireanna chun críche an ríomha

ata leagtha amach i mír 6.

7. I gcás neamhchosaintí ar riosca mainneachtana a thagann ó ionstraimí díorthacha nach bhfuil baint ag a ndea-thorthaí i gcás mhainneachtana an fhéichiúnaí le luach bharúlach ionstraime ar leith arna heisiúint ag an bhféichiúnaí sin nó le LGD an fhéichiúnaí nó le hionstraim arna heisiúint ag an bhféichiúnaí sin, déanfaidh institiúidí modheolaíochtaí malartacha a úsáid chun Ollmhéideanna JTD a mheas, a fhreagróidh do shainmhíniú Ollmhéideanna JTD i mír 3 d'Airteagal 325t.
8. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin rialacháin theicniúla a chruthú le sonrú go sonrach an dóigh a ndéanfaidh institiúidí méideanna JTD a ríomh maidir le cineálacha difriúla ionstraimí i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus na modheolaíochtaí malartacha a úsáidfídh institiúidí chun críche Ollmhéideanna JTD a mheas dá dtagraítear i mír 7.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [chuig mhí dhéag tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 325y

Glanmhéideanna na mainneachtana gan choinne

1. Déanfaidh institiúidí na glanmhéideanna mainneachtana gan choinne a ríomh trí ollmhéideanna JTD neamhchosaintí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a fhritháireamh. Ní fhéadfar fritháireamh a dhéanamh ach amháin idir neamhchosaintí ar a bhféichiúnaí céanna i gcás ina mbíonn an tsinsearachd chéanna nó sinsireacht níos ísle ag na neamhchosaintí gearrthéarmacha ná na neamhchosaintí fadtéarmacha.
2. Beidh an fritháireamh iomlán nó páirteach ag brath ar aibíochtaí na neamhchosaintí fritháirimh:
 - (a) déanfar fritháireamh iomlán i gcás ina bhfuil aibíochtaí de thréimhse bliana nó níos mó ag na neamhchosaintí fritháirimh;
 - (b) beidh an fritháireamh páirteach i gcás ina mbíonn aibíocht níos lú ná bliain amháin ag ceann de na neamhchosaintí fritháirimh, agus sa chás sin, déanfar méid JTD gach neamhchosanta a bhfuil neamhchosaint níos lú ná bliain amháin aige a laghdú le coibhneas aibíocht na neamhchosanta i dtaca le bliain amháin.
3. I gcás nach bhféadtar fritháireamh a dhéanamh beidh ollmhéideanna JTD cothrom le glanmhéideanna JTD i gcás aibíochtaí de thréimhse bliana nó níos mó. Déanfar ollmhéideanna JTD a bhfuil aibíochtaí acu ar lú ná bliain iad a laghdú chun

glanmhéideanna JTD a ríomh.

Is éard a bheidh san fhachtóir scálúcháin maidir leis na neamhchosaintí sin coibhneas aibíocht na neamhchosanta i dtaca le bliain amháin, agus íosráta 3 mhí aige.

4. Chun críche mhír 2 agus mhír 3, déanfar aibíochtaí na gconarthaí díorthacha, seachas aibíochtaí na n-ionstraimí foluiteacha, a mheas. Déanfar aibíocht bliana nó trí mhí a shannadh do neamhchosaintí ar ghnáthscaireanna airgid thirim, ar rogha na hinstitiúide.

Airteagal 325z

Ceanglas cistí dílse mainneachtana a ríomh

1. Déanfar glanmhéideanna JTD, gan beann ar an gcineál contrapháirtí, a iolrú faoi na hualuithe riosca mainneachtana comhfhreagracha mar a leagtar amach i dTábla 2:

Tábla 2

Catagóir cáilíochta creidmheasa	Ualú riosca mainneachtana
Beart cáilíochta creidmheasa 1	0.5%
Beart cáilíochta creidmheasa 2	3%
Beart cáilíochta creidmheasa 3	6%
Beart cáilíochta creidmheasa 4	15%
Beart cáilíochta creidmheasa 5	30%
Beart cáilíochta creidmheasa 6	50%
Gan rátáil	15%
Mainnithe	100%

2. Neamhchosaintí a bhfaigheadh ualú riosca 0% faoin gcur chuige Caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa i gcomhréir le Cuid 111, Teideal II, Caibidil 2, gheobhaidh siad ualú riosca mainneachtana 0% do na ceanglais cistí dílse maidir le riosca mainneachtana.
3. Déanfar glanmhéideanna ualaithe JTD a shannadh do na buicéid seo a leanas: corparáidí, flaithiúnais, agus rialtais áitiúla/bardais
4. Déanfar glanmhéideanna ualaithe JTD a chomhiomlánú le gach buicéad i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas;

$$\max \left\{ \left(\sum_{i \in Fada} RW_i \cdot glan JTD_i \right) - WtS \cdot \left(\sum_{i \in Gearr} RW_i \cdot |glan JTD_i| \right); 0 \right\}$$

nuair atá:

i = leis an innéacs a léiríonn ionstraim a bhaineann leis an mbuicéad b ;

DRC_b = ceanglas cistí dílse maidir le riosca mainneachtana do bhuicéad b ;

WtS = coibhneas lena n-aithnítear leas le haghaidh gaolta fáluithe laistigh de bhuicéad, a ndéanfar a ríomh mar a leanas:

$$WtS = \frac{\sum glan JTD_{fada}}{\sum glan JTD_{fada} + \sum |glan JTD_{gearr}|}$$

Déanfar suimiú na suíomh fada agus na suíomh gearr chun críocha DRC_b agus WtS maidir le gach suíomh laistigh de bhuicéad gan beann ar an gcéim cáilíochta creidmheasa ar a ndéantar na suíomhanna sin a leithdháileadh, as a dtagann na ceanglais cistí dílse um riosca mainneachtana a bhaineann go sonrach le buicéid ar leith.

5. Déanfar an ceanglas cistí dílse um riosca mainneachtana maidir le hurrúsúcháin a ríomh mar shuim shimplí na gceanglas cistí dílse ar leibhéal an bhuicéid.

FORINN 2

MUIREAR UM RIOSCA MAINNEACHTANA MAIDIR LE HURRÚSÚCHÁIN (NEAMH-CTP)

Airteagal 325aa

Méideanna na mainneachtana gan choinne

1. Is éard a bheidh sna hollmhéideanna mainneachtana gan choinne i gcomhair neamhchosaintí urrúsúcháin luach cóir na neamhchosaintí urrúsúcháin.
2. Déanfar glanmhéideanna mainneachtana gan choinne a chinneadh trí ollmhéideanna mainneachtana fadtéarmacha gan choinne agus ollmhéideanna mainneachtana gearrthéarmacha gan choinne a fhritháireamh. Ní fhéadfar fritháireamh a dhéanamh ach amháin idir neamhchosaintí urrúsúcháin a bhfuil an linn sócmhainní foluiteacha céanna acu agus ar leis an tráinse céanna iad. Ní cheadófar aon fhritháireamh idir neamhchosaintí urrúsúcháin a bhfuil linnte sócmhainní foluiteacha difriúla acu, fiú amháin i gcás inarb ionann na pointí astaithe agus na pointí dí-astaithe.
3. I gcás inar féidir struchtúr tráinse iomlán neamhchosaintí urrúsúcháin eile atá ann cheana a aithris go hiomlán, trí neamhchosaintí urrúsúcháin atá ann cheana a dhí-chomhdhéanamh nó a chumasc, seachas an aibíocht, féadfar na neamhchosaintí a thagann as an dí-chomhdhéanamh nó as an gcumasc a úsáid in ionad na cinn a bhí ann cheana chun críche fritháirimh.

4. I gcás inar féidir struchtúr tráinse iomláin neamhchosanta urrúsúcháin atá ann cheana a aithris go hiomlán, trí neamhchosaintí atá ann cheana a dhí-chomhdhéanamh nó a chumasc in ainmneacha foluiteacha, féadfar na neamhchosaintí a thagann as an dí-chomhdhéanamh nó as an gcumasc a úsáid chun críche fritháirimh. I gcás ina n-úsáidtear ainmneacha foluiteacha ar an dóigh sin, ní dhéanfar déileáil leo a thuilleadh mar mar riosca mainneachtana neamh-urrúsúcháin.
5. Beidh feidhm ag Airteagal 325y maidir le neamhchosaintí ar urrúsúcháin tosaigh agus aithriste. Is éard a bheidh sna haibíochtaí ábhartha aibíochtaí ábhartha na dtráinsí urrúsúcháin.

Airteagal 325ab

Ceanglas Cistí Dilse i gcomhair riosca mainneachtana maidir le hurrúsúcháin a ríomh

1. Déanfar glanmhéideanna JTD neamhchosaintí urrúsúcháin a iolrú faoi 8% den ualú riosca is infheidhme maidir leis an neamhchosaint urrúsúcháin ábhartha, lena n-áirítear urrúsúcháin simplí trédhearcacha chaighdeánaithe (STC), sa leabhar neamhthrádála i gcomhréir le hordlathas na gcineálacha cur chuige a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 5, Roinn 3, agus gan beann ar an gcineál contrapháirtí.
2. Cuirfear aibíocht bliana amháin i bhfeidhm ar gach tráinse i gcás ina ndéantar ualuithe riosca a ríomh i gcomhréir leis an gCur Chuige Urrúsaithe Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha (SEC-IRBA) agus leis an gCur Chuige Urrúsaithe Bunaithe ar Rátálacha Seachtracha (SEC-ERBA).
3. Déanfar méideanna JTD riosca-ualaithe le haghaidh neamhchosaintí urrúsúcháin airgid thirim a uastheorannú ar luach cóir an tsuímh.
4. Déanfar glanmhéideanna JTD riosca-ualaithe a shannadh do na buicéid seo a leanas:
 - (a) aon chomhbhuicéad amháin do na corparáidí go léir, gan beann ar an réigiún.
 - (b) 44 bhuicéad éagsúla atá comhfhreagrach le buicéad amháin in aghaidh an réigiúin do gach ceann de na haon aicme dhéag arna sainmhíniú. Is iad seo a leanas na haon aicme dhéag: Cláir Páipéar Tráchtála Sócmhainn-bhunaithe (ABPC), Iascachtaí le haghaidh Gluaisteáin/ Léasanna le haghaidh Gluaisteáin, Urrúis de bhun Morgáistí Cónaithe, Cártaí Creidmheasa, Oibleagáidí Iasachta atá Comhthaobhaithe, Oibleagáidí Fiachais atá Comhthaobhaithe-cearnaithe, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéideacha, Iasachtaí Mic Léinn, Miondíol eile, Mórdíol eile. Is éard atá sna 4 réigiún an Áise, an Eoraip, Meiriceá Thuaidh, agus réigiún eile.
5. Chun neamhchosaint urrúsúcháin a shannadh do bhuicéad, braithfidh institiúidí ar aicmiú a úsáidtear go coitianta sa mhargadh. Ní dhéanfaidh institiúidí gach neamhchosaint urrúsúcháin a shannadh ach do cheann amháin de na buicéid thuas. Aon neamhchosaint neamhurrúsúcháin nach bhféadann institiúid a shannadh do

chineál nó do réigiún ionstraime forluití, déanfaidh an institiúid í sin a shannadh do na catagóirí 'miondíol eile', 'mórdhíol eile' nó réigiún eile' faoi seach.

6. Déanfar glanmhéideanna ualaithe JTD a chomhiomlánú laistigh de gach buicéad ar an dóigh chéanna is a dhéantar maidir le neamhchosaintí neamhurrúsúcháin ar riosca mainneachtana, ag úsáid an fhoirmle in Airteagal 325z(4), as a dtagann an ceanglas cistí dílse maidir le gach buicéad.
7. Déanfar an ceanglas cistí dílse um riosca mainneachtana maidir le hurrúsúcháin a ríomh mar shuim shimplí na gceanglas cistí dílse ar leibhéal an bhuicéid.

FOROINN 3

MUIREAR UM RIOSCA MAINNEACHTANA MAIDIR LE HURRÚSÚCHÁIN (CTP)

Airteagal 325ac *Raon feidhme*

1. Maidir le CTP, is éard a bheidh sa mhuirear caipitil an riosca mainneachtana i gcomhair neamhchosaintí úrrúsúcháin agus i gcomhair fáluithe neamhurrúsúcháin. Déanfar na fáluithe sin a bhaint de ríomhanna an riosca mainneachtana neamhurrúsúcháin. Ní bheidh aon éagsúlú idir an muirear um riosca mainneachtana i gcomhair neamhurrúsúcháin, muirear um riosca mainneachtana i gcomhair úrrúsúcháin (neamh-CTP) agus an muirear um riosca mainneachtana i gcomhair CTP úrrúsúcháin.
2. Maidir le díorthaigh creidmheasa neamhurrúsúcháin agus gnáthscaireanna thrádálaithe, déanfar méideanna JTD de réir eintiteas dlíthiúil eisitheora comhdhéanamh aonair a chinneadh trí cur chuige trédhearcaithe a chur i bhfeidhm.

Airteagal 325ad *Méideanna mainneachtana gan choinne i gcomhair CTP*

1. Is éard a bheidh sna hollmhéideanna mainneachtana gan choinne i gcomhair neamhchosaintí úrrúsúcháin agus neamhchosaintí neamhurrúsúcháin in CTP luachanna córa na neamhchosaintí sin.
2. Déileálfar le táirgí n-ú mainneachtana mar tháirgí i dtráinsí a mbeidh na pointí astaithe agus na pointí dí-astaithe seo acu:

(a) pointe astaithe = $(N - 1) / \text{Ainmneacha Iomlána}$

(b) pointe dí-astaithe = $N / \text{Ainmneacha Iomlána}$

i gcás inarb é "Ainmneacha Iomlána" líon iomlán na n-ainmneacha sa bhascaed nó sa linn chomhfhreagrach.

3. Déanfar méideanna mainneachtana gan choinne a chinneadh trí ollmhéideanna

mainneachtana fada gan choinne agus ollmhéideanna gearra gan choinne a fhritháireamh. Ní fhéadfar fritháireamh a dhéanamh ach amháin idir neamhchosaintí arb ionann iad ar gach dóigh ach amháin maidir le haibíocht. Ní fhéadfar fritháireamh a dhéanamh ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- (a) maidir le táirgí innéacs, féadfar fritháireamh a dhéanamh ar aibíochtaí sa chlann, sraith agus tráinse innéacs chéanna, faoi réir na sonraíochtaí maidir le neamhchosaintí ar lú ná bliain amháin iad mar a leagtar síos in Airteagal 325y. Féadtar méideanna mainneachtana gan choinne fada agus gearra ar macasamhluithe foirfe iad a fhritháireamh trí shamhail luachála a úsáid chun iad a dhí-chomhdhéanamh i neamhchosaintí coibhéiseacha aonainm. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn dí-chomhdhéanamh le samhail luachála go luachálfar comhdhéanamh aonainm neamhurrúsúcháin mar an difríocht idir luach neamhchoinníollach an urrúsúcháin agus luach coinníollach an urrúsúcháin ag glacadh leis go mainneoidh an t-aonainm sin le LGD 100%. I gcásanna den chineál sin beidh suim na n-ollmhéideanna mainneachtana gan choinne de chuid neamhchosaintí coibhéiseacha aonainm arna bhfáil trí dhí-chomhdhéanamh cothrom le méid mainneachtana gan choinne na neamhchosanta fo-chomhdhéanta.
- (b) Ní cheadófar fritháireamh trí dhí-chomhdhéanamh mar a leagtar síos i bpointe (a) maidir le hath-neamhurrúsúcháin.
- (c) I gcás innéacsanna agus tráinsí innéacs, beidh fritháireamh indéanta ar aibíochtaí sa chlann, sraith agus tráinse innéacs chéanna trí mhacasamhlú nó trí dhí-chomhdhéanamh. Chun críocha an Airteagail seo:
 - (i) ciallaíonn macasamhlú go ndéantar an teaglaím tráinsí innéacs neamhurrúsúcháin aonair a chumasc chun tráinse eile den tsraith innéacs sin a mhacasamhlú, nó chun suíomh nach bhfuil i dtráinse sa tsraith innéacs a mhacasamhlú.
 - (ii) ciallaíonn dí-chomhdhéanamh innéacs a mhacasamhlú trí urrúsúchán inarb ionann na neamhchosaintí sa linn agus na neamhchosaintí aonainm lena chomhdhéantar an innéacs.

I gcás ina bhfuil na neamhchosaintí fada agus gearra coibhéiseach, seachas comhpháirt iarmharach aonair, ceadófar fritháireamh agus léireoidh an méid mainneachtana gan choinne an neamhchosaint iarmharach.

- (d) Ní cheadófar tráinsí difriúla sa tsraith innéacs chéanna i sraitheanna difriúla den innéacs céanna agus i gclanna innéacs difriúla a fhritháireamh.

Airteagal 325ae

Ceanglas cistí dílse i gcomhair riosca mainneachtana maidir le CTP a ríomh

1. Déanfar glanmhéideanna JTD a iolrú:

- (a) i gcás táirgí i dtráinsí, faoi na hualuithe riosca mainneachtana atá comhfhreagrach lena gcáilíocht creidmheasa mar a shainítear Airteagal 348(1) agus (2);
- (b) i gcás táirgí nach bhfuil i dtráinsí, faoi na hualuithe riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325y(1).
2. Déanfar glanmhéideanna riosca-ualaithe JTD a shannadh do bhuicéid a bhíonn comhfhreagrach le hinnéacs.
3. Déanfar glanmhéideanna ualaithe JTD a chomhiomlánú le gach buicéad i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$DRC_b = \max \left\{ \left(\sum_{i \in Fada} RW_i \cdot glan JTD_i \right) - WtS_{ctp} \cdot \left(\sum_{i \in Gearr} RW_i \cdot |glan JTD_i| \right); 0 \right\}$$

nuair atá:

i = ionstraim atá i mbuicéad b;

DRC_b = ceanglas cistí dílse maidir le riosca mainneachtana do bhuicéad b;

WtS_{ctp} .

= an coibhéis lena n-aithnítear tairbhe maidir le gaolta fáluithe laistigh de bhuicéad, a ríomhfar i gcomhréir leis an bhfoirmle WtS a leagtar amach in Airteagal 325z(4), ach trí úsáid a bhaint as suíomhanna fada agus gearra ar CTP iomlán seachas ar na suíomhanna i mbuicéad ar leith amháin.

4. Déanfaidh institiúidí ceanglais cistí dílse CTP um riosca mainneachtana (DRC_{CTP}) tríd an bhfoirmle seo a leanas a úsáid:

$$DRC_{CTP} = \max \left\{ \sum_b (\max\{DRC_b, 0\} + 0.5 \cdot \min\{DRC_b, 0\}), 0 \right\}$$

ROINN 6

UALUITHE RIOSCA AGUS COMHGHAOLTA

FOROINN 1

UALUITHE RIOSCA DEILTE AGUS COMHGHAOLTA

Airteagal 325af

Ualuithe riosca do riosca ráta úis ginearálta

1. Maidir le hairgeadraí nach n-áirítear i bhfochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 325be(5), is iad seo a leanas ualuithe riosca na bhfachtóirí riosca ráta saor ó riosca:

Tábla 3

Aibíocht	0.25 bhliain	0.5 bhliain	1 bhliain	2 bhliain	3 bliana
Ualú riosca(pointí céatadán)	2.4%	2.4%	2.25%	1.88%	1.73%

Aibíocht	5 bliana	10 mbliana	15 bliana	20 bliana	30 bliana
Ualú riosca(pointí céatadán)	1.5%	1.5%	1.5%	1.5%	1.5%

- Déanfar comhualú riosca 2.25% a shocrú d'fhachtóirí riosca uile maidir le boillsciú agus maidir le bonn trasairgeadra araon.
- Maidir leis na hairgeadraí san fhochatagóir airgeadra is leachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) de 325be(7) agus airgeadra intíre na hinstitiúide, is éard a bheidh in ualuithe riosca na rátaí riosca saor ó riosca na hualuithe riosca dá dtagraítear i dTábla 3 den Airteagal seo arna roinnt ar $\sqrt{2}$.

Airteagal 325ag

Comhghaolta laistigh de bhuicéad maidir le riosca ráta úis ginearálta

- Déanfar an aibíocht shannta chéanna idir fachtóirí riosca ráta úis laistigh den bhuicéad céanna, ach a bhíonn comhfhreagrach leis an gcomhghaol cuar difriúil ρ_{kl} a shocrú ar 99.90%.
- Déanfar an comhghaol idir fachtóirí riosca ráta úis laistigh den bhuicéad céanna, a bhíonn comhfhreagrach leis an gcuair céanna, ach a bhfuil aibíochtaí difriúla acu, a shocrú i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\max \left[e^{\left(-\theta \cdot \frac{|T_k - T_l|}{\min\{T_k, T_l\}} \right)}; 40\% \right]$$

nuair atá:

T_k (T_l faoi seach) = an aibíocht a bhaineann leis an ráta riosca saor ó riosca

$\theta = 3\%$.

- An comhghaol idir na fachtóirí riosca ráta úis laistigh den bhuicéad céanna, a bhíonn comhfhreagrach le cuair dhifriúla agus a bhfuil aibíochtaí difriúla acu, beidh an comhghaol sin ρ_{kl} cothrom leis an bparaiméadar comhghaoil mar a shainítear i mír 2 iolraithe faoi 99.90%.
- Socrófar an comhghaol idir na fachtóirí riosca rátaí saor ó riosca agus na fachtóirí

riosca boillsithe ar 40%.

5. An comhghaol idir fachtóirí ar bhonn trasairgeadra agus aon fhachtóirí riosca ráta úis ghinearálta eile, lena n-áirítear fachtóir riosca ar bhonn trasairgeadra, socrófar an comhghaol sin ar 0%.

Airteagal 325ah

Comhghaolta i mbuicéid difriúla i gcomhair riosca ráta úis ginearálta

Déanfar an paraiméadar $\gamma_{bc} = 50\%$ a úsáid chun fachtóirí riosca a bhaineann le buicéid éagsúla a chomhiomlánú.

Airteagal 325ai

Ualuithe riosca i gcomhair riosca raon difríochta creidmheasa (neamh-urrúsúcháin)

1. Is ionann na hualuithe riosca maidir leis na haibíochtaí uile (0.5 bhliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana) laistigh de gach buicéad.

Tábla 4

Uimhir buicéid	Cáilíocht creidmheasa	Earnáil	Ualú riosca (pointí céatadáin)
1	Uile	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, Ballstáit	0.50%
2	Céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus 118	0.5%
3		Rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla agus eintitis earnála poiblí;	1.0%
4		Eintitis san earnáil airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil nó iasachtóirí cur chun cinn	5.0%
5		Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	3.0%
6		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíocht seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	3.0%
7		Teicneolaíocht, teileachumarsáidí	2.0%

8		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	1.5%
9		Bannaí cumhdaithe arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i mBallstáit	2.0%
10		Bannaí cumhdaithe arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha	4.0%
11	Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus 118	3.0%
12		Rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla agus eintitis earnála poiblí;	4.0%
13		Eintitis san earnáil airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil nó iasachtóirí cur chun cinn	12.0%
14		Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	7.0%
15		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíocht seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	8.5%
16		Teicneolaíocht, teileachumarsáidí	5.5%
17		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	5.0%
18	Earnáil eile		12.0%

2. Chun neamhchosaint riosca a shannadh d'earnáil, braithfidh institiúidí creidmheasa ar aicmiú a úsáidtear sa mhargadh chun eistheoirí a ghrúpáil de réir earnáil thionsclaíoch. Ní dhéanfaidh institiúidí creidmheasa gach eistheoir a shannadh ach do cheann amháin de na buicéid earnála faoi mhír 1. Suíomhanna riosca ó eistheoir ar bith nach féidir le hinstitiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar an suíomh sin a shannadh do bhuicéad 18.

Airteagal 325aj

Comhghaolta laistigh de bhuicéad i gcomhair riosca raon difríochta creidmheasa (neamh-urrúsúcháin)

1. Idir dhá íogaireacht S agus S laistigh den bhuicéad céanna, socrófar an paraiméadar

comhghaoil l mar a leanas:

$$l = l^{(ainm)} \cdot l^{(grád)} \cdot l^{(bonn)}$$

nuair atá:

beidh $l^{(ainm)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá ainm íogaireachtaí k agus l , agus 35% i gcásanna eile;

beidh $l^{(grád)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn íogaireachtaí k agus l , agus 65% i gcásanna eile;

beidh $l^{(bonn)}$ cothrom le 1 i gcás ina mbaineann an dá íogaireacht leis na cuair chéanna, agus 99,90% i gcásanna eile;

- Níl feidhm ag na comhghaolta thuas maidir le buicéad 18 dá dtagraítear in Airteagal 325ai(1). Beidh an ceanglas caipitil maidir leis an bhfoirmle comhiomlánaithe riosca deilte cothrom le suim luachanna absalóideacha na nglaníogaireachtaí ualaithe a leithdháiltear ar bhuicéad 18:

$$K_{b(\text{bucéad } 18)} = \sum_k |WS_k|$$

Airteagal 325ak

Comhghaolta i mbuicéid dhifriúla i gcomhair riosca raon difríochta creidmheasa (neamh-urrúsúcháin)

- Déanfar an paraiméadar comhghaoil γ_{bc} is infheidhme maidir le comhiomlánú na n-íogaireachtaí idir buicéid dhifriúla a shocrú mar a leanas:

$$c = c^{(rátáil)} \cdot c^{(earnáil)}$$

nuair atá:

$c^{(rátáil)}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil an catagóir cáilíochta creidmheasa ag an dá bhuicéad (céim cáilíochta creidmheas 1 nó 3 nó beart cáilíochta 4 go 6, agus 50% i gcásanna eile. Chun críche an ríomha sin, measfar go mbeidh an catagóir cáilíochta creidmheasa agus atá ag buicéid a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 acu:

beidh $c^{(earnáil)}$ cothrom le 1 ina bhfuil an earnáil chéanna ag an dá bhuicéad, agus leis na céatadáin seo a leanas i gcásanna eile:

Tábla 5

Buicéad	1,2 agus 11	3 agus 12	4 agus 13	5 agus 14	6 agus 15	7 agus 16	8 agus 17	9 agus 10
---------	----------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------

1,2 agus 11		75%	10%	20%	25%	20%	15%	10%
3 agus 12			5%	15%	20%	15%	10%	10%
4 agus 13				5%	15%	20%	5%	20%
5 agus 14					20%	25%	5%	5%
6 agus 15						25%	5%	15%
7 agus 16							5%	20%
8 agus 17								5%
9 agus 10								

2. Suimeofar an ceanglas caipitil do bhuicéad 18 leis an gcaipiteal oll-leibhéil aicme riosca, gan aon éagsúlú nó éifeachtaí fáluithe le buicéad ar bith eile a aithint.

Airteagal 325a

Ualuithe riosca i gcomhair urrúsúcháin riosca raon difríochta creidmheasa (CTP)

Is ionann na hualuithe riosca maidir le gach aibíocht (0.05 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana) laistigh de gach buicéad.

Tábla 6

Uimhir buicéid	Cáilíocht creidmheasa	Earnáil	Ualú riosca (pointí céatadáin)
1	Uile	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, Bhallstát an Aontais	4%
2	Céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus 118	4%
3		Rialtais réigiúnacha, údarais áitiúla agus eintitis earnála poiblí;	4%
4		Eintitis san earnáil airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil nó iasachtóirí cur chun cinn	8%
5		Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	5%
6		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíocht seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	4%

7		Teicneolaíocht, teileachumarsáidí	3%
8		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	2%
9		Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i mBallstáit den Aontas	3%
10		Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtriú tíortha	6%
11	Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus 118	13%
12		Rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla agus eintitis earnála poiblí;	13%
13		Eintitis san earnáil airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil nó iasachtóirí cur chun cinn	16%
14		Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	10%
15		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíocht seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	12%
16		Teicneolaíocht, teileachumarsáidí	12%
17		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	12%
18	Earnáil eile		13%

Airteagal 325am

Comhghaolta i gcomhair urrúsúcháin riosca raon difríochta creidmheasa (CTP)

1. Déanfar comhghaol riosca deilte ₁ a dhíorthú i gcomhréir le hAirteagal 325aj, ach amháin go mbeidh, chun críocha an ailt seo, ₁^(bonn) cothrom le 1 i gcás ina mbaineann an íogaireacht leis na cuair chéanna, agus 99.90% i gcásanna eile.
2. Déanfar an comhghaol _c a dhíorthú i gcomhréir le hAirteagal 325ak.

Airteagal 325an

Ualuithe riosca i gcomhair urrúsúcháin raon difríochta creidmheasa (neamh-CTP)

1. Is ionann na hualuithe riosca maidir leis na haibíochtaí uile (0.05 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana) laistigh de gach buicéad.

Tábla 7

Uimhir buicéid	Cáilíocht creidmheasa	Earnáil	Ualú riosca (pointí céatadáin)
1	Céim cáilíochta sinsear agus Creidmheasa 1 go 3	RMBS - Príomha	0.9%
2		RMBS - Meán-Phríomha	1.5%
3		RMBS - Fo-Phríomha	2.0%
4		CMBS	2.0%
5		ABS - Iasachtaí do mhic léinn	0.8%
6		ABS- Cártaí Creidmheasa	1.2%
7		ABS-Mótar	1.2%
8		CLO neamh-CTP	1.4%
9	Céim cáilíochta neamhshinsear & Creidmheasa 1 go 3	RMBS - Príomha	1.125%
10		RMBS - Meán-Phríomha	1.875%
11		RMBS - Fo-Phríomha	2.5%
12		CMBS	2.5%
13		ABS - Iasachtaí do mhic léinn	1%
14		ABS- Cártaí Creidmheasa	1.5%
15		ABS-Mótar	1.5%
16		CLO neamh-CTP	1.75%
17	Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6	RMBS - Príomha	1.575%
18		RMBS - Meán-Phríomha	2.625%
19		RMBS - Fo-Phríomha	3.5%
20		CMBS	3.5%
21		ABS - Iasachtaí do mhic léinn	1.4%
22		ABS- Cártaí Creidmheasa	2.1%
23		ABS-Mótar	2.1%

24		CLO neamh-CTP	2.45%
25	Earnáil eile		3.5%

- Chun neamhchosaint riosca a shannadh d'earnáil, braithfidh institiúidí creidmheasa ar aicmiú a úsáidtear sa mhargadh chun eisiitheoirí a ghrúpáil de réir earnáil thionsclaíoch. Déanfaidh institiúidí creidmheasa gach tráinse a shannadh do cheann amháin de na buicéid earnála faoi mhír 1. Suíomhanna riosca ó thráinse ar bith nach féidir le hinstitiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar an suíomh sin a shannadh do bhuicéad 25.

Airteagal 325ao

Comhghaolta laistigh de bhuicéad i gcomhair úrrúsúcháin riosca raon difríochta creidmheasa (neamh-CTP)

- Idir dhá íogaireacht S agus S laistigh den bhuicéad céanna, socrófar an paraiméadar comhghaoil ρ mar a leanas:

$$\rho = \rho^{(\text{tráinse})} \cdot \rho^{(\text{grád})} \cdot \rho^{(\text{bonn})}$$

nuair atá:

$\rho^{(\text{tráinse})}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil dhá ainm na n-íogaireachtaí k agus l laistigh den bhuicéad céanna agus ina mbaineann siad leis an tráinse céanna úrrúsúcháin (níos mó ná 80% d'fhorluí i dtéarmaí barúlacha) agus cothrom le 40% i gcásanna eile;

beidh $\rho^{(\text{grád})}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn íogaireachtaí k agus l , agus 80% i gcásanna eile;

beidh $\rho^{(\text{bonn})}$ cothrom le 1 i gcás ina mbaineann an dá íogaireachtaí leis na cuair chéanna, agus 99,90% i gcásanna eile;

- Ní bheidh feidhm ag na comhghaolta thuas maidir le buicéad 25. Beidh an ceanglas caipitil maidir leis an bhfoirmle comhiomlánaithe riosca deilte cothrom le suim luachanna absalóideacha na nglaníogaireachtaí ualaithe a leithdháiltear ar an mbuicéad sin:

$$K_{b(\text{buiacéad } 25)} = \sum_k |WS_k|$$

Airteagal 325ap

Comhghaolta i mbuicéid difriúla i gcomhair úrrúsúcháin riosca raon difríochta creidmheasa (neamh-CTP)

- Beidh feidhm ag an bparaiméadar comhghaoil ρ maidir le híogaireachtaí idir buicéid dhifriúla agus socrófar é ag 0%.
- Suimeofar an ceanglas caipitil do bhuicéad 25 leis an gcaipiteal oll-leibhéil aicme

riosca, gan aon éagsúlú nó éifeachtaí fáluithe le buicéad ar bith eile a aithint.

Airteagal 325a

Ualaithe riosca i gcomhair riosca gnáthscaireanna

1. Leagtar amach na hualuithe riosca do na híogaireachtaí ar rátaí gnáthscaireanna agus rátaí athcheannaigh sa tábla seo a leanas:

Tábla 8

Uimhir buicéid	Caipitliú margaidh	An Geilleagar	Earnáil	Ualú riosca i gcomhair spotphraghas gnáthscaireanna (pointí céatadáin)	Ualú riosca i gcomhair ráta athcheannaigh gnáthscaireanna (pointí céatadáin)
1	Fiontair mhóra	Geilleagar margaidh mbéal forbartha	Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíocht seirbhíse tacaíochta agus riaracháin, cúram sláinte, fónais	55%	0.55%
2			Teileachumarsáidí, scaireanna tionsclaíocha	60%	0.60%
3			Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	45%	0.45%
4			Scaireanna airgeadais lena n-áirítear scaireanna airgeadais le taca rialtais, gníomhaíochtaí réadmhaoine, teicneolaíocht	55%	0.55%
5		Geilleagar	Earraí agus seirbhísí	30%	0.30%

		sárfhorbartha	tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíocht seirbhíse tacaíochta agus riaracháin, cúram sláinte, fónais		
6			Teileachumarsáidí, scaireanna tionsclaíocha	35%	0.35%
7			Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	40%	0.40%
8			Scaireanna airgeadais lena n-áirítear scaireanna airgeadais le taca rialtais, gníomhaíochtaí réadmhaoine, teicneolaíocht	50%	0.50%
9	Fiontar beag	Geilleagar margaidh i mbéal forbartha	Na hearnálacha go léir a thuairiscítear faoi bhuicéid uimhir 1,2,3 agus 4	70%	0.70%
10		Geilleagar sárfhorbartha	Na hearnálacha go léir a thuairiscítear faoi bhuicéid uimhir 1,2,7 agus 8	50%	0.50%
11	Earnáil eile			70%	0.70%

2. Chun críche an Airteagail seo, déanfar a shonrú le ÚBE céard is caipitliú margaidh beag agus céard is caipitliú margaidh mór ann i gcomhréir le hAirteagal 325be.
3. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin rialála theicniúla a dhréachtú lena shonrú céard is geilleagar i mbéal forbartha agus céard is geilleagar lánfhorbartha ann chun críche an Airteagail seo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin [laistigh de chúig mhí dhéag tar éis tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

4. Agus neamhchosaint ar riosca á shannadh d'earnáil, braithfidh institiúidí creidmheasa ar aicmiú a úsáidtear sa mhargadh chun eisitheoirí a ghrúpáil de réir earnáil thionsclaíoch. Déanfaidh institiúidí creidmheasa gach eisitheoir a shannadh do cheann amháin de na buicéid earnála faoi mhír 1, agus déanfaidh sí na heisitheoirí uile de chuid an tionscail chéanna a shannadh ar an earnáil chéanna. Suíomhanna riosca ó eisitheoir ar bith nach féidir le h-institiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar an suíomh sin a shannadh do bhuicéad 11. Déanfar eisitheoirí ilnáisiúnta nó il-earnála a shannadh do bhuicéad ar leith ar bhonn an réigiúin is mó lena mbaineann agus na hearnála ina n-oibríonn eisitheoir na gnáthscaireanna.

Airteagal 325ar

Comhghaolta laistigh de bhuicéad i gcomhair rioscaí gnáthscaireanna

1. Déanfar paraiméadar comhghaoil riosca deilte ρ_{kl} a shocrú idir dhá íogaireacht S agus S laistigh den bhuicéad céanna i gcás ina bhfuil ceann amháin ina íogaireacht ar spotphraghas gnáthscaireanna agus ina bhfuil an ceann eile in a íogaireacht ar ráta athcheannaigh gnáthscaireanna, i gcás ina mbaineann an dá cheann leis an ainm eisitheora gnáthscaireanna céanna.
2. I gcásanna seachas na cásanna dá dtagraítear i mír 1, déanfar an paraiméadair comhghaoil ρ_{kl} idir dhá íogaireacht S agus S ar spotphraghas gnáthscaireanna laistigh den bhuicéad céanna a shocrú mar a leanas:
 - (a) 15% idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoi chaipitliú margaidh mór, eacnamaíocht margaidh i mbéal forbartha (bhuicéad uimhir 1, 2, 3, nó 4).
 - (b) 25% idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoi chaipitliú margaidh mór, geilleagar sárforbartha (bhuicéad uimhir 5, 6, 7, nó 8).
 - (c) 7,5% idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoi chaipitliú margaidh beag, eacnamaíocht margaidh i mbéal forbartha (bhuicéad uimhir 9).
 - (d) 12,5% idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoi chaipitliú margaidh beag, geilleagar sárforbartha (bhuicéad 10).
3. Déanfar an paraiméadar comhghaoil ρ_{kl} idir dhá íogaireacht S agus S ar ráta

athcheannaigh gnáthscaireanna laistigh den bhuicéad céanna a shocrú i gcomhréir le mír (b)

4. Idir dhá íogaireacht S agus S laistigh den bhuicéad céanna i gcás inar íogaireacht ar spotphraghas gnáthscaireanna ceann amháin agus inar íogaireacht ar ráta athcheannaigh gnáthscaireanna an ceann eile agus ina mbaineann an dá íogaireacht le hainm eistheora gnáthscaireanna difriúil, socrófar an paraiméadar comhghaoil ρ_{kl} ag na comhghaoil a shonraítear i mír 2 iolraithe faoi 99.90%.
5. Ní bheidh feidhm ag na comhghaolta thuas maidir le buicéad 11. Beidh an ceanglas caipitil maidir leis an bhfoirmle comhiomlánaithe riosca deilte laistigh de bhuicéad 11 cothrom le suim luachanna absalóideacha na nglaníogaireachtaí ualaithe a leithdháiltear ar an mbuicéad sin:

$$K_{b(\text{buicéad } 11)} = \sum_k |WS_k|$$

Airteagal 325as

Comhghaolta i mbuicéid difriúla i gcomhair riosca gnáthscaireanna

1. Beidh feidhm ag an bparaiméadar comhghaoil c maidir le comhiomlánú na n-íogaireachtaí idir buicéid difriúla. Socraítear é ag 15% i gcás ina dtagann an dá bhuicéad idir buicéid 1 go 10.
2. Suimeofar an ceanglas caipitil sin do bhuicéad 11 leis an gcaipiteal oll-leibhéil aicme riosca, gan aon éagsúlú nó éifeachtaí fáluithe le buicéad ar bith eile a aithint.

Airteagal 325at

Ualaithe riosca i gcomhair riosca tráchtearraí

Leagtar amach na hualuithe riosca do na híogaireachtaí ar thráchtearraí sa tábla seo a leanas:

Tábla 9

Uimhir buicéid	Ainm buicéid	Ualú riosca (pointí céatadáin)
1	Fuinneamh - ábhair indóite sholadacha	30%
2	Fuinneamh - ábhair indóite leachtacha	35%
3	Fuinneamh - Leictreachas agus carbóin a thrádáil	60%
4	Lasta	80%

5	Miotail – neamhlómhar	40%
6	Ábhair indóite gásacha	45%
7	Miotail lómhara (cé is moite d'ór)	20%
8	Gráin agus olashíol	35%
9	Beostoc agus déiríocht	25%
10	Táirgí boga agus táirgí talmhaíochta eile	35%
11	Táirgí tráchtearraí eile	50%

Airteagal 325au

Comhghaolta laistigh de bhuicéad i gcomhair rioscaí tráchtearraí

1. Chun críche aitheantais comhghaoil, measfar gur tráchtearraí éagsúla aon dá thráchtearra i gcás inarb ann ar an margadh dhá chonradh arna ndifreáil ag an tráchtearra foluiteach a bheidh le seachadadh in aghaidh gach conartha agus arna ndifreáil ag an tráchtearra sin amháin.
2. Idir dhá íogaireacht S agus S laistigh den bhuicéad céanna, socrófar an paraiméadar comhghaoil l mar a leanas:

$$l = l^{(\text{tráchtearra})} \cdot l^{(\text{grád})} \cdot l^{(\text{bonn})}$$

nuair atá:

beidh $l^{(\text{tráchtearra})}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá thráchtearra íogaireachtaí k agus l , agus do na comhghaoil laistigh de bhuicéad sa tábla i mír 3 i gcásanna eile;

beidh $l^{(\text{grád})}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn íogaireachtaí k agus l , agus 99% i gcásanna eile;

beidh $l^{(\text{bonn})}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá íogaireacht (i) i ngrád conartha an tráchtearra agus (ii) láthair sheachadta an tráchtearra araon, agus 99.90% i gcásanna eile.

3. Is éard atá sna comhghaoil laistigh de bhuicéad $l^{(\text{tráchtearra})}$:

Tábla 10

Uimhir buicéid	Ainm buicéid	Comhghaol (tráchtearra)
1	Fuinneamh - ábhair indóite	55%

	sholadacha	
2	Fuinneamh - ábhair indóite leachtacha	95%
3	Fuinneamh - Leictreachas agus carbóin a thrádáil	40%
4	Lasta	80%
5	Miotail – neamhlómhar	60%
6	Ábhair indóite gásacha	65%
7	Miotail lómhara (cé is moite d'ór)	55%
8	Gráin agus olashíol	45%
9	Beostoc agus déiríocht	15%
10	Táirgí boga agus táirgí talmhaíochta eile	40%
11	Táirgí tráchtearraí eile	15%

Airteagal 325av

Comhghaolta i mbuicéid difriúla i gcomhair riosca tráchtearraí

Déanfar an paraiméadar comhghaol a bhfuil feidhm aige maidir le comhiomlánú íogaireachtaí idir buicéid dhifriúla a shocrú é ag:

- (a) 20% i gcás ina dtagann an dá bhuicéad idir uimhreacha buicéid 1 go 10.
- (a) 0% i gcás inarb é buicéad uimhir 11 aon cheann de na buicéid.

Airteagal 325aw

Ualuithe riosca maidir le riosca malairte eachtraí

1. Beidh feidhm ag ualú riosca 30% maidir leis na híogaireachtaí uile ar mhalairt eachtrach.
2. Is éard a bheidh in ualú riosca na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí maidir le péirí airgeadraí atá comhdhéanta den Euro agus d'airgeadra Ballstáit atá gníomhach sa dara céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta an t-ualú riosca dá dtagraítear i mír 1 roinnte ar $\sqrt{2}$.
3. Is éard a bheidh in ualú riosca na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí a chuimsítear san fhochatagóir péirí airgeadraí is leachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) de 325be(7) an t-ualú riosca dá dtagraítear i mír 1 roinnte ar $\sqrt{2}$.

Airteagal 325ax
Comhghaolta maidir le riosca malairte eachtraí

Beidh feidhm ag paraiméadar comhghaoil aonfhoirmeach c ar cothrom é 60% ar chomhiomlánú na n-íogaireachtaí ar mhalairt eachtrach.

FOROINN 2
UALUITHE RIOSCA CUAIRE AGUS VEGA AGUS COMHGHAOLTA

Airteagal 325ay
Ualuithe riosca cuaire agus vega

1. Cuirfear na buicéid deilte dá dtagraítear i bhforoinn 1 i bhfeidhm ar fhachtóirí riosca vega.
2. Déanfar an t-ualú riosca i gcomhair fachtóir riosca vega ar leith k (RW_k) a mheas mar sciar de luach reatha an fhachtóra riosca sin k , lena léirítear luaineacht intuigthe ionstraime foluití, mar a thuairiscítear i Roinn 3.
3. Déanfar an sciar dá dtagraítear i mír 2 a bheith ag braith ar leachtacht intuigthe gach cineál fachtóra riosca i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RW_k = (\text{Value of risk factor } k) \times \min \left[RW_\sigma \cdot \frac{\sqrt{LH_{risk\ class}}}{\sqrt{10}}; 100\% \right]$$

nuair atá:

RW_σ socruithe ag 55%

$LH_{risk\ class}$ ($LH_{aicme\ riosca}$) ina thréimhse leachtachta rialála a bhíonn le leagadh síos agus gach fachtóir riosca vega á chinneadh k . $LH_{risk\ class}$ a dhéanfar a shocrú i gcomhréir leis an tábla seo a leanas

Tábla 11

Aicme riosca	$LH_{risk\ class}$
GIRR	60
Neamh-urrúsúcháin CSR	120
Urrúsúcháin CSR (CTP)	120
Urrúsúcháin CSR (neamh-CTP)	120
Gnáthscaireanna (caidhp mhór)	20

Gnáthscaireanna (caidhp bheag)	60
Tráchtearra;	120
FX	40

4. Déanfar buicéid a úsáidtear i gcomhthéacs riosca deilte i bhforoinn 1 a úsáid sa chomhthéacs riosca cuaire mura shonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo.
5. Maidir le fachtóirí riosca cuaire agus malairte eachtraí, is éard a bheidh sna hualaithe riosca cuaire athruithe coibhéiseacha cothrom leis na hualuithe riosca deilte dá dtagraítear i bhforoinn 1.
6. Maidir le fachtóirí riosca cuaire tráchtearraí, raon difríochta creidmheasa nó ráta úis ghinearálta, is éard a bheidh san ualú riosca cuaire athruithe comhthreomhara na reann go léir maidir le gach cuar bunaithe ar an ualú riosca deilte is airde a leagtar síos i bhfomhír 1 maidir le gach aicme riosca.

Airteagal 325az

Comhghaolta riosca cuaire agus vega

7. Idir íogaireachtaí ar riosca vega laistigh den bhuicéad céanna den aicme riosca GIRR, déanfar an paraiméadar ρ_{kl} a shocrú mar a leanas:

$$\rho_{kl} = \min \left[\rho_{kl}^{(option\ maturity)} \cdot \rho_{kl}^{(underlying\ maturity)}; 1 \right]$$

nuair atá:

$\rho_{kl}^{(option\ maturity)}$ ($\rho_{kl}^{(aibíocht\ na\ céadrogha)}$) cothrom le $e^{-\alpha \frac{|T_k - T_l|}{\min\{T_k; T_l\}}}$ i gcás ina socrófar α ag 1%, inarb iad T_k agus T_l aibíochtaí na gcéadroghanna dá ndíorthaítear íogaireachtaí vega, arna sloinneadh mar líon blianta;

$\rho_{kl}^{(underlying\ maturity)}$ ($\rho_{kl}^{(aibíocht\ na\ céadrogha)}$) cothrom le $e^{-\alpha \frac{|T_k^U - T_l^U|}{\min\{T_k^U; T_l^U\}}}$, i gcás ina bhfuil α socraithe ar 1%, agus inarb iad T_k^U agus T_l^U aibíochtaí ionstraimí foluiteacha na gcéadroghanna dá bhfuil na híogaireachtaí vega *are* arna ndíorthú lúide aibíochtaí na gcéadroghanna comhfhreagracha, sloinnte sa dá chas mar líon blianta.

8. Idir íogaireachtaí ar riosca vega laistigh den bhuicéad céanna den aicme riosca GIRR, déanfar an paraiméadar ρ_{kl} a shocrú mar a leanas:

$$\rho_{kl} = \min \left[\rho_{kl}^{(DEILTE)} \cdot \rho_{kl}^{(aibíocht\ na\ céadrogha)}; 1 \right]$$

nuair atá:

$\rho_{kl}^{(DEILTE)}$

cothrom leis an gcomhghaol deilte laistigh de bhuicéad a bhíonn cothrom leis an mbuicéad dá sannfaí fachtóirí riosca vega k agus l .

$\rho_{kl}^{(aibíocht na céadrogha)}$

a dhéanfar a shainmhíniú mar a dhéantar i mír 1.

9. Maidir le híogaireachtaí riosca vega idir buicéid laistigh d'aicme riosca (GIRR agus neamh-GIRR), déanfar na paraiméadair comhghaoil chéanna i gcomhair γ_{bc} , mar a shonraítear maidir le comhghaolta deilte i gcomhair gach aicme riosca i Roinn 4, a úsáid i gcomhthéacs an riosca vega.
10. Ní aithneofar aon tairbhe éagsúlaithe nó fálaithe sa chur chuige caighdeánaithe idir fachtóirí riosca vega agus deilte. Déanfar muirir riosca vega agus deilte a chomhiomlánú trí mhodh an tsuimithe simplí.
11. Is éard a bheidh sna comhghaolta cuaire líon cearnaithe na gcomhghaolta riosca deilte comhfhreagracha ρ_{kl} and γ_{bc} dá dtagraítear i bhforoinn 1.

Caibidil 1b

An cur chuige samhla inmheánaí

ROINN 1

CEAD AGUSCEANGLAIS CISTÍ DÍLSE

Airteagal 325ba

Cead samhlacha inmheánacha a úsáid

1. Tar éis dóibh a fhíorú gur chomhlíon na institiúidí na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 325bi go 325bk ceadóidh údaráis inniúla d'institiúidí a gceanglais cistí dílse féin a ríomh trí úsáid a bhaint as a samhlacha inmheánacha i gcomhréir le hAirteagal 325bb do phunann na suíomhanna go léir arna sannadh do dheasca trádála a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:
 - (a) bunaíodh na deasca trádála i gcomhréir le hAirteagal 104b;
 - (b) chomhlíon na deasca trádála an ceanglas sannta Brabúis agus Caillteanais ('sannadh B agus C') a leagtar amach in Airteagal 325bh don 12 mhí díreach roimhe sin;
 - (c) chomhlíon na deasca trádála na ceanglais iarthástála dá dtagraítear in Airteagal 325bg(1) do na 250 lá gnó díreach roimhe sin;
 - (d) maidir le deasca trádála ar sannadh ceann amháin de na suíomhanna leabhair trádála dá dtagraítear in Airteagal 325m, comhlíonann na deasca trádála na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bn maidir leis an tsamhail riosca

mainneachtana inmheánach.

2. Déanfaidh institiúidí ar tugadh an cead dóibh dá dtagraítear i mír 1 a samhlacha inmheánacha a úsáid do gach deasc trádála tuairisciú do na húdaráis inniúla mar a leanas:
 - (a) an beart easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe seachtainiúil UES_t a ríomhfar i gcomhréir le mír 5 maidir le gach suíomh ar an deasc trádála a ndéanfar a thuairisciú chuig na húdaráis inniúla ar bhonn míosúil.
 - (b) na ceanglais cistí dílse mhíosúla i gcomhair rioscaí margaidh a ríomhtar i gcomhréir le Caibidil 1a den Teideal seo mar a bheadh mura dtabharfaí an cead dá dtagraítear i mír 1 agus na suíomhanna go léir a sannadh don deasc trádála arna meas ar bhonn leithleach mar phunann ar leithligh. Tuairisceofar na ríomhanna sin chuig na húdaráis inniúla ar bhonn míosúil.
3. Déanfaidh institiúid ar tugadh an cead di dá dtagraítear i mír 1 a chur in iúl gan mhoill do na húdaráis inniúla nach gcomhlíonann ceann dá deasca trádála a thuilleadh aon cheann de na ceanglais a leagtar amach i mír 1. Ní cheadófar a thuilleadh don institiúid an Caibidil sin a chur i bhfeidhm maidir le haon cheann de na suíomhanna a chuirtear síos don deasc trádála sin agus déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a maidir leis na suíomhanna uile a chuirtear síos don deasc trádála sin ar an dáta tuarascála is luaithe agus go dtí go léireoidh an institiúid do na húdaráis inniúla go bhfuil na ceanglais go léir a leagtar amach i mír 1 á gcomhlíonadh ag an deasc trádála.
4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh údaráis inniúla, in imthosca neamhghnácha, cead a thabhairt d'institiúid leanúint dá samhlacha inmheánacha a úsáid chun críche ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh deisce trádála a ríomh nach gcomhlíonann na coinníollacha a thuilleadh dá dtagraítear i bpointí (b) nó (c) de mhír 1. Nuair a fheidhmeoidh údaráis inniúla an rogha sin, tabharfaidh siad fógra d'ÚBE agus tabharfaidh siad bunús leis an gcinneadh sin.
5. Maidir le suíomhanna a chuirtear síos do dheasca trádála nach bhfuil an cead dá dtagraítear i mír 1 faighte ina dtaobh ag institiúid, déanfaidh an institiúid sin na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh a ríomh i gcomhréir le Caibidil 1a den Teideal sin Chun críche an ríomha sin, déanfar na suíomhanna sin go léir a mheas ar bhonn leithleach mar phunann ar leithligh.
6. Maidir le deasc trádála ar leith, ciallóidh an beart easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 an beart easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 325bc maidir le gach suíomh a

sannadh don deasc trádála sin arna meas ar bhonn ar leithligh mar phunann ar leithligh. De mhaolú ar Airteagal 325bd, déanfaidh institiúidí na ceanglais seo a chomhlíonadh nuair a ríomhfaidh siad an beart easnaimh ionchasaigh neamhiailithe maidir le gach deasc trádála:

- (a) is éard a bheidh sa tréimhse struis a úsáidtear chun uimhir easnaimh ionchasaigh neamhiailithe PES_t^{FC} a ríomh maidir le deasc trádála an tréimhse struis a aithneofar i gcomhréir le pointe(c) d'Airteagal 325bd(1) chun críche PES_t^{FC} do na deasca trádála uile ar tugadh an cead dá dtagraítear i mír 1 d'institiúidí ina dtaobh;
- (b) nuair a ríomhfar na huimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh PES_t^{RS} agus PES_t^{RC} maidir le deasc trádála ar leith, ní dhéanfar cásanna de shuaitheadh amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar fhachtóirí riosca insamhaltaithe arna sannadh don deasc trádála a áirítear i bhfothacar na bhfachtóirí riosca insamhaltaithe arna roghnú ag an institiúid i gcomhréir le pointe(a) d'Airteagal 325bd(1) chun críche PES_t^{RS} a chinneadh do na deasca trádála uile ar tugadh an cead dá dtagraítear i mír 1 d'institiúidí ina dtaobh;

7. Maidir le hathruithe ábhartha ar úsáid na samhlacha inmheánacha a bhfuil cead faighte ag institiúid lena n-úsáid, maidir le síneadh ar úsáid na samhlacha inmheánacha a bhfuil cead faighte ag an institiúid lena n-úsáid, agus maidir le hathruithe ábhartha ar rogha na hinstitiúidí d'fhothacar fachtóirí riosca insamhaltaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bd(2), éileofar leis na hathruithe sin cead ar leithligh ó na húdaráis inniúla.

Cuirfidh na hinstitiúidí na húdaráis inniúla ar an eolas maidir leis na síntí agus na hathruithe uile ar fad a dhéanfar ar an úsáid a bhaintear as na samhlacha inmheánacha a bhfuil cead faighte ag an institiúid leas a bhaint astu.

8. Forbróidh an tÚdarás BaincÉireachta Eorpach (ÚBE) dréacht-chaighdeán theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

- (a) na coinníollacha faoina ndéanfar measúnú ar ábharthacht síntí agus ar athruithe ar úsáid samhlacha inmheánacha agus ar athruithe ar bhfothacar d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bd;
- (b) an mhodheolaíocht measúnaithe faoina bhfíoraíonn údaráis inniúla an gcomhlíonann institiúid na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bi go hAirteagal 370;

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeán theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [laistigh de bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tarmilgtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeán theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

9. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin rialála theicniúla a chruthú chun sonrú níos mionsonraithe ar na himthosca neamhghnácha faoina bhféadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúid leanúint dá samhlacha inmheánacha a úsáid chun críche ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh deisce trádála a ríomh nach gcomhlíonann na coinníollacha a thuilleadh dá dtagraítear i bpointí (b) nó (c) de mhír 1.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin [laistigh de shé mhí tar éis tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 325bb

Ceanglais cistí dílse nuair a úsáidtear samhlacha inmheánacha

1. Ríomhfaidh institiúid a úsáideann samhail inmheánach na ceanglais cistí dílse maidir le punann na suíomhanna uile a chuirtear síos do dheasca trádála ar tugadh an cead don institiúid ina dtaobh dá dtagraítear in Airteagal 325ba1 mar shuim an mhéid seo a leanas:
- (a) an luach is airde de na luachanna a leanas:
- (i) beart riosca easnaimh ionchasaigh na hinstitiúide an lae roimhe sin arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bc (ES_{t-1});
 - (ii) meán an bheart riosca easnaimh ionchasaigh laethúil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bc do gach lá den seasca lá gnó roimhe sin (ES^{avg}), arna iolrú faoin bhfachtóir iolrúcháin (m_c) i gcomhréir le hAirteagal 325bg;
- (b) an luach is airde de na luachanna a leanas:
- (i) beart riosca cáis struis na hinstitiúide an lae roimhe sin arna ríomh i gcomhréir le Roinn 5 d'Airteagal den Teideal seo (SS_{t-1});
 - (ii) meán bheart riosca cáis struis laethúil na hinstitiúide arna ríomh i gcomhréir le Roinn 5 d'Airteagal den Teideal sin do gach lá den seasca lá gnó roimhe sin (SS^{avg}).
2. Comhlíonfaidh institiúidí a bhfuil suíomhanna acu in ionstraimí fiachais thrádálaithe agus gnáthscaireanna a thagann faoi raon feidhme na samhla riosca mainneachtana inmheánaí agus a chuirtear do na deasca trádála dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh siad ceanglas cistí dílse breise arna shloinneadh mar an luach is airde de na luachanna seo a leanas:

- (a) an ceanglas cistí dílse is déanaí maidir le riosca mainneachtana arna ríomh i gcomhréir le Roinn 3;
- (b) meán an mhéid dá dtagraítear i bpointe (a) thar an 12 sheachtain roimhe sin.

ROINN 2 CEANGLAIS GHINEARÁLTA

Airteagal 325bc *Beart riosca mainneachtana ionchasaigh*

1. Ríomhfaidh institiúidí an beart riosca easnaimh ionchasaigh 'ES_t' dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325bb(1) d'aon dáta ar leith 't' agus d'aon phunann ar leith de shuíomhanna leabhair trádála mar a leanas:

$$ES_t = \rho * (UES_t) + (1 - \rho) * \sum_i UES_t^i$$

nuair a:

i = innéacs lena léirítear na cúig chatagóir leathana arna liostú sa chéad cholún de Thábla 13 d'Airteagal 325be;

UES_t = an beart riosca easnaimh ionchasaigh neamhiailithe arna ríomh mar a leanas:

$$UES_t = PES_t^{RS} * \max\left(\frac{PES_t^{FC}}{PES_t^{RC}}, 1\right)$$

UES_tⁱ = an beart easnaimh ionchasaigh neamhiailithe don chatagóir fachtóra riosca leathan 'i' arna ríomh mar a leanas:

$$UES_t^i = PES_t^{RS,i} * \max\left(\frac{PES_t^{FC,i}}{PES_t^{RC,i}}, 1\right)$$

ρ = an fachtóir comhghaoil maoirseachta i gcatagóirí riosca leathana; ρ = 50%;

PES_t^{RS} = an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bd(2);

PES_t^{RC} = an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bd(3);

PES_t^{FC} = an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bd(4);

$PES_t^{RS,i}$ = an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh do chatagóir fachtóra riosca leathan 'i' a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bd(2);

$PES_t^{RC,i}$ = an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh do chatagóir fachtóra riosca leathan 'i' a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bd(3);

$PES_t^{FC,i}$ = an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh do chatagóir fachtóra riosca leathan 'i' a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bd(4);

2. Ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar thacar sonrach na bhfachtóirí riosca insamhaltaithe is infheidhme ar gach uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh mar a leagtar amach in Airteagal 325bd agus gach uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh á cinneadh maidir le beart riosca easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomh i gcomhréir le mír 1.
3. I gcás ina bhfuil fachtóir riosca insamhaltaithe amháin ar laghad a mapáladh ar an gcatagóir riosca leathan 'i' i gcomhréir le hAirteagal 325be in idirbheart amháin ar a laghad den phunann, déanfaidh institiúidí an beart easnaimh ionchasaigh neamhiailaithe do chatagóir fachtóra riosca leathan 'i' a ríomh agus é a chur san áireamh i bhfoirmle an bheart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear i mír 2.

Airteagal 325bd
Ríomhanna easnaimh ionchasaigh pháirtigh

1. Déanfaidh institiúidí na huimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 325bc(1) a ríomh mar a leanas:
 - (a) ríomhanna laethúla na n-uimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh;
 - (b) ar eatramh muiníne aonfhoircneach 97.5ú peircintíl;
 - (c) maidir le punann ar leith de shuíomhanna leabhair trádála, déanfaidh institiúid an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh ES_t ag am 't' i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$PES_t = \sqrt{(PES_t(T))^2 + \sum_{j \geq 2} \left(PES_t(T, j) * \sqrt{\frac{(LH_j - LH_{j-1})}{10}} \right)^2}$$

j = innéacs lena léirítear na cúig thréimhse leachtachta atá liostaithe sa chéad cholún de Thábla 1;

LH_j = fad na dtréimhsí leachtachta ionchasacha j mar a shloinntear i laethanta i dTábla 1;

T = tréimhse ionchasach bunaidh i gcás $T=10$ lá;

$PES_t(T)$ = an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh a chinntear trí chásanna suaite amach anseo a bhfuil tréimhse ama 10 lá acu a chur i bhfeidhm ar thacar sonrach fachtóirí riosca insamhaltaithe na suíomhanna sa phunann a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 4 i gcomhair gach uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2) agus ar an tacar sonrach sin amháin.

$PES_t(T, j)$ = an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh a chinntear trí chásanna suaite amach anseo a bhfuil tréimhse ama 10 lá acu a chur i bhfeidhm ar thacar sonrach fachtóirí riosca insamhaltaithe na suíomhanna sa phunann a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 4 i gcomhair gach uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2) agus dá bhfuil an tréimhse leachtachta éifeachtach, dá gcinntear i gcomhréir le hAirteagal 325be(2) cothrom le LH nó níos faide ná é.

Tábla 1

Tréimhse leachtachta j	Fad na tréimhse leachtachta (laethanta)
1	10
2	20
3	40
4	60
5	120

2. Chun críche na huimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh PES_t^{RS} agus $PES_t^{RS,i}$ dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2) a ríomh, déanfaidh institiúidí, i dteannta leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) agus PES_t^{RS} , á ríomh, ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar fhothacar d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe suíomhanna sa phunann, arna roghnú ag an institiúid, sa chaoi is go gcomhlíonfar an coinníoll seo ag am t , agus go dtógfar an tsuim thar thréimhse na 60 lá gnó roimhe sin.

$$\frac{1}{60} * \sum_{k=0}^{59} \frac{PES_{t-k}^{RC}}{PES_{t-k}^{FC}} \geq 75\%$$

Tabharfaidh institiúid nach gcomhlíonann an ceanglas a thuilleadh sa chéad fho-alt den phointe seo fógra gan mhoill do na húdaráis inniúla, lena mbaineann, agus fothacar na bhfachtóirí riosca insamhaltaithe a uasdátú laistigh de dhá sheachtain chun críche an ceanglas sin a chomhlíonadh. I gcás, tar éis dhá sheachtain, inar mhainnigh an institiúid an ceanglas a chomhlíonadh, rachaidh sí ar ais chuig an gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a chun na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh maidir le deasca trádála áirithe, go dtí go bhféadfaidh an institiúid sin a léiriú don údarás inniúil go bhfuil sí ag comhlíonadh an cheanglais a leagtar amach sa chéad fho-alt den phointe seo.

- (b) agus PES_t^{RSi} , á ríomh, ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar fhothacar d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe suíomhanna sa phunann, arna roghnú ag an institiúid chun críche phointe (a), agus ar mapáladh iad ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan i i gcomhréir le hAirteagal 325be;
 - (c) calabrófar na hionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí riosca insamhaltaithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) do na sonraí stairiúla tréimhse leanúnaí struis airgeadais 12 mhí a shainaithneoidh an institiúid chun luach PES_t^{RS} a uasmhéadú. Déanfaidh institiúidí athbhreithniú ar aitheantas na tréimhse struis sin ar bhonn míosúil ar a laghad agus cuirfidh siad fógra faoi thoradh an athbhreithnithe sin chuig na húdaráis inniúla. Chun críche an tréimhse struis sin a aithint, úsáidfí institiúidí tréimhse breathnaithe a thosóidh ar a laghad ón 1 Eanáir 2007, chun sástachta na n-údarás inniúla.
 - (d) déanfar na hionchuir samhla $PES_t^{RS,i}$ a chalabhrú don tréimhse struis 12 mhí atá sainaitheanta ag an institiúid chun críocha phointe (c).
3. Chun críche na huimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh PES_t^{RC} agus $PES_t^{RC,i}$ dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2) a ríomh, déanfaidh institiúidí, i dteannta leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:
- (a) agus PES_t^{RC} , á ríomh, ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar an bhfothacar de shuíomhanna fachtóra riosca insamhaltaithe sa phunann dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3;
 - (b) agus $PES_t^{RC,i}$, á ríomh, ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar an bhfothacar de shuíomhanna fachtóra riosca insamhaltaithe sa phunann dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3;
 - (c) calabrófar na hionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo

a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí riosca insamhaltaithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) do na sonraí stairiúla ón tréimhse 12mhí roimhe sin. Déanfar na sonraí sin a uasdátú ar bhonn míosúil ar a laghad.

4. Chun críche na huimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh PES_t^{FC} agus $PES_t^{FC,i}$ dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2) a ríomh, déanfaidh institiúidí, i dteannta leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:
 - (a) agus PES_t^{FC} , á ríomh, déanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ar na suíomhanna fachtóra riosca insamhaltaithe go léir sa phunann;
 - (b) agus $PES_t^{FC,i}$, á ríomh, déanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ar fhachtóirí riosca insamhaltaithe suíomhanna sa phunann, ar mapáladh iad ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan *i* i gcomhréir le hAirteagal 325be;
 - (c) calabrófar na hionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí riosca insamhaltaithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) do na sonraí stairiúla ón tréimhse 12 mhí roimhe sin. Déanfar na sonraí sin a uasdátú ar bhonn míosúil ar a laghad. I gcás ina mbíonn borradh suntasach i luaineacht praghsanna líon ábhartha fachtóirí riosca insamhaltaithe i bpunann institiúide nach bhfuil i bhfothacar na rioscaí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 féadfaidh údaráis inniúla ceanglas a chur ar institiúid sonraí stairiúla ó thréimhse ar giorra ná na 12 mhí roimhe sin í a úsáid, ach ní bheidh tréimhse níos giorra den chineál sin níos giorra ná an tréimhse 6 mhí roimhe sin. Tabharfaidh údaráis inniúla fógra d'ÚBE maidir le cinneadh ar bith lena gcuirtear ceanglas ar institiúid sonraí stairiúla ó thréimhse ar giorra ná 12 mhí í a úsáid agus bunús a chur leis sin.
5. Nuair a ríomhfar uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh ar leith dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), ríomhfaidh institiúidí luachanna na bhfachtóirí riosca insamhaltaithe nach bhfuil de cheanglas orthu i míreanna 2, 3 agus 4 cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm orthu maidir leis an uimhir easnaimh ionchasaigh pháirtigh sin.
6. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1, féadfaidh institiúidí a chinneadh na huimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh $PES_t^{RS,i}$, $PES_t^{RC,i}$ agus $PES_t^{FC,i}$ a ríomh ar bhonn seachtainiúil.

Airteagal 325be
Tréimhsí leachtachta

1. Déanfaidh institiúidí gach fachtóir riosca suíomhanna a sannadh do dheasca trádála ar tugadh dóibh an cead ina leith dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1) nó atá i mbéal an cead sin a fháil do cheann de na catagóirí riosca leathana arna liostú i dTábla 2, agus do cheann de na fochatagóirí fachtóirí riosca leathana arna liostú sa Tábla sin.

2. Is éard a bheidh i dtréimhse leachtachta fachtóra riosca de chuid na suíomhanna dá dtagraítear i mír 1 tréimhse leachtachta na bhfochatagóirí fachtóra riosca leathana ar ar mapáladh í.
3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúid, maidir le deasc trádála ar leith, ceann amháin de thréimhsí leachtachta fochatagóire riosca leathain arna liostú i dTábla 1 a chur in ionad thréimhse leachtachta fochatagóire riosca leathain arna liostú i dTábla 2. I gcás ina ndéanann institiúid an cinneadh sin, beidh feidhm ag an tréimhse leachtachta níos faide ar fhachtóirí riosca insamhaltaithe uile na suíomhanna a sannadh don deasc trádála sin arna mapáil ar an bhfochatagóir riosca leathan chun críche na huimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 325bd(1).

Cuirfidh institiúid fógra chuig na húdaráis inniúla faoi na deasca trádála agus na fochatagóirí riosca leathana maidir lena gcinneann sí an láimhseáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm.

4. Maidir leis na huimhreacha easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 325bd(1), déanfar tréimhse leachtachta éifeachtach 'EffectiveLH' fachtóra riosca insamhaltaithe ar leith i suíomh leabhair trádála a ríomh mar a leanas:

$$EffectiveLH = \begin{cases} SubCatLH & \text{if } Mat > LH_6 \\ \min \left(SubCatLH, \min_j \{LH_j / LH_j \geq Mat\} \right) & \text{if } LH_1 \leq Mat \leq LH_6 \\ LH_1 & \text{if } Mat < LH_1 \end{cases}$$

nuair a:

Mat = aibíocht shuíomh an leabhair trádála;

SubCatLH = fad tréimhse leachtachta an fhachtóra riosca insamhaltaithe arna chinneadh i gcomhréir le mír 1;

$\min_j \{LH_j / LH_j \geq Mat\}$ = fad ceann amháin de na tréimhsí leachtachta a liostaítear i dTábla ... arb é an ceann is gaire os cionn aibíocht an tsuímh leabhair trádála.

5. Áireofar airgeadraí atá comhdhéanta den Euro agus d'airgeadra Ballstáit atá gníomhach sa dara céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta i bhfochatagóir na bpéirí airgeadra is leachtaí sa chatagóir fachtóra riosca malairte eachtraí de chuid Thábla 2.
6. Fíoróidh institiúid chomh hiomchuí is atá an mhapáil dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn míosúil ar a laghad.

7. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú níos mionsonraithe:

- (a) an chaoi ina ndéanfaidh institiúidí suíomhanna leabhair trádála a mhapáil ar chatagóirí fachtóra riosca leathana chun críche mhír 1.
- (b) na hairgeadraí lena gcomhdhéantar fochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí sa chatagóir fachtóra riosca ráta úis leathan de chuid Thábla 2.
- (c) na péirí airgeadraí lena gcomhdhéantar fochatagóir na bpéirí airgeadraí is leachtaí sa chatagóir fachtóra riosca malairte eachtraí leathan de chuid Thábla 2.
- (d) sainmhíniú ar chaipitliú beag agus caipitliú mór i gcomhair an fhochatagóir luaineachta agus praghas gnáthscaireanna sa chatagóir fachtóra riosca gnáthscaireanna leathan de chuid Thábla 2;

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin [laistigh de shé mhí tar éis tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Tábla 2

Catagóirí fachtóra riosca leathana	Fochatagóirí fachtóra riosca leathana	Tréimhsí leachtachta	Fad na tréimhse leachtachta (i laethanta)
Ráta Úis	Airgeadraí is leachtaí agus airgeadra náisiúnta	1	10
	Airgeadraí eile (gan na hairgeadraí is leachtaí a chur san áireamh)	2	20
	Luaineacht	4	60
	Cineálacha eile	4	60
Raon difríochta creidmheasa	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, Bhallstát an Aontais	2	20
	Bannaí faoi chumhdach arna eisiúint ag institiúidí creidmheasa i mBallstáit den Aontas (Grád Infheistíochta)	2	20

	Flaithiúnas (Grád Infheistíochta)	2	20
	Flaithiúnas (Ard Toraidh)	3	40
	Corparáideach (Grád Infheistíochta)	3	40
	Corparáideach (Ard Toraidh)	4	60
	Luaineacht	5	120
	Cineálacha eile	5	120
Gnáthscaireanna	Praghas gnáthscaireanna (Caipitliú mór)	1	10
	Praghas gnáthscaireanna (Caipitliú beag)	2	20
	Luaineacht (Caipitliú mór)	2	20
	Luaineacht (Caipitliú mór)	4	60
	Cineálacha eile	4	60
Malairt Eachtrach	Péirí airgeadraí is leachtaí	1	10
	Péirí airgeadraí eile (gan na hairgeadraí is leachtaí a chur san áireamh)	2	20
	Luaineacht	3	40
	Cineálacha eile	3	40
Tráchtearra;	Praghas fuinnimh agus praghas astaíochtaí carbóin	2	20
	Praghas miotail lómhair agus praghas miotail neamhfheiriúil	2	20
	Praghsanna tráchtearraí eile (seachas praghas fuinnimh, praghas astaíochtaí fuinnimh, praghas miotail lómhair agus praghas miotail neamhfheiriúil)	4	60
	Luaineacht fuinnimh agus praghas astaíochtaí carbóin	4	60
	Luaineacht miotail lómhair agus	4	60

	praghas miotail neamhfheiriúil		
	Luaineachtaí tráchtearraí eile (seachas luaineacht fuinnimh, luaineacht astaíochtaí fuinnimh, luaineacht miotail lómhair agus luaineacht miotail neamhfheiriúil)	5	120
	Cineálacha eile	5	120

Airteagal 325bf

Insamhaltaitheacht fachtóirí riosca a mheasúnú

- Déanfaidh institiúidí measúnú, ar bhonn míosúil, ar insamhaltaitheacht fachtóirí riosca uile na suíomhanna a sannadh do dheasca trádála ar tugadh dóibh an cead ina leith dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1) nó atá i mbéal an cead sin a fháil.
- Measfaidh institiúid fachtóir riosca suímh leabhair trádála a bheith insamhaltaithe i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile a leanas:
 - shainaithin an institiúid 24 praghas infhíoraithe ar a laghad ina raibh an fachtóir riosca sin sa tréimhse 12 mhí roimhe sin;
 - tá níos mó ná aon mhí amháin idir dátaí a rinneadh dhá bhreathnú as a chéile ar phraghsanna infhíoraithe arna sainaithint ag an institiúid i gcomhréir le pointe(a);
 - tá gaol soiléir dealraitheach idir luach an fhachtóra riosca agus gach praghas infhíoraithe arna shainaithint ag an institiúid i gcomhréir le pointe (a).
- Chun críocha mhír 2, ciallaíonn praghas infhíoraithe aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - praghas ar an margadh idirbhirt iarbhír ar a raibh an institiúid ina ceann de na páirtithe;
 - praghas ar an margadh idirbhirt iarbhír arna ndéanamh ag tríú páirtithe agus a bhfuil a praghas agus an dáta trádála ar fáil go poiblí nó curtha ar fáil ag tríú páirtí;
 - an praghas a fuarthas ó thairiscint thiomanta arna cur ar fáil ag tríú páirtí.
- Chun críocha phointe(a) agus phointe (b) de mhír 3, féadfaidh institiúidí praghas nó tairiscint thiomanta arna chur ar fáil ag tríú páirtí a mheas mar phraghas infhíoraithe, ar choinníoll go gcomhaontaíonn an tríú páirtí fianaise maidir leis an idirbheart nó tairiscint thiomanta chuig údaráis inniúla a sholáthar arna iarraidh sin.
- Féadfaidh institiúid praghas infhíoraithe a shainaithint chun críche phointe (a) de mhír 2 maidir le breis agus fachtóir amháin.

6. Féadfaidh institiúidí a mheas gur fachtóirí insamhaltaithe fachtóirí riosca a dhíorthaítear ó theaghlaim d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe.
7. I gcás ina measann institiúid go bhfuil fachtóir riosca insamhaltaithe i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an institiúid sonraí eile a úsáid seachas na praghsanna infhíoraithe a d'úsáid sí lena chruthú go bhfuil an fachtóir riosca insamhaltaithe i gcomhréir le mír 2 chun cásanna de shuaitheadh amach anseo a ríomh arna gcur i bhfeidhm ar an bhfachtóir riosca sin chun críche an t-easnamh ionchasach páirteach dá dtagraítear in Airteagal 365a ríomh a fhad agus a chomhlíonann ionchuir sonraí na ceanglais ábhartha a leagtar síos in Airteagal 325bd.
8. Measfaidh institiúid gur fachtóir neamh-insamhaltaithe fachtóir nach gcomhlíonann na coinníollacha go léir a leagtar amach i mír 2 agus ríomhfaidh sí an ceanglas cistí dílse don fachtóir sin i gcomhréir le hAirteagal 325bl.
9. Féadfaidh institiúidí a mheas gur fachtóirí neamh-insamhaltaithe fachtóirí riosca a dhíorthaítear ó theaghlaim d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe agus neamh-insamhaltaithe.
10. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údarais inniúla ceadú d'institiúid a mheas gur fachtóir riosca neamh-insamhaltaithe fachtóir riosca a chomhlíonann na coinníollacha i mír 2 ar feadh tréimhse is lú ná bliain amháin.

Airteagal 325bg

Ceanglais iarthástála rialála agus fachtóirí iolrúcháin

1. Maidir le dáta ar leith, comhlíonann deasc trádála institiúide na ceanglais iarthástála dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1) i gcás nach sáraíonn an líon róluaineachtaí dá dtagraítear i mír 2 don deasc trádála sin a tharla thar thréimhse na 250 lá gnó is déanaí, nach sáraíonn siad aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (a) 12 róluaineacht don uimhir luacha faoi riosca, arna ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 99^ú peircintíl ar bhonn athruithe hipitéiseacha ar luach na punainne a iarthástáil;
 - (b) 12 róluaineacht don uimhir luacha faoi riosca, arna ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 99^ú peircintíl ar bhonn athruithe hipitéiseacha ar luach na punainne a iarthástáil;
 - (c) 30 róluaineacht don uimhir luacha faoi riosca, arna ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 97,5^ú peircintíl ar bhonn athruithe hipitéiseacha ar luach na punainne a iarthástáil;
 - (d) 30 róluaineacht don uimhir luacha faoi riosca, arna ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 97,5^ú peircintíl ar bhonn athruithe hipitéiseacha ar luach na punainne a iarthástáil;

2. Chun críche mhír 1, comhairfidh institiúidí róluaineachtaí laethúla ar bhonn athruithe iarbhír agus hipitéiseacha iarthástála ar luach na punainne atá comhdhéanta ar na suíomhanna go léir a sannadh don deasc trádála. Ciallóidh róluaineacht athrú aon lae i luach na punainne sin a sháraíonn an uimhir luacha faoi riosca gaolmhar arna ríomh ag samhail inmheánach na hinstitiúide i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:
 - (e) tréimhse shealbhaíochta aon lae;
 - (f) beidh feidhm ag cásanna suaití amach anseo maidir le fachtóirí riosca shuíomhanna na deasca trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bh(3) agus measfar iad a bheith insamhaltaithe i gcomhréir le hAirteagal 325bf;
 - (g) calabrófar ionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí riosca insamhaltaithe do na sonraí stairiúla ón tréimhse 12 mhí roimhe sin. Déanfar na sonraí sin a uasdátú ar bhonn míosúil ar a laghad.
 - (h) mura luafar a mhalairt san Airteagal seo, bunófar samhail inmheánach na hinstitiúide ar na toimhdí samhaltaithe céanna a úsáidtear chun an beart riosca easnaimh ionchasaigh a ríomh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325bb(1);
3. Comhairfidh institiúidí na róluaineachtaí aon lae dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
 - (a) beidh iarthástáil ar athruithe hipitéiseacha i luach na punainne bunaithe ar chomparáid idir luach deiridh lae na punainne agus, ag glacadh leis nach bhfuil athruithe ar shuíomhanna, is é sin a luach ag deireadh an lae dar gcionn.
 - (b) Beidh iarthástáil ar athruithe iarbhír i luach na punainne bunaithe ar chomparáid idir luach deiridh lae na punainne agus a luach iarbhír ag deireadh an lae dar gcionn cé is moite de tháillí, de choimisiúin, agus de ghlanioncam úis.
 - (c) comhairfear róluaineacht gach lá nach bhfuil an institiúid in ann luach na punainne a mheasúnú nó an uimhir luacha-faoi-riosca dá dtagraítear i mír 1 a ríomh;
4. Ríomhfaidh institiúid, i gcomhréir le mír 5 agus mír 6 an fachtóir iolrúcháin (m_c) dá dtagraítear in Airteagal 325bb do phunann na suíomhanna go léir a sannadh do dheasca trádála ar tugadh an cead dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1) di ina leith. Déanfar an ríomh sin a uasdátú ar bhonn míosúil ar a laghad.
5. Is éard a bheidh san fhachtóir iolrúcháin (m_c) lánsuim luacha 1,5 móide forlíontán idir 0 agus 0,5 i gcomhréir le Tábla 3. Maidir leis an bpunann dá dtagraítear i mír 4 ríomhfar an forlíontán faoi líon na róluaineachtaí i leith an 250 lá gnó is déanaí arna bhfianú le hiarthástáil ar an uimhir luacha faoi riosca a ríomhfar i gcomhréir le

pointe (a) den mhír seo i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- (a) ciallóidh róluaineacht athrú aon lae i luach na punainne a sháraíonn an uimhir luacha faoi riosca gaolmhar arna ríomh ag samhail inmheánach na hinstitiúide i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
 - (i) tréimhse shealbhaíochta aon lae;
 - (ii) eatramh muiníne aonfhoircneach 99^ú peircintíl;
 - (iii) beidh feidhm ag suaití amach anseo maidir le fachtóirí riosca shuíomhanna na ndeasc trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bh(3) agus measfar iad a bheith insamhaltaithe i gcomhréir le hAirteagal 325bf;
 - (iv) calabrófar ionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí riosca insamhaltaithe do na sonraí stairiúla ón tréimhse 12mhí roimhe sin. Déanfar na sonraí sin a uasdátú ar bhonn míosúil ar a laghad;
 - (v) mura luafar a mhalairt san Airteagal seo, bunófar samhail inmheánach na hinstitiúide ar na toimhdí samhaltaithe céanna a úsáidtear chun an beart riosca easnaimh ionchasaigh a ríomh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325bb(1);
- (b) Beidh líon na róluaineachtaí cothrom leis an líon is airde de na róluaineachtaí faoi athruithe hipitéiseacha agus iarbhír i luach na punainne;
- (c) agus róluaineachtaí laethúla á gcomhaireamh, cuirfidh institiúidí na forálacha a leagtar amach i mír 3 a chur i bhfeidhm.

Tábla 3

Líon na róluaineachtaí	Forlíontán
Níos lú ná 5	0,00
5	0,20
6	0,26
7	0,33
8	0,38
9	0,42
Os cionn 9	0,50

6. Féadfaidh údaráis inniúla teorainn a chur leis an bhforlíontán go dtí an forlíontán a

thig ó róluaineachtaí faoi athruithe iarthástála hipitéiseacha, nuair nach dtagann líon na róluaineachtaí faoi athruithe iarthástála iarbhair ó easpa sa tsamhail inmheánach.

7. Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar chomh hiomchuí is atá an fachtóir iolrúcháin dá dtagraítear i mír 4 nó ar an dóigh a gcomhlíonann deasc trádála na ceanglais iarthástála dá dtagraítear i mír 1. Tabharfaidh institiúidí fógra gan mhoill, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná cúig lá oibre tar éis do róluaineacht tarlú, do na húdaráis inniúla faoi róluaineachtaí a thagann as a gclár iarthástála agus tabharfaidh siad míniú ar na luaineachtaí sin.
8. De bhun maolú ar mhíreanna 2 go 6, féadfaidh údaráis inniúla ceadú d'institiúid gan róluaineacht a chur san áireamh i gcás ina bhfuil athrú aon lae ina punann a sháraíonn an uimhir luacha-faoi-riosca arna ríomh ag samhail inmheánach na hinstitiúide insannta d'fhachtóir riosca insamhaltaithe. Chun an méid sin a chur i gcrích, léireoidh an institiúid do na húdaráis inniúla an chúis gurb airde an beart riosca cáis struis arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bl ná an difríocht dheimhneach idir luach punainne na hinstitiúide agus an uimhir luacha-faoi-riosca ghaolmhar.
9. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn chun sonrú níos sonraí a dhéanamh ar na gnéithe teicniúla a chuirfear san áireamh sna hathruithe iarbhair agus hipitéiseacha ar luach punainne institiúide chun críche an Airteagail seo.
Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin [laistigh de shé mhí tar éis tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 325bh
Ceanglais sannta brabúis agus caillteanais

1. Maidir le haon mhí ar leith, comhlíonann deasc trádála institiúide na ceanglais sannta brabúis agus caillteanais (B&C) chun críche Airteagal 325ba(1) i gcás ina gcomhlíonann an deasc trádála sin na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.
2. Áiríteofar leis an gceanglas sannta B&C go mbeidh na hathruithe teoriciúla ar luach punainne deasca trádála, bunaithe ar shamhail tomhais riosca na hinstitiúide, gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha ar an luach punainne deasca trádála, bunaithe ar shamhail phraghsála na hinstitiúide.
3. Tiocfaidh as comhlíontacht an cheanglais sannta B&C ag institiúid, maidir le gach suíomh ar dheasc trádála ar leith, liosta fachtóirí riosca cruinn a aithint a meastar a

bheith iomchuí chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais iarthástála a leagtar amach in Airteagal 325bg.

4. Forbróidh an ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn a shonrú níos mionsonraithe:

- (a) i bhfianaise forbairtí rialála idirnáisiúnta, na critéir theicniúla lena n-áirítear go bhfuil na hathruithe teoiriciúla ar luach punainne deasca trádála gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha ar luach punainne deasca trádála chun críche mhír 2;
- (b) na gnéithe teicniúla a chuirfear san áireamh sna hathruithe iarbhir agus hipitéiseacha ar luach punainne deasca trádála chun críche an Airteagail seo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin [laistigh de shé mhí tar éis tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 325bi
Ceanglais maidir le riosca a thomhas

1. Institiúidí a úsáideann samhail tomhais riosca inmheánach chun na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh dá dtagraítear in Airteagal 325bb a ríomh, áiritheoidh na hinstitiúidí sin go gcomhlíonann an tsamhail na ceanglais go léir.

- (a) gabhfar líon leordhóthanach fachtóirí riosca sa tsamhail tomhais riosca inmheánach, lena n-áireofar ar a laghad na fachtóirí dá dtagraítear i bhforoinn 1 de roinn 3 den Chaibidil 1a mura léiríonn an institiúid do na húdaráis inniúla nach ndéanann easnamh na bhfachtóirí riosca sin difear ábhartha do thorthaí an cheanglais sannta B&C dá dtagraítear in Airteagal 325bh. Beidh institiúidí in ann a mhíniú do na húdaráis inniúla an fáth a ndearna siad fachtóir riosca a ionchorprú ina samhail praghsála agus gan é a ionchorprú ina samhail tomhais riosca inmheánach.
- (b) gabhfar leis an tsamhail tomhais riosca neamhlíneachtaí maidir le céadroghanna agus táirgí eile chomh maith le riosca comhghaoil agus riosca boinn. Taispeánfaidh ionadaigh in áit fachtóirí riosca cuntas teiste maith i leith an tsuímh iarbhir arna shealbhú.
- (c) ionchorprófar leis an tsamhail tomhais riosca inmheánach sraith fachtóirí riosca a fhreagraíonn do rátaí úis gach airgeadra ina bhfuil suíomhanna lena mbaineann íogaireacht ráta úis laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ag an institiúid. Déanfaidh an institiúid na cuair toraidh a shamhaltú ag úsáid ceann de na cineálacha cur chuige a bhfuil glactha leo go ginearálta. Maidir le neamhchosaintí ábhartha ar riosca ráta úis sna hairgeadraí agus sna margáí

móra, déanfar an cuar toraidh a roinnt i sé dheighleog aibíochta ar a laghad, chun luaineachtaí rátaí feadh an chuair toraidh a ghabháil, agus beidh líon na bhfactóirí riosca a úsáidtear chun an cuar toraidh a shamhaltú comhréireach le cineál agus castacht straitéis trádála na hinstitiúide. Déanfaidh an tsamhail riosca luaineachtaí nach bhfuil comhghaolaithe go foirfe idir cuair toraidh dhifriúla a ghabháil.

- (d) ionchorprófar leis an tsamhail tomhais riosca inmheánach a fhreagraíonn d'ór agus do na hairgeadraí eachtracha aonair ina bhfuil suíomhanna na hinstitiúide ainmnithe. I gcás GCanna cuirfear suíomhanna iarbhír maidir le hairgeadra eachtrach an GC san áireamh. Féadfaidh institiúidí dul i muinín tuairisciú tríú páirtí ar shuíomh an GC in airgeadra eachtrach i gcás ina bhfuil cruinneas na tuairisce sin áirithithe go leormhaith. Déarfar suíomhanna malairte eachtraí GC nach eol d'institiúid de réir chur chuige na samhlacha inmheánacha agus a láimhseáil i gcomhréir le Caibidil 1a den Teideal seo;
- (e) úsáidfídh an tsamhail tomhais riosca inmheánach factóir riosca ar leithligh maidir le gach margadh gnáthscaireanna ar a laghad ina sealbhaíonn an institiúid suíomhanna suntasacha; Beidh sofaisticiúlacht na teicnící samhaltaithe coibhéiseach le hábharthacht ghníomhaíochtaí na hinstitiúide ar na margáí gnáthscaireanna. Ionchorpróidh an tsamhail factóir riosca amháin ar a laghad lena ngabfar gluaiseachtaí i bpraghsanna gnáthscaireanna agus spleáchas an fhachtóra riosca sin ar na factóirí riosca aonair maidir le gach margadh gnáthscaireanna. Maidir le neamhchosaintí ábhartha ar mhargáí gnáthscaireanna, ionchorprófar sa tsamhail factóir riosca neamhghnách amháin ar a laghad i gcomhair gach neamhchosaint gnáthscaireanna.
- (f) úsáidfídh an tsamhail tomhais-riosca inmheánach factóir riosca ar leithligh maidir le gach tráchtearra ar a laghad ina sealbhaíonn an institiúid suíomhanna suntasacha mura bhfuil suíomh tráchtearraí comhiomlánaithe beag ag an institiúid i gcomparáid lena gníomhaíochtaí trádála go léir agus sa chás sin beidh factóir riosca ar leithligh inghlactha maidir le gach cineál tráchtearra. Maidir le neamhchosaintí ábhartha ar mhargáí tráchtearraí, déanfar a ghabháil leis an tsamhail an riosca a bhaineann le gluaiseachtaí nach bhfuil comhghaolaithe ar bhealach iomlán foirfe idir tráchtearraí atá cosúil ach nach bhfuil comhionann, an neamhchosaint ar athruithe i réamhphraghsanna a thagann as mímhaitseálacha aibíochta agus an toradh caoithiúlachta idir suíomhanna díorthach agus suíomhanna airgid thirim.
- (g) Beidh na hionadaigh coimeádach go hiomchuí agus ní úsáidfear iad ach amháin i gcás ina mbeidh na sonraí atá ar fáil neamhleor, agus le linn an tréimhse struis.
- (h) maidir le neamhchosaintí ar rioscaí luaineachta in ionstraimí ina bhfuil roghnaíocht, déanfar a ghabháil leis an tsamhail tomhais riosca inmheánach spleáchas luaineachtaí intuigthe i bpraghsanna feidhmithe agus aibíochtaí céadroghanna.

2. Féadfaidh institiúidí úsáid a bhaint as comhghaolta eimpíreacha laistigh de chatagóirí leathana fachtóirí riosca agus, ar mhaithe leis an mbeart easnaimh neamhiailithe a bhfuiltear ag súil leis UES_t a ríomh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 325bc(1), thar chatagóirí leathana fachtóirí riosca sa chás go bhfuil cur chuige na hinstitiúide chun na comhghaolta sin a thomhas fóna, i gcomhréir leis na tréimhsí leachtachta is infheidhme agus curtha chun feidhme go hionraic, agus sa chás sin amháin.

Airteagal 325bj
Ceanglais cháilíochtúla

1. Beidh aon samhail inmheánach tomhais riosca arna húsáid chun críocha na Caibidle seo fóna ar bhonn coincheapúil agus curtha chun feidhme go hionraic agus comhlíonfar léi na ceanglais cháilíochtúla uile a leanas:
- (a) aon samhail inmheánach tomhais riosca a úsáidfear chun ceanglais chaipitil a ríomh le haghaidh riosca margaidh, beidh sí comhtháite go dlúth le próiseas laethúil bainistithe riosca na hinstitiúide agus úsáidfear í mar bhonn chun neamhchosaint ar riosca a thuairisciú don bhainistíocht shinsearach;
 - (b) beidh aonad rialaithe riosca atá neamhspleách ar aonaid trádála gnó ag institiúid agus tuairisceoidh an t-aonad go díreach chun na bainistíochta sinsearaí. Beidh an t-aonad sin freagrach as aon samhail inmheánach tomhais riosca a cheapadh agus a chur chun feidhme. Déanfar bailíochtú tosaigh agus leanúnach san aonad sin ar aon samhail inmheánach arna húsáid chun críocha na Caibidle seo agus beidh sé freagrach as an gcóras foriomlán bainistíochta riosca. San aonad sin, ullmhófar tuairiscí laethúla agus déanfar anailís orthu maidir le haschur aon samhla inmheánaí arna húsáid chun ceanglais chaipitil a ríomh le haghaidh riosca margaidh, agus maidir le hoiriúnacht na mbeart a bheidh le déanamh i dtéarmaí teorainneacha trádála;
 - (c) beidh comhlacht bainistíochta agus bainistíocht shinsearach na hinstitiúide rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas rialaithe riosca agus déanfar athbhreithniú ar na tuairiscí laethúla arna ndéanamh ag an aonad rialaithe riosca ar leibhéal bainistíochta a mbeidh údarás leordhóthanach aige chun laghduithe ar shuímh arna nglacadh ag trádálaithe aonair agus laghduithe ar neamhchosaint fhoriomlán na hinstitiúide ar riosca a fhorfheidhmiú;
 - (d) beidh líon foirne leordhóthanach ag an institiúid a bhfuil na scileanna atá acu ar leibhéal is iomchuí maidir le sofaisticiúlacht aon cheann de na samhlacha inmheánacha tomhais riosca a úsáidfear, agus beidh siad oilte sna réimsí trádála, rialaithe riosca, iniúchta agus cúloifige;
 - (e) beidh tacar doiciméadaithe de bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm ag an institiúid chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú foriomlán a samhlacha inmheánacha tomhais riosca agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar iad

- (f) beidh cuntas teiste cruthaithe maidir le cruinneas réasúnach i rioscaí a thomhas ag aon samhail inmheánach tomhais riosca;
- (g) déanfaidh an institiúid dianchlár tástála struis go minic, lena n-áirítear tástálacha struis droim ar ais, lena gcuimseofar aon samhail inmheánach tomhais riosca. Déanfaidh an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar thorthaí na dtástálacha sin ar bhonn míosa ar a laghad agus beidh na torthaí i gcomhréir leis na beartais agus na teorainneacha atá faofa ag comhlacht bainistíochta na hinstitiúide. Déanfaidh an institiúid bearta iomchuí i gcás ina léireoidh torthaí na dtástálacha struis caillteanais iomarcacha a eascróidh as gnó na hinstitiúide maidir le trádáil faoi imthosca áirithe;
- (h) déanfaidh an institiúid athbhreithniú neamhspleách ar aon samhlacha inmheánacha tomhais riosca, mar chuid dá próisis iniúchóireachta inmheánaí rialta, nó trí shainordú a thabhairt do ghnóthas tríú páirtí an t-athbhreithniú sin a dhéanamh, chun sástacht na n-údarás inniúil.

Chun críche phointe (h), is gnóthas tríú páirtí é gnóthas a chuireann seirbhísí iniúchóireachta nó seirbhísí comhairliúcháin ar fáil d'institiúidí agus a bhfuil líon foirne aige a bhfuil a ndóthain scileanna acu sa réimse a bhaineann le rioscaí margaidh i ngníomhaíochtaí trádála.

2. Áireofar san athbhreithniú dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 1 gníomhaíochtaí na n-aonad trádála gnó mar aon le gníomhaíochtaí an aonaid neamhspleách rialaithe riosca. Déanfaidh an institiúid athbhreithniú ar a próiseas foriomlán bainistithe riosca ar a laghad uair amháin sa bhliain. Déanfar measúnú ar na nithe seo a leanas san athbhreithniú:

- (a) leordhóthanacht dhoiciméadú an chórais agus an phróisis bainistíochta riosca agus eagrúchán an aonaid rialaithe riosca;
- (b) bearta riosca a chomhtháthú leis an mbainistíocht riosca laethúil agus sláine an chórais faisnéise bainistíochta;
- (c) na próisis atá in úsáid ag an institiúid chun samhlacha praghsála riosca agus córais luachála atá in úsáid ag pearsanra na hoifige tosaigh agus na cúloifige a fhaomhadh;
- (d) raon feidhme na rioscaí arna ngabháil ag an tsamhail, cruinneas agus oiriúnacht an chórais tomhais riosca agus bailíochtú aon athruithe suntasacha ar an tsamhail inmheánach tomhais riosca;
- (e) beachtas agus iomláine na sonraí suímh, beachtas agus oiriúnacht na dtoimhdí luaineachta agus comhghaoil, beachtas na ríomhanna luachála agus íogaireachta maidir le riosca agus beachtas agus oiriúnacht maidir le soláthar ionadach sonraí sa chás nach leor na sonraí atá ar fáil chun an ceanglas a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhlíonadh;

- (f) an próiseas fíoraithe atá in úsáid ag an institiúid chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht, ar thráthúlacht agus ar iontaofacht na bhfoinsí sonraí a úsáidtear chun aon cheann dá samhlacha inmheánacha tomhais riosca a rith, lena n-áirítear neamhspleáchas na bhfoinsí sonraí sin;
 - (g) an próiseas fíoraithe atá in úsáid ag an institiúid chun meastóireacht a dhéanamh ar cheanglais chúltástála agus ar cheanglais aitreabúideachta brabúis agus caillteanais a dhéantar chun measúnú a dhéanamh ar bheachtas na samhla inmheánaí tomhais riosca.
 - (h) i gcás go ndéanann gnóthas tríú páirtí an t-athbhreithniú i gcomhréir le pointe (h) de mhír 1, comhlíonann an fíorú a leagtar amach leis an bpróiseas bailíochtaithe inmheánach in Airteagal 325bk a chuspóirí.
3. Déanfaidh institiúidí nuashonrú ar na teicnící agus ar na cleachtais a úsáideann siad le haghaidh aon cheann de na samhlacha inmheánacha tomhais riosca arna n-úsáid chun críocha na Caibidle seo i gcomhréir leis na forbairtí a dhéantar ar theicnící nua agus ar dhea-chleachtais nua i dtaca leis na samhlacha inmheánacha tomhais riosca sin.

Airteagal 325bk
Bailíochtú Inmheánach

- 1. Beidh próisis ar bun ag institiúidí lena áirithiú go ndearna páirtithe atá cáilithe go cuí agus atá neamhspleách ar an bpróiseas forbartha, bailíochtú leordhóthanach ar aon samhail inmheánach tomhais riosca arna húsáid chun críocha na Caibidle seo lena áirithiú go bhfuil na samhlacha sin fóna ar bhonn coincheapúil agus go ngabhtar leo go leordhóthanach na rioscaí ábhartha uile.
- 2. Déanfaidh na h-institiúidí an bailíochtú dá dtagraítear i mír 1 sna cúinsí seo a leanas:
 - (a) nuair a dhéanfar aon samhail inmheánach tomhais riosca a fhorbairt i dtosach agus nuair a dhéanfar aon athruithe suntasacha ar an tsamhail sin;
 - (b) déanfar an bailíochtú freisin ar bhonn tráthúil agus go háirithe i gcás ina mbeidh aon athruithe struchtúracha suntasacha sa mhargadh nó athruithe i gcomhdhéanamh na punainne a d'fhágfadh nach mbeadh an tsamhail inmheánach tomhais riosca leordhóthanach a thuilleadh.
- 3. Ní bheidh bailíochtú ar aon samhail inmheánach tomhais riosca a bhaineann le h-institiúid teoranta do chúltástáil agus do cheanglais aitreabúideachta brabúis agus caillteanais, ach áireofar ar a laghad iad seo a leanas mar chuid de:
 - (a) tástálacha lena fhíorú gur iomchuí aon toimhdí a dhéanfar laistigh den samhail inmheánach agus nach ndéanfar leo ganmheastachán nó rómheastachán ar an riosca;

- (b) tástálacha bailíochtaithe na n-institiúidí féin ar an tsamhail inmheánach, lena n-áirítear cúltástáil mar aon leis na cláir chúltástála rialála, maidir le rioscaí agus struchtúir a bpunann;
- (c) úsáid a bhaint as punanna hipitéiseacha lena áirithiú gur féidir cuntas a thabhairt leis an tsamhail inmheánach ar ghnéithe struchtúracha ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn, mar shampla rioscaí ábhartha boinn agus riosca comhchruinnithe nó na rioscaí a bhaineann leis an úsáid a bhaintear as ionadaigh.

Airteagal 325bl

Beart riosca maidir le cás struis a ríomh

1. Ag tráth t , ríomhfaidh institiúid an beart riosca maidir le cás struis le haghaidh fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe uile na suíomhanna leabhair trádála i bpunann ar leith mar seo a leanas:

$$SS_t = \sqrt{\sum_m ICSS_t^m(t)} + \sum_l SS_t^l(t)$$

Sa chás:

m = an t-innéacs a chuireann in iúl fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe uile na

suíomhanna sa phunann ar riosca neamhghnách iad arna mapáil ar chatagóir leathan fhachtóirí riosca um raon difríochta creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 325be(1) agus arna léiriú ag an institiúid, chun sástacht na n-údarás inniúil, nach bhfuil aon chomhchoibhneas idir na fhachtóirí riosca sin;

1 = an t-innéacs a chuireann in iúl fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe uile na suíomhanna sa phunann seachas iad siúd a chuirtear in iúl leis an innéacs ‘ m ’;

$ICSS_t^m$ = an beart riosca maidir le cás struis, arna chinneadh i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 den fhachtóir riosca neamh-insamhaltaithe ‘ m ’;

SS_t^l = an beart riosca maidir le cás struis, arna chinneadh i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 den fhachtóir riosca neamh-insamhaltaithe ‘ l ’;

2. Ciallaíonn an beart riosca maidir le cás struis d’fhachtóir riosca neamh-insamhaltaithe an caillteanas a thabhaítear i suíomhanna leabhair trádála uile na punainne lena n-áirítear an fhachtóir riosca neamh-insamhaltaithe sin sa chás ina gcuirtear dianchás de shuaitheadh amach anseo i bhfeidhm maidir leis an bhfachtóir riosca sin.
3. Cinnfidh institiúidí chun sástacht na n-údarás inniúil dianchásanna de shuaitheadh

amach anseo le haghaidh na bhfachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe uile.

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe:

- (d) conas a chinneadh institiúidí an dianchás de shuaitheadh amach anseo is infheidhme maidir le fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe agus conas a chuirfidh siad an dianchás de shuaitheadh amach anseo i bhfeidhm maidir leis na fachtóirí riosca sin;
- (e) dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo le haghaidh gach fochatagóir leathan fachtóirí riosca a liostaítear i dTábla 2 d'Airteagal 325be a bhféadfaidh institiúidí a úsáid nuair nach féidir leo dianchás de shuaitheadh amach anseo a chinneadh i gcomhréir le pointe (a), nó a bhféadfaidh údaráis inniúla iarraidh ar an institiúid a chur i bhfeidhm nuair nach bhfuil na húdaráis sin sásta leis an dianchás de shuaitheadh amach anseo arna chinneadh ag an institiúid.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt, cuirfidh ÚBE san áireamh go mbeidh leibhéal na gceanglas maidir le cistí dílse le haghaidh riosca margaidh an fhachtóra riosca neamh-insamhaltaithe de réir mar a leagtar síos san Airteagal seo, go mbeidh sé chomh hard le leibhéal na gceanglas le haghaidh rioscaí margaidh a dhéanfaí a ríomh faoin gCaibidil dá bhféadfaí an fachtóir riosca sin a shamhaltú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tarmilgítear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

ROINN 2

AN tSAMHAIL INMHEÁNACH I GCOMHAIR RIOSCA MAINNEACHTANA

Airteagal 325bm

Raon feidhme na samhla inmheánaí i gcomhair riosca mainneachtana

5. Beidh suíomhanna uile na hinstitiúide a shannfar do dheasca trádála a dtabharfar an cead don institiúid dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1) faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana i gcás ina bhfuil ar a laghad fachtóir riosca amháin sna suíomhanna a ndéanfar a mhapáil ar 'ghnáthscaireanna' nó ar 'raon difríochta creidmheasa' na gcatagóirí leathana riosca i gcomhréir le hAirteagal 325be(1). Déanfar an ceanglas sin maidir le cistí dílse, ar ceanglas maidir le cistí dílse é atá incriminteach ar na rioscaí arna ngabháil leis na ceanglais maidir le cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1), a ríomh le samhail inmheánach i gcomhair riosca

mainneachtana na hinstitiúide a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar síos sa Roinn seo.

6. Beidh baint ag eisiúnaí amháin ionstraimí fiachais intrádála nó ionstraimí gnáthscaireanna le fachtóir riosca amháin ar a laghad le haghaidh gach ceann de na suíomhanna dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 325bn

Cead samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana a úsáid

1. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead d'institiúidí úsáid a bhaint as samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana chun ríomh a dhéanamh ar na ceanglais maidir le cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 325bb(2) le haghaidh na suíomhanna leabhair trádála uile dá dtagraítear in Airteagal 325bm a shanntar do dheasc trádála ar leith ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana Airteagail 325bo, 325bp, 325bq 325bj agus 325bk i gcás na deisce trádála sin.
2. Eiseoidh ÚBE treoirlínte maidir le ceanglais Airteagal 325bo, Airteagal 325bp agus Airteagal 325bq faoin [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. I gcás nach gcomhlíonfaidh deasc trádála institiúide, dá sanntar ar a laghad ceann amháin de na suíomhanna leabhair trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bm, na ceanglais a leagtar amach i mír 1, déanfar na ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí margaidh na suíomhanna uile sa deasc trádála sin a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a.

Airteagal 325bo

Ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana trí úsáid a bhaint as samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana

1. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana a ríomh trí úsáid a bhaint as samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana do phunann na suíomhanna uile dá dtagraítear in Airteagal 325bm mar seo a leanas:
 - (a) beidh na ceanglais cistí dílse cothrom le huimhir luacha faoi riosca lena ndéanfar tomhas ar chaillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann i luach margaidh na punainne mar thoradh ar mhainneachtain eisiúnaithe a bhaineann leis na suíomhanna sin ag an eatramh muiníne 99,9% thar thréimhse ionchasach bliana;
 - (b) ciallaíonn an caillteanas a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtagraítear i bpointe (a) caillteanas díreach nó indíreach i luach margaidh an tsuímh mar thoradh ar mhainneachtain na n-eisiúnaithe agus ar caillteanas incriminteach é ar aon chaillteanais a chuirfear san áireamh roimhe sin i luacháil reatha an tsuímh. Déanfar mainneachtain eisiúnaithe na suíomhanna gnáthscaireanna a léiriú trí

thitim praghsanna gnáthscaireanna na n-eisiúnaithe go nialas;

- (c) cinnfidh institiúidí na comhghaolta mainneachtana idir eisiúnaithe éagsúla bunaithe ar mhodheolaíocht atá fóna ar bhonn coincheapúil agus trí úsáid a bhaint as sonraí stairiúla oibiachtúla raonta difríochta creidmheasa margaidh agus praghsanna gnáthscaireanna a chumhdaíonn tréimhse 10 mbliana ar a laghad lena n-áirítear an tréimhse struis a shainaithneoidh an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 325bd(2). Déanfar ríomh na gcomhghaolta mainneachtana idir na heisiúnaithe éagsúla a chalabhrú do thréimhse ionchasach bliana;
 - (d) beidh an tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana bunaithe ar thoimhde suímh sheasta bliana.
- 2. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana a ríomh trí úsáid a bhaint as samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn seachtaine ar a laghad.
 - 3. De mhaolú ar phointe (a) agus ar phointe (c) de mhír 1, féadfaidh institiúid tréimhse ionchasach seasca lá a chur in áit na tréimhse ionchasaí bliana chun críche riosca mainneachtana na suíomhanna gnáthscaireanna a ríomh, agus sa chás sin beidh an ríomh a dhéanfar ar chomhghaolta mainneachtana idir praghsanna gnáthscaireanna agus dóchúlachtaí mainneachtana i gcomhréir le tréimhse ionchasach seasca lá agus beidh an ríomh a dhéanfar ar chomhghaolta mainneachtana idir praghsanna gnáthscaireanna agus praghsanna bannaí i gcomhréir le tréimhse ionchasach bliana.

Airteagal 325bp

Fálú a aithint i samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana

- 1. Féadfaidh institiúidí fáluithe a ionchorprú ina samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana agus féadfaidh siad suíomhanna a ghlanluacháil sa chás ina dtagraíonn na suíomhanna fada agus gearra don ionstraim airgeadais céanna.
- 2. Ní fhéadfaidh institiúidí fáluithe nó éifeachtaí éagsúlaithe a bhaineann le suíomhanna fada agus gearra lena mbaineann ionstraimí éagsúla nó urrúis éagsúla den fhéichiúnaí céanna a aithint ina samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana, ach oiread le suíomhanna fada agus gearra in eisiúnaithe éagsúla ach trí na suíomhanna comhlána idir fhada agus ghearr sna hionstraimí éagsúla a shamhaltú go sainráite, lena n-áirítear samhaltú rioscaí boinn idir eisiúnaithe éagsúla.
- 3. Gabhfaidh institiúidí ina samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana na rioscaí ábhartha a d'fhéadfadh tarlú le linn an eatraimh idir aibíocht an fhálaithe agus an tréimhse ionchasach bliana chomh maith leis an bhféidearthacht go dtarlódh rioscaí boinn suntasacha i straitéisí fálaithe de réir táirge, sinsearachta sa struchtúr caipitiúil, rátáil inmheánach nó sheachtrach, aibíocht, bliain eisiúna agus difríochtaí

eile ina n-ionstraimí. Ní aithneoidh institiúidí fálú ach a mhéid is féidir é a chothabháil fiú amháin nuair atá an féichiúnaí ag druidim le teagmhas creidmheasa nó eile.

Airteagal 325bq

Ceanglais shonracha maidir le samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana

1. Beidh sé de chumas ag an tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325bn(1) mainneachtain eisiúnaithe aonair mar aon le mainneachtain chomhuaineach ileisiúnaithe a shamhaltú agus, leis an tsamhail, cuirfear san áireamh tionchar na mainneachtainí sin ar luachanna margaidh na suíomhanna a áirítear i raon feidhme na samhla sin. Chun na críche sin, déanfar mainneachtain gach eistheora aonair a shamhlú trí úsáid a bhaint as dhá chineál fachtóirí riosca córasacha ar a laghad agus as fachtóir riosca neamhghnách amháin ar a laghad.
2. Leis an tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana, léireofar an timthriall eacnamaíoch lena n-áirítear a mhéid a bhraitheann rátaí téarnaimh agus fachtóirí riosca córasacha dá dtagraítear i mír 1 ar a chéile.
3. Leis an tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana, léireofar tionchar neamhlíneach na gcéadroghanna agus na suíomhanna eile lena mbaineann iompar neamhlíneach ábhartha i leith athruithe i bpraghsanna. Beidh aird chuí ag an institiúid freisin ar mhéid an riosca de bharr samhaltú atá intuigthe i luacháil agus meastachán ar na rioscaí praghais a bhaineann le táirgí den sórt sin.
4. Beidh an tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana bunaithe ar shonraí atá oibiachtúil agus cothrom le dáta.
5. Chun mainneachtain na n-eisiúnaithe a ionsamhlú sa tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana, comhlíonfaidh meastacháin na hinstitiúide ar dhóchúlachtaí mainneachtana na ceanglais seo a leanas:
 - (a) socrófar na dóchúlachtaí mainneachtana ag an ráta 0,03%;
 - (b) bunófar na dóchúlachtaí mainneachtana ar thréimhse ionchasach bliana, mura luaitear a mhalairt sa Roinn seo;
 - (c) úsáidfear sonraí mainneachtana ó thréimhse ama a théann siar cúig bliana ar a laghad, agus na sonraí sin amháin, nó úsáidfear na sonraí sin i dteannta le praghsanna margaidh reatha chun dóchúlachtaí mainneachtana a thomhas; ní bhunófar dóchúlachtaí mainneachtana ar phraghsanna margaidh reatha amháin.
 - (d) i gcás institiúide ar tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht mainneachtana i gcomhréir le Roinn 1, Caibidil 3, Teideal II, Cuid 3, úsáidfídh sí an mhodheolaíocht a leagtar amach i Roinn 1, Caibidil 3, Teideal II, Cuid 3

chun dóchúlachtaí mainneachtana a ríomh;

- (e) i gcás institiúide nár tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht mainneachtana i gcomhréir le Roinn 1, Caibidil 3, Teideal II, Cuid 3, forbróidh sí modheolaíocht inmheánach nó úsáidfídh sí foinsí seachtracha chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana. Sa dá chás sin, beidh na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.
6. Chun mainneachtain na n-eisiúnaithe a ionsamhlú sa tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana, comhlíonfaidh meastacháin na hinstitiúide ar chaillteanas i gcás mainneachtana na ceanglais seo a leanas:
- (a) socrófar na meastacháin caillteanais i gcás mainneachtana ag an ráta 0%;
 - (b) léireoidh na meastacháin caillteanais i gcás mainneachtana sinsearachta gach suímh;
 - (c) i gcás institiúide ar tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar chaillteanas i gcás mainneachtana i gcomhréir le Roinn 1, Caibidil 3, Teideal II, Cuid 3, úsáidfídh sí an mhodheolaíocht a leagtar amach i Roinn 1, Caibidil 3, Teideal II, Cuid 3 chun caillteanas i gcás mainneachtana a ríomh;
 - (d) i gcás institiúide nár tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar chaillteanas i gcás mainneachtana i gcomhréir le Roinn 1, Caibidil 3, Teideal II, Cuid 3, forbróidh sí modheolaíocht inmheánach nó úsáidfídh sí foinsí seachtracha chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana. Sa dá chás sin, beidh na meastacháin ar chaillteanas i gcás mainneachtana i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.
7. Mar chuid den athbhreithniú agus den bhailíochtú neamhspleách ar a samhlacha inmheánacha arna n-úsáid chun críocha na Caibidle seo, lena n-áirítear ar an gcóras tomhais riosca, déanfaidh institiúidí na nithe uile seo a leanas:
- (a) a fhíorú go bhfuil a gcur chuige i leith shamhaltú na gcomhghaolta agus na n-athruithe i bpraghsanna oiriúnach dá bpunann, lena n-áirítear rogha agus ualuithe fhachtóirí riosca córasacha na samhla;
 - (b) tástálacha struis éagsúla a dhéanamh, lena n-áirítear anailís íogaireachta agus anailís ar chnámha scéil, chun réasúntacht chainníochtúil agus cháilíochtúil na samhla inmheánaí i gcomhair riosca mainneachtana a mheasúnú, go háirithe maidir le láimhseáil comhchruinnithe. Ní bheidh na tástálacha sin teoranta don réimse teagmhas a tharla san am atá caite;
 - (c) bailíochtú cainníochtúil iomchuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tagarmharcanna samhaltaithe inmheánacha iomchuí.
8. Leis an tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana, léireofar go hiomchuí

comhchruinnithe eisi-theora agus comhchruinnithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar aicmí táirgí agus laistigh díobh faoi dhálaí struis.

9. Beidh an tsamhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana i gcomhréir le modheolaíochtaí inmheánacha bainistíochta riosca na hinstitiúide arna n-úsáid chun rioscaí trádála a aithint, a thomhas agus a bhainistiú.
10. Beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag institiúidí chun toimhdí mainneachtana comhghaoil a chinneadh idir na heisitheoirí éagsúla i gcomhréir le hAirteagal 325bo(2).
11. Déanfaidh institiúidí a samhlacha inmheánacha a dhoiciméadú ionas go mbeidh a dtoidimhdí comhghaoil agus a dtoidimhdí samhaltaithe eile trédhearcach do na húdaráis inniúla.
12. Déanfaidh an tÚdarás Baineoireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sonrú a dhéanamh ar na ceanglais a gcaithfidh modheolaíocht inmheánach institiúide nó foinsí seachtracha a chomhlíonadh chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanas i gcás mainneachtana i gcomhréir le pointe (e) de mhír 5 agus pointe (d) de mhír 6.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de [15 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tarmilgítear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

- (85) I dTeideal IV de Chuid a Trí, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Theideal Chaibidil 2:

“Caibidil 2

Na ceanglais maidir le cistí dílse do rioscaí suímh faoin gcur chuige caighdeánaithe simplithe”.

- (86) I dTeideal IV de Chuid a Trí, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Theideal Chaibidil 3:

“Caibidil 3

Na ceanglais maidir le cistí dílse do riosca malairte eachtraí faoin gcur chuige caighdeánaithe simplithe”.

- (87) I dTeideal IV de Chuid a Trí, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Theideal Chaibidil 4:

“Caibidil 4

Na ceanglais maidir le cistí dílse do rioscaí tráchtearraí faoin gcur chuige caighdeánaithe simplithe”.

- (88) I dTeideal IV de Chuid a Trí, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Theideal Chaibidil 5:

“Caibidil 5

Na ceanglais maidir le cistí dílse tríd an gcur chuige samhla inmheánaí simplithe a úsáid”.

- (89) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití in Airteagal 384(1):

“1. Institiúid nach ríomhann ceanglais maidir le cistí dílse le haghaidh riosca i dtaobh coigeartú ar luacháil creidmheasa (CLC) i leith a comhpháirtithe i gcomhréir le hAirteagal 383, ríomhfaidh sí ceanglais maidir le cistí dílse punainne le haghaidh riosca CLC i leith gach contrapháirtí i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, agus cuirfidh sí fálú CLC atá incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 386 san áireamh.”

- (90) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tsainmhíntithe ar EAD_i^{total} in Airteagal 384(1):

“ EAD_{itotal} = luach iomlán neamhchosanta ar riosca creidmheasa chontrapháirtí ‘i’ (suimithe thar a dtacair ghlanluachála) lena n-áirítear éifeacht na comhthaobhachta i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i Ranna 3 go 6 de Theideal II, Caibidil 6 mar is infheidhme i dtaca le ceanglais maidir le cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa contrapháirtí a ríomh i leith an chontrapháirtí sin.”

- (91) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 390:

“Airteagal 390

Luach na neamhchosanta a ríomh

1. Ríomhfar neamhchosaintí ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile trí na neamhchosaintí a chur ar chliaint aonair sa ghrúpa sin.
2. Ríomhfar neamhchosaintí foriomlána ar chliaint aonair atá nasctha le chéile trí neamhchosaintí an leabhair trádála a chur le neamhchosaintí an leabhair neamhthrádála.
3. Maidir le neamhchosaintí an leabhair trádála, féadfaidh institiúidí:
 - (a) na suíomhanna fada agus na suíomhanna gearra atá acu a fhritháireamh sna hionstraimí airgeadais céanna arna n-eisiúint ag cliant ar leith agus an glansuíomh i ngach ceann de na hionstraimí éagsúla á ríomh i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2;

- (b) na suíomhanna fada agus na suíomhanna gearra atá acu a fhritháireamh in ionstraimí airgeadais éagsúla arna n-eisiúint ag cliant ar leith ach sa chás amháin ina bhfuil an suíomh gearr ar chéim níos sóisearaí ná an suíomh fada nó go mbaineann an tsinsearachta chéanna leis na suíomhanna.

Chun críocha phointe (a) agus phointe (b), féadfar urrúis a leithdháileadh i mbuicéid bunaithe ar chéimeanna éagsúla sinsearachta chun cóimheas sinsearachta na suíomhanna a chinneadh.

- 4. Ríomhfaidh institiúidí neamhchosaintí a eascróidh as conarthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa atá déanta go díreach le cliant i gcomhréir le ceann de na modhanna a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Roinn 3 go Roinn 5, de réir mar is infheidhme.

Comhlíonfaidh na neamhchosaintí a eascróidh as na conarthaí sin arna leithdháileadh ar an leabhar trádála na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 299.

- 5. Cuirfidh institiúidí leis na neamhchosaintí a eascróidh as conarthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa nach bhfuil déanta go díreach le cliant ach is bunús le fiachas nó le hionstraim gnáthscaireanna arna n-eisiúint ag an geliant sin.

- 6. Ní áireofar aon cheann de na nithe seo a leanas mar neamhchosaintí:

- (a) i gcás idirbheart malairte eachtraí, neamhchosaintí arna dtabhú sa ghnáthchúrsa socraíochta le linn an dá lá oibre tar éis íocaíochta;
- (b) i gcás idirbheart chun urrúis a cheannach nó a dhíol, neamhchosaintí arna dtabhú sa ghnáthchúrsa socraíochta le linn na gcúig lá oibre tar éis íoc as na hurrúis nó tar éis iad a sheachadadh, cibé acu is túisce;
- (c) i gcás ina soláthraítear tarchur airgid lena n-áirítear seirbhísí íocaíochta a dhéanamh, imréiteach agus socraíocht in aon airgeadra agus imréiteach comhfhreagrach ionstraimí baincéireachta nó ionstraimí airgeadais, seirbhísí socraíochta agus cumhdaigh do chliant, fáiltais mhoillithe i leith neamhchosaintí cistithe agus eile a thagann as gníomhaíocht cliant nach maireann níos faide ná an lá gnó dar gcionn;
- (d) i gcás ina soláthraítear tarchur airgid lena n-áirítear seirbhísí íocaíochta a dhéanamh, imréiteach agus socraíocht in aon airgeadra agus baincéireacht chomhfhreagrach, neamhchosaintí ionlae ar institiúidí a sholáthraíonn na seirbhísí sin;
- (e) neamhchosaintí arna n-asbhaint as ítimí Chomh-ghnáthscaireanna Leibhéal 1 nó as ítimí breise Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36 agus Airteagal 56 nó aon asbhaint eile as na hítimí sin a laghdaíonn an cóimheas sócmhainneachta arna nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 437.

7. D'fhonn an neamhchosaint fhoriomlán ar chliant nó ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a chinneadh, maidir le cliant a bhfuil neamhchosaintí ag an institiúid ina leith trí idirbhearta dá dtagraítear i bpointe (m) agus i bpointe (o) d'Airteagal 112 nó trí idirbhearta eile i gcás ina bhfuil neamhchosaint ar shócmhainní foluiteacha ann, déanfaidh institiúid measúnú ar a neamhchosaintí foluiteacha lena gcuirfear san áireamh an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann le struchtúr an idirbhirt agus na rioscaí is gné de struchtúr an idirbhirt féin, d'fhonn a chinneadh an neamhchosaint bhreise é.
8. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:
- (a) na coinníollacha agus na modheolaíochtaí atá le húsáid chun an neamhchosaint fhoriomlán ar chliant nó ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a chinneadh maidir leis na cineálacha neamhchosaintí dá dtagraítear i mír 7;
 - (b) na coinníollacha nach neamhchosaint bhreise é struchtúr na n-idirbheart dá dtagraítear i mír 7 fúthu.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2014.

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

9. Chun críche mhír 5, forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun a léiriú conas cinneadh a dhéanamh ar na neamhchosaintí a eascróidh as conarthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa nach bhfuil déanta go díreach le cliant ach is bunús le fiachas nó le hionstraim gnáthscaireanna arna n-eisiúint ag an gcliánt sin le go gcuirfear san áireamh iad sna neamhchosaintí ar an gcliánt.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [naoi mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

- (92) In Airteagal 391, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“Chun críocha na chéad míre, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh a ghlacadh an gcuireann tríú tír ceanglais mhaoirseachta agus rialála stuamachta i bhfeidhm atá ar a laghad coibhéiseach leo sin a chuirtear i

bhfeidhm san Aontas. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2).”.

- (93) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 392:

*“Airteagal 392
Sainmhíniú ar neamhchosaint mhór*

Measfar gur neamhchosaint mhór í neamhchosaint institiúide ar chliant nó ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile i gcás ina bhfuil a luach cothrom le, nó níos mó ná, 10% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.”.

- (94) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 394:

*“Airteagal 394
Ceanglais maidir le tuairisciú*

1. Tabharfaidh institiúidí tuairisc dá n-údaráis inniúla ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir le gach neamhchosaint mhór atá ina seilbh acu, lena n-áirítear neamhchosaintí móra atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1):
 - (a) céannacht an chliant nó an ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a bhfuil neamhchosaint mhór ag an institiúid orthu;
 - (b) luach na neamhchosanta sula gcuirtear san áireamh éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa, i gcás inarb infheidhme;
 - (c) i gcás ina n-úsáidtear é, cineál na cosanta creidmheasa cistithe nó neamhchistithe;
 - (d) luach na neamhchosanta, tar éis éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa arna ríomh chun críocha Airteagal 395(1) a chur san áireamh, i gcás inarb infheidhme.

Tabharfaidh institiúidí atá faoi réir Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3 tuairisc dá n-údaráis inniúla ar an 20 neamhchosaint is mó ar bhonn comhdhlúite atá acu, cé is moite de na neamhchosaintí sin atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1).

Ina theannta sin, tabharfaidh institiúidí tuairisc dá n-údaráis inniúla ar neamhchosaintí ag a bhfuil luach atá níos mó ná EUR 300 milliún nó cothrom leis an méid sin ach atá níos lú ná 10% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh institiúidí tuairisc dá n-údaráis inniúla ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir leis na 10 neamhchosaint is mó ar bhonn comhdhlúite atá acu ar institiúidí agus ar eintitis scáthbhaincéireachta a mbíonn gníomhaíochtaí baincéireachta a ndéanamh acu lasmuigh den chreat rialáilte, lena n-áirítear neamhchosaintí móra atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1):

- (a) céannacht an chliant nó an ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a bhfuil neamhchosaint mhór ag an institiúid orthu;
 - (b) luach na neamhchosanta sula gcuirtear san áireamh éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa, i gcás inarb infheidhme;
 - (c) i gcás ina n-úsáidtear é, cineál na cosanta creidmheasa cistithe nó neamhchistithe;
 - (d) luach na neamhchosanta tar éis éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa arna ríomh chun críocha Airteagal 395(1) a chur san áireamh, i gcás inarb infheidhme.
3. Tabharfar tuairisc ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 do na húdaráis inniúla mar seo a leanas:
- (a) tabharfaidh institiúidí beaga mar a shainmhínítear iad in Airteagal 430a tuairisc ar bhonn bliantúil;
 - (b) faoi réir mhír 4, tabharfaidh institiúidí eile tuairisc ar bhonn leathbhliantúil nó níos minice.
4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn an méid seo a leanas a shonrú:
- (a) na formáidí aonfhoirmeacha le haghaidh na tuairiscithe dá dtagraítear i mír 3 chomh maith leis na teoracha chun na formáidí sin a úsáid;
 - (b) minicíochtaí agus dátaí na tuairiscithe dá dtagraítear i mír 3;
 - (c) na réitigh teicneolaíochta faisnéise a chuirfear i bhfeidhm i leith na tuairiscithe dá dtagraítear i mír 3.
- Beidh na ceanglais maidir le tuairisciú a shonraítear sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme comhréireach, ag féachaint do mhéid na n-institiúidí, dá gcastacht agus do chineál agus do leibhéal riosca na ngníomhaíochtaí atá acu.
- Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad mhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.
5. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na critéir chun eintitis scáthbhaincéireachta dá dtagraítear i mír 2 a shainaithint.
- Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt, cuirfidh UBÉ san áireamh forbairtí idirnáisiúnta agus caighdeáin chomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le scáthbhaincéireacht agus déanfaidh sé na nithe seo a leanas a mheas:
- (a) go bhféadfaidh riosca do shuíomh sócmhainneachta nó do shuíomh leachtachta na h-institiúide a bheith ag baint leis an gcaidreamh le duine aonair nó le grúpa

eintiteas;

- (b) go bhféadfar eintitis atá faoi réir ceanglais sócmhainneachta nó ceanglais leachtachta atá cosúil lena leagtar síos leis an Treoir seo agus le Rialachán Uimh. 1093/2010, go bhféadfar iad a eisiáil ina n-iomláine nó a pháirteisiáil ó oibleagáidí maidir le tuairisciú dá dtagraítear i mír 2 maidir le heintitis scáthbhaincéireachta.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

(95) Leasaítear Airteagal 395 mar seo a leanas

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Tar éis éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 399 go hAirteagal 403, ní thabhoídís institiúid neamhchosaint ar chliant ná ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a bhfuil luach na neamhchosanta sin níos mó ná 25% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide. I gcás inar institiúid an cliant sin, nó i gcás ina bhfuil institiúid amháin nó níos mó ná institiúid amháin ar áireamh i ngrúpa cliant atá nasctha le chéile, ní bheidís an luach sin níos airde ná 25% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide nó EUR 150 milliún, cibé acu is airde, ar an gcoinníoll nach bhfuil suim luachanna na neamhchosanta ar na cliaint uile atá nasctha le chéile agus nach institiúidí iad níos airde ná 25% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide, tar éis éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 399 go hAirteagal 403.

I gcás gur airde an EUR 150 milliún ná 25% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide, tar éis éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 399 go hAirteagal 403, ní ghabhfaidís luach na neamhchosanta thar teorainn réasúnach i dtéarmaí chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide. Cinnfidís an institiúid an teorainn sin i gcomhréir leis na beartais agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 81 de Threoir 2013/36/AE, chun aghaidh a thabhairt ar riosca comhchruinnithe agus chun é a rialú. Ní bheidís an teorainn sin níos airde ná 100% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.

Féadfaidís údaráis inniúla teorainn níos ísle ná EUR 150 milliún a shocrú agus cuirfidís siad ÚBE agus an Coimisiún ar an eolas faoi.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní thabhoídís institiúid a shainaithnítear mar G-SII i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE neamhchosaint ar institiúid eile a shainaithnítear mar G-SII a bhfuil luach na neamhchosanta sin, tar éis éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 399 go hAirteagal 403, níos mó ná 15% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide. Déanfaidís

institiúid an teorainn sin a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis í a shainaithint mar G-SII.”.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Féadfar dul thar na teorainneacha a leagtar síos san Airteagal seo maidir leis na neamhchosaintí i leabhar trádála na hinstitiúide i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (c) ní théann neamhchosaint an leabhair neamhthrádála ar an gcliant i gceist nó ar an ngrúpa cliant atá nasctha le chéile, ní théann sí thar an teorainn a leagtar síos i mír 1, agus an teorainn sin arna ríomh ag tagairt do chaipiteal Leibhéal 1, ionas go dtiocfaidh an barrachas chun cinn go hiomlán ar an leabhar trádála;
- (d) comhlíonann an institiúid ceanglas maidir le cistí dílse breise ar an gcuid den neamhchosaint os cionn na teorann a leagtar síos i mír 1 a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 397 agus Airteagal 398;
- (e) i gcás ina bhfuil 10 lá nó níos lú ná sin caite ó tharla an barrachas dá dtagraítear i bpointe (b), ní bheidh neamhchosaint an leabhair trádála ar an gcliant i gceist nó ar an ngrúpa cliant atá nasctha le chéile níos mó ná 500% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide;
- (f) i gcás aon bharrachais a mhairfidh níos faide ná 10 lá, ní bheidh sé, i bhfoirm chomhiomlán, níos mó ná 600% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.

Gach uair a shárófar an teorainn, tabharfaidh an institiúid fógra do na húdaráis inniúla gan mhoill faoi mhéid an bharrachais agus faoi ainm an chliaint lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, ainm an ghrúpa cliant atá nasctha le chéile lena mbaineann.”.

(96) Leasaítear Airteagal 396 mar seo a leanas

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“I gcás ina bhfuil an EUR 150 milliún dá dtagraítear in Airteagal 395(1) infheidhme, féadfaidh na húdaráis inniúla, ar bhonn gach cáis faoi leith, cead a thabhairt an teorainn 100% i dtéarmaí chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide a shárú.”

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“I gcás ina gceadaíonn údarás inniúil d’institiúid, sna cásanna eisceachtúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír, an teorainn a leagtar amach in Airteagal 395(1) a shárú ar feadh tréimhse níos faide ná 3 mhí, déanfaidh an institiúid plean a thíolacadh chun sástacht an údarais inniúil ionas go gcomhlíonfaidh sí na ceanglais arís go tráthúil agus cuirfidh sí an plean sin i gcrích laistigh de thréimhse ama a chomhaontóidh an t-údarás inniúil. Déanfaidh na húdaráis inniúla

faireachán ar chur chun feidhme an phlean agus iarrfaidh siad, más iomchuí, go gcomhlíonfar na ceanglais athuair ar bhonn níos gasta.”.

(b) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

“3. Chun críocha mhír 1, eiseoidh ÚBE treoirlínte lena sonrófar:

- (c) na cásanna eisceachtúla ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt an teorainn a shárú i gcomhréir le mír 1;
- (d) an tráth ama a mheastar a bheith iomchuí chun go gcomhlíonfar na ceanglais athuair;
- (e) na bearta atá le glacadh ag na húdaráis inniúla chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid na ceanglais arís go tráthúil.

Glacfar na treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

(97) I gColún 1 de Thábla 1 in Airteagal 397, cuirtear an téarma ‘caipiteal Leibhéal 1’ in ionad an téarma ‘caipiteal incháilithe’.

(98) Leasaítear Airteagal 399 mar seo a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Úsáidfídh institiúid teicníc um maolú riosca creidmheasa chun neamhchosaint a ríomh sa chás ina n-úsáidtear an teicníc sin chun ceanglais chaipitil le haghaidh riosca creidmheasa a ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

Chun críocha Airteagal 400 go hAirteagal 403, áireofar faoin téarma ‘ráthaíocht’ díorthaigh chreidmheasa a aithnítear faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4 seachas nótaí creidmheas-nasctha.”;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 2:

“I gcás ina n-úsáideann institiúid an cur chuige caighdeánaithe chun críocha maolaithe riosca creidmheasa, ní bheidh feidhm ag pointe (a) d’Airteagal 194(3) chun críocha na míre seo.”.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Ní bheidh teicnící um maolú riosca creidmheasa nach bhfuil ar fáil ach d’institiúidí a bhaineann úsáid as ceann amháin de na cineálacha cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha, ní bheidh siad incháilithe chun luachanna neamhchosanta a laghdú ar mhaithe le neamhchosaintí móra, cé is moite de neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín i gcomhréir le hAirteagal 402.”.

(99) Leasaítear Airteagal 400 mar seo a leanas

(a) leasaítear an chéad fhomhír de mhír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

“(j) neamhchosaintí trádála ar chontrapháirtithe lárnacha cáilitheacha agus ranníocaíochtaí ciste mainneachtana leo;”.

(ii) cuirtear an pointe (l) seo a leanas leis:

“(l) Sealúchais ag eintitis réitigh d’ionstraimí agus d’ionstraimí cistí dílse incháilithe dá dtagraítear i bpointe (g) d’Airteagal 45(3) de Threoir 2014/59/AE arna n-eisiúint ag eintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa réitigh céanna.”.

(b) i mír 2, scriostar pointe (k).

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

“Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE ar an eolas an bhfuil nó nach bhfuil sé i gceist acu aon cheann de na díolúintí dá bhforáiltear i mír 2 a úsáid i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) den mhír seo agus leagfaidh siad amach don ÚBE an bunús atá acu leis na díolúintí sin a úsáid.”.

(d) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

“4. Ní cheadófar cur i bhfeidhm comhuaineach níos mó ná díolúine amháin a leagtar amach i mír 1 agus mír 2 ón neamhchosaint chéanna.”.

(100) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 401:

“Airteagal 401

An éifeacht atá le húsáid teicnící um maolú riosca creidmheasa a ríomh

1. Ar mhaithe le luach na neamhchosaintí a ríomh chun críocha Airteagal 395(1), féadfaidh institiúid ‘luach na neamhchosanta lánchoigeartaithe’ (E*) a úsáid arna ríomh faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4, ag cur san áireamh an maolú riosca creidmheasa, coigeartuithe luaineachta, agus aon neamhréir aibíochta dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4.
2. Chun críocha na chéad mhíre, bainfidh institiúidí úsáid as an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais, beag beann ar an modh a úsáidtear chun ceanglais maidir le cistí dílse na rioscaí creidmheasa a ríomh.
3. Chun luach na neamhchosaintí a ríomh chun críocha Airteagal 395(1), déanfaidh institiúidí tástálacha struis tréimhsiúla maidir lena gcomhchruinnithe ar riosca creidmheasa, lena n-áirítear maidir le luach inréadaithe aon chomhthaobhachta a

ghlacfar.

Tabharfaidh na tástálacha struis tréimhsiúla sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír aghaidh ar na rioscaí a thiochfaidh as athruithe a d'fhéadfadh teacht ar dhálaí sa mhargadh a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar leordhóthanacht chistí dílse na n-institiúidí agus rioscaí a thiochfaidh as réadú na comhthaobhachta i riochtaí struis.

Beidh na tástálacha struis a dhéanfar leordhóthanach agus iomchuí chun an measúnú a dhéanamh ar na rioscaí sin.

Áireoidh institiúidí na nithe seo a leanas ina gcuid straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar riosca comhchruinnithe:

- (a) beartais agus nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a eascróidh as neamhréireanna aibíochta idir neamhchosaintí agus aon chosaint chreidmheasa maidir leis na neamhchosaintí sin;
 - (b) beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le riosca comhchruinnithe a eascróidh as cur i bhfeidhm teicnící um maolú riosca creidmheasa, agus go háirithe neamhchosaintí móra ar chreidmheas indíreach, mar shampla ar eisiúnaí aonair urrús a thógtar mar chomhthaobhacht.
4. I gcás ina laghdóidh institiúid neamhchosaint ar chliant de bharr teicníc um maolú riosca creidmheasa incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 399(1), láimhseálfadh sí an chuid sin den neamhchosaint lena laghdófar an neamhchosaint ar an gcliant amhail is go bhfuil sí tabhaithe don soláthraí cosanta seachas don chliant.”.
- (101) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d’Airteagal 403(1):
- “I gcás ina bhfuil neamhchosaint ar chliant ráthaithe ag tríú páirtí, nó urraithe le comhthaobhacht arna heisiúint ag tríú páirtí, déanfaidh institiúid:”.
- (102) I gCuid a Sé, cuirfear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Theideal I:
- “SAINMHÍNITHE AGUS CEANGLAIS LEACHTACHTA”.
- (103) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 411:

*“Airteagal 411
Sainmhínithe*

Chun críocha na Coda seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘custaiméir airgeadais’ custaiméir, lena n-áirítear custaiméirí airgeadais ar custaiméirí iad de ghrúpaí corparáideacha neamhairgeadais, a dhéanann ceann nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE mar a phríomhghnó, nó ar ceann díobh seo a leanas é:

- (a) institiúid creidmheasa;
- (b) gnólacht infheistíochta;
- (c) aonán sainchuspóireach urrúsúcháin ('SSPE')
- (d) gnóthas comhinfeistíochta ('GC')
- (e) scéim infheistíochta neamh-cheannoscailte;
- (f) gnóthas árachais;
- (g) gnóthas athárachais;
- (h) cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó cuideachta shealbhaíochta airgeadais measctha;
- (i) institiúid airgeadais;

(2) ciallaíonn 'taiscí miondíola' dliteanas i leith duine nádúrtha nó i leith fiontar beag nó meánmhéide ('FBM'), i gcás ina gcáileodh an FBM d'aicme na neamhchosanta ar mhiondíol faoin gcur chuige caighdeánaithe nó faoin gcur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha maidir le riosca creidmheasa, nó dliteanas i leith cuideachta atá incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(4) agus i gcás nach mó ná EUR 1 milliún na taiscí comhiomlána ón FBM nó ón gcuideachta sin ar bhonn grúpa cliant atá nasctha le chéile mar a shainmhínítear i bpointe (39) d'Airteagal 4(1);

(3) ciallaíonn 'cuideachta infheistíochta phearsanta' ('CIP') gnóthas nó iontaobhas ar duine nádúrtha é an t-úinéir nó an t-úinéir tairbhiúil, nó ar grúpa de dhaoine nádúrtha é an t-úinéir nó an t-úinéir tairbhiúil, grúpa atá nasctha le chéile go dlúth agus a bunaíodh chun críche saibhreas na n-úinéirí a bhainistiú agus chun na críche sin amháin agus nach mbíonn aon ghníomhaíocht eile tráchtála, thionsclaíoch nó ghairmiúil ar siúl aige. Le cuspóir CIP, féadfar gníomhaíochtaí coimhdeacha a áireamh amhail sócmhainní na n-úinéirí a leithscaradh ó shócmhainní corparáideacha, tarchur sócmhainní laistigh de theaghlach a éascú nó roinnt na sócmhainní a chosc tar éis do dhuine den teaghlach bás a fháil, ar choinníoll go bhfuil baint ag na gníomhaíochtaí sin leis an bpríomhchuspóir saibhreas na n-úinéirí a bhainistiú;

(4) ciallaíonn 'bróicéirí taisce' duine nádúrtha nó gnóthas a chuireann taiscí ó thríú páirtithe in institiúidí creidmheasa mar mhalairt ar tháille, lena n-áirítear taiscí miondíola agus taiscí corparáideacha ach gan taiscí ó institiúidí airgeadais a áireamh;

(5) ciallaíonn 'sócmhainní neamhualaithe' sócmhainní nach bhfuil faoi réir aon srian dlíthiúil, conarthach, nó rialála nó faoi réir aon srian eile a choisceann ar institiúidí na sócmhainní sin a leachtú, a dhíol, a aistriú, a thabhairt ar láimh nó, i gcoitinne, fáil

réidh leis na sócmhainní sin trí dhíolachán glan amach gníomhach nó trí chomhaontú athcheannaigh;

(6) ciallaíonn ‘rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach’ aon chuid de na sócmhainní nach bhfuil sé d’oibleagáid ar an institiúid a nascadh le heisiúint bannaí cumhdaithe de bhua ceanglais dhlíthiúla nó ceanglais rialála, ceangaltais chonarhacha nó ar chúiseanna a bhaineann le disciplín an mhargaidh, lena n-áirítear go háirithe na cásanna seo a leanas:

- (a) soláthrófar na sócmhainní de bhreis ar an gceanglas íosta dlíthiúil, reachtúil nó rialála maidir le rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh is infheidhme maidir leis na bannaí faoi chumhdach faoi dhlí náisiúnta Ballstáit nó tríú tír;
- (b) de bhun modheolaíocht institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach, ní éilítear na sócmhainní chun go gcoinneoidh na bannaí faoi chumhdach a measúnú creidmheasa reatha;
- (c) ní éilítear na sócmhainní ar mhaithe le feabhsuithe creidmheasa ábhartha;

(7) ciallaíonn ‘ceanglas maidir le cumhdach sócmhainní’ an cóimheas idir sócmhainní agus dliteanais arna chinneadh i gcomhréir le dlí náisiúnta Ballstáit nó tríú tír ar mhaithe le feabhsuithe creidmheasa maidir le bannaí faoi chumhdach;

(8) ciallaíonn ‘iasachtaí corrlaigh’ iasachtaí comhthaobhaithe a shíntear chuig custaiméirí chun críche suíomhanna gearála a ghlacadh;

(9) ciallaíonn ‘conarthaí díorthacha’ na conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa;

(10) ciallaíonn ‘strus’ athrú tobann agus tromchúiseach chun donais ar shuíomh sócmhainneachta nó ar shuíomh leachtachta institiúide i ngeall ar athruithe ar dhálaí margaidh nó i ngeall ar fhachtóirí neamhghnácha a fhágann go bhfuil riosca suntasach ann nach mbeidh an institiúid in ann a ceangaltais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite laistigh den 30 lá féilire dar gcionn;

(11) ciallaíonn ‘sócmhainní Leibhéal 1’ sócmhainní a bhfuil leachtacht agus cáilíocht chreidmheasa thar a bheith ard acu dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 416(1);

(12) ciallaíonn ‘sócmhainní Leibhéal 2’ sócmhainní a bhfuil leachtacht agus cáilíocht chreidmheasa ard acu dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 416(1) den Rialachán seo; Foroinntear sócmhainní Leibhéal 2 arís ina sócmhainní Leibhéal 2A agus Leibhéal 2B i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61;

(13) ciallaíonn ‘maolán leachtachta’ méid shócmhainní Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a shealbhaíonn institiúid i gcomhréir le Teideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61;

(14) ciallaíonn ‘glan-eis-sreabha leachtachta’ an méid atá mar thoradh ar insreafaí leachtachta institiúide a asbhaint dá heis-sreabha leachtachta;

(15) ciallaíonn ‘airgeadra tuairiscithe’ an t-airgeadra ina ndéanfar na hítimí leachtachta dá dtagraítear i dTeideal II, Teideal III agus Teideal IV a thuairisciú do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 415(1).”.

(104) Leasaítear Airteagal 412 mar seo a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ní dhéanfaidh institiúidí eis-sreabha leachtachta, insreabha leachtachta ná sócmhainní leachtacha a chomhaireamh faoi dhó.”.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Beidh feidhm go heisiach ag na forálacha a leagtar amach i dTeideal II chun oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 415 a shonrú le haghaidh gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta sistéamacha iad.”.

(c) cuirtear an mhír nua 4a seo isteach:

“4a. Beidh feidhm ag an ngníomh tarmlichthe dá dtagraítear in Airteagal 460 maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha.”.

(105) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 413:

*“Airteagal 413
Ceanglas Cistiúcháin Chobhsaí*

1. Áiritheoidh na hinstitiúidí go gcomhlíonfar oibleagáidí fadtéarmacha go leordhóthanach trí éagsúlacht ionstraimí cistiúcháin chobhsaí faoi ghnáthchúinsí agus faoi chúinsí struis araon.
2. Beidh feidhm go heisiach ag na forálacha a leagtar amach i dTeideal III chun oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 415 a shonrú le haghaidh gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta sistéamacha iad agus le haghaidh na n-institiúidí uile go dtí go sonrófar oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 415 maidir leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i dTeideal IV agus go dtí go dtabharfar isteach san Aontas iad.
3. Beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach i dTeideal IV chun an ceanglas cistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i mír 1 agus oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 415 a shonrú le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha.
4. Féadfaidh Ballstáit forálacha náisiúnta i réimse na gceanglas cistiúcháin chobhsaí a

choinneáil nó a thabhairt isteach sula dtiocfaidh i bhfeidhm íoschaighdeáin cheangailteacha i dtaca le ceanglais ghlan-chistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i mír 1.”.

(106) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 414:

*“Airteagal 414
Ceanglais leachtacha a chomhlíonadh*

Tabharfaidh institiúid nach gcomhlíonann, nó ar dóigh léi nach gcomhlíonfaidh sí, na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 413(1), lena n-áirítear le linn tréimhsí struis, tabharfaidh sí fógra láithreach do na húdaráis inniúla agus cuirfidh sí plean gan aon mhoill mhíchúí faoi bhráid na n-údarás inniúil chun go gcomhlíonfaidh sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 412 nó Airteagal 413(1) arís go tráthúil, de réir mar is iomchuí. Go dtí go dtosóidh an institiúid ag comhlíonadh na n-Airteagal sin arís, tabharfaidh sí tuairisc faoi na hítimí dá dtagraítear i dTeideal II, i dTeideal III nó i dTeideal IV, de réir mar is iomchuí, go laethúil faoi dheireadh gach lae mura dtugann an t-údarás inniúil údarú maidir le minicíocht tuairiscithe níos ísle agus moill tuairiscithe níos faide. Ní dhéanfaidh údaráis inniúla na húdaruithe sin a cheadú ach amháin ar bhonn cáis aonair institiúide agus scála agus castacht ghníomhaíochtaí na h-institiúide á gcur san áireamh. Déanfaidh údaráis inniúla faireachán ar chur chun feidhme an phlean chun filleadh ar chomhlíonadh agus iarrfaidh siad, más iomchuí, tréimhse um chomhlíonadh níos gasta.”.

(107) In Airteagal 415, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1, mhír 2 agus mhír 3:

“1. Tabharfaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha tuairisc do na húdaráis inniúla maidir leis na hítimí dá dtagraítear i dTeideal IV in airgeadra aonair arb é airgeadra an Bhallstáit é ina bhfuil a gceannoifig suite, beag beann ar an ainmníocht iarbhair na n-ítimí sin. Go dtí go sonrófar an oibleagáid tuairiscithe agus an fhormáid tuairiscithe maidir leis an gcóimheas glan-chistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i dTeideal IV agus go dtí go dtabharfar isteach san Aontas iad, tabharfaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha tuairisc do na húdaráis inniúla maidir leis na hítimí dá dtagraítear i dTeideal IV in airgeadra aonair arb é airgeadra an Bhallstáit é ina bhfuil a gceannoifig suite, beag beann ar an ainmníocht iarbhair na n-ítimí sin.

Tabharfaidh gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta sistéamacha iad tuairisc do na húdaráis inniúla maidir leis na hítimí dá dtagraítear i dTeideal II agus i dTeideal III agus in Iarscríbhinn III agus a gcomhpháirteanna, lena n-áirítear comhdhéanamh a gcuid sócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416, in airgeadra aonair arb é airgeadra an Bhallstáit é ina bhfuil a gceannoifig suite é, beag beann ar an ainmníocht iarbhair na n-ítimí sin.

Beidh an mhinicíocht tuairiscithe ar bhonn uair sa mhí ar a laghad i gcás ítimí dá dtagraítear i dTeideal II agus in Iarscríbhinn III agus ar bhonn uair sa ráithe ar a laghad i gcás ítimí dá dtagraítear i dTeideal III agus i dTeideal IV.

2. Déanfaidh institiúid tuairisciú ar leith d'údaráis inniúla an Bhallstáit baile, san airgeadra tuairiscithe, ar na hítimí dá dtagraítear i dTeideal II, Teideal III, Teideal IV agus in Iarscríbhinn III, de réir mar is iomchuí, atá ainmnithe sna airgeadraí a chinnfear i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil dliteanais chomhiomlána atá ainmnithe in airgeadra eile nach é an t-airgeadra tuairiscithe é ag an institiúid arb ionann iad agus 5% de dhliteanais iomlána na hinstitiúide nó an fhoghrúpa leachtachta aonair, nó a sháraíonn 5%, gan caipiteal rialála agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a áireamh;
- (b) i gcás ina bhfuil brainse sonrach dá dtagraítear in Airteagal 51 de Threoir 2013/36/AE i mBallstát óstach ag an institiúid ina n-úsáidtear airgeadra eile nach é an t-airgeadra tuairiscithe é;
- (c) san airgeadra tuairiscithe, i gcás inarb ionann méid comhiomlán na ndliteanas in airgeadraí eile nach é an t-airgeadra tuairiscithe é agus 5% de dhliteanais iomlána na hinstitiúide nó an fhoghrúpa leachtachta aonair iad, nó a sháraíonn 5%, gan caipiteal rialála agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a áireamh.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn an méid seo a leanas a shonrú:

- (a) formáidí aonfhoirmeacha tuairiscithe agus réitigh TF le teoracha gaolmhara maidir le minicíochtaí agus maidir le dátaí tagartha agus íocaíochta. Beidh na formáidí agus na minicíochtaí tuairiscithe i gcomhréir le cineál, le scála agus le castacht ghníomhaíochtaí éagsúla na n-institiúidí agus áireofar orthu an tuairisciú atá riachtanach i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2;
- (b) méadracht faireacháin leachtachta breise atá riachtanach chun cead a thabhairt d'údaráis inniúla léargas cuimsitheach a fháil ar an bpróifíl riosca leachtachta agus a bheidh comhréireach le cineál, le scála agus le castacht ghníomhaíochtaí na hinstitiúide.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin maidir leis na hítimí sin a shonraítear i bpointe (a) faoi bhráid an Choimisiúin faoi [aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh] agus maidir leis na hítimí a shonraítear i bpointe (b) faoin 1 Eanáir 2014.

Go dtí go dtabharfar ceanglais cheangailteacha leachtachta isteach ina n-iomláine, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint d'fhaisnéis a bhailiú trí uirlisí faireacháin ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta leachtachta atá ann cheana.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

(108) Leasaítear Airteagal 416 mar seo a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. I gcomhréir le fomhír 1, is iad na sócmhainní a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas mar shócmhainní leachtacha na sócmhainní a ndéanfaidh institiúidí tuairisciú orthu:

(a) tá siad neamhualaithe nó tá siad ar fáil i gcomhthiomsuithe comhthaobhachta a mbainfear úsáid astu chun cistiúchán breise a fháil faoi línte creidmheasa geallta atá ar fáil don institiúid ach nach bhfuil cistithe go fóill;

(b) ní eisíonn an institiúid féin ná a máthairinstitiúidí ná a fo-institiúidí iad, ná fochuideachta eile dá máthairinstitiúidí nó dá máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais;

(c) comhaontaíonn rannpháirtithe margai a bpraghas de ghnáth agus is féidir breathnú air go héasca sa mhargadh, nó is féidir a bpraghas a chinneadh de réir foirmle atá éasca a ríomh bunaithe ar ionchuir atá ar fáil go poiblí agus nach dtéann i muinín toimhdí láidre mar a tharlaíonn de ghnáth i gcás táirgí struchtúrtha nó coimhthíocha;

(d) tá siad liostaithe ar mhalartán aitheanta nó tá siad intrádála ar dhíolachán glan amach gníomhach nó trí chomhaontú athcheannaigh simplí ar mhargai athcheannaigh. Déanfar measúnú ar leithligh ar na critéir sin do gach margadh.

Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (c) agus pointe (d) den chéad fhomhír maidir leis na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1.”.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 agus mhír 6:

“5. Féadfar scaireanna nó aonaid i GCanna a láimhseáil mar shócmhainní leachtacha suas le méid absalóideach EUR 500 milliún i bpunann sócmhainní leachtacha gach institiúide ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na ceanglais in Airteagal 132(3) agus, seachas díorthaigh chun riosca ráta úis nó creidmheasa nó airgeadra a mhaolú, nach ndéanann GC infheistíocht ach amháin i sócmhainní leachtacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Ní fhágfaidh úsáid nó úsáid ionchasach ionstraimí díorthaigh ag GC chun rioscaí maidir le hinfeistíochtaí ceadaithe a fhálú go mbeidh cosc ar an GC sin a bheith incháilithe. I gcás nach ndéanann na tríú páirtithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d’Airteagal 418(4) luach scaireanna nó aonad GC a mharcáil ón margadh go rialta agus i gcás nach bhfuil an t-údarás inniúil sásta go bhfuil modheolaíochtaí agus próisis láidre forbartha ag institiúid le haghaidh luacháil den sórt sin dá dtagraítear sa chéad abairt d’Airteagal 418(4), ní láimhseálfar scaireanna nó aonaid sa GC sin mar shócmhainní leachtacha.

(c) 6. I gcás ina scoireann sócmhainn leachtach de bheith incháilithe sa stoc

sócmhainní leachtacha, féadfaidh institiúid, dá ainneoin sin, leanúint dá meas mar shócmhainn leachtach ar feadh tréimhse breise 30 lá féilire. I gcás ina scoireann sócmhainn leachtach i GC de bheith incháilithe le haghaidh na láimhseála a leagtar amach i mír 5, féadfaidh na scaireanna nó na haonaid sa GC, dá ainneoin sin, leanúint dá meas mar shócmhainn leachtach le haghaidh tréimhse breise 30 lá ar an gcoinníoll nach sáróidh na sócmhainní sin 10% de shócmhainní foriomlána an GC.”.

(d) scriostar mír 7.

(109) Leasaítear Airteagal 419 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás inar mó na riachtanais chuí-réasúnaithe le sócmhainní leachtacha i bhfianaise an cheanglais in Airteagal 412 ná infhaighteacht na sócmhainní leachtacha sin in airgeadra, beidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na maoluithe seo a leanas:

(a) de mhaolú ar phointe (f) d’Airteagal 417, féadfaidh ainmníocht na sócmhainní leachtacha a bheith ar neamhréir le dáileadh de réir airgeadra eis-sreabha leachtachta tar éis insreabha a asbhaint;

(b) i gcás airgeadraí Ballstáit nó tríú tíortha, féadfar línte creidmheasa ó bhanc ceannais an Bhallstáit sin nó an tríú tír sin, atá tiomanta go neamh-inchúlghairthe ar bhonn conarthach don 30 lá dar gcionn agus a bhfuil a bpraghsanna socraithe go cóir, neamhspleách ar an méid atá tarraingthe faoi láthair, a chur in ionad sócmhainní leachtacha riachtanacha ar an gcoinníoll go ndéanann údaráis inniúla an Bhallstáit sin nó an tríú tír sin an rud céanna agus go bhfuil ceanglais tuairiscithe inchomparaíde i bhfeidhm ag an mBallstát sin nó ag an tríú tír sin.

(c) i gcás ina bhfuil easnamh de shócmhainní Leibhéal 1 ann, féadfaidh sócmhainní breise Leibhéal 2A a bheith ina seilbh ag an institiúid agus féadfar aon uasteorainn is infheidhme maidir leis na sócmhainní sin i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/61 a leasú.”.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na maoluithe dá dtagraítear i mír 2 a shainiú, lena n-áirítear na coinníollacha faoina gcuirfear i bhfeidhm iad.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

(110) Leasaítear Airteagal 422 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ní chumhdaíonn seirbhísí imréitigh, coimeáda nó bainistíochta airgid nó seirbhísí inchomparáide eile dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (d) de mhír 3 ach amháin na seirbhísí sin a mhéid a chuirtear ar fáil iad i gcomhthéacs gaoil sheanbhunaithe ar a bhfuil spleáchas substaintiúil ag an taisceoir. Ní chuimseoidh na seirbhísí sin seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí nó bróicéireachta príomha amháin agus beidh fianaise ag na hinstitiúidí nach bhfuil an cliant ábalta méideanna atá dlite de réir dlí a aistarraingt thar thréimhse 30 lá gan cur as dá fheidhmiú oibríochtúil.

Go dtí go soláthrófar sainmhíniú aonfhoirmeach ar ghaol oibríochtúil seanbhunaithe dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 3, bunóidh institiúidí féin na critéir chun gaol oibríochtúil seanbhunaithe a shainaithint a bhfuil fianaise acu ina leith nach bhfuil an cliant ábalta méideanna atá dlite de réir dlí a aistarraingt thar thréimhse 30 lá gan cur isteach ar a fheidhmiú oibríochtúil agus tuairisceoidh siad na critéir sin do na húdaráis inniúla. Mura bhfuil sainmhíniú aonfhoirmeach ann, féadfaidh údaráis inniúla treoir ghinearálta a thabhairt a leanfaidh institiúidí chun taiscí arna gcoinneáil ag an taisceoir a shainaithint i gcomhthéacs gaoil oibríochtúil sheanbhunaithe.”.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. Féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt céatadán eis-sreabh níos ísle a chur i bhfeidhm ar bhonn cáis ar chás, maidir leis na dliteanais dá dtagraítear i mír 7, nuair a chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is éard atá sa contrapháirtí:

- (i) máthairinstitiúid nó fo-institiúid de chuid na hinstitiúide nó fochuideachta eile de chuid na máthairinstitiúide céanna;
- (ii) tá sé nasctha leis an institiúid trí ghaol de réir bhrí Airteagal 12(1) de Threoir 83/349/CEE;
- (iii) institiúid a thagann faoin scéim cosanta institiúideach chéanna a chomhlíonann ceanglais Airteagal 113(7);
- (iv) institiúid lárnach nó comhalta de líonra a chomhlíonann Airteagal 400(2)(d);

(b) tá cúiseanna ann le bheith ag súil le heis-sreabh níos ísle thar an gcéad 30 lá eile ina dhiaidh sin fiú amháin faoi chás struis atá neamhghnách agus atá ar fud an mhargaidh;

(c) cuireann an contrapháirtí insreabh siméadrach comhfhreagrach nó insreabh níos coimeádaí i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 425;

(d) beidh an institiúid agus an contrapháirtí bunaithe sa Bhallstát céanna.”.

(111) In Airteagal 423, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

“2. Cuirfidh institiúid na húdaráis inniúla ar an eolas maidir leis na conarthaí go léir a dhéanfar, ar conarthaí iad a n-eascróidh as a gcoinníollacha conartha, laistigh de 30 lá i ndiaidh do mheathlúchán ábhartha teacht ar cháilíocht chreidmheasa na hinstitiúide, eis-sreabha leachtachta nó riachtanais chomhthaobhachta bhreise. I gcás ina measann na húdaráis inniúla go bhfuil na conarthaí sin ábhartha maidir leis na heis-sreabha leachtachta a d’fhéadfadh a bheith ag an institiúid, cuirfidh siad ceangal ar an institiúid eis-sreabh breise a chur isteach le haghaidh na gconarthaí sin ar eis-sreabh é a chomhfhreagróidh do na riachtanais chomhthaobhachta bhreise a thiocfadh chun cinn ó mheathlúchán ábhartha ar cháilíocht chreidmheasa na hinstitiúide amhail íosghrádú trí scór ina measúnú creidmheasa seachtrach. Déanfaidh an institiúid athbhreithniú rialta ar mhéid an mheathlúcháin ábhartha sin i bhfianaise an mhéid a bhaineann le hábhar faoi na conarthaí atá déanta aici agus tabharfaidh sí fógra maidir le toradh a athbhreithnithe do na húdaráis inniúla.

3. Cuirfidh an institiúid eis-sreabh breise isteach a chomhfhreagróidh do na riachtanais chomhthaobhachta a thiocfadh chun cinn ón tionchar a bheadh ag cás díobhálach an mhargaidh maidir lena hidirbhearta díorthach más ábhartha iad.

Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na coinníollacha faoina bhféadfar an smaoineamh a bhaineann le hábharthacht a chur i bhfeidhm agus lena sonrófar modhanna chun an eis-sreabh breise a thomhas.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

(112) In Airteagal 424, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Déanfar an méid tiomanta de shaoráid leachtachta atá curtha ar fáil don SSPE chun cur ar chumas an SSPE sin sócmhainní a cheannach, seachas urrúis, ó chliaint nach custaiméirí airgeadais iad, a iolrú faoi 10% sa mhéid go sáraíonn an méid tiomanta méid na sócmhainní atá ceannaithe cheana féin ó chliaint agus go mbeidh an t-uasmhéid is féidir a tharraingt teoranta go conarthach do mhéid na sócmhainní atá ceannaithe cheana féin.”.

(113) In Airteagal 425(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“ (c) cuirfear san áireamh iasachtaí a bhfuil dáta deiridh neamhshainithe leo le 20% insreabh, ar an gcoinníoll go gceadaítear don institiúid íocaíocht a aistarraingt agus a iarraidh laistigh de 30 lá de réir an chonartha;”.

(114) I gCuid a Sé, cuirtear isteach an Teideal IV nua i ndiaidh Airteagal 428 mar seo a leanas:

“TEIDEAL IV AN CÓIMHEAS GLANCHISTIÚCHÁIN CHOBHSAÍ

CAIBIDIL 1 An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí

*Airteagal 428a
Cur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite*

I gcás ina bhfuil feidhm ag an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach sa Teideal seo ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 11(4), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (b) beidh na fachtóirí glanchistiúcháin chobhsaí atá de dhíth i bhfochuideachta ag a bhfuil a ceannoifig i dtríú tír, ar fachtóirí iad atá faoi réir céatadán níos airde ná na céatadán a leagtar amach i gCaibidil 4 den Teideal seo faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin a shocraíonn an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí, beidh na fachtóirí sin faoi réir comhdhlúthú i gcomhréir leis na céatadán níos airde de réir mar a shainítear i ndlí náisiúnta an tríú tír sin;
- (c) beidh na fachtóirí glanchistiúcháin chobhsaí atá ar fáil i bhfochuideachta ag a bhfuil a ceannoifig i dtríú tír, ar fachtóirí iad atá faoi réir céatadán níos ísle ná na céatadán a leagtar amach i gCaibidil 3 den Teideal seo faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin a shocraíonn an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí, beidh na fachtóirí sin faoi réir comhdhlúthú i gcomhréir leis na céatadán níos ísle de réir mar a shainítear i ndlí náisiúnta an tríú tír sin;
- (d) ní aithneofar sócmhainní tríú tír a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i dTeideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 agus atá i seilbh fochuideachta ag a bhfuil a ceannoifig i dtríú tír, ní aithneofar iad mar shócmhainní leachtachta chun críocha comhdhlúthaithe i gcás nach gcáilíonn siad mar shócmhainní leachtachta faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin a shocraíonn an ceanglas maidir le cumhdach leachtachta;
- (e) beidh gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta sistéamacha iad laistigh den ghrúpa faoi réir Airteagal 428b ar bhonn comhdhlúite agus faoi réir Airteagal 413 ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite araon. Seachas mar a shainítear sa phointe sin, leanfaidh gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta sistéamacha iad de bheith faoi réir an cheanglais glanchistiúcháin chobhsaí mhionsonraithe le haghaidh gnólachtaí infheistíochta mar a leagtar síos i ndlí náisiúnta na mBallstát.

*Airteagal 428b
An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí*

1. Beidh an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 413(1) cothrom le cóimheas cistiúcháin chobhsaí institiúide atá ar fáil dá

dtagraítear i gCaibidil 3 den Teideal seo le cistiúchán cobhsaí na hinstitiúide atá de dhíth dá dtagraítear i gCaibidil 4 den Teideal seo ar feadh tréimhse bliana agus déanfar é a shloinneadh mar chéatadán. Déanfaidh institiúidí a gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$\frac{\text{Cistiú Cobhsaí ar Fáil}}{\text{Cistiú Cobhsaí Ceangailteach}} = \text{Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (\%)}$$

2. Coinneoidh institiúidí cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí de 100% ar a laghad.
3. I gcás ina dtitfidh cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí na hinstitiúide faoi 100% nó i gcás ina meastar go réasúnta go bhféadfaidh sé titim faoi 100%, beidh feidhm ag an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 414. Beidh sé mar aidhm ag an institiúid a cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal dá dtagraítear i mír 2. Déanfaidh údaráis inniúla measúnú ar na cúiseanna nach gcloífeadh leis an leibhéal dá dtagraítear i mír 2 sula ndéanfaidh siad, i gcás inarb iomchuí, aon bhearta maoirseachta.
4. Déanfaidh institiúidí a gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh agus déanfaidh siad faireachán air san airgeadra tuairiscithe i gcomhair a n-idirbheart uile, beag beann ar an ainmníocht airgeadra iarbhir atá acu, agus déanfaidh siad sin ar leithligh i gcomhair a n-idirbheart a ainmneofar i ngach ceann de na hairgeadraí atá faoi réir tuairiscí ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 415(2).
5. Áiritheoidh institiúidí go bhfuil ainmníocht airgeadra a ndliteanas i gcomhréir le dáileadh de réir airgeadra a sócmhainní. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí srian a chur le neamhréir airgeadra trí theorainneacha a leagan síos maidir leis an gcion den chistiúchán cobhsaí atá de dhíth in airgeadra faoi leith is féidir a chomhlíonadh le cistiúchán cobhsaí atá ar fáil nach bhfuil ainmnithe san airgeadra sin. Ní fhéadfar an srian sin a chur i bhfeidhm ach i gcás airgeadra atá faoi réir tuairiscí ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 415(2).

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le leibhéal aon sriain a fhéadfar a chur i bhfeidhm ar neamhréir airgeadra i gcomhréir leis an Airteagal seo, déanfaidh údaráis inniúla na nithe seo a leanas a mheas ar a laghad:

- (a) an bhfuil sé ar chumas na hinstitiúide cistiúchán cobhsaí atá ar fáil a aistriú ó airgeadra amháin go hairgeadra eile agus idir dlínsí éagsúla agus eintitis dhlíthiúla atá laistigh dá grúpa mar aon le hairgeadraí a bhabhtáil agus cistí a thiomsú ar mhargaí airgeadra eachtraigh le linn tréimhse ionchasach bliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí;
- (b) tionchar athruithe díobhálacha sa ráta malairte ar shuíomhanna mí-oiriúnaithe atá ann cheana agus ar éifeachtacht fálaithe ar bith ar mhalairt airgeadra eachtraigh atá i bhfeidhm.

Beidh aon srian ar neamhréir airgeadra a dhéanfar a fhorchur i gcomhréir leis an Airteagal seo ina ceanglas leachtachta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 105 de Threoir 2013/36/AE.

CAIBIDIL 2

Rialacha ginearálta chun an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh

Airteagal 428c

An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh

1. Mura sainítear a mhalairt sa Teideal seo, cuirfidh institiúidí sócmhainní, dliteanais agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe san áireamh ar bhonn comhlán.
2. Chun críocha a gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh, cuirfidh institiúidí na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí iomchuí a leagtar amach i gCaibidil 3 agus i gCaibidil 4 den Teideal seo i bhfeidhm ar luach cuntasáiochta na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá acu, mura sainítear a mhalairt sa Teideal seo.
3. Ní dhéanfaidh institiúidí cistiúchán cobhsaí atá de dhíth agus cistiúchán cobhsaí atá ar fáil a chomhaireamh faoi dhó.

Airteagal 428d

Conarthaí díorthach

1. Cuirfidh institiúidí forálacha an Airteagail seo i bhfeidhm chun méid an chistiúcháin chobhsaí atá de dhíth le haghaidh conarthaí díorthach dá dtagraítear i gCaibidil 4 den Teideal seo.
2. De mhaolú ar Airteagal 428c(1), cuirfidh institiúidí luach cuntasáiochta na suíomhanna díorthach ar bhonn glanluachála sa chás ina n-áirítear na suíomhanna sin sa tacar glanluachála céanna a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 295, Airteagal 296 agus Airteagal 297. Sa chás nach bhfuil sé sin amhlaidh, cuirfidh institiúidí luach cuntasáiochta na suíomhanna díorthach san áireamh ar bhonn comhlán agus déanfaidh siad na suíomhanna díorthach sin a láimhseáil mar a dtacar glanluachála féin chun críocha Chaibidil 4 den Teideal seo.
3. Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn ‘luach margaidh tacair glanluachála’ suim luachanna margaidh na n-idirbheart uile a chuimsítear sa tacar glanluachála.
4. Déanfar na conarthaí díorthacha dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) de mhír 2 d'Iarscríbhinn II lena mbaineann malartú iomlán príomhshuímeanna ar an dáta céanna, déanfar iad a ríomh ar bhonn glanluachála thar airgeadraí, lena n-áirítear an

chríoch tuairisciú in airgeadra atá faoi réir tuairisciú ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 415(2), fiú i gcás nach n-áirítear na hidirbhearta sin sa tacar glanluachála céanna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 295, Airteagal 296 agus Airteagal 297.

5. Láimhseálfar íocaíochtaí in airgead tirim a gheofar mar chomhthaobhacht chun neamhchosaint suímh díorthaigh a mhaolú, láimhseálfar iad mar íocaíochtaí in airgead tirim agus ní dhéanfar iad a láimhseáil mar thaiscí maidir lena bhfuil feidhm ag Caibidil 3 den Teideal seo.
6. Féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh, le formheas an bhainc ceannais ábhartha, tionchar na gconarthaí díorthach ar ríomh an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí a tharscaoileadh, lena n-áirítear an tionchar a tharscaoileadh trí fhachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá de dhíth agus forálacha agus caillteanais a chinneadh, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) tá aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí ag na dliteanais sin;
 - (b) is é an Banc Ceannais Eorpach (BCE) nó banc ceannais an Bhallstáit an contrapháirtí;
 - (c) déanann na conarthaí díorthach fónamh do bheartas airgeadaíochta BCE nó bainc ceannais Ballstáit.

I gcás ina mbainfidh fochuideachta ag a bhfuil a ceannoifig i dtríú tír leas as an tarscaoileadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin a shocraíonn an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí, cuirfear an tarscaoileadh sin de réir mar a shainítear i ndlí náisiúnta an tríú tír é san áireamh chun críche comhdhlúthaithe. Ach ab é sin, ní bhainfidh fochuideachta i dtríú tír leas as an tarscaoileadh sin.

Airteagal 428e

Glanluacháil na n-idirbheart iasachta urraithe agus na n-idirbheart caipitil faoi thionchar an mhargaidh

De mhaolú ar Airteagal 428c(1), déanfar sócmhainní agus dliteanais a eascróidh as idirbhearta iasachta urraithe agus as idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 192(2) agus Airteagal 192(3) le contrapháirtí aonair, déanfar iad a ríomh ar bhonn glanluachála ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh na sócmhainní agus na dliteanais sin na coinníollacha glanluachála a leagtar amach in Airteagal 429b(4).

Airteagal 428f

Sócmhainní agus dliteanais idirspiléacha

1. Faoi réir réamhfhaomhadh na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúid a mheas go bhfuil

sócmhainn agus dliteanas idirspeách ar a chéile, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) ní fheidhmíonn an institiúid ach mar aonad faoi bhealach chun an maoiniú a threorú ón dliteanas isteach sa tsócmhainn idirspeách chomhfhreagrach;
- (b) tá na sócmhainní agus na dliteanais idirspeácha aonair inaitheanta go soiléir agus tá an phríomhshuim chéanna acu;
- (c) tá aibíochtaí comhoiriúnaithe mórán mar an gcéanna ag an tsócmhainn agus ag an dliteanas idirspeách agus tá moill uasta 20 lá idir aibíocht na sócmhainne agus aibíocht an dliteanais;
- (d) iarrtar an dliteanas idirspeách de bhun ceanglas dlíthiúil, rialála nó conarthach agus ní úsáidtear é chun sócmhainní eile a mhaoiniú;
- (e) ní úsáidtear na sreabha príomhshuime ón tsócmhainn chun críocha eile seachas chun an dliteanas idirspeách a aisíoc;
- (f) ní hionann na contrapháirtithe le haghaidh gach péire sócmhainní agus dliteanas idirspeách.

2. Measfar go gcomhlíonfaidh sócmhainní agus dliteanais a bhfuil baint dhíreach acu leis na táirgí nó na seirbhísí seo a leanas coinníollacha mhír 1 agus measfar iad a bheith idirspeách:

- (a) coigiltis rialáilte láraithe, i gcás ina bhfuil ceangal dlí ar institiúidí taiscí rialáilte a aistriú chuig ciste láraithe arna chur ar bun agus arna rialú ag rialtas láir Ballstáit agus lena gcuirfear iasachtaí ar fáil chun cuspoirí leasa phoiblí a chur chun cinn, ar an gcoinníoll go n-aistreofar taiscí chuig an gciste láraithe ar bhonn míosa ar a laghad;
- (b) iasachtaí cur chun cinn agus saoráidí creidmheasa agus leachtachta a chomhlíonfaidh na critéir a leagtar amach in Airteagal 31(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 i gcomhair institiúidí atá ag gníomhú mar ghnáth-idirghabhálaithe nach dtacaíonn le haon riosca cistiúcháin;
- (c) bannaí faoi chumhdach dá dtagraítear in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE;
- (d) bannaí faoi chumhdach a chomhlíonfaidh na ceanglais incháilitheachta i gcomhair na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 129(4) nó in Airteagal 129(5), de réir mar is iomchuí, i gcás ina ndéantar na hiasachtaí foluiteacha a mhaoiniú le cistiú meaitseála trí bhannaí faoi chumhdach a eiseofar nó i gcás ina bhfuil truíceir aibíochta neamh-lánroghnacha insinte ann le bannaí faoi chumhdach aon bhliana nó níos mó go dtí go mbeidh téarma na n-iasachtaí foluiteacha istigh i gcás teip athmhaoinithe ag dáta aibíochta an bhanna faoi chumhdach;

- (e) gníomhaíochtaí imréitigh cliant díorthach, ar an gcoinníoll nach ráthóidh an institiúid feidhmíocht an chontrapháirtí lárnaigh dá cliaint agus nach dtabhóidh sí aon riosca cistiúcháin dá bharr.

Airteagal 428g

Taiscí i scéimeanna cosanta institiúideacha agus líonraí comharchumann

I gcás ina mbaineann institiúid le scéim cosanta institiúideach den chineál dá dtagraítear in Airteagal 113(7), le líonra atá incháilithe don tarscaoileadh dá bhforáiltear in Airteagal 10 nó le líonra comharchumann i mBallstát, beidh na taiscí ar amharc a choinníonn an institiúid leis an institiúid lárnach agus a meastar gur sócmhainní leachtachta iad le haghaidh na hinstitiúide taiscthe de réir Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2015/16, beidh na taiscí sin faoi réir na gceangaltas seo a leanas:

- (a) an fachtóir cistiúcháin chobhsaí iomchuí atá de dhíth agus atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 de Chaibidil 4 den Teideal seo le haghaidh na hinstitiúide taiscthe, bunaithe ar láimhseáil na dtaiscí ar amharc sin mar shócmhainní Leibhéal 1, Leibhéal 2A nó Leibhéal 2B de réir Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 agus ar an gcaolchorrlach arna chur i bhfeidhm ar na taiscí ar amharc sin chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh;
- (b) fachtóir cistiúcháin chobhsaí siméadrach atá ar fáil le haghaidh na hinstitiúide lárnaí a gheobhaidh an taisce.

Airteagal 428h

Cóir fhabhrach laistigh de ghrúpa nó laistigh de scéim chosanta institiúideach

1. De mhaolú ar Airteagal 428g agus ar Chaibidil 3 agus ar Chaibidil 4 den Teideal seo, féadfaidh údaráis inniúla, ar bhonn cáis ar chás, a údarú don Bhallstát fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil nó fachtóir níos ísle cistiúcháin chobhsaí atá de dhíth a chur i bhfeidhm ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar shaoráidí tiomanta creidmheasa nó ar shaoráidí tiomanta leachtachta i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) is ceann díobh seo a leanas an contrapháirtí:
- (i) an mháthairinstitiúid nó fochuideachta de chuid na máthairinstitiúide;
 - (ii) fochuideachta eile de chuid na máthairinstitiúide céanna;
 - (iii) tá sé nasctha leis an institiúid trí ghaol de réir bhrí Airteagal 12(1) de Threoir 83/349/CEE;
 - (iv) tá sé ina chomhalta den scéim cosanta institiúideach chéanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7) den Rialachán seo agus atá an institiúid;
 - (v) an institiúid lárnach nó cleamhnaí de chuid líonra nó grúpa comharchumann dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo;

- (b) tá cúiseanna ann le bheith ag súil gur foinse cistiúcháin níos cobhsaí é an tsaoráid dliteanas nó an tsaoráid thiomanta creidmheasa nó an tsaoráid thiomanta leachtachta a gheofar nó gur lú an chobhsaíocht cistiúcháin a theastaíonn ón tsócmhainn nó ón tsaoráid thiomanta creidmheasa nó ón tsaoráid thiomanta leachtachta a dheonófar laistigh de thréimhse ionchasach bliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí seachas an tsaoráid dliteanas chéanna, an tsaoráid sócmhainní chéanna nó an tsaoráid thiomanta creidmheasa chéanna nó an tsaoráid thiomanta leachtachta chéanna le contrapháirtithe eile;
 - (c) cuireann an contrapháirtí fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí atá de dhíth i bhfeidhm atá siméadrach leis an bhfachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil nó cuireann sé fachtóir níos ísle cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil i bhfeidhm atá siméadrach leis an bhfachtóir níos ísle cistiúcháin chobhsaí atá de dhíth;
 - (d) tá an institiúid agus an contrapháirtí bunaithe sa Bhallstát céanna.
2. I gcás ina bhfuil an institiúid agus an contrapháirtí bunaithe i mBallstáit dhifriúla, féadfaidh na húdaráis inniúla an coinníoll a leagtar amach i bpointe (d) de mhír 1 a tharscaoileadh i gcás ina gcomhlíonfar na critéir seo a leanas chomh maith leis na critéir a leagtar amach i mír 1:
- (a) is ann do chomhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus do cheangaltais idir grúpeintitis maidir leis an tsaoráid dliteanas, an tsaoráid sócmhainní nó an tsaoráid thiomanta creidmheasa nó an tsaoráid thiomanta leachtachta;
 - (b) tá próifil riosca cistiúcháin íseal ag an soláthraí cistiúcháin;
 - (c) tá próifil riosca cistiúcháin an fhaighteora chistiúcháin curtha san áireamh mar is iomchuí i mbainistiú riosca leachtachta an tsoláthraí chistiúcháin.
 - (d) Rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhairle le chéile i gcomhréir le pointe (b) d’Airteagal 20(1) chun a chinneadh an gcomhlíonfar na critéir bhreise a leagtar amach sa mhír seo.

CAIBIDIL 3

Cistiúchán cobhsaí atá ar fáil

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 428i
Méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a ríomh

Mura sainítear a mhalairt sa Chaibidil seo, déanfar méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a ríomh trí luach cuntaisíochta na gcatagóirí éagsúla nó na gcineálacha éagsúla dliteanas agus caipitil rialála a

iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí iomchuí atá ar fáil agus atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2. Is éard a bheidh i méid iomlán an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil suim mhéideanna ualaithe na ndliteanas agus an chaipitil rialála.

Airteagal 428j
Aibíocht iarmhair dliteanais nó caipitil rialála

1. Mura sainítear a mhalairt sa Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí aibíocht chonarthach iarmhair a ndliteanas agus a gcaipitil rialála san áireamh chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí iomchuí atá ar fáil agus atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 den Chaibidil seo a chinneadh.
2. Cuirfidh institiúidí roghanna atá ann cheana féin san áireamh chun aibíocht iarmhair dliteanais nó caipitil rialála a chinneadh. Déanfaidh siad é sin ar an tuiscint go ndéanfaidh infheistóirí céadrogha ar cheannach a fhuascailt ar an dáta is luaithe is féidir. I gcás céadroghanna atá infheidhmithe de rogha na hinstitiúide, cuirfidh an institiúid agus na húdaráis inniúla san áireamh fachtóirí a bhaineann le clú a d'fhéadfadh teorainn a chur le cumas na hinstitiúide gan an rogha a fheidhmiú, agus aird á tabhairt go háirithe gur cheart d'institiúidí dliteanais áirithe a fhuascailt sula dtiocfaidh siad in aibíocht.
3. Chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 den Chaibidil seo a chinneadh, láimhseálfadh institiúidí aon sciar de na dliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair de bhliain amháin nó níos mó acu agus a thiocfaidh in aibíocht laistigh de shé mhí nó idir sé mhí agus níos lú ná bliain mar dhliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair acu níos lú ná sé mhí agus idir sé mhí agus níos lú ná bliain amháin faoi seach.

ROINN 2
FACHTÓIRÍ CISTIÚCHÁIN CHOBHSAÍ ATÁ AR FÁIL

Airteagal 428k
0% den fhachtóir cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil

1. Mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 428l go hAirteagal 428o, beidh na dliteanais ar fad nach bhfuil aibíocht luaite leo, lena n-áirítear suíomhanna gearra agus suíomhanna aibíochta oscailte, faoi réir 0% den fhachtóir cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil cé is moite de na cinn seo a leanas:
 - (a) dliteanais chánach iarchurtha, a ndéanfar a láimhseáil de réir an dáta is gaire is féidir a bhféadfaí na dliteanais sin a réadú;
 - (b) leasanna mionlaigh, a ndéanfar a láimhseáil de réir théarma na hionstraime.

Beidh dliteanais chánach iarchurtha agus leasanna mionlaigh faoi réir ceann amháin de na fachtóirí seo a leanas:

- (i) 0%, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair ábhartha níos lú ná sé mhí ag an dliteanas cánach iarchurtha nó ag na leasanna mionlaigh;
- (ii) 50%, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair ábhartha sé mhí ar a laghad agus níos lú ná bliain amháin ag an dliteanas cánach iarchurtha nó ag na leasanna mionlaigh;
- (iii) 100%, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair ábhartha de bhliain amháin nó níos mó ag an dliteanas cánach iarchurtha nó ag na leasanna mionlaigh.

2. Beidh na dliteanais seo a leanas faoi réir 0% den fhachtóir cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil:

- (a) dliteanais atá iníoctha ar an dáta trádála a eascróidh ó cheannach ionstraimí airgeadais, airgeadraí eachtracha agus tráchtearraí a mheastar go socróidh siad laistigh den timthriall socraíochta caighdeánach nó laistigh den tréimhse is gnách le haghaidh malartú ábhartha nó cineálacha na n-idirbheart nó a theipfidh orthu socrú, ach a mheastar go socróidh siad fós;
- (b) dliteanais a rangáitear mar dhliteanais atá idirspleách ar shócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 428f;
- (c) dliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí acu arna gcur ar fáil:
 - (i) ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) nó ag banc ceannais Ballstáit;
 - (ii) ag banc ceannais tríú tír;
 - (iii) ag custaiméirí airgeadais;
- (d) aon dliteanais agus ítimí nó ionstraimí caipitil eile nach dtagraítear dóibh in Airteagal 428l go hAirteagal 428o.

3. Cuirfidh institiúidí 0% den fhachtóir cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil i bhfeidhm ar luach absalóideach na difríochta, más diúltach é, idir méid na luachanna margaidh thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach margaidh deimhneach acu agus méid na luachanna margaidh thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach margaidh diúltach acu arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428d den Rialachán seo.

Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis an ríomh dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

- (a) bainfear na corrlaigh athrúcháin a gheobhaidh institiúidí óna gcontrapháirtithe ón luach margaidh tacaí glanluachála a bhfuil luach margaidh deimhneach aige i gcás ina gcáileoidh an chomhthaobhacht a gheofar mar chorrlaigh athrúcháin mar shócmhainní Leibhéal I faoi Theideal II de Rialachán

Tarmligthe (AE) 2015/61, cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíorardchaighdeáin dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 10(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, agus a bhfuil an teideal dlí agus an cumas oibríochtúil ag institiúidí iad a athúsáid.

- (b) bainfear na corrlaigh athrúcháin uile a bhreacfaidh institiúidí dá gcontrapháirtithe ó luach margaidh tacair glanluachála a bhfuil luach margaidh diúltach aige.

Airteagal 428l
Fachtóir 50% den chistiú cobhsaí ar fáil

De mhaolú ar Airteagal 428k, beidh na dliteanais seo a leanas faoi réir fachtóir 50% den chistiú cobhsaí ar fáil:

- (a) taiscí a fhaightear a chomhlíonann na critéir maidir le taiscí oibríochtúla a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61;
- (b) dliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná bliain amháin acu arna gcur ar fáil acu seo a leanas:
 - (i) rialtas láir Ballstáit nó tríú tír;
 - (ii) rialtais réigiúnacha nó údarais áitiúla Ballstáit nó tríú tír;
 - (iii) eintitis earnála poiblí i mBallstát nó i dtríú tír;
 - (iv) na baine forbartha iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118;
 - (v) na hinstitiúidí creidmheasa amhail dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 10(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61;
 - (vi) custaiméirí corparáideacha neamhairgeadais;
 - (vii) comhair chreidmheasa atá údaraithe ag údarás inniúil, cuideachtaí infheistíochta phearsanta agus cliaint ar bróicéirí taisce iad sa mhéid nach dtagann na dliteanais sin faoi phointe (a);
- (c) dliteanais a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair sé mhí ar a laghad agus níos lú ná bliain amháin acu arna gcur ar fáil acu seo a leanas:
 - (i) an Banc Ceannais Eorpach (BCE) nó banc ceannais Ballstáit;
 - (ii) banc ceannais tríú tír;
 - (iii) custaiméirí airgeadais;

- (a) aon dliteanais eile a bhfuil aibíocht chonarthathe iarmhair sé mhí ar a laghad agus níos lú ná bliain amháin acu nach dtagraítear dóibh in Airteagal 428m go hAirteagal 428o

Airteagal 428m
Fachtóir 90% den chistiú cobhsaí ar fáil

De mhaolú ar Airteagal 428k, beidh taiscí miondíola ar amharc agus taiscí miondíola téarma a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná bliain amháin acu agus a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 faoi réir fachtóir 90% den chistiú cobhsaí ar fáil.

Airteagal 428n
Fachtóir 95% den chistiú cobhsaí ar fáil

De mhaolú ar Airteagal 428k, beidh taiscí miondíola ar amharc agus taiscí miondíola téarma a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná bliain amháin acu agus a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 faoi réir fachtóir 95% den chistiú cobhsaí ar fáil.

Airteagal 428o
Fachtóir 100% den chistiú cobhsaí ar fáil

De mhaolú ar Airteagal 428k, beidh na dliteanais chomh maith leis na hítimí caipitil agus na hionstraimí caipitil seo a leanas faoi réir fachtóir 100% den chistiú cobhsaí ar fáil:

- (a) ítimí Chomh-ghnáthscaireanna Leibhéal 1 na hinstiúide sula ndéanfar na coigeartuithe is gá de bhun Airteagal 32 go hAirteagal 35, sula ndéanfar na hasbhaintí de bhun Airteagal 36 agus sula gcuirfear i bhfeidhm na díolúintí agus na roghanna a leagtar síos in Airteagal 48, in Airteagal 49 agus in Airteagal 79;
- (b) ítimí Breise Leibhéal 1 na hinstiúide sula n-asbhainfear na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 56 agus sula gcuirfear Airteagal 79 i bhfeidhm maidir leo;
- (c) ítimí Leibhéal 2 na hinstiúide sula ndéanfar na hasbhaintí dá dtagraítear in Airteagal 66 agus sula gcuirfear Airteagal 79 i bhfeidhm, a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, seachas aon ionstraimí a bhfuil roghanna follasacha nó roghanna leabaithe acu a laghdódh an aibíocht ionchasach, dá bhfeidhmeofaí iad, go níos lú ná bliain amháin;
- (d) aon ionstraimí caipitil eile de chuid na hinstiúide a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, seachas aon ionstraimí a bhfuil roghanna follasacha nó roghanna leabaithe acu a laghdódh an aibíocht ionchasach, dá bhfeidhmeofaí iad, go níos lú ná bliain amháin;
- (e) aon iasachtaí nó dliteanais urraithe agus neamhurraithe eile a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, lena n-áirítear taiscí téarma, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 428k go hAirteagal 428n.

CAIBIDIL 4

Cistiú cobhsaí ceangailteach

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 428p

Méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a ríomh

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, ríomhfar méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh trí luach cuntasáiochta na gcatagóirí nó na gcineálacha éagsúla sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh iomchuí atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Roinn 2. Is éard a bheidh i méid iomlán an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh suim mhéideanna ualaithe na ndliteanas agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe.
2. Eisiafar sócmhainní atá faighte ar iasacht ag institiúidí, lena n-áirítear in idirbhearta iasachta urraithe agus in idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 192(2) agus in Airteagal 192(3), a chuirtear san áireamh ina gclár comhardaithe agus nach bhfuil úinéireacht thairbhiúil acu orthu, eisiafar iad ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh.
3. Chun críocha na Caibidle seo, measfar gur sócmhainní ualaithe iad sócmhainní atá tugtha ag institiúidí ar iasacht, lena n-áirítear mar chuid d'idirbhearta iasachta urraithe agus mar chuid d'idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh, a fhanann ar a gclár comhardaithe agus a bhfuil úinéireacht thairbhiúil acu orthu, agus beidh siad faoi réir fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh iomchuí atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Roinn 2 den Chaibidil seo. Seachas sin, eisiafar na sócmhainní sin ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh.
4. Measfar gur sócmhainní neamhualaithe na sócmhainní seo a leanas:
 - (a) sócmhainní a áirítear i gcomhthiomsú agus ar fáil lena n-úsáid láithreach mar chomhthaobhacht chun cistiú breise a fháil faoi línte creidmheasa geallta nó, i gcás ina bhfuil an comhthiomsú á fheidhmiú ag banc ceannais, faoi línte creidmheasa nach bhfuil geallta agus atá ar fáil don institiúid ach nach bhfuil cistithe go fóill. Leis na sócmhainní sin, cuimseofar sócmhainní arna láithriú ag institiúid creidmheasa le hinstitiúid lárnach i líonra comharchumann nó i scéim cosanta institiúideach. Glacfaidh institiúidí leis go mbeidh na sócmhainní sa chomhthiomsú ualaithe in ord méadaitheach a leachtachta bunaithe ar an aicmiú leachtachta a leagtar amach i gCaibidil 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, ag tosú le sócmhainní nach bhfuil incháilithe le haghaidh an mhaoláin leachtachta;
 - (b) sócmhainní atá faighte ag an institiúid mar chomhthaobhacht ar mhaithe le

maolú riosca creidmheasa in idirbhearta iasachta urraithe, idirbhearta maoiniúcháin urraithe nó idirbhearta malartaithe comhthaobhachta agus a fhéadfaidh an institiúid a dhiúscairt;

(c) sócmhainní atá ceangailte mar rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach le heisiúint bannaí faoi chumhdach.

5. Eisiafaidh institiúidí sócmhainní a bhaineann le comhthaobhacht a aithnítear mar chorrllaigh athrúcháin arna mbreacadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 428k(3) agus Airteagal 428ag(3) nó mar chorrllaigh tosaigh arna mbreacadh nó mar ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana an chontrapháirtí lárnaigh i gcomhréir le pointe (a) agus le pointe (b) d'Airteagal 428af eisiafaidh siad na sócmhainní sin ó chodanna eile de ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir leis an gCaibidil seo chun aon chomhaireamh dúbailte a sheachaint.
6. Áireoidh institiúidí sa ríomh a dhéanfaidh siad ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh ionstraimí airgeadais, airgeadraí iasachta agus tráchtearraí a ndearnadh ordú ceannaigh ina leith. Eisiafaidh siad ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh ionstraimí airgeadais, airgeadraí iasachta agus tráchtearraí a ndearnadh ordú ceannaigh ina leith, ar choinníoll nach léireofar na hidirbhearta sin mar dhíorthaigh nó mar idirbhearta cistithe urraithe ar chlár comhardaithe na hinstitiúide agus go léireofar na hidirbhearta sin ar chlár comhardaithe na hinstitiúide nuair a bheidh siad socraithe.
7. Féadfaidh údaráis inniúla fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a chinneadh le cur i bhfeidhm ar neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe nach dtagraítear dóibh sa Chaibidil seo lena áirithiú go gcoinneoidh institiúidí méid iomchuí an chistiúcháin chobhsaí ar fáil don sciar de na neamhchosaintí sin a meastar ina leith go mbeidh cistiú de dhíth orthu laistigh de thréimhse ionchasach bliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí. Chun na fachtóirí sin a chinneadh, cuirfidh údaráis inniúla san áireamh go háirithe damáiste ábhartha do chhlú na hinstitiúide a d'fhéadfadh tarlú i gcás nach gcuirfí an cistiú sin ar fáil

Cuirfidh údaráis inniúla tuairisc chuig ÚBE ar bhonn bliantúil ar a laghad maidir leis na cineálacha neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe a bhfuil fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh cinntithe acu ina leith. Áireoidh siad sa tuairisc sin míniú ar an modheolaíocht arna cur i bhfeidhm chun na fachtóirí sin a chinneadh.

Airteagal 428q
Aibíocht iarmhair sócmhainne

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí aibíocht chonarthathe iarmhair a sócmhainní agus a n-idirbheart lasmuigh den chlár comhardaithe san

áireamh chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh iomchuí atá le cur i bhfeidhm ar a sócmhainní agus ar a n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe faoi Roinn 2 den Chaibidil seo a chinneadh.

2. I gcás sócmhainní atá ualaithe, is éard a bheidh san aibíocht a úsáidfear chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh iomchuí atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 den Chaibidil seo a chinneadh aibíocht iarmhair na sócmhainne nó aibíocht an idirbhirt is údar leis an ualú, pé acu is faide. Sócmhainn a bhfuil níos lú ná sé mhí fágtha aici de thréimhse ualaithe, beidh sí faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 den Chaibidil seo ar an tsócmhainn chéanna arna sealbhú go neamhualaithe.
3. I gcás ina n-athúsáidfídh institiúid sócmhainn a fhaightear ar iasacht nó i gcás ina n-athchuirfidh an institiúid an tsócmhainn sin i ngeall, lena n-áirítear in idirbhearta iasachta urraithe agus in idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 192(2) agus in Airteagal 192(3), agus a chuirtear san áireamh lasmuigh den chlár comhardaithe, is í aibíocht iarmhair an idirbhirt trína bhfaighfear an tsócmhainn sin ar iasacht agus a úsáidfear chun an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 den Chaibidil seo a chinneadh, is í sin aibíocht iarmhair an idirbhirt trína n-athúsáidfear an tsócmhainn nó trína n-athchuirfear an tsócmhainn i ngeall.
4. Déanfaidh institiúidí sócmhainní arna leithscaradh i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a láimhseáil i gcomhréir lena neamhchosaint fholuiteach. Ina ainneoin sin, cuirfidh institiúidí na sócmhainní sin faoi réir fachtóirí níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh ag brath ar an téarma ualaithe atá le cinneadh ag údaráis inniúla agus déanfaidh na húdaráis sin a mheas an féidir le hinstitiúid na sócmhainní sin a dhiúscairt nó a mhalartú gan srian agus ag brath ar théarma na ndliteanas i leith chliaint na n-institiúidí a ghineann an ceanglas sin maidir le leithscaradh.
5. Cuirfidh institiúidí céadroghanna san áireamh, agus aibíocht iarmhair sócmhainne á ríomh acu, bunaithe ar an toimhde go bhfeidhmeoidh an t-eisiúnaí aon chéadrogha chun síneadh a chur leis an aibíocht. Maidir le céadroghanna atá infheidhmithe de rogha na hinstitiúide, cuirfidh an institiúid agus na húdaráis inniúla san áireamh fachtóirí clú a d'fhéadfadh srian a chur ar chumas na hinstitiúide gan an chéadrogha a fheidhmiú, go háirithe i bhfianaise ionchais na margaí agus na geliant gur cheart don institiúid síneadh a chur le sócmhainní áirithe nuair a bheidh a ndáta aibíochta istigh.
6. Maidir le hiasachtaí amúchta a bhfuil aibíocht chonarthathe iarmhair bliana nó níos

mó acu, déanfar an sciar a thagann in aibíocht laistigh de thréimhse is giorra ná sé mhí nó tréimhse idir sé mhí agus níos lú ná bliain amháin a láimhseáil mar sciar a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí aige nó idir sé mhí agus níos lú ná bliain amháin aige faoi seach chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh iomchuí atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Roinn 2 den Chaibidil seo a chinneadh.

ROINN 2

FACHTÓIRÍ CISTIÚCHÁIN CHOBHSAÍ CHEANGAILTIGH

Airteagal 428r

Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 0%

1. Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 0%:
 - (a) sócmhainní neamhualaithe atá incháilithe mar shócmhainní leachtacha ardchaighdeáin Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 10(1) den Rialachán Tarmligthe sin, bíodh na ceanglais oibriúcháin mar a leagtar amach in Airteagal 8 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;
 - (b) scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 0% chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin faoi seach á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;
 - (c) cúlchistí uile na mbanc ceannais, arna sealbhú sa Bhanc Ceannais Eorpach nó i mbanc ceannais Ballstáit nó tríú tír, lena n-áirítear cúlchistí cheangailteacha agus cúlchistí barrachais;
 - (d) gach éileamh ar an mBanc Ceannais Eorpach, ar bhanc ceannais Ballstáit nó tríú tír ag a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí;
 - (e) infháltais dátaí trádála a thagann as ionstraimí airgeadais, airgeadraí iasachta agus tráchtearraí a dhíol a meastar ina leith go socrófar iad laistigh den tímthriall socraíochta caighdeánach nó laistigh den tréimhse shocraíochta chaighdeánach is gnách don mhalartú ábhartha nó don chineál idirbhirt nó nár socraíodh ach a meastar ina leith go socrófar iad fós;
 - (f) sócmhainní atá rangaithe mar shócmhainní idirspleácha a bhfuil dlíteanais acu i gcomhréir le hAirteagal 428f.
2. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla, le

comhaontú an bhainc ceannais ábhartha, cinneadh a dhéanamh maidir le fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a chur i bhfeidhm ar chúlchistí atá de dhíth, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh a mhéid a bhíonn ceanglais chúlchistí ann le linn tréimhse ionchasach bliana agus go mbíonn cistiú cobhsaí gaolmhar de dhíth orthu dá bharr.

Maidir le fochuideachtaí a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i dtríú tír, i gcás ina bhfuil na cúlchistí ceangailteacha bainc ceannais faoi réir fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin lena leagtar amach an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí, cuirfear an fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh san áireamh chun críche comhdhlúthúcháin.

Airteagal 428s

Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5%

Beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5%:

- (a) scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 5% chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir le pointe (b) d’Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;
- (b) sócmhainní a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí acu mar thoradh ar idirbhearta iasachta urraithe agus idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 192(2) agus Airteagal 192(3) le custaiméirí airgeadais, i gcás ina bhfuil na sócmhainní sin comhthaobhaithe le sócmhainní a cháilíonn mar shócmhainní Leibhéal 1 faoi Theideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeán dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 10(1) den Rialachán Tarmligthe sin agus i gcás ina bhfuil an teideal dlí agus an cumas oibríochtúil ag an institiúid na sócmhainní sin a athúsáid le linn shaolré an idirbhirt, bíodh athúsáid bainte as an gcomhthaobhacht cheana nó ná bíodh. Cuirfidh institiúidí na sócmhainní sin san áireamh ar bhonn glan i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 428e(1) den Rialachán seo;
- (c) an chuid neamhtharraingthe de na saoráidí tiomanta creidmheasa agus leachtachta atá neamh-inchúlghairthe agus, ar bhonn coinníollach, inchúlghairthe dá dtagraítear in Airteagal 31(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61;
- (d) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Airteagal 111(1) den Rialachán seo a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí acu.

Airteagal 428t
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 7%

Beidh sócmhainní neamhualaithe atá incháilithe mar bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeán Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (f) d’Airteagal 10(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 7%, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

Airteagal 428u
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 10%

1. Beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 10%:
 - (a) sócmhainní a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí acu mar thoradh ar idirbhearta iasachta urraithe agus idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 192(2) agus in Airteagal 192(3) le custaiméirí airgeadais, cé is moite de na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 428s. Cuirfear na sócmhainní sin san áireamh ar bhonn glan i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 428e(1) seo;
 - (b) sócmhainní a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí acu mar thoradh ar idirbhearta le custaiméirí airgeadais cé is moite de na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 428s agus i bpointe (a) den Airteagal seo;
 - (c) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí acu;
 - (d) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Airteagal 111(1) a bhfuil aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad agus níos lú ná bliain amháin acu.
2. maidir le tacair ghlanluachála uile na gconarthaí díorthacha nach bhfuil faoi réir comhaontuithe corrlaigh faoina mbreacann institiúidí corrlaigh athrúcháin chuig a gcontrapháirtithe, cuirfidh institiúidí fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 10% i bhfeidhm ar luach margaidh absalóideach thacair ghlanluachála na gconarthaí díorthacha sin, lena n-áirítear aon chomhthaobhacht a bhreactar, i gcás ina bhfuil luach margaidh diúltach ag na tacair ghlanluachála sin.

Airteagal 428v
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 12%

Beidh scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 12% chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir le pointe (c) d’Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 12%, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le

comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

Airteagal 428w
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 15%

Beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 15%:

- (a) sócmhainní neamhualaithe atá incháilithe mar shócmhainní Leibhéal 2A i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;
- (f) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Airteagal 111(1) den Rialachán seo a bhfuil aibíocht iarmhair níos mó ná bliain amháin acu.

Airteagal 428x
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 20%

1. Beidh scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 20% chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh de 20%, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.
2. Maidir le tacair ghlanluachála uile na gconarthaí díorthacha atá faoi réir comhaontuithe corrlaigh faoina mbreacann institiúidí corrlaigh athrúcháin chuig a gcontrapháirtithe, cuirfidh institiúidí fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 20% i bhfeidhm ar luach margaidh absalóideach thacair ghlanluachála na gconarthaí díorthacha sin, an chomhthaobhacht a bhreactar san áireamh, i gcás ina bhfuil luach margaidh diúltach ag na tacair ghlanluachála sin.
3. Féadfaidh institiúid an ceanglas cistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i mír 2 i gcás thacair ghlanluachála uile na gconarthaí díorthacha atá faoi réir comhaontuithe corrlaigh faoina mbreacann institiúid corrlaigh athrúcháin lena contrapháirtí a ionadú le méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh arna ríomh mar an méid absalóideach den difríocht idir na nithe seo a leanas:
 - (a) i gcás na dtacar glanluachála uile a bhfuil luach margaidh diúltach acu, an chomhthaobhacht a bhreactar san áireamh, agus atá faoi réir comhaontú

corrlaigh faoina mbreacann institiúid corrlach athrúcháin chuig a contrapháirtí, suim na gcatagóirí riosca uile ForLíontán^(a) i gcomhréir le hAirteagal 278(1);

- (b) i gcás na dtacar glanluachála uile a bhfuil luach margaidh deimhneach acu, an chomhthaobhacht a gheofar san áireamh, agus atá faoi réir comhaontú corrlaigh faoina bhfaighidh institiúid corrlach athrúcháin óna contrapháirtí, suim na gcatagóirí riosca uile ForLíontán^(a) i gcomhréir le hAirteagal 278(1).

Chun é sin a ríomh agus chun suíomh riosca na gconarthaí díorthacha a áirítear sna tacair ghlanluachála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chinneadh, cuirfidh institiúidí fachtóir aibíochta a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 279c(1) nó faoi luach 1 in ionad an fhachtóra aibíochta a ríomhtar i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 279c(1).

- 4. Ní chuirfidh institiúidí a bhaineann úsáid as na modhanna a leagtar amach i Roinn 4 nó i Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí chun luach neamhchosanta a gconarthaí díorthacha a chinneadh, ní chuirfidh siad an ceanglas cistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo i bhfeidhm ar thacair ghlanluachála na gconarthaí díorthacha atá faoi réir comhaontuithe corrlaigh faoina mbreacann institiúidí corrlaigh athrúcháin chuig a gcontrapháirtithe agus i gcás ina bhfuil luach margaidh diúltach ag na tacair ghlanluachála sin.

Airteagal 428y

Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 25%

Beidh urrúsuithe neamhualaithe Leibhéal 2B dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 13(14) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 25%, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

Airteagal 428z

Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 30%

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 30%:

- (a) bannaí faoi chumhdach ardchaighdeán neamhualaithe dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;
- (b) scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 30% chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin

leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

Airteagal 428aa
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 35%

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 35%:

- (a) urrúsuithe neamhualaithe Leibhéal 2B dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 13(14) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;
- (b) scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 35% chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcur i bhfeidhm phointe (f) d’Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

Airteagal 428ab
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 40%

Beidh scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 40% chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcur i bhfeidhm phointe (g) d’Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 40%, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

Airteagal 428ac
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 50%

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 50%:

- (a) sócmhainní neamhualaithe atá incháilithe mar shócmhainní Leibhéal 2B i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, cé is moite d’urrúsuithe Leibhéal 2B agus na bannaí faoi chumhdach ardchaighdeán dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (e) d’Airteagal 12(1) den Rialachán Tarmligthe sin, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;
- (b) taiscí arna sealbhú ag an institiúid in institiúid airgeadais eile a chomhlíonann na critéir maidir le taiscí oibríochtúla a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61;

- (c) sócmhainní a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná bliain amháin acu mar thoradh ar idirbhearta leo seo a leanas:
- (i) rialtas láir Ballstáit nó tríú tír;
 - (ii) rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla i mBallstát nó i dtríú tír;
 - (iii) eintitis earnála poiblí Ballstáit nó tríú tír;
 - (iv) na bairc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118;
 - (v) na hinstiúidí creidmheasa dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 10(1) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/61;
 - (vi) corparáidí neamhairgeadais, custaiméirí miondíola agus FBManna;
 - (vii) comhair chreidmheasa atá údaraithe ag údarás inniúil, cuideachtaí infheistíochta phearsanta agus cliaint ar bróicéirí taisce iad sa mhéid nach dtagann na dliteanais sin faoi phointe (a) den mhír seo;
- (d) sócmhainní a bhfuil aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad agus níos lú ná bliain amháin acu mar thoradh ar idirbhearta leo seo a leanas:
- (i) an Banc Ceannais Eorpach nó banc ceannais Ballstáit;
 - (ii) banc ceannais tríú tír;
 - (iii) custaiméirí airgeadais;
- (e) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe a bhfuil aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad agus níos lú ná bliain amháin acu.
- (f) sócmhainní atá ualaithe i gcomhair aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad agus níos lú ná bliain amháin, seachas i gcás ina sannfaí fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh do na sócmhainní sin i gcomhréir le hAirteagal 428a go hAirteagal 428g den Rialachán ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe agus, sa chás sin, cuirfear i bhfeidhm an fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm ar an tsócmhainn neamhualaithe;
- (g) aon sócmhainní eile a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná bliain amháin acu, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 428r go hAirteagal 428ab den Rialachán seo.

Airteagal 428ad
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 55%

Beidh scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 55% chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/61, beidh siad faoi réir fachtóir

cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 55%, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 17 den Rialachán Tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

Airteagal 428ae
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 65%

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 65%:

- (a) iasachtaí neamhualaithe atá urraithe le morgáistí ar mhaoín chónaithe nó iasachtaí áite cónaithe neamhualaithe atá ráthaithe go hiomlán ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 129(1) a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu, ar choinníoll go sannfar ualú riosca 35% nó níos lú do na hiasachtaí sin i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí;
- (b) iasachtaí neamhualaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu, cé is moite d'iasachtaí do chustaiméirí airgeadais agus d'iasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 428r go hAirteagal 428ac, ar choinníoll go sannfar ualú riosca 35% nó níos lú do na hiasachtaí sin i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí.

Airteagal 428af
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 85%

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 85%:

- (a) aon sócmhainní, lena n-áirítear airgead tirim, a bhreactar mar chorrach tosaigh le haghaidh conarthaí díorthacha, ach amháin i gcás ina sannfaí dóibh fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir le hAirteagal 428ag ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe agus, sa chás sin, cuirfear i bhfeidhm an fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm ar an tsócmhainn neamhualaithe;
- (b) aon sócmhainní, lena n-áirítear airgead tirim, a bhreactar mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana an chontrapháirtí lárnaigh, ach amháin i gcás ina sannfaí dóibh fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir le hAirteagal 428ag ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe agus, sa chás sin, cuirfear i bhfeidhm an fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm ar an tsócmhainn neamhualaithe;
- (c) iasachtaí neamhualaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu, cé is moite d'iasachtaí do chustaiméirí airgeadais agus d'iasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 428r go hAirteagal 428ae, nach mbíonn thar téarma go ceann níos mó ná 90 lá agus a sanntar dóibh ualú riosca níos mó ná 35% i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí
- (d) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu;

- (e) urrúis neamhualaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 agus nach bhfuil incháilithe mar shócmhainní leachtachta i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 13 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/61;
- (f) gnáthscaireanna neamhualaithe arna dtrádáil ar na stocmhalartáin nach bhfuil incháilithe mar shócmhainní Leibhéal 2B i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/61;
- (g) tráchtearraí fisiciúla arna dtrádáil, lena n-áirítear ór ach gan díorthaigh tráchtearraí a áireamh.

Airteagal 428ag
Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100%

1. Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100%:
 - (a) aon sócmhainní ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair bliana nó níos mó;
 - (b) aon sócmhainní eile cé is moite díobh sin dá dtagraítear in Airteagal 428r go hAirteagal 428af, lena n-áirítear iasachtaí do chustaiméirí airgeadais a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair bliana nó níos mó acu, iasachtaí neamhthuillmheacha, ítimí a asbhainfear as caipiteal rialála, sócmhainní seasta, gnáthscaireanna nach gnáthscaireanna arna dtrádáil ar na stocmhalartáin iad, leas coinnithe, sócmhainní árachais, urrúis ar mainneachtain.
2. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1, féadfaidh sócmhainní atá ualaithe le haghaidh bliain amháin nó níos mó i gcomhair oibríochtaí neamhchaighdeánacha sealadacha arna gcur i gcrích ag BCE nó ag banc ceannais Ballstáit chun a shainordú a bhaint amach i dtréimhse struis airgeadais ar fud an mhargaidh nó i dtréimhse dúshlán maicreacnamaíoch suntasach, féadfaidh siad laghdú ar an bhfachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a fháil.
Cinnfidh údaráis inniúla, le formheas an bhainc ceannais ábhartha, an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh iomchuí atá le cur i bhfeidhm ar na sócmhainní sin atá ualaithe, fachtóir nach mbeidh níos lú ná an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a mbeadh feidhm aige maidir leis na sócmhainní sin dá mbeidís á sealbhú go neamhualaithe faoin Roinn seo.
3. Cuirfidh institiúidí fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100% i bhfeidhm ar an difríocht, más difríocht dhearfach, idir suim na luachanna margaidh thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach margaidh dearfach acu agus suim na luachanna margaidh thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach margaidh diúltach acu arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428d.

Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis an ríomh dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

- (a) déanfar corrlaigh athrúcháin a gheobhaidh institiúidí óna gcontrapháirtithe a bhaint ó luach margaidh an tacaírlan glanluachála a bhfuil luach margaidh dearfach aige i gcás ina gcáileoidh an chomhthaobhacht mar shócmhainní Leibhéal 1 i gcomhréir le Teideal II de Rialachán Tarmligthe 2015/61, más comhthaobhacht a gheofar mar chorrlaigh athrúcháin í, cé is moite de na bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 10(1) den Rialachán Tarmligthe sin, agus bheadh an teideal dlí agus an cumas oibríochtúil ag institiúidí iad a athúsáid.
- (b) déanfar na corrlaigh athrúcháin uile arna mbreacadh ag institiúidí chuig a gcontrapháirtithe a bhaint ó luach margaidh an tacaírlan glanluachála a bhfuil luach margaidh diúltach aige.”.

(115) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid a Seacht:

“CUID A SEACHT GIARÁIL

Airteagal 429 *An cóimheas gearála a ríomh*

1. Ríomhfaidh institiúidí a gcóimheas gearála i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i mír 2 go mír 4 den Airteagal seo.
 2. Ríomhfar an cóimheas gearála mar thomhas caipitil institiúide arna roinnt faoi thomhas neamhchosanta iomláine na hinstitiúide sin agus sloinnfear é mar chéatadán. Ríomhfaidh institiúidí an cóimheas gearála ag an dáta tuairiscithe tagartha.
 3. Chun críocha mhír 2, beidh an tomhas caipitil cothrom le caipiteal Leibhéal 1.
 4. Chun críocha mhír 2, beidh tomhas na neamhchosanta iomláine cothrom le suim luachanna neamhchosanta na nithe seo a leanas:
 - (a) sócmhainní, cé is moite de na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, díorthaigh chreidmheasa agus na suíomhanna a shainmhínítear in Airteagal 429e, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429b(1);
 - (b) conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa, lena n-áirítear na conarthaí agus na díorthaigh creidmheasa sin atá lasmuigh den chlár comhardaithe, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429c agus le hAirteagal 429d;
 - (c) forlíontáin le haghaidh riosca creidmheasa contrapháirtí na n-idirbheart um maoiniú urrús, lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den chlár comhardaithe, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429e;
 - (d) ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe, cé is moite de na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, díorthaigh creidmheasa, idirbhearta um maoiniú urrús agus suíomhanna a shainmhínítear in Airteagal 429d agus 429g, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429f;
 - (e) gnáthcheannach nó gnáthdhíolachán atá fós le socrú, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429g.
- Déanfaidh institiúidí idirbhearta socraíochta iarchurtha a láimhseáil i gcomhréir le pointe (a) go pointe (d) den chéad fhomhír, de réir mar is infheidhme.
- Féadfaidh institiúidí an tsuim dá dtagraítear sa chéad fhomhír a laghdú faoi mhéid iomlán na gcoigeartuithe i leith riosca creidmheasa ar ítimí atá laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, faoi réir íostairseach 0.
5. De mhaolú ar phointe (d) de mhír 4, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) beidh ionstraim dhíorthach a mheastar a bheith ina hítim lasmuigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le pointe (d) de mhír 4 ach a dhéantar a láimhseáil mar dhíorthach i gcomhréir leis an gcreat cuntasáiochta is infheidhme, beidh sí faoi réir na láimhseála a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 4;
- (b) i gcás ina ndéanfaidh cliant institiúide, ag gníomhú dó mar chomhalta imréitigh, idirbheart go díreach le contrapháirtí lárnach agus ina ráthóidh an institiúid feidhmíocht neamhchosaintí trádála a cliaint ar an gcontrapháirtí lárnach a thagann as an idirbheart sin, ríomhfaidh an institiúid a neamhchosaint ar toradh ar an ráthaíocht í i gcomhréir le pointe (b) de mhír 4, amhail agus go ndearna an institiúid an t-idirbheart go díreach leis an gcliant, lena n-áirítear maidir le corrlach athrúcháin in airgead tirim a fháil nó a sholáthar.

Beidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar amach i bpointe (b) den chéad fhomhír maidir le hinstitiúid atá ag gníomhú mar chliant ardleibhéil a ráthaíonn feidhmíocht neamhchosaintí trádála a cliaint.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír agus chun críocha an dara fhomhír, ní fhéadfaidh institiúidí a mheas gur cliant é an t-eintiteas cleamhnaithe ach amháin i gcás ina bhfuil an t-eintiteas lasmuigh de scóip rialála maidir le comhdhlúthú ar an leibhéal ag a gcuirtear i bhfeidhm an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92(3)(d).

6. Chun críocha mhír 4(e) den Airteagal seo agus d'Airteagal 429g, ciallaíonn 'gnáthcheannach nó gnáthdhíolachán' ceannach nó díolachán urrúis de réir conarthaí a n-éilíonn na téarmaí a ghabhann leo go ndéanfar an t-urrús a sheachadadh laistigh den achar ama arna bhunú go ginearálta le dlí nó le gnás sa mhargadh lena mbaineann.

Airteagal 429 a
Neamhchosaintí a eisiatar ón tomhas neamhchosanta

1. De mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 429(4), féadfaidh institiúid aon cheann de na neamhchosaintí seo a leanas a eisiamh óna tomhas neamhchosanta:
 - (a) na méideanna a asbhaintear as ítimí Chomh-ghnáthscaireanna Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(d);
 - (b) na sócmhainní a asbhaintear sa ríomh a dhéantar ar an tomhas caipitil dá dtagraítear in Airteagal 429(3);
 - (c) neamhchosaintí dá sanntar ualú riosca 0% i gcomhréir le hAirteagal 113(6);
 - (d) i gcás inar institiúid creidmheasa forbartha poiblí an institiúid, na neamhchosaintí a thagann as na sócmhainní ar éilimh ar rialtais réigiúnacha, ar údarais áitiúla nó ar eintitis earnála poiblí iad i dtaobh infheistíochtaí san earnáil phoiblí;
 - (e) neamhchosaintí a thagann as iasachtaí cur chun cinn a aistriú chuig institiúidí

creidmheasa eile agus an iasacht cur chun cinn á deonú acu;

- (f) codanna ráthaithe de neamhchosaintí a thagann as chreidmheasanna onnmhairiúcháin a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas araon:
 - (i) soláthraíonn gníomhaireacht chreidmheasa onnmhairiúcháin nó rialtas láir an ráthaíocht;
 - (ii) baineann ualú riosca 0% leis an gcuid ráthaithe den neamhchosaint i gcomhréir le hAirteagal 114(4) nó Airteagal 116(4);
- (g) i gcás inar comhalta imréitigh de chontrapháirtí lárnach cáilitheach an institiúid, neamhchosaintí trádála na hinstitiúide sin, ar choinníoll go ndéanfar iad a imreíteach leis an gcontrapháirtí lárnach cáilitheach sin agus go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 306(1);
- (h) i gcás inar cliant ardleibhéil laistigh de struchtúr cliant il-leibhéil an institiúid, na neamhchosaintí trádála ar an gcomhalta imréitigh nó ar eintiteas a fhónann mar chliant ardleibhéil don institiúid sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 305(2) agus ar choinníoll nach mbeidh sé d'oibleagáid ar an institiúid a cliant a aisíoc as aon chaillteanas a bhainfear dó i gcás mainneachtain ar thaobh an chomhalta imréitigh nó an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh;
- (i) sócmhainní muiníneacha a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas uile:
 - (i) aithnítear iad ar chlár comhardaithe na hinstitiúide de réir na bprionsabal cuntasaíochta náisiúnta a bhfuil glacadh leo go ginearálta, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 86/635/CEE;
 - (ii) comhlíonann siad na critéir le haghaidh neamhaithint a leagtar amach i gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (CIC) 39, mar a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1606/2002;
 - (iii) comhlíonann siad na critéir le haghaidh neamh-chomhdhlúthú a leagtar amach i gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 10, mar a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1606/2002, i gcás inarb infheidhme;
- (j) neamhchosaintí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas uile:
 - (i) is neamhchosaintí ar eintiteas earnála poiblí iad;
 - (ii) déantar iad a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 116(4);
 - (iii) eascraíonn siad ó thaiscí a bhfuil sé d'oibleagáid ar an institiúid ó thaobh an dlí de a aistriú chuig an eintiteas earnála poiblí dá dtagraítear

i bpointe (i) ar mhaithe le hinfheistíochtaí ar son an leasa choitinn a mhaoiniú;

- (k) níor tugadh amach ar iasacht an chomhthaobhacht bharrachais a taisceadh le gníomhairí trípháirteacha;
- (l) an tsócmhainn infhaighte, i gcás ina n-aithníonn institiúid faoin gcreat cuntasáíochta is infheidhme an corrlach athrúcháin a íoctar in airgead tirim lena contrapháirtí, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i bpointe (a) go pointe (e) d'Airteagal 429c(3);
- (m) na neamhchosaintí urrúsaithe ó urrúsuithe traidisiúnta a chomhlíonann na coinníollacha maidir haistriú riosca suntasach a leagtar síos in Airteagal 243.

2. Chun críocha phointe (d) de mhír 1, ciallaíonn institiúid creidmheasa forbartha poiblí institiúid creidmheasa a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) institiúid creidmheasa í arna bunú ag rialtas láir, ag rialtas réigiúnach nó ag údarás áitiúil i mBallstát;
- (b) tá a gníomhaíocht teoranta do chuspóirí sonraithe beartais airgeadais, shóisialta nó eacnamaíoch a chur chun cinn i gcomhréir leis na dlíthe agus na forálacha lena rialaítear an institiúid sin, ar bhonn neamhiomaíoch. Chun na críocha sin, féadfar a áireamh ar na cuspóirí beartais phoiblí maoiniú a sholáthar ar mhaithe le hearnálacha eacnamaíocha sonraithe nó limistéir gheografacha shonraithe an Bhallstáit ábhartha a chur chun cinn agus a fhorbairt;
- (c) níl sé mar aidhm aici a oiread brabúis agus is féidir a dhéanamh nó an méid is mó is féidir de sciar an mhargaidh a fháil;
- (d) faoi réir rialacha stáitchabhrach, tá sé d'oibleagáid ar an rialtas láir, ar an rialtas réigiúnach nó ar an údarás áitiúil inmharthanacht na hinstitiúide creidmheasa a chosaint nó ráthaíonn siad go díreach nó go hindíreach ar a laghad 90% de cheanglais cistí dílse, de cheanglais chistiúcháin nó de neamhchosaintí na hinstitiúide creidmheasa;
- (e) coisctear ar an institiúid creidmheasa glacadh le taiscí faoi chumhdach mar a shainmhínítear iad i bpointe (5) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/49/AE nó i ndlí náisiúnta na mBallstát a bhfuil an Treoir sin á cur chun feidhme acu.

3. I gcás nach gcomhlíonfar an coinníoll a leagtar síos san fhomhír dheiridh d'Airteagal 429(5), ní chuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach i bpointe (g) agus i bpointe (h) de mhír 1 i bhfeidhm.

Airteagal 429b

Luach neamhchosanta na sócmhainní a ríomh

1. Ríomhfaidh institiúidí luach neamhchosanta na sócmhainní, cé is moite de na

conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, díorthaigh chreidmheasa agus na suíomhanna a shainmhínítear in Airteagal 429e, i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

- (a) ciallaíonn luachanna neamhchosanta na sócmhainní luachanna neamhchosanta mar a shainmhínítear sa chéad abairt d'Airteagal 111(1) iad;
 - (b) ní úsáidfear comhthaobhacht fhisiceach ná airgeadais, ráthaíochtaí ná maolú riosca creidmheasa ceannaithe chun luachanna neamhchosanta na sócmhainní a laghdú;
 - (c) ní dhéanfar sócmhainní a ghlanluacháil le dliteanais;
 - (d) ní dhéanfar idirbhearta um maoiniú urrús a ghlanluacháil.
2. Chun críocha phointe (c) de mhír 1, ní sháraíonn socrú comhthiomsaithe airgid arna thairiscint ag institiúid an coinníoll a leagtar amach sa phointe sin ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an socrú an dá choinníoll a leanas araon:
- (a) aistríonn an institiúid a bhfuil an socrú comhthiomsaithe airgid á thairiscint aici iarmhéideanna sochair agus dochair chuntais aonair éagsúla an ghrúpa eintiteas a áirítear sa socrú ('cuntais bhunaidh') isteach i gcuntas aonair ar leith agus, ar an gcaoi sin, socraíonn sí iarmhéideanna na gcuntas bunaidh go náid;
 - (b) cuireann an institiúid na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo i gcrích ar bhonn laethúil.
3. De mhaolú ar mhír 2, ní sháraíonn socrú comhthiomsaithe airgid nach gcomhlíonfaidh an coinníoll a leagtar síos i bpointe (b) na míre sin, ach a chomhlíonfaidh an coinníoll a leagtar síos i bpointe (a) na míre sin, ní sháraíonn sé an coinníoll a leagtar síos i bpointe (c) de mhír 1, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an socrú na coinníollacha breise uile seo a leanas:
- (a) tá ceart infheidhmithe le dlí ag institiúid iarmhéideanna na gcuntas bunaidh a fhritháireamh trína n-aistriú go cuntas aonair tráth ar bith;
 - (b) níl aon neamhréireanna aibíochta idir iarmhéideanna na gcuntas bunaidh
 - (c) gearrann nó íocann an institiúid ús bunaithe ar chomh-iarmhéid iomlán na gcuntas bunaidh;
 - (d) measann údarás inniúil na hinstitiúide go bhfuil an mhinicíocht lena n-aistrítear iarmhéideanna na gcuntas bunaidh uile leordhóthanach ionas go bhféadfaí comh-iarmhéid iomlán an tsocraithe comhthiomsaithe airgid, agus an méid sin amháin, a áireamh sa tomhas neamhchosanta ar chóimheas gearála.
4. De mhaolú ar phointe (d) de mhír 1, féadfaidh institiúidí ríomh a dhéanamh ar luach

neamhchosanta airgid infhaighte agus airgid iníoctha faoi idirbheart um maoiniú urrús leis an gcontrapháirtí céanna ar bhonn glan, agus ar an mbonn sin amháin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) tá an dáta socraíochta deiridh follasach céanna ag na hidirbhearta;
- (b) an ceart chun an méid atá dlite don chontrapháirtí a fhritháireamh in aghaidh an mhéid atá dlite ag an gcontrapháirtí, tá sé infheidhmithe le dlí sna cásanna uile seo a leanas:
 - (i) i ngnáthchúrsa gnó;
 - (ii) i gcás mainneachtana, dócmhainneachta agus féimheachta;
- (c) nuair atá sé ar intinn ag na contrapháirtithe socrú a dhéanamh ar bhonn glan, socrú a dhéanamh go comhuaineach, nó nuair atá na hidirbhearta faoi réir sásra socraíochta a mbeidh socraíocht ar bhonn glan nó a comhionann feidhmiúil mar thoradh air.

5. Chun críocha phointe (c) de mhír 4, féadfaidh institiúidí a chinneadh nach mbeidh socraíocht ar bhonn glan nó a comhionann feidhmiúil mar thoradh ar shásra socraíochta ach amháin i gcás ina mbeidh, ar an dáta socraíochta, toradh glan eis-sreabha airgid na n-idirbheart faoin sásra sin cothrom leis an méid aonair glan faoi shocraíocht ar bhonn glan agus ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) socraítear na hidirbhearta tríd an gcóras socraíochta céanna;
- (b) tacaítear leis na socruithe socraíochta trí airgead nó trí shaoráidí creidmheasa ionlae a chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm acu a dheimhniú go gcuirfear i gcrích socrú na n-idirbheart roimh dheireadh an lae gnó;
- (c) ní chuireann aon saincheistanna a thagann as gnéithe urrús na n-idirbheart um maoiniú urrús isteach ar chur i gcrích ghlanocrú airgid thirim infhaighte agus airgid thirim iníoctha.

Ní mheastar an coinníoll i bpointe (c) den chéad fhomhír a bheith comhlíonta ach amháin i gcás ina bhféadfaidh teip aon idirbhirt um maoiniú urrús sa sásra socraíochta moill a chur ar shocrú ghné an airgid meaitseála amháin nó ina bhféadfaidh an teip oibleagáid a chruthú don sásra socraíochta, arna tacú ag saoráid chreidmheasa ghaolmhar.

I gcás ina dteipfidh ar ghné urrús an idirbhirt um maoiniú urrús sa sásra socraíochta ag deireadh na tréimhse ama chun socrú a dhéanamh sa sásra socraíochta, scarfaidh institiúidí an t-idirbheart seo agus a ghné airgid meaitseála ón tacar glanluachála agus láimhseálfaidh siad iad ar bhonn comhlán.

6. Chun críocha mhír 2 agus mhír 3, ciallaíonn ‘socrú comhthiomsaithe airgid’ socrú lena ndéantar iarmhéideanna sochair agus dochair cuntas aonair éagsúil a chur le chéile ar mhaithe le bainistiú airgid nó leachtachta.

Airteagal 429c

Luach neamhchosanta na ndíorthach a ríomh

1. Ríomhfaidh institiúidí luach neamhchosanta na gconarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus na ndíorthach creidmheasa, lena n-áirítear na cinn sin atá lasmuigh den chlár comhardaithe, i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Roinn 3.

Agus an luach neamhchosanta á chinneadh, féadfaidh institiúidí éifeachtaí conarthaí le haghaidh nuachana agus comhaontuithe glanluachála eile a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 295. Ní chuirfidh institiúidí glanluacháil trastáirgí san áireamh, ach féadfaidh siad glanluacháil a dhéanamh laistigh den chatagóir táirgí dá dtagraítear i bpointe (25)(c) d’Airteagal 272 agus laistigh de dhíorthaigh creidmheasa nuair atá siad faoi réir comhaontú glanluachála trastáirgí conarthach dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 295.

Áireoidh institiúidí sa tomhas neamhchosanta céadroghanna arna ndíol fiú i gcás ina bhféadtar a luach neamhchosanta a shocrú go náid i gcomhréir leis an láimhseáil a leagtar síos in Airteagal 274 (5).

2. I gcás ina dtiocfaidh laghdú ar líon na sócmhainní faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme de thoradh sholáthar na comhthaobhachta a bhaineann le conarthaí díorthacha, déanfaidh institiúidí an laghdú sin a fhreaschur.
3. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, ní fhéadfaidh institiúidí ach comhthaobhacht a fhaightear in airgead tirim óna gcontrapháirtithe a aithint mar an corrlach athrúcháin dá dtagraítear in Airteagal 275 agus costas athsholáthair na gconarthaí díorthacha á ríomh acu i gcomhréir le hAirteagal 275, i gcás nár aithníodh sa chreat cuntasaíochta is infheidhme an corrlach athrúcháin cheana féin mar laghdú ar an luach neamhchosanta agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
- (a) i gcomhair trádálacha nach n-imréitítear trí chontrapháirtí lárnach cáilitheach, ní leithscartar an t-airgead tirim a gheobhaidh an contrapháirtí is faighteoir;
 - (b) déantar an corrlach athrúcháin a ríomh agus a mhalartú ar bhonn laethúil ar a laghad bunaithe ar luacháil maidir le marcáil ón margadh na suíomhanna díorthach;
 - (c) tá an corrlach athrúcháin a fuarthas, tá sé in airgeadra a shonraítear sa chonradh díorthach, lena rialaítear máistir-chomhaontú glanluachála, iarscríbhinn maidir le tacaíocht creidmheasa a ghabhann leis an máistir-chomhaontú glanluachála cáilitheach nó mar a shainmhínítear in aon chomhaontú glanluachála le

contrapháirtí lárnach cáilitheach;

- (d) is é an corrlach athrúcháin a fuarthas an méid iomlán a bheadh de dhíth chun neamhchosaint maidir le marcáil ón margadh an chonartha díorthach a mhúchadh faoi réir na tairisí agus na n-íosmhéideanna aistrithe is infheidhme maidir leis an gcontrapháirtí;
- (e) cumhdaítear an conradh díorthach agus an corrlach athrúcháin idir an institiúid agus contrapháirtí an chonartha sin faoi chomhaontú glanluachála aonair a fhéadfaidh an institiúid a láimhseáil mar laghdú riosca i gcomhréir le hAirteagal 295.

Chun críocha na chéad fhomhíre, i gcás ina soláthróidh institiúid comhthaobhacht airgid thirim do chontrapháirtí agus go gcomhlíonfaidh an chomhthaobhacht sin na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a) go pointe (e) na fhomhíre sin, measfaidh an institiúid an chomhthaobhacht sin a bheith ina corrlach athrúcháin a bhreactar le contrapháirtí agus cuirfidh an institiúid san áireamh í agus an costas athsholáthair á ríomh.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, measfar go bhfuil institiúid tar éis an coinníoll a leagtar amach ann a chomhlíonadh i gcás ina malartófar an corrlach athrúcháin ar maidin an lae trádála i ndiaidh an lae trádála ar a sonraíodh an conradh díorthach, ar choinníoll go mbunófar an malartú ar luach an chonartha ag deireadh an lae trádála ar a sonraíodh an conradh.

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír, i gcás ina mbeidh díospóid chorrailigh ann, féadfaidh institiúidí méid na comhthaobhachta nach ábhar díospóide é a malartaíodh a aithint.

- 4. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, ní chuirfidh institiúidí comhthaobhacht a fuarthas i nglanmhéid na comhthaobhachta neamhspleáiche a ríomh mar a shainmhínítear i bpointe 12a d'Airteagal 272, ach amháin i gcás conarthaí díorthacha le cliaint i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtí lárnach cáilitheach na conarthaí sin a imréiteach.
- 5. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, socróidh institiúidí luach an iolraitheora a úsáidfear chun an neamhchosaint a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 278(1) go haon, ach amháin i gcás conarthaí díorthacha le cliaint i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtí lárnach cáilitheach na conarthaí sin a imréiteach.
- 6. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní fhéadfaidh institiúidí an modh a leagtar amach i Roinn 4 nó i Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí a úsáid chun luach neamhchosanta na gconarthaí a liostaítear i bpointe 1 agus i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a chinneadh ach amháin i gcás ina n-úsáidfí siad an modh sin freisin chun luach neamhchosanta na gconarthaí sin a chinneadh ar mhaithe leis na

ceanglais cistí dílse a leagtar amach in Airteagal 92 a chomhlíonadh.

I gcás ina gcuirfidh institiúidí ceann de na modhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm, ní laghdóidh siad an tomhas neamhchosanta faoi mhéid an chorrlaigh a fuair siad.

Airteagal 429d

Forálacha breise maidir le luach na neamhchosanta atá ag na díorthaigh creidmheasa i scríbhinn a ríomh

1. De bhreis ar an láimhseáil a leagtar síos in Airteagal 429c, áireoidh institiúidí i ríomh luach na neamhchosanta a bheidh ag na díorthaigh creidmheasa i scríbhinn na méideanna barúlacha iarbhír dá dtagraítear sna díorthaigh creidmheasa i scríbhinn arna laghdú le haon athruithe diúltacha ar an luach cóir a ionchorpraíodh i gcaipiteal Leibhéal 1 maidir leis na díorthaigh creidmheasa i scríbhinn sin.

Ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach iarbhír a bheidh ag díorthaigh creidmheasa i scríbhinn trí bhíthin méid barúlach na ndíorthach sin a choigeartú chun fíor-neamhchosaint na gconarthaí atá luamhánaithe nó ar shlí eile feabhsaithe le struchtúr an idirbhirt.
2. Féadfaidh institiúidí luach na neamhchosanta a laghdú go hiomlán nó go páirteach a ríomhtar i gcomhréir le mír 1 faoi mhéid barúlach iarbhír na ndíorthach creidmheasa a ceannaíodh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:
 - (a) is ionann aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh agus aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa i scríbhinn nó is mó aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh ná aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa i scríbhinn;
 - (b) tá an díorthach creidmheasa a ceannaíodh ar shlí eile faoi réir na dtéarmaí ábhartha céanna leis an díorthach creidmheasa i scríbhinn chomhfhreagrach nó téarmaí ábhartha níos coimeádaí ná téarmaí an díorthaigh sin;
 - (c) ní ó chontrapháirtí a d'fhágfadh an institiúid ar neamhchosaint ar shainriosa comhghaolmhaireachta, mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 291(1), ní ó chontrapháirtí den chineál sin a cheannaítear an díorthach creidmheasa a ceannaíodh;
 - (d) i gcás ina laghdaítear méid barúlach iarbhír an díorthaigh creidmheasa i scríbhinn faoi aon athrú diúltach ar an luach cóir a ionchorpraítear i gcaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide, laghdaítear méid barúlach iarbhír an díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh faoi aon athrú deimhneach ar an luach cóir a ionchorpraítear i gcaipiteal Leibhéal 1;
 - (e) ní áirítear an díorthach creidmheasa a ceannaíodh in idirbheart a rinne an institiúid a imréiteach thar ceann cliant nó a rinne an institiúid a imréiteach ina ról mar chliant ar leibhéal níos airde i struchtúr seirbhísí cliant il-leibhéal agus

a n-eisiatar an méid barúlach iarbhír dá dtagraítear sa díorthach creidmheasa i scríbhinn chomhfhreagrach ón tomhas neamhchosanta ina leith sin i gcomhréir le pointe (g) nó le pointe (h) d'Airteagal 429a, de réir mar is infheidhme.

Chun críocha ríomh na neamhchosanta féideartha todhchaíche ar chreidmheas i gcomhréir le hAirteagal 429c(1), féadfaidh institiúidí an chuid sin de dhíorthach creidmheasa i scríbhinn a eisiamh ón tacar glanluachála ar díorthach creidmheasa i scríbhinn é nach ndéantar a fhritháireamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo agus a n-áirítear an méid barúlach iarbhír sa tomhas neamhchosanta ina leith.

3. Chun críocha phointe (b) de mhír 2, ciallaíonn 'téarma ábhartha' aon ghné den díorthach creidmheasa a bhaineann lena luacháil sin, lena n-áirítear an leibhéal tánaistithe, an roghnaíocht, na teagmhais chreidmheasa, an t-eintiteas tagartha foluiteach nó comhthiomsú eintiteas, agus an oibleagáid tagartha fholuiteach nó comhthiomsú oibleagáidí den chineál sin, seachas an méid barúlach agus aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa.

Chun críocha na chéad fhomhíre, is nuair a thagróidh dhá ainm tagartha don eintiteas dlíthiúil céanna, agus sa chás sin amháin, arb ionann iad.

4. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 2, féadfaidh institiúidí díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh a úsáid ar chomhthiomsú ainmneacha tagartha chun díorthaigh creidmheasa i scríbhinn ar ainmneacha tagartha ar leith laistigh den chomhthiomsú sin i gcás inarb ionann an comhthiomsú eintiteas tagartha agus leibhéal an tánaistithe sa dá idirbheart.
5. Ní laghdóidh institiúidí an méid barúlach iarbhír atá ag díorthaigh creidmheasa i scríbhinn i gcás ina gceannóidh siad cosaint chreidmheasa trí bhabhtáil an toraidh iomláin agus ina ndéanfaidh sé taifead ar na glaníocaíochtaí arna bhfáil mar ghlanioncam, ach nach ndéanfaidh siad taifead ar aon mheath fritháirimh i luach an díorthaigh creidmheasa i scríbhinn i gcaipiteal Leibhéal 1.
6. I gcás díorthach creidmheasa a ceannaíodh ar chomhthiomsú oibleagáidí tagartha, féadfaidh institiúidí laghdú a dhéanamh ar an méid barúlach iarbhír atá ag díorthaigh creidmheasa i scríbhinn ar oibleagáidí tagartha ar leith faoin méid barúlach iarbhír atá ag díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh i gcomhréir le mír 2 ach amháin i gcás go bhfuil an chosaint a ceannaíodh coibhéiseach ó thaobh an gheilleagair de le cosaint a cheannach ar leithligh ar gach ceann de na hoibleagáidí ar leith sa chomhthiomsú.
7. Chun chríocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'díorthach creidmheasa i scríbhinn' aon ionstraim airgeadais lena soláthraíonn institiúid cosaint chreidmheasa ar bhonn éifeachtach, lena n-áirítear babhtálacha mainneachtana creidmheasa, babhtálacha toraidh iomláin agus roghanna i gcás ina bhfuil an oibleagáid ar an institiúid cosaint

chreidmheasa a sholáthar faoi choinníollacha a shonraítear sa chonradh roghanna.

Airteagal 429e

Forlíontán riosca creidmheasa contrapháirtí le haghaidh IMUanna

1. De bhreis ar ríomh luach na neamhchosanta ar na IMUanna, lena n-áirítear iad sin atá lasmuigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le hAirteagal 429b(1), áireoidh institiúidí sa tomhas neamhchosanta forlíontán riosca creidmheasa contrapháirtí a chinnfear i gcomhréir le mír 2 nó le mír 3 den Airteagal seo, mar is infheidhme.
2. Ríomhfaidh institiúidí an forlíontán do na hidirbhearta le contrapháirtí nach bhfuil faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 206 (E_i^*) ar bhonn gach idirbhirt ar leith i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$E_i^* = \max\{0, E_i - C_i\}$$

i gcás:

i = an t-innéacs a chuireann an t-idirbheart in iúl;

E_i = luach cóir na n-urrús nó an airgid a tugadh ar iasacht don chontrapháirtí faoi idirbheart i ;

C_i = luach cóir na n-urrús nó an airgid a fuarthas ón gcontrapháirtí faoi idirbheart i ;

Féadfaidh institiúidí E_i^* a shocrú comhionann le nialas i gcás gurb é E_i an t-airgead a thugtar ar iasacht do chontrapháirtí agus nach bhfuil an t-airgead infhála gaolmhar incháilithe don láimhseáil glanluachála a leagtar amach in Airteagal 429b(4).

3. Ríomhfaidh institiúidí an forlíontán do na hidirbhearta le contrapháirtí nach bhfuil faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 206 (E^{i*}) ar bhonn gach comhaontaithe ar leith i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$E_i^* = \max\left\{0, \sum_i E_i - \sum_i C_i\right\}$$

i gcás:

i = an t-innéacs a chuireann an comhaontú glanluachála in iúl;

E_i = luach cóir na n-urrús nó an airgid a tugadh ar iasacht don chontrapháirtí i leith na n-idirbheart faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála i ;

C_i = luach cóir na n-urrús nó an airgid a fuarthas ón gcontrapháirtí faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála i .

4. Chun críocha mhír 2 agus mhír 3, áirítear sa téarma contrapháirtí gníomhairí trí pháirtí a fhaigheann comhthaobhacht i dtaisce agus a bhainistíonn an chomhthaobhacht i gcás bearta trí pháirtí.
5. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí an modh a leagtar amach in Airteagal 222 a úsáid, faoi réir íostairseach 20% don ualú riosca infheidhme, chun an forlíontán le haghaidh IMUanna a chinneadh, lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den chlár comhardaithe. Féadfaidh institiúidí an modh sin a úsáid ach amháin i gcás ina mbaineann siad úsáid as freisin chun luach neamhchosanta na n-idirbheart sin a ríomh chun críche an ceanglas cistí dílse a chomhlíonadh mar a leagtar amach i bpointí (a) go (c) d'Airteagal 92(1).
6. I gcás ina gcuirtear cuntasáiocht díolachán i gcrích le haghaidh idirbheart athcheannaigh faoi réir an chreata cuntasáiochta is infheidhme, déanfaidh an institiúid gach iontráil chuntasáiochta a bhaineann le díolacháin a fhreaschur.
7. I gcás ina ngníomhaíonn institiúid mar ghníomhaire idir dhá pháirtí i leith IMU, lena n-áirítear IMU lasmuigh den chlár comhardaithe, beidh feidhm ag an méid seo leanas maidir le tomhas na neamhchosanta ar an institiúid a ríomh:
 - (a) I gcás ina soláthraíonn institiúid slánaíocht nó ráthaíocht do cheann amháin de na páirtithe i leith an IMU agus ina bhfuil an tslánaíocht nó an ráthaíocht teoranta d'aon difríocht idir luach an urrúis nó an airgid a thug an páirtí ar iasacht agus luach na comhthaobhachta a sholáthair an t-iasachtaí, ní áireoidh an institiúid ach an forlíontán a chinneadh i gcomhréir le mír 2 nó le mír 3 mar is infheidhme, i dtomhas na neamhchosanta;
 - (b) i gcás nach soláthraíonn an institiúid slánaíocht nó ráthaíocht d'aon cheann de na páirtithe lena mbaineann, ní áireofar an t-idirbheart sa tomhas neamhchosanta;
 - (c) i gcás ina bhfuil an institiúid neamhchosanta ó thaobh an gheilleagair de ar an urrús foluiteach nó ar airgead an idirbhirt go dtí méid níos mó ná an neamhchosaint atá cumhdaithe ag an bhforlíontán, áireoidh sí sa tomhas neamhchosanta méid iomlán an urrúis nó an airgid a bhfuil sí neamhchosanta air;
 - (d) i gcás ina soláthraíonn an institiúid, agus í ag gníomhú ina gníomhaire, slánaíocht nó ráthaíocht don dá pháirtí a bhaineann leis an IMU, ríomhfaidh an institiúid a tomhas neamhchosanta i gcomhréir le pointí (a) go (c) ar leithligh do gach páirtí a bhaineann leis an idirbheart.

Airteagal 429f

Luach neamhchosanta ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a ríomh

1. Ríomhfaidh institiúidí luach neamhchosanta ítimí atá lasmuigh den chlár

comhardaithe, gan conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a áireamh, díorthaigh creidmheasa, IMUanna agus suíomhanna a shainmhínítear in Airteagal 429d, i gcomhréir le hAirteagal 111(1).

I gcomhréir le hAirteagal 166(9), i gcás ina dtagraítear i gceangaltas do shíneadh ceangaltais eile, is é an ceann is ísle den dá fhachtóir coinbhéartachta a bhaineann leis an gceangaltas aonair a úsáidfear.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí an méid coibhéiseach atá ag neamhchosaint chreidmheasa ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a laghdú faoin méid comhfhreagrach atá ag coigeartuithe riosca creidmheasa ar leith. Beidh an ríomh sin faoi réir íostairseach nialais.
3. De mhaolú ar mhír 1, cuirfidh institiúidí fachtóir coinbhéartachta 10% i bhfeidhm ar ítimí riosca ísil atá lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 111(1).

Airteagal 429g

Tomhas neamhchosanta gnáthcheannach agus ar ghnáthdhíolachán atá le socrú a ríomh

1. Láimhseoidh institiúidí airgead a bhaineann le gnáthdhíolacháin agus urrúis a bhaineann le gnáthdhíolacháin a fhanann ar an gclár comhardaithe go dtí an dáta socraíochta mar shócmhainní i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 429(4).
2. Déanfaidh institiúidí, i gcomhréir leis an gcreat cuntasáíochta is infheidhme, a chuireann cuntasáíocht dáta trádála i bhfeidhm maidir le gnáthcheannaigh agus gnáthdhíolacháin atá le socrú aon fhritháireamh a fhreaschur idir airgead infhála i leith gnáthdhíolacháin atá le socrú agus airgead iníoctha i leith gnáthcheannaigh atá le socrú a cheadaítear faoin gcreat sin. Tar éis institiúidí an fhritháireamh cuntasáíochta a fhreaschur, féadfaidh siad an t-airgead infhála sin agus an t-airgead iníoctha sin araon a fhreaschur nuair a shocrófar na gnáthdhíolacháin agus na gnáthcheannaigh ábhartha ar bhonn seachadta in áit íocaíochta.
3. Áireoidh institiúidí, i gcomhréir leis an gcreat cuntasáíochta is infheidhme, a chuireann cuntasáíocht dáta trádála i bhfeidhm maidir le gnáthcheannaigh agus gnáthdhíolacháin atá le socrú, luach ainmniúil iomlán na n-oibleagáidí atá le híoc agus a bhaineann le gnáthcheannaigh sa tomhas neamhchosanta.

Chun chríocha na chéad fhomhíre, féadfaidh institiúidí luach ainmniúil iomlán na n-oibleagáidí a bhaineann le gnáthcheannaigh a fhritháireamh le luach ainmniúil iomlán an airgid infhála a bhaineann le gnáthdhíolacháin atá le socrú ach amháin i gcás ina socraítear an gnáthcheannach agus an gnáthdhíolachán ar bhonn seachadta in áit íocaíochta.

Airteagal 430
Ceanglas maidir le tuairisciú

1. Tuairisceoidh institiúidí do na húdaráis inniúla atá acu ar an gcóimheas gearála mar a leagtar amach sa Chuid seo. Cuirfidh institiúidí beaga na tuarascálacha isteach faoin gcóimheas gearála gach bliain mar a shainmhínítear in Airteagal 430a agus, faoi réir mhír 2, cuirfidh institiúidí eile tuarascálacha isteach gach bliain nó níos minice ná sin.
2. Chun chríocha an cheanglais maidir le tuairisciú mar a leagtar síos i mír 1, forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun teimpléid aonfhoirmeacha don tuairisciú a chinneadh, na treoracha maidir le teimpléid den sórt sin a úsáid agus na minicíochtaí agus na dátaí don tuairisciú agus na réitigh teicneolaíochta faisnéise.

Beidh na ceanglais maidir le tuairisciú a shonraítear sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme comhréireach, ag féachaint do mhéid agus do chastacht na n-institiúidí agus do chineál agus do leibhéal riosca na ngníomhaíochtaí atá acu.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.”.

- (116) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid a hOcht:

"CUID A hOCHT INSTITIÚIDÍ TEIDEAL I PRIONSABAIL GHINEARÁLTA A NOCHTADH

*Airteagal 430 a
Sainmhínithe*

Chun chríocha na Codach seo agus Airteagail 13, 99, 100, 394 agus 430, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) Ciallaíonn "institiúid mhór" institiúid a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) sainaithníodh an institiúid mar institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht Shistéamach ag baint léi ('G-SII') i gcomhréir le hAirteagal 131(1) agus (2) de Threoir 2013/36/AE ;
 - (b) sainaithníodh an institiúid mar institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht Shistéamach eile ag baint léi ('O-SII') i gcomhréir le hAirteagal 131(1) agus (3) de Threoir 2013/36/AE ;
 - (c) tá an institiúid, sa Bhallstát ina bhfuil sí bunaithe, ar na trí institiúid is mó de réir luach iomlán na sócmhainní;
 - (d) tá luach iomlán shócmhainní na hinstitiúide ar bhonn a stádais chomhdhlúthaithe cothrom le nó níos mó ná EUR 30 billiún;
 - (e) tá luach iomlán shócmhainní na hinstitiúide cothrom le nó níos mó ná EUR 5 bhilliún agus tá an cóimheas idir a sócmhainní iomlána agus Olltáirgeacht Intíre an Bhallstáit ina bhfuil sí suite ar an meán cothrom le nó níos mó ná 20% ar feadh na tréimhse ceithre bliana díreach roimh an tréimhse nochta bhliantúil reatha.
- (2) Ciallaíonn "fochuideachta mhór" cuideachta a cháilíonn mar fhochuideachta mhór mar a shainmhínítear i mír 1.
- (3) Ciallaíonn "institiúid neamhliostaithe" institiúid nár eisigh urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte d'aon Bhallstát, mar a shainmhínítear i bpointe (21) d'Airteagal 4 (1) de Threoir 2014/65/AE.
- (4) ciallaíonn "institiúid bheag" institiúid a bhfuil luach a sócmhainní ar an meán cothrom le nó níos lú ná EUR 1.5 billiún ar feadh na tréimhse ceithre bliana díreach roimh an tréimhse nochta bhliantúil reatha.

Airteagal 431
Ceanglais agus beartais maidir le nochtadh

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i dTeidil II agus III don phobal i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Teideal seo, faoi réir na n-eisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 432.
2. Nochtfaidh institiúidí aon chead i leith na n-ionstraimí agus na modheolaíochtaí don phobal dá dtagraítear i dTeideal III agus a dheonaíonn na húdaráis inniúla faoi Chuid a Trí.
3. Glacfaidh comhlacht bainistíochta nó bainistíocht shinsearach institiúidí beartais fhoirmiúla chun na ceanglais maidir le nochtadh a chomhlíonadh a leagtar síos sa Chuid seo agus próisis, córais agus rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm chun a fhíorú gurb iomchuí nochtaí na n-institiúidí agus go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Chuid seo. Deimhneoidh ar a laghad ball amháin den chomhlacht bainistíochta nó de bhainistíocht shinsearach institiúidí i scríbhinn gur nocht an institiúid ábhartha na nochtaí a cheanglaítear faoin gCuid seo i gcomhréir leis na beartais agus le próisis, córais agus rialuithe inmheánacha dá dtagraítear sa mhír seo. Áireofar an deimhniú i scríbhinn dá dtagraítear sa mhír seo i nochtaí institiúidí.

Beidh beartais curtha i bhfeidhm ag institiúidí freisin chun a fhíorú go dtugann a nochtaí léargas cuimsitheach ar a bpróifíl riosca do rannpháirtithe an mhargaidh. I gcás ina bhfuil institiúidí den tuairim nach dtugann na nochtaí sin léargas cuimsitheach ar a bpróifíl riosca do rannpháirtithe an mhargaidh a cheanglaítear faoin gCuid seo, nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis don phobal de bhreis ar an bhfaisnéis sin a cheanglaítear a nochtadh. D'ainneoin an méid sin roimhe seo, ní cheanglófar ar institiúidí ach amháin faisnéis atá ábhartha agus nach faisnéis dhílseánaigh nó rúnda í a nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 432.

4. Beidh insint cháilíochtúil agus aon fhaisnéis fhorlíontach a d'fhéadfadh bheith riachtanach chun go dtuigfeadh úsáideoirí a théann i muinín na faisnéise sin na nochtaí cainníochtúla ag gabháil leis na nochtaí cáinníochtúla sin, ina luaitear aon athrú suntasach ar aon nochtadh ar leith i gcomparáid leis an bhfaisnéis atá sa nochtadh a rinneadh roimhe seo.
5. Tabharfaidh institiúidí, má iarrtar sin orthu, míniú ar a gcinntí rátála do FBManna agus d'iarratasóirí corparáideacha eile ar iasachtaí, agus tabharfaidh siad míniú i scríbhinn nuair a iarrfar sin orthu. Beidh costais riaracháin an mhínithe comhréireach le méid na hiasachta.

Airteagal 432
Faisnéis neamhábhartha, dhílseánaigh nó rúnda

1. Féadfaidh institiúidí ceann amháin nó níos mó de na nochtaí a liostaítear i dTeidil II agus III a fhágáil ar lár mura meastar gur faisnéis ábhartha í an fhaisnéis a chuirtear ar fáil le nochtaí den sórt sin, cé is moite de na nochtaí a leagtar síos in Airteagail 437, 435(2)(c) agus 450.

Measfar gur faisnéis ábhartha i nochtaí í faisnéis, más rud é, de bharr í a fhágáil ar lár nó míráiteas a thabhairt ina leith, go bhféadfaí athrú a dhéanamh nó tionchar a imirt ar mheasúnú nó ar chinneadh úsáideora a théann i muinín na faisnéise ar mhaithe le cinntí eacnamaíocha a dhéanamh.

Déanfaidh ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, treoirlínte a eisiúint maidir leis an gcaoi ar gá d'institiúidí ábharthacht a chur i bhfeidhm i ndáil leis na ceanglais maidir le nochtadh atá i dTeideal II agus i dTeideal III.

2. Féadfaidh institiúidí freisin ceann amháin nó níos mó de na míreanna faisnéise a liostaítear i dTeideal II agus i dTeideal III a fhágáil ar lár freisin i gcás ina n-áirítear ar na míreanna sin faisnéis a meastar gur faisnéis dhílseánaigh nó rúnda í i gcomhréir leis an dara fomhír seo, cé is moite de na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 437 agus in Airteagal 450.

Measfar gur faisnéis dhílseánaigh de chuid institiúidí í faisnéis de chineál a fhágann, dá nochtfaí don phobal í, go mbainfí an bonn dá staid iomaíochta. Féadfar a áireamh le faisnéis dhílseánaigh faisnéis maidir le táirgí nó córais a d'fhágfadh, dá roinnfí le hiomaitheoirí í, go mbeadh luach níos ísle ar infheistíochtaí institiúidí sna táirgí agus sna córais sin.

Measfar gur faisnéis rúnda í an fhaisnéis i gcás go gceanglaíonn custaiméirí nó caidrimh chontrapháirtí eile oibleagáid ar na hinstitiúidí an fhaisnéis sin a choinneáil rúnda nó, i gcásanna eisceachtúla agus faoi réir cead a fháil ón údarás inniúil roimh ré, i gcás go bhféadfaidh an fhaisnéis an-difear a dhéanamh do shuíomh iomaíochta na hinstitiúide.

Déanfaidh ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, treoirlínte a eisiúint maidir leis an gcaoi ar gá d'institiúidí an ghné dhílsithe agus an rúndacht a chur i bhfeidhm i ndáil leis na ceanglais maidir le nochtadh atá i dTeideal II agus i dTeideal III.

3. Sna cásanna eisceachtúla dá dtagraítear i mír 2, luafaidh an institiúid lena mbaineann ina nochtaí, más amhlaidh nár nochtadh na míreanna faisnéise sonracha, an chúis nach bhfuil siad á nochtadh, agus foilseoidh sí faisnéis níos ginearálta faoi ábhar an cheanglais maidir le nochtadh, cé is moite de chás inar cheart iad sin a aicmiú mar fhaisnéis dílsithe nó rúnda.

Airteagal 433
Minicíocht agus scóip na nochtai

Foilseoidh institiúidí nochtai a cheanglaítear faoi Theideal II agus faoi Theideal III ar an dóigh a leagtar amach in Airteagal 433a go hAirteagal 433c.

Foilseofar nochtai bliantúla ar an an dáta a fhoilseoidh na hinstitiúidí a ráitis airgeadais nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Foilseofar nochtai leathbhliantúla agus ráithiúla ar an an dáta a fhoilseoidh na hinstitiúidí a dtuarascálacha airgeadais don tréimhse chomhfhreagrach nuair is infheidhme nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Beidh aon mhoill idir dáta foilsithe na nochtai a cheanglaítear faoin gCuid seo agus dáta foilsithe na ráiteas airgeadais ábhartha réasúnta agus, ar aon chaoi, ní rachaidh sí thar an tréimhse ama a leagfaidh na húdaráis inniúla amach de bhun Airteagal 106 de Threoir 2013/36/AE.

Airteagal 433a
Nochtai ag institiúidí móra

1. Nochtfaidh institiúidí móra an fhaisnéis a leagtar amach thíos agus, ar a laghad, mar seo a leanas:
 - (a) an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoin gCuid seo ar bhonn bliantúil;
 - (b) na nochtai dá dtagraítear i bpointe (e) agus i bpointe (f) d’Airteagal 439, pointe (1) de phointe (e) agus pointe (3) d’Airteagal 442, pointe (e) d’Airteagal 444, pointe (a) agus pointe (b) d’Airteagal 448, pointí (k) go (m) d’Airteagal 449, pointe (a) agus pointe (b) d’Airteagal 451, Airteagal 451a(2) agus (3), pointe (f) d’Airteagal 452, pointe (f) d’Airteagal agus pointe (a) d’Airteagal(2) ar bhonn leathbhliantúil;
 - (c) Na nochtai dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 437, i bpointe (c) d’Airteagal 438, i bpointe (c) d’Airteagal 442 agus na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447 ar bonn ráithiúil.
2. De mhaolú ar mhír 1, nochtfaidh institiúidí móra seachas na G-SIIanna atá ina n-institiúidí neamhliostaithe an fhaisnéis a leagtar amach thíos agus déanfaidh siad sin, ar a laghad, chomh minic leis seo a leanas:
 - (d) an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoin gCuid seo ar bhonn bliantúil;
 - (e) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447 ar bhonn leathbhliantúil.
3. Nochtfaidh institiúidí móra faoi réir Airteagal 92a nó Airteagal 92b an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 437a ar bhonn leathbhliantúil, seachas i leith na

bpríomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear i bpointe (h) d’Airteagal 447.

Airteagal 433b
Nochtaí ag institiúidí beaga

1. Nochtfaidh institiúidí beaga an fhaisnéis a leagtar amach thíos agus déanfaidh siad sin, ar a laghad, chomh minic leis seo a leanas:

(a) ar bhonn bliantúil:

- (i) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d’Airteagal 435(1);
- (ii) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d’Airteagal 435(2);
- (iii) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450;
- (iv) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 437 (a), pointe (c) d’Airteagal 438, pointe (e) agus pointe (f) d’Airteagal 439, pointe (c) agus pointe (1) agus pointe (3) de phointe (e) d’Airteagal 442, pointe (e) d’Airteagal 444, pointe (a) agus pointe (b) d’Airteagal 448, pointí (k) go (m) d’Airteagal 449, pointe (a) agus pointe (b) d’Airteagal 451, Airteagal 451a(2) agus (3), pointe (f) d’Airteagal 452, pointe (f) d’Airteagal 453 agus pointe (a) d’Airteagal 455(2), nuair is infheidhme.

(b) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447 ar bhonn leathbhliantúil;

2. De mhaolú ar mhír 1, nochtfaidh institiúidí beaga atá ina n-institiúidí neamhliostaithe an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar bhonn bliantúil:

- (a) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d’Airteagal 435(1);
- (b) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d’Airteagal 435(2);
- (c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450;
- (d) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447;

Airteagal 433c
Nochtaí ag institiúidí eile

1. Nochtfaidh institiúidí nach bhfuil faoi réir Airteagal 433a nó Airteagal 433b an fhaisnéis a leagtar amach thíos agus, ar a laghad, mar seo a leanas:

(a) an fhaisnéis uile a leagtar síos faoin gCuid seo ar bhonn bliantúil;

- (b) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447 ar bhonn leathbhliantúil.
2. De mhaolú ar mhír 1, nochtfaidh institiúidí eile atá ina n-institiúidí neamhliostaithe an fhaisnéis a leagtar amach thíos agus déanfaidh siad sin, ar a laghad, chomh minic leis seo a leanas:
- (a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 435 agus in Airteagal 450, i bpointe (a) d’Airteagal 437, i bpointe (c) d’Airteagal 438, i bpointe (e) agus i bpointe (f) d’Airteagal 439, i bpointe (c) agus i bpointe (e) de phointe (1) agus phointe (3) d’Airteagal 442, i bpointe (e) d’Airteagal 444, i bpointe (a) agus i bpointe (b) d’Airteagal 448, i bpointí (k) go (m) d’Airteagal 449, i bpointe (a) agus i bpointe (b) d’Airteagal 451, d’Airteagal 451a(2) agus (3), i bpointe (f) d’Airteagal 452, i bpointe (f) d’Airteagal 453 agus i bpointe (a) d’Airteagal 455 (2) ar bhonn bliantúil;
- (b) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447 ar bhonn leathbhliantúil.

Airteagal 434
Modhanna nochta

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoi Theideal II agus faoi Theideal III i bhformáid leictreonach agus i bhfoirm nó suíomh aonair. Is é a bheidh sa mheán nó sa suíomh aonair doiciméad leithleach ina gcuirtear foinse inrochtana faisnéise stuamachta ar fáil sa chaoi gur éasca teacht uirthi le haghaidh úsáideoirí na faisnéise sin nó cuid ar leith a áireofar i ráitis airgeadais nó i dtuarascálacha airgeadais na n-institiúidí nó a chuirfear i gceangal leis na ráitis sin ina mbeidh na nochtaí riachtanacha le fáil agus a bheidh na húsáideoirí in ann a aithint go héasca.
2. Cuirfidh institiúidí cartlann den fhaisnéis sin is gá a nochtadh i gcomhréir leis an gCuid seo ar fáil ar a suíomh gréasáin nó, in éagmais suíomh gréasáin, in aon suíomh iomchuí eile. Áiritheofar go mbeidh an chartlann sin inrochtana ar feadh tréimhse ama nach lú ná an tréimhse stórála a shocraítear sa dlí náisiúnta i leith faisnéise a áirítear i dtuarascálacha airgeadais na n-institiúidí.
3. Chun chríocha an Airteagail seo, tuigfear ‘tuarascáil airgeadais’ de réir bhrí Airteagal 4 agus Airteagal 5 i dTreoir 2004/109/CE³⁰ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

³⁰ Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

Airteagal 434 a
Formáidí aonfhoirmeacha don nochtadh

1. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun formáidí aonfhoirmeacha don nochtadh a chinneadh, agus treoracha gaolmhara a ndéanfar na nochtaí is gá faoi Theideal II agus Theideal III i gcomhréir leo.

Cuirfidh na formáidí aonfhoirmeacha sin faisnéis ar leor a cuimsitheacht agus a hinchoparáideacht in iúl d'úsáideoirí na faisnéise sin chun próifílí riosca institiúidí agus a mhéid atá siad ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i gCodanna a hAon go dtí a Seacht a mheasúnú. Chun inchomparáideacht na faisnéise a éascú, féachfar sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena áirithiú go mbeidh formáidí don nochtadh comhsheasmhach le caighdeáin idirnáisiúnta do nochtaí.

Beidh formáidí don nochtadh i bhformáid tábla nuair is iomchuí.

2. Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an Choimisiúin faoin [30 Meitheamh 2019].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

TEIDEAL II
CRITÉIR THEICNIÚLA MAIDIR LE TRÉDHEARCACHT AGUS
NOCHTADH

Airteagal 435
Cuspóirí agus beartais bainistíochta riosca

1. Nochtfaidh institiúidí a gcuspóirí bainistíochta riosca agus a mbeartais bainistíochta riosca i gcás gach catagóire riosca ar leithligh, lena n-áirítear na rioscaí dá dtagraítear faoin Teideal seo, ar an dóigh a leagtar síos in Airteagal 433a, in Airteagal 433b agus in Airteagal 433c. Áireofar ar na nochtaí sin:

- (a) na straitéisí agus na próisis chun na catagóirí riosca sin a bhainistiú;
- (b) struchtúr agus eagrúchán na feidhme bainistíochta riosca ábhartha, lena n-áirítear faisnéis ar bhonn a húdaráis, a cumhachtaí agus a cuntasacht i gcomhréir le doiciméid rialála agus ionchorpraithe na hinstitiúide;
- (c) raon feidhme agus cineál an tuairiscithe riosca agus na gcóras tomhais;
- (d) na beartais maidir le riosca a fhálú agus a mhaolú, agus na straitéisí agus na próisis chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht leanúnach na bhfáluithe agus na maolaitheoirí;

- (e) dearbhú atá faofa ón gcomhlacht bainistíochta maidir le leordhóthanacht socruithe bainistíochta riosca na hinstitiúide ábhartha ina dtugtar cinnteacht gur leor na córais bainistíochta riosca atá i bhfeidhm maidir le próifíl agus straitéis na hinstitiúide;
 - (f) ráiteas riosca gairid arna fhaomhadh ag an gcomhlacht bainistíochta ina ndéantar cur síos gonta ar phróifíl fhoriomlán riosca na hinstitiúide a bhaineann leis an straitéis ghnó. Áireofar sa ráiteas sin:
 - (i) cóimheasa agus figiúirí ríthábhachtacha ina dtugtar léargas cuimsitheach do pháirtithe leasmhara seachtracha ar an mbainistiú a dhéanann an institiúid ar riosca, lena n-áirítear an chaoi a ndéantar, le próifíl riosca na hinstitiúide, idirghníomhú leis an lamháltas riosca arna shocrú ag an gcomhlacht bainistíochta.
 - (ii) Faisnéis ar idirbhearta inghrúpa agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar phróifíl riosca an ghrúpa chomhdhlúite.
2. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir le socruithe rialachais, lena n-áirítear nuashonruithe rialta a dhéanfar go bliantúil, ar a laghad, ar an dóigh a leagtar síos in Airteagal 433a, in Airteagal 433b agus in Airteagal 433c:
- (a) líon na stiúrthóireachtaí arna sealbhú ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta;
 - (b) an beartas earcaíochta chun comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a roghnú agus an t-eolas, na scileanna agus an saineolas iarbhír atá acu;
 - (c) an beartas maidir le héagsúlacht maidir le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a roghnú, na cuspóirí agus aon spriocanna iomchuí atá leagtha amach sa bheartas sin, agus a mhéid a baineadh amach na cuspóirí agus na spriocanna sin;
 - (d) cibé acu atá nó nach bhfuil coiste riosca ar leithligh bunaithe ag an institiúid agus an méid uaireanta ar tháinig an coiste le chéile;
 - (e) an tuairisc ar an sreabhadh faisnéise maidir le riosca a thugtar don chomhlacht bainistíochta.

Airteagal 436
Raon feidhme chur i bhfeidhm a nochtadh

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm cheanglais an Rialacháin sin i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE mar seo a leanas:

- (a) ainm na hinstitiúide lena mbaineann ceanglais an Rialacháin seo;

- (b) Réiteach idir na ráitis airgeadais chomhdhlúite arna n-ullmhú i gcomhréir leis an gcreat cuntasáochta infheidhme agus leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite arna n-ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis an gcomhdhlúthú rialála de bhun Chuid 1, Theideal II, Roinn 2 agus Roinn 3. Déanfar trácht sa réiteach sin ar na difríochtaí idir raon feidhme cuntasáochta an chomhdhlúthaithe agus raon feidhme rialála an chomhdhlúthaithe agus na n-eintiteas dlíthiúil a áirítear i ngach peiriméadar. Sa trácht ar na heintitis dhlíthiúla a áirítear ar raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála, cuirfear síos ar cibé acu atá na heintitis sin comhdhlúite go hiomlán nó go comhréireach nó nach bhfuil agus cibé acu a baineadh sealúchais na n-eintiteas sin as cistí dílse nó nár baineadh;
- (c) aon bhac praiticiúil nó dlíthiúil ábhartha reatha nó ionchais ar aistriú pras cistí dílse nó aisíoc dliteanas idir an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí;
- (d) an méid comhiomlán faoinar lú na cistí dílse iarbhir ná mar a theastaíonn i ngach fochuideachta nach bhfuil ar áireamh sa chomhdhlúthú, agus ainm nó ainmneacha fochuideachtaí den sórt sin;
- (e) nuair is infheidhme, na himthosca faoina mbaintear úsáid as an maolú dá dtagraítear in Airteagal 7 nó an modh chomhdhlúite aonair a leagtar síos in Airteagal 9.

Airteagal 437
Cistí dílse a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh maidir lena gcistí dílse:

- (a) réiteach iomlán ar ítimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1, d'ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1, d'ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 agus na scagairí agus na hasbhaintí a chuirtear i bhfeidhm de bhun Airteagail 32 go 35, in Airteagal 36, in Airteagal 56 agus in Airteagal 66 maidir le cistí dílse na hinstitiúide agus an clár comhardaithe i ráitis airgeadais iniúchta na hinstitiúide;
- (b) tuairisc ar na príomhghnéithe d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 arna n-eisiúint ag an institiúid;
- (c) téarmaí agus coinníollacha iomlána gach ionstraime de Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2;
- (d) nochtadh ar leithligh ar chineál agus ar mhéideanna na nithe seo a leanas:
 - (iv) gach scagaire stuamachta a chuirtear i bhfeidhm de bhun Airteagail 32 go 35;
 - (v) gach asbhaint a dhéantar de bhun Airteagal 36, Airteagal 56 agus Airteagal 66;
 - (vi) ítimí nach n-asbhaintear i gcomhréir le hAirteagal 47, Airteagal 48, Airteagal 56, Airteagal 66 agus Airteagal 79;

- (e) tuairisc ar na srianta go léir a chuirtear i bhfeidhm maidir le ríomh cistí dílse i gcomhréir leis an Rialachán seo agus na hionstraimí, scagairí stuamachta agus na hasbhaintí a bhfuil feidhm ag na srianta sin maidir leo;
- (f) míniú cuimsitheach ar an mbonn ar a ríomhtar cóimheasa caipitil i gcás go ríomhtar na cóimheasa caipitil sin ag úsáid eilimintí de chistí dílse arna gcinneadh ar bhonn seachas é sin a leagtar síos sa Rialachán seo,

Airteagal 437 a

Ceanglais a nochtadh maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

Nochtfaidh institiúidí faoi réir Airteagal 92a nó 92b an fhaisnéis seo a leanas maidir lena gcistí dílse agus lena ndliteanais incháilithe:

- (a) Comhdhéanamh a gcistí dílse agus a ndliteanais incháilithe, a n-aibíocht agus a bpríomhghnéithe;
- (b) dliteanais incháilithe a rangú in ordlathas creidiúnaithe;
- (c) méid iomlán de gach eisiúint dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b agus méid na n-eisiúintí sin a áirítear ar ítimí de dhliteanais incháilithe laistigh de na teorainneacha a shonraítear in Airteagal 72b(3);
- (d) méid iomlán dliteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2).

Airteagal 438

Ceanglais a nochtadh maidir le caipiteal cistí dílse agus méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca de

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an tslí a bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 92 den Rialachán seo agus in Airteagal 73 de Threoir 2013/36/AE:

- (a) achoimre ar a gcur chuige maidir le measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht a gcaipitil inmheánaigh d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí reatha agus todhchaí;
- (b) comhdhéanamh na gceanglas cistí dílse breise a bhaineann le caipiteal ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá bunaithe ar an bpróiseas athbhreithniúcháin mhaoirseachta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 104(1) de Threoir 2013/36/AE;
- (c) arna iarraidh sin don Údarás Inniúil ábhartha, toradh ar an bpróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil;
- (d) an méid neamhchosanta iomlán atá ualaithe ó thaobh riosca de agus méid iomlán comhfhreagrach na gceanglas cistí dílse a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 92, atá le miondealú faoi na catagóirí riosca éagsúla a leagtar amach i gCuid a Trí agus, nuair is infheidhme, míniú ar an éifeacht ar ríomh na gcistí dílse agus ar mhéideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca de thoradh íosrátaí caipitil a chur i bhfeidhm agus gan ítimí a asbhaint as cistí dílse.

- (e) na méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca de i leith gach catagóire iasachtaithe speisialaithe dá dtagraítear i dTábla 1 d'Airteagal 153(5) agus i leith na gcatagóirí neamhchosaintí ar chothromas a leagtar amach in Airteagal 155(2);
- (f) an luach neamhchosanta agus méid neamhchosanta na n-ionstraimí cistí dílse atá ualaithe ó thaobh riosca de arna sealbhú in aon ghnóthas árachais, aon ghnóthas ath-árachais nó aon chomhlacht sealbhaithe árachais nach n-asbhaineann na hinstiúidí as a gcistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 49 agus ceanglais chaipitil á ríomh acu ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite nó comhdhlúite;
- (g) ceanglas forlíontach na gcistí dílse agus an cóimheas leordhóthanacht chaipitil den ilchuideachta airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 2002/87/CE agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir nuair a chuirtear modh 1 agus modh 2 a leagtar amach san Iarscríbhinn sin i bhfeidhm.
- (h) na hathruithe sna méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh an riosca de sa tréimhse tuairiscithe reatha i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe díreach roimhe de thoradh samhlacha inmheánacha a úsáid, lena n-áirítear achoimre ar na príomhspreagthaí a mhíníonn na hathruithe sin.
- (i) le haghaidh instiúidí atá údaraithe samhlacha inmheánacha a úsáid, na méideanna neamhchosanta hipitéiseacha atá ualaithe ó thaobh an riosca de a d'fhéadfadh bheith ann dá mbainfí úsáid as cur chuige caighdeánach infheidhme i leith na neamhchosaintí ábhartha.

Airteagal 439

Neamhchosaint ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí a nochtadh

Nochtfaidh instiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir lena neamhchosaintí ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí dá dtagraítear i gCuid a Trí, de Theideal II, Caibidil 6:

- (a) tuairisc ar an modheolaíocht a úsáidtear chun teorainneacha inmheánacha le caipiteal agus creidmheas a shannadh do neamhchosaintí ar chreidmheas an chontrapháirtí, lena n-áirítear na modhanna chun na teorainneacha sin le neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha a shannadh;
- (b) Tuairisc ar bheartais a bhaineann le ráthaíochtaí agus maolaitheoirí riosca creidmheasa, amhail na beartais chun comhthaobhacht a aimsiú agus cúlchistí creidmheasa a bhunú;
- (c) tuairisc ar bheartais i dtaca le riosca comhghaolmhaireachta a shainmhíneáil in Airteagal 291;
- (d) méid na comhthaobhachta leithscartha agus neamh-leithscartha a fhaightear agus a dhéantar a bhreacadh de réir chineál na comhthaobhachta, a dhéantar a mhiondealú tuilleadh idir comhthaobhacht a úsáidtear i leith díorthach agus idirbhearta maoinithe urrús, agus méid na comhthaobhachta a bheadh ar an instiúid a chur ar fáil dá ndéanfaí a rátáil creidmheasa a íosghrádú.

- (e) oll-luach cóir deimhneach na gconarthaí i leith díorthach agus idirbhearta maoinithe urrús, sochair na glanluachála, glan-neamhchosaint reatha ar chreidmheas, comhthaobhacht arna sealbhú agus glan-neamhchosaint ar chreidmheas i leith díorthach de réir chineál an díorthaigh agus an idirbhirt mhaoinithe urrús. Chun chríocha an phointe seo, is ionann glan-neamhchosaint ar chreidmheas agus an neamhchosaint ar chreidmheas i leith díorthach agus idirbhearta maoinithe urrús tar éis na sochair ó chomhaontuithe glanluachála is infheidhme le dlí agus socruithe comhthaobhachta a mheas;
- (f) bearta i leith idirbhearta díorthach, luachanna neamhchosanta roimh agus tar éis éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa mar a chinntear faoi na modhanna a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCaibidil 6, i Ranna 3 go dtí 6, cibé modh atá infheidhme, a dhéantar a mhiondealú idir an costas athsholáthair agus cuidithe todhcháíocha féideartha faoi na modhanna a leagtar amach i gCuid a Trí, i dTeideal II, i gCaibidil 6, i Roinn 3, Roinn 4 agus Roinn 5;
- (g) i leith idirbhearta maoinithe urrús, luachanna neamhchosanta roimh agus tar éis éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa mar a chinntear faoi na modhanna a leagtar amach i gCuid a Trí, i dTeideal II, i gCaibidil 4 agus i gCaibidil 6, cibé modh atá infheidhme.
- (h) luach barúlach na bhfáluithe díorthach creidmheasa, agus dáileadh na neamhchosaintí reatha ar chreidmheas de réir na gcineálacha neamhchosanta ar chreidmheas;
- (i) na méideanna barúlacha agus luach cóir idirbhearta díorthach creidmheasa. Déanfar idirbhearta díorthach creidmheasa a mhiondealú i ndíorthaigh creidmheasa arna n-úsáid chun chríocha phunanna creidmheasa na n-institiúidí féin agus díorthaigh creidmheasa arna n-úsáid chun chríocha na hidirghabhála, agus de réir chineál an táirge. Laistigh de gach cineál táirge, déanfar idirbhearta díorthaigh creidmheasa a mhiondealú tuilleadh trí chosaint creidmheasa a cheannaítear agus trí chosaint creidmheasa a dhíoltar;
- (j) an meastachán ar alfa i gcás go bhfuair an institiúid an cead ó na húdaráis inniúla chun a meastachán féin ar alfa a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 284(9);
- (k) I leith insititiúidí a úsáideann na modhanna a leagtar amach i gCuid 3, i dTeideal II, i gCaibidil 6, i Roinn 4 agus i Roinn 5, méid a ngnó díorthach laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe mar a ríomhtar faoi Airteagal 273a(1) agus (2), mar is infheidhme.

Airteagal 440

Caipiteal maolánach frith-thimthriallach a nochtadh

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas faoin tslí atá ag éirí leo an ceanglas maidir le caipiteal maolánach frith-thimthriallach dá dtagraítear i dTeideal VII, Caibidil 4 de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh:

- (a) dáileadh geografach na méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca arna úsáid mar bhonn chun a gcaipiteal maolánach frith-thimthriallach a ríomh;
- (b) méid an chaipitil mhaolánaigh fhrith-thimthriallaigh atá sainiúil dá n-institiúid.

Airteagal 441

Táscairí a nochtadh a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo

Institiúidí a shainaithnítear mar G-SIIanna i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE, nochtfaidh siad, ar bhonn bliantúil, luachanna na dtáscairí a úsáidtear chun a scór a chinneadh i gcomhréir le modheolaíocht an tsainaitheantais dá dtagraítear san Airteagal sin.

Airteagal 442

Neamhchosaintí ar riosca creidmheasa agus ar riosca caolúcháin a nochtadh

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir lena neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus ar riosca caolúcháin:

- (a) na sainmhínithe a úsáideann siad chun críocha cuntaisíochta ar "thar téarma" agus "lagaithe";
- (b) tuairiscí ar na cineálacha cur chuige agus na modhanna arna nglacadh chun coigeartuithe ar riosca creidmheasa ginearálta agus sonracha a chinneadh;
- (c) faisnéis faoi mhéid agus faoi cháilíocht neamhchosaintí tuillmheacha, neamhthuillmheacha agus staonta, lena n-áirítear a lagú carntha, a soláthairtí agus a n-athruithe diúltacha ar an luach cóir de dheasca riosca ar chreidmheas agus ráthaíochtaí airgeadais a fuarthas;
- (d) Anailís aosaithe ar chuntasaíocht a dhéanamh ar aon neamhchosaintí thar téarma;
- (e) ollmhéideanna agus glanmhéideanna anonn neamhchosaintí a mhainnigh agus neamhchosaintí nár mhainnigh, coigeartuithe sonracha carntha agus ginearálta ar an riosca creidmheasa agus díscríobh carntha ar na neamhchosaintí sin agus a leithdháileadh de réir limistéir agus chineál an tionscail;
- (f) aon athruithe ar ollmhéid neamhchosaintí a mhainnigh, urrúis fiachais agus neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe, lena n-áirítear, ar a laghad, faisnéis ar chomhardú tosaigh agus deiridh na neamhchosaintí sin, ollmhéid aon cheann de na neamhchosaintí sin a cuireadh ar ais faoi stádas neamh-mhainnithe nó faoi réir díscríobh, agus miondealú ar aibíocht iarmhair na n-iasachtaí agus na n-urrús fiachais.

Airteagal 443

Sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe a nochtadh

Nochtfaidh institiúidí faisnéis i leith a sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe. Chun na gcríoch sin, bainfidh institiúidí úsáid as glanluach sócmhainní de réir aicme na

neamhchosanta a dhéantar a mhiondealú de réir cháilíocht sócmhainní agus méid iomlán den mhéid anonn atá ualaithe nó neamh-ualaithe. I dtaca le faisnéis ar shócmhainní ualaithe agus neamhualaithe a nochtadh, ní nochtfaidh sí cúnamh leachtachta éigeandála arna chur ar fáil ag bainc cheannais CEBC.

Airteagal 444

Úsáid an chur chuige chaighdeánaithe a nochtadh

I gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2, nochtfar an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach ceann de na haicmí neamhchosanta a leagtar amach in Airteagal 112:

- (a) ainmneacha na nIMCSanna agus MCSanna ainmnithe aon athruithe ar na hainmniúcháin sin thar an tréimhse ainmniúcháin agus na cúiseanna a bhí leo;
- (b) aicmí na neamhchosanta a n-úsáidtear gach IMCS agus MCS ina leith;
- (c) tuairisc ar an bpróiseas a úsáideadh chun measúnuithe creidmheasa an eistheora agus na heisiúna a aistriú anuas ar na hítimí nach bhfuil áirithe sa leabhar trádála;
- (d) comhcheangal na rátála seachtraí de gach IMCS nó MCS ainmnithe leis na hualuithe riosca a chomhfhreagaíonn do na céimeanna den cháilíocht chreidmheasa a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2, á chur san áireamh nach gá an fhaisnéis sin a nochtadh i gcás ina gcomhlíonann an institiúid an comhcheangal caighdeánach arna fhoilsiú ag ÚBE;
- (e) luachanna na neamhchosanta agus luachanna na neamhchosanta tar éis maolú riosca creidmheasa a bhaineann le gach céim den cháilíocht chreidmheasa a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2 chomh maith leis na luachanna neamhchosanta sin a asbhaintear as cistí dílse.

Airteagal 445

Neamhchosaintí ar riosca margaidh a nochtadh faoin gcur chuige caighdeánaithe

Nochtfaidh na h-institiúidí a ríomhann a gceanglais cistí dílse i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a an muirear caipitil iomlán, na muirir chaipitil chun na modhanna fógaireacht-bhunaithe a thomhas, an muirear riosca mainneachtana agus na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí iarmharacha i leith na n-ionstraimí seo a leanas:

- (a) ionstraimí airgeadais, seachas ionstraimí urrúsacháin arna sealbhú sa leabhar trádála, a dhéantar a mhiondealú de réir chineál na rioscaí agus sainaitheantas leithleach an mhuirir riosca mainneachtana;
- (b) Ionstraimí urrúsacháin nach bhfuil arna sealbhú sa phunann trádála chomhghaoil, sainaitheantas leithleach le haghaidh muirear riosca difríochta creidmheasa agus le haghaidh muirear riosca mainneachtana;

- (c) Ionstraimí urrúsacháin arna sealbhú sa phunann trádála chomhghaoil, sainaitheantas leithleach le haghaidh muirear riosca difríochta creidmheasa agus le haghaidh muirear riosca mainneachtana;

Airteagal 446
Bainistíocht riosca oibriúcháin a nochtadh

Nochtfaidh institiúidí faisnéis faoin mbainistíocht riosca oibriúcháin atá acu, lena n-áirítear:

- (a) na caillteanais iomlána a thabhfófar de dheasca riosca oibriúcháin le deich mbliana anuas, ina ndéantar caillteanais stairiúla a mhiondealú de réir bliana agus sainaitheantas leithleach méideanna caillteanas is mó ná EUR 1 mhilliún;
- (b) líon na gcaillteanas is mó ná EUR 1 mhilliún, méideanna iomlána na gcaillteanas sin le trí bliana anuas, chomh maith le méideanna iomlána na gcúig chaillteanas is mó;
- (c) na táscairí agus na comhpháirteanna chun na ceanglais cistí dílse a ríomh a dhéantar a mhiondealú de réir táscaire ábhartha gnó.

Airteagal 447
Príomh-mhéadrachtaí a nochtadh

Nochtfaidh institiúidí na príomh-mhéadrachtaí seo a leanas i bhformáid tábla:

- (a) comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ceanglais cistí dílse atá acu a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92;
- (d) méid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3);
- (e) i gcás inarb infheidhme, méid ghnáthchothromas Leibhéal 1 a cheanglaítear ar na hinstiúidí a shealbhú i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a) de Threoir 2013/36/AE;
- (f) An ceanglas maoláin chomhcheangailte a cheanglaítear ar na hinstiúidí a shealbhú i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal VII de Threoir 2013/36/AE;
- (g) an cóimheas gearála arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429;
- (h) an meán nó na meáin, mar is infheidhme, in aghaidh gach ráithe de thréimhse nochta ábhartha cóimheas cumhdaigh ar leachtacht mar a ríomhtar i gcomhréir le Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/61, ar bhonn figiúirí míosúla;
- (i) an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí atá acu mar atá acu i gcomhréir le hAirteagal 428b;
- (j) an ceanglas atá acu maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 92a agus le hAirteagal 92b agus a dhéantar a mhiondealú ar leibhéal gach grúpa imréitigh i gcás inarb infheidhme.

Airteagal 448

Neamhchosaintí ar rioscaí ráta úis a nochtadh maidir le suíomhanna nach bhfuil arna sealbhú sa leabhar trádála

1. Ó [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin Leasaithe CRR], nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil seo a leanas faoi na rioscaí a thiocfaidh as athruithe a d'fhéadfadh teacht ar rátaí úis a mbeadh tionchar acu ar luach eacnamaíoch cothromais agus ar ghlanioncam úis na ngníomhaíochtaí neamhthrádála atá acu dá dtagraítear in Airteagal 84 agus in Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE:
 - (a) na hathruithe ar luach eacnamaíoch cothromais a ríomhtar faoi na sé chás maoirseachta suaite dá dtagraítear in Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE do na tréimhsí nochta reatha agus do na tréimhsí nochta roimhe sin;
 - (b) na hathruithe ar an nglanioncam úis a ríomhtar faoi na sé chás maoirseachta suaite dá dtagraítear in Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE do na tréimhsí nochta reatha agus do na tréimhsí nochta roimhe sin;
 - (c) tuairisc ar na príomhthoimhdí paraiméadracha agus samhaltaithe, seachas orthu sin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 98(5a)(b) de Threoir 2013/36/AE a úsáidtear chun athruithe ar luach eacnamaíoch cothromais agus ar ghlanioncam úis a ríomh a cheanglaítear faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) den mhír seo;
 - (d) míniú ar thábhacht na mbeart riosca a nochtar faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) den mhír seo agus ar aon athrú suntasach ar na bearta riosca sin ón dáta tuairiscithe roimhe sin;
 - (e) tuairisc ar an tslí a sainmhíneann, a dtomhaiseann, a maolaíonn agus a rialaíonn institiúidí rioscaí rátaí úis ar na ngníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála atá acu chun chríocha athbhreithniú na n-údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 84 de Threoir 2013/36/AE, lena n-áirítear:
 - (i) tuairisc ar bhearta riosca sonracha arna n-úsáid ag na h-institiúidí chun meastóireacht a dhéanamh ar athruithe ar luach eacnamaíoch cothromais atá acu agus ar an nglanioncam úis atá acu;
 - (ii) tuairisc ar na príomhthoimhdí paraiméadracha agus samhaltaithe a úsáidtear i gcórais thomhaiste inmheánacha na n-institiúidí a bheadh difriúil leis na toimhdí paraiméadracha agus samhaltaithe coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 98(5a)(b) de Threoir 2013/36/AE agus i mír 2 den Airteagal chun críche athruithe a ríomh ar luach eacnamaíoch cothromais agus ar ghlanioncam úis a ríomh a cheanglaítear faoi na sé chás maoirseachta, lena n-áirítear an réasúnaíocht do na difríochtaí sin;
 - (iii) tuairisc ar na cásanna suaite rátaí úis arna n-úsáid ag institiúidí chun meastachán a dhéanamh ar rioscaí ar na rátaí úis sin;

- (iv) éifeacht fáluithe a aithint ar na rioscaí sin ar rátaí úis, lena n-áirítear fáluithe inmheánacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 106(3) den Rialachán seo;
 - (v) achoimre ar cá mhinice a dhéantar meastóireacht ar na rioscaí sin ar rátaí úis;
 - (f) an tuairisc ar an mbainistíocht iomlán rioscaí agus straitéisí maolaithe i leith na rioscaí sin.
2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i bpointe (c) agus i bpointí (e)(i) go (e)(iv) de mhír 1 maidir le hinstiúidí a úsáideann an mhodheolaíocht chaighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 84(1) de Threoir 2013/36/AE.
3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na toimhdí coiteanna paraiméadracha agus samhaltaithe a shonrú a léireoidh instiúidí nuair a ríomhfaidh siad an glaníocnam úis dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1.
- Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh].
- Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 449

Neamhchosaint ar shuíomhanna urrúsúcháin a nochtadh

Instiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5 nó ceanglais cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 337 nó Airteagal 338, nochtfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas in áit ar leithligh dá ngníomhaíochtaí leabhar trádála agus dá ngníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála:

- (a) Tuairisc ar a gcuid gníomhaíochtaí urrúsacháin agus ath-urrúsacháin, lena n-áirítear a spriocanna infheistíochta agus bainistíochta rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, a ról in idirbhearta urrúsacháin agus ath-urrúsacháin agus a mhéid a úsáideann siad na hidirbhearta sin chun riosca creidmheasa na neamhchosaintí urrúsaithe a aistriú chuig tríú páirtithe;
- (b) na cineálacha rioscaí ar a mbeidh siad neamhchosanta ina gcuid gníomhaíochtaí urrúsacháin agus ath-urrúsacháin de réir leibhéal sinsearachta na suíomhanna urrúsacháin ábhartha, ina dtabharfar idirdhealú idir:
 - (i) riosca arna choinneáil in idirbhearta féintionscanta;
 - (ii) riosca arna ghlacadh i ndail le hidirbhearta arna dtionscnamh ag tríú páirtithe.

- (c) tuairisc ar a mbeartas chun an úsáid a bhaintear as cosaint fhálaithe agus neamhchistithe a rialú chun na rioscaí a bhaineann le hurrúsú coinnithe agus neamhchosaintí ar athurrúsú a mhaolú, lena n-áirítear contrapháirtithe fálaithe ábhartha a shainithint de réir chineál ábhartha na neamhchosanta ar riosca;
- (d) na cineálacha cur chuige chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh a chuireann siad i bhfeidhm ar a gcuid gníomhaíochtaí urrúsúcháin, lena n-áirítear na cineálacha suíomhanna urrúsacháin lena mbaineann gach cur chuige;
- (e) liosta de SSPEanna a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas, le tuairisc ar na cineálacha neamhchosaintí atá acu ar na SSPEanna laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe:
 - (i) SSPEanna ar a dtagann neamhchosaintí arna dtionscnamh ag na hinstitiúidí;
 - (ii) SSPEanna arna n-urrú ag na hinstitiúidí;
 - (iii) SSPEanna agus eintitis dlíthiúla eile a gcuireann na hinstitiúidí seirbhísí a bhaineann le hurrúsachán ar fáil dóibh sin, amhail seirbhísí bainistíochta nó seirbhísithe sócmhainní nó seirbhísí comhairleacha.
 - (iv) SSPEanna a áirítear ar raon feidhme chomhdhlúthú rialála na n-institiúidí;
- (f) liosta de na heintitis dhlíthiúla a bhfuil sé nochtá ag na hinstitiúidí ina leith gur chuir siad tacaíocht ar fáil i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5;
- (g) liosta de na heintitis dhlíthiúla atá cleamhnaithe leis na hinstitiúidí agus a infheistíonn in urrúsúcháin arna dtionscnamh ag na hinstitiúidí nó i suíomhanna urrúsúcháin arna n-eisiúint ag SSPEanna atá urraithe ag na hinstitiúidí.
- (h) achoimre ar a mbeartais chuntasaíochta maidir le gníomhaíocht urrúsacháin, lena n-áirítear idirdhealú idir suíomhanna urrúsacháin agus ath-urrúsacháin nuair is iomchuí;
- (i) ainmneacha na nIMCSanna a úsáidtear i gcomhair urrúsachán agus na cineálacha neamhchosanta a n-úsáidtear gach gníomhaireacht ina leith;
- (j) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar Chur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh mar a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5, lena n-áirítear struchtúr an phróisis mheasúnaithe inmheánaigh agus an gaol idir measúnú inmheánach agus rátálacha seachtracha den IMCS ábhartha arna nochtadh i gcomhréir le pointe (i), na sásraí rialaithe don phróiseas measúnaithe inmheánaigh, lena n-áirítear plé ar neamhspleáchas, ar chuntasacht, agus ar athbhreithniú ar an bpróiseas measúnaithe inmheánaigh, na cineálacha neamhchosanta a gcuirtear an próiseas measúnaithe inmheánaigh i bhfeidhm maidir leo agus na fachtóirí struis a úsáidtear chun leibhéil feabhsaithe creidmheasa a chinneadh;

- (k) an fhaisnéis seo a leanas, ar leithligh, maidir leis an leabhar trádála agus leis an leabhar neamhthrádála:
- (i) méid anonn na neamhchosaintí gan íoc atá urrúsaithe ag na hinstitiúidí, ar bhonn leithligh i gcás urrúsachán traidisiúnta agus urrúsachán sintéiseach agus urrúsuithe a ngníomhaíonn na hinstitiúidí díreach mar urraitheoirí ina leith. Chun amhras a sheachaint, ní áireofar sa tagairt do neamhchosaintí urrúsaithe sa phointe seo ach na neamhchosaintí urrúsaithe sin a bhfuil na hinstitiúidí tar éis riosca creidmheasa suntasach a aistriú ina leith arna chomhlachú i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5;
 - (ii) méid comhiomlán na sócmhainní atá ar feitheamh urrúsú;
 - (iii) méid na neamhchosaintí urrúsaithe agus gnóthachan nó caillteanas aitheanta ar dhíolachán don tréimhse reatha;
- (l) an fhaisnéis seo a leanas, ar leithligh, maidir le gníomhaíochtaí an leabhair trádála agus gníomhaíochtaí an leabhair neamhthrádála:
- (i) méid comhiomlán na suíomhanna urrúsúcháin atá coinnithe nó ceannaithe agus na ceanglais chaipitil agus sócmhainní gaolmhara atá ualaithe ó thaobh riosca, arna miondealú idir urrúsacháin shintéiseacha agus urrúsacháin thraidisiúnta agus arna miondealú tuilleadh i líon ábhartha bandaí d'ualú rioscaí nó de cheanglais chaipitil, maidir le gach cur chuige i ndáil le ceanglais chaipitil a úsáidfear;
 - (ii) méid na suíomhanna urrúsacháin atá coinnithe nó ceannaithe, arna miondealú idir idirbhearta sintéiseacha agus idirbhearta traidisiúnta agus idir neamhchosaintí urrúsacháin agus neamhchosaintí ath-urrúsacháin a asbhaintear as cistí dílse nó atá ualaithe ag 1 250% ó thaobh riosca;
- (m) maidir le neamhchosaintí an leabhair neamhthrádála atá urrúsaithe ag na hinstitiúidí, méid na sócmhainní lagaithe nó thar téarma urrúsaithe agus na gcaillteanas arna n-aithint ag na hinstitiúidí i rith na tréimhse reatha, arna miondealú araon de réir chineál na neamhchosanta;

Airteagal 450

Beartas luacha saothair a nochtadh

1. Ar an modh a leagtar síos in Airteagal 433a, Airteagal 433b agus Airteagal 433c, nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir lena mbeartas luacha saothair agus lena gcleachtais i leith na gcatagóirí foirne a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar a bpróifil riosca:
 - (a) faisnéis faoin bpróiseas cinnteoireachta a úsáidtear chun an beartas luacha saothair a chinneadh, agus faoi líon na gcruinnithe freisin arna dtionól ag an

bpríomhchomhlacht a bhfuil maoirsiú á dhéanamh aige ar an luach saothair le linn na bliana airgeadais, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi chomhdhéanamh agus faoi shainordú an choiste luacha saothair, an sainchomhairleoir seachtrach ar úsáideadh a chuid seirbhísí chun an beartas luacha saothair a chinneadh agus ról na bpáirtithe leasmhara iomchuí;

- (b) faisnéis faoin nasc idir pá na foirne agus a bhfeidhmíocht;
- (c) na saintréithe deartha is tábhachtaí den chóras luacha saothair, lena n-áirítear faisnéis faoi na critéir a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas agus riosca a choigeartú, beartas iarchurtha agus critéir dílsithe;
- (d) na cóimheasa idir luach saothair seasta agus inathraithe a leagtar síos i gcomhréir le pointe (g) d’Airteagal 94(1) de Threoir 2013/36/AE;
- (e) faisnéis faoi na critéir feidhmíochta ar a bhfuil an teidlíocht ar scaireanna, ar roghanna nó ar chomhpháirteanna inathraithe de luach saothair bunaithe;
- (f) na príomhpharaiméadair agus an réasúnaíocht d’aon scéim comhpháirte athraithe agus aon sochair eile neamhairgid;
- (g) faisnéis chomhiomlán chainníochtúil maidir le luach saothair, arna miondealú de réir an réimse gnó;
- (h) faisnéis chomhiomlán chainníochtúil maidir le luach saothair, arna miondealú de réir na bainistíochta sinsearaí agus na gcomhaltaí foirne a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí ar phróifíl riosca na n-institiúidí, ag tabhairt an méid seo a leanas le fios:
 - (i) méideanna an luacha saothair arna mbronnadh don bhliain airgeadais, á ndeighilt idir luach saothair seasta, lena n-áirítear tuairisc ar na comhpháirteanna seasta, agus luach saothair inathraithe, agus líon na dtairbhíthe;
 - (ii) méideanna agus foirmeacha an luacha saothair inathraithe a bhronntar, á ndeighilt idir airgead tirim, scaireanna, ionstraimí atá nasctha le scaireanna agus cineálacha eile don chuid a íoctar roimh ré agus don chuid iarchurtha;
 - (iii) méideanna luacha saothair iarchurtha a bhronntar do threimhsí feidhmíochta roimhe seo, á ndeighilt sa mhéid atá le dílsiú sa bhliain airgeadais agus an méid atá le dílsiú sna blianta ina dhiaidh sin;
 - (iv) méideanna an luacha saothair iarchurtha atá le dílsiú sa bhliain airgeadais ar méideanna iad a íoctar amach le linn na bliana airgeadais, agus a laghdaítear trí choigeartuithe feidhmíochta;
 - (v) dámhachtainí inathraithe ráthaithe le linn na bliana airgeadais, agus líon thairbhíthe na ndámhachtainí sin;

- (vi) na scaoilíocaíochtaí a bronnadh i dtréimhsí roimhe seo, a íocadh amach le linn na bliana airgeadais;
- (vii) méideanna scaoilíocaíochtaí a bronnadh le linn na bliana airgeadais, á ndeighilt ina n-íocaíochtaí a íoctar roimh ré agus ina n-íocaíochtaí iarchurtha, líon thairbhíthe na n-íocaíochtaí sin agus an íocaíocht is airde a dámhadh ar dhuine aonair;
- (i) líon na ndaoine aonair atá tar éis luach saothair EUR 1 mhilliún nó níos mó in aghaidh na bliana airgeadais a fháil, i gcás luacha saothair idir EUR 1 mhilliún agus EUR 5 mhilliún arna mhiondealú i mbandaí pá de EUR 500,000 agus i gcás luacha saothair EUR 5 mhilliún agus os a chionn arna mhiondealú i mbandaí pá de EUR 1 mhilliún;
- (j) arna iarraidh sin don Bhallstát nó don údarás inniúil, luach saothair iomlán gach comhalta den chomhlacht bainistíochta nó den bhainistíocht shinsearach.
- (k) faisnéis maidir le cibé acu a bhaineann an institiúid tairbhe as maolú nó nach mbaineann a leagtar síos le hAirteagal 94(3) de Threoir 2013/35/AE.

Chun chríocha phointe (k), cuirfidh institiúidí in iúl a bhaineann tairbhe as maolú den sórt sin cibé acu atá sé amhlaidh nó nach bhfuil mar gheall ar bhonn phointe (a) agus/nó phointe (b) d'Airteagal 94(3) de Threoir 2013/36/AE. Cuirfidh siad prionsabail an luacha saothair in iúl freisin a gcuirfidh siad an maolú nó maoluithe i bhfeidhm maidir leo, líon na mball foirne a bhaineann tairbhe as an maolú nó na maoluithe agus an luach saothair iomlán atá acu, á ndeighilt ina luach saothair inathraitheach agus seasta.

2. I gcás institiúidí móra, cuirfear an fhaisnéis chainníochtúil faoi luach saothair chomhlacht comhbhainistíochta na n-institiúidí dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil don phobal, agus idirdhealú á dhéanamh idir comhaltaí feidhmiúcháin agus neamh-feidhmiúcháin.

Comhlíonfaidh institiúidí na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo ar bhealach a bheidh oiriúnach dá méid, dá n-eagrúchán inmheánach agus do chineál, do raon feidhme agus do chastacht a gcuid gníomhaíochtaí agus gan dochar do Threoir 95/46/CE.

Airteagal 45I *An cóimheas gearála a ríomh*

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir lena gcóimheas gearála mar a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 429 agus an bhainistíocht a dhéanann siad ar an riosca a bhaineann le riosca gearála iomarcach:
 - (a) an cóimheas gearála agus an chaoi a gcuireann na h-institiúidí Airteagal 499(2) agus (3) i bhfeidhm;

- (b) miondealú ar thomhas na neamhchosanta iomláine, mar aon le réiteach ar thomhas na neamhchosanta iomláine leis an bhfaisnéis ábhartha a nochtar i ráitis airgeadais fhoilsithe;
 - (c) i gcás inarb iomchuí, méid na n-ítimí muiníneacha a baineadh den chlár i gcomhréir le hAirteagal 429a(1)(h);
 - (d) tuairisc ar na próisis a úsáideadh chun an riosca maidir le luamhánú iomarcach a bhainistiú;
 - (e) tuairisc ar na fachtóirí a raibh tionchar acu ar an gcóimheas gearála le linn na tréimhse a dtagraíonn an cóimheas gearála nochta dó.
2. Nochtfaidh institiúidí creidmheasa forbartha poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 429a(2) an cóimheas gearála gan tomhas neamhchosanta an chóimheasa gearála a choigeartú a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 429(8).

Airteagal 451 a

Ceanglais leachtachta a nochtadh maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha

1. Nochtfaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha faisnéis maidir lena gcóimheas cumhdaigh leachtachta, a gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí agus a mbainistíocht riosca leachtachta i gcomhréir leis an Airteagal.
2. Nochtfaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha an fhaisnéis seo a leanas maidir lena gcóimheas cumhdaigh leachtachta mar a ríomhtar é i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe 2015/61 (AE) ón gCoimisiún³¹:
 - (a) an meán nó na meáin, i gcás inarb infheidhme, den chóimheas cumhdaigh leachtachta atá acu ar bhonn figiúirí míosúla le haghaidh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61;
 - (b) an méid iomlán, tar éis na caolchorrallaigh ábhartha a chur i bhfeidhm, de na sócmhainní leachtacha ar ardchaighdeán a áirítear ar an maolán leachtachta i gcomhréir le Teideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 agus tuairisc ar chomhdhéanamh an mhaoláin leachtachta sin;
 - (c) Léargas ar na heis-sreafaí leachtacha, na hinsreafaí agus na glan-eis-sreafaí leachtachta mar a ríomhtar iad i gcomhréir le Teideal III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
3. Nochtfaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha an fhaisnéis seo a leanas maidir lena gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí mar a

³¹ Rialachán Tarmligthe 2015/61 (AE) ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gceanglas cumhdaigh leachtachta d'institiúidí creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1).

ríomhtar é i gcomhréir le Teideal IV de Chuid a Sé den Rialachán seo:

- (a) figiúirí dheireadh na ráithe maidir lena gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomhtar i gcomhréir le Caibidil 2 de theideal IV de Chuid a Sé den Rialachán seo le haghaidh gach ráithe den tréimhse nochta ábhartha;
 - (b) Léargas ar an gcistiúchán cobhsaí riachtanach a ríomhtar i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Sé den Rialachán seo;
 - (c) léargas ar an gcistiúchán cobhsaí atá ar fáil a ríomhtar i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal IV de Chuid a Sé den Rialachán seo;
4. Nochtfaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta sistéamacha na socruithe, na córais, na próisis agus na straitéisí atá curtha i bhfeidhm chun an riosca leachtachta a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air i gcomhréir le hAirteagal 86 de Threoir 2013/36/AE.

TEIDEAL III

CEANGLAIS CHÁILITHEACHTA CHUN

IONSTRAIMÍ NÓ MODHEOLAÍOCHTAÍ ÁIRITHE A

ÚSÁID

Airteagal 452

Nochtadh úsáid an Chur Chuige Inmheánach bunaithe ar Rátálacha maidir le riosca creidmheasa

1. Institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca faoin gCur Chuige Inmheánach bunaithe ar Rátálacha, nochtfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) an cead a thugann an t-údarás inniúil don chur chuige nó don aistriú faofa;
 - (b) i gcás gach aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147, an céatadán de luach iomlán na neamhchosanta do gach aicme neamhchosanta atá faoi réir an chur chuige chaighdeánaithe a leagtar síos i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2 nó faoi réir an chur chuige inmheánaigh bunaithe ar rátálacha a leagtar síos i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, agus don chuid de gach aicme neamhchosanta atá faoi réir plean um fheidhmiú céimneach. I gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúidí a LGDanna agus a bhfachtóirí coinbhéartaithe féin a úsáid chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh, nochtfaidh siad ar leithligh an céatadán de luach iomlán na neamhchosanta do gach aicme neamhchosanta atá faoi réir an cheada sin. Chun críocha an phointe seo, bainfidh institiúidí úsáid as an luach neamhchosanta mar a shainmhínítear in Airteagal 166;
 - (c) míniú agus athbhreithniú orthu seo a leanas:
 - (i) struchtúr agus próiseas na gcóras rátála inmheánaí, príomhghnéithe na samhlacha faofa agus an gaol idir rátálacha inmheánacha agus rátálacha seachtracha;
 - (ii) an úsáid a bhaineann institiúidí as meastacháin inmheánacha chun críocha eile seachas chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3;
 - (iii) an próiseas chun córais maolaithe riosca creidmheasa a bhainistiú agus a aithint;
 - (iv) ról na bhfeidhmeanna atá rannpháirteach i bhforbairt, faomhadh agus aon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na samhlacha riosca creidmheasa;

- (v) raon feidhme agus príomhábhar an tuairiscithe a bhaineann le samhlacha riosca creidmheasa.
- (d) de réir mar is infheidhme, an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147:
- (i) a luachanna neamhchosanta laistigh den chlár comhardaithe;
 - (ii) a luachanna neamhchosanta lasmuigh den chlár comhardaithe roimh an bhfachtóir ábhartha coinbhéartaithe a chur i bhfeidhm agus tar éis sin;
 - (iii) a luachanna neamhchosanta laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe tar éis an maolú ábhartha riosca creidmheasa a chur i bhfeidhm;
 - (iv) i gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúidí a LGDanna agus a bhfachtóirí coinbhéartaithe féin a úsáid chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh, na luachanna neamhchosanta dá dtagraítear i bpointe (i), pointe (ii) agus pointe (iii) atá faoi réir an cheada sin.
- (e) tuairisc ar aon samhailpharaiméadar nó ionchur atá ábhartha chun an t-ualú riosca a thuiscint i gcás líon sách ionadaíoch de ghráid féichiúnaí;
- (f) tuairisc ar na fachtóirí a raibh tionchar acu ar an taithí chaillteanais sa tréimhse nochta roimhe sin;
- (g) meastacháin institiúidí i gcomparáid le torthaí iarbhír thar thréimhse níos faide, agus an méid seo a leanas a nochtadh ar leithligh:
- (i) meastacháin ar chaillteanais i gcomparáid le caillteanais iarbhír i gcás gach aicme neamhchosanta, agus é sin a thabhairt ar leithligh do neamhchosaintí a mhainnigh agus neamhchosaintí nár mhainnigh, in éineacht le faisnéis iomchuí ar an tréimhse bhreathnóireachta arna húsáid do chúltástáil agus na méadrachtaí arna n-úsáid chun na caillteanais iarbhír a chinneadh. Nochtfar an fhaisnéis dá dtagraítear sa phointe seo do gach ceann de na catagóirí neamhchosanta ar mhiondíol dá dtagraítear i mír 2(d) thar thréimhse atá sách fada chun measúnú fóna a dhéanamh ar fheidhmíocht na bpróiseas rátála inmheánaí do gach catagóir;
 - (ii) meastacháin maidir le dóchúlacht mainneachtana i gcomparáid leis an ráta mainneachtana iarbhír do gach aicme neamhchosanta, agus raon na dóchúlachta mainneachtana a nochtadh ar leithligh, meánluach na dóchúlachta mainneachtana, líon na bhféichiúnaithe ag deireadh na tréimhse nochta roimhe sin agus ag an tréimhse nochta reatha, líon na bhféichiúnaithe a mhainnigh lena n-áirítear féichiúnaithe nua a mhainnigh, agus an meánráta bliantúil stairiúil mainneachtana;

- (iii) i gcás na n-institiúidí a úsáideann a meastacháin féin ar LGDanna nó fachtóirí coinbhéartaithe, torthaí LGD agus fachtóirí coinbhéartaithe i gcomparáid le meastacháin arna soláthar sna nochtuithe maidir le measúnú cainníochtúil ar riosca a leagtar amach san Airteagal seo.
2. Cuirfear an nochtadh dá dtagraítear i mír 1(c) ar fáil ar leithligh do na haicmí neamhchosanta seo a leanas:
- (a) rialtais láir agus bainc cheannais;
 - (b) institiúidí;
 - (c) corparáidí, lena n-áirítear FBManna, iasachtú speisialaithe agus earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe;
 - (d) neamhchosaintí ar mhiondíol, i gcás gach ceann de na catagóirí neamhchosanta dá gcomhfhreagraíonn na comhghaolta éagsúla in Airteagal 154(1) go (4); agus
 - (e) cothromais.

Airteagal 453
Nochtadh úsáid teicnící um maolú riosca creidmheasa

Nochtfaidh institiúidí a úsáideann teicnící um maolú riosca creidmheasa an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) na beartais agus na próisis a bhaineann le glanluacháil laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus léiriú ar a mhéid a bhaineann institiúidí úsáid as glanluacháil den sórt sin;
- (b) meastóireacht agus bainistíocht chomhthaobhach incháilithe;
- (c) tuairisc ar na príomhchineálacha comhthaobhachta arna nglacadh ag an institiúid;
- (d) i gcás ráthaíochtaí agus díorthach creidmheasa arna n-úsáid mar chosaint chreidmheasa, na príomhchineálacha ráthóirí agus contrapháirtithe díorthach creidmheasa agus a n-acmhainneacht;
- (e) cosaint chreidmheasa arna húsáid agus anailís ar aon chomhchruinniú a d'fhéadfadh bac a chur le héifeachtacht na cosanta creidmheasa;
- (f) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca faoin gCur Chuige Caighdeánaithe nó faoin gCur Chuige Inmheánach bunaithe ar Rátálacha, luach iomlán na neamhchosanta nach bhfuil cumhdaithe ag aon chosaint chreidmheasa incháilithe agus luach iomlán na neamhchosanta atá cumhdaithe ag cosaint chreidmheasa incháilithe tar éis coigeartuithe luaineachta a chur i bhfeidhm. Déanfar an nochtadh a leagtar amach sa phointe seo ar leithligh do gach aicme neamhchosanta agus do gach cineál cur chuige don aicme neamhchosanta ar ghnáthscaireanna a leagtar amach in Airteagal 155;

- (g) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca faoin gCur Chuige Caighdeánaithe nó faoin gCur Chuige Inmheánach bunaithe ar Rátálacha, méid urraithe na neamhchosaintí atá cumhdaithe ag cosaint chreidmheasa incháilithe. Déanfar an nochtadh a leagtar amach sa phointe seo ar leithligh do gach aicme neamhchosanta;
- (h) an fachtóir coinbhéartaithe comhfhreagrach agus an maolú riosca creidmheasa a bhaineann leis an neamhchosaint agus úsáid na dteicnící um maolú riosca creidmheasa, ag cur na héifeachta ionadaíochta san áireamh agus gan í a chur san áireamh;
- (i) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, an méid neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca agus an cóimheas idir an méid neamhchosanta sin atá ualaithe ó thaobh riosca agus luach na neamhchosanta tar éis an fachtóir coinbhéartaithe comhfhreagrach agus an maolú riosca creidmheasa a bhaineann leis an neamhchosaint a chur i bhfeidhm. Déanfar an nochtadh a leagtar amach sa phointe seo ar leithligh do gach aicme neamhchosanta;
- (j) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca faoin gCur Chuige Inmheánach bunaithe ar Rátálacha, an méid neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca sula n-aithnítear tionchar an mhaolaithe riosca creidmheasa ar dhíorthaigh creidmheasa agus tar éis sin. I gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúidí a LGDanna agus a bhfachtóirí coinbhéartaithe féin a úsáid chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh, déanfaidh siad an nochtadh a leagtar amach sa phointe seo ar leithligh don aicme neamhchosanta atá faoi réir an cheada sin.

Airteagal 454

Nochtadh úsáid Ardmhodhanna Tomhais i leith riosca oibriúcháin

Na hinstitiúidí a úsáideann na hArdmhodhanna Tomhais atá leagtha amach in Airteagail 321 go 324 chun a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin a ríomh, nochtfaidh siad tuairisc ar an úsáid a bhaineann siad as árachais agus as sásraí aistrithe riosca eile ar mhaithe leis an riosca sin a mhaolú.

Airteagal 455

Úsáid Samhlacha Inmheánacha um Riosca Margaidh

1. Institiúidí a bhfuil cead faighte acu óna n-údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 325ba, a samhlacha inmheánacha a úsáid chun a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh, nochtfaidh siad an raon feidhme, na príomhghnéithe agus na príomhroghanna i leith samhaltaithe a bhaineann leis na samhlacha éagsúla inmheánacha arna n-úsáid chun na méideanna neamhchosanta ar riosca a ríomh do na príomhshamhlacha arna n-úsáid ar an leibhéal comhdhlúite i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal II. Míneoidh na hinstitiúidí sin a mhéid a bhfuil

na samhlacha inmheánacha sin ionadaíoch do na samhlacha go léir arna n-úsáid ar an leibhéal comhdhlúite.

2. Nuair is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 104b, nochtfaidh institiúidí an méid seo a leanas ar bhonn aonair do na príomhdheasca trádála agus ar bhonn comhiomláin do na deasca trádála eile:

(a) an luach is airde, is ísle agus an meánluach thar an tréimhse tuairiscithe i gcás na n-ítimí seo a leanas:

- (i) an beart easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe arna chinneadh in Airteagal 325 ba(2)(a);
- (ii) na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a dhéanfaí a ríomh i gcomhréir le Caibidil 1a den Teideal seo sa chás nach mbeadh cead faighte ag na h-institiúidí a samhlacha inmheánacha féin a úsáid don deasc trádála ábhartha de réir mar a chinntear in Airteagal 325 ba(2)(b).

(b) do shamhlacha na n-easnamh ionchasach:

- (i) líon na róluaineachtaí cultástála thar an 250 lá gnó roimhe sin;
- (ii) líon na sáruithe ar leithdháiltí brabúis agus cailteanais thar an 12 mhí roimhe sin;

3. Déanfaidh institiúidí na heilimintí seo a leanas den cheanglas cistí dílse mar a shonraítear in Airteagal 325bb a nochtadh ar leithligh: :

(a) an beart easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe do na bearta riosca is déanaí; agus

(b) an meán do na bearta riosca arna ndéanamh san 12 sheachtain roimhe le haghaidh gach ceann acu seo a leanas:

- (i) an beart riosca easnaimh ionchasaigh;
- (ii) an beart riosca maidir le cás struis d'fhachtóirí riosca nach féidir a shamhaltú;
- (iii) an ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana;
- (iv) fo-iomlán na mbeart a liostaítear i bpointe (i), pointe (ii) agus pointe (iii) don mheán thar 12 sheachtain, an fo-iomlán agus an t-íolraitheoir is infheidhme san áireamh;
- (v) an muirear caipitil iomlán.”

- (117) In Airteagal 456, cuirtear isteach an pointe (k) seo a leanas:

"(k) leasuithe ar na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i dTeideal II agus Teideal III de Chuid a hOcht d'fhonn forbairtí nó leasuithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le nochtadh a chur san áireamh."

(118) Leasaítear Airteagal 460 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 d'fhonn mionsonrú a thabhairt ar an gceanglas ginearálta a leagtar amach in Airteagal 412(1). Is ar na hítimí atá le tuairisciú i gcomhréir le Cuid a Sé, Teideal II agus le hIarscríbhinn III a bhunófar an gníomh tarmligthe a ghlacfar i gcomhréir leis an mír seo, sonrófar ann na cúinsí faoina mbeidh ar údaráis inniúla leibhéil shonracha insreibhe nó eis-sreibhe a fhorchur ar institiúidí d'fhonn rioscaí sainiúla ar a bhfuil siad neamhchosanta a ghabháil agus urramófar leis na tairseacha a leagtar amach i mír 2.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 chun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 a leasú nó a ionadú chun críocha fheidhmiú Airteagail 8(3), 411, 412, 413, 416, 419, 422, 425, 428a, 428f, 428g, 428k go 428n, 428p, 428r, 428s, 428t, 428v go 428ad, 428af, 428ag agus 451a den Rialachán seo."

(b) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 chun an liosta táirgí nó seirbhísí a leagtar amach in Airteagal 428f(2) a leasú má mheasann sé go gcomhlíonann sócmhainní agus dliteanais a bhfuil baint dhíreach acu le táirgí nó seirbhísí eile na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 428f(1).

Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi cheann [trí bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé]."

(119) Cuirtear isteach Airteagal 473a nua i ndiaidh Airteagal 473 mar seo a leanas:

*"Airteagal 473 a
IFRS 9 a thabhairt isteach*

1. Go dtí an [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail seo + 5 bliana] féadfaidh institiúidí a ullmhaíonn a gcuntais i gcomhréir leis na caighdeáin cuntasáíochta idirnáisiúnta a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 cur lena nGnáthchothromas Leibhéal 1 an méid is infheidhme i gcomhréir le mír 2 den Airteagal sin arna iolrú faoin bhfachtóir a leagtar síos i

mír 3.

2. Déanfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a ríomh mar na caillteanais creidmheasa ionchasacha dhá mhí dhéag a chinntear i gcomhréir le mír 5.5.5 de Rialachán (AE) Uimh. ón gCoimisiún / 2016⁽³²⁾ agus méid an lamháltais caillteanais d'ionstraimí airgeadais cothrom leis na caillteanais ionchasacha a chinntear i gcomhréir le mír 5.5.3 de Rialachán (AE) Uimh. ón gCoimisiún / 2016 (1).
3. Agus an méid dá dtagraítear i mír 1 á ríomh, beidh feidhm ag na fachtóirí seo a leanas:
 - (a) 1 sa tréimhse ón [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail sin] go dtí an [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail + 1 bhliain - 1 lá];
 - (b) 0,8 sa tréimhse ón [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail sin + 1 bhliain] go dtí an [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail + 2 bhliain - 1 lá];
 - (c) 0,6 sa tréimhse ón [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail sin +2 bhliain] go dtí an [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail+3 bliana - 1 lá];
 - (d) 0,4 sa tréimhse ón [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail sin +3 bhliain] go dtí an [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail+4 bliana - 1 lá];
 - (e) 0,2 sa tréimhse ón [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail sin +4 bliana] go dtí an [dáta chur i bhfeidhm an Airteagail+5 bliana - 1 lá];

Cuirfidh institiúidí san áireamh ina nochtadh féin maidir le cistí dílse an méid a shuimítear le caipiteal Gnáthchothromais Leibhéal 1 i gcomhréir le mír 1."

(120) Leasaítear Airteagal 493 mar seo a leanas

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 1:

"Ní bheidh feidhm ag na forálacha maidir le neamhchosaintí móra a leagtar síos in Airteagal 387 go 403 maidir le gnólachtaí infheistíochta a mbaineann a bpríomhghnó go heisiach le seirbhísí nó gníomhaíochtaí infheistíochta a sholáthar maidir leis na hionstraimí airgeadais a leagtar amach i bpointí 5, 6, 7, 9 10 agus 11 de Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE agus nach raibh feidhm ag Treoir 93/22/CEE an 10 Bealtaine 1993 ina leith an 31 Nollaig 2006."

- (b) cuirtear Airteagal 4 agus Airteagal 5 isteach mar a leanas:

"4. De mhaolú ar Airteagal 395, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí ceann amháin de neamhchosaintí a thabhu dá bhforáiltear i bpointí (a) (c) (d) (e) d'Airteagal 400(1) a ainmníodh agus a maoiníodh in airgeadra aon cheann de

³²

Rialachán (AE) Uimh. ón gCoimisiún/2016 an .. 2016 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta cuntasáíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L ,, lch.).

na Ballstáit suas go dtí na luachanna seo a leanas, tar éis éifeacht an mhaolú riosca creidmheasa i gcomhréir le hAirteagail i gcomhréir le hAirteagail 399 go 403 a chur san áireamh:

- (c) 100% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2018;
- (d) 75% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2019;
- (e) 50% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2020;

5. Beidh díolúine ó chur i bhfeidhm Airteagal 395 ag neamhchosaintí dá dtagraítear i bpointí (a) (c) (d) (e) d'Airteagal 400(1) a ainmníodh agus a maoiníodh in airgeadra aon cheann de na Ballstáit agus a thabhaíodh ag institiúidí roimh an 22 Samhain 2016.

(121) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 494:

"Airteagal 494

An ceanglas forálacha idirthréimhseacha maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

1. De mhaolú ar Airteagal 92a ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2021 na n-eisceachtaí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, comhlíonfaidh na hinstitiúidí a shainithnítear mar eintitis réitigh agus ar G-SII iad nó ar cuid de G-SII iad na ceanglais seo a leanas i gcónaí maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe:
 - (a) cóimheas rioscabhunaithe 16%, a bhaineann le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le mír 3 agus mír 4 d'Airteagal 92;
 - (b) cóimheas 6% nach cóimheas rioscabhunaithe é, a bhaineann le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán den tomhas iomlán neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 492(4).
2. De mhaolú ar Airteagal 72b(3), ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2021, is éard an méid a bhféadfá ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(3) a chur san áireamh in ítimí dliteanais incháilithe 2.5% den neamhchosaint riosca iomlán a ríomhfar i gcomhréir le mír 3 agus mír 4 d'Airteagal 92.

(122) Cuirtear Airteagal 494 a mar a leanas in ionad Airteagal 494:

"Airteagal 494 a

Eisiúintí a mharthanú trí SPEanna

1. De mhaolú ar Airteagal 52 cáileoidh ionstraimí caipitil nár eisíodh go díreach ag institiúid mar ionstraimí Breise Leibhéal 1 go dtí an 31 Nollaig 2021 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leanas agus sa chás sin amháin:

- (a) na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52(1), ach amháin an coinníoll a chuireann de cheanglas na hionstraimí a eisiúint go díreach ag an institiúid;
 - (b) eiseofar na hionstraimí trí eintiteas laistigh den chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;
 - (c) beidh na fáiltais ar fáil láithreach gan teorainn agus i bhfoirm a chomhlíonfaidh na coinníollacha atá leagtha síos sa mhír seo don institiúid.
2. De mhaolú ar Airteagal 63 cáileoidh ionstraimí caipitil nár eisíodh go díreach ag institiúid nó mar fho-iasachtaí nár tógadh go díreach ag institiúid mar ionstraimí Leibhéal 2 go dtí an 31 Nollaig 2021 de réir mar is infheidhme i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leanas agus sa chás sin amháin:
- (a) na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 63(1), ach amháin an coinníoll a chuireann de cheanglas na hionstraimí a eisiúint go díreach ag an institiúid;
 - (b) eiseofar na hionstraimí nó gheofar na hiasachtaí fo-ordaithe, de réir mar is infheidhme, trí eintitis is cuid den chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;
 - (c) beidh na fáiltais ar fáil láithreach gan teorainn agus i bhfoirm a chomhlíonfaidh na coinníollacha atá leagtha síos sa mhír seo don institiúid.
- (123) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 497:

“Airteagal 497

Ceanglais cistí dílse do neamhchosaintí ar Chontrapháirtithe Lárnacha

1. I gcás ina n-iarrann contrapháirtí lárnach tríú tír aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, féadfaidh institiúidí an contrapháirtí lárnach sin a mheas mar chontrapháirtí lárnach cáilitheach ón dáta ar chuir sé isteach an t-iarratas ar aitheantas chuig ÚEUM agus go dtí ceann de na dátaí seo a leanas:
- (a) i gcás ina bhfuil gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 glactha cheana ag an gCoimisiún i dtaca leis an tríú tír ina bhfuil an contrapháirtí bunaithe agus ina bhfuil an gníomh tar éis teacht i bhfeidhm, dhá bhliain tar éis chur isteach an iarratais.
 - (b) i gcás nach bhfuil gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 glactha cheana ag an gCoimisiún i dtaca leis an tríú tír ina bhfuil an contrapháirtí bunaithe agus nach bhfuil an gníomh tagtha i bhfeidhm go fóill, an dáta is luaithe den dá dháta seo a leanas:
 - (i) dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme.

(ii) cúig bliana i ndiaidh an dáta a gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm.

2. Go dtí na spriocdhátaí a sainítear i mír 1, i gcás nach bhfuil ciste mainneachtana ná socrú ceangailteach i bhfeidhm ag contrapháirtí lárnach lena chomhaltaí imréitigh lena gceadaítear dó an corrlach tosaigh uile nó chuid de a fhaightear óna chomhaltaí imréitigh a úsáid mar a bheidís ina ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe, cuirfidh institiúid an fhoirmle seo a leanas in ionad an fhoirmle cheart chun an ceanglas cistí dílse (K_i) in Airteagal 298a(2) a ríomh:

$$K_{CM_i} = \max \left\{ K_{CCP} \cdot \frac{IM_i}{DF_{CCP} + IM}; 8\% \cdot 2\% \cdot IM_i \right\}$$

nuair atá

i = an t-innéacs lena gcuirtear an comhalta imréitigh in iúl;

IM_i = an corrlach tosaigh arna bhreacadh ag comhalta imréitigh i le contrapháirtí lárnach;

IM = méid iomlán an chorrlaigh tosaigh a chuireann an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

- (124) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 498(1):

Ní bheidh feidhm ag na forálacha maidir le ceanglais cistí dílse arna leagan síos sa Rialachán seo maidir le gnólachtaí infheistíochta a mbaineann a bpríomhghnó go heisiach le seirbhísí nó gníomhaíochtaí infheistíochta a sholáthar maidir leis na hionstraimí airgeadais atá leagtha amach i bpointí 5, 6, 7, 9 10 agus 11 de Roinn C d'Iarscríbhinn I de Threoir 2014/65/AE agus nach raibh feidhm ag Treoir 93/22/CEE maidir leo an 31 Nollaig 2006.

- (125) Scriostar Airteagal 499 (3)

- (126) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 501:

*"Airteagal 501
Coigeartú do neamhchosaintí FBManna*

1. Déanfar méideanna neamhchosanta riosca-ualaithe maidir le FBManna a choigeartú i gcomhréir leis na foirmlí seo a leanas:

(i) nuair atá $E' \leq \text{EUR } 1\,500\,000$, $RW^* = RW \cdot 0.7612$;

(ii) nuair atá $E' > \text{EUR } 1\,500\,000$, $RW^* = \min \{RW; \text{EUR } 1\,500\,000\} \cdot 0.7612 + \max \{0; RW - 1\,500\,000\} \cdot 0.85$;

nuair atá:

RW* = méid neamhchosanta ualaithe riosca choigeartaithe maidir le neamhchosaint ar FBM;

E' = an méid iomlán a bheidh dlite don institiúid agus do na máthairghnóthais agus a fochuideachtaí, lena n-áirítear aon neamhchosaint ar mainneachtain, ag an bhféichiúnaí nó ag grúpa cliant nasctha, ach gan éilimh nó éilimh theagmhasacha urraithe ar chomhthaobhacht maoine cónaithe san áireamh.

RW = méid neamhchosanta ualaithe riosca maidir le neamhchosaint ar FBM a ríomhtar i gcomhréir le Teideal II, cuid II agus leis an Airteagal seo.

2. Chun críocha an Airteagail seo:

- (a) cuimseofar an neamhchosaint ar FBM in aicme na miondíola nó san aicme chorparáideach nó déanfar é a urrú trí mhorgaistí ar aicmí maoine dochorraithe. Eisíofar neamhchosaintí ar mainneachtain;
- (b) sainmhínítear FBM i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 a bhaineann le sainmhíniú ar mhicreafhiontar, ar fhiontar beag agus ar fhiontar meánmhéide³³. I measc na gcritéir a liostaítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh sin ní chuirfear ach an láimhdeachas bliantúil san áireamh;

(127) Cuirtear isteach Airteagal 501 a, Airteagal 501b agus Airteagal 501c mar a leanas:

"Airteagal 501a

Coigeartú ar cheanglais chaipitil maidir le riosca creidmheasa i gcás eintitis a oibríonn nó a mhaoiníonn struchtúir nó áiseanna, córais agus líonraí fisiciúla a chuireann seirbhísí poiblí rithábhachtacha ar fáil nó a thugann tacaíocht dóibh

- 1. Ceanglais chaipitil maidir le riosca creidmheasa arna ríomh i gcomhréir le Teideal II, Cuid III, iolrófar iad faoi fhachtóir 0.75 ar choinníoll go gcomhlíonann an neamhchosaint na critéir seo a leanas go léir:
 - (a) tá an neamhchosaint ina cuid d'aicme na sócmhainní corparáideacha nó d'aicme na neamhchosaintí iasachtaithe speisialaithe, seachas na neamhchosaintí ar mhainneachtain;
 - (b) is neamhchosaint í ar eintiteas a cruthaíodh go sonrach chun struchtúir nó áiseanna, córais agus líonraí fisiciúla a chuireann seirbhísí poiblí rithábhachtacha ar fáil nó a thugann tacaíocht dóibh a mhaoiniú;
 - (c) an t-ioncam a ghintear trí na sócmhainní a bheith maoinithe, seachas an cumas neamhspleách atá ag fiontar tráchtála níos leithne is ea príomhfhoinsé aisiocaíochta na hoibleagáide;

³³ IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.

- (d) is féidir leis an bhféichiúnaí a oibleagáidí airgeadas a chomhlíonadh fiú má bhíonn dálaí dianstruis ann atá ábhartha i leith riosca an tionscadail;
- (e) tá na sreabha airgid thirim a ghineann an féichiúnaí intuartha agus cumhdaíonn siad na haisíocaíochtaí fiacha uile le linn shaol na hiasachta;
- (f) tá riosca athmhaoiniúcháin na neamhchosanta íseal nó is leor an maolú a rinneadh air;
- (g) mar gheall ar na socruithe conarthacha, tá ardleibhéal cosanta ag na hiasachtóirí, lena n-áirítear na cineálacha cosanta seo a leanas:
 - (i) mura mbeidh ioncam an fhéichiúnaithe cistithe ag íocaíochtaí ó líon mór úsáideoirí, beidh forálacha sna socruithe conarthacha lena gcosnaítear go héifeachtach na hiasachtóirí ar chaillteanais a bheadh ann dá gcuirfeadh an páirtí a thoiligh na hearraí nó na seirbhísí a chuireann an féichiúnaí ar fáil deireadh lena thionscadal;
 - (ii) is leor na cúlchistí atá ag an bhféichiúnaí agus tá siad cistithe go hiomlán le hairgead tirim nó is leor na socruithe airgeadais eile atá aige le ráthaithe ag a bhfuil ardrátáil chun cistiú teagmhasach agus ceanglais caipitil oibre a chumhdach le linn shaolré na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo;
 - (iii) tá leibhéal substaintiúil smachta ag na hiasachtóirí ar na sócmhainní agus an ioncam a ghineann an féichiúnaí;
 - (iv) tá sochar na slándála ag na hiasachtóirí, a mhéid is ceadmhach sa dlí is infheidhme i sócmhainní agus conarthaí atá rithábhachtach do na gnólachtaí bonneagair nó tá sásraí eile acu chun a suíomh a dhéanamh slán;
 - (v) tá cothromas geallta do na hiasachtóirí sa chaoi gur féidir leo smacht a fháil ar an eintiteas i gcás mainneachtana;
 - (vi) tá teorainn le húsáid glansreabh airgid tirim oibre tar éis íocaíochtaí éigeantacha ón tionscadal chun críoch seachas freastal ar oibleagáidí fiachais;
 - (vii) tá srianta conarthacha le cumas an fhéichiúnaí gníomhaíochtaí a dhéanamh is féidir a dhéanfaidh dochar d'iasachtóirí, lena n-áirítear an tsrian nach féidir fiacha nua a eisiúint gan cead ó sholáthraithe fiacha atá ann cheana;
- (h) is sinsearaí an oibleagáid ná aon éilimh eile seachas éilimh reachtúla agus éilimh ó chontrapháirtithe díorthach;
- (i) má bhíonn an féichiúnaí ag an gcéim tógála, comhlíonfaidh an t-infheisteoir

cothromais na critéir seo a leanas, nó, má bhíonn níos mó ná infheisteoir cothromais amháin ann, comhlíonfaidh grúpa infheisteoirí cothromais le chéile iad:

- (i) d'éirigh leis na hinfheisteoirí cothromais roimhe sin maoirseacht cheart a dhéanamh ar thionscadail bonneagair agus ar an neart airgeadais agus an saineolas a bhaineann leo,
- (ii) baineann riosca íseal mainneachtana leis na hinfheisteoirí, nó is beag an riosca atá ann go gcaillfidh an féichiúnaí go hábhartha má mhainníonn siad,
- (iii) Is leor na sásraí atá ar bun chun leas na n-infheisteoirí cothromais a chur in oiriúint do leas na n-iasachtóirí;
- (j) tá go leor cosaintí ag an bhféichiúnaí chun a áirithiú go gcríochnófar an tionscadal de réir na sonraíochta an bhuiséid nó an dáta críochnaithe ar ar aontaíodh; lena n-áirítear ráthaíochtaí láidre maidir le críochnú;
- (k) más ábhartha na rioscaí oibríochta, tá bainistiú ceart á dhéanamh orthu;
- (l) úsáideann an féichiúnaí teicneolaíocht agus dearadh a tástálaíodh;
- (m) fuarthas na ceadúnais agus na húdaruithe uile is gá;
- (n) chun críocha maolaithe riosca amháin a úsáideann an féichiúnaí díorthaigh.

2. Chun críocha mhír 1(e), ní mheasfar gur intuartha na sreabha airgid thirim a ghinfear mura gcomhlíonfaidh cuid shubstaintiúil de na hioncaim na coinníollacha seo a leanas:

- (a) comhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) is ar infhaighteacht atá na hioncaim bunaithe;
 - (ii) tá na hioncaim faoi réir rialúchán ráta earraí ar ais;
 - (iii) tá na hioncaim faoi réir conradh ráta glac nó íoc;
 - (iv) comhlíonfaidh leibhéal an aschuir nó an úsáid agus an praghas leis/léi féin ceann de na critéir seo a leanas:
 - tá sé rialáilte,
 - tá sé socraithe le conradh,
 - is leor is féidir a thuairis a thuar ó tá riosca éilimh íseal ann,
- (b) mura mbeidh ioncaim an fhéichiúnaí cistithe le híocaíochtaí ó líon mór

úsáideoirí, is ceann de na páirtithe seo a leanas a tholeoidh earraí nó seirbhísí an fhéichiúnaí a cheannach:

- (i) rialtas lárnach, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil;
 - (ii) ÚBE ag a bhfuil rátáil ECAI ag a bhfuil céim cáilíochta 3 ar a laghad;
 - (iii) eintiteas corparáideach ag a bhfuil rátáil ECAI ag a bhfuil céim cáilíochta 3 ar a laghad;
 - (iv) eintiteas is féidir a ionadú gan athrú suntasacha a chur ar leibhéal agus uainiú ioncam.
3. Tuairisceoidh na institiúidí do na húdaráis inniúla gach sé mhí ar mhéid iomlán na neamhchosaintí ar eintitis tionscadal bonneagair arna ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo.
4. Tuairisceoidh an Coimisiún faoin [trí bliana tar éis an teacht i bhfeidhm] ar thionchar na gceanglas cistí dílse a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le hiasachtaí a thabhairt d'eintitis tionscadal bonneagair agus do dhaoine nádúrtha agus cuirfidh sé an tuarascáil sin, agus togra reachtach, más iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
5. Chun críocha mhír 4, tabharfaidh an UBÉ tuairisc orthu seo a leanas don Choimisiún:
- (a) anailís ar eabhlóid na gclaontaí agus na gcoinníollacha iasachta i margaí iasachtaíthe bonneagair agus maoinithe tionscadal le linn tréimshe dá dtagraítear i mír 4;
 - (b) anailís ar an méid riosca iarbhír a bhaineann le heintitis dá dtagraítear i mír 1(b) de mhír 1 le linn timthriall eacnamaíoch iomlán;
 - (c) comhsheasmhacht an cheanglais cistí dílse a leagtar síos sa Rialachán seo agus torthaí na hanailíse faoi pointí (a) agus (b).

Airteagal 501b

Ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh

1. Go dtí an [dáta teacht i bhfeidhm + 3 bliana], déanfaidh institiúidí a úsáideanna na cineálacha cur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a agus i gCaibidil 1n, Teideal IV, Cuid a Trí chun an ceanglas cistí dílse maidir le rioscaí margaidh a ríomh, déanfaidh siad a gceanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh arna ríomh faoi na cineálacha cur chuige sin faoi fhachtóir 65%.
2. Déanfaidh ÚBE faireachán ar a iomchuí atá leibhéal an cheanglais cistí dílse maidir

le rioscaí margaidh arna ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar síos i gCaibidil 1a agus Caibidil 1b, Teideal IV, Cuid a Trí ag institiúidí san Aontas agus tuairisceoidh sé don Choimisiún ar a oiriúnaí a bheadh sé calabrú na gcineálacha cur chuige sin a athrú faoin [dáta teacht i bhfeidhm + 2 bhliain]. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

- (a) i gcás na n-ionstraimí airgeadais is coitianta a sannadh do leabhar trádála institiúidí san Aonta, an bhfuil leibhéal na gceanglas cistí dílse maidir le rioscaí margaidh arna ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar síos i gCaibidil 1a agus Caibidil 1b, Teideal IV, Cuid a Trí, an bhfuil sé thar fóir i gcomparáid leis na ceanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh arna ríomh ag institiúidí i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i bpointe (a) de mhír 1 d'Airteagal 325.
 - (b) i gcás na n-ionstraimí airgeadais is coitianta a sannadh do leabhar trádála institiúidí san Aonta, an bhfuil leibhéal na gceanglas cistí dílse maidir le rioscaí margaidh arna ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar síos i gCaibidil 3, Teideal IV, Cuid a Trí, an bhfuil sé thar fóir i gcomparáid leis na ceanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh arna ríomh ag institiúidí i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 7, Teideal IV, Cuid 3.
 - (c) i gcás na n-ionstraimí airgeadais is coitianta a sannadh do leabhar trádála institiúidí san Aonta, an bhfuil leibhéal an cheanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh arna ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar síos i gCaibidil 2, Teideal IV, Cuid a Trí, an bhfuil sé thar fóir i gcomparáid leis na ceanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh arna ríomh ag institiúidí i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 3, Teideal IV, Cuid 3.
3. Faoi cheann trí bliana tar éis dáta theacht i bhfeidhm na gcineálacha cur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a agus i gCaibidil 1b, Teideal IV, Cuid a Trí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmlichthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 den Rialachán seo agus cur i bhfeidhm na láimhseála dá dtagraítear i mír 1 a shíneadh, nó an fachtóir dá dtagraítear sa mhír sin a leasú, má mheastar gurb iomchuí sin agus an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2, athruithe rialála idirnáisiúnta agus sonraíochtaí na margaí airgeadais agus caipitil san Aontas á gcur san áireamh aige.
4. Mura nglacfar an gníomh tarmlichthe dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo faoi cheann na tréimhse a sonraíodh, ní bheidh feidh ag an láimhseáil a leagtar amach i mír 1 a thuilleadh.

Airteagal 501c

Maolú le haghaidh gnólachtaí creidmheasa seachas gnólachta infheistíochta sistéamaí

Gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta sistéamaí iad mar a shainítear i bpointe (139) d'Airteagal 4(1), féadfaidh siad leanúint de bheith ag cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo mar a bhí siad an [lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasúcháin] ar choinníoll go dtugann na gnólachtaí infheistíochta sin fógra go bhfuil rún acu an tAirteagal sin a chur i bhfeidhm don údarás inniúil tráth nach déanaí ná an [dáta socraithe-roimh chur i bhfeidhm].

Airteagal 501d

Maolú ó cheanglais tuairiscithe

De mhaolú ar Airteagail 99, 100, 101, 394, 415 agus 430, le linn na tréimhse idir dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus dáta na chéad íocaíochta arna sonrú i ngach ceann de na caighdeáin theicniúla dá dtagraítear sna hAirteagail sin, féadfaidh institiúidí gan faisnéis a thuairisciú san fhormáid atá sonraithe sna teimpléid atá i Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014, más rud é nár tugadh na teimpléid sin cothrom le dáta chun teacht le forálacha an Rialacháin seo.

(128) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 507:

"Airteagal 507

Neamhchosaintí móra

Déanfaidh UBÉ faireachán ar an úsáid a bhaintear as díolúintí a leagtar amach in Airteagal 390(6) agus in Airteagal 400(1) agus in Airteagal 400(2) agus faoi cheann [aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh] cuirfidh sé tuairisc chuig an gCoimisiún ina ndéantar measúnú ar an tionchar cainníochtúil a bheadh ann dá mbainfí na díolúintí sin nó dá socrófaí teorainn maidir lena n-úsáid. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar na nithe seo a leanas, go háirithe, i gcás gach díolúine dá bhforáiltear sna hAirteagail sin:

- (a) líon na neamhchosaintí móra atá díolmhaithe i ngach Ballstát;
- (b) líon na n-institiúidí a bhaineann úsáid as an díolúine i ngach Ballstát;
- (c) méid comhiomlán na neamhchosaintí móra atá díolmhaithe i ngach Ballstát.";

(129) Cuirtear mír 4 go mír 7 seo a leanas le hAirteagal 510:

"4. Déanfaidh UBÉ faireachán ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh chun an riosca cistiúcháin a chumhdach a bhaineann leis na conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh creidmheasa thar thréimhse aon bhliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí, go háirithe riosca cistiúcháin todhchaíoch na gconarthaí a leagtar amach in Airteagal 428u(2) agus in Airteagal 428x(2) go (4) agus cuirfidh sé tuairisc chuig an gCoimisiún faoin deis beart atá níos íogaire ó thaobh riosca de a ghlacadh faoi cheann [dhá bhliain tar éis dháta cur i bhfeidhm an

chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé]. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

- (a) a leordhóthanaí atá an cur chuige caighdeánaithe chun neamhchosaintí riosca creidmheasa contrapháirtithe a thomhas mar a leagtar amach i Roinn 3 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí, nó eilimintí díobh, chun an riosca cistiúcháin todhchaíoch a ríomh i gcás conarthaí díorthacha;
- (b) an deis idirdhealú a dhéanamh ar chonarthaí díorthacha atá faoi chumhdach corrlaigh nó gan cumhdach corrlaigh;
- (c) an deis an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 428u(2) agus in Airteagal 428x(2) go (4) a bhaint nó ceanglas eile a chur ina ionad;
- (d) an deis athrú a dhéanamh ar bhonn níos leithne ar láimhseáil conarthaí díorthacha i dtaca le ríomh an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí, mar a leagtar amach faoi Airteagail 428d, 428k(3), 428u(2), 428x(2) go (4), pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 428af agus Airteagal 428ag(3), chun an riosca cistiúcháin a bhaineann leis na conarthaí sin thar thréimhse aon bhliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí a léiriú ar bhealach níos fearr;
- (e) an tionchar a bheadh ag na hathruithe sin atá beartaithe ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí a theastaíonn le haghaidh chonarthaí díorthacha na n-institiúidí.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 lena leasaítear láimhseáil na gconarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus láimhseáil díorthach creidmheasa le haghaidh ríomh an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé má mheasann sé gurb íomchuí sin agus an láimhseáil a dhéantar faoi láthair ar chóimheas glanchistiúcháin chobhsaí na n-institiúidí á cur san áireamh agus gurb íomchuí sin chun aird níos fearr a thabhairt ar an riosca cistiúcháin a bhaineann leis na hidirbhearta sin thar thréimhse aon bhliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an tuarascáil dá dtagraítear i mír 4, aon chaighdeán idirnáisiúnta a fhéadfaidh fóraim idirnáisiúnta a fhorbairt mar aon leis an éagsúlacht atá in earnáil bhaincéireachta an Aontais.

Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi cheann [trí bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé].

In éagmais an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh nó in éagmais deimhniú a fháil ón gCoimisiún faoi chruinneas láimhseáil na gconarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus láimhseáil díorthach creidmheasa le haghaidh ríomh an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí faoi cheann [trí bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé], beidh feidhm ag an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 428x(2) den Rialachán seo maidir leis na h-institiúidí uile agus na

conarthaí díorthacha uile a liostaítear in Iarscríbhinn II agus maidir le díorthaigh creidmheasa beag beann ar a dtréithe, agus scoirfidh forálacha Airteagal 428u(2) agus Airteagal 428x(3) agus (4) d'fheidhm a bheith acu.

6. Déanfaidh UBÉ faireachán ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí a theastaíonn chun an riosca cistiúcháin a chumhdach a bhaineann le hidirbhearta iasachta urraithe agus le hidirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh, lena n-áirítear leis na sócmhainní arna bhfáil nó arna dtabhairt sna hidirbhearta sin, agus le hidirbhearta neamhurraithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais agus cuirfidh sé tuairisc chuig an gCoimisiún faoi oiriúnacht na láimhseála seo faoi cheann [dhá bhliain tar éis dháta cur i bhfeidhm an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé]. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

- (a) an deis fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí nó fachtóir níos ísle cistiúcháin chobhsaí a chur i bhfeidhm ar idirbhearta iasachta urraithe agus idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh le custaiméirí airgeadais agus ar idirbhearta neamhurraithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais chun aird níos fearr a thabhairt ar an riosca cistiúcháin a bhaineann leo thar thréimhse aon bhliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí agus ar na héifeachtaí gabhála a d'fhéadfadh bheith idir chustaiméirí airgeadais;
- (b) an deis an láimhseáil a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 428s a chur i bhfeidhm ar idirbhearta iasachta urraithe agus idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh arna gcomhthaobhú le cineálacha eile sócmhainní;
- (c) an deis fachtóirí cistiúcháin chobhsaí a chur i bhfeidhm ar ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe arna n-úsáid in idirbhearta iasachta urraithe agus idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh de rogha ar an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 428q(3);
- (d) oiriúnacht na láimhseála neamhshiméadraí idir dhliteanais ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí arna gcur ar fáil ag custaiméirí airgeadais atá faoi réir fachtóir 0% den chistiú cobhsaí ar fáil i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 428k(2) agus sócmhainní a thagann as idirbhearta ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais atá faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5% nó 10% i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 428s agus le pointe (a) agus le pointe (b) d'Airteagal 428u;
- (e) an tionchar a bheadh ag tabhairt isteach fachtóra níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh nó fachtóra níos ísle cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh le haghaidh idirbhearta iasachta urraithe agus idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh, go háirithe a bhfuil aibíocht iarmhair acu is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais, an tionchar a bheadh aige sin ar leachtacht mhargaidh sócmhainní arna bhfáil mar chomhthaobhacht sna hidirbhearta sin, go háirithe bannaí ceannasacha agus bannaí corparáide;

- (f) an tionchar a bheadh ag na hathruithe atá beartaithe ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí is gá le haghaidh idirbhearta na n-institiúidí sin, go háirithe le haghaidh idirbhearta iasachta urraithe agus idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais i gcás ina bhfaightear bannaí ceannasacha mar chomhthaobhacht sna hidirbhearta sin.

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 lena leasaítear láimhseáil idirbheart iasachta urraithe agus idirbheart caipitil faoi thionchar an mhargaidh, lena n-áirítear na sócmhainní arna bhfáil nó arna dtabhairt sna hidirbhearta sin, agus láimhseáil idirbheart neamhurratithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais le haghaidh ríomh an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé má mheasann sé gurb iomchuí sin i gcás na láimhseála a dhéantar faoi láthair ar chóimheas glanchistiúcháin chobhsaí na n-institiúidí agus gurb iomchuí sin chun aird níos fearr a thabhairt ar an riosca cistiúcháin a bhaineann leis na hidirbhearta sin thar thréimhse aon bhliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an tuarascáil dá dtagraítear i mír 6, aon chaighdeáin idirnáisiúnta atá forbartha ag fóraim idirnáisiúnta mar aon leis an éagsúlacht atá in earnáil bhaincéireachta an Aontais.

Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi cheann [trí bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé].

In éagmais an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh nó in éagmais deimhniú a fháil ón gCoimisiún faoi chruinneas láimhseáil idirbheart iasachta urraithe agus idirbheart caipitil faoi thionchar an mhargaidh, lena n-áirítear na sócmhainní arna bhfáil nó arna dtabhairt sna hidirbhearta sin, agus láimhseáil idirbheart neamhurratithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais faoi cheann [trí bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé], ardófar na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh arna gcur i bhfeidhm ar na hidirbhearta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 428s agus i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 428u, ardófar iad go 10% agus 15% faoi seach."

(130) Scriostar Airteagal 511.

(131) Cuirtear isteach Airteagal 519a seo a leanas:

"Airteagal 519a
Ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh

1. Cuirfidh UBÉ tuarascáil chuig an gCoimisiún faoi cheann [cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] faoi oiriúnacht na nithe seo a leanas:
 - (a) na modheolaíochtaí a úsáideann institiúidí le híogaireachtaí a ríomh chun críocha na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a ríomh leis an

gcur chuige caighdeánaithe a leagtar amach i gCaibidil 1a, Teideal IV, Cuid a Trí;

- (b) úsáid an chur chuige chaighdeánaithe shimplithe dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 325(1), Teideal IV, Cuid a Trí chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a ríomh;
- (c) an measúnú ar insamhaltaitheacht na bhfachtóirí riosca mar a leagtar amach in Airteagal 325bf;
- (d) coinníollacha Airteagal 325bg lena sainítear comhlíonadh na gceanglas cúltástála.

Ar bhonn an togra seo, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun leasuithe a dhéanamh ar an Rialachán seo.

2. Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1(a):

- (a) a mhéid atá úsáid na n-íogaireachtaí ina hábhar athraitheachta sna ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh arna ríomh ag institiúidí leis an gcur chuige caighdeánaithe;
- (b) a mhéid a bheadh sonraíochtaí breise i dtoimhdí na samhlacha praghsála a úsáidtear chun íogaireachtaí a ríomh, a mhéid a bheidís tairbheach chun oiriúnacht na gceanglas cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a áirithiú;

3. Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1(b):

- (c) an bhféadfar an cur chuige caighdeánaithe simplithe a choimeád agus a athchalabrú chun leibhéal ceanglas cistí dílse a bhaint amach atá inchomparáide leis na modhanna;
- (d) an bhféadfar modh simplithe nua eile a chur in ionad an chur chuige chaighdeánaithe shimplithe chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a ríomh, i bhfianaise forbairtí rialála ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus a áirithiú ag an am céanna nach dtiocfaidh d’aon mhodh simplithe nua chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a ríomh, nach dtiocfaidh de sin castacht bhreise mhíchuí a cheapadh do na hinstiúidí atá incháilithe chun é a chur i bhfeidhm.

4. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1(c) an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 325bf(1)(b) agus cuirfear san áireamh an bhfuil sé i gcomhréir le tréimhse leachtachta an fhachtóra riosca.

5. Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1(d):

- (a) a mhéid a fhéadfar beart riosca atá níos oiriúnaí a chur in ionad an luacha faoi riosca chun críocha cúltástáil a dhéanamh ar an mbeart riosca arna ríomh d’fhachtóirí riosca insamhaltaithe agus, sa chás sin, an chaoi a ndéanfaí na fachtóirí iolrúcháin a athshainiú bunaithe ar an mbeart riosca níos oiriúnaí;

(b) an bhfuil an maolú dá dtagraítear in Airteagal 325bg(8) iomchuí."

(132) I gCuid a Deich, cuirtear Teideal IIa seo a leanas isteach:

“Teideal IIa Rialacha a chur chun feidhme

*“Airteagal 519b
Uirlis um chomhlíonadh*

1. Forbróidh ÚBE uirlis leictreonach a bheidh dírithe ar chabhrú leis na hinstitiúidí an Rialachán seo agus Treoir 36/2013/AE a chomhlíonadh, mar aon le caighdeáin theicniúla rialála, caighdeáin theicniúla cur chun feidhme, treoirlínte agus teimpléid arna nglacadh chun an Rialachán seo agus Treoir 36/2013/AE a chur chun feidhme.
 2. Cuirfidh an uirlis dá dtagraítear i mír 1 ar chumas gach institiúide an méid seo ar a laghad a dhéanamh:
 - (a) na forálacha ábhartha atá le comhlíonadh i ndáil le méid agus samhail ghnó na hinstitiúide a shainaithint go mear;
 - (b) na hathruithe a dhéanfar ar an reachtaíocht agus ar na forálacha cur chun feidhme, na treoirlínte agus na teimpléid a bhaineann leis an reachtaíocht sin a leanúint.”.
- (133) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 mar seo a leanas:

- (1) In Airteagal 50a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Déanfaidh contrapháirtí lárnach an caipiteal hipitéiseach (K_{CCP}) a ríomh mar seo a leanas:

$$K_{CCP} = \sum_i EAD_i \cdot RW \cdot \text{cóimheas caipitil}$$

i gcás:

i = an t-innéacs lena gcuirtear an comhalta imréitigh in iúl;

EAD_i = méid neamhchosanta an chontrapháirtí lárnaigh ar an gcomhalta imréitigh i , lena n-áirítear idirbhearta an chomhalta imréitigh é féin leis an gcontrapháirtí lárnach, idirbhearta cliant arna ráthú ag an gcomhalta imréitigh, luachanna uile comhthaobhachta arna sealbhú ag an gcontrapháirtí lárnach, lena n-áirítear ranníocaíocht réamh-mhaoinithe le ciste mainneachtana an chomhalta imréitigh, i

gcoinne na n-idirbheart sin, maidir leis an luacháil ag deireadh an dáta tuairiscithe rialála sula malartófar an glao a dhéanfar ar chorrach nuair a dhéanfar an glao deiridh ar chorrach an lá sin;

RW = ualú riosca 20%;

cóimheas caipitil = 8%.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 50b:

*“Airteagal 50b
Rialacha ginearálta maidir le ríomh K_{CCP}*

Chun críocha K_{CCP} a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 50a(2), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) déanfaidh contrapháirtithe lárnacha luach a neamhchosaintí ar a gcomhaltaí imréitigh a ríomh mar seo a leanas:

(i) le haghaidh neamhchosaintí a eascróidh as conarthaí agus idirbhearta a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) d’Airteagal 301(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na contrapháirtithe lárnacha an luach a ríomh i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i Roinn 3 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí den Rialachán sin trí úsáid a bhaint as tréimhse corrlaigh faoi riosca deich lá gnó;

(ii) le haghaidh neamhchosaintí a eascróidh as conarthaí agus idirbhearta a liostaítear i bpointe (b) d’Airteagal 301(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na contrapháirtithe lárnacha an luach (EAD_i) a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$EAD_i = \max\{EBRM_i - IM_i - DF_i; 0\}$$

i gcás:

i = an t-innéacs lena gcuirtear an comhalta imréitigh in iúl;

$EBRM_i$ = luach na neamhchosanta roimh mhaolú an riosca atá cothrom le luach neamhchosanta an chontrapháirtí lárnaigh ar an gcomhalta imréitigh i a thiocfaidh as gach conradh agus idirbheart leis an gcomhalta imréitigh sin, arna ríomh gan an chomhthaobhacht a bhreacann an comhalta imréitigh sin a chur san áireamh;

IM_i = an corrlach tosaigh arna bhreacadh ag comhalta imréitigh i le contrapháirtí lárnach;

DF_i = ranníocaíocht réamh-mhaoinithe an chomhalta imréitigh le ciste mainneachtana i .

Bainfidh na luachanna ar fad san fhoirmle sa chéad fhomhír den phointe seo leis an luacháil ag deireadh an lae sula malartófar an glao a dhéanfar ar chorrach nuair a dhéanfar an glao deiridh ar chorrach an lá sin.

(iii) le haghaidh cásanna dá dtagraítear san abairt deiridh den dara fómhír d’Airteagal 301(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ríomhfaidh contrapháirtithe lárnacha luach na n-idirbheart dá dtagraítear sa chéad abairt den fómhír sin i gcomhréir leis an bhfoirmle i bpointe (ii) de phointe (a) den Airteagal seo, agus cinnfidh siad EBRM_i i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal V den Rialachán sin.

Chun críocha phointe (i) agus phointe (ii) de phointe (a) den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag an eisceacht a leagtar amach in Airteagal 285(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Chun críocha phointe (ii) den Airteagal seo, bainfidh an contrapháirtí úsáid as an modh a shonraítear in Airteagal 223 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus coigeartuithe maoirseachta luaineachta a leagtar amach in Airteagal 224 den Rialachán sin chun luach na neamhchosanta a ríomh.

- (b) maidir le hinstitiúidí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is ionann na tacair ghlanluachála agus iad siúd a shainmhínítear i bpointe (4) d’Airteagal 272 den Rialachán sin;
- (c) déanfaidh contrapháirtí lárnach a bhfuil neamhchosaintí aige ar chontrapháirtí lárnach amháin nó níos mó na neamhchosaintí sin a láimhseáil amhail is gur neamhchosaintí ar chomhaltaí imréitigh iad agus cuirfidh sé aon chorrach nó ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe a fhaightear ó na contrapháirtithe lárnacha sin san áireamh chun K_{CCP} a ríomh;
- (d) measfaidh contrapháirtí lárnach a bhfuil socrú conarthach ceangailteach i bhfeidhm aige lena chomhaltaí imréitigh lena gceadaítear dó an corrlach tosaigh uile a fhaightear óna chomhaltaí imréitigh, nó cuid de, a úsáid mar a bheidís ina ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe, measfaidh sé sé an corrlach tosaigh sin a bheith ina ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe chun críocha an ríofa i mír 1 agus ní ina chorrach tosaigh;
- (e) i gcás ina sealbhófar comhthaobhacht i gcoinne cuntas ina bhfuil níos mó ná ceann amháin de na cineálacha conartha agus idirbhirt dá dtagraítear in Airteagal 301(1), déanfaidh na contrapháirtithe lárnacha an corrlach tosaigh a sholáthróidh a gcomhaltaí imréitigh nó a gcliaint, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le EADanna na gcineálacha conartha agus idirbhirt arna ríomh i gcomhréir le pointe (a), gan an corrlach tosaigh a chur san áireamh sa ríomh;
- (f) déanfaidh na contrapháirtithe lárnacha a bhfuil níos mó ná aon chiste mainneachtana amháin acu ríomh ar gach ciste mainneachtana ina aonar;
- (g) i gcás ina gcuireann comhalta imréitigh seirbhísí imréitigh ar fáil do chliaint, agus ina gcoinnítear idirbhearta agus comhthaobhacht na gcliánt atá ag an gcomhalta imréitigh i bhfochuntais ar leith atá dealaithe ó ghnólacht dílsithe an chomhalta imréitigh, déanfaidh na contrapháirtithe lárnacha EAD_i a ríomh i gcomhair gach fochuntas ar leithligh agus déanfaidh siad EAD_i iomlán an chomhalta imréitigh a

ríomh mar shuim EADanna na bhfochuntas cliant agus EAD fhochuntas gnólachta dílsithe an chomhalta imréitigh;

- (h) chun críocha phointe (f), i gcás nach roinntear DFi idir fochuntais na gcliant agus fochuntais gnólachta dílsithe an chomhalta imréitigh, cionroinnfidh na contrapháirtithe lárnacha DFi in aghaidh an fhochuntais de réir an chodáin áirithe atá ag corrlach tosaigh an fhochuntais sin i ndáil leis an gcorrlach tosaigh iomlán arna bhreacadh ag an gcomhalta imréitigh nó i gcomhair chuntas an chomhalta imréitigh;
 - (i) ní dhéanfaidh na contrapháirtithe an ríomh i gcomhréir le hAirteagal 50a(2) lena leagtar amach gur in airgead tirim amháin a chumhdaíonn an ciste mainneachtana idirbhearta.”.
- (2) In Airteagal 50c(1), scriostar pointe (d) agus pointe (e).
 - (3) In Airteagal 50d, scriostar pointe (c).
 - (4) In Airteagal 89, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5a:

“5a. Le linn na hidirthréimhse a leagtar amach in Airteagal 497 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, san fhaisnéis a thuairisceoidh an contrapháirtí lárnach dá dtagraítear san Airteagal sin i gcomhréir le hAirteagal 50c(1) den Rialachán seo, áireoidh sé méid foriomlán an chorrailigh tosaigh, mar a shainmhínítear i bpointe 140 d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a fuair sé óna chomhaltaí imréitigh i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

- (a) níl ciste mainneachtana ag an gcontrapháirtí lárnach;
- (b) níl socrú ceangailteach ar bun ag an gcontrapháirtí lárnach lena chomhaltaí imréitigh lena gceadaítear dó an corrlach tosaigh uile nó cuid de a fuarthas ó na comhaltaí imréitigh sin a úsáid mar a bheidís ina ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe.”

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm

- 1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin], cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:
 - (a) na forálacha maidir le tabhairt isteach na gceanglas nua le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe i bpointe (4)(b), pointe (7) go pointe (9) agus pointe (12) go pointe (40), a mbeidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2019;
 - (b) na forálacha i bpointe (119) maidir leis na leasuithe ar Airteagal 473a de Rialachán (AE) Uimh. 275/2013, a mbeidh feidhm acu ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán